



OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



2025

Clár

Eagarfhocal

An Coiste Eagarthóireachta 2025:

Bróna Nic Dhiarmada, Honoria Ní Mháille, Dónal Ó Síocháin, Joanne Uí Loingsigh v

Réamhrá

Alan Titley vi

Taking the ‘-Deoir’ out of ‘Taighdeoir’:

ag Cruthú Chuardaitheoir Fotheaghráin agus Moirféimí don Ghaeilge

Ellen Corbett & Mykalin Jones 1

Tionchairí agus an Ghaeilge ar an bhFearann Fíorúil

Rosemary Day 15

Iníúchadh ar ómós na háite dúchais mar a léirítear é trí theaghlach, theanga, thraidisiún, thírdhreach agus thírghrá san úrscéal *Mo Dhá Róisín* (1921) le Máire

Padaí de Bléine 27

Cara nó Namhaid? An Intleacht Shaorga Ghiniúnach agus oideolaíocht na Gaeilge ag leibhéal an Ardoideachais

Orna Farrell & Seán Mac Risteaird 43

An nuachainteoir ina (h)aisteoir cruthaitheach i gceantair Ghaeltachta Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh

Shane Grant 57

‘Rinní gallda’ agus ‘Spiorad na Gaedhilge’:

Teanga, Gaelachas agus Éireannachas in *An tUltach*

Duane Long 69

Máire, *Feara Fáil* agus an Díchoilíniú

Feargal Mac Bhloscaidh 79

Teanga mheafarach Mháire ar nós ‘...mar a bheadh ‘duine/rud/ainmhí’, ‘mar a bheadh ‘duine/rud/ainmhí’ ann’; ‘mar a bheadh ‘duine/rud/ainmhí’ (ann) a bheadh’... agus na téamaí ina léirítear an ghné thábhachtach seo dá stíl liteartha.

Seán Mac Corraidh 91

An Preasráiteas mar aghaidh phoiblí Chonradh na Gaeilge

Colm Mac Gearailt 115

Teanga gan Teorainn? Léargas ar Ról na gColáistí Gaeilge i ngluaiseacht teanga Chúige Uladh sna 1920í & 1930í	
<i>Máire McCafferty</i>	131
<hr/>	
Ó ‘clábar’ go ‘clobber’ agus an t-athrú cló: forás brí ainmfhocail de bhunús Gaeilge i dTalamh an Éisc le himeacht ama	
<i>Kate Murphy</i>	149
<hr/>	
Léargas ar stádas na Gaeilge i gceantair éagsúla i gContae na Mí de réir Dhaonáireamh 1911	
<i>Margarita Neothallaigh</i>	161
<hr/>	
<i>Stummaduriou’ hir</i>, An TPR agus dúshlán an athshealbhaithe teanga don fhoghlaiméoir fhásta	
<i>Eva Ní Mhealláin</i>	177
<hr/>	
Athbhreithniú Scóipe ar Inspreagadh Fhoghlaim na Gaeilge	
<i>Méabh Ní Shluáin</i>	201
<hr/>	
An t-ómós áite i saothar léinn agus litríochta an Ollaimh Breandán S. Mac Aodha	
<i>Dorothy Ní Uigín</i>	227
<hr/>	
Breandán Ó hEithir, Reg Hindley agus a gcuid tuartha teangeolaíochta: foinsí agus cartlanna	
<i>Dónall Ó Braonáin</i>	239
<hr/>	
‘Aidiacht chanúnach iseadh “Wuthering”’: Seán Ó Ciosáin faoi Chuing an Chanúnachais agus <i>Wuthering Heights</i> á Aistriú Aige	
<i>Pádraig Ó Briain</i>	255
<hr/>	
An bhfuil éinne fós ag iarraidh freastal ar léachtaí? Tuairimí mac léinn faoi thodhchaí léachtaí in ollscoileanna in Éirinn	
<i>Éamon Ó Cofaigh & Ornaith Rodgers</i>	267
<hr/>	
An grúpa amharclainne na Fánaithe agus a bhfuil le foghlaim óna gcartlann faoin drámaíocht a bhain leo	
<i>Aodh Ó Coileáin</i>	291
<hr/>	

**Craobh na Cásca de chuid Chonradh na Gaeilge sna 1960í: Allagar,
Athbhreithniú agus Athnuachan**

Hugh Rowland 307

Dathú Éadaigh

Feena Tóibín 325

An Mhuc Dhraíochta

Maitilde Warsop a d'aistrigh 331

Léirmheas ar An Ghaeilge sa Dlí le Dáithí Mac Cárthaigh

Léirmheas le: Bróna Nic Dhiarmada 335

Léirmheas ar Ag cur chun fóinimh: Údarás na Gaeltachta ó 1980 i leith

Léirmheas le: Honoria Ní Mháille 339

**Drámaí Bunscoile – Ceol agus Amhráin le Fil Uí Dhubhghaill, Micheál Ó
Dubhghaill & Jane Shimizu**

Léirmheas le: Dónal Ó Síocháin 343

**Léirmheas ar Máirtín Ó Cadhain 2020 in eagar ag Eoin Mac Cárthaigh & Pádraig de
Paor**

Léirmheas le: Joanne Uí Loingsigh 347

**Ekphrasis Spioradálta don Aos Óg: Alt Léirmheasa ar *Iontas na nIontas* le Gabriel
Rosenstock**

Léirmheastóir: Marie Whelton 351

Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí

359

Nótaí Beathaisnéise na Scríbhneoirí

361



Eagarfhocal

<https://doi.org/10.13025/29642>

Tá lúcháir orainn, Coiste Eagarthóireachta na bliana 2025, fáilte a chur romhaibh chuig an tríú heagrán déag den iris phiarmheasúnaithe *An Reiviú*. Bíonn an iris seo á foilsiú ag mic léinn an chúrsa MA sa Léann Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe gach bliain. Tá muid thar a bheith sásta leis an líon alt agus léirmheasanna a fuair muid i mbliana agus tá muid fíorbhuíoch de chách a bhí sásta alt nó léirmheas a sholáthar dúinn. Ní bheadh sé ar ár gcumas an obair seo a chur i gcrích murach dílseacht na bpiarmheasúnóirí, foireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Áras na Gaeilge. Ar ndóigh ní bheadh an iris seo ann murach iad.

Gabhaimid buíochas leis an Ollamh Alan Titley as réamhrá na hirise a scríobh agus an iris a sheoladh i nGaillimh i mbliana. Ba mhór an onóir dúinn gur ghlac sé lenár gcuireadh.

Tá buíochas tuillte ag Anna Davitt ó Fhoras na Gaeilge agus ag an bhForas as an tacaíocht leanúnach a chuireann siad ar fáil do *An Reiviú* ó bunaíodh an iris in 2013.

Anuas air sin, ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an dearthóir Shannon Reeves atá ag plé le dearadh na hirise ó bunaíodh í freisin. Is mór againn an tacaíocht dhílis seo.

Ní mór dúinn buíochas a ghabháil leis an Dr Dorothy Ní Uigín. Tá muid go mór faoi chomaoin ag Dorothy as an tacaíocht agus an treoir a chuir sí ar fáil dúinn nuair a tháinig an crú ar an tairne. Ní raibh aon cheist róbhéag ná róchasta di agus rinne sí obair na gcapall ag cuidiú linn leis an togra seo a chur i gcrích.

Tá réimse leathan ábhar san iris i mbliana – teicneolaíocht, pleanáil teanga, oideachas, teagasc na Gaeilge, stair na teanga, filíocht, litríocht, aistriúchán, sochtheangeolaíocht agus eile. Tá muid ag siúl go mbainfidh sibh idir thaitneamh is thairbhe as an gcnuasach aistí seo.

An Coiste Eagarthóireachta 2025:

Bróna Nic Dhiarmada, Honoria Ní Mháille,

Dónal Ó Síocháin, Joanne Uí Loingsigh



Réamhrá

Alan Titley

<https://doi.org/10.13025/29641>

Ní admhaítear go furasta é, ach tá céim ollscoile sa Ghaeilge ar cheann de na céimeanna is deacra le baint amach sna dána, nó sna healaíona. Tuigim go bhfuil seo deacair a mheas le haon chruinneas, ach is é a thaibhsítear domsa ná go bhfuil réimse níos fairsinge eolais, ábhair, tuiscintí agus scileanna le máistriú sa chéim i nGaeilge ná formhór na ndisciplíní eile ar aon tsamhail léi.

Gan a bheith róbhocht ná róchriticiúil, má ghabhann duine le léann na staire, is í an stair a dhéanfaidh sé. Stair thréimhsí éagsúla is fíor, stair chasta aimpléiseach go minic a mbíonn an eacnamaíocht, an leagan amach sóisialta, b'fhéidir smaointe na linne, ach an chumhacht pholaitiúil a stiúraíonn de ghnáth a bhíonn chun tosaigh. Ní gá staireolaíocht a dhéanamh, ná dul amach ar staraithe móra an tsaoil, ní áirím teoiric na staire ná cur amach a bheith agat ar sheanscríbhinní a léamh.

I gcás an Bhéarla agus go leor de na nuatheangacha, i leataoibh ón teanga féin, is í an litríocht is gnáthaí a bhíonn in uachtar. Léitear gach saghas litríochta idir fhilíocht agus úrscéalta agus dhrámaíocht agus eile, ach litríocht is ea í ar fad. Tá slabhra tuisceana timpeall ar an ábhar a éilíonn meon amháin de chineál áirithe, agus sin uile. Ba lánait leat dá mbeadh ar mhac léinn staidéar a dhéanamh ar Bhéarla chathair Chorcaí, mar shampla, d'fhonn céim a bhaint amach.

I gcás na Gaeilge, áfach, agus táim admhálach ann go mbíonn sé éagsúil ó choláiste ollscoile go chéile, d'fhéadfadh go mbeadh ort dul i ngleic ní hea amháin leis an teanga agus leis an litríocht, ach leis an tsochtheangeolaíocht chomh maith, agus le canúintí, agus le béaloideas, agus le léamh láimhscríbhinní, agus le Gaeilge na hAlban, agus le hamhráin ar an sean-nós, agus logainmneacha, agus sloinnte, agus aistriúcháin, agus stair na teangan – gnéithe

idirdhealaithe den léann fairsing atá againn is a mbíonn scileanna agus cleachtais éagsúla ó bhonn a dhíth d'fhonn tuisceana a fháil orthu. Is beag scoláire Gaeilge, nó níos cirte, níl aon scoláire Gaeilge a bhfuil cur amach máistriúil aige ná aici ar na réimsí foghlama sin ar fad arna gcur le chéile.

Sin é an fáth gur sárshampla den ilghnéitheacht agus den fhairsinge leathan a bhaineann le léann na Gaeilge é *An Reiviú* seo, an tríú heagrán déag de. An té a ghéillfeadh do phiseoga na n-uimhreacha ba dhóigh leis gur cheart go mbeadh an mí-ádh ag baint leis an eagrán seo, ach is é a mhalairt ghlan atá ann, óir tá gach dealramh air gur ag dul ó neart go neart atá.

Bhí tráth ann nuair a shamhlaítí seanaimsireacht agus an saol atá caite leis an nGaeilge ach chuir cuid de na haistí seo istigh gliondar orm ar son na slí misniúla a bhfuil aghaidh tugtha acu ar an teanga i réimse na teicneolaíochta agus na meán. Go deimhin, chuir siad umhlaíocht agus sceimhle orm ag bualadh abhaile a aineolaí is a phrimitíví is atáim féin. Níor shamhlaíos riamh uirlis chomh héifeachtach le mireador.ie a bheith ann chun moirféim ar bith a lorg, feidhmchlár atá ceaptha ag Ellen Corbett agus ag Mykalin Jones. Thiocfadh dó a bheith fíorúsáideach d'aistritheoirí ar leith amháin, nó feidhm ríme a lorg ann ar an leith eile. Is é an t-aon eagla atá orm ná go spreagfaidh sé an-chuid drochfhilíochta ó véarsóirí atá ag iarraidh gliogair.

Baineann Orna Farrell agus Seán Mac Risteaird cuid den eagla a d'fhéadfadh a bheith orainn dínna san áiteamh uathu nach gá gur namhaid í an intleacht shaorga ghiniúnach, ach cá bhfios, áis le 'cruthaitheacht a chur chun cinn.' Agus músclaíonn Rosemary Day domhan eile ar fad dom agus do chuid eile againn sa trácht a dhéanann sí ar thionchóirí na Gaeilge ar an bhfearann fíorúil, fearann gan chríoch eile go bhféadfá do shaol a chaitheamh ann gan beann ar aon rud atá ag titim amach lasmuigh den bhfuinneog.

Is mór idir iad seo agus na bealaí ina dtéití i bhfeidhm ar an bpobal cheana. San aiste spreagúil uaidh ar an ngrúpa amharclainne 'Na Fánaithe' taispeánann Aodh Ó Coileáin dúinn mar is féidir le dream beag díocasach saol na drámaíochta a mhúscailt in ainneoin fadhbanna airgid agus maoinne. Comóradh cóir is ea an aiste uaidh ar chomplacht a bhí misniúil agus tionscantach riamh. Ní lú de ghaisce a dhein Craobh na Cásca de chuid Chonradh na Gaeilge mar is léir ar a bhfuil ráite ag Hugh Rowland sa chuntas a thugann sé dúinn ar an dream a d'fhás as Misneach roimhe sin a raibh baint mhór ag Máirtín Ó Cadhain leo i 60í na haoise seo caite agus a raibh anáil mhór acu ar an ngluaiseacht gurbh aisti a tháinig Teilifís na Gaeilge. Baineann an aiste leis an tréimhse sin inar thosnaigh an stát ar dhátheangachas a mholadh mar pholasáí mar mhalairt ar 'athbheochan' mar a bhíodh ann roimhe sin. Scagadh suimúil caolchúiseach a dhéanann Colm Mac Gearailt ar phreasráitis an Chonartha chéanna mar léiriú ar intinn na heagraíochta agus ar na claochluithe idé-eolaíochta a tháinig air lena linn. Cé a chuimhneodh ar thátal chomh mór a dhéanamh as ráitis chomh hoifigiúil leo?

Tréimhse chorraitheach eile is bun le cuntas Dhónaill Uí Bhraonáin ar na haighnis a d'fhás sna 90í as taighde a dhein Breandán Ó hEithir ar labhairt na Gaeilge sa Ghaeltacht agus ar leabhar Reg Hindley *The Death of the Irish Language a foilsíodh sa bhliain 1991*. Cé go raibh cipeadraíl agus cliotram hob mar gheall orthu seo i measc phobal na Gaeilge, ba bheag an plé a déanadh orthu sna meáin mhóra Bhéarla, agus b'fhéidir gurbh fhearr nár déanadh.

Bíodh sin mar atá, is é trá na Gaeilge i gContae mór na Mí a chuireann Margarita Neothallaigh roimpi a rianadh agus miondealú á dhéanamh aici ar dhaonáireamh 1911 agus ar fhoinsí eile. Eiseamláir mhaith í seo ar conas an scagadh seo a dhéanamh go scoláiriúil, cé gur léanmhar linn é, ar stráicí móra na tíre a raibh an Ghaeilge i gceannas iontu tá ní rófhada ó shin ann. Ina choinne sin thall léiríonn Shane Grant dúinn mar is féidir le 'cine isteach' athbheochan agus spreagadh a chur i bpobail Ghaeltachta mar atá déanta ag scata scríbhneoirí i gCorca Dhuibhne agus in Uíbh Ráthach. 'Athraíonn siad tírdhreach cultúrtha a gceantair' adeir sé, gan fiacail a chur ann agus lán an chirt aige.

Samhlaítear deighilt idir léann na teanga agus léann na litríochta, ach ní aithníonn an t-irisleabhar seo aon ní dá sórt.

Tá scrúdú thar a bheith suimiúil ag Pádraig Ó Briain ar an aistriúchán Gaeilge a dhein Seán Ó Ciosáin ar an úrscéal *Wuthering Heights* nuair a bhí an Gúm ina sea. B'í an fhadhb a bhí aige, fara fadhbanna eile, ná conas réimeanna éagsúla an Bhéarla, canúint áitiúil go háirithe, a léiriú go dílis. Tá idir ísealréimeanna agus ardréimeanna ag an mBéarla ach cúnгаíodh go mór ar réimsí na Gaeilge ón 17ú haois i leith. Is de shuimiúlacht gurbh é Daniel Corkery a mhol dó an leabhar sin a aistriú á áiteamh air 'gur bhain sé leis an tuath,' agus teanga de chuid na tuaithe ba ea an Ghaeilge, dar leis. Is de shuimiúlacht bhreise gur saoránaigh de chuid chathair Chorcaí ba ea Corkery agus Ó Ciosáin, áit a raibh traidisiún réasúnta láidir Gaeilge le fada go fiú munarbh eol dóibh é.

Luaim Corkery toisc go bhfuair sé bás trí scór bliain ó shin i mbliana, agus bhí an leabhar cáiliúil uaidh *The Hidden Ireland* 100 bliain d'aois anuraidh. Tagann sé go cliathánach isteach san aiste bhreá ag Feargal Mac Bhloscaidh ar Shéamus Ó Grianna agus an leabhar a scríobh sé dar teideal *Feara Fáil* agus an díchoilíniú. Glacann sé chuige féin beirt de na húdair is mó a bhfuil tasc idirnáisiúnta go forleathan orthu maidir leis an díchoilíniú agus leis an iarchoilíneachas sa litríocht, is iad sin Franz Fanon agus Edward Said. Tá sin ar fad fíor agus ceart agus oiriúnach agus léirstineach. Ach is í mo thuairim láidir féin gurb é Daniel Corkery an chéad duine a chuir bonn ceart faoin staidéar ar an gcoilíneachas agus an litríocht, dá n-aithneofaí é sin.

Séamus Ó Grianna, nó Máire, is ábhar, leis, don mhionscagadh a dhéanann Padaí de Bléine ar an teaghlach, an teanga, an traidisiún agus an tírdhreach ina shaothar agus an tslí gurbh iad sin croí agus blonag agus spreagadh a shaothair, go háirithe in *Mo Dhá Róisín* atá

idir chamáin phléite anseo. Deir Máire in Rann na Feirste ‘gur i mbothógaí Rinn na Feirste agus in áiteanna eile mar é a bhí fíoranam na hÉireann.’ Is cinnte go n-aontódh Corkery agus Fanon agus Said leis an méid sin.

Teanga sin Mháire is ábhar machnaimh ag Seán Mac Corraidh sa taighde aige ar stíl mheafarach an scríbhneora. Agus féach! Nach iontach go bhfuil trí aiste againn ar Mháire laistigh de leathanaigh nó de scáileáin an irisleabhair seo. Ar feadh i bhfad tuigeadh go raibh sé faoi scáil a dhearthár Seosamh, agus is fíor gur fairsinge an staidéar a déanadh air siúd. Fág gur teanga a mhuintire a thóg sé leis ar áilleacht agus le saibhreas gan teorainn, léiríonn Mac Corraidh dúinn go raibh sé bunúil chomh maith i gcruthú samhailteacha nach raibh ag an dara duine. Blaiseadh d’fhíoruisce Mháire a fhaighimid san aiste seo.

Cúrsaí foclóra, leis, is cúram do Kate Murphy agus í ag cíoradh anáil na Gaeilge ar Bhéarla Thalamh an Éisc, mar is ann a lonnadh imircigh as Éirinn (ó na Déise go háirithe) ón 18ú haois. Tá blas an oirdheiscirt fós ar Bhéarla na háite agus is iontach mar a mhair focail Ghaeilge ann mar risíní crua i dteanga na ndaoine. Is ea, tá ‘clábar’ againne fós, ach is mar ‘mess’ atá sé anois thall, ar fás nádúrtha foclóra é.

Cé nach litríocht sa chruinne ar fad is ábhar do Dorothy Ní Uigín, tagann go mór i gceist san aiste ómóis atá aici do shaothar Bhreandáin S. Mac Aodha. Léiríonn sí go comair ildánacht an scoláire seo a bhí ina ollamh le Geograif i nGaillimh, go háirithe mar ar nasc sé an duine leis an áit ina raibh cónaí air tríd an staidéar fairsing a dhein sé ar logainmneacha na tíre. Ach ba leithne ná sin é, mar d’aistrigh sé filíocht le Lorca agus le Machado, agus tá an t-ómós áite céanna le sonrú ina chuid filíochta féin. Tá mar chuid luachmhar den aiste seo ó Dorothy ná an léirmheas tuisceanach íogair a dhéanann sí ar an bhfilíocht sin.

Is mar ómós d’ealaín sin an aistriúcháin a fhoilsítear sliocht as an tiontú atá déanta ag Maitilde Warsop ar an scéal ‘An Mhuc Draíochta.’ Tá an teanga ann lánoiriúnach don ábhar, ta culaith dhúchais air agus gluaiseann ar aghaidh go seolta. Táimid ag coinne leis an gcuid eile! Cad a d’imigh ar an iníon bhocht sa deireadh? Faoiseamh é gur dócha gur tháinig sí slán mar a thagann i scéalta den sórt seo.

Ní hionadh go bhfuil cúrsaí teagaisc agus foghlama go mór i gceist san irisleabhar seo. Baineadh stangadh asam nuair a chonac an focal ‘*stummadurioú*’ i dteideal aiste Eva Ní Mhealláin, óir ní raibh fasc ná tuairim agam cad ba bhrí leis, nó cad as a dtáinig sé. Níor ghá breall a bheith orm óir míníonn sí go soiléir conas mar a oibríonn an dianchúrsa tumoideachais gníomhach seo i múineadh na Briotáinise agus an dóigh a bhféadfadh go dtiocfadh áiseach i gcomhair theagasc na Gaeilge, go háirithe do dhaoine fásta. Is iad na ‘nuachainteoirí’ agus sealbhú na Gaeilge d’fhoghlaimeoirí nach ógánaigh a thuilleadh iad atá á thaighdeadh ag Méabh Ní Shluáin, agus tá mionscagadh cuimsitheach déanta aici ar an ábhar seo agus ar na torthaí dá réir abhus againne agus thall thairis i dtíortha eile. Cuirtear abhaile orainn nach cúrsaí pragmatacha a spreagann daoine chun teangacha mionlaithe a fhoghlaim, conclúid nach foláir machnamh a dhéanamh uirthi.

Tá stair fhada éiritheach againn maidir le múineadh teangacha cheana féin agus uaireanta ní gá dul thar tír amach lena cruthúnas sin a fháil. Tugann Máire McCafferty athchuard ar ról na gcoláistí Gaeilge i gCúige Uladh tá nach mór 100 bliain ó shin anois ann agus mar ar

thugadar misneach agus ardú meanman do chaint dhílis na nUltach nuair a bhí cogadh na gcanúintí in airde láin. Ar an gcuma chéanna ní fhéadfaí failli a dhéanamh in *'the complete Irishman'*, an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh a chuir gach gné dár gcultúr chun cinn, ach gurb é an fíoch a bhí aige in aghaidh na ríncí Gallda bunéirim na haiste ag Duane Long. Níorbh é, ach sagart eile a dúirt, *'there will be no mixed dancing in my parish'*.

Bhainfeadh an cheist 'An bhfuil éinne fós ag freastal ar léachtaí?' stangadh as neach ollscoile ar bith is cuma léachtóir nó mac léinn. Beifear ag fuireach go dúilmhear leis an bhfreagra. Ach sin an cheist a chiorann Éamonn Ó Cofaigh agus Ornaith Rogers sa staidéar a dheineadar san ollscoil seo, Ollscoil na Gaillimhe. Is luachmhar an staidéar é, óir is iad na *clichéanna* an máistir maidir le haon phlé cóir ar theagasc ollscoile, agus ar son casadh a bhaint as *cliché* eile, ní mar a shíltear a cheaptar.

B'fhéidir gurb í an tsamhlaoid is léire d'ílghnéitheacht agus de chaitliceacht an irisleabhair seo ná Feena Tóibín ag cur síos ar dhathú éadaigh sa bhéaloideas. Ní liath a bhí gach ball éadaigh mar nach lia duine ná tuairim. Is mó sin planda a cuireadh chun leasa dathanna an duine a mhúscailt seachas a bheith ina luí go díomhaoin álainn ar mhóinéar nó ar léana. Sa leabharliosta aici tá saothar Kevin Danaher *The Irish Way of Dyeing* nach bhfuil aon bhaint aige le nósanna caointeoireachta ná tórraimh.

Tá, mar is dual, raidhse léirmheasanna ar leabhair arb orthu atá go leor de léann na teanga ag brath. Leabhair den scoth iad go léir, agus de ghnáth ní bhíonn caoi ag an léirmheastóir níos mó ná a thabhairt le fios cad tá ann seachas aon mhionchritic a dhéanamh air a thabhairt dúinn. I measc na leabhar sin tá *Ag Cur Chun Fónaimh: Údarás na Gaeltachta ó 1980 i leith*, aistí iomadúla a chuir Gearóid Ó Tuathaigh agus Brian Mac Suibhne in eagar agus é á mheas ag Honoria Ní Mháille; *Iontas na nIontas* leabhar ar thairbhe spioradálta na n-ealaíon le Gabriel Rosenstock á mholadh ag Marie Whelton; *An Ghaeilge sa Dlí* le Dáithí Mac Cárthaigh faoi shúil ghéar Bróna Nic Dhiarmada agus nach bhfuil aon leisce uirthi locht a fháil air; *Máirtín Ó Cadhain 2020*, aistí ar an mórúdar a chuir Eoin Mac Cárthaigh agus Pádraig de Paor in eagar agus cuntas comair orthu ag Joanne Uí Loingsigh; agus *Drámaí Bunscoile – Ceol agus Amhráin* le Fil Uí Dhubhghaill, Micheál Ó Dubhghaill agus Jane Shimizu á phlé mar ghníomh practiciúil ag Dónall Ó Síocháin.

Caithfear bheith ag cogan ar an ábhar seo go léir go ceann i bhfad.



Taking the ‘-Deoir’ out of ‘Taighdeoir’: ag Cruthú Chuardaitheoir Fothéaghráin agus Moirféimí don Ghaeilge

Ellen Corbett & Mykalin Jones

<https://doi.org/10.13025/29640>

Mar gheall ar rabharta iarrachtaí atá déanta in Éirinn agus thar lear leis an Ghaeilge a neartú, ar dhiaspóra beo bríomhar, ar líon mór daoine atá ag foghlaim na Gaeilge, agus ar stádas na nGaeilgeoirí mar luathghlacadóirí teicneolaíochta, is iomaí acmhainn leictreonach atá ar fáil go héasca do chainteoirí agus d’fhoghlaimoírí na teanga: foclóirí, corpais, agus uirlisí foghlama eile san áireamh. Mar sin féin, tá srianta fós ann i dtaca leis na feidhmchláir atá ábalta cuardach a dhéanamh ar mhíreanna na Gaeilge (réimíreanna, iarmhíreanna, agus táthmhíreanna). Ina theannta sin, níl feidhmchláir ann a chuireann rím san áireamh, agus cé go bhfuil foclóir ríme ann, níl aon fhoclóir ríme láidir ann a chuireann éagsúlachtaí canúna san áireamh ach an oiread.

Cás-staidéar agus machnamh pearsanta is ea an páipéar seo, a phléifidh tionscadal idirdhisciplíneach atá fós ag dul ar aghaidh idir taighdeoir Gaeilge agus eolaí sonraí, agus an feidhmchlár a chruthaigh siad le dul i ngleic leis na fadhbanna a luaitear thuas: Míreadóir (mireadoir.ie), uirlis chuardaigh d’fhotheaghráin sa Ghaeilge. Déanfaidh muid machnamh ar an réasúnaíocht taobh thiar den fheidhmchlár ar dtús mar chuidiú aistriúcháin, agus pléifidh muid an dóigh ar mhéadaigh a húsáid go foclóir ríme agus uirlis taighde chomh maith. Faoi dheireadh, pléifidh muid ár gcéad chéimeanna eile chun an feidhmchlár a leathnú agus a fheabhsú.

Cúlra & Réasúnaíocht

Is iomaí uair a dúradh linn gur chóir go dtosófaí píosa scríbhneoireachta le seanfhocal, agus ní eisceacht é an páipéar seo, mar is le seanfhocal a tosaíodh an tionscadal seo ar fad: *traduttore, traditore*. I gcaitheamh na mblianta, cruthaíodh meafair agus natháin éagsúla ar mhaithe le cur síos a dhéanamh ar phróiseas an aistriúcháin agus ar thoradh an phróisis sin; nathanna a thugann léargas don taighdeoir sa lá atá inniu ann ar an dóigh a ndearnadh machnamh ar choincheap an aistriúcháin ag an am a cruthaíodh iad agus nathanna a bhfuil – in amanna – buanaithe i Léann an Aistriúcháin go dtí an lá inniu. Ar thaobh amháin, mar shampla, samhlaíodh an t-aistritheoir mar fharantóir, ag tabhairt na teanga ó thaobh amháin den chuan go taobh eile, nó mar thógálaí ag déanamh bóithre idir teangacha. Rud maith dearfach is ea an t-aistriúchán, mar sin, a thugann teangacha agus cultúir le chéile. Ach ar an taobh eile, meastar fosta gur ciontach an t-aistritheoir, agus gurb ionann an t-aistriúchán agus feall: *‘the betrayal of the secrets of the tribe to the outside, who then becomes privy to knowledge which only the members of the tribe should have’* (Bery, 2007, 113; Strümper-Krobb, 2021: 22). Is ball den dara catagóir é *traduttore, traditore*. Nathán seanbhunaithe a tháinig ón Iodáilis ó thús, a deir gurb ionann an t-aistritheoir agus tréatúir. Tá an nath fós in úsáid i Léann an Aistriúcháin agus é mór le rá sa disciplín sin. Agus aistriúcháin den nath go teangacha eile ann (mar shampla, *translator traitor*), bhí na húdair ag iarraidh leagan Gaeilge de a chumadh. Bhí muid ag súil le leagan a choinneodh rím agus uaim thosaigh an bhunleagain, agus bhí a fhios againn go raibh orainn ‘aistritheoir’ a úsáid sa tslí sin, ach cad a bheadh ann ina dhiaidh? Ní bheadh ach focal a chríochnaíonn le ‘-eoir’ nó ‘-theoir’ fóirsteanach, ach níor rith aon rud linn.

Is cinnte gurbh iad acmhainní leictreonacha na Gaeilge na chéad fhoinsí a d’úsáidfeadh muid, tearma.ie agus an cuardach casta go háirithe. Go deimhin, leis an fheidhmchlár seo a cheadaíonn saoróga [*wildcards*] (‘carachtar speisialta [...] is féidir a úsáid chun carachtar amháin nó breis a léiriú’ (tearma.ie, 2024)), d’fhéadfadh muid an fhadhb thosaigh a bhí againn a réiteach, ach bheadh orainn dhá chuardach a dhéanamh chun é seo a bhaint amach. Thairis sin, leis an chuardach casta ar tearma.ie, thug ‘a%eoir’ 86 toradh ar ais, ach níor chomhlíon toradh ar bith na critéir a bhí againn don aistriúchán. Thug cuardach eile ar an téarma ‘á%eoir’ réiteach fóirsteanach dúinn: aistritheoir áibhirseoir

Foclaiocht Wording	a%eoir
Fad Length	téarmaí aonfhoclacha agus ilfhoclacha · single-word and multi-word terms ▾
Fairsinge Extent	téarma iomlán · complete term ▾
Teanga Language	GA (Gaeilge · Irish) ▾
Roinn chainte Part of speech	roinn chainte ar bith · any part of speech ▾
Réimse Domain	réimse ar bith · any domain ▾

Figiúr 1: Cuardach ar tearma.ie leis an téarma cuardaigh ‘a%eoir’

Le linn an phróisis seo, agus leis an thórafócht seo, thug muid faoi deara go raibh bearna ann d’uirlis a bheadh ábalta cuardach mar seo a dhéanamh ar *fhotheaghráin* na Gaeilge ar bhealach níos solúbtha, agus gur cheart go mbeadh gnéithe breise ar fáil i bhfeidhmchlár mar seo, gnéithe nach raibh ar fáil i bhfeidhmchlár eile go dtí seo.

Ar an gcéad dul síos, thuig muid go mbeadh tairbhe ann d’úsáideoirí uirlis níos simplí a bheith ar fáil dóibh nach bhfuil ach an rochtain aici cuardach inmheánach Gaeilge–Gaeilge a dhéanamh ar *fhotheaghráin* sa Ghaeilge. Thairis sin, ní cosúil go dtacaíonn *téarma.ie* le ceisteanna *regex*, agus dá bhrí sin, ní raibh muid in ann úsáid a bhaint as carachtair ar nós “|” nó réalta Kleane (*) inar gcuardach féin. Chun cuidiú le húsáid ár n-uirlise a thabhairt mar sin, bhí gá le *cheatsheet* a sholáthar d’úsáideoirí gan cúlra teicniúil chomh maith.¹

Ar an dara dul síos, bhí orainn dhá chuardach a dhéanamh: cuardach amháin leis an síneadh fada agus cuardach eile gan é. I gcanúint Uladh (canúint atá ag údair an ailt seo), ní athraíonn an síneadh fada fuaim an fhocail sa dóigh chéanna is a n-athraíonn sé an focal i gcanúintí eile. Dá bhrí sin, bhí sé loighciúil dúinne cuardach normalaithe úsáideach a chruthú, a ligeann do mheitseanna páirteacha i dtaca le sintí fada, sa chás go raibh an dá thoradh (leis an síneadh fada nó dá uireasa) de dhíth orainn. B’in an smaointeoireacht a spreag muid uirlis a bheadh dírithe ar an aistriúchán a chruthú; uirlis a éascaíonn cuardach de réir ríme agus uama de, agus uirlis a bheadh solúbtha d’úsáideoirí pé canúint a bheadh acu. Chomh maith leis sin, theastaigh uainn torthaí a thaispeántar ar an fheidhmchlár a chur ar fáil i bhformáid atá éasca a íoslódáil agus inúsáidte ó thaobh ríomhchlárúcháin de, ionas go bhféadfadh úsáideoirí obair leis na torthaí dá mba mhian leo.

Ar deireadh, tá sé tábhachtach a lua go ligeann *téarma.ie* d’úsáideoirí ‘téarmaí gaolmhara’ a aimsiú, rud atá thar a bheith úsáideach i gcomhthéacsanna áirithe. Lena chois sin, ceadáíonn *foclóir.ie* agus *teanglann.ie* cuardach a dhéanamh de réir réimíre. Mar chuid dár gcuid oibre, bhí muid ag iarraidh tacar sonraí a chruthú ina bhfuil focail lipéadaithe de réir iarmhíre; rud nach bhfuil ar fáil leis na feidhmchláir eile, a léiríonn bearna sna teicneolaíochtaí reatha, agus go dtí go mbeadh bealach malartach ar fáil d’úsáideoirí chun focail ghaolmhara a chuardach.²

Mar sin agus lenár dtochas féin a mhaolú, chruthaigh muid *Míreadóir* (*mireadoir.ie*): uirlis chuardaigh d’*fhotheaghráin* na Gaeilge, agus is é an feidhmchlár *Míreadóir* ábhar an pháipéir seo. Déanfaidh muid machnamh ar ár dtionscadal; na dúshlán agus deacrachtaí a bhaineann le cruthú an fheidhmchláir *Míreadóir*, agus na hionaí a tháinig as a úsáid mar fhoclóir ríme, mar uirlis taighde, agus mar chuidiú scríbhneoireachta, chomh maith lena phríomhúsáid beartaithe mar uirlis chuidithe aistriúcháin.


¹ Tá an *cheatsheet* ar fáil ar shuíomh *Míreadóir*, *mireadoir.ie*

² Tá an tacar sonraí ar fáil ar iarratas.

Suirbhé ar Acmhainní Reatha

Mar a luadh thuas, is iomaí acmhainn leictreonach atá ar fáil do chainteoirí agus d'fhoghlaimoírí na Gaeilge (féach Ó Coimín, 2024; Corbett, 2025). Tá foclóirí Gaeilge–Béarla, Béarla–Gaeilge, agus Gaeilge–Gaeilge ar fáil dúinn ar potafocal.com, teanglann.ie agus foclóir.ie, a bhfuil níos mó ná iontrálacha iontu. Tá faisnéis ghramadaí, cuidiú foghraíochta agus comhaid fuaimne, cluichí, agus an Draoi Gramadaí fosta, agus suíomhanna ar nós abair.ie a chuidíonn le foghraíocht chomh maith; foclóirí Gaeilge–Gàidhlig agus Gaeilge–Gaelg ar intergaelic.com; bunachar téarmaíochta (téarma.ie); agus foclóir comparáideach do theangacha an Aontais Eorpaigh (iate.europa.eu), agus iad uilig saor in aisce. Thairis sin, tá corpais agus uirlisí foghlama eile ar fáil ar líne nach bhfuil baint acu leis an ghramadach agus le stór focal na Gaeilge go díreach, ach atá sár-úsáideach don chainteoir agus don fhoghlaimoír Gaeilge mar sin féin; aistear.ie, corpas.ie, duchar.ie, agus gaois.ie san áireamh.

Fiú leis an dornán maith uirlisí ar líne agus na bealaí éagsula a bhféadfadh siad cuidiú a thabhairt don úsáideoir, is cosúil nach bhfuil aon uirlis ar leith ann a ligeann d'úsáideoirí téarmaí a chuardach go díreach de réir moirféime díorthaithí (.i. cuid d'fhocal a iompraíonn brí ar leith), go háirithe i dtaca le hiarmhíreanna na Gaeilge. Tá cuardach casta ag foclóir.ie, áfach. Má bhaineann úsáideoirí úsáid as, feicfidh siad go bhfuil an rogha ann cuardach a dhéanamh de réir 'réimír' nó 'iarmhír' faoi 'rann cainte'. Tá iarmhíreanna Béarla curtha in oiriúint dá gcomhiarmhíreanna sa Ghaeilge (i. *mapped to*) anseo fosta, ach nuair a rinne údair an pháipéir cuardach ar iarmhíreanna sa Ghaeilge sa phróiseas céanna, níor aimsigh muid iarmhír Ghaeilge ar bith. Maidir le teanglann.ie, de réir mar a thuigtear d'údair an páipéir seo, tá 538 réimír ann le hiontrálacha ar leith acu ar an tsuíomh (agus gach iontráil ag críochnú le '-') agus bíonn siad le feiceáil go minic in éineacht le focail ghaolmhara mholta. Ach arís, ní cosúil go bhfuil aon iontráil ar teanglann.ie a thosaíonn le '-', agus díríonn roghanna cuardaigh ar an tsuíomh níos mó ar aimsiú foirmeacha infhillte, nó ar an dóigh a dtosaíonn téarmaí (féach thíos). Maidir leis an úsáid a bhí i gceist againn féin, áfach, ba iad deirí focal an rud ba thábhachtaí dúinn.



Figiúr 2: Roghanna cuardaigh ar fáil ar teanglann.ie

Mar sin, ba é an chéad chéim i dtreo réiteach ár bhfaidhbe ná uirlis chuardaigh d'fhotheagrán sa Ghaeilge a chruthú. Chun an téarma 'fotheagrán' a mhíniú, áfach, tá sé níos éasca amharc ar cad is 'teagrán' ('string') ann ar dtús. Seicheamh carachtar i bhfeidhmchlár ríomhaire é 'teagrán', a d'fhéadfadh a bheith ina litreacha, ina uimhreacha, nó ina siombailí, agus a bhfuil comharthaí athfhríotail timpeall orthu de ghnáth: 'hello' agus 'world', mar shampla. Tá fotheagrán le feiceáil laistigh de theagrán mar sin, ach bíonn siad ina seicheamh carachtar iad féin (*BBC Bitesize*, 2025).

Is mó an tábhacht atá ag míreanna agus fotheagrán sa Ghaeilge, agus iarmhíreanna go háirithe. Is féidir le hiarmhíreanna díochlaonadh, inscne, tuiseal, agus uimhir in ainmfhocail a chur in iúl, agus tá an tuiscint ar mhíreanna na Gaeilge ar cheann de na príomhghnéithe gramadaí a fhoghlaimíonn scoláirí Gaeilge ar dtús, rud a dhéanann próiseas foghlama na Gaeilge níos éasca dá bharr agus na míreanna siúd fite fuaite sa Ghaeilge. Mar shampla, glactar leis mar theoir ghinearálta go gcríochnaíonn ainmfhocail fhirinscneacha le 'án', 'eadh' / 'adh', agus 'eo' i measc deirí eile, agus go gcríochnaíonn focail bhaininscneacha le 'áid', 'áil' / 'íl' nó 'úint'. Sa dóigh chéanna, is féidir linn a aithint gur sa cheathrú díochlaonadh atá an focal 'cailín' agus sa dara díochlaonadh atá 'bialann' mar gheall ar a n-iarmhír (Gaelchultúr Teoranta, 2014; Ó Coileáin, 2017).

Is féidir le húsáideoirí fotheagrán Ghaeilge a chuardach (fotheagrán ag deireadh an fhocail san áireamh) leis an ríomhchlár *WinGléacht* (2012); leagan leictreonach den *Fhoclóir Uí Dhónaill* (1977). I mbosca cuardaigh an fheidhmchláir, tig leis an úsáideoir saoróg [*wildcard*] a úsáid agus iad sa tóir ar tháthmhír ar bith. Úsáidtear dhá shaoróg sa ríomhchlár; "?" a sheasann d'aon charachtar aonair i bhfocal, agus "*" a sheasann do cibé líon litreacha a d'fhéadfadh a bheith in easnamh i bhfocal ar bith. Mar sin féin, mar gheall ar infhaighteacht *tearma.ie* ar líne, a fhoinsí sonraí nuashonraithe, agus a ghnéithe cuardaigh láidre a pléadh thuas, baintear úsáid as téarma.ie sa dóigh chéanna a n-úsáidí *WinGléacht* (2012) tráth.

Modheolaíocht Forbartha agus Feidhmiúchán an Fheidhmchláir

Agus na húdair ag baint leas as a gcuid taithí i réimse an aistriúcháin agus san eolaíocht sonraí, d'fhorbair siad fréamhshamhail chun an bhearna seo i dteicneolaíocht agus i dteanga na Gaeilge a líonadh. Chun é seo a bhaint amach mar sin, chruthaigh siad an feidhmchlár, *Míreadóir*, atá ar fáil faoi láthair ag mireadoir.ie.³ Ón uair a roinneadh an feidhmchlár den chéad uair, tá uasdátú dinimiciúil á dhéanamh ar an fheidhmchlár go minic agus cuirtear gnéithe nua leis. Seo mar a chuirtear síos ar leagan reatha an fheidhmchláir ó mhí Eanáir 2025 amach.

Is sa teanga ríomhchlarúcháin Python a chuirtear *Míreadóir* i bhfeidhm go hiomlán. Rinneadh cnuaschoipeáil ar stór focal de chuid teanglann.ie le ceadúnas ó Fhoras na Gaeilge chun focail agus na URL a bhaineann leo a aisghabháil. Sábháiltear sonraí go comhad *csv*

³ Maidir le sonraí teicniúla faoi fheidhmiú *Míreadóir*, tá an cód ar fáil ar GitHub (féach megajoules8, 2025)

(comhad athróige camógdheighilte) agus lódáiltear é i bhfráma sonraí de chuid *Pandas*. Úsáidtear *Streamlit widgets* mar bhonn faoi chomhéadan úsáideora an fheidhmchláir. Nuair a bhi an chéad leagan den fheidhmchlár réidh, seoladh chuig ár dtástálaithe é (a phléifear go mion níos moille sa pháipéar seo).

Is uirlis chuardaigh fotheagrán é Míreadóir go príomha. Fuair muid amach go bhfuil sé fíorúsáideach a bheith ábalta fiosrúcháin sholúbtha a dhéanamh, rud a ligeann do Míreadóir feidhmiú mar fhoclóir ríme, beag beann ar an chanúint. Tá sé mar sprioc ag Míreadóir mar sin go mbeidh úsáideoirí ábalta cuardach a dhéanamh ar mhoirféim ar leith, iarmhíreanna, réimíreanna, agus táthmhíreanna eile san áireamh. Faoi láthair, tá breis agus 5000 focal lipéadaithe ag na húdair lena n-iarmhíreanna mar chuid den sprioc sin, cé nach bhfuil an obair seo comhtháite san fheidhmchlár go fóill.

Feidhmiú Míreadóir

Le Míreadóir a úsáid, cuireann an t-úsáideoir fotheagrán isteach sa bhosca cuardaigh ar phríomhleathanach an fheidhmchláir. Sa bhosca anuas, is féidir leis an úsáideoir a roghnú ansin ar mhaith leo torthaí a thosaíonn le, nó a chríochnaíonn le, mír ar leith nó torthaí atá le haimsiú laistigh den fhocal. Tá an rogha ag an úsáideoir fosta, meaits páirteach agus meaits cruinn a roghnú. Cuirtear meaitseanna páirteacha le sintí fada agus gan sintí fada san áireamh i dtorthaí meaits pháirteach, feidhmiú nach bhfuil ar fáil, de réir cosúlachta, in aon uirlis eile atá ar fáil faoi láthair. B'fhéidir gurb í an ghné is úsáidí ar fad atá ag Míreadóir ná gur féidir úsáideoirí an rogha chuardaigh *regex* a úsáid, áfach. Tá teoracha simplí, dátheangacha maidir le húsáid Míreadóir (chomh maith lena úsáid mar fhoclóir ríme) le *regex* ar fáil ar an fheidhmchlár féin.

Nuair a chliceálann an t-úsáideoir ar an chnaipe cuardaigh ansin, gheobhaidh siad liosta torthaí in ord aibítre a thagann as teanglann.ie le hipearnasc don iontráil ar an tsuíomh a osclaítear i bhfuinneog nua, chomh maith le líon torthaí san iomlán:



Figiúr 3: Míreadóir i mbun cuardaigh. Úsáidtear an iarmhír ‘eoir’ mar shampla agus í an iarmhír a chruthaigh an trioblóid seo ar fad.

Leis an leagan Míreadóir mar atá, d'fhéadfadh úsáideoirí cuardach a dheanamh de réir moirféime, ach seans go bhfaigheadh siad toradh bréagdheimhneach; focal a litrítear ar an bhealach céanna ach a bhfuil ciall dhifriúil leis, agus focal leis an fhocal cuardaigh san áireamh ann (.i. go bhfaigheadh úsáideoirí torthaí leis an seicheamh litreacha céanna ach seans nach bhfuil ag na torthaí seo an mhoirféim cuardaithe). Mar shampla, má dhéanann úsáideoir cuardach ar fhocal a thosaíonn le 'fear', gheobhadh siad torthaí a bhfuil an bhunchiall 'fear' istigh ann (mar shampla 'fearachas', 'fearas', 'fearúlacht'), ach gheobhadh siad torthaí nach bhfuil aon bhaint acu leis an fhocal ionchurtha ó thaobh sanasaíochta de, agus nach bhfuil an moirféim 'fear' ('*man*') i gceist, ach a bhfuil an fotheaghrán céanna, *f-e-a-r* istigh ann, (mar shampla, 'fearg', 'feargach', 'fearb'). Tá an deacracht chéanna le feiceáil i dteideal an pháipéir seo fosta. Cé go bhfuil an focal 'deoir' ann san fhocal 'taighdeoir', ní moirféim é sa chás seo, agus níl baint aige le bunchiall an fhocail 'deoir' mar atá leis féin, agus níl ann ach seicheamh litreacha ag deireadh an fhocail.

Torthaí Agus Plé

Roinneadh Míreadóir lenar 'mbéite-thástálaithe'; comhghleacaithe agus cairde i saol na Gaeilge; mic léinn tríú leibhéal, agus gairmithe in earnálacha na hiriseoireachta, agus an oideachais, agus foghlaimoírí Gaeilge, cainteoirí Gaeilge T2, agus cainteoirí dúchais san áireamh. I mí Lúnasa 2024, bhí deis againn fosta Míreadóir a roinnt le comhghleacaithe Ghaeilge na hAlban i gcoláiste Shabhal Mòr Ostaig agus na húdair ar chúrsa Ghaeilge na hAlban ann. Sa mhí chéanna, bhí deis ag na húdair Míreadóir a phlé le lucht ríomheolaíochta ag caint mhíosúil de chuid *Python Ireland*, eagraíocht dheonach a chuireann an teanga ríomhchlárúcháin *Python* chun cinn in Éirinn, agus bhí muid in ann páipéar ar an fheidhmchlár a thabhairt ag comhdháil bliantúil de chuid Python Ireland, PyCon Ireland, i mí na Samhna 2024.⁴

Agus an feidhmchlár roinnte leis na tástálaithe againn, tugadh faoi deara go bhfhéadfadh úsáid níos leithne a bhaint as an fheidhmchlár ná mar a shamhlaigh na cruthaitheoirí. Bhí réamhbharúil againn go mbainfí úsáid as Míreadóir mar uirlis chun cuidiú i gcásanna cosúil leo siúd a chuir tús leis an tionscadal ar fad, ach i ndáiríre, d'úsáid tástálaithe Míreadóir é ar bhealaí ní ba leithne ná mar a shíl muid. Bhí ár dtástálaithe a bhí ina bhfoghlaimoírí Gaeilge in ann Míreadóir a úsáid chun *geminate*s (ar nós 'nn', 'll', srl.) a chuardach agus a aimsiú, agus bhí siad in ann díochlaontaí ar leith a aimsiú ina staidéar neamhspleách le go bhféadfadh siad réimniú a chleachtadh.⁵ Chomh maith leis seo, bhí taighdeoir tríú leibhéal ábalta úsáid a bhaint as an fheidhmchlár agus é ag déanamh iarrachta tras-scríbhinn a scríobh amach, a raibh deacrachtaí aige é a thuiscint mar gheall ar chaighdeán an taifeadta agus ar chanúint an chainteora. Agus an taighdeoir ábalta píosa den fhocal a phiocadh amach agus é sin a úsáid i gcuardach san fheidhmchlár, thug Míreadóir cuidiú dó an focal a scaoileadh.

⁴ Ba é an páipéar 'Taking the '-Deoir' out of 'Taighdeoir': Creating a Substring Search Tool for the Irish Language' an chéad uair a raibh an Ghaeilge mar ábhar plé ag comhdháil PyCon Ireland riamh, agus bhí sé sna trí cinn is fearr as 150 páipéar a cuireadh faoi bhráid na comhdhála.

⁵ Sa dóigh seo, b'iontach an acmhainn é Míreadóir do mhúinteoirí fosta; ní bheidh orthu streachailt smaoineamh ar shampla eile de bhriathar le dhá shiolla a chríochnaíonn le consan caol ar an spota níos mó agus Míreadóir acu.

Ach is é an ghné is nuáí agus is spreagúla a bhaineann leis an fheidhmchlár, áfach, ná a úsáid mar fhoclóir ríme. Cé go bhfuil foclóir ríme ar fáil sa Ghaeilge i bhformáid PDF (féach Ó Scanaill, 2019), ní chuireann sé na trí mhórchanúint san áireamh, ag díriú go mór ar an Ghaeilge chaighdeánach (nó ar ‘lárchanúint’ na Gaeilge). Mar shampla, bheadh ar úsáideoir as Cúige Uladh cuardach a dhéanamh ar fhocail a chríochnaíonn le ‘ú’, ‘adh’, nó ‘odh’ agus iad sa tóir ar fhocal a dhéanann rím le *samhradh*, ach i gcás úsáideoir as réigiúin eile, seans maith go mbeadh siad ag lorg focal a chríochnaíonn le ‘a’ leis an rím chéanna a bhaint amach. D’fhéadfadh an ghné seo den fheidhmchlár a bheith an-spéisiúil i gcomhthéacs an aistriúcháin idirdhialachtaichiúil, i. aistriúchán inteangach ó chanúint amháin go ceann eile sa teanga chéanna (Jakobson, 1992: 145). Mar shampla, nuair ba mhaith le hamhránaí leagan dá gcuid féin d’amhrán traidisiúnta ó chúige eile a dhéanamh agus a chur ina gcanúint féin, agus an rím a choinneáil. Dá réir sin, tá sé mar sprioc reatha de chuid Míreadóir a ábaltacht mar fhoclóir ríme a leathnú agus a éascú amach anseo.

Plé ar Roghanna Dearaidh agus ar Bhuntáistí a Bhaineann leis an Dhearadh Sin

Agus an méid thuas ráite, is tábhachtach plé a dhéanamh ar an fháth ar thóg muid an feidhmchlár sa dóigh seo chun an fhadhb thosaigh a bhí againn a réiteach, agus cén fáth nár úsáid muid Samhail Teanga Mhór (*Large Language Model; LLM*) do Míreadóir. Ar an gcéad dul síos, is próiseas in-athdhéanta é úsáid ár bhfeidhmchláir, le toradh cinntitheach gach uair. Dá réir sin, is dócha go bhfuil ár réiteach i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de, agus níos fabhraí don timpeallacht ná *LLM* a cheistiú arís agus arís eile. Chomh maith leis sin, deirtear gur féidir le húsáid *LLM* teacht i bhfeidhm go diúltach⁶, ar chruthaitheacht an aistritheora san aistriúchán cruthaitheach nó san aistriúchán liteartha (féach Guerberof Arenas & Toral, 2022). Is minic a cheaptar gur próiseas focal-ar-fhocal é an t-aistriúchán, próiseas a tharlaíonn go ciúin gan mórán ionchuir (go cruthaitheach) ón aistritheoir féin⁷. Ní hamháin go mbíonn taithí phearsanta an aistritheora ina tionchar ar an aistriúchán (féach Novajra, 2023: 8), ach tá tuiscint chultúrtha agus teangeolaíochta an aistritheora ríthábhachtach don

⁶ Tá seans maith gur beag tionchar *LLM*anna ar teangacha uasalacmhainne (*high-resource languages*), áfach (féach Castaldo *et al.*, 2025)

⁷ Thaispeáin Corbett [2022], mar shampla, gur minic a bhíonn léargais aonteacha coitianta ag daoine nuair atá siad ag obair leis an aistriúchán, agus í ag plé faoin chóras oideachais i dTuaisceart Éireann agus an Ghaeilge. Níl sé deacair a shamhlú mar sin, gur tharla agus go dtarlaíonn an rud céanna sa réimse seo agus daoine ag déanamh ríomhchlárúcháin. Lena chois sin, agus na húdair ag caint ag plé míosúil de chuid Python Ireland i mí Lúnasa 2024, iarradh orainn labhairt ar dhearcadh an aistritheora ar an aistriúchán agus ar an uathobriú, agus a thaispeáin do ghrúpa ríomhchlárúitheoirí a raibh i láthair cad é mar atá sé a bheith i d’aistritheoir. Tugann an ríomhchlárúitheoir Ben Hamill (2017) faoi deara fosta go bhfuil tuairimí ag forbróirí bogearraí faoi theangacha nach dtagann leis an saol i ndairíre, go háirithe más cainteoir Béarla é an forbróir. Ní le haistriúchán nó le teangacha amháin a bhíonn fadhbanna ag forbróirí áfach (féach Jameslk, 2016) ach cuireann sé leis an smaoineamh go bhfuil míthuiscint sa réimse ar cad is aistriúchán ann agus go bhfuil obair le déanamh ann an mhíthuiscint seo a réiteach.

phróiseas aistriúcháin fosta. Cé gur féidir leis an meaisínáistriúchán a bheith úsáideach i dtéacsanna caighdeánaithe ar nós cáipéisí dlí nó le haistriúcháin theicniúla, is iad na huirlisí a thugann tacaíocht i dtaobh chruthaitheacht an aistritheora agus nach gcuireann bac uirthi na huirlisí is tábhachtaí i gcomhthéacs an aistriúcháin liteartha. Agus muid ag baint úsáid as *LLM* mar ghluais, thug muid faoi deara fosta go dtugann sé liosta i bhfad níos giorra de théarmaí féideartha, mar aon le míniú ar a roghanna, cé go bhféadfadh an toradh sin athrú de réir an spreagtha a thugtar dó. I gcomparáid leis sin, fuair na húdair amach gur chuidigh Míreadóir (agus a liosta fada roghanna) cruthaitheacht a spreagadh. Thug sé an deis dúinn machnamh a dhéanamh faoin fhocal a bheith oiriúnach dár gcomhthéacs sonrath, gan chomhairle ón uirlis í féin.

Ó thaobh forbairt bogearraí agus dea-chleachtais de, is gá sprioc ár bhfeidhmchláir a chur san áireamh chomh maith. Is féidir a áiteamh go mbíonn go leor d'aipeanna an lae inniu ag brath ar an Intleacht Shaorga (IS; *AI*) gan ghá. Chun meafar a úsáid, tig linn smaoineamh ar an chnagadóir fuinneoige (*window knocker*). Fadó, bhíodh daoine ag íoc as duine teacht chuig a dteach féin agus cnag ar a bhfuinneoga thuas staighre le cuaille fada chun iad a dhúiseacht agus lean an nós seo ar aghaidh go dtí gur cumadh an clog alárim. Is dócha mar sin, go bhfuil go leor de ríomhchláraitheoirí an lae inniu ag déanamh meaisíní cnagála fuinneog in áit cloig alárim. Mar shampla, d'fhéadfaí *chatbot* a úsáid in áit rúnaí chun coinní a chur in áirithe ach ní hé sin le rá go réitíonn sé an fhadhb a bhí ann ná go gcuireann sé le héifeachtúlacht, agus go ndéanfadh féilire roinnte cruthaithe gan IS an jab céanna (féach Montani, 2025).

Tá breithnithe a bhaineann le húsáid *LLM*anna i bhfad níos tábhachtaí i gcomhthéacs teanga mhionlaigh mar d'fhéadfadh *LLM*anna bréagaisnéis a chruthú. Murab ionann agus *LLM*anna, ní dhéanann Míreadóir (atá bunaithe ar réiteach simplí, cinnte, agus cinntitheach) é seo, áfach. Is mar gheall ar na cúiseanna seo a chreideann muid mar sin ná cé go bhfuil cuma ar an scéal go bhfuil Míreadóir simplí go leor ó thaobh teicneolaíochta de, tá a fhiúntas agus a thábhacht le feiceáil sa tsimplíocht sin.

Chomh maith leis sin, is mór an díospóireacht faoi láthair ar thionchar na ríomhairí agus IS ar réimse an aistriúcháin é féin (féach CEATL, 2020; 2023), agus cé go dtugann roinnt scoláirí le fios nach bhfuil gairm aistritheoirí i mbaol nó ar tí a bheith i mbaol mar gheall ar IS (agus nach bhfuil ann ach gur athraigh an obair), is cnámh spáirne é IS fós i réimse an aistriúcháin, agus aird dírithe ar an ábhar ag comhdhálacha agus in irisí go sonrath (féach Pym, 2023, 25:41; CEATL, 2023; 2024).

Is éasca aistriúchán uathoibrithe a shamhlú: ag athrú teanga amháin go teanga eile go láithreach, gan dua ná deacracht, agus luathsmaoineamh ea ba é do scríbhneoirí ficsin agus saineolaithe araon (Silverberg, 2009: 6; Hadley, 2020: 14). Le toradh so-aitheanta (.i. téacs aistrithe) agus próiseas a bhfuil an chuma air go mbeadh sé éasca a bhaint amach, ní haon ionadh é mar sin gur shocraigh forbróirí an próisis aistriúcháin a uathoibriú. Dealraíonn sé nach n-iarrann forbróirí comhairle a fháil ó aistritheoirí ná ó theangeolaithe eile ina ngairm áfach, agus nach ndearnadh comhoibriú, cé gur mhó an tairbhe don dá pháirtí seo (Pym, 2023, 14:51–15:13).

Mar sin féin, ní Luddaigh muid na haistritheoirí, agus níl muid ag iarraidh a bheith inár Luddaigh ach an oiread; mar a deir Anthony Pym (2023), ‘*refusing the advances of automation [...] is not the way forward*’ ach ba chóir dúinn a bheith cúramach go gcoinneoidh muidne – na haistritheoirí – i gcomhchaint leis na forbróirí, agus go mbainfeadh muid úsáid as an uathoibriú seo ar bhealach a théann lámh ar lámh lenár ngairm féin, agus ar bhealach a chinntíonn ‘*that machines work for humans instead of humans working for machines*’ (Hansen, 2023: 12). D’fhéadfadh uathoibriú na gnéithe is leadránaí dár gcuid oibre a dhéanamh dúinn, ag fágáil na ngnéithe is cruthaithí agus is tairbhí faoi na haistritheoirí, agus seachas a bheith ag póirseáil fríd an fhoclóir, tig leis an aistritheoir díriú ar an obair is fearr leo. D’fhéadfá a rá gur ábhar íoróine é feidhmchlár leictreonach a chruthú le haird a dhíriú ar an uathoibriú, ach feictear dúinn go seasann Míreadóir mar chéim sa treo ceart, mar eiseamláir d’aistritheoirí agus d’fhorbróirí ag obair lena chéile chun an méid is mó a bhaint as ár ngairmeacha féin.

Conclúid agus na Céad Chéimeanna Eile

Agus leagan Míreadóir mar atá sé againn faoi láthair, is léir gur baineadh amach príomhaidhm na n-údar mar a bheartaigh muid: feidhmchlár leictreonach a chruthú atá ábalta fotheagráin sa Gaeilge a chuardach ar bhealach solúbtha. Ach ba as an phríomhaidhm seo a tháinig torthaí tánaisteacha nach raibh aon súil leo, agus Míreadóir ábalta feidhmiú mar chuidiú taighde agus foghlama, chomh maith lena phríomhúsáid beartaithe mar uirlis chuidithe aistriúcháin.

Ní ligfidh muid ár maidí le sruth chomh luath seo, áfach, agus athruithe agus gnéithe eile ar na bioráin againn agus muid ag súil go gcuirfidh sé leis an fheidhmchlár mar atá. Tá obair eile ar bun againn leis an mhéid is mó focal agus is féidir a roinnt ina moirféimí díorthacha, go dtí gur féidir cuardaigh ar bhonn moirféime a éascu. Níl bealach cruinn fós againn cuardach a dhéanamh ar mhoirféim ar leith, go háirithe agus comhainmneacha nó focail leis an seicheamh litreacha céanna ann i dteanga na Gaeilge, fadhb a luaitear níos luaithe sa pháipéar seo. Is é an tasc atá ag na húdair faoi láthair, mar sin, ná clibeáil cheart a dhéanamh ar na sonraí go dtí gur féidir linn fíor-cheisteanna moirféimí a chur i bhfeidhm.

Nuair atá sonraí lipéadaithe againn, déanfar uasdátú ar mireadoir.ie chun gur féidir fíor-iarratais moirféimí díorthach a chuardach. Sa tslí sin, tá muid ag amharc ar mhodhanna cinnteachaíochta agus staitistiúla san am i láthair leis an aidhm seo a bhaint amach, chomh maith le bunú tionscadail eolaíochta saoránach (*citizen science project*) gur féidir leis an phobal cuidiú a thabhairt leis an tasc ollmhór seo. Ábhar suimiúil is ea í an úsáid seo, agus seans go dtabharfadh sé tacaíocht d’aistritheoirí atá sa tóir ar aistriúcháin caol-ar-chaol nó go mbeadh sé suimiúil i bplé a bhaineann le tionchar an ionchomharthuithe fofhocail (*sub-word tokenisation*) ar thascanna NLP i dteangacha atá saibhir ó thaobh morfeolaíochta de chomh maith (Libovický & Helcl, 2024).

Mar chonclúid, is tábhachtach súil a chaitheamh ar an tionchar a bhí ag an fheidhmchlár é féin ar na húdair. Thug Míreadóir deis dúinn a bheith ag oibriú i ndisciplín coimhthíoch, taobh amuigh dár réimsí saineolais féin; a bheith ag obair le cara agus comhghleacaí, agus ag déanamh ár ndícheall fadhb a d'aithin muid féin a réiteach. Oscailt súl a bhí a ann a bheith ag múineadh agus ag foghlaim sa dóigh seo agus tá súil againn a bheith ag obair lena chéile ar Míreadóir amach anseo agus an comhar a choinneáil ag dul.

Buíochas

Ba mhaith leis na húdair a mbuíochas a ghabháil le Foras na Gaeilge as a gcuid tacaíochta leis an tionscadal seo, le Python Ireland as a gcuid misnithe agus comhairle, le Clíodhna Nic Giolla Chomhaill agus le Maitiú Ó Coimín.

Tagairtí

Bery, A. (2007) *Cultural Translation and Postcolonial Poetry*. Basingstoke agus New York: Palgrave Macmillan.

Ó Donaill, N. (1977) *Foclóir Gaeilge-Béarla*. BÁC: An Gúm.

Corbett, E. (2025) 'An Gearr Uainn Ré Dhorcha Dhigiteach na nGael?' *Comhar*, iml. 85, uim.1. Eanáir. 22–5.

Jakobson, R. (1992) 'On Linguistic Aspects of Translation.' Schulte, R. & Biguenet, J. (eag.) *Theories of Translation: An Anthology of Essays from Dryden to Derrida*. 144–51. Chicago & London: The University of Chicago Press.

Novajra, F. (2023) 'No one, no language and no book left behind,' *Counterpoint*, uim.10. 6–8.

Ó Coimín, M. (2024) 'An Ghaeltacht Dhigiteach.' *Comhar*, iml. 84, uim.12, Nollaig. 6–7.

Silverberg, R. (2009) 'Reflections: Hic Rhodus Hic Salta.' *Asimov's Science Fiction*, Eanáir. 6–9.

Strümper-Krobb, S. (2021) 'Focus on the Translator: At the Intersection of the Fictional Turn and Literary Translator Studies.' *Translation Ireland*, iml. 21, uim.1. 21–35.

Foinsí Leictreonacha

An tAontas Eorpach. (2024) *IATE: Interactive Terminology for Europe*.

<https://iate.europa.eu/>.

BBC Bitesize. (2025) 'Further Programming Language Operations – AQA'

<https://www.bbc.co.uk/bitesize/guides/zb33rwx/revision/1>.

CEATL. (2020) *Counterpoint*. Uim.4 [Eagrán Speisialta ar an Mheaisínáistriúchán].

<https://www.ceatl.eu/counterpoint>.

CEATL. (2023) *Counterpoint*. Uim.10. [Eagrán Speisialta ar IS agus an t-Aistriúchán

Liteartha]. <https://www.ceatl.eu/counterpoint>.

CEATL. (2024) 'Strasbourg Conference'. [https://www.ceatl.eu/achievements/](https://www.ceatl.eu/achievements/strasbourg-conference/)

[strasbourg-conference](https://www.ceatl.eu/achievements/strasbourg-conference/).

Castaldo, A.; Castilho, S.; Moorkens, J. & Monti, J. (2025) 'Extending CREAMT:

Leveraging Large Language Models for Literary Translation Post-Editing'. [https://](https://doi.org/10.48550/arXiv.2504.03045)

doi.org/10.48550/arXiv.2504.03045.

Corbett, E. (2022) 'Ó Chrosta go Cruthaitheach: Aistriúchán Oideolaíoch agus an

Ghaeilge i gCóras Meánoideachais Thuaisceart Éireann.' *An Reiviú*. DOI: [https://](https://doi.org/10.13025/sytg-cn95)

doi.org/10.13025/sytg-cn95.

Corpas na Gaeilge. (2024) <https://www.corpas.ie/ga/cng/>.

Dúchas.ie. (2024) <https://www.duchas.ie/ga>.

Foras na Gaeilge & Gléacht Corporation. (2012) *WinGléacht* [Leagan 1.0-R].

Foras na Gaeilge. (2024a) *Foclóir.ie*. <https://www.focloir.ie/ga/>.

Foras na Gaeilge. (2024b) *Teanglann.ie*. <https://www.teanglann.ie/ga/>.

- Gaelchultúr Tta. (2014) 'Fís agus Foghlaim – Físeán 2 – Firinsneach ó baininsneach?' [Físeán YouTube]. https://www.youtube.com/watch?v=pF9koKDXArE&list=PL7wLVDMegS1RwEu_jnVOPwtHUVSLdKpH&index=2.
- Gaois.ie. (2024) <https://www.gaois.ie/ga>.
- Guerberof Arenas, A. & Toral, A. (2022) 'Creativity in Translation: Machine Translation as a Constraint for Literary Texts.' *Translation Spaces*. <https://doi.org/10.48550/arXiv.2204.05655>.
- Hadley, J. (2020) 'Literary Machine Translation: Are the Computers Coming for Our Jobs?' *Counterpoint*. 14–8. <https://www.ceatl.eu/counterpoint>.
- Hadley, J. (2024) 'Artificial Intelligence: Useful Tool or False Friend?' *CEATL European Conference on Literary Translation* [taifeadadh painéil]. https://www.youtube.com/watch?v=B_1YNpGUvsM&list=PL4H_fYc79tj6TKRRiFO_tz9ikU38XXZD&index=10.
- Hamill, B. (2017) 'Falsehoods Programmers Believe about Language.' *garbled.benhamill.com* [blag pearsanta]. 18 Aibreán. <https://garbled.benhamill.com/2017/04/18/falsehoods-programmers-believe-about-language>.
- Hansen, D. (2023) 'The Ambivalence of Machine Translation and AI: Resource or Replacement?' *Counterpoint*, uim.10. 9–12. <https://www.ceatl.eu/counterpoint>.
- jamesIk [ainm úsáideora]. (2016) 'Awesome Falsehoods.' <https://github.com/jamesIk/awesome-falsehoods?tab=readme-ov-file>.
- Jones, M. & Corbett, E. (2024). Míreadóir. <https://mireadoir.ie/>.
- Libovický, J. & Helcl, J. (2024). *Lexically grounded subword segmentation. Proceedings of the 2024 Conference on Empirical Methods in Natural Language Processing*. 7403–20. Association for Computational Linguistics. <https://aclanthology.org/2024.emnlp-main.421.pdf>.
- Litriocht.com (2024) 'WinGléacht' [Liostú leabhair], <https://www.litriocht.com/siopa/wingleacht/?lang=en>.
- Logainm.ie. (2024) <https://www.logainm.ie/ga/>.

- Mac Lochlainn, A. & Ní Mhaonaigh, S. (2022) *Aistear*. <https://www.aistear.ie/>.
- Měchura, M. B. (gd) *Pota Focal*. <http://www.potafocal.com/>.
- megajoules8 [ainm úsáideora]. (2025) 'Mirador' [eolas ar Míreadóir].
<https://github.com/megajoules8/Mirador/blob/master/README.md>.
- Montani, I. (2025) 'Reality is Not an End-to-End Prediction Problem: Applied NLP in the Age of Generative AI.' <https://www.analyticsvidhya.com/datahacksummit-2024/sessions/reality-is-not-end-to-end-prediction-problem-applied-nlp-in-the-age>.
- Ó Coileáin, S. (2017) 'Réimíreanna agus Iarmhíreanna' [nótaí léachta], Léann an Aistriúcháin, Ollscoil na Gaillimhe.
- Ó Scanaill, C. (2019) *Foclóir Rímeanna, 1.0*. Cadhan Aonair. <https://kevinscannell.com/files/foc.pdf>.
- Pym, A. (2023) 'AI and the Future of Translation. In Search of Evidence.' [fiseán]. <https://www.youtube.com/watch?v=46rUOOmNlkA>.
- Scannell, K. P. & Měchura, M. B. (2015). *Intergaelic*. <http://www.intergaelic.com/>.
- Téarma.ie. (2024) <https://www.tearma.ie/>.
- Téarma.ie. (2024) 'Saoróg' [iontráil foclóireachta].
<https://www.tearma.ie/q/saor%C3%B3g/>.
- Téarma.ie. (2025) 'Cuardach Casta'. Ar fáil ag: <https://www.tearma.ie/cabhair/cuardach-casta.en>.



Tionchairí agus an Ghaeilge ar an bhFearann Fíorúil

Rosemary Day

<https://doi.org/10.13025/29639>



(Cuireadh leagan den pháipéar seo i láthair ag comhdháil CARTLANN – ‘Gníomhaíochas, an Ghaeilge agus na Meáin’ in Ollscoil na Gaillimhe ar 13 Aibreán, 2024. An tÚdarás um Ard-Oideachas, faoin gClár Taighde Thuaidh-Theas, a mhaoinigh CARTLANN.)

Tá Gaeilgeoirí óga den uile chineál ag feidhmiú mar thionchairí ar na meáin shóisialta le tamall anuas. Déanann an plépháipéar seo scrúdú ar an aschur atá ag cuid acu agus ardaíonn sé ceisteanna faoi na luachanna atá á gcur trasna acu sna teachtaireachtaí a chruthaíonn siad.

Baineann cuid de na luachanna seo le cur chun cinn agus forbairt na teanga ar an gcaoi a bhfuil taithí againn uirthi ó bunaíodh Conradh na Gaeilge breis agus céad bliain ó shin. Luachanna ar nós féiniúlachta, ársacht ár n-oidhreacht agus miotas na gCeilteach, mar shampla. Ach tá luachanna níos comhaimseartha le feiceáil sna méimeanna agus sna fiseáin ghearra a chuireann an t-aos óg amach chomh maith – ón ngluaiseacht ghlas agus cúraimí aeráide go dtí féinchothú agus cúram pearsanta, idir chúram áilleachta agus chúram coirp. Tá na luachanna seo á gceangal ag tionchairí óga leis an nGaeilge agus á n-ionramháil chun a gcuid spriocanna pearsanta féin a bhaint amach. Spriocanna ar nós brabach airgid, uailmhian gairme agus clú agus cáil a bhaint amach dóibh féin.

Díríonn an plépháipéar ar chumarsáid dhátheangach tionchairí óga ar Instagram agus ar TikTok in 2024–2025 go príomha. Scrúdaíonn sé cuid de na bealaí ina mbaineann tionchairí le Gaeilge úsáid as an teanga agus as luachanna áirithe a cheanglaíonn siad le chéile ina gcuid

postálacha. Táthar ag súil go spreagfar léitheoirí chun díospóireachta agus scoláirí chun taighde. An bhfuil impleachtaí teanga agus cultúrtha ag baint le haithris ar fhaisin agus le haistriúchán ar chumarsáid na meán sóisialta trí Bhéarla? An cuma cén caighdeán Gaeilge a labhraítear? Ceistíonn an t-alt seo an toradh a bheidh ag na fiseáin bheaga amach anseo – ar chaighdeán teanga, ar fhorbairt pobail agus ar fhéiniúlacht shainiúil an phobail teanga. Cén rian a fhágfaidh na tionchairí seo ina ndiaidh?

Agus muid sa dara ceathrú den 21ú haois, is féidir a rá gurb iad na meáin dhigiteacha atá i gceist ag an gcuid is mó againn nuair a labhraímid faoi na meáin chumarsáide. Cé go bhfuil na meáin chraolta agus an preas fós ag feidhmiú, is ar líne a chaithimid ár saol go príomha. Tá na meáin thraidisiúnta díograiseach ag iarraidh ábhar a sholáthar ar líne agus pobal leanta a chothú ionas nach mbáfar iad go hiomlán. Tá ag éirí go maith le cuid acu an t-athrú go hardáin dhigiteacha a dhéanamh, ar nós RTÉ News Now, atá ar an gcéad áit a dtéann daoine chun an nuacht a fháil go laethúil in Éirinn (Reuters, 2024) agus i saol na Gaeilge, ag TG4 le [Bloc](#) agus le [Molscéal](#) a chuireann raidhse ábhar spéisiúil amach do dhá spriocphobal éagsúla. Mar sin féin, tá nuachtáin, ach go háirithe, ag fulaingt ag féachaint ar a gcuid léitheoirí, agus a gcuid airgid, ag bogadh go fógraíocht ar líne agus tá stáisiúin raidió agus teilifíse ag iarraidh iompú ar sholáthar ar líne chomh tapaidh agus is féidir leo, rud a shúann fuinneamh agus acmhainní.

Siar sa bhliain 2008, chonaiceamar an fón cliste agus na haipeanna a ghin sé den chéad uair agus thosnaíomar, mar dhaoine aonaracha, ag gabháil le pobal ar líne trínár ngníomhaíocht ar Facebook agus ina dhiaidh sin ar Twitter mar a bhí. Thuigeamar go raibh rud éigin úr agus nuálach anseo. Bhí daoine ag glaoch ‘*New Social Media*’ ar na hardáin dhigiteacha seo ach go fíorghairid ina dhiaidh, giorraíodh é seo go ‘*Social Media*’ agus cúpla bliain ó shin giorraíodh siar arís é go ‘*Social*’ i mBéarla. Agus mairimid, idir óg agus aosta, ar na fóin chéanna nó ar an bhfearann fíorúil mar a bhaist Róisín Ní Dhonncha ar an saol cumarsáideach ar líne. Is chuig an bhfón a théimid anois chun gach eolas a aimsiú, le dul i dteagmháil leis an domhan mór agus bímid, idir óg agus aosta, ag scrolláil de shíor.

Ós rud é go bhfuilimid sáinnithe leis an gcumarsáid seo, leis na bealaí a dtagaimid ar eolas, leis an mbealach a ndéanaimid teagmháil lena chéile agus leis an gcaoi a mbainimid ciall as na blúiríní a chuirtear os ár gcomhair, is cinnte go bhfuil éifeacht ag na meáin shóisialta orainn. Nuair a thugaimid faoi deara an méid ama a chaithimid ar ár bhfóin agus ar an tús áite a thugaimid don fhón i rith an lae (agus fiú thar oíche), is léir gur fiú breathnú ar thionchar na dteachtaireachtaí agus ar thionchar na modhanna cumarsáide digiteacha seo orainn mar dhaoine aonaracha agus mar chuid de mhórphobail. Conas a mhúnlaíonn an saol ina mairimid ar an bhfearann fíorúil sinn? Conas a mhúnlaíonn an chaoi a mbainimid úsáid as na hardáin sinn? Conas a thagaimid ar thuiscint ar an saol mór agus orainn féin mar shaoránaigh agus mar dhaoine ionainn féin ar an bhfearann fíorúil? Ceisteanna móra, fealsúnachta iad seo

atá á gcíoradh ag an lucht acadúil ar nós Turkle (2011) agus Verbeek (2020) le fada agus iad ag tarraingt ar leithéidí Heidegger agus Borgmann. Tá súil agam go spreagfaidh an t-alt seo díospóireacht agus taighde orthu.

Nuair a thosnaímid ag breathnú ar mhionphobail teanga, tá ceisteanna níos spéisiúla fós le cur leis na ceisteanna thuas. Tá an pobal Gaeilge beag, ní haon phobal amháin é ó thaobh áit chónaithe, aoise srl. agus ní pobal ar aon leibhéal líofachta é ach an oiread (O'Rourke & Walsh, 2020). Tuigeann cách go bhfuil an teanga i mbaol ach tá fás gan chompás le tamall anuas ar líon na dteachtaireachtaí i nGaeilge atá á gcur amach ar líne agus tá líon na n-údar a ghineann iad ag fás chomh maith céanna. An fás agus forbairt ar úsáid na teanga iad seo? Is fiú taighde a dhéanamh ar chaighdeán na Gaeilge agus ar líofacht nó cumas cainte na dtionchairí seo ach ní chuige sin atáim sa phléphaipéar seo. Is iad na luachanna a léirítear sna teachtaireachtaí gairide seo is spéis liom. Is mian liom na haidhmeanna atá taobh thiar díobh agus na feidhmeanna a mbaintear astu a chíoradh ag tarraingt ar an struchtúrachas agus staidéir chultúrtha. An féidir linn teacht ar thuiscint ar an tionchar atá ag tionchairí na Gaeilge ar shaol agus ar thodhchaí na Gaeilge?

Feictear dom go bhfuil ar a laghad dhá chatagóir d'údair i gceist anseo: iad siúd a bhaineann le heagrais stáit nó deonacha atá ag saothrú chun an teanga a chur chun cinn agus iad siúd a dhéanann cumarsáid trí Ghaeilge, nó go dátheangach, chun a spriocanna féin a bhaint amach – airgead a thuilleamh, clú agus aird a tharraingt orthu féin agus an Ghaeilge in úsáid mar an USP (*Unique Selling Point*) atá acu le go seasfaidh siad amach i lár aonach na meán sóisialta. Glactar leis gur ag iarraidh an teanga agus an pobal Gaeilge a chothú agus a fhorbairt atá na heagrais dheonacha agus stáit. An ar leas nó ar aimhleas na teanga agus phobal na Gaeilge í an chumarsáid atá á saothrú agus á cothú ag na tionchairí óga atá ag feidhmiú as a stuaim féin?

Is éasca aithmeanna agus cuspóirí na n-eagrais stáit agus na n-eagrais deonach a aithint agus iad i mbun a gcuid cumarsáide ar líne. Tá cuid acu luaite, go soiléir ar a shuíomhanna idirlín agus ina bpleananna gníomhaíochta. Ina measc, feicimid na haidhmeanna seo – an Ghaeilge a chaomhnú agus a fhorbairt; tacaíocht a thabhairt agus acmhainní a áiteamh don Ghaeltacht; forbairt phobail ag leibhéal éagsúla líofachta (Féach Foras na Gaeilge agus Conradh na Gaeilge). Agus tá na luachanna ar a dtógtar na haidhmeanna agus na feachtais chumarsáide a riarann siad le sonrú go soiléir ina gcuid teachtaireachtaí ar líne. Luachanna iad seo a gineadh le linn na hAthbheochana agus na Réabhlóide ar nós náisiún úr, neamhspleách a thógáil trí imeachtaí agus cleachtais chultúir trí Ghaeilge; miotais agus ársacht Cheilteach agus tréithe sainiúla na nGael, mar a thuig siadsan iad.

Tuigeann eagrais stáit agus eagrais fhorbartha teanga an chumhacht agus na buntáistí a bhaineann leis na meáin shóisialta. Tá feachtais shnasta á rith ag Foras na Gaeilge agus ag Conradh na Gaeilge le cúpla bliain anuas ar Instagram, Facebook agus X (Féach: <https://www.tiktok.com/@cnagaeilge> agus <https://www.instagram.com/cnagaeilge/>). Glacfaimid leis go bhfuil polasaithe ag múnlú na dteachtaireachtaí atá á gcur amach acu agus go bhfuil

cúram á thabhairt acu do chaighdeán na Gaeilge sna teachtaireachtaí sin. Is eagrais údarásacha, sheanbhunaithe iad seo a bhfuil stair agus freagrachtaí ó thaobh chaomhnú agus fhorbairt na teanga orthu le fada an lá. Tarraingíonn siad ó thobar na seantróp ina samhlaíonn muintir na tíre seo iad féin mar chine faoi leith nó mar náisiún nach bhfuil ar aon dul le muintir Shasana agus leis an domhan mór. Fiú dóibh siúd gan Ghaeilge, is cuid den siombalachas a ghabhann leis an teanga i samhlaíocht an phobail go náisiúnta an ceangal idir na tréithe seo agus Éire agus 'Éireannachas'. Feicimid iad seo sa sampla seo ó Sheachtain na Gaeilge, 2021 le [Imelda May](#). Agus baintear úsáid as a bhfuil bainte amach ag na heagrais go dtí seo sa cheann seo ó Choláiste na bhFiann agus Cumann na bhFiann, 2019, ina gcuireann siad an bród as comhaimsearthacht na Gaeilge agus a bhfuil bainte amach ó thaobh chearta teanga chun tosaigh.

Ach cad faoi na daoine aonarach a chuireann míreanna agus físeáin ghairide amach go rialta? Cé na luachanna atá acu sin? Tionchairí a ghlaitear orthu seo go hiondúil agus ar nós tionchairí i saol an Bhéarla, is daoine óga, a bhfuil spriocanna pearsanta acu iad seo ar an mórchuid. Téann daoine i ngleic le hardáin ar líne chun leantóirí a chruinniú ar chúpla cúis – go príomha chun airgead a dhéanamh dóibh féin nó chun cáil agus aird a tharraingt orthu féin. Ag an leibhéal is bunúsaí, ní aidhmeanna teanga ná pobail sa tseanchiall mar a thuig lucht na hAthbheochana atá acu ach aidhmeanna pearsanta chun a saol féin a mhaoiniú tríd airgead a thuilleamh agus a mbranda féin a chur chun cinn. Tá an difríocht seo chomh bunúsach leis an difríocht idir an caipitleachas agus an t-altrúchas.

Tá rian láidir de na luachanna a bhrúnn Foras na Gaeilge agus Conradh na Gaeilge le sonrú i dteachtairachtaí gairide thionchairí óga na linne seo ar Instagram srl. ach tá luachanna comhaimseartha le feiceáil iontu chomh maith. Luachanna a spreagann iad mar ghlúin agus tá na cúiseanna móra a ghoilleann ar an nglúin a thugaimid na Mílaoisigh orthu le feiceáil sna postálacha a chrochann siad ar líne. Ina measc tá an Ghluaiseacht Ghlas, cúraimí aeráide, cearta daonna, féinmhuinín agus féinchothú.

Tá an-chuid samplaí de dhaoine ag cur teachtaireachtaí go dátheangach amach a cheanglaíonn spéis sa dúlra agus an teanga, mar shampla, ag 'Slí _na-ruadh' as Cill Mhantáin atá ar Instagram. Sa cheann seo tá sé ag fógairt bealaí le daoine le spéis sa Ghaeilge agus sa dúlra a thabhairt le cheile i nGleann Dá Loch. Tá an bhuairet faoi athruithe aeráide le sonrú go láidir i go leor acu, mar shampla, postálacha ó Éinne Ó Cathasaigh, ón Rinn agus '[An Bord Dúlra](#)' ar Instagram agus TikTok.

Tá cearta daonna mar chloch ard ar phaidrín na dtionchairí óga seo. Baineann siad leas go rialta as an ardán atá cruthaithe acu chun tacaíocht a earcú d'fheachtais éagsúla a bhaineann le daonnúlachas ar nós síochána nó feachtais fhrithchogaidh. Mar shampla, Eoin P. Ó Murchú, AKA Murchadh Mór agus a thacaíocht á léiriú aige ar X do [mhuintir na Palaistíne](#). Ó chroch sé é sin in airde, tá an-chuid eile postálacha crochta ag Gaeilgeoirí eile agus san earrach 2025,

tá feachtas tacaíochta á fhógairt ag Conradh na Gaeilge, ag tógáil ar thacaíocht na glúine óige do mhuintir na Palaistíne. Nó d'fhéadfaí breathnú ar go leor postálacha a chrochann Ciara Ní É in airde a bhaineann le cearta muintir LGBTQ+.

Tá féinmhuinín ag na tionchairí seo astu féin go pearsanta agus mar ghlúin, aithníonn siad iad féin mar shaoránaigh den domhan mór, gan eagla, gan náire. Casann siad a gcúl leis an easpa muinín iarchoilíneach a choinnigh go leor dá sinsir thíos. Coinníonn siad cuid de na seanluachanna thuasluaite ina dteachtaireachtaí ach tá athruithe le tabhairt faoi deara ar an gcaoi a láimhseálann siad iad. Mar shampla, nuair a bhíonn siad ag tarraingt ar mhiotais agus ársacht, go háirithe ar an 'gCeilteachas' is ar bhealaí an fhaisin idirnáisiúnta 'Nua-aoiseachas' a dhéanann siad iad seo a ionramháil. Cuireann siad béim ar chothú pobail ach is leantóirí atá uathu seachas pobal sa tseanchiall mar a thuig a dtuismitheoirí é. Tá tús áite tugtha don dátheangachas, ar úsáid an chúpla focal, fiú ag tionchairí atá líofa. Téann siad i muinín na steireotípeanna den seanchleachtas ag brath ar theachtaireachtaí faoi 'cheol agus craic' nó le dreach tíre 'An tOileán Glas' le tithe ceann tuí srl. Mar shampla, an ceann seo ó thionchaire óg atá ag taisteal mórthimpeall an domhain faoi láthair, #GaeilgeGrace. Ach tugann siad faoi shiamsaíocht níos nua-aimseartha chomh maith, mar shampla, rap Kneecap @kneecapceol agus greann 'stand up', mar shampla ag Bláithín de Búrca @beingbla.

Is fiú aird a tharraingt ar dhá chineál postálacha ar Instagram agus TikTok mar fheiniméin spéisiúla iontu féin: na teachtaireachtaí a chuireann tionchairí atá 'ag múineadh Gaeilge' ar líne agus na teachtaireachtaí ó thionchairí atá ag baint úsáid as an méid Gaeilge atá acu ag súil go gcuirfidh siad leis an méid leantóirí atá acu. Sa dá chineál seo táimse ag díriú ar thionchairí le réimse líofachta ó dhaoine a d'fhoghlaim Gaeilge agus a labhraíonn go maith í go daoine le Gaeilge fíorlíofa.

Tá ar a laghad duine in aghaidh na seachtaine ag teacht ar Instagram agus ar TikTok faoi láthair ag tairiscint cabhrach do dhaoine atá ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim. Beirt atá ag treabhadh an ghoirt seo ná Mollie Guidera, #Irish with Mollie agus Molly Nic Céile nó #Gaeilge I mo Chroí. Tá cúrsaí bunúsacha Gaeilge á dtairiscint acu beirt le cúpla bliain anuas. D'éisigh Nic Céile leabhar crua um Nollaig 2024 *Gaeilge i mo Chroí* a bhuaigh gradam ag Gradaim Leabhar An Post 2024. Sa nasc seo feicimid í ag múineadh an natha chainte 'tá an ceart agat'. Níl ann ach nath amháin agus is postáil ghairid í. Labhraíonn Guidera níos mó Béarla ina cuid postálacha ná a labhraíonn Nic Céide. Cuireann sí giotaí gairide in airde ar Instagram chun daoine a mhealladh chuig a cuid ranganna, ranganna a n-íocann siad astu. Tugann sí tairiscint do dhaoine rang iomlán a thriail saor in aisce ar dtús, mar bhlaiseadh den chúrsa iomlán agus iarrann sí ar dhaoine cliceáil agus clárú do na ranganna ar an mbealach sin. Feicimid cuid de na luachanna thuasluaite i bpostálacha Guidera. Go minic tugann sí seanfhocal amach i mBéarla agus i nGaeilge agus tarraingíonn sí aird an leantóra ar áilleacht agus ar ársacht na teanga. Ceanglaíonn sí iad seo leis an nua-aoiseachas freisin, mar shampla, tugann sí cuireadh do dhaoine freastal ar 'Master classes in Irish... where I will guide you through this healing and revealing journey', nó sa phodchraoladh seo uaithi.

Is samplaí iad an dá Mholly de dhaoine le Gaeilge, a aithníonn go bhfuil margadh ann chun an teanga a mhúineadh agus tá siad ag soláthar ábhair dá réir. Tá Gaeilge chaighdeánach acu agus an bhunfhoghraíocht cruinn acu. Deineadh a leithéid ó chianaibh san fhíorshaol, níl aon ní úr faoi seo ach amháin go bhfuil teacht acu ar níos mó scoláirí ar líne toisc gur páirc dhomhanda é an fearann fíorúil.

Cuid den strus a bhaineann le bheith i do thionchaire ná go mbíonn orthu físeáin ghairide a chrochadh ar líne go han-mhinic chun a gcuid leantóirí a shásamh agus a choinneáil agus chun leantóirí nua a mhealladh chucu. Bíonn sé deacair smaoineamh ar ábhair agus ar chur chuige úr gach babhta. Déanann siad aithris ar na tionchairí a leanann siad féin, d'fhéadfaí 'feiniméan na haithrise' a ghlaoch air mar is faisean nó cleachtas coitianta é. Pé teachtaireacht nó físeáin a chrochann tionchaire mór le rá a chruinníonn leantóirí chucu, beidh daoine ar an bhfearann fíorúil ag déanamh aithris orthu scun scan. Tá an-chuid daoine ag dul ar líne ag tairiscint cabhrach le Gaeilge a fhoghlaim agus is aithris dhíreach atá ar siúl acu ach níl cumas teanga ná bunús oideolaíoch ag baint leis na físeáin a chuireann cuid acu suas. Mar shampla #Heyitsstuart ar TikTok (a mhaíonn milliún leantóirí) nuair a insíonn sé dá lucht leanúna go ndeirtear 'Céad míle fáilte chun 'Hello' a rá i nGaeilge.

Faisean eile aithrise atá le sonrú go láidir ar TikTok agus ar Instagram agus mé ag scríobh an ailt seo (earrach 2025) ná liosta focal a thabhairt amach, go mall 'mar chabhair' do dhaoine a shamhlaíonn na tionchairí ar mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Ní mar chuid de chúrsa foghlama a chuirtear iad seo in airde ar na meáin shóisialta, níl taighde ná ullmhúcháin ná oideolas mar bhunús acu mar atá ag leithéidí Duolingo. Go hiondúil is postálacha aonaracha iad agus ní thagann aon ní ina ndiaidh chun cur leis an bpróiseas foghlama. Tugann siad liosta focal a bhaineann le réimse áirithe amanna nó níos minice fós, níl aon cheangal eatarthu mar shampla ó #GaeilgeGrace nó an sampla seo ó Eadaoin Fitzmaurice, Éireannach san Ástráil, agus í ag tabhairt liosta frásaí i nGaeilge a bheidh úsáideach do ghlúin na Mílaoiseach, dar léi, mar shampla conas 'Báinín' (*Flat White*) a ordú agus 'Táim gafa le m'fheistean an lae' (*I'm obsessed with my outfit of the day*).

Déanann tionchairí eile ceap magaidh astu ar nós Eoin P. Uí Mhurchú, #Murchadh Mór. Ach go minic, níl aon íoróin ná féinbhreithniú á chur acu lena gcuid aineolais agus tá neart samplaí de sin le fáil. Má chuireann an léitheoir #GAEILGE nó @Gaeilge mar lorgfhocal isteach in Instagram nó TikTok, tiocfaidh deich nó fiche sampla suas láithreach bonn.

Ar ndóigh tá tionchairí ann atá níos díograisí agus níos inniúla leis an gcineál 'múineadh' seo agus cruthaíonn siad sruth de 'chláracha' gairide ina bhfuil loighic agus comhthéacs le sonrú iontu. Mar shampla, mar atá á dhéanamh ag Molly Nic Céide (#Gaeilgeimochrói) thuasluaite nó ag Megan O'Connor, (#MúinteoirMeg) agus iad amuigh ag siopadóireacht agus ag tabhairt ainmneacha na gcineálacha bia a fheiceann siad dá leantóirí. Féach na samplaí seo ó #GaeilgeJane nuair a thugann sí an cuireadh seo dá leantóirí 'Tar ag siopadóireacht liom' san fhíseán seo ar TikTok agus ó Mhúinteoir Meg nuair a thugann sí cuireadh do dhaoine breathnú uirthi i mbun ghnáthimeachtaí an tSathairn.

Nílímse ag plé ceisteanna caighdeáin ná fiúntas na ‘modhanna múinte’ anseo ach is mian liom aird a tharraingt ar na cúiseanna a ngineann tionchairí na teachtaireachtaí seo agus ar na luachanna a mbaineann siad feidhm astu. Tuigimid gur chun líon a leantóirí a mhéadú ar mhaithe le hairgead a thuilleamh nó le cur lena gclú a théann siad i mbun na hoibre ar líne agus ar ndóigh, cuireann clú – le líon leantóirí – le hairgead a charnadh. Agus tá an ceart ag éinne sa chóras eacnamaíochta atá againn in Éirinn, an caipitleachas, é sin a dhéanamh. É sin ráite, an gá dúinn a bheith buartha fúthu?

Is iad na luachanna agus na tuiscintí cultúrtha as a dtarraingíonn siad a dteachtairachtaí is mó a bhfuil spéis agam iontu. Cuid acu seo, baineann siad le heispéireas agus saol an duine óig san 21ú haois, is cuma cén teanga a labhraíonn siad. Tá dearchtaí, próisis smaointe agus múnlaí cumarsáide idirnáisiúnta, go príomha cinn Mheiriceánacha, le feiceáil iontu. Mar a bhíonn á dhéanamh ag tionchairí mhórshaol an Bhéarla, bíonn téamaí *fitspo* / *fitspiration*, aiste bia agus smideadh á ionramháil acu agus go mion minic, is aithris lom ar an teachtaireacht agus ar mhúnla na teachtaireachta a chonaic siad i mBéarla atá in úsáid acu. An leisciúlacht í seo? An é nach bhfuil na tionchairí seo in ann smaoinemh ar fhíseáin nuálacha dá gcuid féin a cheapadh nó an comhartha é go bhfuil siad, ar nós thromlach an aosa óig thar na glúnta, ag iarraidh a bheith cosúil le gach éinne eile ina nglúin féin agus nach bhfuil siad ag iarraidh a bheith éagsúil ar aon slí?

Cruthú air seo ná an raidhse físeáin ghairide a cuireadh amach aimsir Sheachtain na Gaeilge 2024 ag déanamh aithrise lom ar an bhfeiniméan TikTok agus Instagram ‘*Get Ready with Me*’. Sna físeáin seo feicimid an fhéinmhuinín as a n-áilleacht atá mar shuaitheantas ag mná óga na linne seo – ar an bhfearann fíorúil, pé scéal é. N’fheadar an fíor go bhfuil an fhéinmhuinín chomh láidir seo iontu agus a chuireann siad in iúl ach ní i mbun cúrsaí síceolaíochta atáim anseo ach ag iarraidh aird a tharraingt ar fheiniméan cultúrtha agus daoine a chur ag machnamh ar na himpleachtaí atá aige ar mheon agus ar fhéinaitheantas an phobail a leanann na tionchairí seo. Tugann an tionchaire cuireadh dá leantóirí breathnú uirthi agus í ag cur a cuid smideadh ar a haghaidh agus déanann sise fógraíocht ar bhrandaí agus ar earraí a fuair sí saor in aisce (nó íocann na comhlachtaí í go díreach chun iad a thaispeáint). Ní hamháin go ndéantar aithris lom díreach ar an ngnás seo – bean óg ag caint lena leantóirí agus í ag breathnú isteach sa scathán / san fhón ceamara agus í ag díol earraí na háilleachta dóibh – ach déantar aistriúchán díreach ar an mBéarla a chloistear ó na tionchairí idirnáisiúnta chomh maith. An chéad chruthú air seo ná an teideal a thugann na tionchairí ar an bpostáil faoin bhféinchothú a chuireann siad ar líne. Aistríonn siad ‘*Get ready with me*’ go ‘Faigh réidh liom as Gaeilge’, nath nach n-úsáidfeadh cainteoir líofa mar thuigfidís é mar chuireadh do dhuine eile chun iad a dhíbirt uathu nó níos measa. Aistrúchán lom díreach ar an nath Béarla gan buntuisicint ar an nGaeilge is ea é seo agus feicimid an feiniméan céanna sa chur chuige – aithris lom díreach ar an gcaoi a ndíolann tionchairí cáiliúla smideadh agus earraí féinchothaithe dá leantóirí. Féach mar shampla [Miriam Mullins](#), a bhfuil 20,000 leantóir

aici. Rinne sí aithris díreach ar Laura Whelan, a bhfuil 164,000 leantóir aici. ‘Aistriú’ a deirim seachas ‘a dhéanamh’ trí Ghaeilge mar is aistriú agus aithris go huile is go hiomlán atá ar siúl anseo, gan smaoineamh, gan phearsanú. Tá an aithris seo cosúil leis an gcluiche ‘*Chinese Whispers*’ nuair a chuirtear an rud a chloistear ar aghaidh gan tuiscint, gan smaoineamh ar an mbrí. An chúis bhuartha dúinn í go bhfuil na teachtaireachtaí céanna atá á gcur amach ag na tionchairí móra, idirnáisiúnta á n-athchúrsáil sna físeáin ‘Ghaeilge’ seo? An teachtaireachtaí Gaeilge iad seo, ní ó thaobh dhonas na Gaeilge atá le cloisteáil iontu, ach an bhfuil aon ní iontu a bhaineann le bheith i do Ghael, nó i d’Éireannach ag baint leo? An bhfuil aon ní sainiúil iontu a bhaineann leis an bpobal a labhraíonn Gaeilge nach féidir leo a aimsiú sna mílte teachtaireacht i mBéarla? Muna bhfuil, an bhfuil aon dochar iontu ó thaobh chaomhnú teanga agus cothú pobail ar leith? An bhfuil fiúntas in aon chor iontu?

Seans go bhfuil – do na tionchairí iad féin agus iad ag lorg an *USP* sin a luaigh mé thuas. Feictear dom go bhfuil na tionchairí ar bheagán Gaeilge ag baint úsáid chliste as an nGaeilge ar an gcaoi chéanna is a bhaineann siad úsáid as aon fhaisean eile a fheiceann siad ag dul *viral*, mar shampla ‘Damhsa Iarúsailéim’ mar a bhí againn le linn Covid nó ‘Dúshlán na Leac Oighir’ mar a bhí againn roimhe sin. An cóir dúinn a bheith bródúil go bhfuil an Ghaeilge anois ‘*cool*’ nó ‘*hip*’ go leor chun a bheith in úsáid mar fheithicil ag tionchairí atá faiseanta, saibhir agus cumhachtach? Is fiú breathnú ar dhá shampla anseo. Sa cheann seo ó #BabyEmzo, baineann Emma Kearney, a bhfuil 251,000 leantóir aici, úsáid as an nGaeilge a d’fhoghlaim sí ar scoil, san fhoirmle chéanna ach le greann agus le roinnt féinmhagaidh.

Sa dara shampla a phioc mé ó rogha an-fhairsing, tá na tionchairí #AndreaandLewis, a bhfuil 1.1 milliún leantóir acu, ag déanamh an ruda chéanna. Is as Phórtó Ríce d’Andrea agus is as Éirinn dá fear céile, Lewis. Tabhair faoi deara go bhfuil Gaeilge níos cruinne in úsáid ag bean Phórtó Ríce a chuaigh ar líne chun ullmhú don fhíseán seo ná mar atá ag a fear céile a labhraíonn an teanga, dar léi. Ní hamháin sin, ach tá a cuid Gaeilge níos fearr ná an méid a chualamar ó roinnt de na tionchairí thuas a chuaigh ar scoil in Éirinn agus a bhí ag fógairt ‘Tá sé Seachtain na Gaeilge’.

Tá a fhios againn go múnlaíonn múnlaí cumarsáide múnlaí smaointe. Go minic cruthaíonn an cleachtadh ar úsáid na teicneolaíochta an cur chuige a mbainimid úsáid as chun smaoineamh ar conas tasc a chur i gcrích leis an teicneolaíocht chéanna. Mar shampla, na hathruithe a tháinig ar an gcaoi a gcumann scoláirí ailt nó údair leabhair ó tháinig bogearraí próiseála focal in áit pháir agus pinn. Is féidir dréacht i ndiaidh dréachta a chumadh agus tosnú ar scríobh i lár an téacs seachas téacs leanúnach a chumadh ón uair go bhfuairamar ríomhairí a ligeann dúinn codanna a athrú ó áit go háit agus muid ag scríobh (Turkle, 1996). Is léir go mbaineann tionchairí óga úsáid as na múnlaí agus as an gcur chuige a fheiceann siad in úsáid ag na tionchairí móra a leanann siad. An bhfuil impleachtaí ann do mheon agus dearcadh na leantóirí? Má tá, an bhfuil aon rud sainiúil ag baint le teachtaireachtaí na dtionchairí a dhéanann cumarsáid trí Ghaeilge nach bhfuil líofa nó dhátheangach? An bhfuil siad eagsúil

leis na tionchairí Béarla? An bhfuil peirspictíocht nó léargas agus tuiscintí éagsúla á nochtadh acu sa chumarsáid a dhéanann siad linn mar a theastaigh ó TG4 a chruthú tríocha bliain ó shin nuair a roghnaigh siad an mana ‘Súil Eile’? An bhfuil aon rian den ‘súil eile’ seo le feiceáil i dteachtaireachtaí na dtionchairí seo agus an gá dúinn a bheith buartha muna bhfuil? An bhfuil cúis bhuartha anseo don teanga nó don fhéiniúlacht Éireannach? Nó an comhartha iad na teachtaireachtaí seo go bhfuil an teanga beo bisiúil toisc go bhfuil sí ag athrú agus ag iompú níos gaire do mhúnlaí cainte agus múnlaí smaointe an oird hegomanaigh, Anglo-Mheiriceánaigh?

Ar an lámh eile, ní féidir a shéanadh go bhfuil leantóirí á gcruinniú chucu ag na tionchairí seo agus tá méid na ndaoine a chuireann teachtaireachtaí i nGaeilge bhacach ag méadú go laethúil. Ar ndóigh, tá roinnt daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu ag cur ábhar ar líne go dháttheangach chomh maith ach labhraíonn siad níos mó Béarla ná Gaeilge sna postálacha seo go hiondúil. Tá an tuiscint acu go bhfuil Béarla ag gach uile dhuine a thuirlingeoidh ar a shuíomhanna agus is fiú do theangeolaithe breathnú ar na himpleachtaí a ghabhann leis seo chomh maith. Feictear dom go bhfuil contrárthacht bhunúsach sna fiseáin dháttheangacha seo – cuirtear an Ghaeilge, an éagsúlacht a eascraíonn as teanga eile a úsáid, ar bharr na dteachtaireachtaí. Ach is seift í seo go hiondúil chun an *USP* sin a úsáid mar is i mBéarla atá pé cumarsáid thábhachtach á thabhairt. Nó déantar aistriú ar gach a ndeirtear i nGaeilge ach ní dhéantar amhlaidh ar a ndeirtear i mBéarla, toisc an tuiscint gur trí Bhéarla a fheidhmíonn an pobal seo a chothaítear. Tuigtear an Ghaeilge mar rud siombalach, mar shuaitheantas le go seasfaidh an tionchaire agus a leantóirí amach ó na tionchairí agus leantóirí eile ar an bhfearann fíorúil. Sampla maith den chur chuige seo ná an podchraoladh ‘*How to Gael*’ a tháinig ar an bhfód in 2024 agus atá tar éis fás go tréan le gigeanna beo agus trí dheiseanna teilifíse a fhorbairt chomh maith, mar shampla [an promo](#) seo ó Instagram.

Podchraoladh eile ar an bhfoirmle chéanna ná ‘Na Gael Gals’ ar Raidió RíRá. Cé nach labhraíonn ‘Na Gael Gals’ Béarla, tá múnlaí an Bhéarla go láidir ar an-chuid dá gcuid cainte. Is aithris ar mhodhanna cumarsáide an Bhéarla agus múnlaí cainte an Bhéarla a chloistear go minic sa [podchraoladh](#). Ní hionann sin agus an clár agus podchraoladh ‘Beo ar Éigean’. Cuireadh tús leis mar chláir raidió de chuid RTÉ agus is dóigh liom gur eiseamláir é do ‘*How to Gael*’ agus do ‘Na Gael Gals’. Foirmle úr de chláir Gaeilge a bhí in ‘[Beo ar Éigean](#)’ ina labhraíonn triúr ban, a bhfuil Gaeilge ó dhúchas nó ar ardchaighdeán acu, ar an gcaoi a labhródh siad lena chéile agus iad amuigh ag ól nó sa bhaile thar phota tae. Caint nádúrtha agus plé ar nithe ar spéis leo idir thopaicí troma agus éadroma ach is léir go bhfuil réamhphleanáil agus smaoinemh déanta acu sula dtosaíonn siad ar thaifead. Is fiú don léitheoir éisteacht leis na trí phodchraoladh chun na ceisteanna atá á n-ardú agam san alt seo a thomhas agus a mheas dó / di féin. Tá an cheist chéanna le cur: an comhartha iad seo de bhisiúlacht na teanga i measc na n-óg agus ar fhéinmhuinín na mban óg seo astu féin mar mhná, mar shaoránaigh Éireannacha agus mar Ghaeil? Nó an é go bhfuil aghaidh fidil Ghaeilge á caitheamh ag mná óga atá ar gach aon chaoi cosúil le mná an domhain fhorbartha Anglo-Mheiriceánaigh?

Ag breathnú ar na postálacha ar Instagram agus ar TikTok is léir gur chúis bhuartha ar leibhéal éigin d'aos óg na linne a bhféinaitheantas (/féiniúlacht?) mar chuid den chine Éireannach. Déanann siad iarrachtaí teacht ar bhealaí le cruthú gur Gaeil nó gur Éireannaigh iad agus a léiriú nach Sasanaigh ná Méiriceánaigh iad. Mar a rinne Conradh na Gaeilge breis agus céad bliain ó shin agus stát na hÉireann ina dhiaidh, déanann siad an ceangal idir teanga agus saineiúlacht. Tá teachtaireachtaí ag beagnach gach uile thionchaire a bhaineann úsáid as an nGaeilge le haimsiú ar an sruth ina ndéanann siad ráiteas ar thábhacht, ar áilleacht nó ar ársacht na teanga agus luann siad cé chomh tábhachtach is atá sí dóibh agus dúinn mar Éireannaigh. Ní luaim seo ar mhaithe le bheith ciniciúil ach is feiniméan é seo ann féin agus is fiú machnamh a dhéanamh air amach anseo. An é gur éirigh chomh maith sin le hiarrachtaí an stáit agus na n-eagras Ghaeilge le céad bliain anuas is go bhfuil an teachtaireacht sin inghlactha ag daoine óga nó an é go bhfuil siad ag teacht ar an tuiscint seo ar bhealach eile? Tugaim faoi deara go bhfuil níos lú teachtaireachtaí den chineál seo á chur amach ag na tionchairí is líofa a phostálann trí Ghaeilge ná mar a chuireann na tionchairí ar bheagán Gaeilge amach agus ní gan ionadh. Tá níos lú den bhuaire agus den easpa muiníne a eascraíonn as an iarchoilíneachas le brath sna físeáin acu sin. Tá féinmhúinín acu astu féin mar chuid den domhan mór le brath iontu. Ach dóibh siúd atá ar bheagán Gaeilge, bíonn siad ag impí ar a leantóirí fillleadh ar an teanga agus déanann siad é seo ar bhealaí traidisiúnta nuair a luann siad na luachanna a luadh ó thús na hathbheochana: ársacht; Ceilteachas, draíocht agus miotaseolaíocht, mar shampla.

Cé go ndearna mé idirdhealú idir ghníomhaíocht na n-eagras stáit agus deonach ar líne agus gníomhaíochtaí na dtionchairí aonaracha, is cóir a rá nach bhfuil deighilt dhaindeán, dhothrasnaithe eatarthu. Tá na láithreoirí, na luachanna agus an cur i láthair ag teacht le chéile i dtionscnaimh atá urraithe ag na heagrais stáit agus dheonacha toisc go n-aithníonn siad go bhfuil éileamh ar thionchairí áirithe. Íocann siad as daoine cáiliúla chun páirt a ghlacadh ina bhfeachtais agus tugann siad urraíocht do dhreamanna eile chun a dtionscnaimh féin a chur chun cinn, mar a chonaiceamar thuas le feachtas Chonradh na Gaeilge (agus Energia) le linn Sheachtain na Gaeilge, 2021 nó an urraíocht atá á déanamh ag Foras na Gaeilge ar Éinne Ó Cathasaigh chun ranganna Gaeilge a eagrú sa leabharlann i bPort Láirge. Ceann spéisiúil is ea an urraíocht atá á tabhairt ag Foras na Gaeilge do Mhanchán Magan dá Scoil Scairte leis *The Trail Blazery*. Sa cheann seo ó Facebook mar shampla, tagann gach téama a luadh san alt seo le chéile nach mór, ach gan ach corr focal Gaeilge in úsáid.

Cuid de na samplaí seo, is fógraí iad sa tseanchiall traidisiúnta. Daoine ag cur earraí nó seirbhísí os ár gcomhair ag iarraidh go dtabharfaimid airgead dóibh agus tá cuid acu eagraithe go snasta, go proifisiúnta agus go glic. Tá samplaí *The Trailblazery* an-spéisiúil. Feicimid conas a dhéantar go leor de na luachanna a luaim thuas a shníomh isteach sa chur i láthair agus sa bhlanda. Le hurraíocht ó Fhoras na Gaeilge, tá an comhlacht seo ag tairiscint cúrsaí ióga, aireachas, spioradáltachtas srl. mar a dhéanann na céadta in Éirinn inniu. Ach tá siad ag cothú ceangail le hársacht agus le miotais na gCeilteach agus leis an nGluaiseacht Ghlas agus leis an

nGaeilge chun breith ar chuid den mhargadh nach bhfuil aimsithe, tá súil acu, ag daoine eile. Is é Manchán Magan an duine a chuireann é seo os ár gcomhair sna fógraí a phostáiltear. Mar dhuine atá aitheanta óna chláracha teilifíse agus óna chuid leabhar, tarraingíonn sé aird orthu. Mar dhuine a scríobhann faoina phaisean do chaomhnú an phlainéid agus a mhaireann dá réir, mar dhuine den Ghluaiseacht Ghlas, seasann sé mar chomhartha nó mar shiombail de go leor de na luachanna seo. Tugann sé leis iad, go corpartha ann féin, nuair a labhraíonn sé le lucht scrollála Instagram, TikTok agus Facebook. Tabhair faoi deara, áfach, gur i mBéarla den chuid is mó a labhraíonn na láithreoirí anseo mar a chonaiceamar á dhéanamh ag na tionchairí aonarachá thuas. Baintear úsáid as an nGaeilge, ní chun cumarsáid fheidhmiúil a dhéanamh, sé sin chun eolas a thabhairt dúinn, ach chun atmaisféar Gaelach agus draíocht de shaghas éigin a tharraingt isteach sna físeáin. Is chun atmaisféar agus mothú ‘Ceilteach’ draíochtúil, ársa a chothú a úsáidtear an Ghaeilge.

Tá meascán spéisiúil de luachanna seanbhunaithe agus luachanna a bhaineann go príomha le glúin na Mílaoiseach le feiceáil sna méimeanna agus físeáin ghairide a chrochann tionchairí óga ar líne faoi láthair (2024–25). Ina measc tá deireadh ag teacht le buairt an iarchoilíneachais agus féinmhuinín ag teacht i réim iontu. Tá miotaseolaíocht, spioradáltacht, nua-aoiseachas, Ceilteachas le feiceáil in úsáid mar thróip chun na tionchairí iad féin a dhíol. Tá luachanna na Gluaiseachta Glaise agus na daonnúlachta mar théamaí i go leor de na postálacha a fheicimid agus ar an lámh eile tá ábharachas agus caipitleachas ag spreagadh na dtionchairí óga. Níl na seanluachanna imithe ach an oiread mar tá tuiscint ar thábhacht shiombalach na Gaeilge á léiriú in an-chuid de na físeáin agus tá bród as féiniúlacht shainiúil mar Éireannaigh le Gaeilge (seachas mar Ghaeil) in úsáid go mion minic ag an gcuid is mó acu.

Is feiniméan úr go maith é seo – ré na dtionchairí a phostálann i nGaeilge. Is ceann é gur fiú machnamh a dhéanamh air – an gcuireann tionchar na dtionchairí seo le forbairt na teanga nó an dtógann sé uaithe? An ndéanann iad siúd ar bheagán Gaeilge lochtach níos mó damáiste ná maitheas ó thaobh chaighdeán teanga agus tuiscint daoine ar cad is Gaeilge ann? Nó an comharthaí iad na dtionchairí seo ar bhisiúlacht agus ar sholúbthacht na Gaeilge i measc an aosa óig a tógadh san 21ú haois? Agus muid ag maireachtáil sa ré dheiridh den chaipitleachas (Jameson, 1992), an comharthaí iad ar chomhaimsearthacht agus ábharthacht ár ndaoine óga agus iad ag riar feachtais trí Ghaeilge chun iad féin a chur chun cinn agus chun airgid a shaothrú dóibh féin?

Ní gá go n-aontófaí le gach a bhfuil ráite agam thuas. Athraíonn faisean agus cleachtas ar na hardáin dhigiteacha chomh tapaidh sin go dtuigim go mbeidh go leor de na samplaí atá tugtha agam imithe as dáta go luath. Ach feictear dom go bhfuil athruithe móra le sonrú sa chumarsáid ar líne gur fiú a iniúchadh. Is gá dul i ngleic leo ó thaobh pleanála teanga de. Caithfidimid iarracht a dhéanamh mar lucht léinn, mar ghníomhairí teanga agus mar phobal Gaeilge teacht ar thuiscint ar an staid ina bhfuil an Ghaeilge san áit agus sa chaoi a mbaintear úsáid aisti i saol an lae inniu, sé sin, ar an bhfearann fíorúil.

Tagairtí

Bloc. (2025) *Bloc TG4*. <https://bloc.tg4.ie/>

Conradh na Gaeilge. (2025) *Conradh na Gaeilge*. <https://cnag.ie/ga/eolas/conradh-na-gaeilge/cade-conradh-na-gaeilge.html>

Foras na Gaeilge. (2025) *Foras na Gaeilge*. <https://www.forasnagaeilge.ie/maidir-le-foras-na-gaeilge/>

IMAGE. (2025) <https://www.tiktok.com/@muinteoirmeg/photo/7462469341393521952>

Jameson, F. (1992) *Postmodernism, or, The Cultural Logic of Late Capitalism*. Durham: Duke University Press.

Molscéal. (2025) *Molscéal*. <https://www.molsceal.ie/>

O'Rourke, B. & Walsh, J. (2020) *New Speakers of Irish in the Global Context: New Revival?* New York: Routledge.

Reuters. (2024) *Reuters Digital News Report, 2024*. <https://reutersinstitute.politics.ox.ac.uk/digital-news-report/2024/ireland>

Turkle, S. (2011) *Alone Together: Why we expect more from technology and less from each other*. New York: Basic Books.

Turkle, S. (1996) *Life on the Small Screen: Identity in the Age of the Internet*. New York: Simon & Schuster.

Verbeek, P.P. (2005) *What Things Do, Philosophical Reflection on Technology, Agency and Design*. Pennsylvania: The Pennsylvania State University Press.



Iniúchadh ar ómós na háite dúchais mar a léirítear é trí theaghlach, theanga, thraidisiún, thírdhreach agus thírghrá san úrscéal *Mo Dhá Róisín* (1921) le Máire

Padaí de Bléine

<https://doi.org/10.13025/29638>

San alt seo, déanfar tagairt do na teaghlaigh ar daofa é, don Ghaeilge, do na traidisiúin, don tírdhreach agus don tírghrá agus don dóigh a n-aibhsíonn Máire téama an ómós áite ina úrscéal *Mo Dhá Róisín*, 1921 (MDR). Tá na téamaí thuasluaite fite fuaite ina chéile san úrscéal agus sna saothair dá chuid a lean é. Dar le Titley (2002: 89), d'aimsigh Máire foirmle ar éirigh léi ina chuid scríbhinní tosaigh agus, dá fheabhas iad, níor éirigh leis riamh dul thar scríob na foirmle sin agus saothar níos géarchúisí, níos do-reamhinste nó fiú níos éagsúla a scríobh. D'aontaigh Ó Corráin (1992: 103) le Titley ina léacht ar Mháire a chuir Mac Congáil in eagar nuair a dúirt sé gur chloígh Máire leis an aon mhodh amháin scríbhneoireachta in achan rud dár scríobh sé. Dar le Ó Fiaich (1974) (in Ó Doibhlin, 1992: 168), níor ghá do Mháire mórán cumraíochta a dhéanamh ach an saol a bhí timpeall air a bhreacadh síos go mion le peann an ealaíontóra agus dá dtiocfadh an lá choíche a chaillfí gach foinse staire ó Rann na Feirste, d'fhéadfaí saothar ar stair Rann na Feirste a athchruthú as leabhair Mháire. Maíonn Nic Eoin (1982: 134) 'Is beag na difríochtaí idir a chéadiarrachtaí agus na saothair dheireannacha dá chuid'. Déanfar iarracht a léiriú san alt seo, áfach, go bhfuil tús áite ag ómós áite léirithe go soiléir in MDR.

Is den dúiche agus den dinnseanchas an duine agus is fíor an méid sin maidir le Séamus Ó Grianna nó 'Máire' mar is fearr aithne air. Léiríonn Kiely (1982: 104), ina alt 'A Sense of Place', a thábhachtaí atá an áit dhúchais don duine: '*Places so loved, names so often repeated as if they were charms and words of power and invocations of the very spirit of place, gathered*

about them their own sanctities and mythological significance'. Is léir go raibh tearmann agus sanctóir ag Máire i gCeann Dubhrann mar a bhaist sé féin ar Rann na Feirste. Luann Máire Ceann Dubhrann breis agus tríocha uair san úrscéal nach bhfuil ach céad leathanach ann a léiríonn go raibh ceangal láidir aige lena cheantar dúchais agus grá mór aige dó. Is téarma é 'dúchas' a áiríonn ceart oidhreachtuil, ceart folaíochta agus oidhreacht. Cuimsíonn sé fosta na gnéithe atá de dhlúth agus d'inneach sa duine; sa teaghlach, sa traidisiún, sa teanga, sa tírdhreach agus sa tírghrá. Is é atá i gceist san alt seo grinnléitheoireacht a dhéanamh ar MDR agus iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar mhúnlaigh an ceantar ar fhás sé aníos ann, an mhuintir a tháinig roimhe agus an mhuintir ar fhás sé aníos leo, meon agus fealsúnacht Mháire, ag díriú ar an chéad saothar dá chuid a foilsíodh, eadhon MDR. Déanfar tagairt do leagan an úrscéil atá in eager ag Mac Congáil, (2010).

Teaghlach

'I mbliain a 1736 a tháinig Seán 'Ac Grianna go Rann na Feirste. Anoir as a 'Stacarnaigh a tháinig sé, baile atá thoir idir tú is Leitir Ceanainn,' (Ó Grianna, 1942: 1). Thig le Máire stair a shinsir a rianadh siar chuig Pádraig agus Seán Mac Grianna a chuir fúthu i Rann na Feirste sa bhliain 1736. Feilimí Dhónaill Phroinsiais Dhónaill Phádraig Mhic Grianna ar thaobh an athar, agus Máire Eibhlín Neillín Shéamais Róise Sheáin Mhic Grianna ar thaobh na máthar. Baineann Máire úsáid as ainmneacha a mhuintire agus scríbhneoirí a cheantair san úrscéal MDR a léiríonn a ómós orthu – Niall Shéamaisín, Feilimí Dhónaill Phronsís, Fionn Mac Cumhaill agus fiú nach gcuireann sé é féin san úrscéal agus é ag casadh ar Labhras Óg i gCeann Dubhrann. 'A Mháire,' ar seisean [Labhras Óg] ag croitheadh láimhe liom, 'go míle maire tú do shaol úr, chuala mé gur pósadh thú ó d'imigh mé' (Mac Congáil. 2010: 74). Bhí an-dúil aige san ainm 'Máire', ainm a mháthar, agus an t-ainm a roghnaigh sé mar ainm pinn s'aige. Ní comhtharlú ar bith é gurb í Máire Ní Dhónaill atá ag insint an scéil dúinn in MDR agus ní hiontas ar bith é go gcuireann sé é féin faoin ainm cleite Máire isteach san úrscéal.

Teanga

Tá na carachtair Labhras Óg, Labhras Mór agus Bríd Bheag dála mhuintir Mháire féin agus iad sáite i dtraidisiún na scéalaíochta, na filíochta agus na hamhránaíochta. Deir Mac Congáil (1990: 3), gur de bhunadh an cheantair an bheirt acu [tuismitheoirí Mháire] riamh anall rud a d'fhág dúchas an cheantair go smior iontu araon agus ina gclann. Tá Máire ag coinneáil nasc i gcónaí le sreang an imleacáin agus leis na glúnta a chothaigh é.

Treisíonn sé an slabhra gan bhriseadh lena mhuintir féin leis na carachtair Labhras Mór agus a bhean Bríd a chruthaíonn sé in MDR. Deir Ó Laoire (2016: 156), nach bréag ar bith

é a mhaíomh gur ar a mhuintir féin atá an pictiúr a tharraingíonn Máire de mhuintir Uí Bhaoghaill bunaithe. Deir Mac Congáil, (1983: 14):

Tráchtann na scríbhneoirí Conallacha féin arís agus arís eile ar an saibhreas a bhí thart orthu agus iad ag éirí aníos. Ach ainneoin na gcuntas sin uilig, is deacair linne léargas cruinn iomlán a bheith againn ar réimse agus ar shaibhreas an traidisiúin bhéil sin a bhí mar ‘bhainne cíche’ ag bunús scríbhneoirí an chontae seo.

Is cinnte gurb í seo an áit as ar ól Máire an bainne agus ní amháin gur tógadh leis an Ghaeilge agus na traidisiúin é, ach bhí siad mar shnáithe i scéal a shaoil, agus iad ina chuid ADN. Dúirt Seaghán Bán Mac Grianna (1976: 18), go raibh an oiread sin Gaeilge acu agus an oiread sin filíochta iontu go bhfeádfái a rá go raibh siad ar maos i bhfilíocht agus go ndeachaigh sí go smior iontu. Is féidir anois léargas áirithe a fháil ar an tsuibhreas sin ó leabhair mar *Is fann guth an éin: Seanchas Rann na Feirste* le Mac Cionnaith (2005), nó ó *Scéalta Draíochta Mhicí Sheáin Néill* le Nic Niallais (2021). Bainne cíche a bhí ann agus cothaíodh na páistí idir chorp agus intinn ar ghlún a máthar. Déanann Máire iarracht léargas a thabhairt don léitheoir ar a shaibhreas a bhí traidisiúin a mhuintire sna carachtair ina úrscéal. Tagraíonn Máire do shaibhreas na Gaeilge a bhí ag muintir Cheann Dubhrann i gCaibidil II de MDR agus is léir go bhfuil ardmheas aige ar a gcuid Gaeilge agus ar na daoine féin. ‘Áit aistíoch a bhí i gCeann Dubhrann an t-am sin. Ní hé gur mhair an Ghaeilge beo ann i ndiaidh í bás a fháil ins an chuid eile den phobal, ach bhí filíocht agus Fiannaíocht ar bharr a méar ag aosta agus ag óg ann.’ (ibid: 9)

San alt ‘Towards a Literary Ecology’, (2013), maíonn Waldron & Friedman:

The literature of place is a body of literature, a genre, devoted to the representation of specific places. At the same time, the phrase refers to a quality of ‘literariness’ associated with or even arising from a given place, something like the spirit or genius of place.

Léiríonn Máire an t-ómós áite go soiléir in *Mo Dhá Róisín* agus léiríonn sé meon agus sárphuanna na ndaoine ar shíolraigh sé uathu. Ina shaothar *Rann na Feirste* 1942 ríomhann sé stair agus seanchas na háite dúchais. Is minic a bhíonn sé ag maíomh as a cheantar agus as a mhuintir ina chuid scríbhneoireachta, ‘hAibhsíodh domh ar dhóigh éigint nach raibh léann ná litríocht ar bith in Éirinn ach an méid a bhí sa Ghaeltacht. Gur i mbothógaí Rinn na Feirste agus in áiteanna eile mar é a bhí fíoranam na hÉireann,’ (1942: 216)

Cuireann Máire in iúl dúinn in *Na Blianta Corracha*, (2003: 2) an t-ómós atá aige do mhuintir na Gaeltachta ó thaobh na teanga de; ‘Dá rachadh againn chomh beag le leathscór cainteoirí dúchais a bheith againn i mbliana de bharráocht ar an bhliain anuraidh, agus dá réir sin, ní bheadh de dhíth orainn ach am leis an teangaidh bheo a chur ar bun ar fud na hÉireann.’

Is é a dhála céanna é in MDR. Nuair a mhothaíonn Labhras Mór nach bhfuil a chuid Gaeilge maith go leor, freagraíonn Niall Shéamaisín agus barúil Mháire á tabhairt dúinn, ar ndóigh: “B’fhéidir gur orthusan an locht is nach orainne”, arsa Niall Shéamaisín. Is beag a bhí a fhios aige cá mhéad bliain a bhí de dhíth orthu sula mbeadh oiread gramadaí acu agus a bhí sa ráite dheireanaigh sin aige féin.’ (Mac Congáil, 2010: 18)

Is cinnte go bhfuil Máire ag labhairt go díreach leis an lucht léitheoireachta agus é ag maíomh as Gaeilge mhuintir na Gaeltachta agus ag léiriú measa ar na hiascairí ag an am céanna. Dúirt Philip O’Leary i réamhrá MDR (in eagar ag Mac Congáil, 2010: xi), gur d’aon turas a chuireann sé isteach píosáí Gaeilge atá casta sa leabhar nach dtuigeadh ach an cainteoir dúchais:

‘Lig do ráimha le ceathrú... Teann scód an tseoil tosaigh... Caith an píce as... Corn suas é, a chailleach... A Dhonnchaidh, faigh tusa taomán, A Sheáin, rígh an rópa boinn... A Fheilimí, obair thusa an seol deiridh agus fíachfaidh mise lena choinneáil tirim... Tá caorthacha farraige ann...’ *ibid* (2010:18)

Leanann sé ar aghaidh i gCaibidil III, ‘bhí oiread de lasta inti go raibh an scaileog ag teacht ar bord’. In *Na Blianta Corracha* (in eagar ag Mac Congáil, 2003: 1), tagraíonn Máire don fhocal ‘scaileog’ agus é ag déanamh idirdhealaithe idir Gaeilg na Leabharthach agus Teangaidh na nDaoine – ‘bíonn na tonnta beaga ag gabháil ina súile’ an áit a mbíonn, ‘an scaileog ag baint na súl’ as an chainteoir dúchais. Is léargas meafarach é seo ar an neart atá i dtraidisiún na Gaeltachta agus chomh lag agus atá traidisiún na hathbheochana teanga, dar le Máire. “Ní thuigim féin an seort Gaeilge atá ach sin a bhíos ar an choláiste,” arsa Labhras Mór agus é ag líonadh a phíopa i ndiaidh a chodach. “Caithfidh sé nach bhfuil maith inar gcuid Gaeilge-inne.” (Mac Congáil, 2010: 18).

Más rud é nár shíl na hiascairí go raibh a gcuid Gaeilge maith go leor, bhí Máire ag cur in iúl dúinn gurbh acu a bhí scoth na Gaeilge. Is iomaí sampla den tsaibhreas Gaeilge a d’fhoghlaim Máire óna mhuintir atá le tabhairt faoi deara san úrscéal, cuir i gcás; ‘sula dtéadh sé a chailleadh an tsolais’, (*ibid*: 3), ‘agus a hanál i mbarr a goib léi’, (*ibid*: 4), ‘ó rinne slat cóta dó’, (*ibid*: 11), ‘tá siad in arán chruaidh’, (*ibid*: 19) agus ‘cad é atá ann ach tuí na hátha a chur ar an mhuilleann’, (*ibid*: 56). Bhailigh Ó Corráin (1989) samplaí den tsaibhreas Gaeilge atá le fáil in MDR mar aon leis na saothair eile ó Mháire ina leabhar *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamas Ó Grianna*. I léacht dá chuid ar Mháire atá i gcló ag Mac Congáil (1992: 102), dúirt Ó Corráin gur scríobh Máire Gaeilge a raibh craiceann uirthi agus Gaeilge a raibh rithim inti a chuirfeadh aobhneas ar an léitheoir agus comhrá maith i gcuimhne duit. Tá Máire ag léiriú a mheasa ar mhuintir Cheann Dubhrann agus ar a gcuid Gaeilge ina shaothar. Cruthaíonn Máire an carachtar Séamas Mag Loingsigh leis an mheas atá aige ar mhuintir na Gaeltachta a chur i gcomparáid le muintir na cathrach. Ó fuair Mag

Loingsigh ardú céime, ‘bhí sé anois os cionn a bheith ag foghlaim Gaeilge.’ (Mac Congáil, 2010: 35). Má fuair na máistrí scoile corrléasadh teanga ó Mháire ní dada é le taobh na híde a thugann sé do na cigirí, dar le Ó Gallchóir, (1992: 11). Tugann Máire íde do Mag Loingsigh agus é ina chigire, (Mac Congail, 2010: 35), ‘Bhí gach seort eile aige a raibh a dhíth ar chigire, daille intinne agus díobhail fearúlachta agus ní raibh a dh’fhéim air ach leithscéal Gaeilge nach raibh mór.’

Tá fianaise ina shaothar go raibh Máire aislingeach ina fhear óg as staid na tíre agus as an Ghaeilge. Briseadh ar an aisling a bhí aige, áfach, nuair a b’éigean dó Baile Átha Cliath a thabhairt air féin lena bheatha a thabhairt i dtír. Is é Pádraig Ó Baoghail, go ndéana Dia trócaire air, a dúirt liom in agallamh leis, ‘i ndáiríre, ba i Rann na Feirste a bhí a chroí agus an chuid is mó den chaint a bhíodh agam leis, bhí sé faoi Rann na Feirste agus na seandaoine a bhí ansin agus ar a shaibhre a bhí a gcuid Gaeilge.’ Dála W.B. Yeats in ‘The Lake Isle of Inisfree’, agus é as baile, chuala Máire caint na ndaoine ‘*in the deep heart’s core*’. Dúirt Máirtín Mac Grianna, go ndéana Dia trócaire air, nia de chuid Mháire, dúirt seisean liom in agallamh go raibh cumhaidh mór ar Mháire i mBaile Átha Cliath agus go mbíodh na smaointe céanna aige féin – sin Máirtín, agus a bhí ag Máire, arbh é a athair Dónall deartháir leis, ‘gurbh fhearr leis an Ghaeilge ina luí i reilig Anagaire ná an cacamas atá ag dul anois. Cá fhad a bheas sé go dtí go mbeidh sé ceart go leor, “tá sé fear” a rá. Togádh Clann Mhic Grianna le saibhreas Gaeilge agus is léir gur ghoill sé go linn bhuí na gcaolán ar Mháire a leithéid de, ‘go socraí sé i suaimhneas’, agus ‘thug pósadh áit i mBaile Átha Cliath’, mar atá léirithe ag Mac Congáil in *Na Blianta Corracha*, (2003: 2).

Is féidir a mhaíomh go raibh sé dolúbtha maidir lena smaointe féin ó thaobh na teanga de agus go raibh a óige i Rann na Feirste mar a bheadh domhnán ann agus é ag iarraidh go mbeadh an tír uilig amhlaidh. B’fhéidir go raibh an smaointeamh céanna aige agus a bhí ag laoch dá chuid Pádraig Mac Piarais, ‘*O wise men riddle me this: what if the dream come true? and if millions unborn shall dwell in the house that I shaped in my heart, the noble house of my thought?*’ Shílfeá go raibh Máire ag iarraidh gach duine againn, é féin san áireamh a thabhairt ar ais go Rann na Feirste chuig an teach beag ceann tuí ar bhruach an chladaigh áit a gcothófaí muid cois tine ag éisteacht le Gaeilge shaibhir a mhuintire agus áit a bhfaigheadh muid léargas ar thábhacht na dtraidisiún.

Traidisiún

Aibhsítear gnéithe éagsúla de thraidisiún na ndaoine i Rann na Feirste in MDR. Dar le Ó Fiaich ((1974) in Ó Doibhlin (1992: 168)), ‘maidir le cluichí amuigh faoin spéir is é an rud is spéisiúla i leabhair Mháire, dar liom, an fhianaise a sholáthraíonn sé go raibh an iománaíocht coitianta sna Rosa i ndeireadh na haoise seo caite.’ Tá fianaise ann in MDR go raibh traidisiún na hiomána láidir agus na gasúir á himirt i gCaibidil I, ‘I dtrátha an mheán lae an lá arna

mhárach bhí gasraí an bhaile ag iomáin ar an leana ag taoibh na reilige' (Mac Congáil, 2010: 2). Léirítear fosta na slite beatha a bhíodh ag na daoine; na mná ag cleiteáil agus na fir ag iascaireacht. Is iad an amhránaíocht agus an scéalaíocht, áfach, an dá thraidisiún is mó a aibhsítear san úrscéal. 'Go háirithe, lánúin iontach a bhí i Labhras Mhór agus ina mhnaoi. Bhí oiread Fiannaíochta aigeasán agus nach mbeadh a dheireadh insithe trí lá de laetha na Féile Eoin, agus casadh seancheol Thír Chonaill uilig ar a teangaidh aicise.' (Mac Congáil, 2010: 9)

Is léir go bhfuil na carachtair seo bunaithe ar a thuismitheoirí féin. Tugann sé a bharúil ar a dheisbhéalaí a bhí a athair in Rann na Feirste 1942: 'M'athair an scéalaí is fearr a chuala mé riamh. Is é an cainteoir Gaeilge is fearr a chuala mé' (Ó Grianna, 1942: 152). Agus maíonn sé as muintir a mháthar in *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942: 111), agus ar an dóigh a ndeachaigh a mbua ceoil i gcion airseán;

Bhí na céadtaí agus na céadtaí amhrán ag muintir Rann na Feirste nuair a bhí mé ag éirí aníos i mo ghasúr. Agus bhí a mbunús agamsa ar mo theanga. Ach níorbh é sin an rud a thug orm toiseacht a dhéanamh ceoil go hóg sa tsaol. Níorbh é ach an dúchas a bhí ionam. An mhuintir a tháinig romham ar thaobh mo mháthar rinne siad amhráin agus dánta chomh maith is a rinneadh in Éirinn lena linn.

Deir O'Donohue (1998: 56): *'The child's sensibility is like a sponge. It absorbs everything. At that stage, without knowing it, we drink in the voices of our parents'*, agus is é a dhála céanna é ag Máire. Chan a ghoid ná a fhuadach a rinne sé, bhí sé ann ó thaobh na dtaobhann, mar a déarfadh sé féin. Is follasach gur tháinig na hamhráin anuas ó ghlúin go glúin agus gur coinníodh beo iad ar bhéil na ndaoine. Síos fríd an úrscéal tagraítear do na hamhráin agus do na scéalta a chuaigh i bhfeidhm air ina óige. Chum muintir Mháire amhráin a choinnigh a gcuimhne buan. Chum Máire féin cúig amhrán a bhfuil tagairt dóibh in Mac Congáil (1990: 81). Tagraíonn O'Donohue, (2003: 76) d'áilleacht agus do thábhacht an cheoil do chine an Ghaeil. Deir sé: *'The music of a people offers a unique entry into their unconscious life. The tenor of what haunts and delights them becomes audible there.'* Ní comhtharlú ar bith é go dtosaíonn Máire gach caibidil in MDR le sliocht as scéal nó le véarsa as amhrán nó dán. Tá Máire ag maíomh as a mhuintir agus ag cur in iúl don léitheoir ina shaothar go bhfuil amhrán nó scéal súite isteach ina chuimhne aige a d'fhóirfeadh d'ócáid ar bith.

Léiríonn na samplaí de na hamhráin san úrscéal an meas a bhí ag Máire ar an oidhreacht a bronnadh air agus tá sé ag léiriú ómós dá mháthair agus dá cheantar agus é á gcur san úrscéal. Tagraíonn Máire do sheanamhrán, 'Uaillchumha Chearulláin os cionn uaigh Mhic Cába' ag tús na chéad chaibidle. Tá leagan de ag An Dr Séamas Mac Gabhann in *An Cruitire* (2016: 16). Tá an t-amhrán ag tuar an éadócháis agus an bháis a thiocthaidh ag deireadh an úrscéil agus é fóirsteanach do théama na caibidle. Maíonn Titley, (2002: 89), go bhfuil instealladh in aghaidh an dóchais agus an áthais i ndán don té a ardaíonn úrscéal de chuid Mháire.

Tagraíonn Máire do Cheann Dubhrann na nDumhchann Bán sa chéad líne den úrscéal ag léiriú an ómóis dá cheantar dúchais agus is é a bhaist an t-ainm ceana air. Dar le Ó Laoire (2016: 156), bhí Máire ar maos sa cheol agus dúil ar leith aige ann agus údarás ar leith aige i saol na Gaeilge agus i gcúrsaí ceoil dá réir sin. Chuir an cúlra a bhí aige ar a chumas amhráin a chumadh. Chum sé amhrán dar teideal ‘Meilte Cheann Dubhrann’, a bhfuil leagan de ag Ó Conghaile, (2012: 454). Amhrán cumhúil atá ann agus é ag cur síos ar Chormac John ‘Ac Gairbheá as Rann na Feirste a d’imigh go Meiriceá, agus faoi Dhonnchadh, mac a dhearthára, Aodh, a chuaigh ar cuairt chuige blianta ina dhiaidh sin in San Francisco. (Ó Laoire, 2016: 156). Tosaíonn Máire Caibidil II le hamhrán grá, ‘Ainnir Dheas na gCiabhfholt Donn’ a bhfuil leagan de ag Ó Conghaile (2012: 71). Deir Ó Laoire (2012: 619) in *Leabhar Mór na nAmhrán* go bhfuil tuairim ag daoine i Rann na Feirste gur dhuine de mhuintir Fheilimí Dhonaill Phroinsias a chum an t-amhrán. Bunaíodh an tuairim sin ar fhonn binn an amhráin agus ar chumas na bhfocal. Tá cosúlachtaí idir é agus amhrán Shéamuis Uí Ghrianna ó thaobh neart na mothúcháin agus bhinneas an cheoil de, dar le Ó Laoire. Fóireann an t-amhrán do na mothúcháin atá ar Labhras Óg nuair a chéadbhuaileann sé le Róise. Is minic síos fríd an úrscéal go dtuagann Labhras Óg Ainnir dheas nó an Cailín Donn ar Róise. Tá Caibidil III dírithe ar an iascaireacht agus don té a bhfuil cur amach aige ar shaothar Mháire, tuigfidh sé an meas atá ag Máire ar na hiascairí agus an t-ómós a thugann sé dóibh. Tugann Máire le fios don léitheoir arís eile go bhfuil amhrán aige a fhóireann do théama ar bith. Tosaíonn sé an chaibidil le véarsa as ‘An Cauptín Ó Máille’, a bhfuil leagan de i gcló ag Ó Conghaile (2012: 168). Tá cur síos cuimsitheach ag Liam Mac an Iomaire in *Leabhar Mór na nAmhrán* (2012: 661) ar stair agus ar chúlra an amhráin. Cuirtear tús le Caibidil X le tagairt do sheanscéal agus do sheanamhrán. Deir Ó Laoire (2012: 839) in *Leabhar Mór na nAmhrán* go mbíodh nath coitianta i Rann na Feirste ag bean cháiliúil de chuid an bhaile, Máire John Nic Gairbheith, ‘A Rí na gCarad nár lách ár n-ealaín, murab é nach mairfeadh sé a choíche’. Dhealródh sé go raibh ábhair an amhráin, ‘Thíos i lár an Ghleanna’, ag fiabhriú i gceann Mháire agus é ag scríobh an úrscéil *Mo Dhá Róisín*. Scríobh Ó Laoire (2016: 154–76) alt cuimsitheach ar an dóigh ar tháinig ann don amhrán agus ar na saothair a raibh tionchar acu air. Cuireann Ó Laoire (2016: 160) in iúl go bhfuil fonn an amhráin bunaithe ar ‘The Heather Glen’, amhrán a chum an tírghráthóir George Sigerson (1836–1925). Rinne Máire a leagan féin den amhrán as Gaeilge agus ina cheannsa, murab ionann agus, ‘The Heather Glen’, tá deireadh dúile bainte ag an reacaire den chumann. Cumann gearr a bhí ann nach dtiocfaidh bláth ar an ghrá ann. Is é a dhála céanna é ag an chumann idir Labhras Óg agus Róise agus tagann deireadh leis an aisling go mbeidh caidreamh buan eatarthu:

Is glas is fiú duit an oíche anocht nó tiocfaidh athrach ar an athrach. Ní bheidh an aimsir i gcónaí mar atá sí anois. Ní bheidh na spéarthaí i gcónaí chomh maranta, ná an fharraige i gcónaí chomh mín, ná na srutháin chomh ceolmhar, ná an t-aer chomh cumhra. Tiocfaidh smúid

ar an ghealaigh. Éireochaidh an fharraige dúranta, éireochaidh na spéarthaí duibhnéaltach agus an ghrian báiteach. Ach, a Labhrais, a thaiscaidh, is leor a luas. Is mairg a bhrisfeadh ar d'aisling go músclaí tú féin.' (Mac Congáil, 2010: 66)

Níor mhair a gcumann ach seal beag gairid agus mar a mhaíonn Ó Laoire (2016: 166), 'Tugtar le tuigbheáil nach mbeidh a leithéid de choinne arís ann, gur teagmháil aon uaire a bhí i gceist, nach féidir a thabhairt in éifeacht arís.' Is léir go bhfuil na mothúcháin chéanna ar Labhras Óg agus na mothúcháin atá ar reacaire an amhráin: 'Chaith Labhras an lá uilig i mBun Dobhráin mar i ndúil is go mbeadh tráthnóna eile aige mar aréireanas ann i gcuideachta an Chailín Donn. Ach ní bhfuair sé an scéal ar a mhian féin an dara lá. Bhí claochló ag teacht ar na spéarthaí cheana féin.' (Mac Congáil, 2010: 70). Dar le Hodgins (2006: 37) go raibh aisling ag Máire agus go raibh an port seo go minic aige. Bhí an aisling chéanna aige in *Saol Corrach* (1945: 56): 'Chonaic mé mé féin an oíche sin agus na blianta glórmhara a bhí romham. Bhí mé i m'ardmháistir ar a leithéid seo de scoil...mé féin agus ainnir dheas na gciabhfholt donn', agus a bhí aige in MDR (2010: 30).

Stáin sé ar an luí gréine. An bhfaca sé pioctúirí ar bith sna néaltaí? An bhfaca sé teach glan, ordúil, tinidh mhaith ar an teallach oíche gheimhridh, an ghaoth ag búirthí ina an tsimleoir, é fein ag inse fán troid mhór a bhí ann sula dtáinig saoirse, gasúr beag ag fiafraí ar chuir a athair báire agus, ar an taobh eile den tine – an Cailín Donn?

Is léir ón dá shliocht thuas go raibh Máire go mór faoi thionchar a cheantair dhúchais agus saol a óige ina aisling don tsaol ina dhuine fásta. Cuireann Máire tús leis an chaibidil dheireanach leis an tseanamhrán; 'Donncha Bán'. Dar le Ó Con Cheanainn, (2012: 744–5), caoineadh máthar ar a mac a crochadh go héagórach atá ann. Fóireann ábhar an amhráin do chruachás Bhríd Bheag, máthair Labhrais Óig atá ag caoineadh a mic. Fóireann sé fosta don bhriseadh ar an aisling go mbeadh Labhras Óg agus Róise le chéile.

Maíonn Hodgins, (2006: 1), go ndeachaigh traidisiún na scéalaíochta go mór i bhfeidhm ar Mháire fosta agus é ina ghasúr óg agus gur mhair anáil na scéalaíochta i rith a shaoil. Maíonn sé go raibh baint mhór aici lena stíl scríbhneoireachta agus ar a dhearcadh ar an tsaol. Cé gur chaith sé bunús a shaoil ina dhuine fásta ina chónaí i mBaile Átha Cliath, lean sé air ag scríobh faoina cheantar féin. Dar le Ó Fiaich, (1974: 29–30):

Is annamh a shuíonn sé scéal taobh amuigh dá cheantar féin, cibé acu Rann na Feirste nó Ceann Dubhrann nó Lag a'tSeantoighe nó Rinn na bhFaoileann etc, a thugann sé ar an áit, nó An Clochán Liath nó an Clochán Dubh nó An Clochán Bán ar an sráidbhaile is cóngaraí di. Nuair a thugann an scéal i bhfad ó bhaile é, cailleann sé a spéis sa timpeallacht go minic.

Is féidir a mhaíomh ón sliocht thuas go raibh a chroí agus a aisling sa bhaile aige agus é ag amhránaíocht agus ag scéalaíocht cois teallaigh.

Tugtar léargas glinn ar thraidisiún na scéalaíochta in MDR agus Eoghainín Thuathail ag inse faoin chluiche mhór iomána a bhí idir buachaillí Cheann Dubhrann agus muintir na Brád:

... thóg an gasúr a cheann agus d'éist sé. Agus d'éist a raibh istigh chomh maith leis. Nó dar leo go bhfaca siad na himearthóirí ina rith anonn is anall i ndiaidh na liathróide, agus go gcuala siad na camáin ag teacht in éadan a chéile, an gleo agus an callán, an trup agus an tormán, agus an gháir a d'éirigh nuair a bhuaigh muintir Cheann Dubhrann an lá sin. (Mac Congáil, 2010: 26)

Tugann Ó Grianna, (1942: 22) léargas don léitheoir ar thraidisiún na scéalaíochta agus é ag teacht i méadaíocht. 'Bhí m'athair iontach maith ag scéalaíocht. Is minic a shuíomar thart fán tine oíche fhada gheimhridh agus gan smid asainn ach ag éisteacht leis. Chuirfeadh sé ceo ar do chluasa ag caint ar Ned agus ar Mhicheál Rua agus ar Mhicí Bheil.' Is léir go raibh tobar lán ag Máire le tarraingt as agus é ag cumadh an charachtair Eoghainín Thuathail. Tharraing Séamas as tobar a mhuintire agus é ag tagairt don toirtín mór agus don mhallacht i gCaibidil X den úrscéal MDR. Tagann sé as an scéal béaloidis, *Triúr Mac*, a scríobh Cáit Ní Ghallchóir, agus a d'aithris a hathair mór Dónall Ó Dónaill as Rann na Feirste. Tá an scéal i gcló i *Rann na Feirste Seanchas ár Sinsear*, (Ó Grianna, 1998: 119). Dúirt Máire, (1942: 87) go raibh glór an tseanchaí le cluinsitn aige mar a bheadh glór ann a thioctadh aniar ón tseansaol. Tá tréan fianaise in MDR gur thug sé toighis don scéalaíocht. Tá an Fhiannaíocht ar bharr a méar ag na carachtair ann go díreach mar a bhí ag a mhuintir féin. Bhí an méid seo le rá aige faoin Fhiannaíocht in Rann na Feirste (1942: 211):

Na scéaltaí Fiannaíochta atá ag muintir Rann na Feirste tá siad iontach maith. Bheir siad ort suim a chur i seanchas na Féinne i bhfad níos fearr, ná dá mba iad na laoihe an chéad rud a chluinfeá. Instear an scéal i nGaeilg dheas bheacht... Má théid tú choíche go Rann na Feirste cuir Johnny Sheimisín ar obair ar scéal Fiannaíochta. Agus cuirfidh mé geall leat go bhfaighidh tú aige mar a dúirt mé.

Tagraíonn sé do na scéalta Fiannaíochta in MDR, (2010: 9);

Níor throid Ridirí na Craoibhe Ruaidhe aon chath, ná ní raibh aon fhear acu in aon ghábhadh ó chuaigh Cú na gCleas chun sleanntrach ina mhullachán gasúra, go dtí an tsealá dheireanach a chaith sé; a choscair Goll Mór Mac na Móirne Mac-a-Duibhe na n-each seang go dtí an lá a thit sé le lámh Mhic Smola, nach raibh a fhios uilig ag Labhras Óg.

Tá cosúlachtaí láidre idir an carachtar Labhras Óg agus Máire. Tá sé luaite ag Mac Congáil in *Feasta*, (2002: 14–8) an dúmheas a bhí ag Máire ar *Scian go mBuaidh*:

... hIarradh air scéal a inse fán *Scian go mBuaidh*. Tháinig lúcháir ar mo chroí féin, mar shíl mé go gcluinfinn an scéal breá seo ar ais – go gcluinfinn é mar a d'inseadh Donnchadh Chathail é – go

gcluinnfinn cad é mar a chaill an Fhéinn an scian i dteach na coirme, mar a chruinnigh an namhaid ar Gholl, agus mar a thug sé na sála leis eadar cleith agus ursa; mar a bhain sé amach *Scian go mBuaidh* le neart coirp agus treise lámh; mar a cuireadh cuireadh feille chuige ina dhiaidh sin, mar a thug sé leis Conán agus an scian, agus mar a shábháil an fear maol agus an lann a bheo dó. Tá mé ag inse duit go dtáinig coinne ar mo shúile le lúcháir nuair a chuala mé iomrá ar an scéal.

Úsáideann Máire an carachtar Róise le hinsint don léitheoir gurb é an cainteoir dúchais amháin a thuigfidh *Scian go mBuaidh* agus go bhfuil a leithéid de scéal róchrúa ag na foghlaimeoirí agus go mbainfidh sé cár astu. Nuair a chasann Labhras Óg ar Róise i gCaibidil II cuireann sí in iúl dó go bhfuil scéal Fiannaíochta ar an chlár agus go bhfuil an Ghaeilge ann ródheacair di; ‘Lá de na laetha agus uair de na huairé dá raibh Fianna Éireann amuigh an seilg.’ Mac Congáil (2010: 11). Is é sin go díreach an dóigh chéanna a gcuirtear tús leis an scéal *An Óige is an saol Mór agus an Bás in Maith Thú a Mhici*, (1973: 1). Is léir gur thug Máire ómós do na hamhráin agus do na scéalta san úrscéal agus gur fhág siad a rian air, go díreach mar a d’fhág an tírdhreach a rian air.

Tírdhreach

Cuirtear ómós áite i leith an léitheora ar an chéad leathanach den úrscéal agus béim mhór ar an tírdhreach. Dar le Ó Gallchóir (1990: 94), seasann an t-alt seo a leanas taobh le sleachta as *Mo Bhealach Féin* agus *An Grá agus an Ghruaim*, le Seosamh Mac Grianna, deartháir le Máire, mar shleachta móra litríocht Ghaeilge Chuige Uladh.

Áit dheas, lá ar bith sa bhliain, Ceann Dubhrann na nDumhchann Bán. Cé b’acu tá dúlaíocht geimhridh ann, agus an fharraige ag éirí ar an fhéar, nó marbhán samhraidh agus aoibhneas ar muir agus ar tír, ní thiofadh leat áit a fháil ní ba deise ná Ceann Dubhrann. Rannaí mhór, ard, fhada atá inti, í sínte i lár na farraige... (Mac Congáil, 2010: 1)

Maíonn Ó Doibhlín (1992: 90) in *Johneen Khordaroy Answers Critics* in eagar ag Mac Congáil; tá ciútaí an rómánsachais go flúirseach tríd an chur síos: radharc fiáin farraige – agus tíre, logainmneacha a bhfuil macalla leo, mothú á oibriú isteach i ndreach na tíre leis an reilig uaigneach agus éagaoin na gaoithe, an béaloideachas á úsáid chun cur le rúndiamhar na háite. Deir Hannan, (1991:19–31) go n-imríonn an tírdhreach agus logainmneacha tionchar nach beag ar litríocht na nGael:

Attachment to place is among the strongest human emotions, explicitly revealed in literature. Celtic literature is saturated with images of landscape and preoccupied with places and their names, landscape is constantly present in ancient sagas and bardic poetry, modern drama, short stories, novels and essays.

Is cinnte go raibh dlúthcheangal ag Máire lena cheantar féin, Rann na Feirste, nó Ceann Dubhrann na nDumhchann Bán mar a bhaist sé air. Tá Ceann Dubhrann na nDumhchann Bán luaite sa chéad líne den úrscéal agus tá Ceann Dubhrann luaite seacht n-uaire ina dhiaidh sin sa chéad chaibidil. Tá sé luaite trí huair is tríocha taobh istigh de 100 leathanach. Luann sé logainmneacha tríd síos an úrscéal, ‘Gaoth Dobhair, Gaoth Beara, Na Rosa, Machaire Loiscthe, Oileán Eala, Oileán na gCónrach, An Fhiacail Daraí, Gob na Dumhcha, Oileán Bó, Clochar an Fhir Mhóir, Srath na Corcrach agus Tóin an Aird Dealfa’, a léiríonn a ghairne atá an t-údar dá ábhar agus a eolaí atá sé ar a cheantar dúchais. Is é Máire féin a chum an t-amhrán ‘Meilte Cheann Dubhrann’. Léiríonn na línte seo a leanas as an amhrán an t-ómós áite maidir leis an tírdhreach go soiléir;

Nach sna meilte údaí a chaith mé seal aoibhinn gan ghruaim,
 Ag buachailleacht eallaigh ar imeall an chuain,
 ‘S ann a bogadh mo chliabhán nuair a bhí mé beag óg’ (Ó Conghaile, 2012: 454)

Dar le Ó Laoire (2012: 785) in *Leabhar Mór na nAmhrán*, is amhrán cumhúil é a léiríonn an cumha a bhí ar an aos óg arbh éigean dóibh a mbaile dúchais a fhágáil, an áit ar chaith siad laethanta neamhbhuartha na hóige leis an choigríoch a thabhairt orthu féin, gan iad ábalta pilleadh uirthi. Léirigh Labhras Óg an cumha i ndiaidh na háite dúchais a bhí air agus é ag obair i mBaile Átha Cliath, ‘sílím go gcaithfidh mé uaim an obair seo ar fad agus go rachaidh mé chun an bhaile ag iascaireacht.’ (Mac Congáil, 2010: 43). Cé gur chaith sé bunús a shaoil i mBaile Átha Cliath, bhí tarraingt láidir ag a cheantar féin air i gcónaí.

Tírghrá

Tugann an t-úrscéal léargas don léitheoir ar dhearcadh polaitiúil ‘Mháire’ ag an am agus is féidir a mhaíomh ó ábhar an úrscéil go bhfuil sé báúil leis na fir agus leis na mná a throid san Éirí Amach. Deir Tittley (2002: 362), ‘más beag úrscéal de chuid Mháire nach bhfuil imir éigin den pholaitíocht tríd, gabhann sé cosán níos díri chuici in *Mo Dhá Róisín*.’ Léirítear ómós áite agus grá dá thír dhúchais nó tírghrá i dteideal an úrscéil féin. Baineann sé úsáid as Filíocht na nDaoine leis an dán *Róisín Dubh*, a bhfuil leagan de agus aistriúchán ar fáil in Ó Tuama & Kinsella (1981: 308) agus coinníonn sé nasc leis an slabhra gan bhriseadh beo leis an mhuintir a chuaigh roimhe agus leis an tréimhse sin staire. Seo mar a chuirtear síos ar an amhrán ‘Róisín Dubh’ in *Leabhar Mór na nAmhrán*, (2012: 819), ‘...ach is cosúil gur amhrán grá a bhí i gceist ar dtús agus gur baineadh brí pholaitiúil as níos déanaí’, agus cuireann Ó hAodha in *Óir Chiste*, (1922: 11) síos air mar, ‘an t-amhrán grá (grá d’Éirinn) is paiseanta dá bhfuil againn’. Ainm ceana nó ainm fáthchiallach ar Éirinn atá sa dán agus d’aithin an Piersach a chumhachtaí a bhí sé ina óráid chluíteach ag uaigh Uí Dhonnabháin Rosa. Tá macalla

Róisín Dubh ina óráid féin, ‘a chairde, ná bíodh brón ar éinne’, agus ‘a chairde ná bíodh brón orainn’, mar atá curtha i láthair ag Ó Tuama, (1981: 308). Is léir ón úrscéal go raibh Máire faoi thionchar an Phiarsaigh agus gur aontaigh sé lena dhearcadh ar shaoirse na tíre agus ar tírghrá. Tá prionsabal an Phiarsaigh scaipthe ar fud shaothar Mháire. Luann Róise, an príomhcharachtar, luann sise an Piarsach san úrscéal agus cé go ndeir sise na focail, is díreach as béal Mháire a thagann siad. Cuireann Máire focail an Phiarsaigh i mbéal Roise síos tríd an úrscéal a léiríonn go raibh sé ar aon ogham leis; ‘caithfear an Ghaeilig a shábháil, sin nó ab tír a chailleadh. Tír gan anam tír gan teangaidh. Ní bheadh Éire leath an ama faoi chrann smola ag Sasain mar atá sí ach go b’é gur ligeadh bás na Gaeilge.’ (Mac Congáil, 2010:29). Chonacthas do Mháire go raibh dlúthcheangal idir cúrsaí oideachais agus cúrsaí tírghrá agus teanga. Is í Róise a dhiúltaíonn rialacha an Bhord Náisiúnta a chur i bhfeidhm ina scoil. Ba é an carachtar Mac Caoláin a dúirt, “Is í Róise an chéad duine a d’fhulaing buille ar son an Chonartha,” nuair a briseadh as a post í. Cuirtear fealsúnacht an Phiarsaigh maidir le cúrsaí oideachais in iúl in *The Murder Machine* tríd an charachtar Róise. Ina alt, *The Language in Tírchonail*, in eagar ag Mac Congáil (2003: 134), scríobh Máire:

The sooner the people of Ireland realise the havoc which the present system of education is working on their children, the better for Ireland. They should understand the situation fully. The present system of education is the last straw on the back of Irish nationality. Slowly and quietly, it is doing what fire and sword could never do. It is anglicizing the rising generation and moulding their bodies and minds on anti-Irish lines. English language, English history, English things in general occupy prominent places in the school life of the children.

Tá an dearcadh ceanann céanna ag Róise nuair a deir sise, ‘Déanadh an Bord a rogha rud, ní theagascóchaidh mise stair na Sasana; agus déanadh sé a rogha rud arís ní stadfaidh mé de theagasc Gaeilge. Agus déanadh sé a rogha rud an tríú huair, ní scarfaidh mé ó Chonradh na Gaeilge. Má tá deor fola i gcuid oidí na hÉireann troidfidh siad an cás amach’ (Mac Congáil, 2010: 53). Tá sé ráite ag Breandán Ó Conaire, scoláire ar de hÍde, sa chlár *Uachtaráin* ar TG4 (2007), go ndúirt de hÍde go minic an rud a bhí ráite ag an bPiarsach agus ag an gCoileánach; gurbh as an gConradh a d’fhás na hÓglaigh agus gurbh as na hÓglaigh a d’fhás Saoirse pholaitiúil na hÉireann. Is léir gur imir an Conradh tionchar mór ar thuairimí Mháire agus go bhfaca sé an aisling a bhí aige; ‘mairfidh an spiorad a mhuscail an Conradh ins na daoine.’ (ibid: 60). Críochnaítear an chéad chaibidil le cineál d’fhorógra a bhfuil tionchar an Phiarsaigh air, ‘A uaisle Gael a léifeas an scéilín seo, cuimhní, má tá go bhfuil Éire saor anois, nárbh amhlaidh a bhí i gcónaí. Tháinig sibhse chun an tsaoil i saorsacht. Bhí an Sasanach buailte agus an tír agus teangaidh slánaithe réidh fá bhur gcoinne ag teacht daoibh’, (Mac Congáil, 2010: 7). Luaitear an Piarsach go díreach níos faide anonn san úrscéal, ‘Ardmháistir Scoil Éanna, agus an Gael is fearr againn’, (2010: 46), agus ‘Bhí a fhios ag an Phiasrach gur shábháil obair na

seachtaine Éire ar feadh líne eile daoine’ (2010: 86). Tagraítear fosta do Robert Emmet (2010: 47) agus do Shéamas Ó Conghaile (2010: 47, 48) a léiríonn meas Mháire ar tírghráthóirí na tíre. Chríochnaigh Máire an t-úrscéal leis na focail, ‘a fhad is a bheas na huaigheannaí seo in Éirinn, ní bheidh suaimhneas inti gan saoirse’, aistriúchán díreach ar fhocail an Phiarsaigh ag uaigh Uí Dhonnabháin Rosa, ‘...and while Ireland holds these graves, Ireland unfree shall never be at peace’ (in eager ag Doherty, 2012: 112). Mar sin de, léirítear ómós áite tríd an tírghrá agus tríd an ghrá do laochra na tíre go soiléir san úrscéal. Aibhsíonn Nic Eoin, (1982: 182) go bhfuil náisiúnachas rómánsúil a linne le mothú tríd síos an úrscéal. Deir sí go bhfuil Róise mar bhanlaoch an scéil agus ina carachtar atá lán le tírghrá. Dar le Ó Gallchóir (1992: 18), ‘Tá a shaothar uilig saille le polítíocht thús an chéid. Dearcadh náisiúnta a bhí aige. Ba iad an Píarsach agus Mitchel a chuid laochra.’ Dúirt Ó Gallchóir in *Scribhneoireacht na gConnallach* (in eagar ag Mac Congáil, 1990: 101), gurbh é tírghrá an dara téama mór i saothar Mháire – an tírghrá agus a chuid ruball – an pholaitíocht, an t-oideachas agus an teanga.

Conclúid

Is tríd na teaghlaigh ar daofa é, an teanga, na traidisiúin, an tírdhreach, agus an tírghrá a léiríonn Máire a ómós dá áit dhúchais in MDR. Rinneadh iarracht na téamaí éagsúla a scagadh ina n-aonar ach is minic a thagann siad trasna ar a chéile go nádúrtha. Chaith Máire a shaol ina dhuine fásta ar lorg an dúchais agus é as baile. Ina chuid aistí critice agus cultúir, cuireann Ó Doibhlin (1964: 200) síos ar a dheacra atá sé an téarma dúchas a mhíniú. Deir sé, ‘ní haon iontas, is dócha, oiread sin tábhacht a bheith le focal inar inchollaíodh ceann de na gothaí is bunúsaí i dtraidisiún cultúrtha na tíre seo, is é sin, an meas ar an rud ársa, ar an rud a rug bua ar imeacht aimsire, ar an tseanchuimhne; [ba dhual dúinn riamh an tsúil siar]’. Is léir go raibh meas ag Máire ar an oidhreacht a bronnadh air agus leirítear sin go soiléir tríd an teaghlach, an teanga, na traidisiúin, an tírdhreach agus an tírghrá in MDR.

Tagairtí

- Doherty, G. (eag.) (2012) *The Coming Revolution. The Political Writings and Speeches of Patrick Pearse*. Cork: Mercier Press.
- Hannan, R. (1991) 'An Ball Uaigneach Seo: Attachment to place in Gaelic literature.' *nÉire-Ireland* 36(2). 19–31.
- Hodgins T. (2006) 'Máire': *an fear á léiriú féin*. BÁC: Coiscéim.
- Kiely, B. (1982) 'A Sense of Place.' Mac Réamoinn, S. (ed.) *The Pleasures of Gaelic Poetry*. Harmondsworth: Allen Lane, Penguin Books. 93–109.
- Mac Congáil, N. (2002) 'Fiannaíocht: Scian go mBuaidh le Fionn Mac Cumhaill.' *Feasta*, Iml. 55, Uimh. 1. 14–8.
- Mac Gabhann, S. (2016) *An Cruitire*. https://www.cairdenacruite.com/wp-content/uploads/2016/07/AnCruitire_2016.pdf.
- Mac Cionnaith, M. (2005) *Is fann guth an éin: Seanchas Rann na Feirste*. BÁC: Coiscéim.
- Mac Congáil, N. (1983) *Scribhneoirí Thír Chonail*. Maigh Eo: Foilsiúcháin Náisiúnta Tta.
- Mac Congáil, N. (1990) *Máire – Clár saothair*. BÁC: Coiscéim.
- Mac Congáil, N. (1990) *Scribhneoireacht na gConallach*. BÁC: Clóchur.
- Mac Congáil, N. (eag.) (1992) *Johneen Khordaroy Answers Critics*. BÁC: Clóchur: Peantrónaic Teo.
- Mac Congáil, N. (eag.) (2003) *Na Blianta Corracha*. BÁC: Coiscéim.
- Mac Congáil, N. (eag.) (2010) *Mo Dhá Róisín le 'Máire'*. BÁC: Coiscéim.
- Mac Grianna, S.B. (1976) *Ceoltaí agus Seanchas*. Rann na Feirste: Coiste Choláiste Bhríde.
- Maguidhir, S. (eag.) *Maith thú a Mhicí Roinn de chuid Scéalta Mhicí Sheáin Néill rann na Feirste*. Muineachán: Cló Oirghialla.

- Nic Eoin, M. (1983) *An Litríocht Réigiúnach*. BÁC: An Clóchomhar Tta.
- Nic Niallais, C. (2021) *Scéalta Draíochta Mhicí Sheáin Néill*. Tír Chonaill: Eabhlóid.
- Ó Corráin, A. (1989) *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamas Ó Grianna*. The Institute of Irish Studies
- Ó Conghaile, M. (2012) *Leabhar Mór na nAmhrán*. Indreabhán, Co. na Gaillimhe: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Doibhlin, B. (1964) *Aistí Critice agus Cultúir*. BÁC: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta.
- Ó Doibhlin, B. (1992) *Ón Chreagán go Ceann Dubhrann*. BÁC: An Clóchomhar Tta.
- O'Donohue, J., (1998) *Eternal Echoes*. Bantam Press.
- O'Donohue, J. (2003) *Divine Beauty*. Bantam Press.
- Ó Gallchóir, S. (1992) *Peigí ar 'Mháire'*. BÁC: Coiscéim.
- Ó Grianna, C. (1998) *Rann na Feirsde, Seanchas ár Sinsear*. Tír Chonaill: Cló Cheann Dubhrann.
- Ó Grianna, S. (1921) *Mo Dhá Róisín*. BÁC: Faoi chomhartha na dtrí gcoinneal.
- Ó Grianna, S. (1942) *Rann na Feirste*. BÁC: An Preas Náisiúnta.
- Ó Grianna, S. (1945) *Saol Corrach*. BÁC: Cló Mercier.
- Ó hAodha, S. (1922) *Óir-Chiste*. BÁC: Comhlacht Oideachais na hÉireann.
- Ó Tuama, S. & Kinsella, T. (1981) *An Duanaire 1600–1900. Poems of the Dispossessed*. BÁC: The Dolmen Press.
- Pearse, P. (1976) *The Murder Machine and other essays*. Cork: Mercier Press.
- Titley, A. (2002) *An tÚrscéal Gaeilge*. BÁC: An Clóchomhar Tta.

Agallaimh

Pádraig Ó Baoghaill, 21.11.18

Máirtín Mac Grianna, 28.11.18

Suíomh idirlín

Waldron, K.E., & Friedman, R. (2013) *Literature of Place* – Aarhus Universitet.

Arbejdsrapir nr. 13 Institutu for Litteraturhistorie Aarhus Universitet. <https://cc.ac.uk>.

Clár teilifíse

Uachtaráin, Dubhghlas de hÍde, TG4. 18.04.07.



Cara nó Namhaid? An Intleacht Shaorga Ghiniúnach agus oideolaíocht na Gaeilge ag leibhéal an Ardoideachais

Orna Farrell & Seán Mac Risteaird

<https://doi.org/10.13025/29637>

Réamhrá: Anois Teacht na hIntleachta Saorga Giniúnaí

Tá dúshlán shainiúla ag baint le húsáid na hIntleachta Saorga Ghiniúnaí (ISG) sa seomra ranga Gaeilge ag aon leibhéal oideachais. Faoi mar a mhíníonn Ní Chiaráin *et al.*, (2023) thíos dúinn, meastar go forleathan gur radacach an rud é an ISG i réimse an oideachais trí chéile, ach is minic nach dtuigtear na himpleachtaí nó na dúshlán a eascraíonn ón gcineál seo teicneolaíochta sa ghnáthphobal, cé go bhfuil ‘súil an domhain mhóir’ ar an gcineál seo teicneolaíochta:

I gcás na dteangacha atá ar bheagán acmhainní digiteacha, an Ghaeilge ina measc, tá ceisteanna breise le cur san áireamh, mar shampla, tacair theoranta sonraí chun samhlacha iontaofacha teanga / acústaice a thraenáil, agus easpa taighdeoirí leis na scileanna cuí teangeolaíochta, teagaisc agus teicneolaíochta chun na córais a fhorbairt. Ciallaíonn an bhéim atá ar ollsonraíocht sna modhanna nua-aimseartha forbartha go bhfuil sé i bhfad níos deacra córais theagaisc a fhorbairt do theangacha neamhfhorleathana ná mar atá do na mórtheangacha (Ní Chiaráin *et al.*, 2023: 5)

Cé go bhfuil féidearthachtaí móra i gceist le huirlisí ISG-bhunaithe amhail botáí comhrá, an réaltacht fhíorúil, agus ardáin foghlama oiriúnaithe d'fhoghlaimoírí, is minic a chruthaítear fadhbanna nó dúshláin ar leith toisc go n-úsáidtear é ar bhonn trialach. Anuas air sin ar fad, tagann saincheistanna chun cinn i dtaca leis an easpa infreastruchtúir teicneolaíochta, oiliúint múinteoirí, costais, inní faoi phríobháideachas sonraí, agus claontaí tuisceana atá leabaithe in aschur an ISG. Bíodh sin mar atá, is cás linn sa pháipéar seo iniúchadh a dhéanamh ar chuid de na himpleachtaí praiticiúla, agus ar na deiseanna, a chuireann ISG ar fáil i gcomhthéacs an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe don Ghaeilge ag an tríd leibhéal. Chun na ceistanna úd a fhiosrú, déanfar anailís ar phríomhfhorbairtí na teicneolaíochta seo a chur in iúl, agus breathnófar ar an dul chun cinn suntasach atá déanta i réimse an ISG a chruthaíonn agus a chothaíonn athruithe móra paraidíme, go háirithe i dtaobh na hoideolaíochta agus an mheasúnaithe. Chuige seo, san alt seo, léireofar cuir chuige nuálacha chun an ISG a chomhtháthú i gcleachtais teagaisc, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, agus muid ag breathnú ar chás-staidéir ar leith. Ar deireadh, caithfear súil ar uirlisí éagsúla ISG trí shamplaí a bheadh cabhrach d'oidí Gaeilge.

Leagfar amach an t-alt seo i gcúig rannóg. I dtosach báire, déanfar scagadh ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an ISG in earnáil an oideachais. Ina dhiaidh sin, i gcuid 2, pléifear an ISG i gcomhthéacs teagacha neamhfhorleathana, agus muid ag díriú ar chás saineiúil na Gaeilge. Is i gcuid 3 a bhreathnófar ar chás-staidéir ar leith, agus is i gcuid 4 a bhreathnófar ar ceistanna oideolaíochta faoin ISG. Ar deireadh, i gcuid 5, déanfar cláracha ISG reatha a mheas trí scrúdú a dhéanamh ar shamplaí ionadaíochta a bheadh oiriúnach don teagasc.

Dúshláin agus/nó Deiseanna

Mar oideachasóirí ag leibhéal ar bith, tuigtear gur minic a bhíonn an teicneolaíocht agus an t-oideachas fite fuaite ina chéile. Go bunúsach, is teicneolaíocht nua bhunathraitheach é an ISG, ach go stairiúil, bhíodh comhráite móra ar bun, a gcuirfeadh an dioscúrsa nua faoin ISG i gcumhne duit, nuair a tháinig an clódóir chun cinn sa chúigiú haois déag. Ina dhiaidh sin, ba é an clár dubh beag soineanta féin a chruthaigh aighneas san ochtú haois déag (Fawns, 2022; Weller, 2020). Baineann an ISG le dúshláin, go cinnte, ach le deiseanna dúinne atá ag plé leis an oideachas ar an tríd leibhéal. Mar oidí teanga, ba cheart dúinn glacadh leis an teicneolaíocht nua seo inár gcleachtais teagaisc agus foghlama agus é mar chuid de chontanam níos leithne oideachasúil. Sin ráite, is gá meon criticiúil a fhorbairt ina leith agus a bheith airdeallach faoin áibhéil laethúil a thagann aníos go minic i gcomhráite faoin ISG mar theicneolaíocht nuálach chlaochlaithe.

Ó tháinig an ISG chun cinn go forleathan sa phobal in 2022, bhí fuadar faoi chórais oideachais ar an tríd leibhéal san Eoraip agus in Éirinn teacht ar bhealaí chun dul i ngleic leis an teicneolaíocht nua seo: ba é an namhaid nua é a chuir Google Translate i gcumhne dúinn. I dtéarmaí polasaí, tugann acmhainní amhail *Recommendations* de chuid UNESCO

(2023) agus *Recommendations on the ethical use of Artificial Intelligence in Education* a thagann ón nGréasán Eorpach don Mhacántacht Acadúil (2023), treoir úsáideach d'oidreachasóirí. Sna hacmhainní thuasluaite, tugtar tacaíochtaí atá fréamhaithe i dtaighde, agus a mholann bealaí ar féidir le hoidí an ISG a leabú ina gcleachtas gairmiúil go heiticiúil.

I gcomhthéacs Phoblacht na hÉireann, tugann Gréasán Náisiúnta don Mhacántacht Acadúil (NAIN) de chuid QQI, tacaíocht agus eolas luachmhar dúinn, anuas ar an taighde is nuáí i dtaca le ISG. Múnlaíonn a saothar *Generative Artificial Intelligence: Guidelines for Educators* (2023) polasaithe maidir leis an dea-chleachtas d'úsáid ISG anuas ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis.

Cé na dúshláin?

Is é an príomhdhúshlán a chuireann an ISG romhainn san oideachas ar an tríú leibhéal ná bailíocht mheasúnaithe agus cinntiú foghlama (Kelly, 2025). Is féidir leis an ISG measúnuithe traidisiúnta, amhail aistí agus téacsanna nó tascanna eile scríofa, a ghiniúint go fíorthapa, agus is minic a bhíonn an saothar ginte ag caighdeán réasúnta maith, cé go mbíonn an t-aschur ag brath ar an ábhar nó ar an teanga ar baineadh leas aisti. Spreagann sé seo ceisteanna iomadúla d'institiúidí ardoideachais faoi chúrsaí eitice agus an chaoi ar féidir le mic léinn leas a bhaint as uirlisí ISG. Is minic a dhéantar trácht ar an macántacht acadúil i gcomhthéacs na ceiste seo, go háirithe i dtaobh na bradaíola acadúla, agus seo le feiceáil go mion minic sa litríocht reatha (Eaton, 2023). Tagann ceisteanna rialta aníos dá bharr faoi athshámhlú an oideachais trí chéile agus go bhfuil an seomra ranga traidisiúnta níos póiriúla ná mar a bhí riamh agus na tionchair seo i gceist (Godwin-Jones *et al.*, 2024).

Agus muid, mar oidí teanga, ag dul i ngleic leis an dúshlán áirithe úd, is ag crosbhealaí atá muid. Seo a leanas roinnt moltaí a bhaineann leis an gceist chéanna chun na dúshláin a shárú:

- Forbairt theicniúil a dhéanamh ar uirlisí le saothar a ghin ISG a aithint.
- Athshámhlú a dhéanamh ar mheasúnuithe ó bhonn agus cuir chuige nua do mheasúnuithe a aimsiú.
- Cead a thabhairt d'oidí agus do mhic léinn uirlisí ISG a úsáid go heiticiúil sa teagasc, san fhoghlaim agus i measúnuithe.

I láthair na huair, is deacair a bhíonn sé ar oide saothar a ghin ISG a aithint (nó ligeann an t-oide air go n-aithníonn sé a leithéid), agus cruthaíonn sé seo brú as cuimse ó thaobh ama agus aighnis sa chóras measúnaithe. Is amhlaidh atá an scéal i dtaobh na n-uirlisí reatha teicniúla atá ar fáil chun a leithéid de shaothar ginte a aithint (Waltzer *et al.*, 2024; Weber-Wulff, 2023). Dá mhéad uirlisí teicniúla agus drochmheon den chineál seo in úsáid ag institiúidí oideachais is ea is diúltaí an dearcadh a théann sa treis. Tagann droch-chultúr áirithe acadúil chun cinn, dá thoradh air sin, ina bhfuil an t-amhras i gcroí an phobail foghlama lasmuigh agus laistigh den seomra ranga.

Cé na deiseanna?

Deis mhór is ea an ISG le tús a chur le comhráite criticiúla faoi bhailíocht measúnuithe, go háirithe i bhfianaise na teicneolaíochta nua seo. Athrú treo agus athshamhlú atá i gceist le teacht an ISG, agus ba cheart fáilte a chur roimhe seo chun measúnuithe níos oiriúnaí do mhic léinn a chruthú atá ailínithe níos fearr leis an bhfoghlaim féin. Is éard atá i gceist leis seo na measúnuithe a dheardh a ullmhaíonn na mic léinn don suíomh oibre agus do thodhchaí éiginnte (O'Rourke, 2025). Tá uirlisí ISG lárnach cheana féin i saol na hoibre agus í in úsáid go forleathan in earnálacha éagsúla gairme. Dá bhrí sin, ní mór do mhic léinn a bheith eolach ar an gcaoi is fearr agus is éifeachtaí an ISG a úsáid go heiticiúil.

D'fhéadfaí a mhaíomh, chomh maith, go rachaidh úsáid an ISG sa teagasc agus san fhoghlaim chun sochair do na mic léinn. Mórcheist is ea freisin an tslí a bhféadfadh an ISG an chruthaitheacht a chur chun cinn i measc na mac léinn, chun aiseolas pearsantaithe a chruthú dóibh bunaithe ar a sainriachtanais foghlama agus chumais féin, agus chun acmhainní foghlama inrochtana a chur ar fáil do speictream níos mó daoine (Kelly, 2025).

Ach céard atá i gcroí na mórcheiste thuas? Más mian le hoidí teanga ar an tríú leibhéal an ISG a chur san áireamh in éiceachóras na hollscolaíochta, is gá forbairt a dhéanamh ar litearthacht na ISG, agus feasacht i leith úsáid eiticiúil na teicneolaíochta seo a fheabhsú. Thacódh na céimeanna seo le cultúr maith acadúil ina bhfuil an mhacántacht acadúil chun tosaigh i gcónaí a chruthú (Eaton, 2023 719; Southworth *et al.*, 2023: 4).

Teangacha neamhfhorleathana agus mionlaithe i gcomhthéacs ISG

Is go rómhínic a dhéantar failli i dteangacha neamhfhorleathana nó i dteangacha mionlaithe i ndul chun cinn na teicneolaíochta. Mar chainteoirí Gaeilge, is minic a bhíonn ar úsáideoirí laethúla na teanga glacadh le bearnaí seirbhísí agus soláthair i ngnéithe éagsúla dá saol laethúil, cé go bhfuil obair ar siúl chun an scéal a leigheas tríd an An Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024–2030. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le hacmhainní teanga don teagasc, amhail www.snas.ie (de chuid Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad) agus www.ceimaraghaidh.ie (le hAntain Mac Lochlainn agus Siuán Ní Mhaonaigh), tá bearnaí suntasacha fós ann sa taighde ar na bearnaí teangeolaíochta a bhaineann leis an nGaeilge i gcomhthéacs an ISG.

Dar leis an mbota beag comhrá seo ar a bhfuil muid ag caint, tá os cionn caoga teanga ag ChatGPT 4.0. Maíonn an clár féin go bhfuil na teangacha Ceilteacha ar a thoil aige, agus í mar aidhm aige freagraí nádúrtha, cruinne a thabhairt chomh fada agus is féidir leis. Bíodh sin mar atá, is é an Béarla fós an teanga is láidre atá ag an gclár seo ó thaobh chruinneas teanga agus i dtaca leis an bhfeasacht shoch-chultúir de. Dá bharr seo, bíonn tionchar nach beag aige seo ar an aschur a ghintear, fiú nuair a úsáidtear teangacha eile a bhfuil líon mór cainteoirí acu. Athrú paraidíme atá i gceist leis an ISG agus muid ar thairseach nua dhigiteach agus i ré nua

theicneolaíochta agus an baol ann fós go bhfágfar an Ghaeilge in áit na leathphingine. Tógadh ChatGPT trí bhailiúcháin mhóra sonraí ar a dtugtar tacair shonraí. Agus é ag breathnú ar chás na Maoraise, tuigtear do Bjork (2023) go bhfuil na bailiúcháin sonraí, nó na tacair shonraí seo, bunaithe ar ábhar a scríobhadh cheana ar líne. Mar sin, neartaíonn na tacair shonraí seo ceannas an Bhéarla san aschur a ghintear.

Ina dhiaidh seo, mar a deir Nguyen (2024), agus í ag tagairt d'éagsúlacht theangeolaíoch an chláir, maíonn sí go mbeadh infreastruchtúr ar ardchaighdeán ag teastáil ó ChatGPT chun freastal ar theangacha mionlaithe ina bhfuil na hacmhainní daonna ó réimsí éagsúla léinn ag teastáil chun údarás agus caighdeán na bhfoinsí seo a chinntiú. Dá bhrí sin, cé go dtuigeann ChatGPT ionchur an úsáideora i dteangacha áirithe cosúil leis an Ioruais, faoi mar a phléann Rettberg (2022), ní féidir leis an ISG freagraí bunúsacha a fhreagairt. Mar sin, tugann tuairimíocht na dtráchtairí thuas le fios go bhfuil ChatGPT bunaithe ar thacair shonraí a tharraingíonn ó dhomhan agus ó chultúr Angla-Mheiriceánach. Cé gur prionsabal lárnach de chuid ChatGPT é rochtain dhaonlathach a bheith ar uirlisí ISG, beidh tuilleadh infheistíocht spriocdhírthe riachtanach chun tacú le teangacha mionlaithe amhail an Ghaeilge.

Ach cé chomh hinniúil is atá ChatGPT i láthair na huairé ó seoladh leagan 4.0 in 2023? Is cinnte go dtuigeann ChatGPT leideanna (an t-ionchur) i nGaeilge, bíonn mearbhall rialta ar an gclár agus gintear freagraí, nó aschur, aisteacha ag brath ar an leid a thugtar dó. Speabhraídí a thugtar orthu seo, agus go leor ábhar neamhchaighdeánach agus neamhchaighdeánaithe le feiceáil san aschur. Mar shampla, nuair a lorgáítear liosta d'ainmfhocail bhaininsneacha ón gclár ISG seo, tugann sé freagraí míchearta don úsáideoir agus sraith ainmfhocail fhirinsneacha le feiceáil ann ar nós 'cailín', 'clog', agus 'béal'.

Déantar tagairt dhíreach don IS agus don ISG sa *Plean Digiteach don Ghaeilge* (2022), plean a bhfuil sé mar aidhm aige bearnaí taighde a aithint i réimse na teicneolaíochta Gaeilge. Faoi mar a nochtann scríbhneoirí an phlean, níl sé i gceist go dtiocfadh an fhoghlaim ríomhchuidithe in áit oidí daonna ach go bhfuil acmhainní agus maoiniú ag teastáil chun feabhas a chur ar an oideolaíocht ag gach leibhéal cumais. Sa mhullach air sin, aithnítear sa phlean an tábhacht a bhaineann le hardáin chasta a dhearadh le go mbeidh ról gníomhach ag foghlaimoirí agus ag múinteoirí araon in úsáid acmhainní teanga. Ach céard is féidir le hinstitiúid ar leith a dhéanamh? Gheofar thíos cás-staidéar a bhaineann le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) le tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndeachaigh agus a dtéann institiúid ardoideachais i ngleic leis an teicneolaíocht seo.

Cás-staidéar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Amhail go leor institiúidí eile oideachais, thug DCU aghaidh ar cheist na ISG go foirmiúil thiar in 2022 nuair a tháinig grúpa cleachtóirí ó ranna uile na hOllscoile le chéile chun dréachtcháipéis a scríobh bunaithe ar pholasaithe úsáid na ISG. Sa cháipéis úd, leagtar amach fíis straitéiseach na hOllscoile maidir le húsáid ISG, ag leagan béim ar an ailíniú struchtúir a bhí ag teastáil chun ISG a chur san áireamh. Deirtear a leanas ann:

[it is] part of our commitment to prepare our students for a world in which AI tools will be used in a variety of ways, DCU will conduct an analysis of the current portfolio of programmes to ensure that 1) each programme is anticipated to remain relevant and demand for the numbers of graduates to be strong and 2) content reflects the emphasis on knowledge frameworks, competency over information etc which will ensure our graduates will continue to be relevant and ready for an AI-infused world. (Teaching Enhancement Unit [TEU], DCU, 2022)

Sin ráite, is minic a luann cleachtóirí ó réimsí éagsúla gurb é an measúnú an chloch is mó ar a bpaidrín: cén chaoi ar féidir measúnachtaí a dhearadh i gcomhthéacs ISG? Molann an TEU dhá mhúnla, nó dhá chur chuige, maidir le húsáid ISG i measúnuithe.

Dearaimis isteach:

- Tugann an mac léinn leideanna ISG don teagascóir a léiríonn an próiseas foghlama.
- Ábhar ISG a mheas agus é a chur i gcomparáid le saothar eile a scríobh an mac léinn.
- Saothar ISG a léamh go criticiúil agus sin a úsáid mar chuid den fhoghlaim agus den mheasúnú.

Dearaimis amach:

- Áit níos lárnaí a thabhairt do chuir i láthair agus do scrúduithe cainte (cur chuige an *viva*).
- Taifeadtaí cainte a úsáid in áit measúnachtaí scríofa.
- Tuairiscí faoin dul chun cinn sa mheasúnú a thabhairt mar chuid d'anailís foghlama.
- Tús áite a thabhairt don phróiseas oibre in áit an tsaothair deiridh a leagtar isteach.

Ag cloí leis an dearadh amach, tugadh tasc cainte i bhfoirm phodchraolta do mhic léinn na chéad bhliana ar an gclár Baitsiléara san Oideachas i nGaeilge agus Teangacha – clár atá dírithe ar ábhair oide ag an dara leibhéal – agus an tasc féin ag teacht le prionsabail mheasúnaithe an TEU. Ligeadh do na mic léinn topaic dá rogha féin a phlé go mion sa taifead cainte, a sheachnódh úsáid na ISG. Bíodh sin mar atá, tháinig roinnt dúshlán chun solais lena linn:

- Nach bhféadfadh mic léinn scrípteanna a ullmhú ag baint úsáid as ISG?
- Nach bhféadfadh mic léinn scrípt Bhéarla a ghin clár ISG a aistriú go Gaeilge trí úsáid a bhaint as Google Translate nó eile?

Dá bhrí sin, cuireann measúnuithe leanúnacha dúshlán inár láthair, agus go leor oidí teanga ar an tríú leibhéal ag filleadh ar scrúduithe suimitheacha sa halla scrúdaithe.

ISG agus an oideolaíocht

Ós rud é nach éasca an rud é úsáid ISG i measc na mac léinn a sheachaint, is mithid an cheist a chur: cén caoi ar féidir an ISG a úsáid go héifeachtach in ainneoin gur minic a bhíonn an Ghaeilge a ghineann sé míchruinn nó mínádúrtha? Tá tábhacht nach beag ag baint le cur chuige aontaithe maidir le húsáid ISG a lua go luath in aon chlár staidéir ag an tríú leibhéal. Le linn an ionduchtaithe, tugadh treoir do mhic léinn an Bhaitisiléara san Oideachas i nGaeilge agus Teangacha maidir le húsáid cláir amhail ChatGPT, agus cuireadh na síolta seo le go mbeidh siad in ann uirlisí ISG a úsáid go cúramach agus go criticiúil ina gcuid oibre.

Is léir ón taighde go bhfuil go leor teagascóirí teanga L2 sásta an ISG a chur i bhfeidhm ina gcleachtas gairmiúil féin. Maíonn Ohashi & Alm (2022) ina staidéar ar úsáid ISG, a raibh níos mó ná 300 teagascóir teanga páirteach ann, go bhfuil fonn ar an-chuid oidí teanga an ISG a úsáid i ndearadh ábhair. Feictear sa staidéar céanna, go gceaptar gur cúntóir teagaisc atá san ISG le quizeanna meicniúla gramadaí a scríobh agus chun ábhair phlé a scríobh bunaithe ar thopaic ar leith chumarsáide. Cé nach féidir brath ar aschur ChatGPT go minic, tugtar bunús d'oidí teanga agus gníomhaíochtaí á bhforbairt acu don seomra ranga. Ar deireadh, má tá sé i gceist ag an oide teanga leas éifeachtach a bhaint as ISG, beidh orthu an oiliúint chuí a fháil ar mhaithe le dearbhú caighdeáin. Is gá, mar thoradh air sin, tuilleadh maoinithe is taighde i dtaobh na ISG i gcomhthéacs na Gaeilge.

Samplaí den Dea-Chleachtas

Sampla 1: Ábhar teagaisc

Tá modúil Ghaeilge (is é sin le rá, modúil ar labhairt agus ar scríobh na Gaeilge) in DCU ailínithe go ginearálta leis an siollabas náisiúnta do mhúineadh na Gaeilge ar an tríú leibhéal a bunaíodh in 2011 trí obair *An Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal*. Cuireann an siollabas teanga ábhar samplach foghlama ar fáil do chomhordaitheoirí modúl agus an siollabas céanna ailínithe le leibhéal chuí chumais de réir an *Creatlach Comónta na hEorpa maidir le Teangacha: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú* (CEFR) (Comhairle na hEorpa, 2001). Is léir go bhféadfaidh an CEFR a bheith mar threoir chun inniúlachtaí foghlaimoírí a phróifíliú agus chun dul chun cinn a mheas bunaithe ar na critéir a leagadh síos sa CEFR (Ní Ghloinn,

2020: 119). Pléann mic léinn Ghaeilge le téacsanna dílse éagsúla agus múintear seimineáir theanga i gcomhthéacs cumarsáideach. Deis is ea an seimineár teanga chun litearthacht ISG a chothú chomh maith ina leagtar amach cuspóirí cinnte foghlama agus teanga go soiléir. Mar shampla, in Aonad 6 de chúrsa an dara bliain don Bhaitisiléir san Oideachas i nGaeilge agus Teangacha, úsáidtear téacsanna dílse ó www.snas.ie chun plé a éascú faoin ISG. Tugann sé seo deis don oide teanga dhá aidhm a bhaint amach: stór focal, struchtúir theanga, agus topaicí faoin ISG a shealbhu anuas ar mhachnamh a dhéanamh ar ISG go ginearálta. Gheofar thíos cuid de sheisiún samplach bunaithe ar acmhainní www.snas.ie:

Aonad 6: An Intleacht Shaorga Ghiniúnach

Cleachtadh A: Réamhphlé

Déan na pointí thíos a phlé leis an duine in aice leat.

- Cad iad na hathruithe is mó a tháinig ar an teicneolaíocht le linn do shaoil go dtí seo?
- Cad é an chéad dul chun cinn mór teicneolaíochta eile atá le teacht, dar leat?
- An bhfuil aon chuid den teicneolaíocht a rinne dochar don domhan? Mínigh.
- An bhfuil cur amach agat ar an intleacht shaorga agus ar ChatCPT?

Cleachtadh B: Stór focal (bunaithe ar Vifax/www.snas.ie)

Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

computer scientist:

boss:

retiring:

regret:

intense competition:

computer companies:

breakneck speed:

committed to:

responsible approach:

pioneering:

Cleachtadh C: An Mhír Físe (bunaithe ar Vifax/www.snas.ie)

Anois féach ar an mír agus freagair na ceistanna thíos:

1. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?
2. An bhfuil leagan eile agat de na focail seo – baol / scanrúil / i dtaca le?

Cén uimhir iolra atá ag na focail ‘suíomh’ agus ‘post’? **Cleachtadh D: An Mhír Físe (bunaithe ar Vifax/www.snas.ie)**

Anois féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna thíos:

3. Cé hé Geoffrey Hinton agus cén aois atá sé?
4. Cén fáth a bhfuil sé sa nuacht faoi láthair?
5. Cén fáth a bhfuil aiféala ar Geoffrey?
6. Cén fáth, dar leis, a bhfuil comhlachtaí móra ag cur amach córais nua intleachta saorga go han-tapa?
7. Cad iad na contúirtí a bhaineann leis na botáí comhrá, dar leis?
8. Cad a bhí le rá ag Emmet Ryan?
9. Tugann James McDermott liosta dúinn de na rudaí ar fad is féidir leis na botáí a dhéanamh. Cad iad?
10. Cén imní atá ar go leor taighdeoirí, dar leis?
11. Cad a dúirt Jeff Dean?

Sampla 2: Forbairt litearthachta don ISG

Mar chuid den Bhaitsiléir san Oideachas i nGaeilge agus Teangacha, díríonn na hábhair oide ar an teoiric oideachais, agus déantar scagadh socheolaíoch ar dhigitiú an oideachais in Éirinn. Ar cheann de na téamaí a phléifear is ea úsáid ISG sa seomra ranga ar an dara leibhéal. Tá an téama seo bunaithe ar Chéimeanna na Múinteoirí i gComhtháthú ISG de réir Kaplan-Rakowski *et. al* (2023). Féach Figiúr 1 thíos.

1. *Awareness*: I am aware that the technology exists but have not used it – perhaps I'm even avoiding it. I am anxious about the prospect of using ChatGPT.
2. *Learning*: I am currently trying to learn the basics of ChatGPT. I am sometimes frustrated using ChatGPT and I lack confidence when using it.
3. *Understanding*: I am beginning to understand the process of using ChatGPT and can think of specific tasks in which it might be useful.
4. *Familiarity*: I am gaining a sense of self-confidence in using ChatGPT for specific tasks. I am starting to feel comfortable using ChatGPT.
5. *Adaptation*: I think about ChatGPT as an instructional tool to help me and I am no longer concerned about it as technology.
6. *Creative application*: I can apply what I know about ChatGPT in the classroom. I am able to use it as an instructional aid and have integrated ChatGPT into the curriculum.

Figíur 1: Kaplan-Rakowski et. al (2023): comhtháthú ISG do mhúinteoirí.

Bhain an seisiún seo le réimse leathan gníomhaíochtaí ina raibh an litearthacht ISG i gcroí an cheachta. Mar chuid den seisiún, bhí plé ann faoin ISG, rinneadh anailís chriticiúil ar an ISG agus léadh pleannanna ceachta a ghin an ISG. Bhí turgnaimh éagsúla eile ann a bhain le dearadh acmhainní teagaisc don dara leibhéal. Ba é an ghníomhaíocht ba rathúla, sin ráite, ná 'an aincheist eitice', féach an sampla thíos.

Gníomhaíocht faoin ISG: Aincheist Eitice

Is dalta í Máire atá sa dara bliain i nGaelcholáiste Áine. Mar chuid den obair bhaile, d'iarr an múinteoir uirthi roinnt taighde a dhéanamh ar chultúr na Gearmáine a bhí mar chuid den mheasúnú rang-bhunaithe (MRB). Chuaigh Máire ag póirseáil trí shuímh éagsúla ar líne agus bhain sí leas as ChatGPT. Tharraing sí na píosaí eolais le chéile go néata dá múinteoir agus leag sí isteach an obair.

Agus sibh ag obair i grúpaí, déan plé ar an 'aincheist eitice; seo agus ullmhaigh píosa cainte bunaithe ar na pointí thíos:

1. An raibh cur chuige Mháire inghlactha? Cén fáth a raibh nó cén fáth nach raibh?
2. Cén chaoi a mbeadh an múinteoir in ann a chruthú gur bhain sí leas as ISG?
3. An bhfuair Máire cead óna múinteoir ISG a úsáid? Cá seasann an scoil ina leith? Céard faoi Choimisiún na Scrúduithe Stáit nó faoin Roinn Oideachais?

Conclúid: Cá bhfuil ár dtriall?

Tá idir dhúshlán agus deiseanna i gceist le húsáid na ISG i dteagasc agus i measúnú na Gaeilge faoi mar a pléadh thuas. Cé go raibh iarrachtaí ar bun an ISG a fhiosrú in aipeanna teanga ar nós *Cén Scéal?*, ba léir nach raibh rath orthu agus an locht ar na tacair lochtacha shonraí ISG a bhí ar fáil ag an am (Ní Chiaráin *et al.*, 2023: 178). Méadaíonn sé seo an géarghá a bhaineann le hinfheistíocht náisiúnta spriocdhírthe sa teicneolaíocht teanga.

Cé go bhfuil ceisteanna móra fós le cur faoin macántacht acadúil, faoin gcrúinneas teanga san aschur ISG, agus ceisteanna eile eitice, is léir gur féidir le hinstiúidí fadradharcacha tríú leibhéal deiseanna a thapú sa réimse seo. Tuigtear go bhfuil an ISG ag dul i bhfeabhas ó lá go lá maidir leis an aschur Gaeilge a chuirtear ar fáil agus cláir nua ar nós DeepSeek anois ar an bhfód. Agus an tírdhreach teicneolaíochta seo ag athrú ó lá go lá, agus tionscadail Údarás na Gaeltachta faoin 'Ardintleacht' ar bun, an gá dúinn in earnáil an ardoideachais Ghaeilge dul i ngleic leis an teicneolaíocht seo go trasinstiúideach, amhail obair *An Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal* faoi mar a mholann Choudhury (2023: 1903): *'This is a complex sociotechnical challenge that necessitates a coordinated effort from several stakeholders, including technology developers, companies, governments and language communities'*. Dar linne, is fiú go mór a mhacasamhail a chur ar bun agus muid ag feidhmiú i gcóras oideachais iar-bhradaíola ina mbeidh obair 'hibrea-dhaonna' i gceist leis (Eaton, 2023). Tá deis ag oidí teanga tacú le mic léinn chun iad a ullmhú do na hathruithe suntasacha atá anois le feiceáil in earnálacha agus i gcomhthéacsanna éagsúla oibre. Is gá, mar sin, a chinntiú mar oidí ar an tríú leibhéal go gcuirtear ar fáil an timpeallacht cheart foghlama chun scileanna criticiúla agus teicniúla a chothú agus ré na ISG anois linn.

Tagairtí

- Bjork, C. (2023) 'ChatGPT Threatens Language Diversity: More needs to be done to protect our differences in the age of AI.' <https://theconversation.com/chatgpt-threatens-language-diversity-more-needs-to-be-done-to-protect-our-differences-in-the-age-of-ai-198878>.
- Choudhury, M. (2023) 'Generative AI has a language problem.' *Nature human behaviour* 7(11). 1802–3. <https://doi.org/10.1038/s41562-023-01716-4>.
- Eaton, S.E. (2023) 'Postplagiarism: transdisciplinary ethics and integrity in the age of artificial intelligence and neurotechnology.' *Int J Educ Integr*, 19. 23. <https://doi.org/10.1007/s40979-023-00144-1>
- Fawns, T. (2022) 'An Entangled Pedagogy: Looking Beyond the Pedagogy – Technology Dichotomy'. *Postdigit Sci Educ*, 4, 7. 11–28. <https://doi.org/10.1007/s42438-022-00302-7>
- Foltynek, T. Bjelobaba, S. Glendinning, I. et al (2023). 'ENAI Recommendations on the ethical use of Artificial Intelligence in Education;'. *Int J Educ Integr*, 19. 12. <https://doi.org/10.1007/s40979-023-00133-4>.
- Godwin-Jones, R. (2024) 'Distributed agency in language learning and teaching through generative AI. *Language Learning & Technology*, 28(2). 5–30. <https://doi.org/10.125/73570>
- Kaplan-Rakowski, R., Grotewold, K., Hartwick, P. & Papin, K., (2023) 'Generative AI and Teachers' Perspectives on Its Implementation in Education.' *Journal of Interactive Learning Research*, 34(2). 313–8. Waynesville, NC: Association for the Advancement of Computing in Education (AACE). <https://www.learntechlib.org/primary/p/222363/>.
- Kelly, B. (2025) 'GenAI in Higher Education: Key Considerations.' Schalk Quintanar & Rooney (Eds), *Using GenAI in Teaching, Learning and Assessment in Irish Universities*.
- Li, L. et al. (2023) 'ChatGPT in education: a discourse analysis of worries and concerns on social media.' *Education and Information Technologies*, 20.1.

- NAIN, (2023) *Generative Artificial Intelligence: Guidelines for Educators*.
- Ní Chiaráin, N. Nolan, O. Robinson Gunning, N. Comtois, M. (2023) 'Filling the SLaTE: examining the contribution LLMs can make to Irish iCALL content generation.' *Proc. 9th Workshop on Speech and Language Technology in Education (SLaTE)*. 176–81. <https://doi.org/10.21437/SLaTE.2023-34>
- Ní Ghloinn, A. (2020) 'Corpas Foghlaimora TEG agus an Próifiliú Cumais sa Ghaeilge.' Ó Raghallaigh, E. (eag.), *Léachtaí Cholm Cille L: Téamaí agus Tionscadail Taighde*. Maigh Nuad: An Sagart, 119-56.
- Ohashi, L. and Alm, A., (2023) 'ChatGPT and Language Learning: University Educators' Initial Response.' *EuroCALL 2023. CALL for all Languages – Short Papers*. 31–6.
- O'Rourke, K. (2025) 'What is Intelligence Anyway? AI and Higher Education in the 21st Century.' Schalk Quintanar & Rooney (Eds), *Using GenAI in Teaching, Learning and Assessment in Irish Universities*.
- Phong ANH, N. (2024) 'Artificial Intelligence and the threat of minority language extinction.' *Vietnam Times*. <https://vietnamtimes.org.vn/artificial-intelligence-and-the-threat-of-minority-language-extinction-69515.html>.
- Rettberg, J. (2022) 'ChatGPT is multilingual but monocultural, and it's learning your values.' <https://jilltxt.net/right-now-chatgpt-is-multilingual-but-monocultural-but-its-learning-your-values/>.
- Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, (2022) *Plean Digiteach don Ghaeilge Teicneolaíochtaí Urlabhra agus Teanga 2023–2027*. <https://www.gov.ie/en/publication/a880c-plean-digiteach>.
- Southworth, J. *et al.* (2023) 'Developing a model for AI Across the curriculum: Transforming the higher education landscape via innovation in AI literacy.' *Computers and Education. Artificial Intelligence*, 4. <https://doi.org/10.1016/j.caeai.2023.100127>.
- UNESCO. (2023) *Guidance for generative AI in education and research*.

Waltzer, T. Pilegard, C. & Heyman, G.D. (2024) 'Can you spot the bot? Identifying AI-generated writing in college essays.' *Int J Educ Integr*, 20. 11. <https://doi.org/10.1007/s40979-024-00158-3>

Weber-Wulff, D., Anohina-Naumeca, A., Bjelobaba, S. *et al.* (2023) 'Testing of detection tools for AI-generated text.' *Int J Educ Integr*, 19. 26. <https://doi.org/10.1007/s40979-023-00146-z>

Weller, M. (2020) *25 years of ed tech*. Athabasca University Press.



An nuachainteoir ina (h)aisteoir cruthaitheach i gceantair Ghaeltachta Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh

Shane Grant

<https://doi.org/10.13025/29636>

Réamhrá

Feiniméan fadaitheanta é aos dána agus cruthaitheach a bheith ag tarraingt ar Chorca Dhuibhne, scríbhneoirí na Gaeilge, go speisialta. Ba ghnách le lucht, Innti imeacht siar go Corca Dhuibhne, áit a soláthraíodh ceárta anama agus teanga dóibh (Ó Dúshláine 2011, Ní Ghairbhí, 2011). Bhí nós ag scríbhneoirí tréimhse sealbhaithe teanga a chaitheamh sa Ghaeltacht ó thús na 20ú haoise ar aghaidh, a luaitear mar chineál ‘turasóireacht chultúrtha’ (Ní Ghairbhí, 2011: 70). Cothaíodh na mórfhilí Ní Dhomhnaill, Ó Ríordáin, Davitt agus Ó Muirthile go speisialta ag an bpobal ‘neamhphollta teanga’ tríd na ‘turasanna fionnachtana’ a thugadar siar go Corca Dhuibhne (Ní Ghairbhí, 2011: 70). Deir Nic Eoin (2005: 270) ‘gur freastalaíodh ar riachtanais iomlána an duine chomh maith lena riachtanais teanga’.

Dar le Tadhg Ó Dúshláine (2018) gur idéolaíocht ar leith é an filleadh siar seo, rud a bhaineann go dlúth le féiniúlacht an Ghaeil. Deir sé go mbíonn daoine nár rugadh sa Ghaeltacht ag lorg na gné oidhreachtúla stairiúla sin díbh a ceileadh orthu.

Ní féidir é a mhíniú ach go bhfuil fhios agat gur ceileadh nó gur baineadh de do mhuintir fhéin an saibhreas sin go léir ach gur mhair sé i bpócaí beaga agus ná rabhaise ach ag déanamh athghabháil, tóraíocht taisce ar chuid an-bhunúsach, an-tábhachtach díot féin...gur mhair sé sin anso fós, ceilte ort, i ngan fhios duit, go dtí go raibh sé de dhán nó de phribhléid duit teacht chun na Gaeltachta.

Feictear é seo i bhfocail an Ríordánaigh (1975: 6) féin: ‘Cad ina thaobh go ndeaghas go Dún Chaoin? Toisc gur theastaigh pobal neamhphollta uaim. B’fhearr liom mo cheantar dúchais ach ní raibh leigheas air.’

Is é aidhm an pháipéir seo ná léargas a thabhairt ar thaithí phearsanta seisear nuachainteoirí ar filí iad atá ag maireachtáil sna ceantair Ghaeltachta i gCiarraí: Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach maidir leis na cúiseanna a spreag iad chun teacht chun na gceantar seo. Is é an príomháiteamh a dhéantar sa pháipéar seo ná go bhfuil dlúthbhaint idir cleachtadh na filíochta agus ceisteanna féiniúlachta an nuachainteora, agus gur ábhar suime é na slite a n-aimsíonn na filí chun a bhféiniúlacht úr a dheimhniú agus a fhógairt sna ceantair seo. Chinn na filí seo ag tréimhsí éagsúla ar chúiseanna éagsúla aistriú go fisiciúil chuig na ceantair Ghaeltachta seo. Cé nárbh amhlaidh gur tarraingíodh chomh coitianta sin ar Uíbh Ráthach is a deineadh i gcás Chorca Dhuibhne, pléifear taithí fhíle amháin anseo maidir le hUíbh Ráthach a bheith mar cheann scríbe aige. Is iad na filí a bheidh i gceist anseo ná Louis Mulcahy, Ceaití Ní Bheildiúin, Simon Ó Faoláin, Paddy Bushe, Peadar Ó hUallaigh agus Áine Moynihan.

Teoiric an Nuachainteora agus An Cine Isteach

Tá aird á tarraingt ar lipéad seo an nuachainteora le breis is deich mbliana anuas in Éirinn agus san Eoraip i ngort na sochtheangeolaíochta (Walsh & Rowland, 2015: 8). Tosnaíodh ar úsáid an téarma ‘nuachainteoir’ in Éirinn sa bhliain 2010; téarma é a raibh feidhm aige cheana sa Chatalóinis agus sa Bhascais (O’Rourke & Walsh, 2020: 5). Is éard atá i gceist le ‘nuachainteoir’ ná duine a d’fhoghlaim an teanga lasmuigh den ngnáthchomhthéacs sealbhaithe teanga sa teaghlach agus a úsáideann í ar bhonn gníomhach rialta mar chuid dá saol laethúil (Walsh & Rowland, 2015: 7).

The term ‘new speaker’ has come to be used as a lens for studying individuals who did not learn a (minority) language through family transmission in the home or through exposure to its use within their local community, but instead acquired it through the education system or as adult learners, often in the context of language revitalisation projects. (Brennan & O’Rourke, 2019: 132)

Tráchtann O’Rourke & Walsh (2015: 4) ar choincheap na *mudes* teangeolaíocha agus an bhaint a bhíonn idir an t-athrú a thagann ar chleachtas teanga an nuachainteora agus a f(h) éiniúlacht. Féachtar ar an bhfeiniméan seo den *muda* nó *mudes* i dtéarmaí ‘pointí criticiúla le linn shaolré an duine’ nó ‘móimintí claochlaithe ar chleachtais theangeolaíocha’ an duine agus leagtar béim ar an athrú féiniúlachta a shamhlaítear leis an gclaochlú céanna.

Is díol suntais agus spéise gur cine isteach iad an cúigear filí i gCorca Dhuibhne, rud a threisiúnn an claochlú, b’fhéidir, a thagann ar fhéiniúlacht na nuachainteoirí seo go háirithe agus móimint thábhachtach an aistrithe fhisiciúil á mheas. Tá sé léirithe cheana go bhfuil

dlúthbhaint idir féiniúlacht an nuachainteora agus an t-athrú a thagann ar a c(h)leachtas teanga (Walsh, O'Rourke & Rowland, 2015: 25). Gné thábhachtach a bhaineann leis an nasc seo idir teanga agus féiniúlacht go sonrach ná gur minic go mbíonn an nuachainteoir gníomhach ag lorg comhthéacsanna nua sóisialta ina n-úsáidtear an sprioctheanga.

Tá cumas nua teangeolaíoch á fhógairt aige/aici go poiblí agus dá bhrí sin tá rannpháirtíocht á lorg aige/aici i gcomhthéacsanna áirithe sóisialta atá bunaithe ar an gcumas teangeolaíoch sin... tá seasamh sóisialta á thógáil agus persona poiblí á chruthú go comhfhiósach acu. (Walsh, O'Rourke & Rowland, 2015: 26)

Dar le Seoighe (2018: 13) go mbaineann tábhacht mhór leis na comhthéacsanna sóisialta a bhaineann nuachainteoirí amach dóibh féin mar chuid dá bpróiseas dlisteanaithe mar chainteoirí Gaeilge agus 'pobal cleachtais agus deiseanna úsáide' á lorg acu. Ní hamháin go bhféadfadh duine a bheith ag iarraidh teacht ar chomhthéacsanna sóisialta ach imríonn rannpháirtíocht an chine isteach sa phobal féin tionchar ar a éifeachtaí is a bhíonn an próiseas nasctha a dhéantar i bpobal nua. Léiríonn taighde Allan, Crow & Summers (2001: 40) nach ionann taithí gach duine mar chine isteach ná na hacmhainní atá acu. Scrúdaíonn siad na hógairreachtaí a bhaineann le himeascadh sóisialta agus féiniúlachta i gcás-staidéar ar *insiders/outsiders* i bpobal tuaithe oileáin Steeptown. Ba thábhachtaí i gcásanna áirithe rannpháirtíocht ghníomhach an chine isteach sa phobal.

It was noted above that while some Steeptown residents regarded the ability to demonstrate local ancestry as an important mark of being an 'insider', others attached greater significance to the extent of a person's participation in local social life and their preparedness to identify with the town. (ibid: 45)

Ceist fhíorshuimiúil a ardaítear anseo maidir le taithí na bhfilí féin agus iad ag iarraidh nascadh lena gceantar nua. Conas a éiríonn leo é seo a bhaint amach agus cad é an dearcadh pearsanta atá acu ina thaobh?

Taithí na bhfilí i dtaobh an aistrithe

Mar chine isteach i bpobal nua, braitheann na filí íogaireachtaí maidir lena bhféiniúlacht. Tá guagacht áirithe ag baint le dearcadh Simon Uí Fhaoláin i leith a chuid féiniúlachta. Cé gur tháinig sé go Corca Dhuibhne nuair a bhí sé seacht mbliana d'aois, d'imigh sé ón gceantar ar feadh tréimhse le freastal ar an ollscoil. Chaith sé tréimhsí sa Bhreatain Bheag, sa Ghaillimh, i gCorcaigh agus ar Oileán Acla sular fhill sé ar Chorca Dhuibhne ag tús na mílaoise. Mar pháiste óg, níor bhain cinneadh a dtuismitheoirí chun lonnú sa cheantar leis an nGaeilge. Dúirt sé

gur minic a dhéantar talamh slán de gur ‘Gaelgeoirí a bhí i mo mhuintir agus gur b’in an chúis gur thánamar anso ach níorbh amhlaidh in aon chor’ (Ó Faoláin, 2018). Theastaigh óna athair bogadh amach as Baile Átha Cliath toisc go raibh sé bailithe den saol a bhí á chaitheamh acu ann agus leis na daoine a bhí timpeall air. Ba i gCorca Dhuibhne a d’fhoghlaim Ó Faoláin an Ghaeilge i gceart den gcéad uair agus é ag freastal ar Scoil na Feothanaí (Ó Faoláin, 2018).

Nuair a bhog Ceaití Ní Bheildiúin go Corca Dhuibhne, ba bheag tuiscint a bhí aici ar shaol na Gaeltachta. Níor thuig sí fiú go raibh teorainneacha Gaeltachta ann idir na ceantair i gCiarraí.

Níor thuigeas riamh tá tú ag fágaint an Ghaeltacht agus ansan tá tú sa Ghaeltacht agus bhí an rud san Breac-Ghaeltacht agus níor thuigeas go díreach cad é sin. (Ní Bheildiúin, 2018)

Dhein sí cinneadh bogadh amach ó na Saoirsí (na ‘Liberties’) i mBaile Átha Cliath toisc nár bhraith sí sábháilte ann a thuilleadh. Shocraigh sí a deartháir agus a deirfiúr a leanúint agus bhog sí go dtí an leithinis. Cé go raibh cumas áirithe sa teanga inti, níor shealbhaigh sí an teanga, i gceart, dar léi, go dtí gur bhog sí go Corca Dhuibhne agus d’éirigh sí níos gníomhaí ansin ar a haistear foghlama. Cé go raibh filíocht scríte aici roimhe sin, níor luigh sí isteach ar an gceird i gceart go dtí go raibh sí ag cur fúithi ar an leithinis (Ní Bheildiúin, 2018). Feictear go raibh tionchar mór ar an aistriú fisiciúil seo ar a conair foghlama teanga agus bhain an fhilíocht go dlúth leis an aistear céanna. D’éirigh léi ceangal a aimsiú leis an gceantar tríd an teanga agus cheangail an teanga í leis an bhfilíocht de réir a chéile (Ní Bheildiúin, 2018). Bhain próiseas trialach le foghlaim na teanga di ag an tosach. D’éirigh léi teacht isteach ar an bhfilíocht tríd an teanga ansin. Múnlaíodh a féiniúlacht i gcomhar leis na roghanna teanga a dhein sí nuair a bhog sí go Corca Dhuibhne. Luigh sí isteach ar an dá chúram le chéile.

Is dócha gurb í an Ghaelainn a thug slí isteach dom go dtí domhan na filíochta. Is dócha an cheangail siar atá ag an nGaelainn an rud ársaíocht, chreideas ann go hiomlán, gur rud draíochtúil é. (Ní Bheildiúin, 2018)

Bhog Louis Mulcahy agus a bhean chéile go Corca Dhuibhne is iad ar thóir ‘áilleacht’ an cheantair. Díol suntais nár bhain tábhacht ar bith leis an aistriú sin leis an teanga.

Bhí an ghráin agam féin nGaelainn agus nuair a thána anso tar éis tamaillín beag, thuigeas fhéinig agus thuig an chlann, da mbeimis chun daoine a bheith fostaithe, nó níos mó daoine a bheith fostaithe thíos, go ndeinfimid dochar gan ar a laghad daoine a thuiscint agus a bheith ábalta labhairt leo mar gheall ar ghnáthchúrsaí. (Mulcahy, 2018)

Ba i gCorca Dhuibhne a shealbhaigh Mulcahy an Ghaeilge agus ba ann blianta ina dhiaidh sin a thosnaigh sé ar an bhfilíocht. Bhí tionchar ag aitheantas a bhí ag a bhaile nua mar cheantar Gaeltachta ar na cúiseanna pearsanta ar dhein sé féin an teanga a fhoghlaim. Sampla é seo den inspreagadh intreach maidir le foghlaim na teanga do Mulcahy. Ba rud pearsanta é a thug air an teanga a fhoghlaim agus ba mar chuid den chonair foghlama teanga agus na comhthéacsanna sóisialta a bhain leis sin a thug é i dtreo na filíochta Gaeilge. Is éard atá i gceist leis an inspreagadh intreach dar le Ní Dhúda (2017: 222) ná:

[...] intrinsic motivation involves acting autonomously, doing an activity even in the absence of reinforcements or rewards, doing something for its inherent satisfaction. This is a very personal or internal motivation, which is fuelled by an awareness, resolution or conscious decision (ideological choice) for personal reasons, and is also associated with self-determined behaviour'.

Fearacht Mulcahy, bhog Paddy Bushe agus a bhean chéile Fíona go hUíbh Ráthach 'ar thóir sléibhte agus farraige'. Bhí cinneadh déanta acu bogadh ó Bhaile Átha Cliath go hiarthar na tíre. Tharla go bhfuair sé post ina dhiaidh in Uíbh Ráthach agus tá siad lonnaithe ann ó shin. Thug sé le fios go bhféadfaidís a bheith lonnaithe i gCorca Dhuibhne, ach nach raibh post ar fáil ag an am mar mhúinteoir ar an leithinis agus tharla go bhfuair sé post sa VEC áitiúil in Uíbh Ráthach. Bhí an teanga ar a thoil ag Bushe sular aistrigh sé go hUíbh Ráthach agus bhí sé tosnaithe ar an bhfilíocht roimhe sin.

D'imir aistriú tíreolaíochta Bushe go hUíbh Ráthach tionchar nach beag ar a fhéiniúlacht. Léirigh an tOllamh Gearóid Denvir (2005) ina aiste 'From Inis Fraoigh to Innisfree... and Back Again? Sense of Place in Poetry in Irish since 1950' gur téama lárnach de chuid nuafhilíocht na Gaeilge trí chéile é an dinnseanchas agus an t-ómós áite. Is suntasach, dar leis, go dtarraingíonn filí ar áiteanna ar leith tíre mar a bheadh *lieux sacrés* – áiteanna nach iad a gceantair dhúchais féin iad i gcónaí. Is é sin le rá gur trí lionsa eolas an fhile ar oidhreacht áite nó a g(h)aol le háit a théann an áit i bhfeidhm air. Ní bhaineann sé díreach le teagmháil a bheith ag an duine leis an tírdhreach. Tagann fianaise fhilí an staidéir seo leis an gclaonadh a d'aithin Denvir chomh maith. Mar chine isteach a tháinig Bushe chun cónaithe sa cheantar agus tá seans ann go raibh feidhm ag na naisc seo mar éascú ar phróiseas dlisteanaithe an fhile lena cheantar. Go deimhin labhair Bushe ar an mbeith istigh d'eachtrannaigh a d'aithin sé mar shainghné de théacsanna mar Aimhirghin agus an Leabhar Gabhála ag Éigse na Brídeoige 2019. D'aithin Denvir an tionchar láidir a imríonn tírdhreach agus scéalta miotais ar an ionannú is féidir le duine a dhéanamh le ceantar nach é a cheantar dúchais é.

Landscape is personal and tribal history made visible. The native's identity - his place in the total scheme of things - is not in doubt, because the myths that support it are as real as the rocks and the waterfalls he can see and touch. (Denvir, 2005: 108)

Labhair Bushe in agallamh a dhein sé do *Poetry Ireland Review* (2013) ar an easpa muiníne a bhraith sé ar feadh tréimhse nuair a d'éirigh sé as an bhfilíocht a scríobh in aois aon bhliain is fiche. Dar leis gurb í leithinis Uíbh Ráthaigh agus a spreag arís é chun na filíochta.

I am still not sure why I stopped. I suppose I could say I was timid, and lacked confidence; but that was still true when I started to write again, and remains true to this day... Maybe I needed the rooting which living in the Iveragh peninsula gave me, in order to let my imagination blossom from a soil which was both real and imaginatively alive to me. (Bushe, 2013: 96)

Ba léir go raibh feidhm shamhlaíoch ag an tírdhreach ar an bhfile: ‘*a soil which was both real and imaginatively alive to me*’ nó i bhfocail Denvir (2005: 108) faoi thábhacht tírdhreachanna ‘*the myths that support it are as real as the rocks and the waterfalls*’. Ba shuntasach an tionchar a bhí ag aistriú tíreolaíoch agus ar phróiseas cur in aithne a dhéanamh le tírdhreach a bhaile nua.

Bhí sé de nós ag Peadar Ó hUallaigh imeacht go Corca Dhuibhne ar cuairt ag cairde leis agus shocraigh sé deireadh seachtaine amháin go bhfanadh sé ann ar bhonn fadtéarmach. Bhain claochlú féiniúlachta le haistriú Uí Uallaigh chomh maith. Níor tháinig sé air féin i gceart go dtí gur thosnaigh sé ar an bhfilíocht.

Ar shlí éigin, níor éirigh liom ar aon shlí teacht ar m'fhéiniúlacht féinig go dtí gur thosnaíos leis an bhfilíocht. Bhíos ag fáil tuiscint orm féin don chéad uair. Níor tharla sé sin riamh i mBéarla ach tharla sé leis an nGaelainn. Bhíos ag teacht ar áiteanna ionam féin nach raibh aon teacht orthu riamh roimhe sin. (Ó hUallaigh, 2018)

Bhí tréimhsí caite ag Áine Moynihan i gceantair Ghaeltachta timpeall na tíre sular aistrigh sí go Corca Dhuibhne. Phós sí a fear céile Feargal Mac Amhlaoibh i mBaile Ghib, Contae na Mí. Chaith sí tréimhse ceithre bliana ar Inis Oírr. D'aistríodar go hOileán Cléire, Corcaigh. Bhí beirt leanaí acu faoin tráth sin agus an leanbh ní ba shine ag druidim le haois meánscoile. Níor theastaigh uathu go raghadh sí go scoil chónaithe mar a dhein an bheirt acu féin. Deir Moynihan gur cuimhin léi go ndeachaigh siad go Corcaigh agus é beartaithe acu féachaint ar thithe. Bhí an lá chomh hálainn gur shocraíodar imeacht ar turas go Corca Dhuibhne agus thosnaíodar ag féachaint ar thithe ar an leithinis ansin (Moynihan, 2018). Bhí ‘píosáí filíochta’ á scríobh aici agus í ag maireachtaint ar Inis Oírr agus ar Oileán Chléire. Níor fhoilsigh an file aon saothar, áfach, go dtí go raibh sí ag cur fúithi i gCorca Dhuibhne.

Is díol spéise nach i gCorca Dhuibhne a deineadh nuachainteoírí de chuid de na filí a pléadh thuas ach ghlac siad féin cinneadh aistriú isteach go dtí an ceantar. Roghnaigh siad ar fad toghranna ceantair Chatagóir A (*Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch,*

2015) mar cheann scribe. Is spéisiúil mar shampla nach bhfuil aon duine as measc na bhfilí Gaeilge lonnaithe sa Daingean féin agus gur tarraingíodh iad chuig na ceantair, b'fhéidir, a bhfuil an Ghaeilge níos láidre iontu taobh amuigh de chás Paddy Bushe.

An file ina (h)aisteoir cruthaitheach

Tá sé suntasach i gcás na gceantar Gaeltachta seo gurb iad na nuachainteoirí go minic agus ní na cainteoirí dúchais a chuireann infreastruchtúr ar fáil do chleachtadh na n-ealaíon agus na cruthaitheachta. Bíonn na filí seo an-ghníomhach maidir le himeachtaí sóisialta a chur ar fáil sa phobal, imeachtaí iad seo a mbíonn an fhilíocht chun tosaigh iontu.

Rith Simon Ó Faoláin club filíochta 'Aos Cró' i dTigh Uí Chatháin, i mBaile an Fheirtéaraigh ar feadh deich mbliana. Tá sé ina chathaoirleach ar an bhFéile Bheag Filíochta. D'fheidhmigh sé mar oifigeach litríochta leis an gcomhlacht amharclannaíochta 'An Lab' chomh maith. Thug sé aitheantas dá ról féin san agallamh le greann inar ndúirt gur léir dó go raibh patrún ag teacht chun solais idir na himeachtaí filíochta ar fad a bhí á lua aige, gurb é féin a bhíonn ina mbun (Ó Faoláin, 2018).

Bíonn a lán imeachtaí anso timpeall, níos mó ná beagnach na haon áit eile. Ar feadh roinnt blianta, bhí club filíochta agamsa ar an mBuailtín, tá an Fhéile Bheag Filíochta, táimse mar stiúrthóir air faoi láthair, na haon bliain. Bíonn imeachtaí á reáchtáil ag an Lab mar a bhfuilimse ag obair. Chím go bhfuil nasc idir na rudaí seo ar fad.

Thóg an file agus an léirmheastóir Mícheál Ó Ruairc ceann den ról gníomhach pobail a bhíonn ag Ó Faoláin sa léirmheas a scríobh sé ar a chnuasach *Fé Sholas Luaineach*.

Ó tháinig sé go Corca Dhuibhne ní díomhaoin atá sé. É mar bhall de phobal na háite agus é thar a bheith cúramach ag iarraidh saol cultúrtha agus sóisialta na háite a chur chun cinn ar mhaithe le caomhnú na teanga agus na hoidhreacht. (Ó Ruairc, 2010: 1)

D'éirigh Louis Mulcahy an-ghníomhach i saol cultúrtha Chorca Dhuibhne agus ba é a bhunaigh an Fhéile Bheag Filíochta sa bhliain 2006. Is díol spéise an ról gníomhach a ghlac sé chuige féin agus fonn air 'saibhreas' an cheantair a roinnt le daoine eile lasmuigh den dúthaigh (Mulcahy, 2018).

Bhunaigh Moynihan an comhlacht amharclannaíochta AnnÓg agus An Lab sa bhliain 2007, agus ról cinnireachta ar leith a bheith ag An Lab i gCorca Dhuibhne le linn na mblianta 2007–2017.

Imríonn Paddy Bushe agus a bhean chéile Fíona ról lárnach i saol cultúrtha Uíbh Ráthaigh. Bhunaigh Bushe Éigse na Brídeoige tríocha bliain ó shin agus is í Fíona atá ag feidhmiú ina stiúrthóir ar an Éigse le blianta beaga anuas. Sa bhliain 2017, bhunaíodar an fhéile filíochta ‘Éigse na Gréine/Amergin Solstice Poetry Gathering’ a bhfuil Paddy ina stiúrthóir cruthaitheach uirthi.

An nuachainteoir ina (h)aisteoir cruthaitheach

Tá an ghníomhaíocht phobail seo aitheanta sa litríocht mar mhodh éifeachtach don chine isteach ionannú a dhéanamh lena p(h)obal nua. Is féidir le cine isteach nasc níos láidre a chothú le ceantar agus le pobal nua trí pháirt ghníomhach a thógaint sa phobal. Bíonn caipiteal sóisialta láidir mar thosca a éascaíonn an próiseas imeasctha a ngabhann an cine isteach tríd agus é nó í ag teacht chun cónaithe go pobal nua. Bíonn ionchur tairbheach ag an gcine isteach sa phobal agus cuireann an caipiteal sóisialta agus cultúir a thugann siad leo leis an bpobal.

Thus, in-migrants whose backgrounds deny them the ability to claim the status of insiders in terms of established local ‘roots’ can nevertheless claim the status of insiders in the alternative sense of community involvement, as many of them did... (Crow, Allan & Summers 2001: 36)

Tugtar ‘aisteoir cruthaitheach’ ar dhuine a n-éiríonn leo ionramháil éifeachtach a bhaint as ábhair féideartha (‘*affordances*’) na timpeallachta dá leas féin agus do leas an fhearainn lena mbaineann an gníomh cruthaitheach (Glăveanu, 2016: 12). Bíonn aisteoirí cruthaitheacha ag feidhmiú i ngach timpeallacht chruthaitheach (Glăveanu, 2013: 74). Bíonn an scil agus an t-eolas ábhartha acu chun an buntáiste is mó a bhaint as ábhair féideartha na timpeallachta. Bíonn sé de chumas ag na daoine seo ábhair féideartha úrnua a chruthú chomh maith.

A creative actor is arguably one able to exploit the affordances of his or her surroundings in an innovative way, to discover new affordances, and even “create” the ones needed to fulfil a specific action. (Glăveanu 2013: 74)

Dar liom gur féidir Áine Moynihan, Simon Ó Faoláin, Louis Mulcahy, Paddy Bushe agus Fíona de Buis a áireamh mar aisteoirí cruthaitheacha i gcomhthéacs an taighde seo. Daoine iad na haisteoirí cruthaitheacha seo a bhfuil an gréasán agus an cumas acu chun teacht ar ábhair féideartha (‘*creative affordances*’) sa timpeallacht. Is minic a chruthaíonn na daoine seo a gcuid ábhar féideartha féin (Glăveanu 2013: 74).

Tá feicthe againn go gcuireann na nuachainteoirí seo go mór leis na hábhair féideartha atá ar fáil don gcruthaitheacht go háitiúil, agus d'fhearann na filíochta go speisialta. Ní bheadh an borradh nó an bheogacht chéanna maidir le himeachtaí ealaíne agus féilte i gceist sa dá cheantar gan tionchar agus ról gníomhach na nuachainteoirí seo. I mbeagán focal, athraíonn na nuachainteoirí seo tírdhreach cultúrtha a gceantair.

Mar a chonacthas ar ball, dar le Walsh, O'Rourke & Rowland (2015) gur gné lárnach den bpróiseas aistrithe féiniúlachta a ngabhann an nuachainteoir tríd é a bheith ag gníomhú agus ag feidhmiú i gcomhthéacsanna sóisialta agus cultúrtha a dheimhníonn an fhéiniúlacht nua atá á glacadh chuige nó chuici. Braitheann an nuachainteoir gá éigin an fhéiniúlacht nua seo a fhógairt go poiblí:

Tá cumas nua teangeolaíoch á fhógairt aige/aici go poiblí agus dá bhrí sin tá rannpháirtíocht á lorg aige/aici i gcomhthéacsanna áirithe sóisialta atá bunaithe ar an gcumas teangeolaíoch sin... tá seasamh sóisialta á thógáil agus persona poiblí á chruthú go comhfhiosach acu. (Walsh, O'Rourke & Rowland 2015: 26)

Bíonn féiniúlacht shóisialta nua á fiosrú ag nuachainteoirí go minic, a bhfuil *'agency in the learning process'* acu. Is tríd na straitéisí a tharraingíonn siad chucu agus iad ag iarraidh teacht chomhthéacsanna sóisialta leis an sprioctheanga a úsáid a ndéantar múnlu phearsaí éagsúla díbh féin nó *'possible selves'* (O'Rourke & Walsh, 2020: 7). Áitím go bhféadfadh gaol a bheith idir an 'persona poiblí' nó 'an seasamh sóisialta' a thógann an nuachainteoir agus an ról gníomhach a ghlacann cuid d'fhilí an staidéir seo chucu féin maidir leis an bhfilíocht go háitiúil.

Áitíonn Walsh (2017) go mbíonn an próiseas aistrithe teanga sin a ngabhann an nuachainteoir tríd ag feidhmiú faoi eispéireas mothálach ar leith. Deir sé go bhfuil tionchar agus ról nach beag ag mothúcháin ar chonair foghlama agus úsáide teanga an nuachainteora. *'Emotions, ranging from happiness and pride to frustration and shame, play a key role in the language trajectories of new speakers of Irish'* (Walsh, 2017: 230). Dar leis, go mbaineann mothúcháin níos láidre le foghlaim mionteanga ná mar a bhaineann le foghlaim mórtheanga. Is minic gur treise an dólás a bhraitheann an duine má theipeann ar an duine sin an mionteanga a shealbhú. Mar mhalairt, is mó an tsástacht a bhíonn orthu siúd a n-éiríonn leo an mhionteanga a shealbhú.

The sense of pride at becoming a speaker of a marginalised language despite its weak sociolinguistic presence is arguably greater than becoming a speaker of a major language with strong social prestige. Similarly, the sense of frustration may be greater when struggling with Irish precisely because of that marginal status, but the contentment with achieving a level of mastery of it may be greater than in the case of a widely spoken language which is supported at every turn. (Walsh, 2017: 236)

Is féidir linn earraíocht a bhaint as tuiscintí seo Walsh agus scéal na bhfilí á scrúdu againn. Is léir go bhféadfaí a rá gur treise an tiomáint a bhíonn faoi fhilí ar nuachainteoirí iad an fhilíocht a chur chun cinn de bharr an chaidrimh mhothálaigh thábhachtaigh a chothaíonn an nuachainteoir lena bpróiseas aistrithe teanga agus féiniúlachta seo.

Conclúid

Feiniméan comhaimseartha fós é an tarraingt ar Chorca Dhuibhne go speisialta mar cheann scribe don aos cruthaitheach. Is éard atá éagsúil idir na filí seo agus lucht Innti rompu áfach ná gur tháinig Ó Faoláin, Ní Bheildiúin, Mulcahy, Moynihan, Ó hUallaigh agus Bushe ar shocrú níos buaine. Dhein siad cinneadh fanacht sna dúichí. Tá aird tarraingthe ag an taighde seo ar an ngaol spéisiúil a d'fhéadfadh a bheith idir an fhilíocht agus an próiseas foghlama teanga. Nocht taithí agus iompar na bhfilí fianaise sa taighde ar an dlúthbhaint a bhíonn idir an teanga, an fhilíocht agus a bhféiniúlacht. Bíonn ról tábhachtach ag an bhfilíocht mar chuid den bpróiseas aistrithe teanga agus sóisialta a ngabhann an nuachainteoir tríd. Thug an fhianaise ó na filí le fios dúinn gurbh fhéidir go mbíonn baint idir an '*seasamh sóisialta*' a thógann filí áirithe ar nuachainteoirí iad (agus iad ag cuardach comhthéacsanna nua sóisialta ina n-úsáidtear an teanga) agus rannpháirtíocht a bheith á glacadh acu i ngréasáin chruthaitheacha. Tá an ceangal seo idir an chruthaitheacht agus iompar sóisialta/iompar teanga na bhfilí seo ag teacht le léamha ar an bhfoghlaim teanga agus ar theoiric an nuachainteora i ngort na Sochtheangeolaíochta (O'Rourke & Walsh 2020, Walsh 2017; Walsh, O'Rourke & Rowland, 2015; Walsh & Rowland, 2015, O'Rourke & Ramallo, 2013). Is minic go bhfeidhmíonn na daoine seo mar aisteoirí cruthaitheacha ina gceantair nua agus imríonn siad ról nach beag i gcothú agus i spreagadh na cruthaitheachta agus iad dá gceangal féin lena mbaile nua.

Tagairtí

- Brennan, S. & O'Rourke, B. (2019) 'Commercialising the cúpla focal: New speakers, language ownership, and the promotion of Irish as a business resource,' *Language in Society*, 48(1). 125–45.
- Bushe, P. (2013) 'Interview with Paddy Bushe' *The Poetry Ireland Review*, (111). 95–102.
- Crow, G.P., Allan, G.A & Summers, M. (2001) 'Changing perspectives on the insider/ outsider distinction in community sociology' *Community, Work & Family*, 4:1. 29–48.
DOI: 10.1080/136688000200032443
- Denvir, G. (2005) 'From Inis Fraoigh to Innisfree... and Back Again? Sense of Place in Poetry in Irish since 1950.' *The Yearbook of English Studies*, 35. 107–30.
- Glăveanu, V.P. (2013) 'Rewriting the language of creativity: The five A's framework.' *Review of General Psychology*, 17(1). 69–81.
- Glăveanu, V. P. (2016) 'Introducing Creativity and Culture, the Emerging Field.' Glăveanu & Wagoner (eag.) *Palgrave Handbook of Creativity and Culture Research*. London: Macmillan Publishers Ltd.
- Ní Dhúda, L. (2017) 'Language management and language managers: who are the Irish language managers in Breacbaile?' *International Journal of Sociolinguistics* 245. 217–43.
- Nic Eoin, M. (2005) *Trén bhFearann Breac – An Díláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge*. BÁC: Cois Life Teoranta.
- Ní Ghairbhí, R. (2011) 'Bhís déanta dem bhrionglóidí féinig – An Ríordánach, cuid d'fhilí INNTI agus Corca Dhuibhne.' Ó Dúshláine, T. & Ní Chléirchín, C. (eag.) *Léachtaí Cholm Cille XLI*. Má Nuad: An Sagart.
- Ó Dúshláine, T. (2011) *Anois Tacht an Eala – Filí Chorcaí INNTI agus an Réabhlóid Chultúrtha*. An Díseart, An Daingean: An Sagart.
- Ó Ríordáin, S. (1975c) 'Banfhilíocht agus Gaeilge.' *The Irish Times*. Samhain 27.

- O' Rourke, B. & Walsh, J. (2019) *New Speakers of Irish: ideologies, practices and identities*. London: Routledge.
- Ó Ruairc, M. (2010) 'Céad Gháir na Chéad Ghlúine Eile.' *Comhar*, 70(12). 27–8. <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/41497792>
- Seoige, S. (2018) 'Is libhse an chathair': Pop Up Gaeltacht agus Nuachaintoirí na Gaeilge, *COMHARTaighde 4*, ar fáil ag: <https://comhartaighde.ie/ailt-taighde/is-libhse-an-chathair-pop-up-gaeltacht-agus-nuachaintoiri-na-gaeilge/>.
- Walsh, J. (2017) 'The role of emotions and positionality in the trajectories of 'new speakers' of Irish', *International Journal of Bilingualism*, 23(1), 221-235, 10.1177/1367006917720545
- Walsh, J. & O' Rourke, B. (2015) *Mudes Teangeolaíocha agus Nuachaintoirí na Gaeilge*, *COMHARTaighde 1*. <https://comhartaighde.ie/ailt-taighde/mudes-teangeolaiocha-agus-nuachaintoiri-na-gaeilge/>.
- Walsh, J. O'Rourke, B. & Rowland, H. (2015) *Tuarascáil Taighde ar Nuachaintoirí na Gaeilge*. BÁC: Foras na Gaeilge.

Agallaimh

- Bushe, P. (2018) Agallamh le Shane Grant, Márta.
- Ó hUallaigh, P. (2018) Agallamh le Shane Grant, Márta.
- Moynihan, A. (2018) Agallamh le Shane Grant, Aibreán.
- Ní Bheildiúin, C. (2018) Agallamh le Shane Grant, Márta.
- Ó Faoláin, S. (2018) Agallamh le Shane Grant, Márta.
- Mulcahy, L. (2018) Agallamh le Shane Grant, Meán Fómhair.
- Ó Dúshláine, T. (2018) Agallamh le Shane Grant, Aibreán.



‘Rinncí gallda’ agus ‘Spiorad na Gaedhilge’: Teanga, Gaelachas agus Éireannachas in *An tUltach*

Duane Long

<https://doi.org/10.13025/29635>

Réamhrá

Tá suim nua á cur sa tsagart Caitliceach, an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh (1883–1941) le cúpla bliain anuas agus céad bliain ann anuraidh ó bhunaigh sé an iris *An tUltach*, é féin ina eagarthóir. Tá a phortráid le feiceáil ar chlúdach an eagráin speisialta de *An tUltach* a eisíodh anuraidh (Comer & Mac Dhaibhéid, 2024) chun comóradh a dhéanamh ar an chéad sin. Tá alt a bhfuil a ainm féin mar theideal air san iris chéanna (Ó Máirtín, 2024) agus alt eile a phléann le cion bhaill eile a theaghligh i saol na Gaeilge (Mac Labhraí, 2024). Foilsíodh alt faoi Ó Muireadhaigh ar *Irish Heritage News* (Ó Longáin, 2024) agus pléadh bunú *An tUltach* mar ghníomh frithchóilíneach in nuachtlitir *Postcolonial Studies Association* (Long, 2024a). Scríobhadh go leor mar gheall air roimhe sin agus tá beathaisnéis le léamh ar *Díolaim Beathaisnéisí na hÉireann* (Quinn, 2013) agus ar *ainm.ie* (Breathnach & Ní Mhurchú, g.d.).

Is é is aidhm leis an alt seo ná léargas a thabhairt ar an dóigh ar nasc an tAthair Ó Muireadhaigh gnéithe éagsúla d’fhéiniúlacht na tíre seo le chéile. Déanfar an méid sin trí iniúchadh a dhéanamh ar na heagarfhocail a scríobh sé, agus cúpla údar eile (a cheadaigh sé ina ról mar eagarthóir), san iris *An tUltach*. Maífidh mé gur thuig sé an tábhacht a bhain le cúrsaí mar atá spórt agus ceol ach gur amharc sé orthu mar a bheadh craobhacha ar chrann ann. Thuig sé gurb í an teanga an gas, an rud atá ceangailte leis an talamh, an rud as a bhfásann gach gné eile de chultúr na tíre, agus an rud atá nasctha leis na fréamhacha.

Taispeánfar gur amharc sé ar nósanna gallda (cosúil le snagcheol, damhsaí nach damhsaí Gaelacha iad, agus spórt nach spórt Gaelach é) mar a bheadh nimh do chrann an Ghaelachais ann agus go raibh a chreideamh bunaithe i smaointeoireacht Chonradh na Gaeilge agus an scoil smaointeoireachta a d'fhás as óráid de hÍde, 'The Necessity for De-Anglicising Ireland'. Léireofar go ndearna Ó Muireadhaigh agus beirt scríbhneoirí eile (ach an cinneadh deireanach ag Ó Muireadhaigh mar eagarthóir) iarracht léitheoirí a choinneáil ar shiúl ó nósanna áirithe nach Éireannach iad trí ghalldachas agus daoine a chleacht nósanna gallda a náiriú.

Tá saol agus pearsantacht Uí Mhuireadhaigh cíoraithe go domhain ag an Athair Anraí Mac Giolla Chomhaill (1983). An léargas nua a thugaim san alt seo thíos ná go gcuirim a scríbhneoireacht san iris *An tUltach* faoi chaibidil. Tá an Dr Niall Comer le heagrán de na heagarfhocail go dtí 1930 a fhoilsiú i mbliana ach níl aon athrú déanta thíos i gcás na sleachta ó *An tUltach*.

Mar a scríobh an tAthair Anraí Mac Giolla Chomhaill (1983: 66), bhí Ó Muireadhaigh 'den bharúil gur abhantrach mhór an dúchas Gaelach, arbh í an Ghaeilge an phríomhabhainn inti, agus cuid mhór fo-aibhneacha agus srutháin bheaga ag sní isteach inti.' Chuige seo, déanfaidh mé plé fosta ar de hÍde agus 'The Necessity for De-Anglicising Ireland' agus déanfaidh mé iarracht é a mhaíomh go bhfuil sé le sonrú go raibh de hÍde agus Ó Muireadhaigh ar aon intinn fán chultúr a théann leis an teanga.

Dearcadh Uí Mhuireadhaigh

Ag léacht a thug sé ag Éigse Rann na Feirste 1974, luaigh a chara Pádraig Ó hUallacháin an méid seo faoin Athair Ó Muireadhaigh:

Gan bhréig ar bith, d'fhéadfaí '*the complete Irishman*' a thabhairt air, mar chreid sé nach mbeadh an tír seo slán go dtí go raibh gach gné dá cultúr slán. D'aithin sé, ar ndóigh, gurbh í an Teanga croí agus anam ár náisiúntachta, ach thuig sé fosta go raibh géarghá le gach mír eile dár gcultúr a chaomhnadh. Mar sin, shaothraigh sé leis an cheol, an litríocht, an stair, na cluichí, cúrsaí tionsclaíochta [a chur chun cinn]. Ní miste a rá fosta go ndearna sé cion fir sa troid náisiúnta. (Mac Giolla Chomhaill, 1983: 66).

Is léir ó thrácht seo Uí Uallacháin, a bhí an-mhór le Ó Muireadhaigh agus a chuidigh leis *An tUltach* a shaothrú (Breathnach & Ní Mhurchú, g.d), gur thuig Ó Muireadhaigh ilghnéitheacht an Ghaelachais (glactar le Gaelachas san aiste seo mar dháimh a bheith agat le cultúr dúchasach na hÉireann, an Ghaeilge a labhairt, ceol Gaelach a sheinm, srl.). Mar a bhí sa trácht thuas don Athair Mac Giolla Chomhaill faoin abhantrach, thuig Ó Muireadhaigh

go raibh níos mó ná an teanga i gceist (agus nach leor an teanga í féin). Mar a léireofar thíos, d'fhoilsigh Ó Muireadhaigh go leor a chuirfeadh in iúl gur mheas sé go raibh speicis ionracha san abhantrach chéanna.

Óige Lorcáin Uí Mhuireadhaigh

Rugadh Lorcán Ó Muireadhaigh sa bhliain 1883. Ball den R.I.C. as Contae Mhuineacháin ab ea a athair, James Murray, a phós Julia McGrath as Cairlinn sa bhliain 1882 nuair a chuaigh sé a dh'obair i gContae Lú (Mac Giolla Chomhaill, 1983: 9). Saolaíodh seachtar eile idir breith Lorcáin agus 1895. Mhair seachtar den chlann seo agus chuir cuid mhaith acu suim sa Ghaeilge nó sa chreideamh. Rinneadh sagart de dhearthair níos óige leis, Henry, chuaigh deirfiúr amháin, Margaret Gertrude/Máiréad, le hOrd Naomh Doimínic agus chuaigh Maria Alice/Máire Eilis agus Elizabeth Evaline/Aoife le teagasc na Gaeilge (Mac Giolla Chomhaill, 1983: 10–2; Mac Labhraí, 2024). Is léir go ndearna James agus Julia iarracht mhór oideachas a chur ar a gclann ach níl aon fhianaise róláidir ann go raibh suim acu i gcás na Gaeilge (Mac Labhraí, 2024: 17).

Rugadh Lorcán i gContae Lú ach d'aistrigh an teaghlach go Clár Chlainne Mhuiris go gairid ina dhiaidh sin, áit ar thoisigh Lorcán óg ar an bhunscoil agus ar fhan an teaghlach go dtí gur éirigh James as an obair. Phill siad ar Chontae Lú, rugadh na páistí ab óige, agus chuaigh Lorcán i dtreo na meánscolaíochta (Mac Giolla Chomhaill, 1983: 9–12).

Is léir go raibh cumas nádúrtha agus díograis ar leith i Lorcán. Rinneadh 'monatóir' de sa mheánscoil. Chuaigh sé go Scoil na mBráthar agus ansin go Scoil Naomh Maolmhaodhóg i nDún Dealgan agus d'imigh sé leis ansin go Coláiste Phádraig, Ard Mhacha. Chuaigh sé go Maigh Nuad i Meán Fómhair 1901 mar a phléifear thíos. Casadh Énrí Ó Muirgheasa air den chéad uair an mhí chéanna agus threoraigh an Muirgheasach é i dtreo obair an bhailitheora. Is cosúil gurb é seo an chéad uair a rinne Lorcán aon obair i saol na Gaeilge. Ba mhinic a chaitheadh an t-athair oícheanta fada i mbun na hoibre sin, agus a scoláirí féin leis, níos moille anonn. (Mac Giolla Chomhaill, 1983: 12–5).

Mar a léirítear sa tábla thíos, a cruthaíodh le heolas a bhailigh Mac Giolla Chomhaill (1983: 18), d'éirigh go maith (go hacadúil) le Lorcán agus é ar an ollscoil. Bhain sé duais i ndiaidh duaise thar réimse leathan d'ábhair. Bhí údarás na hollscoile go mór den bharúil, áfach, nach raibh Ó Muireadhaigh 'umhal' go leor don ghairm. Ar chúiseanna éagsúla, ba mhinic aird na n-udaráis san ollscoil air agus cuireadh ón chúrsa é um Cháisc na bliana 1908 (Mac Giolla Chomhaill, 1983: 16–25). Is i stát Minnesota a chríochnaigh sé an staidéar agus a rinneadh sagart de. Suimiúil go leor, chuir sé an-dúil i ndaorchluiche agus é thall (Mac Giolla Chomhaill, 1983: 28), rud a léiríonn dúinn nach raibh nimh san fheoil aige do chaithimh aimsire neamh-Ghaelacha a fhad is nach raibh siad ag brú isteach ar na cluichí Gaelacha.

Bliain	M	R	G	Gr	G	Fr	I	Feal	S	E	Fi	DMGM	DD	DM	ST	TN
1	3ú	X	AM	AM												
2					X	X	X	X								
3								X	X	AM	AM					
4									2ú			X	X			
5													X			
6														X	X	X
Eochair	AM = Ardmholadh M = Matamaitic R = Rúibricí G = Gaeilge Gr = Gréigís Ge = Gearmáinis Fr = Fraincis I = Iodáilis Feal = Fealsúnacht								S = Stair E = Eolaíocht Fi = Fiseolaíocht DMGM = Duais Mhic Giolla Mháirtín (ar aiste ‘Episcopal Organisation in the early Irish Church’) DD = Diagacht Dhogmach DM = Diagacht Mhorálta ST = SeanTiomna TN = Tiomna Nua X = Bainte							

Tábla 1: Duaiseanna Uí Mhuireadhaigh san ollscoil

An tUltach

Philleadh sé ar Éirinn sa tsamhradh agus chonacthas dó go raibh gá le gníomh inteacht chun Gaeilge Uladh, agus Gaelachas an chúige go ginearálta, a tharrtháil. Chuir sé an iris *An tUltach* ar bun sa bhliain 1924. Sa chéad eagrán, scríobhadh go ndéanfaí iarracht Gaeilge a chur i leabhair agus tchítear gairm ar scríbhneoirí ann (Ó Muireadhaigh, 1924a: 4). Thuig sé tábhacht an chorpais don teanga i gcónaí – is fiú é a thabhairt chun cuimhne go ndeachaigh sé thart fá cheantar Oirghialla ag bailiú le hÉnri Ó Muirgheasa.

Mhaigh Ó Muireadhaigh gur shábháil an scríbhneoireacht Gaeilge Thír Eoghain cheana:

Acht coinneochaidh a chuid láimhscríbhneanna — saothar a dhá lámh fhéin — canamhaint Thír-Eoghain beo, an lá is fuide anonn. B'éifeachtach an obair a rinn sé air an dóigh seo — tá sgéaltaí, ceoltaí, sgoitheacha, paidreacha, sean-fhocla agus rannta tiomsuighthe aige ó bhéulaibh na seandaonnaí nach mbéadh air fágáil indiu murab é. Béidh luthgháir air ar lucht léighte a chloisint gur fhág sé na laimhscríbhneanna uilig ag ‘An Ultach,’ agus bhearfaidh-muinn iarracht air clúid a thabhairt dóbhfha i ngach uimhir a’s seo amach. (Ó Muireadhaigh, 1925: 4)

An tAthair Conn Mhac an Ghirr atá i gceist thuas. Bhailigh sé chuid mhór béaloidis i dTeirmann Mhig Uirc (Contae Thír Eoghain) agus é ag obair mar shagart cúnata sa cheantar ó 1904 go 1918 (Mac Gabhann, 2023: 22). Mar is léir thuas, bhí sé i gceist ag Ó Muireadhaigh obair Mhic an Ghirr a fhoilsiú chun Gaeilge Thír Eoghain a thaifeadadh agus a chur ar fáil don phobal. Rinneadh sin sa cholún ‘I dTír na hÓige’.

Anuas air sin, thuig Ó Muireadhaigh an tábhacht a bhain le glór polaitiúil a bheith ag na Gaeil ó thuaidh. Mar atá le sonrú in eagarfhocal Aibreán na chéad bhliana den iris, mhothaigh Gaeil na sé Chontae go raibh siad fágtha ar lár: ‘Má tá rud thar rud eile dá mbaineann leis an “*Treaty*” is mó ghoilleas ar Ghaedhil na Se gConndae, is í an neamh-shuim a rinneadh ionnta féin’ a scríobh sé (1924c: 4). Is léir go raibh súil ag Ó Muireadhaigh go ndéanfadh a iris an mhaith chéanna agus a rinne an tAthair Mhac an Ghirr agus é ag bailiú.

Contúirtí na ‘Nósanna Gallda’

Tá plé ar an dóigh ar úsáid Ó Muireadhaigh teoiricí na pleanála teanga mar thuas le léamh san alt ‘Gaedhilg Chúige Uladh a shábhailt’: An phleanáil teanga in *An tUltach* (Long, 2024b) ach, san alt seo, is tábhachtaí na chéad línte den iris. Luaigh sé go raibh ‘an páipéur seo á chur amach againn chun glóire Dé agus onóra na hÉireann, agus ar mhaithe leis an Ghaedhilg’ (Ó Muireadhaigh, 1924a: 4).

Tchí muid onóir na tíre seo luaite in aon abairt le creideamh agus leis an teanga. Dar leis an abairt seo, luíonn onóir na tíre seo idir glór Dé agus an teanga. Tá macalla de seo anuas trí na blianta. In Aibreán 1924, scríobh sé an méid seo:

Ní’l áird ag an mhuintir óga ar dhath ar bith ach cuideachta agus caitheamh-aimsire. Mar mbéadh ann ach caitheamh-aimsire an-mhailíseach gan chóir, ba lughaide de chás é. Ach chan eadh. Ná damhsaidheacha atáthar a chleachtadh ó cheann go ceann na tíre, tá siad ar na rudaí is fíor-ghráice dá dtiocfadh leat a bhfeiceáil. Char dhadaidh Salomé fhéin le taoibh óg-bhruinneall na haimsire seo. A ‘Oileán na Naomh ‘s na n-Ollamh,’ níl mórán de do chliú fágtha agat. (Ó Muireadhaigh, 1924c: 4)

Cháin sé na daoine óga as na damhsaí a rinne siad, ‘rinncí gallda’ mar a chuireann sé orthu. Tá clú Bíobalta ar Salomé mar iníon Héaróidias. Rinne sí damhsa, mar shiamsaíocht, ag breithlú Héaróid. Bhí Héaród sásta léi agus gheall sé di achainí ar bith ar mhaith léi. I ndiaidh comhrá lena máthair, an rud a d’iarr sí ná ceann Eoin Baiste (Matha, 14:6–11; Marcas, 6:21–28).

An damhsa a rinne Salomé, ba chúis é le bás an fhir a bhaist Íosa (Matha, 3:13–17; Marcas, 1:9–11; Lúcas, 3:21–23) agus is cosúil go bhfuil Ó Muireadhaigh den bharúil go raibh baol ann go dtarraingeoidh damhsa den tsaghas seo bás Éireann Gaelaí orainn. An moladh a bhí aige, nó is é seo a chuir sé chun cinn go minic ina ailt, ná gur gá Gaelachas, nó béasaíocht níos fearr ná seo, ar a laghad, a bhrú ar pháistí ó aois óg: ‘Ná buaireadh an Connradh a cheann leis na daoine móra. Faghadh sé greim ar pháisdí na sgoltach sul a bhfaghaid an Galldachas i n-a crúba iad’ (Ó Muireadhaigh, 1924c: 4).

Chuir Ó Muireadhaigh (1924b: 4) ceist cúpla mí roimhe sin ‘An bhfeil rinncí gallda agus cleasa-lútha gallda in aghaidh Spiorad na Gaedhilge?’ Mheas sé go raibh ach is tábhachtach dúinn a chuimhneadh go raibh dúil aige i ndaorchluiche cé go raibh, mar a dúirt Anraí Mac

Giolla Chomhaill (1983: 69), ‘fuath na namhad aige ar an tsacar.’ Is léir gurbh é an dochar a bhí sa spórt Sasanach don luthchleasaíocht Gaelach ab ábhar dá naimhdeas. Mar is léir thíos is cosúil gur mheas de hÍde go raibh baol ann go raibh daoine óga díomhaoin sular bunaíodh an CLG agus nuair a tháinig borradh faoin iomanaíocht. Léiríonn de hÍde anseo, fosta, gur thuig sé go raibh gá le hathbheochan na gcaitheamh aimsire mar aon le hathbheochan na teanga:

Our games, too, were in a most grievous condition until the brave and patriotic men who started the Gaelic Athletic Association took in hand their revival. . . I consider the work of the association in reviving our ancient national game of caman, or hurling, and Gaelic football, has done more for Ireland than all the speeches of politicians for the last five years. And it is not alone that that splendid association revived for a time with vigour our national sports, but it revived also our national recollections, and the names of the various clubs through the country have perpetuated the memory of the great and good men and martyrs of Ireland. The physique of our youth has been improved in many of our counties; they have been taught self-restraint, and how to obey their captains; they have been, in many places, weaned from standing idle in their own roads or street corners; and not least, they have been introduced to the use of a thoroughly good and Irish garb. Wherever the warm striped green jersey of the Gaelic Athletic Association was seen, there Irish manhood and Irish memories were rapidly reviving. Their torn collars and ugly neck-ties hanging awry and far better not there at all, and dirty shirts of bad linen were banished, and our young hurlers were clad like men and Irishmen, and not in the shoddy second-hand suits of Manchester and London shop-boys. (Duffy, Sigerson, Hyde 1894: 156–7)

Is léir gur ghlac Ó Muireadhaigh le dearcadh de hÍde go raibh buntaistí móra (iompar maith sóisialta, fiú) leis na caithimh aimsire Ghaelacha. Pilleadh ar chontúirtí na ndamhsaí gallda cúpla bliain ina dhiaidh sin, ‘Setanta’ (ainm cleite) anois ag cáineadh na nGael as glacadh le galldachas:

Ins na leitreacha Charghais a chuir na h-Easbóga amach cupla seachmhain ó shoin ‘s iad na damhsaí gallda páganacha an contabhairt is mó ar a gcuireann siad síos — contabhairt anma agus chuirp — do mhuintir óig na h-Éireann ar an aimsir seo.

Bhí am ann nuair a bhíodh lucht na Gaedhilge ag tromaidheacht ar na nósanna gallda seo chomh maith. Ba léar dóbhtha aiclidheacht deamhan agus diabhal in gach rud de’n t-seort sin, agus ba scannal ‘s peaca náisiunta ag an té a ghnathú iad. Acht le déidheannaighe tá cuid Gaedhilgeóir ortha siud nach bhfeiceann aon díoghbhail ionta mar dhamhsaí. Na h-uaisle bréige a cleachtuigheadh iad níor bh’ de’n dream sin inne ; anois is sinne na h-uaisle (bréige?) agus ca bhféidir aon locht ‘fheiceal ionainn féin! Ní théidheann an bholg ro-theann agus an dian-obair le chéile. Acht na cheart do na Gaedhil seo smaointiu ar an droch-shompla atá ‘á thabhairt aca d’Éire óg, má’s ins aos óg atá ár ndóchas. (Setanta, 1927: 2)

Cáintear na damhsaí gallda ar leibhéal níos doimhne sa tsliocht thuas. Níos measa ná gan a bheith Gaelach, tá na damhsaí gallda seo págánach. An ghné sin den chultúr ghallda, is contúirt don anam agus don chorp é. Úsáidtear guth easpaig chun an teanga a chur chun cinn, fosta.

Léiríonn sin go raibh Ó Muireadhaigh den tuairim go bhfuil luach cultúrtha ag comhairle na bhfear naofa agus ní hamháin luach spioradálta (Long, 2024a). Níorbh iad siúd amháin i saol Gaeilge na linne a bhí glan in éadan na rincí gallda sin, ámh, nó caitheadh cuid mhór ama ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 1932 ar an ábhar chéanna (Mac Aonghusa, 1993: 224).

Sna samplaí thuas, is léir go bhfuil Ó Muireadhaigh agus Setanta anuas ar dhaoine a thiontaigh a ndroim, dar leo, ar an Ghaeilge. Chomh maith leis sin, dhírigh siad ar dhaoine a bhfuil Gaeilge acu ach nach raibh Gaelach. Chun tagairt a dhéanamh do líne thuas in athuair: ‘Acht le déidheannaighe tá cuid Gaedhilgeóir ortha siud nach bhfeiceann aon díoghbhail ionta mar dhamhsaí’ (Setanta, 1927: 2). Sa deireadh, rinneadh iarracht an dea-shampla a chur os comhair na léitheoirí. Mar a scríobh Brighid (ainm cleite ag Seán Mac Maoláin) in eagarfhocal sa bhliain 1928:

Is domhain a chuaidh spiorad na sglábuidheachta ionnainn. Ní'l a'n bhogadh dhá ndéan muid nach gcruthuigheann go bhfuil sí ionnainn. Ní'l a'n tionntódh i leath-taoibh dhá ndéan muid nach dtaisbeánamuid gur an Béarla agus lucht an Bhéarla atá mar standard againn ar a bhfuil fiúntach agus uasal. Gan fiú na daoine bíos i ranga Gaedhilge féin nach dtaisbeánann an rud céadna. Is dóiche gur gan fhios dóbhtha a ghní siad é, ach, bíodh sin amhlaidh nó ná bíodh, ghní siad é. (Mac Maoláin, 1928: 1)

San eagarfhocal chéanna, tugann an t-údar sampla de dhuine foghlamtha a bhfuil an Ghaeilge aige:

Tugadh léigheacht ins an *Royal College of Surgeons* le goirid. Fear fíor-léigheanta a thug uaidh an léigheacht sin. Dochtúir é a bhfuil eolas aige nach bhfuil ag mórán dochtúir. Tá eolas ar theangthacha eile aige nach bhfuil ag mórán ach oiread. Agus caidé an teangaidh de'n iomlán is fearr leis? Tá, teangaidh a thíre fhéin, an Ghaedhilg. An fear céadna a thug an léigheacht sin uaidh chaith sé am mór fada i gcuideachta chuid iasgair Thír Chonaill ag iarraidh bheith ag faghail greim ar bhlas agus ar cheart na Gaedhilge. D'éirigh leis. Labhairidh sé an Ghaedhilg anois mar labhairfeadh fear de thogáil Thír Chonaill í. Agus chan ghá séanadh bíos sé. Tá sé ró-bhródamhail aiste le n-a séanadh. Tuigeann sé caidé is fiú í, agus tá a shliocht air. (ibid)

Cuireadh sin i gcomparáid le lucht a raibh malairt tuairime acu:

Is neamh-ionann sompla an fhir sin agus sompla daoine eile a chuirfeadh i n-umhail dúinn gur ‘buic mhóra’ iad. Daoine nach leigfeadh an bród dóbhtha Gaedhilg a labhairt. Ca h-as a bhfuil siad bródamhail? Bródamhail as an aineolas agus an sglábhuidheacht. Bhfuil a leithéidí i dTír ar bith ach ins an tír mhí-fhortúnaigh seo againn-e? Is doiligh liom a chreidbheáil go bhfuil. Ní furas liom a chreidbheáil go bhfuil dream ar bith eile ar dhruim an domhain comh h-ainbhfosach nó comh beag-de-spiorad leo. (ibid).

Is léir ó na samplaí thuas go raibh dearcadh dearfach ag lucht na hirise i dtaobh na Gaeilge agus rinneadh iarracht idé-eolaíocht an phobail a athrú ar bhealach dearfach. In uaireanta, is cosúil go bhfuiltear ag iarraidh an pobal a náiriú i dtreo na Gaeilge.

Rinne Ó Muireadhaigh, mar shagart, luach a chur leis an Ghaeilge i saol na hÉireann trí í a nascadh leis an Chaitliceachas (Long, 2024a). Chuige sin, ba mhinic a luaití dearcadh easpaig i dtaca leis an teanga. Cheanglaíttí labhairt na Gaeilge le Caitliceachas agus Gaelachas, mar a rinneadh i Márta 1926:

An tEasbóg Ó Murchaidh as Ameriocá Lár, thug sé cuairt orrainn air na mallaibh, agus chuir sé misneach ionainn le n-a dhéagh-scéala. Is beag a mheas air na daonnaí Gallta, agus deir sé go mbíonn meas mór in Ameriocá air an Ghaedheal a mbíonn a theanga mháthardha aige. Bréagnuigh sé na daonnaí a bhíos a rádh gur mór an t-ualach air dhuine an Ghaedhilig a bheith aige nuair a théidheas sé thar saile—agus thug sé a saith de fhreagra orra fosda. Mhol sé go láidir do mhuintir na h-Éireann an Ghaedhilig a fhoghlaim agus a labhairt eatorra fhéin, agus a claidheadh le rinncí agus le déagh-nósanna na tíre. (Ó Muireadhaigh, 1926: 4–5)

Ba ríléir arís an coincheap den uasal bréagach. An sodar seo i ndiaidh na n-uaisle, d'fhág sé muid, dar le Ó Muireadhaigh, is cosúil, mar a bheadh Sasanaigh ann. Chun dul i ngleic leis seo, luann sé daoine, mar atá easpaig nó dochtúirí, a bhfuil stádas ard sa tsochaí acu agus dúil acu sa Ghaeilge. Chuige seo, tarraingíodh aicmeachas isteach sa scéal, Ó Muireadhaigh agus a scríbhneoirí ag léiriú nach teanga don bhocht amháin í an Ghaeilge ach teanga a raibh meas ag daoine den uasaicme uirthi.

Conclúid

Is cosúil go raibh trí mhórchuspóir ag Ó Muireadhaigh. Is iad sin úsáid na Gaeilge a spreagadh, cultúr na Gaeilge a spreagadh agus nósanna gallda a cháineadh, agus Caitliceachas a chothú i measc a léitheoirí.

Bhí níos mó ná teanga agus Caitliceachas i gceist, dar ndóigh. Bhailigh sé ceol agus amhráin chomh maith le scéalta agus nathanna agus rinne sé iarracht seo a chur os comhair an phobail cé nach raibh bua an cheoil go rómhaith aige féin (Mac Giolla Chomhaill, 1983: 66–72). Ba mhinic amhráin agus leaganacha éagsúla d'amhráin agus dánta, idir shean agus nua, curtha i gcló san iris. Le pilleadh ar íomhá na habhantraí, níl sa cheol ach sruthán amháin a ritheann isteach i bpríomhabhainn na teanga.

Mar ghníomhaí teanga, bhí ar Ó Muireadhaigh muintir na tíre a spreagadh i dtreo na Gaeilge ach, mar shagart, mhothaigh sé gur bhain baol anama leis an chultúr ghallda. Mar dhuine a thuig ilghnéitheacht an Ghaelachais, thuig sé an baol a bhí ann leis na nósanna gallda agus cháin sé (trí alt Mhic Mhaoláin) daoine a labhair Gaeilge ach nár chleacht saol Gaelach.

Chuig na trí chuspóir thuas, bhain sé leas as a uirlis, an iris *An tUltach*, chun luachanna Caitliceacha a bhain leis an Ghaeilge agus leis an Ghaelachas, agus ainluach an ghalldachais, a léiriú agus chun na tuairimí a léirigh de hÍde ina chaint chlóiteach a chur os comhair an phobail in athuir. Is fiú é a thabhairt chun cuimhne gur bhunaigh sé a choláiste samhraidh (Coláiste Bhríde) i Rann na Feirste ar an ábhar nach raibh teach tábhairne fá thrí mhíle den láthair. Léiriú eile é seo, amuigh óna scríbhneoireacht, gur mheas sé go raibh an teanga agus saol Críostúil ceangailte le chéile (Mac Giolla Chomhaill, 1983: 50–1).

An pictiúr atá againn sa deireadh ná duine (daoine má ghlacann muid leis go raibh scríbhneoirí eile ann ach, mar eagarthóir, faoi Ó Muireadhaigh a bhí sé a dtuairimí a fhoilsiú nó gan iad a fhoilsiú) a sheas go dlúth ar son na tíre seo agus ar mhaithe leis na hidéil a shamhlaigh sé léi. Am lán d’athrú sa tír seo a bhí sna 1920í agus is léir an imní agus ísle brí a bhí ar Ó Muireadhaigh i roinnt de na sleachta thuas. Ach mar is léir, níor dhuine é a ghéill gan troid agus bhain sé lán leasa as a iris mar mheán chun iarracht a dhéanamh an tábhacht a bhain le nósanna gallda a sheachaint agus Gaelachas/Caitliceachas maith a chleachtadh anuas ar labhairt na teanga.

Tagairtí

- Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. ‘Ó Muireadhaigh, Lorcán (1883–1941)’, *ainm.ie*.
- Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. ‘Ó hUallacháin, Pádraig (1912–1974)’, in *ainm.ie*.
- Comer, N. agus Mac Dhaibhéid. S. (2024) *An tUltach*. Iúr Cinn Trá: Comhaltas Uladh.
- Duffy, C.G., Sigerson, G., & Hyde, D. (1894) *The revival of Irish literature: Addresses by Sir Charles Gavan Duffy, KCMG, Dr George Sigerson and Dr Douglas Hyde*. London: T.F. Unwin.
- Quinn, J. (2013) ‘Murray, Laurence Patrick, (‘Larry’), (Ó Muireadhaigh, Lorcán).’ <https://doi.org/10.3318/dib.009589.v1>.
- Long, D. (2024) “Gaedhilg Chúige Uladh a shábhail”: An phleanáil teanga in *An tUltach*. *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 31. 162–80. doi: 10.35903/teanga.v31i.7482.

- Long, D. (2024) 'Religion and Gaelicism in *An tUltach*.' *Postcolonial Studies Association Newsletter* #31, 20-3.
- Mac Aonghusa, P. (1993) *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893–1993*, BÁC: Conradh na Gaeilge.
- Mac Giolla Chomhail, A. (1983) *Lorcán Ó Muireadhaigh: Sagart agus Scoláire*. BÁC: An Clóchomhar Tta.
- Mac Labhraí, S. (2024) 'Derfiúracha díograiseacha Lorcáin Uí Mhuireadhaigh.' *An tUltach*. 16–23.
- Mac Maoláin, S. (1928) 'An t-Ultach.' *An t-Ultach*, 5(4): 1.
- Ó Longáin, D. (2024) 'Fr Lorcán Ó Muireadhaigh and the founding of "An tUltach" (The Ulsterman) in 1924.' *Irish Heritage News* 26/03/2024. <https://irishheritagenews.ie/fr-lorcán-o-muireadhaigh-and-an-tultach-the-ulsterman/>.
- Ó Máirtín, M. (2024) 'Lorcán Ó Muireadhaigh.' *An tUltach*. 12–5.
- Ó Muireadhaigh, L. (1924) 'An t-Ultach.' *An t-Ultach*, 1(1). 4.
- Ó Muireadhaigh, L. (1924) 'An t-Ultach.' *An t-Ultach*, 1(2). 4.
- Ó Muireadhaigh, L. (1924) 'An t-Ultach.' *An t-Ultach*, 1(4). 4.
- Ó Muireadhaigh, L. (1925) 'An t-Ultach.' *An t-Ultach*, 2(2). 4.
- Ó Muireadhaigh, L. (1926) 'An t-Ultach.' *An t-Ultach*, 3(2). 4–5.
- Setanta. (1927) 'An t-Ultach.' *An t-Ultach*, 4(3). 2.
- Smith [Mac Gabhann], PJP. (2023) 3 *Stories from the Mid-Tyrone Gaeltacht: Three Stories from Professor Éamonn Ó Tuathail's Collection of Folklore in Irish with a Revised Edition by Peadar Mac Gabhann*, Omagh: Fermanagh & Omagh District Council.



Máire, *Feara Fáil* agus an Díchoilíniú

Feargal Mac Bhloscaidh

<https://doi.org/10.13025/29634>

Mholadh Aimé Césaire (1955: 15) cothromóid nó ‘*colonisation = chosification*’, sin le rá go ndéantar rudaí de dhaoine faoin choilíneachas: próiseas a tháirgeann sochaithe gan dada dúchasach díobh féin, cultúir chloíte, cumainn chreachta, críocha coigistithe, creidimh chéasta, na hEalaíona eagna éignithe, agus, thar aon ní eile, olldeiseanna dochreidte nach gcomhlíonfaí go deo. Mhaígh Franz Fanon (2016: 27) gurbh ionann díchoilíniú agus daonnachas radacach a dhéanfadh an caipitleachas agus coimhthiú an duine mar aon a threascairt trí ghníomh an dúchasaigh féin. ‘*La « chose » colonisée devient homme dans le processus même par lequel elle se libère.*’ Cloistear macalla na smaointe seo i roisc chatha Uí Chadhain nó ‘sí an Ghaeilge athghabháil na hÉireann, agus is í athghabháil na hÉireann slánú na Gaeilge. Pléann an t-alt seo le fathach eile de chuid na hathbheochana mar atá, Máire nó Séamus Ó Grianna. Cé gur chaill sé a mhisneach ó thaobh na hathbheochana de agus é i ndeireadh a shaoil is a laethanta, chlóigh Máire lena phoblachtachas ó bhreith go bás (Ó Dornáin, 2018: 82). Tógann an t-alt seo ar argóint Uí Dhornáin (2018: 26), mar sin de, go dtig linn teoiric Fanon agus Said a úsáid le saothar Mháire a lonnú i bhfráma an díchoilínithe.

Sheas glúin na réabhlóide, a tharla sa tír seo idir 1916–24, iad siúd a d’eascair as pobal na Gaeltachta go háirithe, ag comhtheagmhas na healaíne agus na staire nó ag corr chinniúnach i bpróiseas an díchoilínithe. Ba chinnte gur thug siad freagra ar an dúshlán a chuir an Píarsach fúthu le litríocht na Gaeilge a chur in oiriúint don ré s’acu. Leoga, d’imreodh lucht na haislinge ról suntasach i ngluaiseacht na poblachta fosta. Ghníomhaigh Máire mar oifigeach poiblíochta na nÓglach i Rosa Thír Chonaill agus chaith seal i ngéibheann lena thriúr deartháireacha le

linn Chogadh na gCarad (Ó Baoighill, 1994: 116). Ar a bharr sin, nuair a iniúchtar a shaothar agus go háirithe a dhearcadh maidir le hathbheochan na teanga, is féidir criticeas iarchoilíneach a aimsiú a shuíonn go sócúlach le hanailís Fanon ar ról na buirgéseachta náisiúnaí 7rl.

Lena chois sin, baineann tábhacht bhreise le lucht na haislinge as siocair gur eascair siad as sruthán béaloidis agus cultúr na nGael. Tharraing siad taoscadh ón tobar nár truailíodh go hiomlán mar chuid den choilíneachas. Tháinig Máire i méadaíocht ar thulach i ndiaidh na tuile (nó i Rann na Feirste dhá ghlúin i ndiaidh an drochshaoil). D’iompair sé saibhreas na Gaeilge, an scéalaíocht agus an amhránaíocht isteach sa scríbhneoireacht s’aige agus bhreac í go líonmhar leis. Chan fiú amháin sin, ach d’fhigh sé meon an phobail féin isteach leis an nua-aoiseachas. Ina theannta sin, chreid Máire ‘gur líne gan bhriseadh a bhí i bhfrithbheartaíocht na hÉireann. Tuairim í sin atá ag teacht go deas le teoiric radacach an iarchoilíneachais... líne í a théann siar níos faide ná an stair scríofa’ fiú (Ó Dornáin, 2018: 80).

Mar aon le go leor coilíneachtaí eile, d’aimsigh lucht na réabhlóide iarsmaí an chultúir réamh-choilínigh mar chlaíomh solais in éadan dhorchadas an choilínithe stairiúil agus reatha. D’aithin siad an tábhacht a d’imir an t-impiriúlachas cultúrtha ina ndaorsmacht féin. Scríobh Máire in 1945 go mbíodh ‘sé creidte agam [ar scoil] nárbh fhiú dadaidh an eagnaíocht a bhí ag fealsaimh an tseansaoil le taobh na heagnaíochta a bhí ag Bacon agus ag Macaulay’ (1981: 18). Toisíonn an díchoilíniú le hathghabháil na staire, mar sin de. Pléifear san alt seo leis an chónasc idir meon neamh-choilínithe na nGael agus náisiúntacht nua-aoiseach agus an dóigh a dtáinig an dá shruthán i gcumar i leabhar gairid Mháire nó *Feara Fáil* (1933) ina gcuirtear cuntais ghearra ar bheath a chuid laochra.

D’aithin Said (1993: 275–8) gur cheart do gach aon phobal a fhéiniúlacht féin a aimsiú mar dhóigh le dúshlán an choilíneachais a thabhairt. Leanann seo i dtreo gluaiseacht pholaitiúil amhail an t-aistear ó Chonradh na Gaeilge go dtí na hÓglaigh i gcás an Phiarsaigh 7rl. B’ansin a tháinig an seobhaineachas i réim nó an buirgéseacht náisiúnach mar a thug Fanon uirthi. Feictear an anailís seo go minic i scríbhinn Mháire a chuir na gnáthdhaoine tuatha i dtús cadhnaíochta mar mhuintir na réabhlóide cirte: ‘*Dans certaines circonstances par contre, les masses paysannes vont intervenir de façon décisive, à la fois dans la lutte de libération nationale et dans les perspectives que se choisit la nation future.*’ (Fanon, 2016: 90).¹ Ach faraor, tagann an gaimbín, an sagart paróiste agus seoiníní na mbailte móra chun cinn mar an dream a thréig aisling an Phiarsaigh. D’fhág Cogadh na gCarad lorg ar mheon Mháire gan aon amhras agus iarracht atá in *Feara Fáil* (FF), go pointe, le cliseadh na réabhlóide agus bua an tSaorstáit a mhíniú (Ó Baoighill, 1994: 253).

¹ Faoi chúinsí ar leith, ar an lámh eile, cuireann gnáthdhaoine na dtuathanach isteach go cinniúnach sa streachailt ar son saoirse agus i ndearcadh na náisiúin úire amach anseo mar aon.

Baineann *FF* le fir a léirigh laochas i dtólamh sa troid ar son saoirse iomláine. Chreid Máire nach leor an réabhlóid bhuirgéseach náisiúnach amháin ach go gcaithfí claochlú a bhaint amach sna daoine féin: ‘*La décolonisation est toujours un phénomène violent...la décolonisation, et très simplement le remplacement d’une « espèce » d’hommes par une autre « espèce » d’hommes*’ (Fanon, 2016: 27)² Thoisigh Máire le Cú Chulainn agus le Ré Órga na nGael agus caibidlí scríofa ar Phádraig agus ar Cholm Cille aige chomh maith. Ansin, pléann an leabhar le teacht na nGall, an concas Normannach agus aiséirí na nGael faoin Bhrúsach. Ach is é croí-ábhar an leabhair nó Clann Uí Néill (Seán, Aodh Mór agus Eoghan Ruadh):

Ba mhór le rádh i stair na hÉireann ‘Clanna Néill eadar chlaidheamh agus each.’ Ní rabh a macasamhail sa tír ariamh rompa nó ‘na ndiaidh. An file a dubhairt gurb’ é ‘a ghéar-ghoin tinnis gur theastuigh uainn Gaedhil Thír Eoghain’ sé nár chan achan an fhírinne. Nó áit ar bith a bhfuil éifeacht i seanchus na tíre, áit ar bith a bhfuil fad is fairsingeacht ins an chomhrac a rinneadh i n-aghaidh na Sasana, siad clanna Néill a rinne é. Tháinig siad chugainn fear i ndiaidh an fhir eile agus tharraing siad an biorán suain as ceann na hÉireann. (*FF*: 95)

San anailís a rinne sé ar an chos ar bolg ciníoch-choilíneach agus ar an dídhaonnú a bhaineann leis, nocht Fanon an dóigh a bhfuil coincheap ciníoch den ‘dúchasach’ íochtarach suite i dteamparáltas ar leith. Sánn seo an dúchasach i ngaiste nó folús gan chultúr, gan sibhialtacht gan stair fhada (2021: 34). Leoga, léiríonn Fanon an dóigh a dtugann teamparáltas an Iarthair tús áite don am i láthair roimh an am a chuaigh thart, rud a chuireann an duine ‘eile’ nó an dúchasach faoi cheilt agus a bhriseann an slabhra idir pobal na ndúchasach agus a stair agus a chuimhne, rud a shéanann suibiachtúlacht an dúchasaigh. Bhíodh ómós áite mar chuid dhílis den ghníomh in éadan phróiseas an choilíneachais, mar sin de, nó go dtugtar dúshlán an phróisis mar aon leis an ‘choimpléasc ísleachta’ a ritheann sna sála air. Chomh maith leis an am nó ‘an stair’, imríonn topagrafaíocht an choilíneachais ról tábhachtach maidir le coimhthiú an dúchasaigh. Leoga, mhaígh Said gurbh ionann an tíreolaíocht agus modheolaíocht impiriúil (1993: 6).

Maidir leis an cheantar thart ar Dhún Geanainn agus laithreán Chaisleáin Uí Néill, labhair antraipeolaí Meiriceánach go sonrach air seo le linn na dtríoblóidí. Tháinig torthaí an staidéir s’aige salach ar an: ‘*dominant Protestant narrative around Ballybogoin [Dún Geanainn], one*

² Is feiniméan foréigneach é an díchoilíniú... ar an leibhéal is bunúsaí tiontaítear cineál duine amháin isteach i gcineál duine nua.

partially reproduced in a variety of local histories, textbooks, and classic works on Irish history, that flight [Imeacht na nIarlaí 1607] was a move for progress, for modernity' (Kelleher, 2004: 33). Bhíodh port eile le seinm ag sleachta na ndúchasach, áfach.

Catholics talked back to the state and its colonizing processes, including those that erased their history and still do. They understood that their history has been lost in space, as demonstrated by their imagination of the future archaeology of the castle hill. They brought past and present together in their dreams of transforming O'Neill's fort into a tourist site. In doing so, they challenged, yet again, the hegemonic order. The past became theirs through these spatial stories, and the politics of memory was at work. The present affected the past. Such practices criticized modernity by offering a different temporality than the modern, lineal one so valued in the narrative of nation-states. (Ibid: 209)

Feictear an choimhlint reatha idir teamparáltas an choilíneachais agus coincheapú dúchasach na staire. Baineann an t-impiriúlachas tairbhe as a theamparáltas féin agus dearbhaíonn an coilíneachas nach raibh i gcultúr na ndaoine daite ach brocamas. Mar a scríobh Fanon (1952), áfach, nuair a thiontaítear insint an impiriúlachais bunoscionn, thig leis an dúchasach áit chuí stairiúil a aimsiú dó féin – ní raibh an ceart ag an fhear gheal, ní barbarach é, ní fiú leathfhear é, bhíodh a mhuintir féin ag múnlú miotail na mílte bliain ó shin. B'ionann *négritude* agus uirlis chumhachtach, mar sin de (2021: 75). Is suimiúil ar fad an chuid de *FF* a phléann le Clann Uí Neill mar go ndéanann Máire trácht ar an tréimhse chinniúnach seo agus súil siar aige ar an tseanchas, ach meon na hathbheochana agus na réabhlóide le braistint fosta.

Ba léir gur fhág cliseadh na nGael ag Cionn tSáile agus Imeacht na nIarlaí lorg suntasach ar sheanchas agus ar bhéaloideas na nGael. Leoga, in *Saol Corrach* (1945), bíonn Tarlach Ó Néill nó 'an Gobán' – cainteoir dúchais as Gaeltacht Thír Eoghain – ag mealladh Mháire lena sheanchas agus an stair a bhain lena mhuintir.

Caithfidh mé a aidmheáil anois go gcuireadh sé cineál de dhraíocht orm nár chuir aon duine eile riamh roimhe orm. Oíche acu seo thug sé leis siar mé go dtí an t-am a raibh clann Néill i dtreis i dTír Eoghain. Thioctadh leis an draíocht sin a chur orm agus é creidte agam san [am] chéanna go raibh sé ar meisce, agus boc mearaidh air lena chois sin. Bhí lúcháir orm gur i dTír Eoghain a bhí mé. B'fhéarr liom Tír Eoghain an oíche seo ná Tír Chonaill. Chonacthas domh gur mhó agus gurbh uaisle agus gurbh éifeachtaí Niallaigh Thír Eoghain ná Dálaigh Thír Conaill. Ní lá Feise Chill Scíre a bhí ag tarraingt orm ar chor ar bith ach lá oiric an Átha Buí, nó lá bródúil na Binne Boirbe.

Tríd an stair dhúchasach, tugann an t-intleachtóir orgánach dúshlán an choimpléasc ísleachta. Eascraíonn an coimpléasc seo as próiseas dúbailte: ar dtús titeann sé amach go hábhartha idir geilleagar agus cogáíocht ach, ina dhiaidh sin, tagann inmheánú ar an mhothú ísleachta seo i measc na ndúchasach féin (Fanon, 2021: 4). Cuireann an stair ‘geimhle síceolaíochá’ ar an dúchasach – an té a mhaireann gafa i ngéibheann an tráma neamhréitithe. Mar sin de, ceanglaíonn oidhreacht an tráma choilínigh an stair, an t-am i láthair agus an todhchaí le chéile. Ní réitíonn an cumasc seo le scéim teamparála an Iarthair, áfach, ach, is é seo díreach an rud atá le feiceáil in *FF* – seangháir an dúchasaigh nár ghéill roimh a ‘eilearánú’ féin.

Agus an Chéad Chogadh Domhanda ar tí toiseacht, bhuaile Máire leis an Ghobán arís. Ba é léamh an ghobáin ar an chogadh nó: ‘Sasain, nach í is cúis de? Nach ar chogadh san Eoraip atá sí beo? Sin an saol atá i ndán d’Impireacht na Sasana, go dtí an lá a bheas síocháin san Eoraip.’

Ó, dá hainneoin riamh a chuaigh Sasain chun cogaidh. Ní raibh neart aici air. Sin an chinniúint chruaidh a bhí i ndán di. An solas a lasadh sa dorchadas. Treabha garbha fiáine a thabhairt chun creidimh. Ach ní raibh neart air sin aici. Ní raibh sa mhaoín ach taisme. Chan ar mhaithe le maoin ná saibhreas a tháinig sé go hÉirinn, nó a chuaigh sé chun na hIndia nó na hÉigipte. Ní hea ar chor ar bith ach de gheall ar Dhia... rinne tíortha láidre eile slad is creach ar an laige amanna,’ ar seisean, ag cur dealán ar a phíopa, ‘ach níor thug aon cheann acu iarraidh a chur i gcéill ach Sasain gur ag comhlíonadh aitheanta Dé a bhí siad’..

‘Agus an chuid is measa de, an dóigh ar éirigh léi a chur in iúl don mhuintir a chuir sé faoi smacht gur lena leas a bhí sí’.

‘Déanamh go bhfuil déanta ag muintir na hÉireann?’ ar mise.

‘Ag an mhórchuid acu, faraor,’ ar seisean. ‘Níl mé ag caint anois ar an mhuintir bhuí – sliocht an ghadaí a tháinig i dtír ar an chreach – ach cuid dár muintir féin. Daoine a shíolraigh ó ghéaga glandaite Néill Fhrasaigh, agus tá siad chomh truaillithe sin ag an daorsmacht is go sileann siad gurb í Sasain réalt eolais an domhain. Nach millteanach an mearadh atá ar mhac Gaeil ar bith a bhfuil an dearcadh sin aige?’

Is fada uaim é ar seisean ‘is é mo chreideamhsa, má tá ionadaí ar bith ar an tsaol ag an diabhal (agus tá) gur b é impireacht na Sasana é.’ (1981: 71–2).

Léiríonn *FF* dioscúrsa díchoilíneach inar chloígh Máire leis an fhírinne oibiachtúil, sin le rá, le critéar na staireolaíochta ach bhain sé úsáid as an chreatlach seo le seanchas nó stair íochtaránach na nGael a scríobh fosta. Ar an dóigh seo, d'fheadfaí a argóint go seasann an leabhar mar iarraidh a rinneadh i ndíchoilíniú na hÉireann nach dtáinig rath go fóill air.

Léiríonn insint Mháire ar scéal Sheáin Uí Néill nó Seán an Díomais an dóigh ar shuigh an seanchas, an díchoilíniú agus an staireolaíocht nua-aimseartha i dteannta a chéile. Tosaíonn an scéal le feallmharú Sheáin in 1567. Is ansin a dhéantar imeartas focal le dearg-ghráin Sheáin i leith na Sasanach a léiriú. Tugadh 'Seán an Díomais air agus chan leas-ainm ar bith air é. Bhí dímhéas aige ar Ghallaibh nach raibh ag mórán eile riamh a roimhe ná dhiaidh. Bhí gráin shaolta aige ar a dtáinig den phór anall'. Maítear sa chaibidil nár ghéill Seán riamh roimh ghalldú na hÉireann, gur dhiúltaigh glacadh le húdarás na Banríona agus gur chloígh le seantraidisiúin na nGael go háirithe an teideal 'Ó Néill'. B'fhíor an méid seo de réir na bhfoinsí fiú. Scríobh Seán féin nach ngéillfeadh clann Uí Néill roimh na Gaill go deo

Agus is deimhin gur deacair sin do dhéanamh, do thoil Dia agus mise in mo bheathidh, Agus go formhór in chóir agam do leatrom; agus dá mbeadh an chuid is fearr do chlann Uí Néill agus mise gan anam, ní dhéantaí gabháltas ar an chuid do bheith beo [go fóill] acu; agus is minic a thairgeadh gabháltas do dhéanamh orthu agus níor críochnaíodh sin [ariamh].³

Cuireann Máire síos ar chruinniú mullaigh le Banríon Eilís (*FF*, 43). Nuair a théann Seán anonn go Londain in 1562, aircitíopa atá ann den cheannaire dhúchasach a thugann bunús dá shibhialtacht féin.

Acht nuair a chuaidh Seán go Londún ní dheachaidh sé leis féin. Bhí garda leis de na ceithearnaigh b'fhéarr a bhí i n-Ulaidh. Agus níor chuir siad éideadh na Sasana ortha acht oiread. Ní raibh náire ortha ar na fallaingeacha a bhí fá n-a nguailneacha nó ar na fuilt chraobh chasta a bhí anuas fá n-a gcluasa. Agus ní raibh náire ortha labhairt i nGaedhilg. Tháinig an t-íomlan isteach fríd chúirt Isebheála agus cuma fhearamhail dhána ortha. Níorbh fhir iad le gabháil a mhagadh ortha. Bhí na mílte dá gcineál i n-Ulaidh agus b'fhéarr a gabháil 'un blandair leo 'na gabháil 'un spairne leo. (*FF*: 44)

Déanann *FF* iarracht le sintéis a bhaint amach, nó leabhar staire le bonn eimpíreach a chuimsíonn seanchas an mheoin neamh-choilínigh agus tionscadal an díchoilínithe. Tá na gnéithe sin le feiceáil níos soiléire arís leis an dá Aodh, comharba Sheáin, Aodh Mór Ó Néill agus a chomhghuaillí, Aodh Ruadh Ó Domhnaill.

³ Seán Ó Néill chuig Barún Sláine, 1561, John O'Donovan, 'Original Letters in the Irish and Latin Languages, by Shane O'Neill' in *Ulster Journal of Archaeology*, 1857: 272.

Cogadh an Dá Aodh

Scríobh Máire nach raibh a leithéid eile de phearsa i stair na nGael agus Aodh Mór Ó Néill.

Beannacht Dé le n-anam, ba é an fear é i measc na bhfear. Fear nach rabh a leithéid eile i nÉirinn roimhe nó ‘na dhiaidh. Chan treibhe nó clanna nó cúigídh a bhí ag cur buadharta air acht Éire. Éire mar ba cheart díthe a bheith, ‘na náisiún amháin ó Chorcaigh go Málainn agus ó Ghaillimh go Beinn-Éadair. (FF: 65)

Thig leis an léitheoir náisiúin a aithint anseo nár mhair ariamh – Éire shaor na nGael. Tagann próiseas coilínithe chun solais a chríochnaigh le Cogadh na Naoi mBliana inar chaith Sasain £2,000,000 agus chruinnigh 36,000 saighdiúirí idir 1594 agus 1603 leis an bhua a bhaint amach. Seo mar a chuir an staraí nua-aimseartha Hiriam Morgan síos ar Aodh Mór agus feictear oll-deiseanna dochreidte nach gcomhlíonfaí go deo gan aon amhras,

Hugh O'Neill was described by a nineteenth-century biographer, the Young Irelander, John Mitchel, as 'the first, for many a century, to conceive and almost to realize the grand thought of creating a new Irish nation'. Today this contention might be dismissed out of hand by the negative empiricists who dominate Irish historical scholarship as absurdly anachronistic, unduly hypothetical or merely wishful thinking. Yet Mitchel's contention still deserves attention precisely because it highlights the possibility of an alternative direction at the pivotal point in Irish history – the completion of the English conquest. And it can be argued, without resort to romantic nationalism, by placing O'Neill and the Irish conflict within the context of early modern European politics. (1993: 21)

Mar a scríobh Máire nuair a ‘tháinig Aodh Ó Neill chun abhaile go Dún Geanainn bhí lúcháir ar a chroí go raibh sé ar ais i dTír Eoghain...Tá fhios aige go gcaithfidh sé Cúige Uladh a chur faoina stiúradh féin ar dtús. Agus nuair a bheas sin déanta aige?’

Leanann Máire ar aghaidh nuair a thaispeáin Aodh é féin mar thaoiseach Gaelach chan géillsineach de chuid na corónach,

Tháinig a’ lá acht chan go Sasain a chuaidh Aodh go mbaisteadh Banríon Iseabeál Iarla Thír Eoghain air, acht go dtí an Tulach-Óg, an áit ar tugadh ceannas dá shinnsir leis na ciantaí anall. Agus chan Iarla Thír Eoghain a tugadh air acht Ó Néill. Mise Ó Neill, a bhanríoghain bhródamhail, tá mise comh bródamhail leat féin. A bhanríoghain fhealltach, tá mise chomh fealltach leat féin. Tabhair an iarlaigheacht agus na h-ornáidí anois do do rogha duine. Mise Ó Néill. Agus tá feara Uladh uilig a d’aon-leith agam. Tá Dálach Ruadh Thír Chonaill sa bhaile inniu i dTír Chonaill agus neart i n-a láimh agus díoghaltas i n-a chroidhe. Beidh sé féin is mise gual’ ar ghual’ sa teangmháil feasta. Is fada mé ‘fanacht leis an lá a mbeadh sé féin is mé

féin ag imirt ár gcleasa d'aontaibh, a bhanríoghain bheadaidhe na Sasana, níl ceart ar bith agat féin nó ag aon duine is duine dhuit lorg a choise a fhágáil sa tír seo! (FF: 51)

Fá 1595, rinne Aodh scrios ar arm Sasanach ag Cluain Tiobraid. Thuairiscigh na Sasanaigh fiú go ndeachaigh Aodh Mór agus Cornet Sedgreve (nó Sígréibh) in adharca a chéile nuair a rinne an Sasanach ruathar ar na Gaeil agus 'their encounter was so rude that they were both unhorsed.'⁴ Scríobh Máire: 'le sin bhí an dá cheannphurt i ndeabhaidh a chéile mar bheadh dhá leomhan chraosach' ann. Ach, sa deireadh, bhí an lámh in uachtar ag Ó Néill agus 'leis sin chuir na hÉireannaigh uail astá féin a bhain mac-alla as na cnuic nach gcualthas a leithéid ariamh. Sheacht n-anam do bhuille a Niallaigh! Lámh Dhearg go deo! (FF: 52–3).'

Ar ndóigh, leag Máire béim ar Chath Bhéal an Átha Buí fosta nuair a rinne Arm na nGael scrios ar na Sasanaigh faoi cheannas Henry Bagenal ar 14 Lúnasa 1598. Is suimiúil fosta an dóigh ar phléigh Máire le hiarmhairtí an chatha úd mar,

Mhusgail Banbha a misneach nuair a chuala sí fá Bhéal-an-Átha-Buidhe an chuid den tír a bhí briste brúigte beag-uchtamhail roimh sin fuair siad uchtach nuair a chonnaic siad na heachtraidhe a bhí Aodh Ó Néill a dhéanamh...Bhí an cogadh dearg ar fud na tíre agus gan Éire a' ligin orlach amháin lena namhaid.' (FF: 65)

Mar fhreagra air sin, chuir na Sasanaigh feachtas cinédhíothaithe ar bun. Chloígh Mountjoy feachtas Uí Néill trí pholasaí an rua-loiscthe, gorta saorga agus dúnmharú córasach agus Arthur Chichester i dtús cadhnaíochta mar an saighdiúir Sasanach ba chruálaí i measc na nGall.

Chlis ar na Gaeil ag Cionn tSáile in 1601. Cé gur ghéill Ó Néill ag an Mhainistir Mhór (1603), lean Chichester dá chiapadh agus theith na taoisigh in 1607. Fuair Aodh Mór bás sa Róimh chan ina dhúichí féin: 'lá den tsaol ba bheag a síleadh go mbeadh a chnámha sínte i dtír choimhthígh na céadta míle as Dún Geanainn (FF: 70). Pléann Máire fosta le himpleachtaí na Plandála (1609) agus is léir a dhímheas don phlandáil agus do na plandóirí féin:

Ansin bhí mian a gcroí ag na Sasanaigh. Na talta a shantaigh siad le fada bhí siad acu sa deireadh. Thoisigh siad agus rann iad eatarthu. Fuair achan bacach dá dtáinig a' tslighe stiall agus b'éigean do shliocht ríge imeacht i mbéal a gcinn fá ocras agus fá anród, fríd shléibhte garbha agus coillte fiadhaine... Ba ghoilleanach acu anois é a fháil báis le gorta agus le hanas agus a gcuid talaimh i seilbh a namhaid (FF: 69).

⁴ Ralph Lane chuig Burghley, 9 Meitheamh 1595 (Cartlann Naisiúnta Shasana SP 63/180, f.82)

Eoghan Ruadh

D'éirigh uaisle Gaelacha faoi cheannas Fheidhlim Uí Néill, 'nach raibh mórán maith ann' dar le Máire, amach in 1641, ach, 'cá raibh "géaga glan daite Néill Fhrasaigh nach dtréigfeadh an ceol?" an raibh fear ar bith fágtha de aicme Sheáin is Aodh? Fear ar bith a déarfadh "Mise Ó Neill"!' (FF: 81)

Tharraing Máire codarsnacht thábhachtach idir iarraidh Eoghain Ruaidh agus gníomhartha a uncail nó cé,

go bhfacthas an "Lámh Dhearg" arís a' lúbarnaigh leis a' ghaoith agus go gcualathas ag an Bheinn-Bhuirb an rosc-chatha a chualthas roimh sin ag Béal Átha Buí... Ach nuair a tháinig Eoghan ní raibh fá n-a choinne acht bochtáin agus dílleachtaí a bhí fá ampla is géarleanamhaint ó tháinig ann daobhtha. (FF: 95–6)

Tá léargas den scoth againn ar fheachtas Uí Neill i gCín Lae Uí Mhealláin, an cuntas a choinnigh Tarlach Ó Mealláin, bráthair Proinsiasach agus comhairleoir Fheidhlim Uí Néill, air. Mar shampla, d'fhág an bráthair taifead d'óráid Eoghain Ruaidh roimh Chath na Binne Boirbe ar 5 Meitheamh 1646:

Bhí an *General* ag teagasc imeasc an tslóigh. Iseadh adubhairt 'Ag sud chuagaibh escairde Dé agus naimhde bhur n-anma; agus denaidh calmacht 'na n-naghadh aniu; oir is iad do ben díbh ar (leg. Bhur) dtighanaidh, bhur gclann agus bhur mbeatha spioradálta agus temporalta, do bhean bhur nduthaigh díbh, is do chuir ar deorúigheacht sibh. (Nic Cathmhaoil, 2006)

Cuireann Máire síos ar an chath nuair a 'tháinig na Gaeil i na n-araicis agus bhuaíl ar gcúl iad... go ndéanfadh siad bia míoltóg de na Gaill' (FF: 91).

Fán am ar fhill Eoghan Ruadh abhaile, bhí idé-eolaíocht an Fhrith-Reifirméisín le feiceáil go soiléir in san dearcadh s'aige ach í measctha le comhfhiosacht na ndúchasach fosta. Agus é ar deoraíocht, d'éisigh sé an forógra in 1627 (Gillespie, 1992: 162). Leag Máire a mhéar ar an idé-eolaíocht dhúchasach seo nuair a scríobh sé go raibh Eoghan Ruadh agus na Sean-Ghaeil eile ag iarraidh athghabháil na hÉireann 'ní hé amháin gur mhian leosan bua a fháil ar an daor-smacht a bhí ar a gcreideamh ach ba mhian leo Éire go huile is go hiomlán a fhuascailt as lámha na Sasana' (FF: 87). D'fhéadfaí a argóint gur cheangail Máire tuigbheail an tseanchais ar an tréimhse úd lena mianta féin faoi thréimhse na réabhlóide trí chéad bliain ina dhiaidh.

Bhain Eoghan Ruadh an cath ach chaill an cogadh, áfach, toisc gur dhiúltaigh na Sean-Ghail a ndílseacht do Rí Shasana a thréigean. D'fhéadfaí smaointeoireacht Mháire ar na Sean-Ghail agus ar Chomhdháil Chill Chainnigh a chur i gcomparáid lena dhearcadh faoi lucht an Chonartha le linn réabhlóid na hÉireann.

Ní rabh mórán dóchais aige go mbeadh siad seasmhach nuair a rachadh an chúis go cnámh na h-uilleanna. Ní rabh mórán muingíne aige ar an staraidhe a dubhairt gur éirigh siad ní ba Ghaedhealaigh ná na Gaedhil iad féin. Má tá beirt fhear ag gabhail aon bhealach amháin acht giota níos fuide ag fear aca le gabhail 'ná ag an fhear eile, is dóiche go mbainfidh fear amháin faoi nuair a thioctas sé go dtí n'ionad féin agus go gcaithfidh an fear eile a ghabhail an chuid eile den bhealach leis féin. Ba mhaith a bhí a fhios seo ag Eoghan Ruadh – ba mhaith a bhí fhios aige dá dtigeadh an lá a choidhche a dtairgfeadh Sasain cead a thabhairt dá pór féin a gcreideamh a aidmheáil go fosgailte, go mbeadh siad chomh díleas díthe agus bhí riamh agus go gcaithfeadh sliocht Chuinn's Aodh a raibh rún aca na ceangail a bhriseadh go tóin, go gcaithfeadh siad an chuid dheireannach agus an chuid b'aimhréidhtighe den bhealach a shiubhal leo féin... (FF: 85).

Dar le Máire: 'níl rud ar bith i stair na hÉireann níos brónaí nó níos náirí ná an bhail a thug Ard-Chomhairle Chill-Choinnigh ar Eoghan Ruadh Ó Néill.' (FF: 96).

Conclúid

Fuair Eoghan Ruadh bás sula raibh seans aige dúshlán Chromail a thabhairt. Chuir na Sasanaigh cinédhíothú eile i bhfeidhm in 1649 nuair a fuair 41% den phobal bás de bharr foréigin agus gorta. Mar a scríobh Máire: 'bhí na hAlbanaigh suite i nDún Geanainn agus "Síol Eoghain gan aird 's an tál-fhuil bodhar chlaoidhte' (FF: 100). Nuair a theip ar Eoghan Ruadh, múchadh na féidearthachtaí glórtha de chuid Césaire agus tháinig 'oíche mhór fhada dhorcha' agus,

an tír faoi dhaor-smacht idir chorp agus anam. Níl le déanamh agat ach dearcadh ar fhilíocht na haoise sin le sin a fheiceáil. D'imigh an glór misniúil borb ar an chláirsigh a bhí inti ins san tsaol a chuaigh thart agus thoisigh sé a chriogán go truacánta fá 'mhac an cheannaithe' nó fá Shéarlus Óg Mac Rí Shéamus. (FF: 106).

Maidir le teamparáltas agus tíreolaíocht an choilíneachais, b'fhiú trácht a dhéanamh ar na macallaí a chluintear i nguth sleachta na ndúchasach thart ar Dhún Geanainn go fóill, an dearcadh céanna a léimeann as an leathanach i bhfocail Mháire:

The Irish language names on the hills and low country remind “one side of the house,” the Catholic side, of loss and evoke dispossession and displacement. Many of the inhabitants, referring to the time when the Irish names for these places were conceived, a period long before the Elizabethan Conquest, used the first-person plural, ‘we,’ as they took me around these places and told their story. Carboniferous limestone, upper basalt, and metamorphic rock did not explain very well the ‘ground’ we stood on. In and around Ballybogoin, signifying practices created their own space both literally and figuratively. ‘The top of the castle hill, up above the square’ was at least two spaces. The members of the Loyal Orange Lodge saw it as a place of triumph, a sign of firm resolve: they firmly believed this edifice and the practices it embodied were a sign of the preservation of freedom and democracy. This belief represents a partial truth. For Catholics, however, this truth was imperceptible. Catholics metaphrased the top of the hill: it was ‘nowhere’ for them. The road that led there did not go anywhere. It did not lead to a space with affective meaning. For Catholic nationalists, both the army lookout and the Orange Order hall were best avoided. Catholics warned me, ‘Don’t go up there.’ For Protestants, ‘the top of the hill,’ and ‘the square’ were and still are places where only they should assemble. . . Memories of such events invade friendships. Catholics perceived the state, the historical agent of such events, as the source of division. (Kelleher, 2004: 130)

Críochnaíonn *FF* le poblachtaigh na nua-aoise. Bíonn leanúnachas le braistint i stair na tíre agus tuile agus trá ag titim amach i meon agus i meanma na nGael, thuas seal – thíos seal ach splanc na saoirse ann go deo. Críochnaíonn Máire le caibidil ar an Phiarsach féin a chuimsíonn dearcadh s’aige ó thaobh stair na hÉireann de:

Is iomdhaí uair a shílfeadh nach rabh fágtha acht luath is aibhleogaí dóighte, ach bhí an druithleog annsin ar fad. . . acht bhí sí chomhair a bheith as nuair a tháinig an Píarsach i gcrann. Agus cé bith a d’éirigh leis ná nár éirigh leis a dhéanamh, rinne sé rud amháin ar scor ar bith, shéid sé an druithleog agus dhearg sé an téine arís (*FF*: 126).

Anseo, feictear arís an choimhlint reatha idir teamparáltas an choilíneachais agus coincheapú dúchasach na staire. Sheas *FF* mar iarracht ag intleachtóir orgánach na ndúchasach lena stair féin a athghabháil agus á cur in oiriúint don nua-aois agus, le beocht a shéideadh arís isteach sa drithleog.

Tagairtí

- Césaire, A. (1950) *Discours sur le colonialisme*. Páras: Réclame.
- Fanon, F. (2016) *Les Damnés de la Terre*. Páras: Kiyikaat.
- Fanon, F. (2021) *Peau Noir, Masques Blancs*. Páras: Les œuvres de Frantz Fanon..
- Gillespie, R. (1992) 'Owen Roe O'Neill.' *Nine Ulster Lives*. Béal Feirste: Ulster Historical Foundation.
- Kelleher, W. F. (2004) *The Troubles in Ballybogoin*, University of Michigan.
- Morgan, H. (1993) 'Hugh O'Neill and the Nine Years War in Tudor Ireland.' *The Historical Journal*, 36: 1.
- Nic Cathmhaoil, M. (2006) 'Cín Lae Uí Mhealláin.' *Seanchas Ardmhacha*, 21(1). 35–54.
- Ó Dornáin, C. (2018) 'Saothar Mháire agus Dúshlán an Fichiú Céad.' Tráchtas PhD, Ollscoil Uladh, Béal Feirtse.
- Ó Baoighill, P. (1994) *Óglach na Rosann: Niall Pluincéad Ó Baoighill*. BÁC: Coiscéim.
- Ó Grianna, S. (1933) *Feara Fáil*. Preas Dhún Dealgan.
- Ó Grianna, S. (1981) *Saol Corrach*. Corcaigh: Cló Mercier.
- O'Neill, J. (2018) *The Nine Years War, 1593–1603*. BÁC: Four Courts.
- Said, E. (1993) *Culture and Imperialism*. Londain: Village.



**Teanga mheafarach Mháire ar nós
‘...mar a bheadh ‘duine/rud/ainmhí’,
‘mar a bheadh ‘duine/rud/ainmhí’ ann’;
‘mar a bheadh ‘duine/rud/ainmhí’ (ann)
a bheadh’...agus na téamaí ina léirítear an
ghné thábhachtach seo dá stíl liteartha.**

Seán Mac Corraidh

<https://doi.org/10.13025/29633>

Is le húsáid na Gaeilge i ngearrscéalta agus in úrscéalta Mháire (Séamus Ó Grianna), a bhaineann an t-alt seo. Baineann an t-ábhar le tionscadal taighde ag leibhéal máistreachta a cuireadh i gcrích idir Meitheamh 2002 agus Meán Fómhair 2023. Is i mBéarla a scríobhadh ina mhiontráchtas é sa chéad áit ach tiontaíodh go Gaeilge é agus cuireadh go suntasach leis an tsaothar idir Meán Fómhair 2023 agus Eanáir 2025 agus rinneadh tuilleadh léitheoireachta agus machnaimh air dá réir. D'éascaigh próiseas an aistriúcháin agus an mhachnaimh cur i bhfriotal barúlacha agus smaointe chomh maith.

An léitheoireacht

Ag dul i gceann oibre don taighdeoir, baineadh feidhm as paraidím struchtúraíoch i gcur chuige na grinnléitheoireachta (Ó Doibhlin, 1973). Is é atá i gceist leis sin ná léamh téacs le cúram agus le léamh grinn agus cúramach ar an téacs, ag fiosrú gach focail dá bhfuil á léamh. Scríobhadh nótaí ar phointí teanga atá ina n-ábhar suntais ó thaobh na húsáide, na stíle agus na céille de. Is iad *Mo Dhá Róisín* (MDR), *Caisleáin Óir* (CO) agus *Cioth is Dealán* (CD), na téacsanna is mó iomrá de chuid Mháire (Welch, 1996: 435) agus léadh iad sin ina

n-iomláine ar dtús. Ina ndiaidh sin, léadh *Thiar i dTír Chonaill* (TDC), *Castar na Daoine ar a Chéile* (CDC), *Feara Fáil* (FF), *Fód a' Bháis agus Gearr-Sgéalta Eile* (FB), *Nuair a Bhí Mé Óg* (NBO), *Saoghal Corrach* (SC), *Bean Ruadh de Dhálach* (BRD), *Micheál Ruadh* (MR), *An Draoidín* (AD), *Tráigh agus Tuile* (TT), *An Bhratach agus Gearr-Sgéalta Eile* (AB), *An Clár is an Fhoireann* (CF), *Fallaing Shíoda* (FS), *Le Clapsholus* (LCS), *Ó Neamh go h-Árainn* (NA), *Ó Mhuir go Sliabh* (OMS), *Oidhche Shamhraidh agus Scéalta eile* (OS), *Suípín an Iolair* (SI), *Rann na Feirste* (RF), *An Sean-teach* (ST), *An Teach nár Tógadh* (TNT), *Báire na Fola* (BF), *Sgéal Úr agus Sean-Scéal* (SU), *Úna Bhán* (UB), agus *Tairngreacht Mhiseoige* (TM). Tá an liosta iomlán i ndeireadh an ailt seo. Is sa tseanlitriú a foilsíodh bunús na leabhar sin thuas. San alt seo soláthraítear athfhriotail sa litriú sin agus cuirtear na leaganacha caighdeánacha idir lúibíní faoi na hathfhriotail chéanna.

Ceisteanna taighde

Seo iad na ceisteanna a threoraigh an taighde:

- Cad is ciall le stíl liteartha?
- Cad iad na gnéithe is suntasaí de stíl liteartha Mháire?
- An dtig linn na codanna is tábhachtaí d'úsáid teanga Mháire a aimsiú?
- An bhfóireann stíl liteartha agus úsáid teanga Mháire dá intinní mar scríbhneoir?

Athbhreithniú ar an litriocht

Rinneadh athbhreithniú ar an litriocht a bhaineann le stíl liteartha agus le saothar Mháire, ag díriú ar úsáid na Gaeilge. Is iad na saothair is mó a bhaineann le hábhar maidir leis an taighde seo ná 'Teanga Mháire' (Ó Corráin, 1992) agus *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamus Ó Grianna* (Ó Corráin, 1989), 'Stíl scríbhneoireachta Mháire' (Ó Doibhlin, 1992), 'Struchtúr agus Téamaí in Úrscéalta Mháire' (Ó Muirí, 1978), 'An Greann ag Máire' (Ó Rabhartaigh, 2004 [1928]), *Donncha Ó Céileachair* (Riggs, 1978) agus 'Gaeilge Uí Chadhain' (Ó Béarra, 2007).

Stíl liteartha: a gnéithe agus a feidhm

Is leis na dóigheanna a gcuireann scríbhneoirí an méid atá le rá acu in iúl a bhaineann stíl liteartha, de ghnáth. Tugann Abrams (1999: 303) le fios go mbaineann an anailís a dhéantar ar stíl scríbhneora le suíomh reitriciúil, aidhm, friotal, struchtúr abairtí agus comhréir, agus teanga fháthchiallach. D'éiligh Williams (1990) gurb iad an tsoiléireacht, an comhleanúnachas agus an ghrástúlacht na torthaí a lorgaítear. Mhaigh Baldick (2015) gur féidir cur síos ar stíl údair ach iad seo a leanas a fhiosrú ina shaothar: friotal, comhréir, samhlaoidí, rithim, nó gné ar bith eile den teanga.

Is leis an stílíocht, ceann den iliomad gort atá sa teangeolaíocht, a bhaineann an tábhacht atá le gnéithe teanga i gciallú na litríochta nó an dóigh ar féidir éifeacht liteartha a cheangal le gnéithe teanga (Widdowson, 1996: 131). Scríobh Crystal (1994: 372) gurb é atá sa stílíocht ná, *‘the study of the linguistic characteristics of literature as a genre and of the style of authors.’* Mhínigh McArthur *et al.* (2018) gur craobh den teangeolaíocht í ina ndéantar staidéar ar stíl i dteanga, go háirithe i saothar litríochta. Tá an stílíocht, de réir a dtuigse dírithe ar an téacs, ar an léitheoir agus ar fhoirm na teanga.

Aon uair amháin a bheadh an léitheoir cinnte den chiall atá le téacs liteartha, feasach ar an ton, ar intinní an údair agus in innimh an cineál scríbhneoireachta a aithint, bhí Burton (1986: 17) den bharúil go bhféadfaí tabhairt faoin chéad chéim eile sa bhreithiúnas ar stíl an scríbhneora, mar *‘a blend of various elements’*. Agus é ag maíomh go raibh an próiseas a bhaineann leis an léirmheastóireacht ar phrós, casta agus bainteach go mór leis an duine aonair, scríobh sé gurbh iad an friotal, na híomhánna agus an rithim, na príomhghnéithe. I dtaca le Burton (1986: 25–42; 43–65; 66–91) de, is le roghnú focal a bhaineann **friotal**, le mealladh na gcéadfaí a bhaineann **íomhánna** agus le cur in ord focal ar mhaithe le cumarsáid, ar aon dul leis an chomhréir, a bhaineann **rithim**.

Is é tuairim Croft & Cross (1997: 194–5), gurb é atá i stíl ná an *dóigh* a scríobhann scríbhneoirí, an úsáid a bhaineann siad as teanga lena smaointe a nochtadh agus, *‘the particular combination of literary devices, structures, and vocabulary which a writer uses.’* Maíonn siad gurb é atá ann mar stíl, an toradh a bhíonn ar mhórán roghanna a dhéanann an scríbhneoir fúthu seo a leanas: téama, stór focal, rithim, déanamh na n-abairtí, íomhánna agus fuaim. Níl siad ag rá gur sin gach gné atá i gceist ach go luaitear iad i bhfianaise ceisteanna úsáideacha in iarrachtaí le stíl áirithe scríbhneora a aimsiú: m.sh. An bhfuil an téama ginearálta nó sainiúil? Leamh, seanchaite nó domhain? Furasta a aimsiú nó ceilte? An bhfuil an rithim garbh nó mín? Scaoilte nó *staccato*? An bhfuil déanamh gearr, fada nó casta ar na habairtí? Éagsúil agus i bpatrún? An físiúil nó céadfach atá na híomhánna? Gléineach nó cáiréiseach? Uathúil nó de réir coinbhinsin? An bhfuil an stór focal simplí nó casta? Filiúnta nó lom? Mothúchánach nó neodrach? An bhfuil an fhuaim gearr nó binn? Scornúlach nó siosach? Ceisteanna iad, an dá cheist dheireanacha sin, a aibhsíonn an tábhacht atá leis an chluais, leis na fuaimeanna agus le léamh os ard.

Tá leabhar sin Riggs (1978) *Donnchadh Ó Céileachair*, ar cheann de na leabhair is gaolmhaire d’ábhar an taighde seo ó thaobh anailís ar stíl i litríocht na Nua-Ghaeilge. Sa taighde sin, rinne Riggs a machnamh orthu seo a leanas: an reacaireacht, na tuarasálacha, an comhrá, an gearrscéal, ceangal (an laochas, an greann, an t-athrú saoil, agus tábhacht an dúchais). Rinne Ó Croiligh (2020: 67–102) a dhianmhachnamh ar an stíl i saothar duine de dheartháireacha Mháire, Seosamh Mac Grianna. Bunaíodh an plé thart timpeall orthu seo: íomhánna, friotal agus téamaí. Is é atá i stíl, dar leis, an bealach pearsanta ina mbaineann scríbhneoir feidhm as na meáin friotail. Agus an chiall a bhain Albert Camus as stíl liteartha ar a intinn ag Ó Croiligh (2020: 67), mhaígh sé gurbh ‘ionann stíl agus an claochlú a dhéanann údar ar an tsaol réalta agus a thugann a aontacht agus a thréithiúlacht don domhan úr a chruthaíonn sé.’

Sárchumas Mháire sa Ghaeilge

D'fhoilsigh Séamus Ó Grianna a chéad aiste thiar sa bhliain 1912 agus choinnigh air ag cur alt agus aistí chuig tréimhseacháin Ghaeilge ar feadh na mblianta (Welch, 1996: 435). Mar sin féin, níor chreid sé gur pearsa mhór litríochta a bhí ann. Agus é ar a dhícheall ag iarraidh a chumadóireacht a dhéanamh suimiúil agus taitneamhach i súile agus i gcluasa na léitheoirí, bhaineadh sé feidhm as stíleanna tuairisciúla, áititheacha agus insinte ina shaothar. Scríobh Ó Doibhlin (1992: 87–8) gur i gCúige Uladh ba mhó a bhí na léitheoirí ba dhúthrachtaí, i sé chontae Thuaisceart Éireann go háirithe agus d'úsáideadh siad téarmaí mar 'dhraíochtúil' agus iad ag tabhairt breithiúnais ar a chuid scríbhneoireachta. Mhaígh sé go raibh gnaoi agus aghaidh na ndaoine ar Mháire, taobh le scríbhneoirí eile Gaeilge, mar gheall ar an stíl, a mheall a lán daoine le Gaeilge a léamh. Chreid Máire go diongbháilte ina shárchumas sa Ghaeilge agus san eolas thar na bearta a bhí aige ar fhoirm, ar chora cainte, ar sheanfhocail agus ar natháin chainte na Gaeilge. Is é an sáreolas sin a bhí aige ar an teanga, a bhí leis as broinn, a thug misneach dó agus a choinnigh an drithleog ar lasadh i ndúch a phinn ar feadh achar fada nó mar a chuir Ó Conluain (1992: 36) é:

Chuaigh Séamus Ó Grianna an-fhada ar aon bhealach amháin ina shaol agus ina shaothar araon. Mhair sé ceithre scór bliain go díreach go dtí mí na Samhna 1969, agus más saol corrach a bhí aige, dar leis féin, ba shaol corrach cointinneach fosta é. Ach ba as an saol sin a tháinig cuid de na leabhair is tábhachtaí i stair nualitríocht na Gaeilge agus dá thairbhe sin amháin, táimid uilig faoi chomaoin mhór aige.

Thuiriscigh Ó Corráin (1992: 94) in aiste dar teideal 'Teanga Mháire' an dearbhú seo a leanas, ina n-aontaíonn sé go huile is go hiomlán le féinanailís an údair air féin mar scríbhneoir, a luadh cheana:

Níl dochar liom a rá go bhfuil Séamus Ó Grianna ar dhuine de na scríbhneoirí Gaeilge is clúití sa chéad seo. Ach leis an fhírinne a dhéanamh, ní éifeacht mhór litríochta ná doimhneacht ar leith fealsúnachta a d'fhág an chéimiúlacht sin aige ach buanna éagsúlta teanga.

Tá an tráchttaireacht sin ag teacht go mór le tuairimí criticeoirí litríochta amhail Alan Titley, Máirtín Ó Cadhain, Nollaig Ó hUrmoltaigh, Diarmuid Ó Doibhlin, Breandán Ó Doibhlin, Máirín Nic Eoin agus Pól Ó Muirí. Tá laigí éagsúla i gcumas liteartha Mháire aimsithe acu sin uile go léir, ach admhaíonn siad i ndeireadh na dála, go raibh an cumas a bhí ann i dteanga na Gaeilge, dosháraithe, gan chosúlacht, gan chomórtas. Scríobh Titley (2002: 35) 'cuid de luach úrscéalta Mháire is ea an chanúint Chonallach ina bhfuil siad scríofa' agus thug cuntas ar an tionchar a bhí ag scríbhneoirí seanaimseartha rómánsúla ar a scríbhneoireacht. Ba dhána an mhaise don Chadhnach (Ó Cadhain, 1969) a rá go bhfeádfadh duine ceann

ar bith d'úrscéalta Mháire a léamh lena fháil amach cén dóigh gan úrscéal a scríobh. Mheas sé go raibh seachrán beag céille air mar gur chloígh sé go docht le traidisiún. Mar sin féin, b'éigean dó a admháil go raibh sáreolas ag Máire ar an Ghaeilge nach raibh ag an dara duine. An iomarca frásaí agus *clichés* ó scéal go scéal a bhí ag dó na geirbe ag Ó Corráin (1992: 106):

Is deas linn an gliogar agus an rithim atá ann nuair a léann muid nach bhfuil léamh nó scríobh na inse béil ar an ghnáoi atá ar chailín éigin. Ach an fichiú huair a chastar an nathán céanna orainn, ní aoibhneas a chuireann sé orainn ach fonn codlata.

Is cinnte gur bhain sé an iomarca úsáide as an nathán áirithe sin nach raibh 'léamh ná scríobh na inse béil' ar na finiméin a raibh sé ag trácht orthu: 'An lúthgháir a bhí ar mo chroidhe, **níl léigheamh ná sgríobhadh ná innse béil air.**' (OMS 65/156)(SC 177/202)(OS245)(RF 14)(BF 22)(SU 51; BF 210). Ina dhiaidh sin, bhí a leithéid seo aige, chomh maith le bealaí eile, leis an chiall chéanna a chur in iúl:

canúint a fháil le rud a insint:

Ní féidir canúint a fháil leis an driopás agus an chearthaí a tháinig ar iomlán a inse. (CDC 76)

(Ní féidir canúint a fháil leis an driopás agus an chearthaí a tháinig ar iomlán a inse.)

canúint a chur ar rud:

Nuair atá dhá chroidhe lasta le grádh, agus gan le déanamh acht canamhaint a chur ar rún nár cheil rosc le fada roimhe sin. (NA 63)

(Nuair atá dhá chroí lasta le grá, agus gan le déanamh ach canúint a chur ar rún nár cheil rosc le fada roimhe sin.)

Is é an trua nach ndearna sé ní ba mhó de sin in ionad bheith ag brath i dtólamh ar an nathán chéanna. Mhínigh Ó hUrmoltaigh (1974: 101) gur úsáid Ó Grianna an fhoirmle chéanna arís is arís eile ina úrscéalta ach thug isteach fosta go raibh an chuid is fearr den Ghaeilge iontu:

...castar na carachtair chéanna orainn arís is arís, ní thagann athrú ná forbairt orthu...tá na húrscéalta lán maoinis agus ba cheart iad a chur sa 19ú céad....ach is féidir an méid seo a

rá faoi úrscéalta ‘Mháire’ - go bhfuil togha na Gaeilge iontu; d’admhaigh Máirtín Ó Cadhain féin sin.

Tá sé le léamh in Ó Muirí (1999: 77) i gcuntas a scríobh sé ar shaol agus ar shaothar Sheosaimh Mhic Grianna, deartháir le Máire, nach raibh lá rúin ag Máire, ‘*to engage the reader’s mind*’, ach gur bhain sé úsáid as Gaeilge a bhí ag feidhmiú mar ‘*narcotic which lulls the reader to sleep while his often inoffensive characters perform their inoffensive feats*’. Mar seo a mhínigh Hodgins (2006: xix) an scéal: ‘I gcás “Mháire” is tábhachtaí i bhfad an modh inste, samhailteacha áille, draíocht na teanga agus féith an ghrinn-agus, ar ndóigh an dóigh a gcuireann sé ar ár gcumas éalú ar feadh tamaill’.

Is in dhá ghné-alt nuachtáin a nocht Diarmuid Ó Doibhlin (1988a, b) a bharúil de shaothar Mháire. Sa chéad alt, déanann an criticeoir a mhachnamh ar an bhail uireasach a thugann Máire ar théamaí, an grá san áireamh. Os a choinne sin, díríonn sé ar an chumas fosta a bhí ann an greann a bhí i saol a chuid daoine ar an bhaile, a chur i bhfriotal. Bua, dar leis, a chuireann aobhneas ar léitheoir. Ní ábhar iontais é mar sin gur mhol sé go mór nádúrthacht, glaineacht, gleoiteacht, tarraingteacht, áilleacht, líofacht agus filiúntacht Ghaeilge an údair:

...an **Ghaeilge ghalánta fhiliúnta** a bhí chomh **nádúrtha** sin aige agus a tháinig chomh paiteanta sin leis i gcónaí. Dairíre is í **an Ghaeilge ghlan ghleoite** sin, is dóigh a tharraingíonn duine chuig leabhair Shéamais Uí Ghrianna agus is í is mó a chruthaíonn **pléisiúr** dúinn. An sruth sin Gaeilge, **a éascaí agus atá sé, a sholúbtha agus a dhúchasáí** is atá sé, is é a bhaineann geit aobhneis as an léitheoir arís agus arís eile, cuma a dhearóile agus a bhíonn an t-ábhar.

Ach an sliocht seo a leanas as gearrscéal dar teidil ‘Teampall Mhachaire Ó gCathalán’ atá sa chnuasach *Fód an Bháis agus Gearrscéalta Eile* (FB 96), ina dtiteann beirt fhear i ngrá leis an bhean chéanna, a léamh, gheofar amach cad é is ciall don méid sin:

Aon smaoineamh amháin a bhí i n-intinn na beirte. Aon aisling amháin a bhí i n-a gcroidhe. Bean! Bean a raibh **áilne na gréine i n-a gnúis**. Bean a raibh **a folt comh dubh le cleite an fhéich agus súile i n-a ceann mar bheadh dhá réalt de chuid na spéire oidhche shiocáin ann**. Bean a raibh **a cosa comh geal le sneachta na h-aon oidhche agus a coiscéim comh h-éadtrom is go siubhailfeadh sí ar bhárr an fhéir**. Bean a bhí **comh sgaoilmhar leis an eilit** agus nach meallfaidhe choidhche le cluain.

(Aon smaoineamh amháin a bhí in intinn na beirte. Aon aisling amháin a bhí ina gcroí. Bean! Bean a raibh áille na gréine ina gnúis. Bean a raibh a folt chomh dubh le cleite an fhéich agus súile ina ceann mar a bheadh dhá réalt de chuid na spéire oíche shiocáin ann.

Bean a raibh a cosa chomh geal le sneachta na haon oíche agus a coiscéim chomh héadrom is go siúlfadh sí ar bharr an fhéir. Bean a bhí chomh scaolmhar leis an eilit agus nach meallfaí choíche le cluain.)

Admhaíonn Ó Doibhlin (1988b) ag deireadh a ailt go raibh an Ghaeilge ar a mhian agus ar a thoil ag Máire agus go mbaineadh sé úsáid dhraíochtúil, bheoga aisti a thabharfadh a chroí do léitheoir:

Ach bhí ag Séamas bua nach raibh ag an dara duine in Éirinn lena linn ná ó shin: bhí **teanga chúilrialta éasca** aige agus é ina mháistir ar fad uirthi... Is inti sin dar liom, sa teanga sin aige, atá **an draíocht** agus an **tógáil croí**, **an tsaoirse** agus **an tseoid sin** nach mbíonn luach uirthi. Agus is í dar liom, thar rud ar bith eile, a fhágann dóigh agus gnúis dó féin ar Shéamas Ó Grianna i measc lucht *literati* na hÉireann anois agus i gcónaí.

Tá na gnéithe tábhachtacha seo dá stíl i measc na gcúiseanna ar mheall sé líon ábhalmhór léitheoirí, sna luathbhlianta go háirithe, thar aon ré eile. Shíl Hodgins (2006: 1) go ndeachaigh an scéalaíocht, fána hiliomad seanraí, a raibh Máire ina fhianaise leo as a óige, go mór i bhfeidhm ar a stíl scríbhneoireachta, a bhí, de réir a bharúla féin, úrshnoite agus dúchasach:

Rud amháin a chuaigh i bhfeidhm go mór air agus é ina ghasúr óg, ná an scéalaíocht. Mhair anáil seo na scéalaíochta i rith a shaoil agus bhí baint mhór aici seo lena stíl scríbhneoireachta gan trácht ar a mhodhanna oibre nó ar a dhearcadh ar an tsaol i gcoitinne.

Breithiúnais eile

Cheistigh Ó Dornáin (2018: 205) dearcadh seo lucht critice a luadh roimhe seo, gur beag fiúntas liteartha atá i saothar Mháire. Tá plé déanta aigesan ar an chiall a bhain Máire as *Art Gaelach*, i gcomhthéacs na scríbhneoireachta iarchoilíní. Is é a bharúil go bhfuil ionad faoi ardmheas tabhaithe ag Máire mar scothléiritheoir ar stíl pobail ina chuid scríbhneoireachta:

Is gné an-tábhachtach an stíl pobail do shaothar Mháire agus tá impleachtaí ann mar gheall uirthi do Mháire mar scríbhneoir iarchoilíneach. Cé nach léir mórthionchar Uí Chonaire ar stíl Mháire, bhí meas mór ag Máire air go pearsanta agus mar scríbhneoir. Níl mórán cosúlachtaí le sonrú eatarthu nó is leis an 'nualitríocht' a chuaigh Ó Conaire, agus saoirse indibhidiúil an ealaíontóra. Is amhlaidh i gcás Sheosaimh Mhic Grianna... Bhí tionchar mór ag Mac Piarais ar Mháire idir fhealsúnacht agus litríocht, go háirithe agus Máire ag forbairt a cheirde. I ndeireadh na dála, scarann Máire le dearcadh Mhic Phiarais lena ealaín féin a

fhorbairt. B'fhéidir nach miste a lua gur cosúil le chéile iad nó, in ainneoin ar mhaígh sé faoin nualitricíocht, níor scar Mac Piarais an oiread sin é féin ón scéalaíocht dhúchasach.

Thug O'Leary dár n-aire (féach Mac Congáil, 2010: xxviii), ina aiste siúd agus é ag fáiltiú roimh eagrán úr den úrscéal *Mo Dhá Róisín* ar 'leabhar gur fiú a léamh' é, dar leis, gur:

Dearmad glan agus éagóir is ea an mhíthuiscint choitianta gur ar son na Gaeilge saibhre, tíriúla, lúfaire amháin a léifeadh éinne saothar Mháire. Ar an gcéad dul síos, ní féidir beag a dhéanamh de réimse sonrath an 'oeuvre' a d'fhág sé againn...níos tábhachtaí fós is fiú go maith na leabhra sin a léamh, agus ní mar gheall ar an nGaeilge cháiliúil sin amháin. Ceanródaí ceart ab ea Máire ina am féin.

Bhí sé le rá ag de Blácam (1973: 381) gur bhain Máire an barr in amanna de Pheadar Ó Laoghaire maidir le croí, aigne agus beogacht sa teanga Ghaeilge agus thagair do bhuanna eile a bhí aige mar scríbhneoir, an friotal cumhachtach, an cur síos, an léiriú, na cora cainte, na leaganacha agus na natháin, an dea-chaint agus an rithim, nár sháraigh aon údar eile:

Ó Grianna equals, and sometimes even excels O'Leary in the racy strength of his language. He has demonstrated that Ulster Irish still is undecayed in the power of drawing scenery and men, in pregnant idiom, in witty concision, in rhythm. His writings add to O'Leary's store of golden phrases. Like O'Leary, however, and unlike O'Conaire, he lies open to the criticism that he is anxious to be racy at all costs - yet who can excel him? Only the few can hope to emulate such muscular diction; but sometimes we feel the need for a quieter mode of expression.

Rinne Ó Searcaigh (1934: 117) tagairt d'fheabhas agus do ghlaimeacht na Gaeilge i saothar Mháire: 'Ach is é an moladh is mó atá tuillte aige gur sgríobh sé leabhra ina bhfuil an Ghaedhilg is fearr agus is glaine dá bhfuil sa Nua-Ghaedhilg.' Is focail shoilseacha iad sin a léiríonn meas, urraim, creidbheáil agus dóchas. Agus roimhe sin arís, bhí se le rá ag léirmheastóir eile, 'Lámh Dhearg' ar *The Derry Journal*, 28/10/1921, nuair a foilsíodh *Mo Dhá Róisín*, go raibh san úrscéal sin: *...a wealth of idiom...the pure idiom as one hears it falling from the lips of the people of Tirchonail's great Gaeltacht of the West.* (luaite ag Mac Congáil, 2010: 102-4)

Fear eile a raibh meas mór aige ar Mháire ná Peadar O'Donnell, agus chreid seisean mar a scríobh Mac an Bheatha (1992: 22) gur scríbhneoir a bhí i Máire 'a raibh éifeacht ar leith ina pheann'.

Stíl mhealltach a tharraing na léitheoirí

Scríobh Breandán Ó Doibhlin (1992: 88), gurbh í stíl liteartha Mháire an ghné is tábhachtaí agus muid ag féacháil le míniú a thabhairt ar na fáthanna a raibh gnaoi mhuintir Ghaeltacht Thír Chonaill agus aghaidh na ndaoine taobh amuigh den chontae sin, ar a shaothar. D’admhaigh an tráchtair nárbh ann do shaothar liteartha scríofa ar bith Gaeilge, a bheadh mar eiseamláir ag Máire, a dtiocfadh leis a stíl féin a bhunú air, ach go raibh san fhear, cumas dosháraithe Gaeilge. Thagair Ó Doibhlin (1992: 90) fosta don chumas a bhí i Maire scéal a inse go fíormhaith agus comhrá idir carachtair a chur i bhfriotail ar sheanmhodh na scéalaíochta traidisiúnta. An t-adhmad a bhain Ó Doibhlin (1992: 92) as na cúinsí sin faoina raibh Máire ag saothrú, ná go raibh sé mar aidhm aige: ‘...ábhar léitheoireachta gan dua gan dualgas a chur ar fáil do dhaoine ar mhó a spéis i gcúrsaí teangan ná i gcúrsaí na samhlaíochta.’

Breithiúnas Uí Chorráin (Ó Corrain, 1992) ar stíl liteartha Mháire

Is é a mhaígh Ó Corrain (1992: 95) agus é i mbun anailíse ar leabhar a scríobh Máire faoi stair a bhaile féin, *Rann na Feirste* (Ó Grianna, 1942: 214) ná a rá go raibh ceithre ghné le sonrú a bhain leis an stíl a chleacht an scríbhneoir:

- simplíocht chomhréire;
- rithim láidir;
- siméadracht nó comhchruthaíocht; agus
- tráthúlacht.

Is é a bhí i gceist aige leis an tsimplíocht chomhréire, beagán abairtí casta le clásail ná fochlásail. Bhí an méid seo a leanas le maíomh ag Ó Corrain (1992: 96) faoi gach aon fhocal dár scríobh Máire agus gur geall a shaothar scríofa le teanga ó bhéal a bheadh á bláthú agus á maisiú ag lámh an ealaíontóra: ‘Bíonn rithim thomhaiste dea-chumtha i gcónaí aige, rithim a chuirfeadh an teanga labhartha i gcuimhne duit ach a bhfuil lámh an ealaíontóra insonraithe taobh thiar di.’

Anafara

Agus é ar lorg rithim fhoirfe agus ag iarraidh abairtí a nascadh, chleacht Máire an anafara. Is é atá i gceist mar a mhínigh Ó Corrain (1992: 97) ‘an focal nó an frása céanna a chur ag tús abairtí atá ag teacht i ndiaidh a chéile.’ Tairgeann Ó Corrain (1992: 97) dhá shliocht ina

bhfuil an teicníc seo le sonrú. Bhain sé an sampla seo as *Rann na Feirste* (RF 185), leabhar faoi stair a bhaile dhúchais féin, agus tá an éifeacht bunaithe ar an fhrása *is iomdha uair* agus ar an fhoirm bhriathrach *ní dhéanadh sé*:

is iomaí uair

...**is iomdha uair** a chuir sé fearg ar a athair. **Is iomdha uair** a chuir sé imnidhe air. Agus **is iomdha uair** a chuir sé bród air...**ní dhéanadh sé** éileamh nuair a chuireadh an mac fearg air. **Ní dhéanadh sé** mairgneach nuair a chuireadh sé imnidhe air, nó mórtas nuair a chuireadh sé bród air...

An tSiméadracht

Is é a bhí i gceist ag Ó Corráin (1992: 99) leis an tsiméadracht sa chomhréir ná cothrom, cruinneas, athrá seimeantach agus uaim mar atá sna frásaí seo a leanas:

- *níl brón* [bro:n] *ná buair/eamh* [‘buər’u:] *orthu*;
- *níl lúth* [Lu:h] *ná láth/air* [‘Lɑ:hír’] *sa chréatúr*’;
- *beag buí/deach* [b’ ag ‘bʷi:d’æx];
- *méid* [m’e:d’] *ná meá/chon* [‘m’a:xən].

Má bhíonn ceann de dhá aidiacht nó de dhá ainmfhocal níos faide ná an ceann eile, is é an dara focal i dtólamh a bheas níos faide:

- *fann fol/amh* [fɑN ‘fɔlu:];
- *buíoch beann/acht/ach* [‘bʷi:əx ‘b’aNɑxtəx];
- *i gcruth* [gru^h] *agus i gcos/amhl/acht* [‘gɔsu:lɑxt].

An Tráthúlacht

Bhain an chuid is mó den alt (Ó Corráin, 1992) leis an ghné eile seo de stíl scríbhneoireachta Mháire ar thug seisean ‘tráthúlacht’ uirthi. Is é a bhí á mhaíomh ag Ó Corráin (1992: 100–1) ná go mbíonn an focal ceart, an abairt cheart nó an frása ceart san áit cheart agus san am cheart i gcónaí ag Ó Grianna le:

- cur síos ar dhuine: *ranglamán*; *smugachán*;
- comparáid a dhéanamh trí úsáid samhla: *comh buí le cos lacha*; *comh caoch le cloich*; nó le

- daoine a bheannú, a mhallú, a dhamnú, nó le bheith ag sciolladh orthu, nó le buíochas nó maithiúnas a thabhairt dóibh:
- *Go dtugaidh Dia saoghal agus sláinte duit! Go saoluighe Dia thú agus go lige Sé do shláinte duit! Sgrios ón Rígh air! Marbhfaísc air agus fíor-sgrios Dé air!*
(Go dtuga Dia saol agus sláinte duit! Go saolaí Dia thú agus go lige Sé do shláinte duit! Sgrios ón Rí air! Marbhfaísc air agus fíorsgrios Dé air!)

Samhlacha, samhlaoidí agus teanga mheafarach

Tá saothar Mháire líon lán le samhlacha traidisiúnta: **chomh ‘x’ le ‘y’**: m.sh. **comh géar le snathaid** (TDC 3); **comh mín le plúr** (LCS 284); **comh modhamhail le h-uan caorach** (AB 28).

Chomh maith leo sin, mar sin féin, faightear leaganacha éagsúla den struchtúr meafarach ‘**mar a bheadh** duine/rud/ainmhí (ann) . . .’ agus struchtúir níos casta arís, síos trí shaothar Mháire agus iad in úsáid taobh istigh den iliomad téamaí. Anseo thíos tá samplaí iomadúla le léamh ina bhfaightear an leagan is neamhchasta go dtí an leagan is casta den struchtúr:

‘mar (dhuine/rud/ainmhí)’ m.sh.

- ‘Tá, maise, cailín beag catach donn-ruadh as Baile an Chladaigh a raibh glór a cinn **mar ghuth a’ smaolaigh** agus a súile **mar dhrithleogaí teineadh**. (UB 60)
(‘Tá, maise, cailín beag catach donnrua as Baile an Chladaigh a raibh glór a cinn mar ghuth an smaolaigh agus a súile mar dhrithleoga tine).

‘mar a bheadh (duine/rud/ainmhí) ann’ m.sh.

- Bhí sí (bád) ag éirghe beag is **ag éirghe beag** go dtí nach raibh ann ach **mar bheadh éan ann**. (OMS 121)
(Bhí sí (bád) ag éirí beag is ag éirí beag go dtí nach raibh ann ach mar a bheadh éan ann.)

‘mar a bheadh (duine, rud, ainmhí) ann a bheadh . . .’ m.sh.

- Acht chonnacthas dó go raibh an barra ag éagaoín go léanmhar, **mar bheadh duine ann a bheadh i bpianpháis**. (FB 75)
(Ach chonnacthas dó go raibh an barra ag éagaoín go léanmhar, mar a bheadh duine ann a bheadh i bpianpháis.)

‘mar a bheadh (duine/rud/ainmhí (ann) a mbeadh/nach mbeadh . . .’

- . . . **mar bheadh fear ann a mbeadh obair mhór idir lámha aige**. (BF 191)
(. . . mar a bheadh fear ann a mbeadh obair mhór idir lámha aige)

‘mar bheadh (duine/rud/ainmhí) (ann) a bhuaifí, a chuirfí...’

- Bhí Mághnus Ó Dómhnaill mar bheadh duine ann a bhuaifidhe le buille d’ord. (ST 101; 194)
(Bhí Mánas Ó Dónaill mar a bheadh duine ann a bhuaifí le buille d’ord.)

‘mar bheadh (duine/rud/ainmhí) (ann) a mbuaifí buille air, a ndéanfaí trua de...’

- Tá sé anois **mar bheadh duine ann a mbuaifidhe buille sa cheann air.** (SI 208).
(Tá sé anois mar a bheadh duine ann a mbuaifí buille sa cheann air.)

Anseo thíos, tá na samplaí iad féin rangaithe de réir téamaí atá in ord aibítíreach, **aineolas...áthas...brón...** Tugtar na samplaí agus an ghramadach agus litriú go díreach mar atá sna foinsí ina bhfuarthas iad. Ansin, tugtar na samplaí céanna, iad caighdeánaithe i litriú an lae inniu. Tugadh an léitheoir faoi deara gur fhág Máire an mhír choibhneasta ‘a’ ar lár a bheadh le cur isteach idir ‘mar’ agus ‘bheadh’ sa lá atá inniu ann. Is léiriú é sin ar an chuspóir a bhí aige a chur in iúl don léitheoir cad é an dóigh leis an struchtúr a léamh de réir urlabhra an chainteora dúchais. Is leid é an cleachtas sin, dar leis an taighdeoir, a thugann ‘Máire’ faoin chaoi ar mhaith leis go léifeadh an léitheoir a shaothar. Leideanna eile don léitheoir; an uaschamóg san alt: a’ in ionad ‘an’ (*a’ bealach*) agus a’ (*a’ tarraingt*) in áit ‘ag’ roimh ainm briathartha. Is é an fuaimniú a bheadh ar an dá chás sin ná an guta neodrach /ə/.

- **ainmhithe**

Rith an ama seo bhí mé **mar bheadh cú ann a bhéadh a’ righe na héille** ag iarraidh imtheacht ‘un seilge. (SC 263)

(I rith an ama seo bhí mé mar a bheadh cú ann a bheadh ag rí na héille agus ag iarraidh imeacht chun seilge)

- **aineolas**

Bhí sé ag tarraingt anuas ar a’ tsean-bhealach mhór agus coiscéim corrach leis **mar bheadh le duine a bhéadh** aineolach ar na clocha móra is ar na slodáin atá ar a’ bhaile s’againne. (TNT 198)

(Bhí sé ag tarraingt anuas ar an tseanbhealach mhór agus coiscéim leis mar a bheadh le duine a bheadh aineolach ar na clocha móra is ar na slodáin atá ar an bhaile s’againne)

- **áthas**

Bhí sé **mar bheadh duine ann a mbeadh áthas ar a chroidhe.** (ST 61)

(Bhí sé mar a bheadh duine ann a mbeadh áthas ar a chroí)

- **bá**

Ba ghoirid gur thoisigh an ‘Cailín Bán’ dh’ ísliughadh, mar bheithidhe a’ cur lasta inntí. Bhí sí ag ísliughadh léithe go suaimhneach **mar bheadh an fhairge á diúl.** (SI 207)

(Ba ghairid gur thosaigh an ‘Cailín Bán’ a’ ísliú, mar a bheifí ag cur lasta inti. Bhí sí ag ísliú léithe go suaimhneach mar a bheadh an fharraige á diúl.)

- **breithiúnas Dé (mall ag)**

Nach mbeinn **mar bheadh duine ann a bheadh beo i ndiaidh Lá an Bhreitheamhnais** agus a’ chuid eile de’n chineadh daondha sa tsíorruidheacht. (ST 103)

(Nach mbeinn mar a bheadh duine ann a bheadh beo i ndiaidh Lá an Bhreithiúnais agus an chuid eile den chine daonna sa tsíoraíocht.)

- **brón**

Agus ar feadh chúig mbomaite ‘na dhiaidh sin bhí an teach **mar bhéadh teach tórraimh ann nuair a bhéithidhe ag cur a’ chuirp i gcómhnair.** (RF 149–50)

(Agus ar feadh cúig bhomaite ina dhiaidh sin bhí an teach mar a bheadh teach tórraimh ann nuair a bheifí ag cur an choirp i gcónair.)

- **bualadh**

... agus thuit sé ag mo chosa **mar bheadh gamhain ann a gheobhadh buille d’ord.** (UB 28)

(... agus thit sé ag mo chosa mar a bheadh gamhain ann a gheobhadh buille d’ord)

- **céilí comhraic**

Ar feadh na mbliadhantach bhí an bheirt **mar bheadh dhá cheannphort airm a bheadh i n-éadan a chéile i gcogadh.** (OS 213)

(Ar feadh na mblianta bhí an bheirt mar a bheadh dhá cheannfort airm a bheadh i n-éadan a chéile i gcogadh.)

- **ciall nó cuimhne (a chailleadh)**

An Domhnach roimh lá Aonaigh an tSamhraidh bhí Conall **mar bheadh duine ann a mbeadh a chiall ag imtheacht ‘un seachráin.** (OS 297)

(An Domhnach roimh lá Aonaigh an tSamhraidh bhí Conall mar a bheadh duine ann a mbeadh a chiall ag imeacht chun seachráin.)

- **cluasa**

Ní fhaca mé a dhath ba lugha orm ná **cluasa** fada marbha **mar bheadh duilleógaí báidhte ann.** (OS 285)

(Ní fhaca mé a dhath ba lú orm ná cluasa fada marbha mar a bheadh duilleoga báite ann)

- **codladh**

Bhí sí **mar bheadh duine ann a bheadh a' cainnt i n-a chodladh.** (UB 10)

(Bhí sí mar a bheadh duine ann a bheadh ag caint ina chodladh.)

- **cosaint (in easnamh)**

Agus sheasuigh sé annsin **mar bheadh duine ann a tchífeadh buille a' tarraingt air** agus gan cosg ná cosnamh aige. (ST 115)

(Agus sheas sé ansin mar a bheadh duine ann a tchífeadh buille ag tarraingt air agus gan cosc ná cosaint aige.)

- **cosúlacht (duine)**

Breitheamhnas Dé ar m'anam go raibh **cloigeann air mar bhéadh piléar gunna mhóir ann, easnacha mar bhéadh slata pota ann agus ailt mar bhéadh fiacla cleith fhoirste ann.** Acht bhuail mé é. (AD 231)

(Breithiúnas Dé ar m'anam go raibh cloigeann air mar a bheadh piléar gunna mhóir ann, easnacha mar a bheadh slata pota ann agus ailt mar a bheadh fiacla cléith fhoirste ann. Ach bhuail mé é.)

- **cráifeacht**

...ar a ghabháil isteach domh bhí na saighdiúirí i n-a suidhe...**mar bheadh daoine cráithbheacha ann a tchífeá i dteach a' phobail...**(OS 392-3)

(...ar ghabháil isteach dom bhí na saighdiúirí ina suí...mar a bheadh daoine cráifeacha ann a tchífeá i dteach a' phobail.)

- **creideamh**

Bhí mé **mar bheadh fear ann a chaillfeadh a chreideamh agus a gheobhadh taisbeánadh ó neamh a bhéarfadh chuige féin é.** (TNT 50)

(Bhí mé mar a bheadh fear ann a chaillfeadh a chreideamh agus a gheobhadh taispeáint ó neamh a thabharfadh chuige féin é.)

- **dídean**

Tú ‘do shuidhe annsin ag éisteacht leis a’ ghaoth ag éagaoin ag an fhuinneóg, **mar bheadh duine ann a bheadh ag iarraidh dídine...** (ST 127)

(Tú i do shuí annsin ag éisteacht leis an ghaoth ag éagaoin ag an fhuinneog, mar a bheadh duine ann a bheadh ag iarraidh dídine...)

- **dorchadas**

Bhí sé roimhe sin **mar bhéadh fear a bhéadh leis féin sa dorchadas.** (SC 265)

(Bhí sé roimhe sin mar a bheadh fear a bheadh leis féin sa dorchadas.)

- **éidtreoireacht**

‘Nach bhfuil mo chroidhe briste ag amharc air,’ ars’ an seandúine. ‘A’ gabháil thart annsin **mar bheadh fear ann nach mbainfeadh is nach gcaillfeadh...** (ST 112)

(‘Nach bhfuil mo chroí briste ag amharc air,’ arsa an seandúine. ‘Ag gabháil thart annsin mar a bheadh fear ann nach mbainfeadh is nach gcaillfeadh...’)

- **fágtha (gan focal)**

Bhí sé **mar bheadh duine ann a mbeadh rud éigin le rádh aige agus nach mbeadh a’ chainnt a’ teacht leis.** (ST 236)

(Bhí sé mar a bheadh duine ann a mbeadh rud éigin le rá aige agus nach mbeadh an chaint ag teacht leis.)

- **farraige (cuma)**

Bhí an fhairrge **mar bheadh sí i n-a luighe i suan agus stáid gheal dhrithleógach i n-a craiceann** aniar ó bhun na spéire go béal na Trágha Báine. (OMS 5)

(Bhí an fharraige mar bheadh sí ina luí i suan agus stáid gheal dhrithleógach ina craiceann aniar ó bhun na spéire go béal na Trá Báine.)

- **fearg**

Annsin thoisigh sé a chur thairis **mar bheadh fear ann a mbeadh racht feirge air.** (UB 39)

(Ansin thosaigh sé a chur thairis mar a bheadh fear ann a mbeadh racht feirge air.)

- **glór (cinn)**

Tá, maise cailín beag catach donn-ruadh as Baile an Chladaigh a raibh glór a cinn **mar ghuth a’ smaolaigh** agus a súile **mar dhrithleogaí teineadh.** (UB 60)

(Tá, maise cailín beag catach donnrua as Baile an Chladaigh a raibh glór a cinn mar ghuth an smaolaigh agus a súile mar dhrithleoga tine.)

- **greim (daingean)**

Tháinig racht mire ar Thuathal agus thug sé iarraidh a crathadh de. Acht ní raibh gar ann. Bhí sí i bhfastóidh ann **mar bheadh báirneach ar carraig.** (AB 164)

(Tháinig racht mire ar Thuathal agus thug sé iarraidh a croitheadh de. Ach ní raibh gar ann. Bhí sí i bhfostú ann mar a bheadh báirneach ar carraig.)

- **grian (cuma)**

Bhí sí **mar áilne na gréine ann.** (FS 132)

(Bhí sí mar áille na gréine ann.)

- **grian (teas na gréine)**

Muircheartach a' bárcadh allais i gcionn a speile agus é **mar bheadh sé a' coimhlint leis a' ghréin.** (OS 347)

(Muircheartach ag barcadh allais i gceann a speile agus é mar a bheadh sé ag coimhlint leis an ghrian.)

- **imeacht (as amharc)**

Gur imthigh sí **mar d'imtheóchadh ceo samhraidh de shleasaibh an Eargail** le teas na gréine... (LCS 32)

(Gur imigh sí mar a d'imeodh ceo samhraidh de shleasa an Eargail le teas na gréine...)

- **labhairt (mar cheann feadhna srl.)**

'Cuiridh cupla céad meadhchain inntí,' arsa Cuidín. Agus labhair sé **mar labhairfeadh caiphtín luinge nó ceann feadhna cogaidh.** (SU 105)

('Cuirigí cúpla céad meáchain inti,' arsa Cuidín. Agus labhair sé mar a labhródh caiftín loinge nó ceann feadhna cogaidh.)

- **laghad (dul i)**

Bhí sí (bád) ag éirge beag is **ag éirge beag** go dtí nach raibh ann ach **mar bheadh éan ann.** (OMS 121)

(Bhí sí (bád) ag éirí beag is ag éirí beag go dtí nach raibh ann ach mar a bheadh éan ann.)

- **leagan (marú)**

Go dtuigfeadh sé go mbeadh sé peacach aige sluaigh fear a chruinniughadh i gcuideachta a chéile go dtí go leagfaidhe iad **mar leagfadh lann speile gasracha coirce lá fóghhair.** (TNT 216)

(Go dtuigfeadh sé go mbeadh sé peacach aige slua fear a chruinniú i gcuideachta a chéile go dtí go leagfaí iad mar a leagfadh lann speile gais choirce lá fóghair.)

- **luas**

Roimh cheithre h-uaire fichead bhí sgéal a' taidhbhse i mbéal gach aon duine sa phobal. Chuaidh sé ó dhuine go duine **mar rachadh fallsgaoith i bhfraoch sléibhe i dteasbhach samhraidh.** (NA 155)

(Roimh cheithre huair fichead bhí scéal an taibhse i mbéal gach aon duine sa phobal. Chuaigh sé ó dhuine go duine mar a rachadh fallscá i bhfraoch sléibhe i dteasbhach samhraidh.)

- **meabhair (gan ~, gan stuaim)**

Bhí sé **mar bheadh duine ann nach mbéadh meabhair nó stuaim aige.** (RF 80)

(Bhí sé mar a bheadh duine ann nach mbeadh meabhair nó stuaim aige.)

- **meabhrú (go domhain ina chroí)**

Bhí óig-fhear i n-a shuidhe ar a' chladach agus a cheann leath-chrom aige, **mar bheadh sé a' meabhrughadh i n-a chroidhe.** (OMS 5)(SI 143)

(Bhí óigfhear ina shuí ar an chladach agus a cheann leathchrom aige, mar a bheadh sé ag meabhrú ina chroí.)

- **míshuaimhneas**

Tá sé **mar bheadh duine ann a mbeadh rud éigin ag ithe an chroidhe as agus nach mbeadh suaimhneas le fagháil aige.** (SI 271)

(Tá sé mar a bheadh duine ann a mbeadh rud éigin ag ithe an chroí as agus nach mbeadh suaimhneas le fáil aige.)

- **mothú (as áit)**

Tráthnóna Dia Domhnaigh sin a bhí chugainn bhí Cormac 'Ac Suibhne a' siubhal cois trágha go fann, **mar bheadh roithleach gan snámh ann.** (OS 264)

(Tráthnóna Dé Domhnaigh sin a bhí chugainn, bhí Cormac Mac Suibhne ag siúl cois trá go fann, mar a bheadh roilleach gan snámh ann.)

- **mothú (croí)**

Bhí sí **mar bheadh a croidhe ag innse díthe nárbh é an deagh-sgéala a bhí leis an mhnaoi choimhthíoch seo chuca.** (OMS 241)

(Bhí sí mar a bheadh a croí ag inse di nárbh é an dea-scéala a bhí leis an bhean choimhthíoch seo chuca.)

- **múscailt**

Bhí sé **mar bheadh duine ann a dtarrónaidhe an biorán suain as a cheann**, mar a deireadh lucht na sgéalaidheachta. (ST 178)

(Bhí sé mar a bheadh duine ann a dtarraingeofaí an biorán suain as a cheann, mar a deireadh lucht na scéalaíochta.)

- **obair**

...**mar bheadh fear ann a mbeadh obair mhór idir lámha aige.** (BF 191)

(...mar a bheadh fear ann a mbeadh obair mhór idir lámha aige.)

- **oideachas (in easnamh)**

Ba é an dearcadh a bhí aige gur náire shaoghalta dó a mhac a bheith ag obair i n-Albain **mar bheadh fear ann nach bhfuair aon lá sgoile riamh.** (SI 243)

(Ba é an dearcadh a bhí aige gur náire shaolta dó a mhac a bheith ag obair in Albain mar a bheadh fear ann nach bhfuair aon lá scoile riamh.)

- **pian**

Acht chonnacthas dó go raibh an barra ag éagaoin go léanmhar, **mar bheadh duine ann a bheadh i bpianpháis.** (FB 75)

(Ach chonnacthas dó go raibh an barra ag éagaoin go léanmhar, mar a bheadh duine ann a bheadh i bpianpháis.)

- **príosún (agus párdún)**

Bhí sé **mar bheadh fear ann a bheadh i bpríosún agus breith bháis air.** h-Innseadh dó nach mbeadh párdún i ndán dó... Agus ansin tháinig oifigeach de chuid a' phríosúin isteach agus a' párdún leis! (UB 19–20)

(Bhí sé mar a bheadh fear ann a bheadh i bpríosún agus breith bháis air. Insíodh dó nach mbeadh párdún i ndán dó... Agus ansin tháinig oifigeach de chuid an phríosúin isteach agus an párdún leis!)

- **sásamh (sa tsaol)**

Bhí seisean ina luighe ar leabaidh a bhí sa taobh thall den tseomra, agus é ina chodladh go sámh, **mar bhéadh fear ann a bhéadh sásta leis féin agus leis an tsaoghal.** (TNT 158)

(Bhí seisean ina lúí ar leaba a bhí sa taobh thall den tseomra, agus é ina chodladh go sámh, mar a bheadh fear ann a bheadh sásta leis féin agus leis an tsaol.)

- **snámh (gan stró)**

Chaith sé de an gharbh-chuid dá cheirteach agus chuaigh sé i bhfairrge **mar bheadh rón ann.** (OS 201)

(Chaith sé de an gharbhchuid dá cheirteach agus chuaigh sé i bhfarraige mar a bheadh rón ann.)

- **solas**

Bhí **mar bhéadh fáinne soluis thart ar an bheirt agaibh.** (SU 84)

(Bhí mar a bheadh fáinne solais thart ar an bheirt agaibh.)

- **solas (á chur as)**

I gcionn tamaill thoisigh na réalta a chailleadh an tsoluis. Sa deireadh thoisigh siad dh'imtheacht ón spéir, ceann i ndiaidh a' chinn eile, **mar bheadh caisleán ann a mbeadh na soluis dá gcur as ann...**(OS 11)

(I gceann tamaill thosaigh na réalta a chailleadh an tsolais. Sa deireadh thosaigh siad a imeacht ón spéir, ceann i ndiaidh an chinn eile, mar a bheadh caisleán ann a mbeadh na soilse á gcur as ann.)

- **stacán (cloiche)**

Acht é ina shuidhe annsin **mar bheadh stacán cloiche ann,** agus é a' stánadh ar a' gha gréine a bhí ar bhun an urláir. (CF 137-8)(OS 298)(ST 210)

(Ach é ina shuí ansin mar a bheadh stacán cloiche ann, agus é ag stánadh ar an gha gréine a bhí ar bhun an urláir.)

- **suí (ar bharr na farraige)**

'Do shuidhe annsin agus a' *Spindrift* a' léimnigh ó thuinn go tuinn **mar bheadh faoileann ann.**' (SI 40)

('Do shuí ansin agus an *Spindrift* ag léimneach ó thonn go tonn mar a bheadh faoileann ann.)

- **súile**

Fear caol árd a bhí ann a raibh ceann dubh gruaige air, fiacla fada geala aige, agus **dhá shúil** i n-a cheann **mar bheadh dhá choinnil ann.** (AD 20)

(Fear caol árd a bhí ann a raibh ceann dubh gruaige air, fiacla fada geala aige, agus dhá shúil ina cheann mar a bheadh dhá choinneal ann.)

Focal scoir

Is é a rinneadh san alt seo, athbhreithniú a sholáthar ar an litríocht a bhaineann leo seo: an stíl liteartha i gcoitinne, úsáid teanga agus stíl phearsanta Mháire agus a shárchumas sa Ghaeilge. Léiríodh le samplaí castacht an struchtúir atá i gceist san alt seo agus rangáíodh na samplaí de réir téamaí in ord aibitíreach ó **ainmhithe** go **súile**. Tugadh léiriú ar a fheabhas a bhí Ó Grianna mar stíl agus mar cheardaí focal agus díriodh ar an chaint mheafarach i struchtúir éagsúla níos casta ná a chéile ag tosú le ‘**mar dhuine/ainmhí/rud ann**’ agus ‘**mar a bheadh duine/ainmhí/rud ann...**’ agus ‘**mar a bheadh duine/ainmhí/rud ann a bheadh/nach mbeadh...**’.

Is léir go raibh Máire ag díriú ar shúil, ar theanga agus ar chluais an léitheora nuair a d’fhágadh sé an mhír choibhneasta ‘a’ ar lár idir ‘mar’ agus ‘bheadh’ mar shampla, agus nuair a d’úsáideadh sé an litriú ‘a’ /ə/ ar ‘an’ m.sh. a’ bealach agus ar ‘ag’ ‘a’ tarraingt’. Ba mhian leis a insint don léitheoir cad é mar ba chóir a shaothar a léamh, is é sin, mar a léifeadh cainteoir dúchais Gaeilge é. Is as tionscadal taighde ar stíl liteartha Mháire a tarraingíodh ábhar an ailt seo agus mar sin, tá tuilleadh leideanna a thugadh sé uaidh le tabhairt chun solais, agus déanfar sin i monagraf a fhoilseofar gan mhoill.

Roghnaigh Máire gach focal le cúram agus le haird, leathshúil ar chaint a mhuintire mar fhoinse agus an tsúil eile ar fhorbairt a stíle pearsanta féin ina *Art Gaelach* (Ó Dobhráin, 2018). Léiríonn na samplaí a soláthraíodh anseo nádúr casta na struchtúr atá i gceist agus cuidíonn siad linn a thuiscint gur tobar róshuibhir Gaeilge go fírinneach atá ina shaothar, a bhfuil mórán le rá fós ina thaobh maidir le nádúr, leagan amach agus gaois agus ‘rún’ na Gaeilge (Ó Corráin, 1992; Mac Corraidh, 2025 (le foilsiú)). Is é an rud is measa nach bhfuil an chuid is mó dá shaothar ar fáil fós féin sa litriú úr. Ba chóir na leabhair sin a sholáthar faoi eagarthóireacht thuisceanach, mar a rinneadh leis na cinn a foilsíodh go dtí seo, do léitheoirí óga nach mbeadh sé de chumas iontu litriú réamhchaighdeánach a léamh. Is ansin a thioctadh leo cuid d’fhíoruisce thobar Mháire, mar atá sna samplaí san alt seo, a bhlaiseadh ar chaoi níos iomláine.

Tagairtí

- Abrams, M.H. (1999) [1941] (7th Ed.) *A Glossary of Literary Terms*. Orlando: Harcourt Brace College Publishers.
- Baldick, C. (2015) (4th Ed.) *The Oxford Dictionary of Literary Terms*. Oxford: Oxford University Press.
- Burton, S.H. (1986) [1973] *The Criticism of Prose*. Essex, England: Longman.
- Croft, S. & Cross, H. (1997) *Literature, Criticism, and Style*. Oxford: Oxford University Press.
- Crystal, D. 1994 (1992) *An Encyclopedic Dictionary of Language and Languages*. London: Penguin Books.
- de Blácam, A. (1973) [1929] *Gaelic Literature Surveyed*. Dublin: The Talbot Press.
- Hodgins, T. (2006) *Máire: An Fear á Léiriú Féin*. BÁC: Coiscéim.
- Mac Congáil, N. (eag.) (2010) *Mo Dhá Róisín, le Máire*. BÁC: Coiscéim.
- Mac Corraidh, S. (2025) (le foilsiú) *Saothar 'Mháire' agus rún na Gaeilge*, Gaoth Dobhair: Éabhlóid.
- McArthur, T., McArthur, J. Lam, Fontaine, L. (2018) (2nd Ed.) *Oxford Companion to the English Language*, Oxford: Oxford University Press.
- Ó Béarra, F. (2007) 'Gaeilge Uí Chadhain', in Ní Earracháin, M. (Eag.) *Léachtaí Cholm Cille XXXVII*. Maigh Nuad: An Sagart. 103–30.
- Ó Cadhain, M. (1969) *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*. BÁC: An Clóchomhar.
- Ó Conluain, P. (1992) 'Saol Corrach Cointinneach', Mac Congáil, N. (1992) (Eag.) *Jonneen Khordaroy Answers Critics*. BÁC: Coiscéim. 23–36.
- Ó Corráin, A. (1989) *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamus Ó Grianna*. Belfast: Institute of Irish Studies, The Queen's University of Belfast.

- Ó Corráin, A. (1992) 'Teanga Mháire.' Mac Congáil, N. (Eag.) *Jonneen Khordaroy Answers Critics*. BÁC: Coiscéim. 94–107.
- Ó Croiligh, O. (2020) *An Crith Beo: Scríbhneoireacht Sheosaimh Mhic Grianna*. BÁC: Coiscéim.
- Ó Doibhlin, B. 1973 *Litríocht agus Léitheoireacht*. BÁC: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta.
- Ó Doibhlin, B. (1992) 'Stíl Scríbhneoireachta Mháire.' Mac Congáil, N. (eag.) *Jonneen Khordaroy Answers Back*. BÁC: Coiscéim: 85–93.
- Ó Doibhlin, D. (1988a) 'Is cleasach an peata – saothar Shéamais Uí Ghrianna.' (cuid de shraith dar teideal 'Is fiú é'). *Anois*.
- Ó Doibhlin, D. (1988b) 'Saothar Mháire.' (cuid de shraith dar teideal 'Is fiú é'). *Anois*.
- Ó Dornáin, C. (2018) *Saothar Mháire agus Dúshlán an Fichiú Céad*, tráchtas PhD neamhfhoilsithe, Ollscoil Uladh, Béal Feirste.
- https://pure.ulster.ac.uk/ws/portalfiles/portal/12686753/Ciar_n_Dorn_in_Trachtas_31.5.18_Irish.pdf
- Ó hUrmoltaigh, N. (1974) 'Úrscéalaíocht na Gaeilge.' Mac Giolla Chomhail, A. (eag.) *Meascra Uladh, Coiste An tUltach*. 97–105.
- Ó Muirí, D. (1978) 'Struchtúr agus téamaí in úrscéalta Mháire.' *Irisleabhar Mhá Nuad*: 49–57.
- Ó Muirí, P. (1999) *A Flight from Shadow: The Life and Work of Seosamh Mac Grianna*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Rabhartaigh, T. (2004) [1928] 'An greann ag Máire.' *An tUltach*, Iml. 5, Uimh. 10–1 agus Mac Giolla Chomhail, A. (eag.) *Meascra Uladh*. Dún Geanain., *An tUltach*: 30–1.
- Ó Searcaigh, S. (1934) [1933] 'Séamus Mac Grianna.' *Nua-sgríbhneoirí na Gaedhilge*. Dublin: Brún & Nualláin, Teo.: 115–36; 216–25.
- Riggs, P. (1978) *Donncha Ó Céileachair*. BÁC: Oifig an tSoláthair.

Titley, A. (2002) [1991] *An tÚrscéal Gaeilge*. BÁC: An Clóchomhar.

Welch, R. (1996) *The Oxford Companion to Irish Literature*. Oxford: Oxford University Press.

Widdowson, H.G. (1996) *Linguistics*. Oxford: Oxford University Press.

Williams, J. (1990) *Style: Toward Clarity and Grace*. Chicago: University of Chicago Press.

Saothar Mháire

AB *An Bhratach agus Gearr-Sgéalta Eile*, BÁC, Oifig an tSoláthair, 1959

AD *An Draoidín*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1959

BF *Báire na Fola*, BÁC: Arlen House, 2023

BRD *Bean Ruadh de Dhálach*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1966

CD *Cioth is Dealán*, BÁC: Faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal, 1949 (1927)

CDC *Castar na Daoine ar a Chéile*, BÁC: Coiscéim, 2002 (1915)

CF *An Clár is an Fhoireann*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1955

CLM *Cúl le Muir agus Scéalta Eile*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1961

CO *Caisleáin Óir*, BÁC: Faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal, 1938 (1924)

FB *Fód a' Bháis agus Gearr-Sgéalta Eile*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1955

FF *Feara Fáil*, Dún Dealgan: Cló-lucht an Scrúduightheoir, 1933

FS *Fallaing Shíoda*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1950

LCS *Le Clap-Sholus*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1967

MDR *Mo Dhá Róisín*, BÁC: Faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal, 1942 (1920)

MR *Micheál Ruadh*, Béal Feirste: Clódóirí Feirste, 1977 (1925)

NBO *Nuair a Bhí Mé Óg*, BÁC: Clólucht an Talbóidigh Teo., 1942

NA *Ó Neamh go hÁrainn*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1953

OMS *Ó Mhuir go Sliabh*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1961

OS *Oidhche Shamhraidh agus Scéalta Eile*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1968

RF *Rann na Feirste*, BÁC: An Press Náisiúnta, 1942

SC *Saoghal Corrach*, BÁC: An Press Náisiúnta, 1945

SI *Suipín an Iolair*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1962

ST *An Sean-Teach*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1968

SU *Scéal Úr agus Sean-Scéal*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1952 (1945)

TDC *Thiar i dTír Chonaill*, BÁC: Faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal, 1940

TM *Tarngaireacht Mhiseóige*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1953

TNT *An Teach nár Tógadh agus Scéalta Eile*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1948

TT *Tráigh is Tuile*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1955

UB *Úna Bhán agus Scéalta Eile*, BÁC: Oifig an tSoláthair, 1962



An Preasráiteas mar aghaidh phoiblí Chonradh na Gaeilge

Colm Mac Gearailt

<https://doi.org/10.13025/29632>



Scríobhadh an t-alt seo mar chuid den tionscadal CARTLANN – ‘Gníomhaíochas, an Ghaeilge agus na Meáin.’ Reáchtáladh comhdháil faoin ábhar sin in Ollscoil na Gaillimhe ar 13 Aibreán, 2024. An tÚdarás um Ard-Oideachas, faoin gClár Taighde Thuaidh-Theas, a mhaoinigh CARTLANN.)

‘Is cogáíocht síceolaíoch é bolscaireacht an Chonartha. Mar sin ní mór cuspóirí, stráitéis agus modhanna bolscaireachta bheith againn...’¹

Tá níos mó ná 600,000 mír i gcartlann iomlán Chonradh na Gaeilge, lonnaithe sna Bailiúcháin Speisialta, Ollscoil na Gaillimhe. Baineann an t-ábhar le gníomhaíochtaí, feachtasaíocht agus a bhfuil bainte amach ag an eagraíocht ó bunaíodh í in 1893. Tá na mílte preasráiteas le fáil i gCartlann Chonradh na Gaeilge; iad eisithe den chuid is mó, ó dheireadh na 1960í go tús na mílaoise. Trí anailís chórasach a dhéanamh orthu, is féidir léargas a fháil ar mhórghníomh Chonradh na Gaeilge i rith na mblianta cinniúnacha seo. Leis, is féidir fás agus forbairt na heagraíochta a aithint, agus é ag gníomhú i rith ‘ré chomhaimseartha an eolais.’ Caitheann

¹ G60/7/1 ‘Bolscaireacht’ n.d. (ach 1965 ó fhianaise inmheánach) – Tomás Mac Ruairí. Translation: ‘*The Conradh’s propaganda is a psychological battle. As such, we need to have propagandist aims, strategies and methods.*’

na preasráitis solas ar uileláithreacht an Chonartha maidir le gnéithe de shaol shóisialta na hÉireann a bhain leis an nGaeilge; mar shampla: imeachtaí idir mhór agus bheag, cúrsaí oideachais, na meáin, polaitíocht, spórt, cultúr, agus coimhlint aicmeach ag léibhéal logánta, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Feidhmíonn na preasráitis mar mhionsamhail den chartlann ina hiomláine, ó thaobh na dtéamaí a phléitear iontu, agus tugann siad léargas iontach ar phríomhghníomhachtaí na heagraíochta. Dá bharr, is féidir féachaint ar na preasráitis amhail is gurbh aghaidh phoiblí Chonradh na Gaeilge iad. Ní raibh sa phreasráiteas ach gné amháin dá gcuid gníomhaíochta, áfach. D'úsáid an Conradh iliomad modhanna chun seasamh a ghlacadh ar son na Gaeilge agus ar son an chultúir Ghaelaigh; idir aighneachtaí a shíniú is a sheoladh chuig airí is ranna rialtais, idir mhórshiúlóidí, phicéid is stailceanna a eagrú, chainteanna phoiblí a reachtáil is rl. Cé go bhfuil sé tábhachtach na gnéithe éagsúla seo a aithint, is iad preasráitis an Chonartha cuspóir an ailt seo, ach go háirithe.

Réamheolas

Cuireadh an taighde seo ar bun idir 2023 agus 2024 mar chuid den tionscnamh taighde CARTLANN, maoinithe ag an gClár Taighde Thuaidh Theas, ón Údarás um Ard-Oideachas. Dhírigh an mórthionscnamh taighde ar an téama 'Gníomhaíochas teanga agus na Meáin'. Ba é an chéad phríomhthionscnamh taighde a cuireadh ar bun ná imscrúdú ar na fillteáin 'An Preasráiteas agus na comhaid Chaidreamh Phoiblí de Chonradh na Gaeilge' (G60/7) sara leathnaíodh seo amach le féachaint go ginearálta ar na comhaid a phléigh le cúrsaí na meán (cúrsaí teilifíse i nGaeilge ach go háirithe) ó na 1960í ar aghaidh. Mar sin, ach sna háiteanna ina léirítear a mhalairt, is as fillteán G60/7 gach foinse phríomha san alt.

Mar mhodheolaíocht, ar dtús deineadh cuardach ar innéacs chartlann Chonradh na Gaeilge ar shuíomh cartlainne Ollscoil na Gaillimhe, chun na comhaid chuí a aimsiú. Scrúdaíodh go córasach gach uile phreasráiteas a bhí in G60/7, chun léargas a fháil ar scóip oibre an Chonartha. Deineadh anailís chriticiúil ar na cáipéisí ar leith ansin. Ba é an anailís doiciméad seo bunús an ailt.

An Preasráiteas mar fhoirm scríbhneoireachta

Go simplí, is ionann preasráiteas agus píosa scríbhneoireachta atá ullmhaithe ag eagraíocht do na meáin, le rud éigin a fhógairt ar dóigh leo gur fiú trácht a dhéanamh air mar 'nuacht'. Seánra scríbhneoireachta ar leith is ea an preasráiteas, sa tslí is nach tuairisc nuachta é go baileach, ach réamhtheachtaí air, sa 'slabhra seánra'.²

² J.M. Swales, *Research Genres: Explorations and Applications* (Cambridge, 2004).

Scríobhann eagraíocht preasráiteas ar dtús, ag súil go nglacfaidh iriseoirí leis, agus go ndéanfaidís foilsíú nó athchraoladh air mar dheia (focal ar fhocal más féidir) i bhfoilseacháin tríú páirtí, (nuachtáin náisiúnta, de ghnáth). Déantar seo mar go bhfuil an eagraíocht phríomha den tuairim gurb é seo an tslí is fearr lena híomhá phoiblí, a cáil nó a dearcadh a chur os comhair an phobail.

Roimh theacht an idirlín, bhraith an córas seo ar dheia-thoil iriseoirí, agus

...only if they could accept the style and contents selected for publication by the company press release writer, would the press release be published. Obviously, such a procedure severely constrains the freedom of the author, which would to a certain extent account for the relatively stable structure and form that we see in many printed releases.³

Ina ainneoin sin, tugann an preasráiteas, mar sheánra, cumhacht éigin do ghrúpa, sa tslí ar féidir leo a scéal féin a insint ina bhfocail féin. Ní hionann sin agus a rá go bhfoilseofaí na focail seo, áfach. Tá an scéal athraithe ábhairín le déanaí, agus teacht ag eagraíochtaí ar na meáin shóisialta mar uirlis bholscaireachta. Sa dara leath den 20ú haois, áfach, ba cheann de na huirlisí ba chumhachtaí agus ba thábhachtaí a bhí ag Conradh na Gaeilge iad na preasráitis.

Teannas

Tá teannas de dhlúth agus d'inneach sa phreasráiteas mar mhodh scríbhneoireachta. Is meascán é de thuairisciú agus de chaidreamh poiblí; fógra cros-síolrach atá ann a chuimsíonn an scríbhneoireacht fhaisnéiseach agus an fhógraíocht araon. Cosúil le 'tionchairí' sa lá atá inniu ann ag fógairt gur 'paid partnership' atá i gceist lena bpóstáil, bhí an tuiscint ann riamh anall go bhféadfaí an preasráiteas a úsáid ar mhaithe le cuspóir corparáideach a chur chun cinn, ach é ceilte i bhfoirm 'nuachta'.⁴ Bhí teannas breise ag baint le preasráitis Chonradh na Gaeilge sa mhéid is gur baineadh úsáid as na meáin chun na meáin chumarsáide a cháineadh.

³ Inger Lassen, 'Is the press release a genre? A study of form and content' in *Discourse Studies*, viii, no. 4 (2006). 503–30.

⁴ Doug Williams, 'In Defense of the (Properly Executed) Press Release' in *Public Relations Quarterly*, xxxix, no. 3 (1994). 5–7. 'The true test of a release writer is how well he or she disguises corporate intent as news. In terms of technical application, the ideal leads are 17-25 words, maybe two and a half type-written lines. It is a requirement for a writer to focus on the main story hook, to keep the lead devoid of superlatives, and to eschew self-promotion.'

Thuig Conradh na Gaeilge ról tábhachtach na meán i dtreo phríomhchuspóirí na heagraíochta a bhaint amach. Bhí borradh faoin gCaidreamh Poiblí mar choincheap i dtreo dheireadh na seascaidí agus, ina fhianaise sin, dúradh i gcáipéis inmheanach (i mBéarla) de chuid an Chonartha:

Generally speaking, the Press release will be found to be the most useful medium of communication available to the public relations officer.

...In order to use newspapers and magazines efficiently a [P.R.O.] must get to know their individual requirements thoroughly and serve them accordingly. He must try to develop a news sense and learn how to write and present his 'story'. And he must learn how to 'time' his story in order to obtain the best possible coverage for it.⁵

Ba é seo an nós a chruthaigh Conradh na Gaeilge. Ullmhaíodh preasráitis, scríobhadh óráidí do na nuachtáin, agus cuireadh toirmeasc foilsithe orthu, go dtí am agus dáta ar leith (le cinntiú go raibh pé ócáid go raibh uathu a fhógairt tarlaithe sula bhfoilseofaí an scéal sna nuachtáin.)

D'úsáid an Conradh preasráitis le haird a tharraingt ar an iliomad feachtas a bhí ar bun acu. Thuigeadar leis, áfach nárbh ionann caidreamh poiblí agus fógraíocht amháin. Mar a léirigh Oifigeach Caidrimh Phoiblí an Chonartha, Tomás Mac Ruairí (nach maireann) in 1967: 'Is gnó leanúnach é Caidreamh Poiblí – Ní ionann agus poiblíocht ann féin do'n ócáid seo is siúd.'

Ag tagairt do shainmhíniú ón International Public Relations Association, 1960, dhein Mac Ruairí cur síos ar Chaidreamh Poiblí mar

... a management function of a continuing and planned character, through which public and private organisations and institutions seek to win and retain the understanding, sympathy, and support of those whom they are or may be concerned...

Dar leis an Ruairíoch 'feachtas mór CP [Caidreamh Poiblí] obair uilig na gluaiseachta agus obair Chonaradh na Gaeilge go speisialta...'

Rith an tuairim seo ina foshruth faoi ghníomhaíochas teanga an Chonartha sna 1970í agus na 1980í. Bhí na preasráitis mar chuid lárnach leanúnach de chur chuige feachtasaíochta an Chonartha ag an am.

⁵ G60/7/1/ 29 April 1967. 'Summary of talk by D.M. MacDonagh on Press and Magazines.'

Dar leis an teoiriceoir James E. Grunig (in éineacht lena chomhghleachaí Todd Hunt), tá ceithre mhúnla ar leith maidir leis an gCaidreamh Poiblí.⁶ As na ceithre mhúnla, baineann preasráitis an Chonartha, go príomhúil, leis an ‘Two-Way Symmetrical Model’ nó an ‘Modh Simidréach Dhá-bhealach’ (MSDB), agus leis an ‘Public Information Model’ nó ‘Múnla Faisnéise Poiblí’ (MFP). Is éard atá i gceist leis an MSDB ná cumarsáid chothrom chomhalartach idir eagraíocht agus a bpobal beartaithe, a dhíríonn ar chothuiscint a chothú, ar thionscnaimh phobail a aibhsiú, agus ar thógaint caidrimh. Lean preasráitis Chonradh na Gaeilge an cur chuige seo go hiondúil. Eisíodh preasráitis le hiarracht a dhéanamh chun dul i bhfeidhm ar chomhlachtaí rialtais, chun idirphlé a spreagadh, agus chun polasaithe bainteach leis an nGaeilge agus lucht labhartha na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Pléann Grunig chomh maith gné den MSDB a bhaineann le himní agus moltaí a chur in iúl. Tá seo go mór le feiscint maidir leis na preasráitis i gcartlann Chonradh na Gaeilge, a nocht imní go minic maidir le (mar shampla) cúrsaí maoinithe don teanga, nó maidir leis an leatrom a bhí á imirt ar phobal na Gaeilge (dar leo), nó maidir leis na feachtais éagsúla a bhí ar bun ag an gConradh, go háirithe maidir le gearáin agus moltaí a bhí acu i leith na meán.⁷ Cé go mbaineann preasráitis an Chonartha leis an múnla MSDB go príomhúil, is féidir rian den MFP a fheiscint i gcuid dá chuid preasráiteas. Is éard atá i gceist leis an MFP ná cumarsáid aonbhealaigh, ina ndíríonn eagraíocht ar eolas a dháileadh ar an bpobal agus páirtithe leasmhara maidir lena ngníomhachtaí, ar shlí fhírinneach, eolasach agus thráthúil. Ní bhíonn aon súil, sna cásanna seo, le haiseolas a fháil. Ina iomlán, féachtar ar an bpreasráiteas mar uirlis laistigh de straitéis chaidrimh phoiblí níos leithne, chun tionchar a imirt ar dhearcadh an phobail agus ar chlúdach na meán i gcoitinne.

Ábhair éagsúla

Feidhmíonn na preasráitis mar chuntas ar idé-eolaíocht an Chonartha thar réimse ama. B’am ar leith a bhí i ndeireadh na 1960í agus na 1970í. Bhí glúin nua ag teacht chun cinn i gConradh na Gaeilge,⁸ a chreid gur ghá an eagraíocht a dhéanamh ní ba réabhlóidí, mar fhreagra ar na hathruithe a bhí ag tarlú sa tsochaí; cúlú tacaíochta an stáit don Ghaeilge, agus ar Angla-Mheiriceánú RTÉ ach go háirithe. Ar an ábhar seo, luaigh Maolsheachlainn Ó Caollaí (Uachtarán an Chonartha ó 1968 go 1974) ag óráid in Dún Dealgan in 1970, go

(d)tuigeann Conradh na Gaeilge an staid ina bhfuil sé. Is gluaiseacht é atá ar bun le 77 bliain. D’éirigh leis an saol in Éirinn a athrú as cuimse, ach níor éirigh fós lena cuspóir – ‘tír

⁶ Féach James E. Grunig & Todd Hunt. *Managing Public Relations* (Englewood Cliffs, NJ: 1984); Is iad seo ‘Press Agency/Publicity Model’, ‘Public Information Model’, ‘Two-Way Asymmetrical Model’ agus an ‘Two-Way Symmetrical Model’.

⁷ Féach mar shampla, G60/7/2/2/3 – Preasráiteas – 16/11/73, Maolsheachlainn Ó Caollaí – ‘Open Television in Ireland’.

⁸ Proinsias Mac Aonghusa, *Ar Son Na Gaeilge: Conradh na Gaeilge: 1893-1993: Stair Sheanchais* (BÁC, 1993).

shaor Ghaolach. Tá sé ar dul trén timthrial beatha agus tuigeann sé an rogha simplí atá aige – athnuachaint nó éirí as a chuspóir, tosú timthrial nua nó bás. Tá an rogha déanta ag ár ngluaiseacht. Tá sé ar son athnuachana.⁹

Athraíodh bunreacht an Chonartha ag Ard-Fheis 1972, leis an gcuspóir ní ba leithne seo a aithint. Dearbhaíodh gurbh é móraidhm an Chonartha ná ‘Pobal Náisiúnta saor Gaelach a chothú’¹⁰ Fógraíodh seo i bpreasráitis, a seoladh chun na nuachtán le tuilleadh poiblíochta a thiomsú.

Maraon le cinntí ó Ard-Fheis an Chonartha a fhógairt, pléann na preasráitis an t-athrú a tháinig ar stádas na Gaeilge sa tsochaí i gcoitinne. Is léir óna n-ilghnéitheacht go raibh réimse leathan oibre ar bun ag Conradh na Gaeilge. Tugann na preasráitis léargas ginearálta, mar shampla, ar an teannas poiblí sna 1960í agus na 1970í idir gníomhaithe Gaeilge agus an ‘Language Freedom Movement’¹¹ – grúpa a chuir in aghaidh thacaíocht an Stáit don Ghaeilge. Chomh maith leis sin, tugtar léargas ar an bhfeachtas ar son chearta príosúnach i rith na dTrioblóidí; ar an dlúthpháirtíocht Cheilteach (leis an mBreatain Bheag ach go háirithe) agus feachtais ní ba mhó ar mhaithe le cearta mionlach ó chian is ó chóngar; ar stádas na Gaeilge i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (EEC); ar an óige agus oideachas; ar pholaitíocht áitiúil agus náisiúnta, agus bunú Údaras na Gaeltachta in 1980. Caitheann siad solas ar ghaol an Chonartha leis na meáin, RTÉ, ach go háirithe; ar bholscaireacht an Chonartha maidir le hócáidí cultúrtha (cluichí iománaíochta an Oireachtais,¹² mar shampla); ar fhógairt ranganna Gaeilge, seirbhísí aistriúcháin, clubanna óige, féilte filíochta; canbhasáil ballraíochta agus gnóthaí feachtasaíochta ní ba leithne. Sna 1970í ach go háirithe, tugann na comhaid seo léargas dúinn ar an ngaol teannasach idir an Conradh agus Rialtas na hÉireann; teacht acu ar oifigigh shinsearacha, ach in amanna eile, neamhaird a bheith déanta díobh nó droim láimhe a bheith tugtha dóibh uathu siúd a bhí i gcumhacht. Tugann na preasráitis leagan comhdhlúthaithe de Chartlann Chonradh na Gaeilge ina hiomláine ar fáil dúinn.

⁹ G60/7/2/1/3 – Preasráiteas, 3 Nollaig 1970 – Maolsheachlainn Ó Caollaí, ‘Imperialism – Cultural Aspects’.

¹⁰ G60/7/2/2/2 – Preasráiteas, 28 Aibreán 1972.

¹¹ Rowland, *Conradh na Gaeilge agus an Language Freedom Movement (LFM): Coimhlint Idé-eolaíochta 1965-1974* (tráchtas PhD, Ollscoil na Gaillimhe, 2014) (<https://aran.library.nuigalway.ie/handle/10379/4893>); Rowland, ‘An choimhlint idé-eolaíochta idir Misneach agus an LFM le linn chomóradh 50 bliain an Éirí Amach’ in *COMHAR Taighde*, no. 2 (2016) (<https://comhartaighde.ie/eagrain/2/rowland>).

¹² Ba chomórtas é seo le hairgead a thiomsú do Chonradh na Gaeilge, ina n-imreodh roinnt contaetha a chéile san iomáint, i ndiaidh dheireadh ghnáthshéasúir imeartha an CLG.

Samplaí ar leith

Léiríonn na preasráitis réimse leathan gníomhaíochtaí an Chonartha agus dá réir sin léirítear a fhairsinge is a bhí gníomhaíochas an Chonartha. Maidir leis na meáin go háirithe, léiríonn na preasráitis an bhaint a bhí ag an gConradh le bunú Raidió na Gaeltachta in 1972 agus níos déanaí le bunú TnaG in 1996. Caitear solas, chomh maith, ar a bhfeachtasaíocht thar bhreis is scór bliain ar mhaithe le tuilleadh Gaeilge a lorg ar RTÉ; feachtais i gcoinne an impiriúlachais chultúir, agus múnla na craoltóireachta tráchtála. Ba é tuairim an Chonartha ná ‘Ó bunaíodh é [go bhfuil] Teilifís Éireann ag cuidiú leis an nua-ghabháil...Le dríodar Angla-Mheiriceánach agus le bréag-Éireannachas, táthar ag réiteach ár muintire chun glacadh le meon, dearcadh caighdeán agus sa deireadh le smacht Angla-Mheiriceá orthu.’¹³ Ba é a mórfheachtas i gcoinne beartais an Aire Phoist agus Telegrafa, Dr Conor Cruise O’Brien, le bealach nua teilifíse a bhunú chun an BBC a athchraoladh fud fad na hÉireann, an sampla is suntasaí sna 1970í i leith na teilifíse de. Mar a luaigh Ó Caollaí:

It seems to me that television should be a support to our uniqueness and self esteem. This would certainly involve the development of irish television as a radical revolutionary alternative to anglo american television...

the commercial element allied to a tiny pro assimilation group seems to have impressed upon the minister the desire to have all British services re:broadcast by the Irish state... Our demand for a second Irish controlled, public-owned television service providing regional services, programmes from outside the Anglo-American World, and a full service for Irish is the only alternative.¹⁴

Léiríonn an sampla thuas tábhacht na bpreasráiteas maidir le frithbheartaíocht an Chonartha, sa tslí is gurbh é scaipeadh na bpreasráiteas an chéad chéim a glacadh i ndiaidh na hócáide, chun go leathnófaí lucht éisteachta a n-argóintí. Tugann na preasráitis aird ar shamplaí ar leith d’fhoirmeacha nua meán agus ar ghluaiseachtaí frithbheartaíochta ón bpobal aníos in aghaidh na ‘Meán oidhreachta’. Samplaí de seo ná an tacaíocht a thugadar nó an pháirt a ghlac Conradh na Gaeilge sa raidió bradach, le Raidió an Phobail agus Saor-Raidió Chonamara sna 1970í is 1980í. De ghnáth, seoladh dhá leagan de ghach preasráiteas: ceann i mBéarla, agus ceann i nGaeilge. Bhí Conradh na Gaeilge ag iarraidh dul i bhfeidhm ar lucht labhartha is léitheoireachta na Gaeilge, maraon le lucht an Bhéarla chomh maith. Bhí éagsúlacht cuspóra ag baint leis na preasráitis: cuid acu dírithe ar fhógraíocht is tacaíocht a ghinniúint d’obair an Chonartha; cuid eile acu dírithe ar thuairimí an Chonartha a léiriú

¹³ G60/7/2/2/1 Preasráiteas (gan dáta, ach 1971 mar a léiríonn fianaise inmheánach) – ‘Ráiteas ó Bhuan Choiste Chonaradh na Gaeilge ar ábhar craolta RTÉ’ – (g.d., ach 1971).

¹⁴ G60/7/2/2/4, 26 Sept 1974 – Preasráiteas – Óráid Mhaolsheachlainn uí Chaollaí. ‘Symposium on Broadcasting in Ireland’.

maidir le mórnacht na tíre is na cruinne. Caithfear spás limineach na bpreasráiteas a aithint leis, sa tslí is go raibh an Conradh ag brath go hiomlán ar a ngaol le hiriseoirí na bpríomhnuachtán le go bhfoilseófaí a leithéid d'óráid thuasluaite.

CONRADH NA GAEILGE

BUNAIODH 1893

6 SRAID FHEARCHAIR
BAILE ATHA CLIATH 2
FÓN 75740/2

PRESS-RELEASE THÉMA: NOT FOR PUBLICATION
BEFORE 5.30 p.m. 31.3.81

IRISH LANGUAGE TELEVISION PROGRAMMES FOR CHILDREN
R.T.É's UTTER NEGLECT.

At a press conference held in its headquarters today, Tuesday, March 31, Conradh na Gaeilge strongly condemned R.T.É's utter failure to provide Irish language television programmes for children. The Conradh issued a comprehensive list of the types of television programmes which ought to be broadcast in Irish for children and young people.

Speaking in Irish on behalf of Conradh na Gaeilge, Íto Mí Chionnaith, Conradh na Gaeilge's spokesperson on television broadcasting, said:

"R.T.É. has not broadcast even one television programme in Irish for children since the Summer of 1960.


R.T.É. nonetheless, has the audacity to maintain that it has a positive policy on the Irish language. The station has not, nor has it ever had, such a policy. The provision of Irish language programmes for children would be the first basic part of any real worthwhile policy. It is no exaggeration to say that Irish children are being utterly neglected by RTÉ, as regards Irish.

Taken in the context of RTÉ's statutory duty to the Irish language, this situation amounts to a national scandal. RTÉ is required to have 'special regard' for the Irish language. Instead, it has disregarded it by completely depriving children of television programmes in Irish.

RTÉ is well aware of how dissatisfied parents and teachers are regarding this whole matter. RTÉ's only response, however, to the many petitions sent to the station's Authority outlining this dissatisfaction was to continually state that such programmes were 'in the pipe-line'. They have yet to emerge from that

Caitheann siad solas chomh maith ar ghníomhaíochas i gcoinne chumhachtaí an Stáit féin, i réimse an oideachais ach go háirithe. Bhí seo le feiceáil go sonrath sna hágóidí ar son Gaelscoil a bhunú i mBaile Munna in 1972, agus an feachtas áitiúil a cuireadh ar bun ina coinne sin.


D'éiligh Conradh na Gaeilge ar an rialtas mar gheall air, ag rá leis an Aire Oideachais, Pádraig Faulkner, in Eanáir 1972, gur 'ar éigin gur féidir linn a chreidiúint go bhfuil tú ag ceadú do do Roinn scoil Ghaelach Bhaile Muna a dhúnadh. Is beart fealltach é seo in aghaidh athbheochan na Gaeilge. Éilimid ort an polasaí buille seo a chealú láithreach.' I ráiteas eile a eisíodh ar an lá céanna dúradh (i mBéarla) '[that] Words are insufficient to describe this treachery [...] It appears from this action from the Department of Education that Irish-medium education will not be permitted in working-class areas.'¹⁵ Thángthas ar réiteach dearfach ar an scéal in 1973, nuair a chinn an rialtas go dtabharfaí lán-aitheantas oifigiúil do 'Scoil an tSeachtar Laoch', i ndiaidh míonna d' fheachtasaíocht leanúnach ag leibhéal áitiúil, agus ag leibhéal náisiúnta, le Conradh na Gaeilge i lár aon aonaigh.¹⁶



Tugann na preasráitis i gCartlann Chonradh na Gaeilge léargas, leis, ar ghníomhaíochas níos leithne agus feachtais ar son cearta sibhialta. Seoladh preasráitis ar ghnéithe áitiúla chuig nuachtáin náisiúnta le foilsiú, ar mhaithe leis an gConradh a cheangal le feachtais ní ba leithne ag leibhéal an phobail. Sampla de seo ná cás cúirte a bhain le sagart áitiúil an tAthair Pádraig Standún, i gConamara, Co na Gaillimhe in 1986.

¹⁵ G60/7/2/2/2 – Preasráitis, 25.01.1972
¹⁶ Féach Kerron Ó Luain, "Sure why would they need Irish?": Scoil an tSeachtar Laoch, Ballymun, and working-class decolonisation, c. 1970-73.' *Journal of Working-Class Studies*, 8, no. 1 (2023). 6–24.

Agóid faoi phoill sna bóithre, mar dhea, ab ea é, ach d'fhéach Conradh na Gaeilge air mar shampla eile den ghéarghá a bhí ann le Bille Cearta Teanga in Éirinn. Úsáideadh an cas mar eiseamláir den leithcheal a bhí á dhéanamh ar lucht labhartha na Gaeilge, agus ar an bhfaillí a bhí á déanamh i gcearta mhuintir na Gaeltachta.¹⁷ Cuireadh beirt eile chun príosúin, Peadar Ó Tuathail agus Seán Ó Flaithearta agus iad mar chuid den agóid chéanna.¹⁸ Ar an dóigh chéanna, bhí cas in 1974 ó Ghaeltacht Chléire, Contae Chorcaí, inar gearradh líne ghutháin an tsagairt áitiúil, an tAthair Tomás Ó Murchú mar gur dhiúltaigh sé a bheith ag plé i mBéarla le gníomhaireachtaí Stáit. Bhí seo mar chuid d'agóid inar dhiúltaigh Ó Murchú aon bhille a ghlanadh má bhí sé eisithe i mBéarla, mar sheasamh ar mhaithe le stádas oifigiúil Chléire mar cheantar Gaeltachta a chosaint. An bhliain dár gcionn gearradh líne fóin Chomharchumann Chléire ar na cúiseanna céanna. Mar thoradh air seo, cháin Conradh na Gaeilge an tAire Poist agus Telegraf, Conor Cruise O'Brien, as an gciapadh leanúnach a rinne a roinn ar mhuintir an oileáin. Úsáideadh an preasráiteas chun míshasamh an Chonartha maidir leis an '(n)gníomh inphionóis de úsáid na Gaeilge' a phoibliú.






¹⁷ G60/7/2/3/6 – 20 March 1986; Níor íoc an tAthair Standún a mhótarcháin mar agóid i gcoinne dhrochbhall bóithre Iarthar na hÉireann.
¹⁸ G60/7/2/3/6 – 19 March 1986.

Cause célèbre eile ba ea gabháil, agus dá réir, cás cúirte Thomáis Uí Mhionacháin in 1976. Bhí Ó Monacháin ar dhuine de bhunaitheoirí an ghrúpa radacaigh *Misneach* in 1963, a bunaíodh ‘mar fhreagra ar theip agus ar fhimíneacht an rialtais, mar a samhlaíodh dóibh é, maidir leis an nGaeilge a athbheochan.’¹⁹ Bhí sé leis ar dhuine de bhunaitheoirí an ghrúpa Cearta Gael, in éineacht le Proinsias Ó Mainnín agus Pádraig Mac Fheargusa, ar mhaithe le feachtasaíocht ar son cearta teanga sa ghaeltacht.²⁰ Agus é ag fanacht le talamh a cheannach i nGaoth Dobhair, pháirceáil an Monachánach carbhán ar bhóthar dúnta le cead ón té ar leis an talamh. Chuir fear eile, ina éadan, áfach, ag cur in iúl go raibh Ó Monacháin ag sárú rialacha pleanála.²¹ Diúltaíodh d’Ó Monacháin a chás cúirte a réachtáil as Gaeilge, agus dhiúltaigh seisean dá bharr na fíneálacha a gearradh air a íoc. Léiríonn preasráitis an Chonartha an tacaíocht leanúnach a thug an eagraíocht don Mhionachánach, maraon lena n-iarracht poiblíocht a thabhairt agus tacaíocht a thiomsú dá chás. Ó thaobh stíl scríbhneoireachta de, feictear sa phreasráiteas thíosluaite, ó 7 Iúil 1979, gur thug Conradh na Gaeilge cur síos beacht ar shonraí an cháis ó 1976, agus ar an seasamh dlí ar a raibh cosaint Uí Mhionacháin bunaithe, rud a léiríonn a dtacaíocht dó go caolchúiseach. Ar a shon, chuir Conradh na Gaeilge feachtas ar bun, ag tiomsú airgid chun a chostais dlí a chlúdach. D’eagraíodar picéad lasmuigh de phríosún Mhuinseo, inar leagadh béim ar fhimíneacht an chórais dlí, dar leo, a thug neamhaird ar chearta lucht labhartha na Gaeilge, in ainneoin stádas bunreachtúil na teanga. Tharraing an cás seo aird idirnáisiúnta. Chuir ceoltóirí ón mBreatain Bheag ceolchoirm ar siúl i mBaile Átha Cliath le cabhrú le hairgead a bhailiú ar mhaithe le Ó Monacháin. Deineadh an fheachtasaíocht seo go léir a fhógairt i bpreasráitis chun na nuachtán agus na meán i gcoitinne. Lean an cás ar aghaidh ar feadh roinnt blianta. In 1979 thóg Ó Monacháin cás in aghaidh an stáit le brú a chur orthu a ndualgas reachtúil a chomhlíonadh. Sheol Conradh na Gaeilge preasráitis chuig gach mórsholáthraí nuachta chun aird a tharraingt ar an scéal.

¹⁹ Hugh Rowland, ‘An choimhlint idé-eolaíochta idir Misneach agus an LFM le linn chomórada 50 bliain an Éirí Amach’ in *COMHAR Taighde*, no. 2 (2016) (<https://comhartaighde.ie/eagrain/2/rowland>).

²⁰ Rónán Mac Con Iomaire, *An Ghluaiseacht: Scéal Chearta Sibhialta na Gaeltachta* (2024). 275–7.

²¹ *Tuairisc*, 8 Lúnasa 2023; ‘<https://tuairisc.ie/tomas-o-monachain-gniomhai-gaeilge-aitheanta-a-sheas-an-fod-do-chearta-teanga-ar-shli-na-firinne/>




Tugadh an scéal chun críche in 1982, nuair a chaill Ó Monacháin a chás. D’úsáid Conradh na Gaeilge seo mar eiseamlár den easpa ceart dlí praiticiúil a bhí ann ag an am don Ghaeilge. Mar a d’fhógair siad ‘Tugann breith na Cúirte Uachtaraí i gcás cúirte Thomáis Uí Mhionacháin in aghaidh an stáit le fios nach bhfuil feidhm phraicticiúil ar bith ar stádas bunreachtúil na Gaeilge i leith dlíthe ná cúirteanna an Stáit.’²² Lean an Chonradh ag dáileadh preasráitis rialta faoin gcás cúirte seo sna laethanta beaga ina dhiaidh seo freisin. De réir Fhochoiste Cearta An Chonartha, ba é ‘an impleacht a a eascraíonn as breith [na cúirte] nach bhfuil

²² G60/7/2/3/2 – Preasráiteas – 16 Iúil 1982.


ciall faoi leith ag na focail ‘Céad’ agus ‘oifigiúil’ sa fhrása ‘An Chéad Teanga Oifigiúil.’²³ Bhí an cás seo ina spreagadh breise dá bhfeachtas le Bille Cearta don Ghaeilge a éileamh ón rialtas. Baineadh seo amach faoi dheireadh scór blian níos déanaí, nuair a achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla ina dhlí in 2003.

Léiríonn na preasráitis idé-eolaíocht neamhbhalbh an Chonartha, maidir le tacú le mionlaigh timpeall na cruinne. In 1978, sheoladar fógra dlúthpháirtíochta chuig bundúchasaigh Mheiriceánacha. Léiríonn stíl teanga an téacs seo go raibh breis i gceist le preasráitis Chonradh na Gaeilge agus fógraíocht eolais amháin, nó an ‘MFP’, de réir theoiric Grunig. Tríothu, bhí iarracht á déanamh aitheantas a thabhairt do chás na bundúchasach, inar leagadh béim ar an leithcheal a bhí á dheánamh orthu i réimsí an oideachais, na meán, cearta talún, agus ionadaíocht polaitíochta. Labhair Conradh na Gaeilge amach go poiblí chomh maith i gcoinne Chumann Rugbaí na hÉireann in 1981 toisc go raibh camchuart beartaithe acu go dtí an Afraic Theas, in ainneoin bheartas conspóideach na cinedheighilte a bhí i réim thall ag an am. Tugann preasráitis dá shaghas idé-eolaíocht an Chonartha chun solais, sa tslí is go léirítear meon na heagraíochta ag an am, agus iad ag glacadh seasaimh i gcoinne an chiníochais agus an cos ar bolg. Maidir lena leagan amach, is dea-shampla é d’argóint Lassen maidir leis an ngá go mbeadh preasráiteas breactha ar shlí a bheadh inghlactha do nuachtán. Tá sé scríte go gonta snasta. Deineadh seo leis an tuiscint nach bhfaigheadh a leithéid de ráiteas ach méid beag spáis i nuachtán, dá nglacfaí leis, mar nach bhfuil sa scéal ach cur síos ar thacaíocht an Chonartha don Ghluaiseacht in Éadan Cinedheighilt in aghaidh na camchuarite rugbaí seo.



²³ G60/7/2/3/2 – Preasráiteas – 19 Iúil 1972.

Léiríonn an cás deireanach seo sampla eile den tslí ar ghluais feachtasaíocht an Chonartha ó réimse na gcearta teanga agus cultúrtha isteach i réimse na polaitíochta. Bhí seo le feiscint go suntasach in 1980, maidir leis na stailceanna ocrais sna bloic H, agus na ‘Trioblóidí’ ó thuaidh. Bhí preasráitis eisithe ag an gConradh cheana ag éileamh go dtabharfaí cead do phríosúnaigh ábhar léitheoireachta Gaeilge a bheith acu, agus ag tacú lena gcearta teanga, beag beann ar chreidimh nó ar thuairimí polaitíochta na bpríosúnach. I rith na stailceanna ocrais áfach, léiríonn na preasráitis forbairt meoin, iad ag impí ar an rialtas idirghabháil láithreach a dhéanamh, agus ag éileamh go dtabharfaí stádas polaitíochta do na príosúnaigh. Treisíodh ar na héilimh seo de réir mar a lean an stailc ar aghaidh agus go bhfuair na stailceoirí bás. Tá seo le feiscint ach go háirithe i bhfoclaíocht na bpreasráiteas, a leagann béim ar an úfás a bhí ar bhaill an chonartha i leith básanna na stailceoirí, mar is léir ón sampla thíos, faoi Martin Hutton. Déanann seo an scéal níos casta, maidir le seasamh ‘neamhpholaitíochta’ Chonradh na Gaeilge.²⁴



²⁴ Féach Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge*. 357, 369–74 ar dhíospóireachtaí faoi sheasamh an Chonartha i leith na polaitíochta de.

CONRADH NA GAELIGE

BUNAÍODH 1893 6 SRAID FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIAITH 2
FÓN 757401/2

29 Deireadh Fómhair, 1960.

PRESS STATEMENT FOR IMMEDIATE PUBLICATION

M - Block - TELEPHONE STRIKE

Teileagram 1
Conradh na Gaeilge's National Executive has sent a telegram to Charles Heughay urging him to act now to ensure that the British Government will grant political status to the prisoners on protest in the H-Block of Long Kesh and in Armagh Prison. The Conradh says that, due to the commencement of the hunger strike, there is no time available for using the normal diplomatic channels and that the Government must now act positively and strongly on this issue before it becomes too late to do so.

Teileagram 2
The National Executive has also sent a telegram to Margaret Thatcher reminding her that the legal system which the British Government itself has established in the six counties treats the prisoners in M-Block differently to other prisoners. The whole process of extorted "confessions" and jury-less courts has been designed because these prisoners have political aspirations. Despite this the British Government refuses to admit publicly that these are political prisoners. The Conradh called on the British Government to grant political status to those prisoners without further delay.

The Conradh's Position
Anti-thesis of Conradh na Gaeilge have, during the last few years, consistently supported the demands of the people in M-Block and in Armagh Prison for political status. The Conradh's National Executive has asked all branches and members of the Conradh to support in every way possible the National M-Block Committee's campaign to obtain a just settlement of this issue.

END/

CONRADH NA GAELIGE

BUNAÍODH 1893 6 SRAID FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIAITH 2
FÓN 757401/2

29 Deireadh Fómhair, 1960.

DECLARATION LE FOIOLÓC ÉILEITHEACH

Blac M - STRAICÉADH TELEFÓIN

Teileagramaí 1
Tá Coiste Ghnó Chonradh na Gaeilge tar éis arangseáil a chur chuig Cathair ó hEochaidh ag iarraidh éir gnóthas a dhéanamh a chinntiú go dtuagann Maltas na Breataine aitheantas mar phríosúnaigh pholaitiúla do na príosúnaigh atá ar aghaid i nBlac M na Ceite Tada agus i nPríosún Ard Inseaba. I bhfianaise na stáitse aeris deir an Conradh nach bhfuil na fágha de gnóthas na Breataine na baidisoirseacha agus go gceithfí na Maltas aitheantas go dtuagann agus go léidir ar an geist seo aois sula beidh sé réidireasach.

Teileagramaí 2
I arangseáil eile a chuir an Coiste Ghnó chuig Margaret Thatcher, noubraifeadh di go n-áithneam an eáine dífháil atá bunaithe ag Maltas na Breataine féin san sé eáine nach tannan na príosúnaigh san Blocanna M agus gnóthasfeasach. Tromfaic arís, ó thús deiridh, toise gur áineis iad a bhfuil aitheantas polaitiúla acu. Tá fáil ar Maltas na Breataine aitheantas a dhéanamh go poiblí gur príosúnaigh pholaitiúla iad. D'fhiaigh an Conradh ar fhócair na Breataine an t-aitheantas sin a thabhairt déibh gan ahoill.

Seansao ar Chonartha réin
Chic Ard-Thoisemna an Chonartha le blianta beaga anuas le rian ag taob le hÉilish na nBéar atá i nBlac M agus le hÉilish na nBéar atá i nPríosún Ard Inseaba ar aghaid polaitiúla. Tá Coiste Ghnó an Chonartha tar éis iarraidh ar chabóidheas agus ar thail an hagraifeacha gach deis a thabairt chuic taob leis an bhfeachas atá ar bun ag Coiste hÉilish na nBéar i chum teacht ar féiteach éir ar an geist seo.

CRÍOCH/

CONRADH NA GAELIGE

BUNAÍODH 1893 6 SRAID FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIAITH 2
FÓN 757401/2

13 Iúil, 1961.

PRESS STATEMENT FOR IMMEDIATE PUBLICATION

MARTIN HURSON, B.L.P.

Conradh na Gaeilge is appalled by the death of yet another hunger striker. The British Government's utter disregard for Irish lives is painfully underlined by the death of Martin Hurson and the deaths of the five other hunger strikers. Further deaths shall only be averted by worldwide condemnation of the British Government's murderous policy.

The Government must take drastic action to impress upon foreign Governments the disgust of the Irish people at the British Government's intransigent and inhuman policy on the hunger strikes. All Ambassadors to Ireland should be summoned and briefed by the Government on the present crisis. Irish Embassies abroad should publicly go on the offensive and expose the callousness of the British Government.

The official trade union movement has, unfortunately, shirked its responsibilities up to now. It can no longer afford to sit on the fence. It ought mobilise support in Britain, in Europe and throughout the world for the five demands of the H Block and Armagh prisoners.

With this, the sixth death on hunger strike, the position has now surely been reached when nobody can remain neutral in this continuing crisis. All public organisations must support the prisoners' five demands. Failure to do so will be interpreted by the British Government as a condonation of its policy of death to the hunger strikers.

Conradh na Gaeilge offers its sincerest sympathy to the family, relatives and friends of Martin Hurson. Ar dóis Dé go reibh a anam uasal dílis.

CONRADH NA GAELIGE

BUNAÍODH 1893 6 SRAID FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIAITH 2
FÓN 757401/2

12 Lúna, 1961.

PRESS STATEMENT FOR IMMEDIATE PUBLICATION

Suppression of Irish language in M-Block - An urgent appeal.

Conradh na Gaeilge calls on the Taoiseach, Dr. Cearbhall Ó Dálaigh and the Acting Foreign Minister, John Kelly, to condemn the British Government's ruthless suppression of the Irish language in its prisons. Prisoners are deprived of their right to use their native language. Irish may not be spoken during visits; indeed, visits have been rudely cut short and terminated because Irish was being spoken. Everything written in Irish is deleted from prisoner's letters, both incoming and outgoing. Prisoners on protest in Long Kesh and Armagh Jail, deprived as they have been of educational facilities for the last five years, have had to conduct lessons in the Irish language by scratching words on their cell walls and by shouting through one cell door into the next.

Despite these most vindictive efforts of the British Government to deny the prisoners the use of Irish, many of them have successfully learned and improved their knowledge of Irish since their imprisonment. Many of the unofficial letters smuggled out of the prison are written in Irish.

A number of those imprisoned were fluent speakers of Irish before their imprisonment and have been very active in promoting the use and knowledge of Irish among their comrades. Indeed, some of those who recently died on hunger strike were fluent speakers of Irish.

The prisoners themselves see the Irish language as an integral part of their Irish identity. The British Government hold a similar view of Irish and this has led to their policy of suppressing the language. This, in turn, is indicative of the British Government's utter disregard for the most basic civil rights of these prisoners. Britain does not deny other prisoners access to their native language.

.....

Conclúid

Tugann na cáipéisí seo léargas dúinn ar fhreagra an Chonartha ar a raibh ag tarlú sa tsochaí i gcoitinne, agus ar ghníomhaíochtaí iomadúla na heagraíochta ar mhaithe leis an nGaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn. Caitheann siad solas chomh maith ar chomhcheangal Chonradh na Gaeilge le heagraíochtaí cultúrtha eile in Éirinn. Déanann na preasráitis poibliú ar an teagmháil agus ar an idirphlé a bhí ag an gConradh leis an stát. Mar thoradh ar an siar is aniar sin, faightear léargas ar idé-eolaíochtaí an Chonartha agus an stáit i leith na Gaeilge ó na seascaidí i leith. Tugann siad aird ar eachtraí agus ar an ngníomhaíochas a deineadh ar mhaithe le cearta lucht labhartha na Gaeilge, sa Ghaeltacht agus níos faide i gcéin, a chur chun cinn.

D'aithin an Conradh go himheánach go raibh a gcuid oibre dírithe ar mheon an phobail a athrú agus a mhúnlú ar mhaithe le muintir na hÉireann a dhíchoilíniú. Bhí seo ar mhaithe le hathbheochan na Gaeilge agus leis an gcultúr Gaelach a chothú go dtí go mbeadh ról lárnach acu sa tsochaí i gcoitinne. Bhí na preasráitis lárnach in iarrachtaí an Chonartha ina leith seo. Eisíodh preasráitis, de ghnáth, i mBéarla agus i nGaeilge. Deineadh seo ar mhaithe leis na nuachtáin éagsúla a shásamh, le nuachtáin áirithe a glacadh leis na preasráitis i nGaeilge, agus cinn eile i mBéarla amháin. Sa tslí seo, méadaíodh an seans a bhí ann go bhfoilseofaí na preasráitis a eisíodh. Ní raibh aon ráthaíocht ann áfach go dtarlódh seo, go háirithe sna nuachtáin seanbhunaithe.

Tugann mórchuid na gcomhad, a dtagraítear dóibh san alt seo (*G60/7: 'Public relations, Marketing, Press Releases'*), léargas úsáideach ar phreasráitis Chonradh na Gaeilge. In ainneoin na mílte comhad sna fillteáin seo, ní hionann iad agus iomlán na bpreasráiteas i gCartlann Chonradh na Gaeilge. Tá cuid eile díobh seo scaipthe ar fud na cartlainne, laistigh de na fofhillteáin agus na rannóga éagsúla. Mar sin, tugann an t-alt seo forléargas achomair ar na comhaid, ach ní hionann é agus an focal deireanach ar an ábhar.



Teanga gan Teorainn? Léargas ar Ról na gColáistí Gaeilge i ngluaiseacht teanga Chúige Uladh sna 1920í & 1930í

Máire McCafferty

<https://doi.org/10.13025/29631>

(*Nóta:* Tá an talt seo mar chuid de thionscadal a bhfuil maoiniú faighte aige ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) faoin gclár taighde agus nuálaíochta ‘Horizon 2020’ de chuid an Aontais Eorpaigh (conradh deontais uimhir 802695). Thacaigh Acadamh Ríoga na hÉireann le taighde atá luaite san fhoilseachán seo chomh maith agus táim fíorbhuíoch díobh as maoiniú a chur ar fáil dom le taisteal chuig cartlanna i gCúige Uladh. Táim buíoch freisin de Phádraig Chonaill, Brendan Ó Dufaigh, Máire Nic Cathmhaoil agus Séamus Mac Dháibhéid as cabhair fhlaithiúil a thabhairt dom agus mé i mbun taighde.)



Bronnadh sparánacht taistil ar an údar chun freastal ar an gcomhdháil ‘CARTLANN: Gníomhaíochas, an Ghaeilge agus na Meáin’ a reáchtáladh in Ollscoil na Gaillimhe ar 13 Aibreán, 2024. Cuireadh ábhar na haiste seo i láthair i bhfoirm póstaer le linn na comhdhála sin. An tÚdarás um Ard-Oideachas, faoin gClár Taighde Thuaidh-Theas, a mhaoinigh CARTLANN.



Acadamh Ríoga na hÉireann
Royal Irish Academy

Réamhrá

In 2024, bhí 120 bliain slánaithe ag na Coláistí Gaeilge ón lá a osclaíodh an chéad Choláiste i gCorcaigh in 1904. Cé go bhfuil cuimhní ar leith ag glúnta éagsúla d'Éireannaigh ar a bheith ag freastal ar chúrsaí sna Coláistí gach samhradh ó shin, is beag atá ar eolas i gcoitinne go fóill faoi stair fhada na n-institiúidí sin. Is iad Nollaig Mac Congáil agus Seán Ó Coigligh na húdair is mó go dtí seo atá tar éis scéal na gColáistí Gaeilge i mblianta luatha na hAthbheochana a insint. Tá ocht gcinn d'ailt scríofa ag Nollaig Mac Congáil ar ghnéithe éagsúla de stair na gColáistí Gaeilge. Sa chomhthéacs Ultach, tá ailt scríofa aige ar Choláiste Chomhghaill, Béal Feirste, ar Choláiste Uladh, Cloch Cheann Fhaolaidh, Tír Chonaill agus ar Choláiste na gCeithre Máistrí, Leitir Ceanainn, Tír Chonaill. Is é tráchtas Sheáin Uí Choigligh, *Na Coláistí Gaeilge mar ghné d'Athbheochan na Gaeilge, 1904–1912*, an saothar is iomláine go dtí seo ar luathstair agus ar chomhthéacs oideachasúil na gColáistí Gaeilge. Seachas sin, áfach, is in ailt agus i leabhair fhánacha a fhaightear eolas ar ghnéithe éagsúla d'obair na gColáistí thar na blianta, agus is annamh freisin a fheictear trácht ar ról na gColáistí agus mórimeachtaí staire an 20ú haois á bplé ag scoláirí. In 2025, tá os cionn 100 bliain caite ó Chríochdheighilt na hÉireann in 1921, agus ó cruthaíodh dhá chóras oideachais éagsúla sa tír seo in 1922 — nithe a chuaigh go mór i bhfeidhm ar stair na tíre agus ar ghluaiseacht na teanga ach go háirithe. Ina ainneoin sin, áfach, níl ann do shaothar acadúil go fóill a thugann faoi ról na gColáistí Gaeilge sna himeachtaí sin a mheas. Cuireann an t-alt seo roimhe, mar sin, léargas a thabhairt ar luach na gColáistí Gaeilge do ghluaiseacht na teanga i gCúige Uladh sna blianta luatha i ndiaidh na Críochdheighilte sna 1920í agus 1930í. Díreofar ar Rann na Feirste i dTír Chonaill mar chás-staidéar a thugann léargas ar leith dúinn ar thábhacht na gColáistí maidir le forbairt agus buanú Ghaeilge Uladh ar an dá thaobh den teorainn a scar an cúige in 1921.

Sracfhéachaint ar Fhorbairt na gColáistí Gaeilge i gCúige Uladh roimh 1921

Ar an 4ú lá de mhí Iúil 1904 a osclaíodh an chéad Choláiste Gaeilge, Coláiste na Mumhan, i mBéal Átha an Ghaorthaidh, Co. Chorcaí. Cuireadh tús leis an gColáiste chun múinteoirí náisiúnta na tíre a oiliúint sa Ghaeilge agus modheolaíocht oiriúnach chun í a theagasc, agus chun cainteoirí dúchais a spreagadh le dul leis an múinteoireacht. (Le haghaidh míniú domhain a fháil ar an gcomhthéacs oideachasúil agus stairiúil as ar eascair na Coláistí, féach Ó Coigligh, 2014: 31–170; McCafferty, 2024: 33–58.) Ar dhaoine fásta a bhí na Coláistí dírithe ar dtús mar sin, cé go bhfuil samplaí éagsúla ann de pháistí a bheith ag freastal orthu i rith na mblianta luatha. (Nic Congáil, 2022: 55–62; Mac Diarmada, 2020: 97–111.) Tá tábhacht ar leith ag baint le Cúige Uladh i luathstair na gColáistí, óir i gCúige Uladh ba thúisce a bunaíodh Coláistí Gaeilge eile i ndiaidh 1904. Faoi dheireadh 1906, bhí Coláiste Chomhghaill (Béal Feirste), Coláiste na gCeithre Máistrí (Leitir Ceanainn, Tír Chonaill) agus Coláiste Uladh (Cloch Cheann Fhaolaidh, Tír Chonaill) oscailte (Mac Congáil, 2006: 110–40). Coláiste de

chineál iomlán nua a bhí i gColáiste Chomhghaill óir bhí sé ag feidhmiú i gceantar uirbeach agus bhíodh na ranganna ar siúl istoíche agus ag na deirí seachtaine i rith an gheimhridh seachas i rith an tsamhraidh (Mac Congáil, 2009: 109–25). Ach bhí conspóid leanúnach ag baint le Coláiste Chomhghaill óir Gaeilge na Mumhan a bhí á teagasc ann, conspóid ba chúis le bunú na hArd scoile Ultaí sa chathair in 1911 le Gaeilge Uladh a mhúineadh do lucht a bhfreastalta (Ó Coigligh, 2014: 299–300; McCafferty, 2024: 82–6).

Dhá bhliain níos déanaí, in 1913, tháinig modheolaíocht nua chun cinn sna Coláistí Gaeilge darbh ainm ‘Modh Uí Thuathail’ nó ‘Modh na Ráite.’ Fear darbh ainm an tAthair Domhnall Ó Tuathail a chur tús leis, a bhí ag múineadh i Scoil samhraidh Gaeilge i nDún Phádraig, Co. an Dúin, agus é d’aidhm aige Gaeilge na ndaoine a thabhairt do na mic léinn. (McCafferty, 2022: 8–16.) Ba í an Ghaeilge bheo labhartha a bhí mar bhunús fhealsúnacht oideachasúil Uí Thuathail, agus mhaígh sé go bhféadfadh sé cainteoirí líofa a dhéanamh d’fhoghlaimoirí laistigh de shé mhí, ag baint úsáid as a mhodh féin bunaithe ar chaint nádúrtha na ndaoine (‘The Phrase or Dialogue Method of Teaching Irish’, *An Claidheamh Soluis*, [ACS feasta] 14.3.1914: 9). Cé nár chainteoir dúchais a bhí ann féin, dúirt sé i gcónaí gur fhoghlaim sé togha na Gaeilge ó sheanchainteoir dúchais as Co. Aontroma darbh ainm Máire Mhór (<https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=550>). Dhírigh Ó Tuathail ar an tumoideachas sa teanga bheo labhartha go príomha, agus é ag iarraidh aithris a dhéanamh ar an mbealach a bhfoghlaimíonn páistí focail agus frásaí óna dtuismitheoirí agus iad óg (Ó Tuathail, 1919). Chreid sé gurbh í an chaint bun agus barr foghlaim nádúrtha na teanga, arb fhéidir tógáil uirthi níos déanaí le scileanna scríbhneoireachta agus eile. Níorbh fhada go dtí gur tosaíodh ar leas a bhaint as an modh san Ardscoil Ultach agus i gColáistí Gaeilge eile a raibh Gaeilge Uladh chun cinn iontu, amhail Coláiste Bhríde a bunaíodh in Ó Méith, Co. Lú in 1912 a raibh ‘*The Conversational College*’ baiste acu orthu féin faoi 1916 (Ó Coigligh, 2014: 319; Fógra do Choláiste Bhríde, Ómeith, ACS, 24.6.1916: 11). Bhí Modh na Ráite in úsáid ag formhór na gColáistí Ultacha nua a bunaíodh sna 1920í chomh maith agus is cosúil mar sin gur féidir ‘An Modh Ultach’ a bhaisteadh ar an modh úd (McCafferty, 2024: 72–8).

Bliain chinniúnach a bhí in 1913 do Ghaeilge Uladh ar chúis eile freisin. Chuir an Ardscoil Ultach agus Ardchraobh Chonradh na Gaeilge i mBéal Feirste tús le scéim cheannródaíoch maidir le caomhnú agus leathnú na canúna sin a mbeadh tionchar ollmhór aici ar aos óg Bhéal Feirste go ceann i bhfad. I mí Dheireadh Fómhair na bliana sin, foilsíodh grianghraf agus ainmneacha ceathrar cailíní óga in ACS a bhí roghnaithe le cúig seachtaine ‘de laethibh saoire’ a chaitheamh ar Choláiste Uladh i gCloch Cheann Fhaolaidh (‘Cumann na hÓige,’ ACS, 4.10.1913: 10). Foilsíodh litreacha na gcailíní in ACS ar fhilleadh go Béal Feirste dóibh, mar ar chuir siad síos ar an taithí a bhí acu sa Ghaeltacht, taithí a thugann léargas dúinn ar mhóthúcháin an duine óig i bhfad ó bhaile agus le saoirse áirithe den chéad uair, faoi mar atá ag tarlú sna Coláistí Gaeilge le breis agus céad bliain (‘Cumann na hÓige – Comórtas – Laethe Saoire,’ ACS, 18.10.1913: 10). D’éirigh go han-mhaith leis an scéim seo ar tugadh ‘Ciste na bPáistí’ uirthi, agus bhí líon ard páistí á seoladh ó Bhéal Feirste chuig Coláistí Gaeilge i dTír Chonaill agus i gCo. Lú sar i bhfad.

In 1918, thug Séamus Ó Grianna moladh do ‘G[h]aedhil Bheulfeirsde’ as an scéim seo agus an obair a bhí á déanamh acu chun ‘an cineál cheart daoine a chur ’un na Gaedhealtachta’ (‘Ins an Ghaedhaltacht,’ *Fáinne an Lae*, 9.11.1918: 4). Bhí ardmholadh le tabhairt, dar leis, don tumoideachas a bhí i gceist leis na scoláireachtaí, agus leis an ngeallúint a bhí le tabhairt ag na páistí gan ach Gaeilge a labhairt agus iad sa Ghaeltacht: ‘Foghluimeochaidh an mac léighinn iongantas Gaedhilice nuair a chaithfeas sé an samhradh sa Ghaedhealtacht, agus gan cead aige Beurla a chanstan. Caithfidh sé a labhairt, sin nó bheith ‘na thost’ (*FL*, 1918: 4). Bhí borradh ag teacht ar na Coláistí Gaeilge ag an am seo i ndiaidh Éirí Amach na Cásca 1916 agus i rith Chogadh na Saoirse agus an teanga chun cinn i gcúrsaí féiniúlachta náisiúnta mhuintir na hÉireann (McCafferty, 2025). Faoi dheireadh na bliana 1921, bhí breis agus 40 Coláiste agus Scoil Ghaeilge curtha ar bun agus dhá cheann d’ég acu sin lonnaithe i gCúige Uladh agus i gCo. Lú, leis an gcéad Choláiste Gaeilge dírithe go hiomlán ar pháistí (Coláiste Íde) oscailte i gCeann Chlochair, Co. Lú in 1919 (McCafferty, 2022: 18–9).

Críochdheighilt na Tíre & Comhthéacs Oideachasúil na Gaeilge

In 1921 cuireadh an *Government of Ireland Act* agus críochdheighilt na tíre i bhfeidhm, agus ar an 7 Eanáir 1922, ghlac an Dáil leis an gConradh Angla-Éireannach agus le cruthú Shaorstát Éireann – stát a thioctadh i bhfeidhm go dlíthiúil ar an 6 Nollaig 1922 (Gannon & McGarry, 2022; Bourke, 2022). I mí Feabhra, 1922, deich mí sular bunaíodh Saorstát agus Tuaisceart Éireann go hoifigiúil, aistríodh seirbhísí oideachais na Sé Chontae ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste (Andrews, 1997: 59).

Sa Saorstát, bhí sé ríshoiléir go mbeadh an Ghaeilge ag croílár an chórais oideachais agus é beartaithe ag an rialtas an teanga a athbheochan trí na scoileanna náisiúnta, an uirlis chéanna a úsáideadh ón mbliain 1831 chun an Ghaeilge a chur faoi chois (Ó Laoire, 2019: 243–64; Akenson, 2012). Ó Lá Fhéile Pádraig 1922 bhí sé de dhualgas ar gach scoil náisiúnta i Saorstát Éireann an Ghaeilge a chur ar fáil mar ghnáthábhar, agus an teanga a úsáid mar mheán teagaisc sna gráid shóisearacha (Walsh, 2022: 142). Bhí ról tábhachtach ag na Coláistí Gaeilge sa pholasáí teanga seo, óir reáchtáladh cúrsaí oiliúna bliantúla do mhúinteoirí náisiúnta iontu darbh ainm ‘An Cúrsa Gaedhilge’ idir 1922 agus 1929 (McCafferty, 2024: 185–208).

Níorbh amhlaidh a bhí ag tarlú ó Thuaidh, áfach, agus níorbh fhada go dtí go raibh Aireacht an Oideachais sna Sé Chontae ag díriú ar stádas a bhaint den teanga. Bhí an Ghaeilge go hiomlán as alt le féiniúlacht na n-aontachtaithe a bhí lárnach sa rialtas nua, mar atá ráite ag Mac Póilin (2006: 122):

Ulster unionism by this point was in the final stage of a redefinition from an Irish unionism – culturally Irish and politically British – to a British unionism which rejected on principle all forms of Irish identity beyond the purely geographical. As there is no more unequivocal manifestation of an Irish cultural identity than the Irish language, interest in the language was itself seen as subversive to the state.

Dhá lá tar éis do na seirbhísí oideachais aistriú go Béal Feirste i Feabhra 1922, d'fhógair Lord Londonderry, Aire úr Oideachais Thuaisceart Éireann, nach mbeadh an teanga ar fáil sna bunscoileanna a thuilleadh ach amháin mar ábhar roghnach, agus nach mbeadh ábhar ar bith eile ar fáil trí Ghaeilge (Andrews, 1997: 59). I mí Lúnasa, dhear Bonapart Wyse, Rúnaí Cúnta Oideachais, polasaithe nua maidir leis na Coláistí Gaeilge sna Sé Chontae, agus glacadh leo cúig lá ní ba dhéanaí (Andrews, 1997: 60–1). Bhain na moltaí le haitheantas agus maoiniú iomlán a bhaint de na Coláistí Gaeilge agus dá gcuid teistiméireachtaí, rud a chuaigh go mór i bhfeidhm ar an dá Choláiste a bhí fágtha sna Sé Chontae: an Ardscoil Ultach agus Coláiste Chomhghaill (Andrews, 1997: 60–1). Is cosúil gur tháinig deireadh le Coláiste Chomhghaill dá dheasca sin, ach cé gur tháinig laghdú ar líon na ndaoine a bhí ag freastal ar an Ardscoil Ultach sna 1920í, lean an Ardscoil ar aghaidh i bhfoirgnimh éagsúla go dtí gur dódh go talamh í sna 1980í (Mac Maoláin, 1969: 135–7; *Ulster Herald*, 23.3.1929: 9; Forbairt Feirste & Foras na Gaeilge, 2010: 18–9).

Cé nár cuireadh cosc iomlán ar an nGaeilge i mbunscoileanna, nó 'elementary schools' na Sé Chontae mar a thugtaí orthu i ndiaidh 1922, chuir Aireacht an Oideachais neart srianta i bhfeidhm i rith na 1920í agus 1930í (Andrews, 1997: 55). Faoi 1923 bhí maoiniú agus aitheantas bainte de na Coláistí Gaeilge, agus an t-am a tugadh do mhúineadh na Gaeilge mar ábhar roghnach sna bunscoileanna laghdaithe go 90 nóiméad in aghaidh na seachtaine (Andrews, 1997: 65). In 1924 cuireadh srianta breise i bhfeidhm a d'fhág nach raibh cead an Ghaeilge a mhúineadh do na ranganna sóisearacha, agus í ar fáil mar ábhar roghnach sna ranganna sinsearacha amháin as sin amach (Mac Póilín, 2006: 123). Fiú agus an rogha sin ar fáil, cuireadh an Ghaeilge i ngrúpa 'B' de na hábhair roghnacha, agus é éigeantach do scoláirí tabhairt faoi dhá ábhar i ngrúpa 'A' sula bhféadfaidís súil a chaitheamh ar ábhair 'B' (Andrews, 1997: 68). Mar atá ráite ag Andrews (1997: 68–9):

At best, Irish could only be a third choice and in such a crowded programme it would be lucky to be taught at all. . . the language now had the status which conformed to typical unionist thinking. It was classified amongst the foreign and dead languages, as far away from the core curriculum as possible, without being totally banned.

In 1926, cuireadh deireadh leis na táillí do mhúinteoirí as an nGaeilge a mhúineadh mar ábhar breise i 'Standards III and IV' na mbunscoileanna (Andrews, 1997: 70). Laistigh de bhliain, tháinig laghdú 70% ar líon na bhfoghlaimeoirí Gaeilge sna bunscoileanna, agus in 1933, fógraíodh go gcuirfi deireadh iomlán leis na táillí a bhí ar fáil do mhúinteoirí an teanga a theagasc mar ábhar breise (Mac Póilín, 2006: 123; Andrews, 1997: 81–2). Cé nár cuireadh deireadh iomlán leis an nGaeilge i mbunscoileanna an Tuaiscirt, tá sé ríshoiléir gur thug Aireacht Oideachais an Tuaiscirt fogha géar faoin nGaeilge sa chóras oideachais sna 1920í agus 1930í. Léiriú is ea ainmniúchán sonrach na gColáistí Gaeilge sna srianta seo ar a dtábhacht maidir le cothú agus leathnú an oideachais Ghaelaigh i rith bhlianta luatha an 20ú haois. In ainneoin, agus mar gheall ar shrianta an rialtais in 1922, bheadh ról lárnach ag na Coláistí Gaeilge Ultacha sna 1920í arís maidir le deis oideachasúil a thabhairt do mhuintir na Sé Chontae, agus d'aos óg na scoileanna ach go háirithe.

Críochdheighilt na Tíre & Gluaiseacht na Teanga i gCúige Uladh

Tuigeadh do lucht na Gaeilge ó thuaidh nach bhféadfaí leanúint go praiticiúil faoi stiúir Chonradh na Gaeilge mar a bhí ó 1922 ar aghaidh, agus stádas na Gaeilge chomh héagsúil ar an dá thaobh den teorainn trí Chúige Uladh a scar tuaisceart agus deisceart na tíre. Thug Úna Ní Fhaircheallaigh, Ardollamh Choláiste Uladh, óráid phoiblí i mí Lúnasa 1923, inar labhair sí faoin dochar a bhí déanta do Chúige Uladh trí chéile de dheasca chruthú na teorann:

Crossing and re-crossing the border created by the recent unnatural division of this small Island, we realise in its iniquity, the crime that has been perpetrated against our nation. It is not as if a hand or a foot were looped off. Some of the vital organs have been withdrawn, with the exclusion of Ulaidh from the Councils and life in Ireland. ('The Dissection of Ulster,' Donegal Democrat, 3.8.1923: 3; Féach freisin Nic Congáil, 2010)

Anuas ar na dúshláin a bhí ann maidir leis an teanga i gcóras oideachais na Sé Chontae i ndiaidh 1922, bhí buairt ag fás sa ghluaiseacht teanga i gCúige Uladh go raibh éagóir á déanamh ar Ghaeilge Uladh sa Saorstát. De réir Uí Dhiolúin bhí 'míshásamh fada, forleathan' á léiriú ag Ultaigh maidir leis an tús áite a bhí tugtha do Ghaeilge na Mumhan san earnáil phoiblí, agus i measc cúrsaí foghlama Gaeilge dá bharr sin (Ó Diolúin, 2007: 326; O'Leary, 2004: 29–37) Mura mbeadh an Ghaeilge ar fáil do pháistí scoile ó Thuaidh, is cinnte nach gcothófaí Gaeilge Uladh ina measc, agus dá ndéanfaí dearmad ar Ghaeilge Uladh sa deisceart, cén seans a bheadh ag an gcanúint sin maireachtáil laistigh de Ghaeltachtaí Uladh gan trácht ar a bheith ag leathnú amach ó na ceantair sin? Ba ríléir go raibh gá le cumann faoi leith i gCúige Uladh, a bheadh in ann díriú go hiomlán ar obair na teanga ó thuaidh.

Tharla sé sin in 1926 nuair a bunaíodh Comhaltas Uladh agus é scríofa i miontuairiscí an chéad chruinnithe gurbh é *'The revival of Irish as a spoken language in Ulster'* a bheadh mar aidhm ag an eagraíocht ('Coisde Groithe Sealadach – Cruinniú 17/xi/26,' Miontuairiscí Chomhaltas Uladh). Cuireadh Contae Lú faoi choimirce an Chomhaltais freisin ar mhaithe le cúrsaí canúna agus le tionchar chisteoir an Chomhaltais, an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh, a bhí ag obair le Coláiste Bhríde Ó Méith ó 1913 (Ó Diolúin, 2007: 322 & 331). Bhí baint fhada ag an Athair Ó Muireadhaigh leis na Coláistí Gaeilge, óir d'fhreastail sé ar Choláiste Uladh ar dtús in 1906. Ba chara speisialta é le Coláiste Bhríde Ó Méith ach go háirithe, Coláiste ar fhreastail sé air in 1912 agus ar mhúin sé ann ó 1913 go dtí gur bhog sé chuig Rann na Feirste in 1926. Ó Muireadhaigh a bhunaigh an iris iomráiteach *An tUltach* freisin in 1924. (Mac Giolla Chomhail, 1982; <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=2177>). Bhí suntas nach beag ag baint le tuiscint Uí Mhuireadhaigh ar luach na gColáistí Gaeilge d'obair na teanga, óir bheadh na Coláistí céanna i gcoiflár obair an Chomhaltais ó bhliain a bhunaithe ar aghaidh. Ag an gcéad chruinniú den Chomhaltas in 1926, aithníodh an dochar mór a bhí déanta don Ghaeilge i mbunscoileanna na Sé Chontae, ábhar gníomhaíochta do Chomhaltas Uladh ó shin

i leith ('Comh-dháil Gaedheal Uladh, i nÁrd Maca, Lá Fhéil Maolmhaothog', Miontuairiscí Chomhaltas Uladh, 1926. Feictear *'Irish in the Six County Schools'* mar ábhar plé i miontuairiscí an Chomhaltais tríd síos na 1920í agus 1930í).

Níorbh fhada freisin go raibh an Comhaltas ag léiriú díomá faoi easpa Ghaeilge Uladh ar pháipéir scrúduithe 'An Cúrsa Gaedhilge' do mhúinteoirí i Saorstát Éireann:

The following resolution was passed unanimously: That it is the opinion of this Committee that neither Ulster Irish nor the programmes of the Ulster Gaelic Colleges received due recognition in the papers set at the November Examination for Teachers in the Free State Schools. ('Coiste an Chúigídh – Cruinniú 8/12/27,' Miontuairiscí Chomhaltas Uladh.)

Cé go raibh Coláistí Gaeilge ag feidhmiú i dTír Chonaill, a bhí mar chuid den Saorstát, níor tugadh cothrom na Féinne do chanúint Uladh in ábhair ná téacsanna 'An Cúrsa Gaedhilge.' (Féach, mar shampla, liosta na leabhar don Chúrsa in 1925 in *FL*, 9.5.1925: 2.) Bhí Comhaltas Uladh buartha go gcuirfeadh an mhíchothromaíocht sin le fás an aineolais ar Ghaeilge Uladh, agus toisc go raibh fogha á thabhairt faoin nGaeilge i scoileanna an Tuaiscirt freisin, ba bhuairt dhlísteanach í sin. Bhí tuiscint luath ann i measc bhaill Chomhaltas Uladh, mar sin, ar an tábhacht a bhain le seoladh an aosa óig chun na Gaeltachta chun an teanga a chur chun cinn. Ag an gcéad chruinniú oifigiúil den eagraíocht i mí na Samhna 1926, aontaíodh go mbunófaí scéim scoláireachtaí chun páistí a sheoladh chuig Gaeltachtaí Thír Chonaill ('Coisde Groithe Sealadhach – Cruinniú 17/xi/26,' Miontuairiscí Chomhaltas Uladh, 1926). Pléadh an scéim arís ag an gcéad chruinniú de 'An Dáil Mhór,' cruinniú bliantúil an Chomhaltais ar 6 Meitheamh 1927:

On the motion of Fr. L. Murray and Fr. C. Ward, it was agreed, after discussion, to provide two scholarships, value £5 each, in an Irish-speaking district, for students of Irish in each of the Six Counties, that candidates for these scholarships be under 17 years of age, and that the standard for examination be that of entrance to the Fainne.

Thabharfadh na scoláireachtaí seo deis do pháistí sna Sé Chontae tumadh a fháil i nGaeilge bheo Uladh ionas go bhféadfaidís í a chur chun cinn ina gcontaetha féin. Is léir ó thuairiscí nuachta an ama gur seoladh na páistí chuig Coláistí Gaeilge i Rann na Feirste, Tír Chonaill ar feadh míosa. ('The Language Movement in Ulster,' *Fermanagh Herald*, 17.12.1927: 6; *Donegal News*, 5.10.1929: 4.)

Direofar anois ar ról ceannródaíoch na gColáistí Gaeilge sin maidir le dlús a chur faoin aos óg sna Coláistí ó na 1920í ar aghaidh, ag an am céanna go raibh formhór na gColáistí Gaeilge sa Saorstát gafa le cúrsaí do mhúinteoirí.

Ciste na bPáistí agus Coláiste Bhríde i Ros Glas, Co. an Dúin

Is i gcomhthéacs naimhdeas rialtas an Tuaiscirt i leith na teanga agus neamhaird rialtas Shaorstát Éireann ar Ghaeilge Uladh a cuireadh níos mó béime ar scéimeanna Gaeltachta don aos óg sna Sé Chontae sna 1920í agus 1930í, amhail Ciste na bPáistí i mBéal Feirste. Cé go raibh an Ciste ag feidhmiú le beagnach 20 bliain faoi 1921, chuir imeachtaí na Críochdheighilte isteach ar réachtáil na scéime an bhliain sin agus in 1922. In 1921, thug Seán Mac Maoláin, gníomhaí teanga i mBéal Feirste, páistí na scéime chuig Rann na Feirste agus chuir sé ranganna ar siúl dóibh sa scoil náisiúnta. (Bhí an-taithí aige ar shaibhreas Ghaeilge an cheantair agus é pósta le bean as Doire na Máinseir, Anna Nic Giolla Chomhghain, Mac Maoláin, 1969: 130; ‘Ceann Dubrann 3,’ Agallamh le Seán Ó Duibheannaigh as Rann na Feirste, 2004; Uí Laighléis, 2003).

Leagadh béim úr ar Chiste na bPáistí an bhliain dar gcionn in 1922 agus Tuaisceart Éireann ag teacht i bhfeidhm. Tugadh aitheantas do luach na scéime i litir a scríobh ‘*Old Timer*’ san *Irish Independent* i mí an Mheithimh:

*In past years the Belfast Gaelic League sent a large number of the children attending their classes to Irish colleges in Donegal, Omeath, Clogherhead, and other centres in the summer months. It will, I suppose, be hardly possible for the Belfast Coiste Ceanntair to do so this year; but as their children have suffered, and are suffering, a good deal, I think an effort should be made to keep the tradition either by Aireacht na Gaedhilge or the Coiste Gnotha (‘Belfast Children and Irish,’ *Irish Independent*, 8.6.1922: 7).*

Thug ‘*The Phrase Method Committee*’ freagra ar ‘*Old Timer*’ seachtain ní ba dhéanaí:

*We thank ‘Old-Timer’ for his letter suggesting help from the Aire na Gaedhilge or Coisde Gnotha to send Belfast children, as in former years, to an Irish College. A few old-timers met in Father Toal’s parlour in order to keep up the tradition he mentions and arranged to send 30 children to Rossglass College for July – a good month to be out of Belfast (‘Belfast Children and Irish,’ *Irish Independent*, 13.6.1922, 6.1922: 7)*

Luaitear ‘Rossglass College’ sa tuairisc seo, Coláiste nach maireann mórán eolais air ar chor ar bith. Is cosúil gur timpeall bliain nó dhó i ndiaidh bhunú Choláiste Íde i gCo. Lú, a bunaíodh Coláiste Bhríde Ros Glas, Co. an Dúin; Coláiste eile dírithe go hiomlán ar pháistí, a bhí faoi stiúir an Athar Uí Thuathail. (De réir Aedín Ní Choirbhín [1980] bunaíodh an Coláiste in 1920, agus deir Ciarán Uí Dhuibhín [2023] go raibh sé ar bun faoi 1921. Ní raibheas in ann teacht ar thagairt ar bith don Choláiste sna nuachtáin, áfach, go dtí an bhliain 1922). Ba dheis

iontach í bunú an Choláiste don Athair Ó Tuathail leas a bhaint as a mhodh teagaisc féin, Modh na Ráite, agus leabhar foilsithe aige ar an modh sin in 1919. De réir chuntas Sheáin Mhic Mhaoláin ar an gColáiste in *Misneach* in 1922 ('Colaisde na bPaisde i Ros Glas, 2.12.1922: 3):

Le cainnteóirí Gaedhilge a dhéanamh de na páisdí a cuireadh an Choláiste ar bun. Caidé eile dhéanfadh sí agus an t-Athair Ó Tuathail i n-a cionn?... Na daoine bhí ag teagasg ar an Choláiste i Ros Glas, bhí sean-chleachtadh agus eolas ceart ar Mhodh na Ráidhte aca. Ba neamh-ionann a gcuid oibre agus cuid de'n teagasg a dtabhairtear Modh na Ráidhte air. Le n-a chois sin, ba chainnteóirí dúthchais beirt de'n lucht teagaisg.

Bhí Modh na Ráite in úsáid ar bhealach 'ceart' anseo mar sin, agus an Coláiste faoi stiúir fhís Uí Thuathail an teanga bheo nádúrtha a theagasc. Fiú agus cainteoirí dúchais ar an bhfoireann teagaisc, díol spéise is ea lonnú an Choláiste i Ros Glas, óir níor Ghaeltacht a bhí sa cheantar sin sna 1920í, agus ba thumadh an fhoghlaiméora sa teanga bheo a bhí gar do chroí Uí Thuathail i gcónaí (Ní Choirbhín, 1980: 3–4). Ach b'fhéidir gur bhain suíomh an Choláiste lena chomharsanacht do Bhéal Feirste, mar a deir Ní Choirbhín (1980: 3–4): 'Bhí an suíomh fóirsteanach go maith do chúrsaí samhraidh. Sa chéad áit, níl sé ach tríocha míle ó Bhéal Feirste, agus bhí seirbhís traenach fhad le Cill Locha. Tá an dúiche fairsing, folláin agus tá an trá sábháilte.' Níor mhair an Coláiste ach go dtí samhradh 1923, tuairim is leathbhliain i ndiaidh bhás Uí Thuathail, ach lean an Coláiste ar aghaidh an bhliain sin faoi stiúir sagairt eile a raibh baint acu le gluaiseacht na teanga ó thuaidh, an tAthair Aodh Ó Brolcháin, an tAthair Fullerton agus sagairt eile ina measc (Ó Duibhín, 2023).

Bunú Choláiste Phádraig i Rann na Feirste, 1924

De réir Ní Choirbhín (1980: 4): 'I samhradh na bliana 1924 chuaigh baicle d'iarscoláirí an choláiste (i Ros Glas) ar an turas fada go Tír Chonaill, go Rinn na Feirste, agus na sagairt dhílse sin, an tAthair Ó Brolcháin, an tAthair Ó Broin, agus an tAthair Mac an tSagairt, á dtionlacan.' De réir cuntais in *An tUltach* in 1963, chuaigh Maighréad Nic Eoin, iar-theagascóir sa Choláiste i Ros Glas, chuig Rann na Feirste an bhliain chéanna sin in 1924, 'nuair a bhí sí ag cuidiú leis an Athair Ó Brolcháin a bhunaigh an chéad choláiste samhraidh ansin' (*An tUltach*, 1963: 2). Is dócha gurb é Coláiste Phádraig, Rann na Feirste, atá i gceist anseo – Coláiste do pháistí freisin. Níl aon saothar foilsithe go fóill a dhíríonn ar an gColáiste seo, agus is deacair teacht ar eolas ar bith faoi. Tá cúpla focal ag Pádraig Ó Baoill (2000: 225), áfach, faoin gColáiste in *Ó Ghleann go Fánaid*: 'Bhí muintir Bhéal Feirste fosta ar na chéad daoine a chuaigh go Coláiste Phádraig i Loch na nDeorán, nuair a bhunaigh an tAthair Mac Luaidh (Fullerton) agus an tAthair Ó Brolcháin an Coláiste sin in 1924.' Tá alt le hIóseph Ó Searcaigh (1976: 17–9) in iarsmalann Choláiste Bhríde a thugann léargas breise ar an scéal: 'bhí coláiste ag an Ath. Ó Brollacháin as Béal Feirste [i Loch na nDeorán] – foirgneamh trí

sheomra a tógadh go luath ins na tríochaidí. Is cinnte gurbh é seo Coláiste Phádraig, agus an sagart céanna luaite leis. Cé nár tógadh foirgneamh an Choláiste go dtí am éigin sna 1930í, is cosúil go mbíodh an Coláiste á reáchtáil i Scoileanna Náisiúnta an cheantair roimhe sin, rud a tuairiscíodh in 1933:

We have the use of the National schools in Rann na Feirsde, for the college, which is divided into two classes, one for those who have been previously to the Gaedhealtacht and are fairly proficient. This class is taken by Johnny Sheamuisin, a native, a truly splendid type; he teaches by the phrase method. The other class, which is for children who are experiencing the Gaeltacht for the first time, is taken by a very experienced teacher specially sent from Belfast (Irish Press: 8).

Cé nach luaitear Coláiste Phádraig go sonrach san alt seo, is soiléir gurbh é atá i gceist agus ní Coláiste Bhríde, óir na sagairt chéanna a bheith luaite, an bhéim ar Bhéal Feirste agus na ranganna a bheith ar siúl sna scoileanna náisiúnta seachas Coláiste Bhríde féin (bhí baint ag Johnny Shéamaisín leis an dá Choláiste, féach Nic Laifeartaigh, 2001) Is dócha gur féidir a rá, mar sin, nach raibh foirgneamh Choláiste Phádraig tógtha go fóill in 1933, ach is léir go raibh an Coláiste á reáchtáil. Feictear an bhéim a leagadh ar Mhodh na Ráite sa Choláiste seo chomh maith, cosúil le Coláiste Bhríde Ros Glas agus Ciste na bPáistí trí chéile, agus tuairiscíodh freisin:

The rules of grammar, phonetics, and reading have no place on the programme, the aim of the college is to make fluent Irish speakers... Before the children go to Rann na Feirsde they are pledged to speak in Irish only while in the Gaedhealtacht. This promise is made a very solemn and serious affair. An examination is held previously and children are rejected whose proficiency would not permit of their keeping this pledge. The children stop in the houses of the people, who are, of course, forbidden to speak English to them. Everything is provided from Belfast and back to Belfast, and the actual outlay per head runs to about £6 (Irish Press, 30.5.1933: 8).

Ba mar gheall ar scéim Chiste na bPáistí i mBéal Feirste a bunaíodh an chéad Choláiste Gaeilge do pháistí i Rann na Feirste, mar sin, agus ba Bhéal Feirstigh óga ba mhó a d'fhreastail air. De réir Ióseph Uí Shearcaigh, cheannaigh Coláiste Bhríde foirgneamh Choláiste Phádraig in 1940, agus an Coláiste ag streachailt go mór toisc nach rabhadar in ann 'rations' cogaidh a fháil ó rialtas na Sé Chontae (1976: 19). B'fhéidir gurbh é sin an fáth a bhfuil sé fiordheacair obair Choláiste Phádraig a scaradh ó Choláiste Bhríde agus taighde á dhéanamh orthu. Tá an ceart ag Ní Choirbhín (1980: 3–4) maidir le ról Ros Glas 'i scéal leanúnach na gcoláistí Gaeilge i gCúige Uladh,' óir thug an Coláiste sin deis foghlama do pháistí sna blianta luatha

i ndiaidh chríochdheighilt na tíre, chinntigh sé go leanfadh Ciste na bPáistí i mBéal Feirste ar aghaidh sna blianta sin, agus is mar thoradh ar Choláiste Ros Glas a bunaíodh an chéad Choláiste do pháistí i Rann na Feirste, mar a bhí, Coláiste Phádraig.

Coláiste Bhríde

Díreofar anois ar an gColáiste Gaeilge is iomráití i Rann na Feirste: Coláiste Bhríde. Cé nach bhfuil stair iomlán an Choláiste scríofa go fóill, craoladh clár raidió tábhachtach in 2020 a thugann léargas ginearálta ar ról Choláiste Bhríde i Rann na Feirste ó 1926 (Ó Dónaill, 2020). Ba mar chraobh de Choláiste Bhríde Ó Méith (b.1912) a thosaigh an Coláiste amach i Rann na Feirste in 1926, agus bhog an Coláiste as Ó Méith in 1927 óir bhí Gaeilge Oiriaila ag dul i léig go mór. ('Coláiste Bhríghde, Oméith' *An tUltach* 3, uimh.4 [Bealtaine 1926], 1; 'Coláiste Bhríghde, Rann-na-Feirste,' *An tUltach* 4, uimh.4 [Dómhnach Cás 1927], 8; Gallagher: 2012 'Coláiste Bhríde Ó Méith Mara: Comóradh an Chéid 2012,' *Oidhreacht Oiriaila*). Chuimhnigh Peadar Ó Dubhda go raibh 'seanbhunadh Ó Méith ag imeacht i gcré na cille rith an ama, duine ar dhuine, go dtí nach raibh fágtha díofa ach triúr nó ceathrar fán bhliain seacht is fiche,' agus deir sé gurbh é 'An Sagart Ó Muireadh a smaointiú ar an choláiste a aistriú go Rann na Feirste i dTír Chonaill. Bhí deireadh le Coláiste Ó Méith sa bhliain ocht is fiche' (Cartlann RTÉ, 1950). D'oscail an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh Coláiste Bhríde Rann na Feirste i Meitheamh 1926, agus bhí an Coláiste sin faoina stiúir mar phríomhoide go dtí gur ghlac Comhaltas Uladh an cúram sin uaidh in 1935 (Ó Diolúin, 2007: 329 & 335; McCafferty, 2024: 223–9).

Bhí ról speisialta ag an aos óg i gColáiste Bhríde ón tús. In 1927, an chéad bhliain den Choláiste a bheith go hiomlán i Rann na Feirste, bhí seisiún speisialta le haghaidh 'Scoil na bPáisde' ar siúl i mí Lúnasa agus fógraíodh í mar seo a leanas:

Páistí a bhfuil measaracht Gaedhilge aca is fearr bhóirfidh an áit seo dóbhfha. Ní labhairtear innte ach Gaedhilg, agus, mar sin de, ba ghairid a bheadh a leithéid ag teacht isteach ar chainnt na ndaoine. Má's maith leat an Ghaedhilg a thabhairt do na páisidí, cuir chuige Rann-na-Feirste iad i mí Lúghnasa. ('Coláiste Bhríghde, Rann-na-Feirste,' *An tUltach* 4, uimh. 7 (Lughnasa 1927), 8)

Ba léir go raibh fás ag teacht ar líon na bpáistí an bhliain dar gcionn in 1928 óir bhí dhá sheisiún de 'Scoil na bPáisde' ar siúl sa Choláiste, i mí Iúil agus i mí Lúnasa, rud a fógraíodh go bródúil ar bhrollach *An tUltach* (*An tUltach* 5, uimh. 5 [Mí na Feil' Eóin], 1). Bhí mí Iúil ina iomláine tugtha do na páistí faoin am seo ('Coláiste Bhríghde, Rann-na-Feirste,' Réamheolaire an Choláiste do 1928, Iarsmalann Choláiste Bhríde. 1928: 1). Faoi 1932, ba léir go raibh an Coláiste ag tiontú níos mó i dtreo an aosa óig agus tuairiscíodh: '*While courses are provided*

for teachers and adults during the month of August, Rannafast is primarily a Children's College' (*Strabane Chronicle*, 1932: 8). Tháinig fás mór ar líon na bpáistí a bhí ag freastal ar Choláiste Bhríde sna 1930idí, agus feictear i ngrianghraif a foilsíodh in *An tUltach* an chodarsnacht mhór idir an chéad sheisiúin de 'Scoil na bPáistí' in 1926, agus líon ard na scoláirí óga a bhí ag freastal díreach ar sheisiún amháin den scoil sin in 1935 (*An tUltach* 3, uimh. 8, 1926 agus *An tUltach* 12, uimh. 9, 1935). Is cosúil gur mhair na ranganna Gaeilge ar an gcúrsa do pháistí i gColáiste Bhríde ón 11am go dtí 3pm Luan go hAoine, le sos uair an chloig le haghaidh lóin (*Strabane Chronicle*, 1932: 8). Bhí an-bhéim ar shiamsa sa Choláiste, agus imeachtaí ar nós: bádóireacht, snámh agus dreapadh sléibhte á reáchtáil go minic, agus céilithe ar siúl cúpla tráthnóna i rith na seachtaine chomh maith (*Strabane Chronicle*, 1932: 8). Díol suntais is ea obair an Choláiste ar son Ghaeilge bheo Uladh agus ar Mhodh na Ráite chun í a theagasc – tá macalla mhaíomh Uí Thuathail le brath, go deimhin, i maíomh an Choláiste féin '*that, after one session, we can make fluent Irish Speakers of children who have completed the ordinary National School programme.*' (in 1914, mar shampla, scríobh Ó Tuathail '*I am convinced that, if the right method were followed, fluent speakers of Irish could be made in six months*' in 'The Phrase or Dialogue Method of Teaching Irish,' ACS, 14.3.1914, 9). Go deimhin bhí seanaithe ag an Athair Ó Muireadhaigh ar an Athair Ó Tuathail agus iad beirt ag teagasc in Ó Méith ó 1913. (*Coláiste Bhríghde Oméith*, Réamheolaire an Choláiste 1913, Iarsmalann Choláiste Bhríde Rann na Feirste.) In 1950, thagair Peadar Ó Dubhda don obair a bhíodh ar siúl acu beirt ansin an Ghaeilge bheo a scaipeadh i measc scoláirí an Choláiste:

Is iomdha sin módh múinteórachta bhain muid triail as, ach ba é 'modh na ráite' an módh b'éifeachtaighe. An Sagart Donal Ó Tuathail as Dún Phádraig, i gCo. an Dúin a chéad-smaointigh ar an módh sin, agus a chuir i bhféim é... bhearfadh sé fhéin agus an Sagart Lorcan Ó Muireadhaigh sgaifte mhór de na scoláirí leofa suas a sléibhte ar cuairt ag sean-bhean éigin. Bhí neart ceoltaí 7 scéaltaí acu uilig in Oméith. Suidheadh an tsean-bhean ar an chlaidhe amuighe agus scaifte thart uirthi ag éisteacht. Chuiridís ráite indéidh ráite de ghlan-mheabhair no go mbíodh aca. Eadar sin agus an modh céadna ins an Choláiste, ní rabh i bhfhoghlaim na Gaeilge againn ach caithiú aimsire aoibhinn. (Cuntas Pheadar Uí Dhubhda ar obair Choláiste Bhríde Ó Méith. Litir ó Pheadar Ó Dubhda chuig Proinsias Ó Conluain 5.7.1950, P259/1083, Cartlann UCD.)

Cosúil leis an méid a bhíodh ar siúl in Ó Méith, tugadh páistí i Rann na Feirste '*on tours to some of the noted Seanachies where stories, etc., are transcribed under the guidance of members of the staff*' (*Strabane Chronicle*, 1932: 8). Bhí an Coláiste an-dian ar labhairt an Bhéarla ón tús agus tuairiscíodh:

Any student who is not prepared to avoid altogether the speaking of English need not think of attending the College. This rule is strictly enforced – in the halls, at recreation time, and in the

boarding houses. The people of the district are noted for their kindness – in regard to this one rule do they realise that strictness is necessary (Strabane Chronicle, 1932: 8).

D'fhógair lucht an Choláiste i gcónaí go seolfaidís abhaile duine ar bith a labhair i mBéarla, agus tá neart scéalta ag muintir na háite faoin Athair Ó Muireadhaigh ag tabhairt páistí a labhair Béarla chuig an stáisiún traenach, ach é i gcónaí déanach don traen, amhail an méid seo a luann Lorcán Ó Searcaigh (2000: 133–48):

Cé go dtiocfadh leis bheith tobann fosta anois agus arís, ní raibh an tAth. Ó Muirí míréasúnta agus, má chonaic sé go raibh scoláirí ag déanamh a ndíchill, ní chuirfeadh sé chun an bhaile iad. Is iomaí uair a bhí sé, d'aon ghnó, mall don traen nó don bhus agus é ag bagairt an bhaile orthu.

Luach Choláistí Gaeilge Rann na Feirste do ghluaiseacht teanga Chúige Uladh

Is spéisiúil, agus is tábhachtach luach Rann na Feirste don ghluaiseacht teanga sna Sé Chontae ó lár na 1920í ar aghaidh. Bhí fiornasc cothaithe ag na Coláistí ansin idir muintir na Sé Chontae agus Gaeltacht Thír Chonaill, agus le Béal Feirste go háirithe, de thairbhe 'Chiste na bPáistí,' rud a bhí ríshoiléir ag tús na 1930í nuair a tuairiscíodh:

All our people know of Rann na Feirste, and it has been said that a greater percentage of Belfast Gaels spend their holidays in the Gaedhealtacht. than those of any other part of Ireland. This is due to the fruits and advertisement of the children's annual visit. (Irish Press, 1933: 8)

Go deimhin, in 1933 agus tarraingt siar na ndéontas don Ghaeilge mar ábhar bunscoile á bagairt ag Rialtas Bhéal Feirste, luadh Rann na Feirste agus a Coláistí mar chroílár ghluaiseacht na teanga ó thuaidh:

we trust that there will not be one of the Six Counties that will not be represented by several pupils at Rannafast. That will be Gaelic Ulster's real reply to the narrow-minded anti-Nationalism of the Unionist majority in the Belfast Parliament. ('To Answer Six County Bigotry,' The Derry Journal, 9.6.1933: 7)

Ghlac Coláiste Phádraig, Coláiste Bhríde agus Coláistí Ultacha eile ról tábhachtach mar institiúidí oideachais a thug deis d'aos óg na Sé Chontae a dteanga dhúchais a fhoghlaim nuair a bhí fogha á thabhairt faoin teanga sna Sé Chontae, agus neamhaird á tabhairt ar Ghaeilge

Uladh sa Saorstát; rud a chinntigh buanú agus sealbhú Ghaeilge bheo Uladh i measc glúinte úra. Go deimhin in 1934, thug an Tiarna Ashbourne, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, léargas soiléir ar ardluach na gColáistí Gaeilge do ghluaiseacht na teanga ó Thuaidh:

When in Belfast two years ago, I was in the Falls district, and I was delighted to observe that a new Gaeltacht was growing up in that populous area. This is the direct result of sending Belfast children to the Donegal Gaeltacht. (Irish Independent, 1934: 10)

Conclúid

Tá sé soiléir gur cuireadh béim faoi leith ar luach an aosa óig in obair na Gaeilge sa Tuaisceart ó 1922 ar aghaidh, ach rinneadh sin ar chúiseanna éagsúla ón Saorstát. Seachas an teanga a dhaingniú sa chóras oideachais, bhí rialtas na Sé Chontae ag baint an deis de pháistí í a fhoghlaim laistigh de ghnáthuaireanta an lae scoile. Faoi 1920, ní raibh ach Coláiste Gaeilge amháin do pháistí ar an bhfód, ach tháinig athrú air sin i ndiaidh na críochdheighilte in 1921, nuair a bunaíodh Coláiste Ros Glas le cinntiú go mbeadh deis ag páistí Bhéal Feirste leanúint den Ghaeilge a fhoghlaim. Ba cheart aitheantas a thabhairt, mar sin, do ról tábhachtach Choláistí Gaeilge thuaisceart na tíre, i gCo. an Dúin agus i dTír Chonaill ach go háirithe, a thosaigh ag díriú ar pháistí go speisialta sna blianta ó 1921 ar aghaidh – beagnach deich mbliana sula bhfeictear a leithéid ag tarlú sa Saorstát trí chéile. I rith na 1920í, chuir na Coláistí Gaeilge Ultacha go mór le buanú agus leathnú Ghaeilge Uladh, agus daingníodh naisc láidre idir muintir Ghaeltachtaí Thír Chonaill agus aos óg na Sé Chontae. Leis na Coláistí Ultacha do pháistí sna 1920í, mar sin, a fheictear fréamhacha Choláistí Gaeilge na todhchaí á gcur: institiúidí d'aos óg scoileanna na tíre go príomha.

Tagairtí

- Akenson, D.H. (2012) *The Irish Educational Experiment: The National System of Education in the Nineteenth Century*. Taylor & Francis.
- An tUltach* (1963) ‘Maighréad Nic Eoin.’ *An tUltach* 40, uimh.5. 2.
- Andrews, L. (1997) ‘The very dogs in Belfast will bark in Irish: The Unionist Government and the Irish Language 1921–43.’ Mac Póilin, A. (eag.) *The Irish Language in Northern Ireland*. Iontabhas ULTACH. 49–94.
- Bourke, R. (2022) ‘7 January 1922: The Ratification of the Anglo-Irish Treaty: Political Thought in Independent Ireland.’ Gannon, D. & McGarry, F. (ed.) *Ireland 1922: Independence, Partition, Civil War*. Royal Irish Academy. 9–14.
- Forbairt Feirste & Foras na Gaeilge. (2010) *Oidhreacht Feirste: An Ghaeilge i mBéal Feirste*.
- Gallagher, A. (eag.) (2012) *Oidhreacht Oiriaila: Coláiste Bhríde Ó Méith Mara, Comóradh an Chéid 2012*. Craobh an Iúir de Chomhaltas Uladh.
- Gannon, D. & McGarry, F. (2022) ‘Remembering 1922.’ Gannon, D. & McGarry, F. (eag.) *Ireland 1922: Independence, Partition, Civil War*. Royal Irish Academy. xvii–xlv.
- Mac Congáil, N. (2006) ‘Bunú Choláiste na gCeithre Máistrí.’ *An tUltach* 83, uimh.10. Deireadh Fómhair. 10–4.
- Mac Congáil, N. (2006) ‘Stair na gColáistí Gaeilge agus Bunú Choláiste Uladh.’ Ó Ceallaigh, S. (eag.) *Coláiste Uladh 1906–2006*, Coiste Cuimhneacháin Choláiste Uladh. 110–40.
- Mac Congáil, N. (2009) ‘Bunú Choláiste Chomhghaill, Béal Feirste 1905.’ Mac Craith, M. & Ó Héalaí, P. (eag.) *Diasa Díograise. Aistí in Ómós do Mháirtín Ó Briain*. Cló Iar-Chonnacht. 109–27.
- Mac Diarmada, M. (2020) “‘Those Little Ones Immersed in a Sea of Foreign Influences’”: Teaching Irish Language and Culture to Children in London in the Early 1900s.’ *Irish Economic and Social History* 27, uimh.1. 97–111.
- Mac Giolla Chomhaill, A. (1983) *Lorcán Ó Muireadhaigh: Sagart agus Scoláire*. An Clóchomhar Tta.

- Mac Giolla Domhnaigh, G. (1995) *Conradh Gaeilge Chúige Uladh ag tús an 20ú chéid*. Comhaltas Uladh.
- Mac Maoláin, S. (1969) *Gleann Airbh go Glas Naíon*. Oifig an tSoláthair.
- Mac Póilin, A. (2006) 'Irish in Belfast, 1892–1960: from the Gaelic League to Cumann Chluain Ard.' de Brún, F. (eag.) *Belfast and the Irish language*. Four Courts Press. 114–35.
- McCafferty, M. & Nic Congáil, R. (2023) 'Extra-Curricular language learning: The case of the Irish language summer colleges (1904–2023).' *Linguistic Minorities in Europe*. De Gruyter Mouton. 1–23.
- McCafferty, M. (2022) 'You cannot teach the children of Ireland Irish until the teachers have got Irish themselves: na Coláistí Samhraidh agus Modhanna Múinte na Gaeilge, 1904–1922.' *ComharTAIGHDE* 8. 1–23.
- McCafferty, M. (2024) *Ag Teacht in Innhe: Na Coláistí Gaeilge agus Cruthú an Chultúir Náisiúnta Éireannaigh, 1904–1940*. Tráchtas PhD Neamhfhoilsithe. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- McCafferty, M. (2025) 'The Role of the Irish Language Summer College in Revolutionary Ireland, 1913–1921.' *Irish Historical Studies* 174. Bealtaine – Le teacht.
- Ní Choirbhin, A. (1980) 'Coláiste Bhride, Ros Glas.' *An tUltach* 57, Iúil 7. 3–4.
- Nic Congáil, R. (2010) *Úna Ní Fhaircheallaigh agus an Fhís Útóipeach Gaelach*. Arlen House.
- Nic Congáil, R. (2022) *An Óige agus an Athbheochan*. Cló Léinn na Gaeilge.
- Nic Laifeartaigh, M. (2001) 'Johnny Shéamaisín.' *An tUltach* 78, uimh.4, Aibreán. 10–12.
- Ó Baoighill, P. (2000) *Ó Ghleann go Fánaid*. Coiscéim.
- Ó Coigligh, S. (2014) *Na Coláistí Gaeilge mar ghné d'ATHbheochan na Gaeilge, 1904–1912*. Tráchtas PhD Neamhfhoilsithe, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Ó Diolúin, C. (2007/2008) 'Lorcán Ó Muireadhaigh agus Comhaltas Uladh.' *Seanchas Ardmhacha* 21/22, uimh.2, 319–40.

- Ó Laoire, M. (2019) 'An Ghaeilge sa Chóras Oideachais: Pleanáil sealbhaithe agus curaclam.' Ó hÍfearnáin, T. (eag.) *An tSochttheangeolaíocht: Taighde agus Gníomh*. Cois Life Teoranta. 243–64.
- Ó Searcaigh, I. (1976) 'An tAth. Ó Muireadhaigh agus Colaiste Bhríde.' *Iarsmalann Choláiste Bhríde*.
- Ó Searcaigh, L. (2000) 'Ceann Dubhrann.' Ó Tuathaigh, G., Ó Laoire, L. & Ua Súilleabháin, S. (eag.) *Pobal na Gaeltachta – A scéal agus a dhán*. Raidió na Gaeltachta i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht. 133–48.
- Ó Tuathail, D. (1919) *Láimh-leabhar Mhódha na Ráidhte*. The Phrase Method Committee.
- O'Leary, P. (2004) *Gaelic Prose in the Irish Free State*. University College Dublin Press.
- Uí Laighléis, G. (2003) *Seán Mac Maoláin agus Ceart na Gaeilge*. Cois Life Teoranta.
- Walsh, J. (2022) *One Hundred Years of Irish Language Policy, 1922–2022*. Peter Lang.

Irisí & Nuachtáin

An Claidheamh Soluis

An tUltach

Derry Journal

Donegal democrat

Donegal News

Fáinne an Lae

Fermanagh Herald

Irish Independent

Irish Press

Misneach

Strabane Chronicle

Ulster Herald

Foinsí ar líne

An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge. www.ainm.ie

Ceann Dubhrann 3. (2004) Agallamh le Seán Ó Duibheannaigh as Rann na Feirste. BBC.co.uk. <https://www.bbc.co.uk/northernireland/irish/blas/education/ceannDubhrann/page03.shtml>.

Ó Dónaill, D. (2020) *Coláiste Bhríde, Rann na Feirste*. Clár faisnéise. RTÉ.ie. <https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/22150234/>

Ó Duibhín, C. *Daoine a chuidigh le hoidhridheacht Ghaedhealach Chúige Uladh a bhuanú*. <https://www3.smo.uhi.ac.uk/oduibhin/daoine/oidhridheacht.htm>

Bunfhoinsí & Foinsí Cartlainne

Acetate Disc Collection. Cartlann RTÉ. <https://www.rte.ie/archives/collections/acetate-disc-collection/>

An Chraobh-Ruadh, Irisleabar Chonnartha na Gaedhilge ghá chur amach ag muinntir na h-Ard-Sgoile Ultaigh, Béal Feirste. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath, Éire.

Coláiste Bhríghde Oméith. Réamheolaire an Choláiste 1913, Iarsmalann Choláiste Bhríde Rann na Feirste, Tír Chonaill, Éire.

Coláiste Bhríghde, Rann-na-Feirste. Réamheolaire an Choláiste 1928, Iarsmalann Choláiste Bhríde Rann na Feirste, Tír Chonaill, Éire.

Leabhar iontrála Choláiste Bhríde. Iarsmalann Choláiste Bhríde Rann na Feirste, Tír Chonaill.

Miontuairiscí Chomhaltas Uladh. Cartlann Chomhaltas Uladh, Gaeláras Mhic Ardghail, Iúr Cinn Trá, Éire.

RTÉ Scripteanna Chaint Raidió i nGaeilge, UCDA P259. Cartlann UCD, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Éire.



Ó ‘clábar’ go ‘clobber’ agus an t-athrú cló: forás brí ainmfhocail de bhunús Gaeilge i dTalamh an Éisc le himeacht ama

Kate Murphy

<https://doi.org/10.13025/29630>

Agus ré na teicneolaíochta linn bíonn gá le téarmaí nua a chumadh go rialta le dul i ngleic le riachtanais teanga na sochaí: focail ar nós ‘féinín’ agus ‘clicmhealladh’, mar shampla. Léirítear riachtanais teanga éagsúla a thagann chun cinn ó ghlúin go glúin agus an saol ag athrú. Anuas air sin, is minic a bhíonn focail iasachta fite fuaite i dteangacha agus iad á n-úsáid go nádúrtha ag an bpobal labhartha: leithéidí *tsunami*, *avatar*, *sudoku*, *cul-de-sac*, cuirim i gcás. Is díol spéise go nglactar leis na leaganacha iasachta sin de réir a chéile, rud a léiríonn an meascadh cultúrtha a tharlaíonn beagnach i ngan fhios don phobal labhartha agus an chaoi a mbíonn teangacha ag athrú de shíor dá bhrí sin. Ní heisceacht í an Ghaeilge agus í ag athrú leis na cianta. Is é aidhm an ailt seo, mar sin de, díriú ar athrú céille ainmfhocail de bhunús Gaeilge i dTalamh an Éisc mar shampla ar leith den phróiséas athraithe sin. Déanfar iniúchadh agus anailís ar raon samplaí atá le fáil sa *Dictionary of Newfoundland English* (Story *et al.*, 1982) trí lionsa na staire agus na teangeolaíochta, chun patrúin shuntasacha éagsúla a thabhairt chun solais maidir leis an bhforás brí a tharla do na focail sin le himeacht ama.

Cúlra an Taighde

Is léir go bhfuil stair chasta, shaibhir, shuimiúil ag Béarla Thalamh an Éisc de bharr na lonnaitheoirí éagsúla a chinn cur fúthú ann: Éireannaigh, Sasanaigh, Francaigh agus Albanaigh ina measc, a thug leo a gcuid nósanna, a gcultúr agus a dteangacha, ar ndóigh. Is mar gheall air

sin a bhí tionchar ag na lonnaitheairí úd ar an gcineál Béarla a labhraíodh i dTalamh an Éisc. Cuireann Séamus Ó Maoláin síos ar chanúintí, ag sonrú gur toradh na staire iad, *‘Dialect, or local speech, has been called “the mark of history on our tongues”’* (1981: 231). Ghlac an imirce ról lárnach i stair na hÉireann agus ba é Talamh an Éisc ceann scríbe an-chuid díobh ó oirdheisceart na tíre san 18ú haois. Bhíodh tionchar na n-imirceach Éireannach le brath go mór ar shochaí Thalamh an Éisc thar na blianta, agus ar an mBéarla a labhraítear ann. Baineann canúint Bhéarla Thalamh an Éisc, mar atá go fóill, go mór le cúinsí staire, tíreolaíochta agus eacnamaíochta an réigiúin.

Lonnaigh na himircigh Éireannacha sna réigiúin is imeallaithe i dTalamh an Éisc agus iad ag brath go mór ar an iascaireacht trosc san ochtú haois déag. Daonra íseal, scaipthe a bhí ann, agus lonnaíochtaí na nGael suite fud fad an chósta, go háirithe. Choimeád na himircigh leo féin agus b’annamh a mheasc siad le muintir na mórthíre i gCeanada. Is dá bharr sin gur mhair agus gur coimeádadh an chanúint shainiúil seo beo ó shin (Clarke, 2010: 3). (Léitheoirecht bhreise: Ó hEadhra, A. (1998) *Na Gaeil i dTalamh an Éisc*. BÁC: Coiscéim). D’fhás agus d’fhorbair an teanga le dul i ngleic leis an timpeallacht, le saol na ndaoine ann agus leis na postanna a bhí acu siúd (Casey, 1986: 215).

Is díol suime é an taighde a rinne Séamus Ó Maoláin nach mór tríocha bliain ó shin ar fhoclóir combhaimseartha Chill Chainnigh. Tugann an taighde sin le fios dúinn go bhfuil an Béarla a labhraítear i dTalamh an Éisc an-chosúil leis an mBéarla a labhraíodh in oirdheisceart na hÉireann san 18ú agus sa 19ú haois: *‘entry after entry shows usages that are parallel or closely similar to those collected in the areas of Irish settlement in Newfoundland – in pronunciation, stress, morphology, sense or traditional customs’* (Story et al., 1982: xxi). Tacaíonn an taighde sin le stair na himirce agus leis an tionchar teangeolaíochta a tháinig ar Thalamh an Éisc ó shin agus tús áite ag foghraíocht shainiúil na nGael ann. Cé go bhfuil taighde agus caomhnú déanta ar an mBéarla a labhraíodh agus a labhraítear in Éirinn agus i dTalamh an Éisc araon, tá bearna sa taighde maidir le tionchar na Gaeilge ar an mBéarla a labhraítear ann. Léiríonn McMonagle an bhearna thaighde sin nuair a deir sí: *‘future analysis of the Irish language in Canada will surely enrich the “mosaic”, find a place for it in Canadian history and a space for it in the relevant scholarship’* (2012: 148). Chuirfeadh taighde agus anailís teangeolaíochta ar an mBéarla i dTalamh an Éisc go mór le stair, foghraíocht agus foclóir na canúna a thuiscint amach anseo. Rinneadh an chuid is mó den taighde teangeolaíochta ar chanúint Thalamh an Éisc sna 1900í. Ar an údar sin, dar liom, is gá tuilleadh taighde a dhéanamh sa réimse seo agus beidh an t-alt seo ag díriú ar ghné amháin den cheist: forás brí ainmfhocail de bhunús Gaeilge i dTalamh an Éisc le himeacht ama.

Modheolaíocht

Chun iniúchadh a dhéanamh ar fhorás brí ainmfhocail de bhunús Gaeilge i dTalamh an Éisc, déanfar anailís ar fhoinsí iontaofa ar leith a bhaineann leis an ábhar taighde. Roghnaíodh an rann cainte seo toisc gurb é an rann ina bhfuil an líon focal is mó a tháinig faoi thionchar na Gaeilge agus atá le cloisteáil i ngáthchaint na ndaoine in Éirinn agus i dTalamh an Éisc san am i láthair. Chomh maith leis sin, braitheadh gurbh éasca na hainmfhocail a rangú de réir réimsí saoil ar leith agus anailís a dhéanamh orthu ar an gcaoi sin. Ar an dea-uair tá ábhair luachmhara ar fáil leis an gcineál anailíse sin a dhéanamh. Sonraítear príomhfhoinsí an taighde thíos.

Dictionary of Newfoundland English (DNE), 1982

Is foinse ríthábhachtach é an DNE ó thaobh focal agus frásaí de bhunús na Gaeilge de i dTalamh an Éisc. D'éirigh le tiomsaitheoirí an fhoclóra báiliúchán saibhir de chaint na ndaoine agus na gnéithe teangeolaíochta saineúla sin a thairfead, sular tháinig meath iomlán ar an gcanúint: *'It is the purpose of the Dictionary of Newfoundland English to present as one such index the regional lexicon of one of the oldest overseas communities of the English-speaking world'* (Story *et al*, 1982: xvii). Tháinig an t-eolas ar fad don taighde seo ó fhoinsí scríofa agus béil agus d'éirigh leis na tiomsaitheoirí (Story, Kirwin & Widdowson) focail, frásaí agus nathanna cainte a chur os comhair na ndaoine i bhfoirm foclóra. Foilsíodh sa bhliain 1982 é agus léiríodh ann go tréan an chanúint shaibhir Ghaelach agus Shasanach a bhain le Talamh an Éisc. Cuireann an DNE teanga an phobail i láthair ar bhealach soléite le sainmhínte d'úsáid áitiúil na bhfocal, agus d'úsáid neamhchaighdeánach focail áirithe eile freisin. *'Thus the Dictionary has entries for after, be, either and its negative, he and she, ye, and other grammatical words which would invite misunderstanding by those unfamiliar with regional usage.'* (Story *et al.*, 1982: xxv)

DNE Wordform Database

Is bunachar sonraí áisiúil atá ar fáil ar shuíomh an DNE é seo a chabhraíonn go mór le hábhair bhreise a chuardach agus a iniúchadh nach bhfuil fáil orthu sa DNE féin. Tá thart ar 77,000 comhad focal ann a bhailigh tiomsaitheoirí an DNE agus an taighde ar siúl acu. Tá samplaí d'úsáid focail aonair do gach comhad focail. Níor úsáideadh ach aon trian de na comhaid sin i leagan foilsithe an DNE. Mar sin de, is foinse thábhachtach eile é an bunachar sonraí sin don taighde teangeolaíochta ar an mBéarla i dTalamh an Éisc, a chuirfidh go mór leis an bhfianaise atá ar fáil sa DNE.

Foclóir Gaedhilge agus Béarla, 1904 (Foclóir Uí Dhuinnín)

Úsáideadh Foclóir Uí Dhuinnín mar fhoinsé chomparáideach le hainmfhocail de bhunús na Gaeilge a mhíniú ag eagarthóirí an DNE agus an taighde ar bun acu. Is foclóir Gaeilge le sainmhínte i mBéarla é. Shocraigh Comhairle Chumann na Sgríbhneann nGaedhilge tionscadal a thosú le cúnadh ó chainteoirí agus ó scoláirí na Gaeilge araon, ar fud na tíre, faoi threoir na n-eagarthóirí, foclóir beag Gaeilge-Béarla a fhoilsiú le haghaidh mic léinn Nua-Ghaeilge. Mar thúsphointe na hoibre sin, bailíodh thart ar 12,000 focal ó ghluaiseanna Gaeilge eile, ón nGaeilge labhartha agus ó théacsanna comhaimseartha scríofa an ama sin. Sórtáladh na focail a bailíodh i bhfoirm duillíní. Chuir an tAthair Ó Duinnín ord agus eagar ar na focail sin chun an foclóir ceannródaíoch sin a chruthú d'fhoghlaimoirí Gaeilge (Ó Duinnín, 1904: 1).

A Dictionary of Anglo-Irish: Words and Phrases from Gaelic in the English of Ireland, 1996

Beidh an foclóir a thiomsaigh Diarmaid Ó Muirithe in úsáid mar fhoinsé chomparáideach freisin. Tugann an foclóir seo an leagan Gaeilge ar dtús agus leanann an míniú Béarla ansin é. Leantar gach ceannfhocal san fhoclóir leis an roinn chainte, leaganacha malartacha (más cuí), bríonna agus míniúcháin i mBéarla. Sonraítear an réigiún/na réigiúin ina n-úsáidtear an focal agus tagraítear d'fhoinsé an fhocail chomh maith (Stalmaszczyk, 1998: 246).

Déanfar plé agus anailís ar shamplaí ar leith de bhunús na Gaeilge a bailíodh ó na foinsí atá luaite thuas. Samplaí d'ainmfhocail atá le cloisteáil i gnáthchaint na ndaoine in Éirinn agus i dTalamh an Éisc araon a bheidh i gceist le taighde an ailt seo. Leagfar béim ar ainmfhocail ar tháinig forás teangeolaíochta ar bhrí an ainmfhocail le himeacht ama agus rangófar iad de réir réimsí saoil.

Forás Teanga

De réir Robert W. Murray, *'The causes of language change find their roots in the physiological and cognitive makeup of human beings'* (1996: 299). Ag teacht leis sin, tá taighde ar fhorás teanga tábhachtach sa mhéid is go gcuireann sé lenár dtuiscint ar conas a thugann tosca sóisialta, cultúrtha, agus síceolaíochta idirghníomhaithe ar theanga a athrú, diaidh ar ndiaidh.

Is ábhar suntais é gur tharla an forás teanga agus na himircigh Éireannacha ag iarraidh dul i ngleic leis an timpeallacht éagsúil a bhí rompu i dTalamh an Éisc san ochtú haois déag. Cé nach teanga phobail í an Ghaeilge sa tír sin a thuilleadh, tá a rian fós le brath ar an mBéarla a labhraítear ann. Is díol suime é gur tháinig forás ar bhrí ainmfhocail Ghaeilge ar leith, atá éagsúil ón mbrí a bhaineann leo i mBéarla na hÉireann agus beifear ag díriú ar an bhforás brí agus tuisceana sin anseo.

Is léir gur Béarla sainiúil a labhraíodh agus a labhraítear go fóill i dTalamh an Éisc agus a thugann aitheantas do stair na háite le go leor focal a labhraítear ann. Tagann athruithe ar theangacha le dul i ngleic leis na daoine a labhraíonn í ach tá nithe eile ann a thugann ar theangacha athrú amhail gluaiseacht daoine ó áit go háit. Is minic a fhágann imircigh lorg buan ar chanúintí, struchtúir abairte, comhréir agus foclaíocht teanga agus iad á lonnú féin i sochaí nua (Casey, 1986: 215). Is mó an tionchar a bhíonn ag tosca soch-chultúrtha ar athruithe teanga an phobail agus tionchar na n-inimriceach le brath go mór ann (McMahon, 1994: 8). Ní eisceacht é tionchar na nGael agus iad ag lonnú i dTalamh an Éisc: *'Newfoundland speech is the speech of people over time as they lived, worked, and played; it is a living, active creation'* (Story *et al.*, 1982: ix). Tháinig athrú ar chuid de na bríonna a bhain le hainmfhocail ar leith a tháinig trasna an Atlantaigh leis na hÉireannaigh agus iad ag dul i ngleic leis an timpeallacht nua i dTalamh an Éisc i gcomparáid leis an taithí a bhíodh acu in Éirinn. Bhain na hathruithe seo le réimsí saoil ar leith; mar shampla, leis an iascaireacht, an timpeallacht, an aeráid, an talamh, agus le baill éadaí. Déanfar anailís ar ainmfhocail shamplacha bunaithe ar na réimsí sin ar ball san alt seo. Is léir gur leagadh an-bhéim ar an iascaireacht mar shlí bheatha in Éirinn agus i dTalamh an Éisc araon (rud atá fíor fós) agus, mar sin de, tá cuid mhaith de na hathruithe brí bunaithe ar an iascaireacht agus ar na héisc féin.

Tá an Béarla a labhraítear i dTalamh an Éisc éagsúil sa mhéid is gur féidir a rá go bhfuil focail le cloisteáil i gcaint na ndaoine ar focail iontaisithe nó sioctha iad, agus go bhfuil an bhrí a bhaineann leo fós cailte ag canúintí beo eile de chuid an Bhéarla. Ar an dóigh sin, caomhnaíodh foclaíocht shainiúil na háite, a tháinig as canúint iardheisceart Shasana agus oirdheisceart na hÉireann (focail a bhfuil bunús Gaeilge ag baint leo). Sa lá atá inniu ann, tá athruithe tagtha ar fhoclaíocht, ar fhrásaíocht, ar bhrí agus ar fhoirm na canúna, rud a léiríonn forás teanga sa réigiún. *'The language of any area can be expected to reflect the characteristic pursuits of its speakers'* (Ó Maoláin, 1981: 231). Tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn timthriall céille thar achar ama ag baint le focail ar leith, freisin. Sampla maith den phróiseas sin is ea an focal *'gay'* sa Bhéarla. Focal é a raibh an bhrí *'meidhreach'* leis ar dtús ach a úsáideadh mar théarma maslach ar dhaoine aeracha ina dhiaidh sin. Ansin ghlac an pobal aerach athsheilbh air agus an phríomhbhrí a bhaineann leis anois ná duine homaighnéasach. (Féach <https://usi.ie/an-focloir-aiteach-the-queer-dictionary-2nd-edition/>.) Is díol suime é an focal *'unfriend'* freisin atá in úsáid go forleathan anois mar aidiacht a chiallaíonn duine a bhaint ó liosta cairde ar na meáin shóisialta, ach ní mar sin a úsáideadh an focal roimhe seo. Is mar ainmfhocal a bhain daoine úsáid as *'unfriend'* agus *'namhaid'* an bhrí a ghabh leis fadó (féach: <https://tinyurl.com/552kksnc>). Tá an t-athrú céanna sin le feiceáil i bhfocail áirithe de bhunús Gaeilge a úsáideadh i dTalamh an Éisc. Is léir le hachar ama agus spáis nár fhan brí gach focal iomlán mar an gcéanna leis an mbunbhrí a bhain leo in Éirinn, áfach: cuid díobh ag léiriú brí níos leithne anois agus cuid eile ag léiriú brí níos cúinge.

Is éard a chuirim romham san alt seo plé agus anailís a dhéanamh ar shamplaí de na hainmfhocail sin ar tháinig forás brí orthu i dTalamh an Éisc ach atá fós faoi thionchar bhunbhrí an fhocail Ghaeilge. Rangófar na hainmfhocail ina bhfoghrúpaí don alt mar seo a leanas: (1) forás brí de bharr thionchar na timpeallachta, (2) forás brí de bharr thionchar na hiascaireachta, (3) ainmfhocail a bhaineann le baill éadaí, agus (4) ainmfhocail inspéise eile.

Torthaí an Taighde

Ní féidir a shéanadh, mar sin de, go bhfuil síolta na Gaeilge fréamhaithe i gcultúr, saol agus teanga mhuintir Thalamh an Éisc cé gur ar bhealaí éagsúla a baineadh úsáid as ainmfhocail ar leith ann i gcomparáid le brí ainmfhocail Bhéarla na hÉireann fiú. Is féidir an difríocht sa litriú a fheiceáil idir na leaganacha Gaeilge atá ar fáil sa dá fhoclóir: Foclóir Uí Dhuinnín (1904) agus Foclóir Uí Mhuirthe (1996), fiú, a léiríonn an forás litrithe thar am.

(1) Tionchar na Timpeallachta

Bawn

Sampla amháin a léiríonn an forás brí sa réimse foclóra seo is ea an focal ‘*bawn*’ (GA: badhún, bán; [Story *et al.*, 1982: 31] *Badhún*: leagan Gaeilge in Ó Duinnín [1904]. *Bán*: leagan Gaeilge in Ó Muirthe [1996]); ‘*grassy land or meadow near a house or settlement*’). Is é sin brí an fhocail agus é in úsáid in Éirinn ach, de bharr thábhacht na timpeallachta agus tionchar mór na hiascaireachta i dTalamh an Éisc, tháinig athrú beag ar an mbrí ansin agus is é is ciall leis an téarma anois: ‘*Expanse of rocks on which salted cod are spread for the quick-drying process*’ (Story *et al.*, 1982: 31). ‘*When the fish is dried by natural means, it is placed upon flakes, beaches, rocks and bawns (i.e. artificial beaches), where the sun and wind are permitted to perform the task of extracting the moisture*’ (Story *et al.*, 1982: 31).

Starragan

Focal eile ar tháinig forás ar a bhrí is ea ‘*starragan*’ (GA: stairricín, staragán; *Stairricín*: leagan Gaeilge in Ó Duinnín [1904]. *Staragán*: leagan Gaeilge in Ó Muirthe [1996]). An chiall a bhain leis an bhfocal in Éirinn ná ‘*a stumble, a delay, an obstacle*’ (Story *et al.*, 1982: 529) ach i dTalamh an Éisc, ciallaíonn sé ‘*a small young evergreen, especially a fir, often cut for firewood and for other uses; a trunk of a fir tree; a stick*’ (Casey, 1986: 216). Léiríonn an t-athrú brí anseo forás na teanga, agus an bac a samhlaíodh in anallód leis athraithe cuid mhaith agus ciall ‘*crann giúise*’ leis i dTalamh an Éisc.

Slob

Focal spéisiúil eile ná an focal ‘slob’ (GA: slab; *Slab*: leagan Gaeilge in Ó Duinnín [1904]. *Slab*: leagan Gaeilge in Ó Muirithe [1996]). Is é clábar, portach, talamh fliuch, brí an fhocail as Gaeilge ach an bhrí a bhaineann leis i dTalamh an Éisc ná: ‘*Heavy, slushy, densely packed mass of ice fragments, snow and freezing water, especially on the surface of the sea; sludge; slob ice*’ (Story *et al.*, 1982: 495). Is léir gur tháinig athrú ar an mbrí agus na himircigh ag déileáil le haeráid éagsúil i dTalamh an Éisc i gcomparáid leis an gcineál aimsire a mbíodh siad i dtaithí uirthi in Éirinn. Ina fhianaise sin, is díol suime é an focal ‘slob’ i gceantar Loch Garman. Tá logainmneacha in áiteanna ó dheas in aice na farraige a chuireann síos ar an gcineál talaimh a bhíodh ann. Seo a leanas an taifead cartlainne a rinneadh den logainm ‘Slaba Thuaidh’: ‘Portach mara, nó muirbheach a bhí san áit seo lá den tsaol ach rinneadh draenáil uirthi agus anois tá dhá bhaile fearainn “North East” agus “North West Slob” sábháilte ón bhfarraige’ (Bunachar Logainmneacha na hÉireann, 2025). Léiríonn sé sin an nasc láidir idir an dá réigiún agus cur síos á dhéanamh acu ar chineálacha talún sa dá háit.

Briss

Focal eile a léiríonn tionchar na timpeallachta ná an t-ainmfhocal ‘briss’ (GA: brus; *Brus*: leagan Gaeilge in Ó Duinnín [1904]. *Brus*: leagan Gaeilge in Ó Muirithe [1996]). An chiall a bhain leis an bhfocal in Éirinn ná: ‘*Broken fragments, as small sticks; broken, crumbled bits, dust*’ (Ó Muirithe, 1996: 47). Seo sampla úsáide den fhocal i Loch Garman: ‘*He made briss of the cup*’ (Ó Muirithe, 1996: 47). Tá brí níos mionsonraí ag baint leis an ainmfhocal céanna i dTalamh an Éisc: ‘*Dust mixed with small pieces of furze; dry conifer needles; accumulated blasty needles under evergreen and spruce trees*’ (Story *et al.*, 1982: 68). Is léir go bhfuil níos mó crainn shíorghlasa agus aiteannacha i dTalamh an Éisc ná mar atá in Éirinn. Is dócha go léiríonn an t-athrú sin an forás teanga ar an bhfocal áirithe seo agus na hÉireannaigh ag oiriúnú buntearmaí chun dul i ngleic le comhthéasc nua i dTalamh an Éisc. Is dócha go léiríonn a leithéid seiftiúlacht na ndaoine maidir le hionramháil agus cur in oiriúint don staid nua ina raibh siad.

(2) Tionchar na hIascaireachta

Scrod

Is díol suime é an focal ‘scrod’ (GA: scráidín, scraidín) chomh maith. (*Scráidín*: leagan Gaeilge in Ó Duinnín [1904]. *Scraidín*: leagan Gaeilge in Ó Muirithe [1996]) Is léir go mbaineann an bhunbhí chéanna leis an bhfocal seo in Éirinn agus i dTalamh an Éisc araon: rud beag. Úsáideadh an focal le cur síos a dhéanamh ar dhuine beag: ‘*Is there no particularly ugly, insignificant, miserly little scradeen in the room?* (Loch Garman)’ (Ó Muirithe, 1996: 171). In

Éirinn ciallaíonn an focal buta toitin freisin. I dTalamh an Éisc, áfach, is é an bhrí a bhaineann leis an bhfocal ná trosc beag: *'A small cod-fish or codling, especially for home consumption, fresh or lightly salted and partly dried'* (Story et al., 1982: 443). Arís, léiríonn an forás teanga sin i dTalamh an Éisc na héagsúlachtaí a bhaineann le tábhacht na n-iasc sa dá thír. *'She urged him, modestly, to "please to make use o' the milk", (which is quite a luxury among planters of the out harbours,) and of the scrod, and all her simple dainties'* (Heritage: Newfoundland & Labrador, 2025; Féach: <https://www.heritage.nf.ca/dictionary/wordform/view.php?id=55847>). Is léir gur thóg na daoine focal a raibh brí 'ruidín beag' leis sa Ghaeilge agus gur leathnaíodh é le dul in oiriúint don iascaireacht ina dhiaidh sin.

Puddick

Ainmfhocal eile a léiríonn tionchar na hiascaireachta sa bhrí ná an t-ainmfhocal 'puddick' (GA: patóg, putóg; *Patóg*: leagan Gaeilge in Ó Duinnín [1904]. *Putóg*: leagan Gaeilge in Ó Muirthe [1996]). Arís, roinneann siad an bunbhrí chéanna; *'intestines'* ach nach mbaineann an t-ainmfhocal seo ach le putóga róna, míolta móra agus troisc i dTalamh an Éisc. *'If you catch a cod and his puddick is up in his throat, there's a storm coming on'* (Heritage: Newfoundland & Labrador, 2025; Féach: <https://www.heritage.nf.ca/dictionary/wordform/view.php?id=47666>). Brí eile a bhaineann leis an bhfocal seo in Éirinn ná *'a pudding'* agus an dara brí i dTalamh an Éisc ná *'a glutton'*: duine santach a itheann an iomarca (i.e. duine atá ceanúil ar bheith ag ithe). Baineann an focal seo leis an gconair stéigeach, ar ndóigh, a léiríonn dúinn go bhfuil na focail Bhéarla agus bríonna na bhfocal gaolta lena chéile ach go n-eascraíonn siad ón mbunfhocal Gaeilge 'putóg'.

(3) Baill Éadaí

Caubeen

Ainmfhocal suimiúil a bhaineann le baill éadaí ná an t-ainmfhocal 'caubeen' (GA: cáibín, caipín; *Cáibín*: leagan Gaeilge in Ó Duinnín [1904]. *Caipín*: leagan Gaeilge in Ó Muirthe [1996]). Baineann an chiall chéanna leis an bhfocal seo in Éirinn agus i dTalamh an Éisc araon 'a cap' agus seo sampla úsáide in Éirinn: *'... you are in a strange place without your capeen dearg'* (Ó Muirthe, 1996: 51). Sna reisimintí Éireannacha d'Arm na Breataine (e.g. *Royal Irish Regiment*), úsáidtear an focal 'caubeen' le cur síos ar an hata a chaitheann na saighdiúirí. (Féach: <https://tinyurl.com/3py2bsta>). Arís, baineann brí níos mionsonraí leis an ainmfhocal seo thall i dTalamh an Éisc, áfach: *'A cap or a hat, but in the fish plant refers to the paper head-dress worn by the workers'* (Story et al., 1982: 90). Léirítear anseo tábhacht na hiascaireachta agus próiseáil na n-iasc mar earnáil i dTalamh an Éisc. Is sampla é seo a leanas ar úsáid an fhocail:

‘... but in the fish plant refers to the paper head dress worn by workers “I lost my caubeen over the whaft when I was out by the boats this morning”’ (Heritage: Newfoundland & Labrador, 2025; Féach: <https://www.heritage.nf.ca/dictionary/wordform/view.php?id=15753>).

George Martin

Ainmfhocal eile a bhaineann le ball éadaí ná an t-ainmfhocal ‘George Martin’ (GA: máirtín, máirtíní), brí ainmfhocal eile a athraíodh thar am. (*Máirtín*: leagan Gaeilge in Ó Duinnín [1904]. *Máirtíní*: leagan Gaeilge in Ó Muirthe [1996]). Stocáí fada gan bhoinn do pháistí is ea brí an fhocail agus é in úsáid in Éirinn: ‘*The hottest day in summer never saw the mairtins off him*’ (Ó Muirthe, 1996: 132–3). De bharr go raibh an aeráid níos fuaire i dTalamh an Éisc, dar ndóigh, an chiall a ghabhann leis ansin ná buataisí rúitín rubar.

‘During the week we wore a short rubber boot, a little higher than today’s shoes. These were called Rubber Lumps. [sic] We wore a woollen sock and these boots used to lace up. But these same boots had different names. I was talking with a young lady a few days ago and she told me that at her place these same boots were called ‘George Martins’ (Heritage: Newfoundland & Labrador, 2025; Féach: <https://www.heritage.nf.ca/dictionary/wordform/view.php?id=25653>).

Is léir gur leasaíodh brí an fhocail de réir a chéile chun dul i ngleic leis an aeráid fhuar i dTalamh an Éisc, nach raibh i gceist in Éirinn.

(4) Ainmfhocail inspéise eile

Clobber

Tá ainmfhocail shuimiúla eile a léiríonn forás teanga na bhfocal i dTalamh an Éisc. Is ceann é an t-ainmfhocal ‘*clobber*’ (GA: clábar) a léiríonn athrú bhrí an fhocail i dTalamh an Éisc. (*Clábar*: leagan Gaeilge in Ó Duinnín [1904]. *Clábar*: leagan Gaeilge in Ó Muirthe [1996]). Is é brí an fhocail in Éirinn ná ‘*mud*’ nó ‘*muck*’: ‘*It’s hard to keep the house clean and the way he walks in with his brogues all clauber*’ (Ó Muirthe, 1996: 61). I dTalamh an Éisc, áfach, ciallaíonn an focal ‘*clobber*’ rud ar bith atá míshlachtmhar: ‘... and your kitchen would really be in a reeraw an’ you’d have to and clear up the clobber – or mess’ (Heritage: Newfoundland & Labrador, 2025; Féach: <https://www.heritage.nf.ca/dictionary/wordform/view.php?id=11120>).

Bibe

Ainmfhocal spéisíúil eile a úsáideadh in Éirinn agus i dTalamh an Éisc araon ná an t-ainmfhocal ‘*bibe*’ (GA: badhbh, badhb; *Badhbh*: leagan Gaeilge in Ó Duinnín [1904]. *Badhbh*: leagan Gaeilge in Ó Muirthe [1996]). Ciallaíonn an focal seo ‘*The Banshee*’. Téarma eile a úsáideadh

in Éirinn chun cur síos a dhéanamh uirthi ná ‘badhb chaointe/ bocheentha.’ *‘The mournful wail of the bocheentha, come to predict the sudden death of himself, or of some dear member of his family (Cill Chainnigh)’* (Ó Muirthe, 1996: 31). I dTalamh an Éisc úsáideadh an téarma ‘bibe’ le cur síos a dhéanamh ar an mbean sí. Is léir go n-eascraíonn ‘bibe’ ón bhfocal Gaeilge ‘badhb’. *‘The bibe is the name applied to a strange sobbing or moaning sound which is heard by someone shortly before the death of one of his relatives. No one has ever seen the creature that makes the sound’* (Heritage: Newfoundland & Labrador, 2025; Féach: <https://www.heritage.nf.ca/dictionary/wordform/view.php?id=3799>). Tá na samplaí ón dá réigiún nach mór mar an gcéanna agus, arís, léiríonn sé sin tábhacht na bpiseog i gcultúr mhuintir na hÉireann, a thóg na hÉireannaigh leo agus iad ag dul ar imirce. Tá sé suimiúil chomh maith nár úsáid muintir Thalamh an Éisc an leagan Béarla ‘Banshee’ a thagann ón bhfocal Gaeilge, ‘Bean Sí’, atá in úsáid go forleathan ag muintir na hÉireann. Bhíodh an focal Gaeilge ‘badhb’ in úsáid in oirdheisceart na hÉireann, áfach, agus leaganacha éagsúla de á n-úsáid i gcontae Loch Garman agus i gcontae Chill Chainnigh araon (Ó Muirthe, 1996: 31).

Conclúid

Ní féidir forás teanga an lae inniu a thuiscint gan cur amach a bheith againn ar stair na teanga agus ar na daoine a labhair í na blianta siar. Tugann athrú teanga ar bith léargas dúinn ar na cineálacha daoine a labhair í: *‘language change provides one of the most direct windows into the workings of the human mind’* (Murray, 1996: 299).

Mar aon le teanga ar bith eile, bíonn an Ghaeilge ag athrú ó ghlúin go glúin. Is díol spéise an forás teanga a tharla ó thír go tír freisin agus na Gaeil ag gnóthú saol nua dóibh féin ar thalamh iasachta. Léiríonn an t-alt seo an forás brí a tháinig ar ainmfhocail áirithe de bhunús Gaeilge i dTalamh an Éisc. Ba iad na chéad Éireannaigh i dtír i gcéin a bhí ag iarraidh dul i ngleic le haeráid fhuar, fhiáin Thalamh an Éisc, an dream ar éirigh leo greim a choinneáil ar an nasc lena dtír dhúchais féin – Éire – trí mheán na teanga. Ina ainneoin sin, tháinig forás ar an nasc sin de bhrí na dtosca nua a raibh siad i ngleic leo sa tír úr. Léiríonn an plé ar an bhforás a tháinig ar na hainmfhocail ionadaíocha a luadh san alt seo cuid de na cúiseanna a bhain leis sin.

Is gá, dar liom, níos mó taighde a dhéanamh sa réimse theangeolaíochta seo, áfach. Sna 1900idí atá formhór den taighde teangeolaíochta déanta agus is éard atá ar eolas againn go mbíonn teangacha ag athrú an t-am uilig le dul i ngleic leis na daoine a labhraíonn iad agus leis na riachtanais teanga atá acu mar phobal labhartha. Chuirfeadh taighde comhaimseartha nua ar an ngné sin den teanga eolas luachmhar ar fáil dúinn maidir le tionchar na Gaeilge agus na nGael ar chaint na ndaoine i dTalamh an Éisc. Ba chúnadh é sin dúinn sa lá atá inniu ann tuiscint níos doimhne a fháil ar thionchar na Gaeilge ar Bhéarla an domhain, rud nár mhiste!

Nóta: Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Ciarán Mac Murchaidh as dréachtaí den aiste seo a léamh agus as pointí éagsúla a phlé liom fad a bhí sí á scríobh agam.

Tagairtí

- Casey, G. (1986) 'Irish culture in Newfoundland.' *The Canadian Journal of Irish Studies*, 12:2. 203–27.
- Clarke, S. (2010) *Dialects of English: Newfoundland and Labrador English*. Edinburgh: Edinburgh University Press.
- McMahon, A. (1994) *Understanding Language Change*. Cambridge: Cambridge University Press.
- McMonagle, S. (2012) 'Finding the Irish language in Canada,' *New Hibernia Review*, 16:1. 134–49.
- Murray, R.W. (1996) 'Historical linguistics: the study of language change.' *Contemporary linguistics: an introduction*. 249–306.
- Ó Duinnín, P. (1904) *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*. BÁC: M.H. Gill & Son Ltd.
- Ó Maoláin, S. (1981) 'History on our tongues,' *Kilkenny Archaeological Society*, 231–4.
- Ó Muirthe, D. (1996) *A dictionary of Anglo-Irish: words and phrases from Gaelic in the English of Ireland*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.
- Stalmaszczyk, P. (1998) 'A dictionary of Anglo-Irish: words and phrases from Gaelic in the English of Ireland (review),' *Dictionaries: Journal of the dictionary society of North America*, 19. 245–8.
- Story, G.M., Kirwin, W.J. & Widdowson, J.D.A. (ed.) (1982) *Dictionary of Newfoundland English*. First edition. Toronto: University of Toronto Press.

Suíomhanna Gréasáin

Aontas na Mac Léinn in Éirinn. (2025) *An Foclóir Aiteach/The Queer Dictionary*. <https://usi.ie/focloir-aiteach/>

Bunachar Logainmeacha na hÉireann. (2025) *logainm.ie*. <https://www.logainm.ie/en/s?txt=slob&str=on&con=100019>.

Heritage: Newfoundland & Labrador (2025) *Wordform Database*. <https://www.heritage.nf.ca/dictionary/wordform/>.

Royal Irish: The Irish Soldier in the British Army. (2025) *The Caubeen*. <https://tinyurl.com/3py2bsta>.

Oxford University Press (2024) *15 modern English words with different meanings in the past*. <https://tinyurl.com/552kksnc>.



Léargas ar stádas na Gaeilge i gceantair éagsúla i gContae na Mí de réir Dhaonáireamh 1911

Margarita Neothallaigh

<https://doi.org/10.13025/29629>

Réamhrá

Baineann an t-alt seo le cás na teanga i gContae na Mí. Úsáidtear Daonáireamh 1911 le léargas a fháil ar athróa a bhaineann le ceist teanga ag am ríthábhachtach ag tús an 20ú haois. Baineann ceisteanna socheolaíochta, ceisteanna reiligiúin agus ceisteanna faoin oideachas leis seo. Roghnaíodh bailte fearainn randamacha agus iniúchtar na teaghlaigh iontu. I mórán cásanna tá an breithiúnas déanta cheana féin i dtaobh cúrsaí teanga. Déantar taighde uaireanta ‘*to test a judgement already made*’ (Neuman, 2000: 159). Ní hionann an scéal i ngach contae.

Tugann Ó Tuathaigh (2015: 35) sa leabhar *I mBéal an Bháis: The Great Famine & the Language Shift in Nineteenth-century Ireland* cúiseanna leis an gcailliúint teanga sa 19ú haois. Luann sé teacht na n-iarnród, forbairt na hEaglaise Caitlicí, an imirce, agus náire faoin teanga mar bhunús leis an gcailliúint. Bhain gnéithe eile leis an gcailliúint: an caighdeánú a tháinig ar nósanna éiceolaíocha (Bourke, 1998: 92), an dímrí a tháinig ar an bpobal (Crowley, 2009: 121), agus dúil an phobail Chaitlicigh dul chun cinn a dhéanamh i saol an Bhéarla (Mac Donagh, 1983: 104). Míníonn Connolly gur ‘ghluaiseacht mhionlaigh’ é Conradh na Gaeilge (1995: 112) agus luann Ó Tuathaigh go raibh sé anonn sa séasúr nuair a bhí Conradh na Gaeilge ag iarraidh an teanga a chur chun cinn arís (2015: 42). Luann de Fréine (1978: 100) ‘*Irish language held sway in the hearts of some*’. Tugtar aird ar chuid de na ceisteanna sin de réir a chéile i gcás na teanga in áiteanna i gContae na Mí laistigh den chomhthéacs níos leithne sin.

Modheolaíocht

Déantar anailís ar cheantair randamacha idir chinn tuaithe agus uirbeacha i gContae na Mí de réir Dhaonáireamh 1911. Is taighde cáinníochtúil é agus is gá athróa a thomhas mar bíonn siad riachtanach don anailís (Neuman, 2000: 157). Is iad seo na hathróa a chuimsítear: teanga, dúchas, gairmeacha, oideachas agus reiligiún. Tugtar léargas ó Daly (1982), Fitzpatrick (1980), Hutchinson (2010), McMahon (2008), Nolan (2015) agus Ó Tuathaigh (2015). Bhí ceaptha ag Coimisinéirí an Daonáirimh idirdhealú téarmaíochta a dhéanamh i gcás na ‘fo-aicmí’ lena mbaineann (Fitzpatrick, 1980: 69; Connor *et al.*, 2011: 254), is é sin an t-oibrí, an gnáthoibrí, an t-oibrí talún agus an t-oibrí gairdín.

Tá an taighde suite i mblianta luatha Chonradh na Gaeilge agus tagann an t-eolas i dtaobh Chraobhacha na Mí de chuid Chonradh na Gaeilge ó bhailiúchán digiteach Chonradh na Gaeilge Comhad G60/4/8 in Ollscoil na Gaillimhe. Roghnaíodh áiteanna atá gar do bhailte móra: An Uaimh, Baile Átha Buí agus Ceanannas. Bhí Conradh na Gaeilge láidir i gContae na Mí le craobhacha sna bailte sin. Tá na bailte fearainn i mBarúntacht an Cheanannais Uachtaraigh, i mBarúntacht na Luíne, agus i mBarúntacht na hUaimhe Uachtaraí. Tugann Adams (1964: 115; 1986: 115) eolas ar na céimeanna atá i gceist agus teanga ag meath. Tagann an t-eolas faoi líon na gcainteoirí ó Fitzgerald (2003: 203/4), Ní Mhunchaile (2015: 550), Ó Cuív (1951: 80) agus Ó Tuathaigh (2015: 11). Is in imscrúdú ar Pháipéir Pharlaiminte an 19ú haois i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a fhaightear léargas ar an gcóras sna scoileanna.

Comhthéacs teoiriciúil teanga

Deir Ó Tuathaigh go raibh líne láidir de chainteoirí Gaeilge ag síniú ó chuan Dhún Dealgan trí Chontae Lú, Chontae na Mí thuaidh, trí áiteanna i gContae Mhuineachán agus trí Chontae Ard Mhacha theas san 18ú haois (2015: 11) (agus Adams (1986: 115), Fitzgerald (2003: 203/4), Ní Mhunchaile (2015: 550), Ó Cuív (1951: 80). Tháinig méadú ar chainteoirí Gaeilge aonteangacha agus dátheangacha go lár an 19ú haois (Ó Ciosáin, 1997: 154). In 1851 bhí 1502 cainteoir Gaeilge i gCeanannas Uachtarach; bhí 808 cainteoir Gaeilge sa Luíne agus bhí 152 cainteoir Gaeilge san Uaimh Uachtarach (Ní Mhunchaile, 2015: 550). In 1891 bhí 337 cainteoir Gaeilge i gCeanannas Uachtarach, 43 cainteoir Gaeilge sa Luíne agus 17 cainteoir Gaeilge san Uaimh Uachtarach (2015: 550; 1951: 80). Is é sin cothrom le laghdú 78%, 95% agus 89%. Luann Fitzgerald gur laghdaigh líon na gcainteoirí go 4% de dhaoine os cionn 60 bliain d’aois in 1911 (2003: 203). Bhí an teanga fós ann i gceantar beag siar ó Ceanannas i dtuaisceart an chontae (2003: 204). Sna ceantair a roghnaíodh don taighde bhí Gaeilge ag 3.2% den phobal in 1911. Ní raibh an teanga á hathnuachan sna scoileanna ag an aos óg. Bhí pobal le Gaeilge os cionn 60 bliain d’aois. Is léir go raibh bearna leanúnachais ann nár líonadh.

Bhí 56 teaghlach sna ceantair a roghnaíodh don taighde seo in 1911; bhí 216 duine ann. Bhí Gaeilge ag constábla ar scor, ag gabha, agus ag scoláirí i dtrí theaghlach. Bhí Gaeilge fós ag ceathrar gnáthoibríthe sna ceantair.

Bhí 54 scoláire nach raibh ag foghlaim Gaeilge ar scoil, ina measc cúigear scoláirí Protastúnacha sna ceantair randamacha. Bhí Gaeilge i sé chinn de na teaghlaigh sna ceantair.

Ceantar	Fir	Mná	Buachaillí	Cailíní	Gairm	Aois	Dúchas
Bun Bogáin Cluain Mhór Ocht nAcra agus Ochtó Vessingtown Lackmelch	Cúigear	Bean amháin	Buachaill amháin	Beirt	Constábla ar scor, Gnáthoibríthe Scoláirí Bean shingil gan ghairm	69, 46, 36, 31 30, 22, 18, 15, 14	Co. na Gaillimhe (beirt) Co. na Mí (seachtar)

Comhthéacs na scoileanna

Bhí ceisteanna i dtaobh inniúlachta agus muiníne as múineadh na teanga. (*Appendix to the 80th Report of the Commissioners of National education, 1913, 1914: 40.*) Bhí oiliúint i nGaeilge le fáil sna coláistí oiliúna do mhúinteoirí i gcoláistí Caitliceacha agus i gCumann Phlás Chill Dara ina raibh oiliúint do mhúinteoirí Protastúnacha ar fáil in 1911. D'oibrigh na hoidí sna coláistí Caitliceacha ann go forlíontach, ach bhí Gaeilge ina príomhábhar ag roinnt múinteoirí, agus bronnadh teastais inniúlachta Gaeilge ar mhúinteoirí sna coláistí sin (*Organisers of Irish Language Instruction: <https://parlipapersproquest.com>*. Mhúin Eoin Mac Neill, duine de bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge in 1893, i gColáiste Dhroim Chonrach dhá rang dhá uair sa tseachtain fad agus a bhí sé ag obair sna Ceithre Cúirteanna i luathbhlianta an Chonartha [Martin & Byrne, 1973: 81]). Ba cheist thábhachtach é an caiteachas ar oideachas le múinteoirí a thraenáil, go mór mór mar go raibh laghdú tagtha ar líon na ndaltaí a bhí ag labhairt Gaeilge agus go raibh an dátheangachas ag méadú (Wolf, 2014: 75, 90, 91; Walsh, 2023: 1165). Ba í an fhadhb a bhain leis an meánoideachas dar le *Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Oideachais 1911* ná nach raibh rochtain ar mhéanscoileanna ag cainteoirí dúchais agus theip orthu áit a fháil sna coláistí traenála dá bharr. (*This fact adversely affects, and will continue to delay, the provision of qualified teachers of Irish in our schools*' [*National education in Ireland: annual report of the Board: Teaching of Irish. Weekly Irish Times* [1876–1920]; 28.10.1911. 5.) Ba é réiteach na faidhbe dar leis an *Tuarascáil* ná 'ranna a bhunú ar leibhéal níos airde agus níos mó chun tosaigh sna scoileanna náisiúnta i gceantair tuaithe na tíre' (*National education in Ireland: annual report of the Board: Teaching of Irish. Weekly Irish Times* [1876–1920]; 28.10.1911. 5). Chomh maith leis sin bhí ganntanas meánscoileanna. Má bhí acmhainn ag an gclann bhí scoileanna príobháideacha ann i mbailte agus bhí roinnt ar bhunús scoláireachtaí do dhaltaí

bochta (Dale & Stephens, 1905: 20–5, *Inspector of Schools, Board of Education on Intermediate Education in Ireland 1905*). Bhí sé deacar scoláireachtaí a roinnt go cothrom agus ‘*flagrant abuse on the part of well-to-do parents*’ a sheachaint.

Comhthéacs socheolaíoch taighde

Tharla athruithe sonracha socheolaíochta sa 19ú haois i gContae na Mí. Méadaíodh na feirmeacha; athraíodh ó fheirmeoireacht thréadach go feirmeoireacht fhéaránach, agus cuireadh díol éigeantach talún i bhfeidhm (Nolan, 2015: 791). Ciallaíonn athruithe sa chomhthéacs socheolaíoch sin go raibh níos lú gá le hoibrithe ná mar a bhí cheana. Sna ceantair seo d’oibrigh 36 fear mar oibrithe de réir an taighde. Léirítear go raibh Gaeilge ag roinnt acu. Aontaíonn Ó Tuathaigh gurbh iad ‘*a rural underclass*’ a raibh an Ghaeilge acu agus iad ina bpríomhchainteoirí Gaeilge agus gur tréigeadh iad (Ó Drisceoil, 2016: 61). Chlis ar an aicme sin le heaspa fostaíochta. Bhí ganntanas i ndeiseanna meánoideachais. Tháinig méadú ar líon na n-imirceach. D’imigh mórán ón aicme sin sa dara leath den 19ú haois fad agus a bhí an creimeadh ar siúl. In 1926 bhí níos mó ban a raibh Gaeilge acu ná fir i gContae na Mí (CSO 1926).

An Conradh

Bhí an Conradh láidir i gContae na Mí agus bunaíodh 37 Craobh ann idir 1900 agus 1918 (G60/4/8). Bunaíodh trí Chraobh i mBaile Átha Buí, trí Chraobh san Uaimh agus ocht gCraobh i gCeanannas lena n-áirítear Craobh Charn na Ros agus Craobh Chill Scíre (G60/4/8). Tá na ceantair a roghnaíodh don taighde seo gar do Bhaile Átha Buí, áit inar bunaíodh Craobh Uí Ghramhnaigh de chuid Chonradh na Gaeilge in 1901 (G60/4/8). Tá na ceantair ar imeall Ghaeltacht na Mí mar a thuigtear anois í.

Bunaíodh Craobh 263, Craobh Uí Ghramhnaigh, de chuid Chonradh na Gaeilge i mí an Mhárta 1901 (G60/4/8). Bhí Eoin Ó Gramhnaigh (1863–1899) ina eagarthóir, ina léachtóir agus ina ‘mhairtíreach ba mhó riamh ag Conradh na Gaeilge... i mBéal Átha Faithlinn, Baile Átha Buí, Co. na Mí a rugadh é 24 Meán Fómhair 1863’. Bhí an tAthair Eoin ina eagarthóir ar an *Gaelic Journal* agus scríobh sé *Simple Lessons in Irish*. Nuair a buaileadh tinn é chuaigh Eoin Mac Neill, comhbhunaitheoir, i mbun chúram an eagarthóra ar an *Gaelic Journal* agus d’fhoilsigh sé saothair Uí Ghramhnaigh (Ó Cuív, 1973: 6, 7). ‘Uair na cinniúna i ngluaiseacht na teanga’ ab ea foilsíú an *Gaelic Journal* mar ‘forbraíodh smaointe san iris sin’ (Ó hAilín, 1969 luaite in Ó Riagáin, 1997: 8). Bunaíodh dhá Chraobh eile de Chonradh na Gaeilge ar imeall Bhaile Átha Buí, Craobhacha 303 agus 1283, arbh iad Craobh Rátha Mhóir i mí na Samhna 1901 agus Craobh Chill Dealga i mí Eanáir 1909 (G60/4/8).

Léirítear i mBailiúchán Chonradh na Gaeilge go raibh baint ag 22 sagart leis an gConradh i gContae na Mí (G60/4/8). B'uachtaráin iad ar Chraobhacha agus bhí sagart amháin ina chisteoir. Ciallaíonn sé sin go raibh an chléir Chaitliceach rannpháirteach i 59% de na Craobhacha. Bhí sagairt ina n-uachtaráin ar an trí Chraobh san Uaimh agus ar dhá Chraobh i gCeanannas (G60/4/8). Bhí siad ina n-uachtaráin i gCraobhacha i gcuid de na bailte beaga mar shampla: Cnoc an Dúin agus Dún Bóinne (G60/4/8). Bailte beaga gnóthacha ab ea iad san mar bhí staisiúin traenach ann ag an am. Gnáthdhaoine a bhí ina n-uachtaráin ar na Craobhacha i mBaile Átha Buí (G60/4/8). Bhí traidisiún an-láidir cléireachais i mBaile Átha Buí ag baint le hEoin Ó Gramhnaigh a fuair bás in 1899. D'fhéadfadh rannpháirtíocht na cléire sa Chonradh a léiriú go raibh bá acu le cás na teanga sa Chontae agus go raibh meas ag an bpobal orthu (McMahon, 2008: 82/83).

Luann McMahon gur cruthaíodh ardán leis an gConradh le dul i ngleic leis an nua-aoiseachas (2008: 83–4). Bhailigh an Conradh suim i measc gnáthoibrithe na cathrach (2008: 111). D'fhéadfadh an tsuim sin a heascrú ó imní faoin uirbiú agus faoin nua-aimsearthacht a bhí ag titim amach sna cathracha (2008: 83). Bhí bunús sóisialta an Chonartha sna bailte, mar eagraíocht bhunaithe sna bailte ab ea í le *'town-based structure'* a deir McMahon (2008: 154). Ba é sin a laige dar le Murphy (2008: 154).

An chléir Chaitliceach

Ceistíonn Ó Tuathaigh ionracas na rannpháirtíochta a bhí á léiriú ag an gcléir Chaitliceach sa Chonradh (2015: 20). Ní chosaint teanga a bhí i gceist ach cosaint creidimh dar leis (2015: 20). Tá sé feicthe againn go minic sa stair gur tharla a leithéid. Bhí baint ag Cumann Phlás Chill Dara leis an nGaeilge san oideachas, ach ba ar son an chreidimh Phrotastúnaigh a bhíodhas ag obair ar an nGaeilge seachas ar son na teanga féin (Parkes, 1984: 25; Crowley, 2009: 120). (Bhí scoileanna Protastúnacha a mhaoinigh an stát ag dó gearbe ag an gcléire Chaitliceach le fada mar gheall ar líomhaintí iompúcháin [Coolahan, 2017: 12; Akenson, 1988: 116]). Freagra don bholscaireacht sin a bhí i gceist leis an gcléir Chaitliceach (Ó Tuathaigh, 2015: 21).

Bhí líon maith sagart Caitliceach sa tír. In 1894 bhí 3500 duine den chléir ann dar le McMahon (2008: 41). Luann Fahey go raibh an líon sagart ag sárú a líon measta ag tús an 20ú haois (1992: 249). Ba as an meánaicme a tháinig formhór na n-easpag Caitliceach (O'Neill, 2014: 12). Chabhraigh an mheánaicme le foirgnimh eaglasta a thógáil (Fahey, 1992: 249). Bhí a formhór díobh i bhfábhar an Bhéarla dar le Akenson (1988: 135/6). (Luann MacDonagh [1983: 104] luaite in Akenson [1988: 135] gurbh é *'toil Chaitliceach'* ba chúis don chailliúint teanga. Bhí tionchar mór ag an Eaglais ar a pobal.) Bhí a bunús sóisialta faoin tuath i measc feirmeoirí den mheánaicme agus den mheánmhéid sa 19ú haois (Fahey, 1992: 261). Luann

McCoy go raibh an Conradh úsáideach don chléir chun údarás morálta a bhaint amach arís – ar leibhéal na hidé-eolaíochta gur ‘chinnteachas teangeolaíoch’ a bhí ann (1997: 75). (Tá tagairt don ‘cinnteachas teangeolaíoch’ in Mac Poilín [1994: 19] luaite in McCoy, [1997: 75]).

An gnáthoibrí

Luaitear sa taighde go raibh Gaeilge ag gnáthoibríthe. Luann Ó Drisceoil ina léirmheas ar leabhar Uí Thuathaigh (2015) gurbh é tréigean na haicme a bhí ina bpríomhchainteoirí Gaeilge a chuir leis an gcailliúint teanga (Ó Drisceoil, 2016: 61). Bhí orthu imeacht go cathracha nó thar sáile. Deir Daly go mbíodh coimhlint idir lucht na cathrach agus an lucht a d’aistrigh ón tuath sa saol oibre (1982: 129). Ba ghnáthoibríthe a bhí mar chuid den 19.5% den lucht saothair i mBaile Átha Cliath, agus ba ghnáthoibrí duine amháin as gach cúigear díobh in 1911 (1982: 122). D’fhéadfadh siad aistriú ón tuath go Baile Átha Cliath go grúdlann Guinness nó na bóithre iarainn nóa bheith ag obair ar thramanna mar bhí an tionscal sin ag dul ó neart go neart (1982: 129). Ba iad scoth na ngnáthoibríthe a gheobhadh na poist. Roghnaíodh iad siúd a bhí corpacmhainneach agus neamhspleách agus roghnaíodh daoine nach raibh aon bhaint acu le cúrsaí ceardchumainn (1982: 129). Rinne na gnáthoibríthe cinneadh Béarla a fhoghlaim agus ghlac siad leis an teanga a bhí in úsáid in áit an mhargaidh chun dul chun cinn a dhéanamh sa saol (Akenson, 1988: 136).

D’imigh 80% go 90% de ghnáthoibríthe ar imirce 1851–1855 dar le Donnelly (luaite i Lane [2005: 117]). Luann Fitzpatrick (1980: 84) go bhféadfadh go mbeadh ‘réabhlóid shóisialta’ ann, go raibh cliseadh na ngnáthoibríthe chomh dian sin.

Ceantair áitiúla agus próifil áitiúil Gaeilge

Bun Bogáin

Baile fearainn is ea Bun Bogáin atá suite i mBarúntacht na Luíne i bParóisite sibhialta Bhaile Átha Buí i gContae na Mí. 13 teaghlach a bhí ann in 1911. Ba cheantar measctha é idir chinn tuaithe agus uirbeacha. Bhí ceathrar ban singil ann. Bhí ceathrar ban ina gcinn tí, triúr Caitliceach agus Protastúnach amháin. Ba Chaitlicigh iad dhá theaghlach déag agus bhí teaghlach Protastúnach amháin ann.

Gairmeacha

Gnáthoibríthe fireanna ba mhó a bhí sa cheantar. Bhí ochtar ann agus beirt oibríthe talún. Gairmeacha traidisiúnta a bhí ann. Bhí mná ag maireachtáil as a stuaim féin ann: bhí bean níocháin ann agus bean a d’oibrigh mar fhíodóir olla agus iad araon ina gcinn teaghlaigh. Ba

mhinic na mná pósta ag obair le teicsílí agus mar ‘*garment workers*’ a bhíodh ina ‘saothraithe’ sna teaghlaigh (Clear, 2007: 26). Bhí siúnéir amháin ann, agus beirt fheirmeoirí. Bhí Protastúnach a rugadh i Sasana arbh plastrálaí é, ar lóistín le teaghlach Caitliceach.

Anailís ó thaobh na Gaeilge de

Bhí Gaeilge ag triúr a d’oibrigh mar ghnáthoibrithe, beirt sna tríochaidí agus ceann amháin ina dhéagóir. Rugadh an triúr a raibh Gaeilge acu in 1875, 1881 agus 1893 faoi seach, rugadh an duine deireanach acu sin i Sasana.

Rugadh tuismitheoirí beirte timpeall am an Ghorta Mhóir, am an dátheangachais, Gaeilge go Béarla. Rugadh tuismitheoirí an déagóra i ndiaidh an Ghorta Mhóir, am an Bhéarla, nuair a bhí tuismitheoirí ag labhairt Béarla lena gclann. (Rinne Adams amlíne idirthréimhseach i dtrí pháirt i saol teanga: tréimhse an aistrithe teanga ó Ghaeilge go Béarla; tréimhse an dátheangachais Gaeilge go Béarla agus tréimhse an aonteangachais Béarla [1964: 115; 1986: 119]. Luann sé freisin gur bhain an Ghaeilge sheasta leis an bpobal ba shine; bhain an Ghaeilge athbheochana leis na bailte agus na scoileanna, agus bhain an Ghaeilge inimirce le daoine le Gaeilge a bhog ó chontae eile [1964: 115]. Luann sé gur mhó seans go mairfeadh an teanga faoin tuath mar theanga sheasta seachas sna bailte áit a mbeadh teanga athbheochana [1964: 115].) Ba dhóigh gur fhoghlaim an bheirt fhear a gcuid Gaeilge amach ó am na scoile agus gur fhoghlaim an déagóir a chuid Gaeilge mar ábhar scoile ceart. Níor ceadáíodh múineadh na teanga go 1878 taobh amuigh d’am scoile agus ceadáíodh múineadh na Gaeilge mar ábhar sna scoileanna ó 1900 (Walsh, 2016: 20, 31).

Bhí seisear scoláirí idir cúig bliana d’aois agus 15 bliana d’aois nach raibh Gaeilge acu i mBun Bogáin. Bhí triúr ann a rugadh i gContae Chorcaí. Ba pháistí baintrí a d’oibrigh mar fhíodóir olla iad an triúr. Ba dhóigh gur as ceantar ina raibh an Ghaeilge laghdaithe a tháinig siad. Bhí ceann de na muilte olla ba mhó in Éirinn sa 19ú haois i mBlarna i gContae Chorcaí (Rynne, 2022: 207) ar an taobh thoir thuaidh ón gcathair. Luann Fitzgerald go raibh an teanga laghdaithe soir ó Chontae Chiarraí agus soir ó Chathair Chorcaí go Contae Phort Láirge sa 19ú haois (2003: 203). Ní raibh Gaeilge sa teaghlachseo. Sa cheantar beag seo de 32 duine ní raibh Gaeilge ach ag triúr a sainaitníodh mar ghnáthoibrithe de réir Dhaonáireamh 1911. Bhí seisear scoláirí in aois scoile nach raibh ag foghlaim Gaeilge sna scoileanna.

Ceantar	Fir	Mná	Buachaillí	Cailíní	Gairm	Aois	Dúchas
Bun Bogáin	Beirt fhear		Buachaill amháin		Gnáthoibrithe	36, 30, 18	Co. na Mí Sasana

Ocht nAcra agus Ochtó

Is baile fearainn é Ocht nAcra agus Ochtó i mBarúntacht na Luíne i bParóiste sibhialta Bhaile Átha Buí i gContae na Mí. Ba cheantar measctha idir chinn tuaithe agus uirbeacha de 17 dteaghlach é. Pobal éagsúil a bhí ann. Bhí dhá theaghlach Phrotastúnacha in Ocht nAcra agus Ochtó agus 15 theaghlach Chaitliceacha. Bhí 19 scoláire ann. Bhí imirce isteach ann ó Chontae Chill Dara, Contae Mhuineacháin, Contae na hIarmhí agus Contae Ros Comáin. Fir ar thóir oibre a tháinig: carraeir adhmaid as Contae Ros Comáin, agus ba as Contae na hIarmhí agus Contae Chill Dara iad na hoibrithe iarnróid. Bhí inimirce ann i gcás an teaghlaigh ó Chontae na Gaillimhe a raibh Gaeilge acu.

Gairmeacha

Bhí fear a rugadh san India ag obair mar fhear an phoist, rud a léiríonn go raibh nasc forleathan ann fós le hImpireacht na Breataine (2011: 253). Bhí bean óg, 16 bliana d’aois ina bean fuála. B’éadaitheoirí, gúnadóirí agus mná fuála a d’oibrigh i dtionscal teicstilí don mhórchuid in Éirinn (Connor *et al.*, 2011: 258). Pobal measctha a bhí sa cheantar ann. Bhí baintreach fear a bhí ar scor ó Chonstáblacht Ríoga na hÉireann, carraeir adhmaid, feirmeoirí, fir an phoist, gabha stáin, gnáthoibrithe talún, oibrithe iarnróid, péintéir as Albain agus bean fuála ann.

Anailís ó thaobh na Gaeilge de

Bhí Gaeilge i ndá theaghlach in Ocht nAcra agus Ochtó. Bhí Gaeilge ag constábla arbh as Contae na Gaillimhe é agus bhí Gaeilge ag a iníon. Bhí Gaeilge ag gabha stáin. Rugadh an constábla in 1842 roimh an nGorta, sa chéad tréimhse den aistriú teanga, nuair a bhítí ag múineadh Béarla mar chéad teanga. I gContae na Gaillimhe bhí 83% (5/6) den daonra ag labhairt Gaeilge sna barúntachtaí tuaithe in 1881 agus bhí daoine a rugadh roimh 1851 fós ag labhairt Gaeilge in 1911 (Fitzgerald, 2003: 192). Rugadh iníon an chonstábla in 1889 agus mura thóg sí an Ghaeilge mar ábhar roghnach amach ó am scoile ó 1878, d’fhéadfadh sí a cuid Gaeilge a foghlaim sa bhaile. Ní raibh aon ghairm aici. Ba as Contae na Mí an gabha stáin a rugadh in 1880 sa dara tréimhse den aistriú teanga –tréimhse an dátheangachais Gaeilge go Béarla. Bhí air a chuid Gaeilge a fhoghlaim amach ó am scoile. D’aistrigh na hoibrithe iarnróid ó chontaetha eile, óna gceantair féin agus – mar a luadh thuas – luann Adams gur mhó seans go mairfeadh an teanga faoin tuath mar theanga sheasta seachas sna bailte áit a mbeadh teanga athbheochana (1964: 115).

Bhí Gaeilge ag triúr sa bhaile fearainn seo. Bhí 18 scoláire idir cúig agus cúig bliana déag d’aois ar scoil nach raibh ag foghlaim Gaeilge. Ní raibh Gaeilge ag na gnáthoibrithe sa cheantar seo.

Ceantar	Fir	Mná	Buachaillí	Cailíní	Gairm	Aois	Dúchas
Ocht nAcra agus Ochtó	Beirt	Bean amháin			Constábla ar scoir Gabha stáin Bean gan ghairm	69,31,22,	Co. na Gaillimhe Co. na Mí

Cluain Mhór

Is baile fearainn í Cluain Mhór i mBarúntacht na Luíne i bParóiste sibhialta Chill Dealga i gContae na Mí. 19 dteaghlach a bhí ann in 1911. Ba cheantar measctha é idir chinn tuaithe agus uirbeacha. 18 dteaghlach Chaitliceacha a bhí ann, bhí teaghlach Protastúnach amháin ann.

Gairmeacha

Feirmeoirí ba mhó a bhí ann le hoibrithe talún, arbh as Contae na Mí iad. Bhí ceirdeanna ann: gabha stáin, saor cloiche, siopadóir, agus siúinéir a d'oibrigh mar fheirmeoir chomh maith. Bhí imirce isteach ann ó Chontae an Chabháin, ó Chontae Lú, ó Chontae Mhaigh Eo, ó Chontae Uíbh Fhailí agus imirce fillte ó na Stáit Aontaithe.

Anailís ó thaobh na Gaeilge di

Bhí Gaeilge i dteaghlach amháin: ag beirt scoláirí as 26 scoláire os cionn cúig bliana sa cheantar. Rugadh na scoláirí sin in 1896 agus 1897 faoi seach. Bheadh siad ag foghlaim Gaeilge mar ghnáthábhar sa scoil i ndiaidh 1900. Bhí 24 scoláire eile nach raibh ag foghlaim Gaeilge in 1911.

Bunaíodh Craobh 1283, Craobh na Cille Dealga de chuid Chonradh na Gaeilge gar do Bhaile Átha Buí i mí Eanáir 1909 (G60/4/8). Ba cheart go mbeadh níos mó Gaeilge ann in 1911. Bhí Gaeilge ag beirt, ceann tí ar ghnáthoibrí é agus a bhean i dteaghlach amháin in 1901 agus bhí Gaeilge ag beirt scoláirí in 1911 agus ba é shin an t-aon athrú a bhí ann ó thaobh na teange di.

Fós féin, bhí 27 scoláire ar scoil idir cúig agus cúig bliana déag d'aois nach raibh ag foghlaim naGaeilge in 1911. Ba dhóigh go raibh an bheirt le Gaeilge ag foghlaim sna scoileanna.

Ceantar	Fir	Mná	Buachaillí	Cailíní	Gairm	Aois	Dúchas
Cluain Mhór				Beirt	Scoláirí	15, 14	Co. na Mí

Vessingtown

Is baile fearainn é Vessingtown i mBarúntacht na hUaimhe Uachtaraí i bParóiste sibhialta na Tulai Conóige i gContae na Mí. Tá sé gar do Ráth Chairn atá ar a thoir thuaidh.

Bhí trí theaghlach ann in 1911. Ba cheantar ilchineálach é o thaobh reiligiúin de, ó thaobh gairme de agus ó thaobh dúchais de, ach ní ó thaobh teanga de. Bhí teaghlach Caitliceach, teaghlach Protastúnach agus teaghlach Preispitéireach ann agus bhí an baile fearainn measctha idir cinn tuaithe agus uirbeacha. Bhí imirce isteach ann.

Gairmeacha

Garraíodóir, giolla, grúmaeir as Loch Garman agus bean aimsire ó Chontae an Dúin a bhí sa teaghlach Caitliceach. Ba Phrotastúnaigh iad feirmeoir agus a bhean ó Chontae Ros Comáin a raibh cléireach, oibrí talún agus scoláire sa teaghlach acu. Ba Phreispitéireach iad foraoiseoir agus a bhean ó Albain i dteaghlach eile.

Tharla athrú cultúrtha in Vessingtown idir 1901 agus 1911. In 1901 bhí ceithre theaghlach Phrotastúnacha ann agus ní raibh aon teaghlach Caitliceach ann. Bhí triúr Caitliceach ag obair i dteaghlach Phrotastúnacha, beirt ar aimsir agus duine amháin mar oibrí talún. Ní raibh aon Ghaeilge ann.

In 1911 bhí teaghlach Protastúnach, teaghlach Caitliceach agus teaghlach Preispitéireach ann. Bhí fear Protastúnach ag obair mar oibrí talún sa teaghlach Protastúnach. Bhí bean Phrotastúnach ag obair ar aimsir sa teaghlach Caitliceach. Bhí teaghlach Preispitéireach ó Albain ann arbh fhoraoiseoir an ceann tí agus a bhean leis.

Anailís ó thaobh na Gaeilge de

Ní raibh aon Ghaeilge ann in 1901, bíodh go raibh scoláirí ar aois 11 bhliain, naoi mbliana agus sé bliana. Rugadh na scoláirí in 1890, 1892 agus 1895. Ba bhaill d'Eaglais na hÉireann iad. In 1911 bhí ceathrar in aois scoile: 13 bliana, 11 bhliain, naoi mbliana agus sé bliana. Rugadh in 1898, 1900, 1902 agus 1905 faoi seach iad. Ba bhaill d'Eaglais na hÉireann iad chomh maith. Bhí Gaeilge á múineadh sna scoileanna ó 1900 ach ní raibh Gaeilge ag na scoláirí úd.

Lackmelch

Is baile fearainn é Lackmelch i mBarúntacht an Cheanannais Tuaithe i bParóiste Sibhialta Ceanannais i dtuaisceart Chontae na Mí, áit ar leanadh leis an nGaeilge (2003: 203). Bhí inimirce ó Chontae na Gaillimhe ann. In 1901 bhí teaghlach amháin Protastúnach ann. Bhí beirt sa teaghlach, oibrí gairdín agus bean níocháin.

In 1911 bhí teaghlach Protastúnach amháin ann. Ba é an t-aon Protastúnach le Gaeilge sna ceantair seo é. Ba ghnáthoibrí gairdín é, é ina cheann tí agus b'as Contae na Gaillimhe do. Bhí ochtar sa teaghlach, cúigear in aois scoile nach raibh Gaeilge acu.

Anailís ó thaobh na Gaeilge de

Ba as Contae na Gaillimhe an ceann tí agus bhí Gaeilge agus Béarla aige. Rugadh an ceann tí in 1865 sa tréimhse ina raibh tuismitheoirí ag labhairt Béarla lena gclann. Ba dhóigh gur thóg sé an Ghaeilge leis mar nár múineadh an Ghaeilge mar ábhar taobh amuigh den scoil ó 1878. Luann Fitzgerald go raibh Gaeilge á labhairt ag dhá chúigiú den phobal i gcathair na Gaillimhe agus cúig mhíle dhéag in 1911 (2003: 202).

Ceantar	Fir	Mná	Buachaillí	Cailíní	Gairm	Aois	Dúchas
Lockmelch	Ceann amháin				Oibrí	46	Co. na Gaillimhe

Bhí naonúr le Gaeilge sna ceantair randamacha in 1911. Ní raibh ach beirt scoláirí le Gaeilge.

Sráid Bheighthi

I Sráid Bheighthi i gCeanannas Uachtarach bhí 42 teaghlach. Bhí 16 dhuine le Gaeilge, lena n'áirítear seachtar scoláirí. Choinnigh na céirdeanna seo a gcuid Gaeilge ann: múinteoirí, printéir, conraitheoir agus oifigeach custaim. Bhí 16 ghnáthoibrí ann, oibrí amháin ó Chontae Lú agus oibrí eile ó Chontae an Chabháin. Ní raibh Gaeilge acu. Ní raibh Gaeilge ag na ceardaithe traidisiúnta sa bhaile, mar shampla: ag an táilliúr, ag an ngréasaí, ag an meicneoir, ná fiú ag an bhfear comharthaíochta iarnróid, ná ag na mná a bhí in aimsir. Luann Wall (1969: 82) luaite in Akenson (1988: 135) go raibh an teanga imithe ó 1800 sna teaghlaigh más ag iarraidh dul ar aghaidh sa saol agus a bheith níos inmharthana ná a gcuid tuismitheoirí.

Teach na mBocht

Bhí 52 áitritheoir i dTeach na mBocht i gCeanannas Uachtarach in 1911. Ní raibh Gaeilge ag aon duine acu. Bhí múinteoir scoile a bhí ina baintreach ann agus a hiníon. Ní raibh Gaeilge acu. Níor admhaigh daoine go raibh Gaeilge acu agus iad i dTithe na mBocht; ba dhóigh go raibh náire orthu go rabhthas ann agus náire faoin teanga féin (Ó Tuathaigh, 2015: 35).

Conclúid

Bhain na cúiseanna seo le cás na teanga i gContae na Mí: teacht na n-iarnród, forbairt na hEaglaise Caitlicí, an imirce agus náire faoin teanga. Seachas sin bhain easpa leanúnachais idir pobal Gaeilge agus athnuachan sna scoileanna. D'aistrigh oibreoirí iarnród ó na contaetha féin go hionaid oibre inar glacadh le teanga an mhargaidh; bhí an teanga cailte ag fear comharthaíochta fiú. De réir na staire gur bhain an Eaglais Chaitliceach le meánaicme den mheánmhéid. Tharla athruithe socheolaíochta sa chontae a chruthaigh an struchtúr sin. Bhí Conradh na Gaeilge láidir sa Chontae, bhí 37 Craobh ann. Bhí 59% faoi uachtaránacht na hEaglaise Caitlicí. Bhí feirmeoirí meánaicmeacha ann faoin tuath a thug tacaíocht don chlér.

Bhain an Conradh leis an meánaicme sna bailte. Bhí Gaeilge ag sagairt, ag múinteoirí, ag an gConstablaíocht agus ag Oifigigh. Bhí meánaicme sna bailte a thug tacaíocht don Chonradh. Bhí suim ag an gConradh i ngnáthoibríthe sna cathracha. Bhí aicme sna bailte beaga agus faoin tuath idir an dá mheánaicme sin nár tugadh suntas di. Bhí Gaeilge acu. Bhí ar an aicme sin aistriú go cathracha ná dul ar imirce. Níor tugadh suntas d'fhadhbanna san oideachas le hathnuachan a dhéanamh ar an teanga i measc na n-óg. Ba bheag an líon scoláirí a raibh Gaeilge acu. Sna ceantair randamacha a pléadh thuas ní raibh ach naonúr le Gaeilge. De bharr go raibh an líon chomh beag sin cuimsíodh Teach na mBocht agus Sráid Bheighthí i gCeanannas Uachtarach. Bhí roinnt Gaeilge fós i gCeanannas Uachtarach in 1911. Bhí 52 áithritheoir i dteach na mBocht i gCeanannas Uachtarach. Ní raibh Gaeilge ag aon duine acu, fiú múinteoir a bhí ann. D'fhéadfadh áithritheoirí eolas ar an teanga a shéanadh de bharr na náire a bhain léi.

Deir Fishman (2006: 20) go gcoinníonn an traidisiún an teanga. Ní raibh an teanga beo i measc na seancheardaithe i gContae na Mí, an táilliúr, an fíodóir olla, an gréasaí, an meicneoir ná fiú an fear comharthaíochta ar an iarnród. Ní raibh an teanga beo i measc na mban a bhí ar aimsir ach bhí níos mó ban le Gaeilge in 1926 ná fir i gContae na Mí. Is léir go bhfuil bunús difriúil i dtaobh chás na teanga i ngach contae san am rithabhachtach sin. Tháinig an Ghaeilge isteach ó Chontae na Gaillimhe, rud a chuir leis an teanga sna bailte fearainn randamacha i gContae na Mí agus bhí bunús teanga dúchasach ann in 1911.

Aguisín

Bliain	1901	1911	1926
Líon le Gaeilge	1357	2447	6087
Líon gan Ghaeilge	66140	62644	56882
Fir le Gaeilge			2775
Mná le Gaeilge			3312

Taispeánann an tábla thuas líon na gcainteoirí Gaeilge i gContae na Mí mar chéatadán den phobal le linn gach móráirimh ó 1851 go 1926 (CSO 1926).

Tagairtí

- Adams, G.B. (1986) *The English Dialects of Ulster*. Ulster Folk and Transport Museum. NLI.
- Adams, G.B. (1964) 'The last language census in Northern Ireland.' *Ulster Dialects: An Introductory Symposium*. *Cultra, Ulster Folk Museum*. 111–45.
- Adams, G.B., (1979) 'The validity of language census figures in Ulster, 1851–1911.' *Ulster Folklife*, 25.
- Adams, G.B. (1986) The last language census in Northern Ireland. In *Ulster Dialects: An Introductory Symposium*. *Cultra, Ulster Folk Museum*.
- Bourke, A. (1998) 'The baby and the bathwater.' Foley, T. & Ryder, S. (ed.) *Ideology and Ireland in the Nineteenth Century*.
- Clear, C. (2007) *Social change and everyday life in Ireland 1850–1922*. UK: Manchester University Press.
- Connolly, S.J. (1995) 'Popular culture: patterns of change and adaptation.' *Conflict, Identity & Economic Development Ireland & Scotland 1600–1939*. Carnegie. 103–13.
- Crowley, T. (2005, 2009) *Wars of words: the politics of language in Ireland 1537–2004*. USA: Oxford University Press.
- Daly, M.E. (1982) 'Social structure of the Dublin working class, 1871–1911.' *Irish Historical Studies*, 23(90). 121–33.
- De Fréine, S. (1978) *The Great Silence*. Mercier Press.
- Fahey, T. (1992) 'Catholicism and industrial society in Ireland.' *The development of industrial society in Ireland*. 241–63.
- Fishman, J.A. (2008) 'A decalogue of basic theoretical perspectives for a sociology of language and religion.' *Explorations in the Sociology of Language and Religion*. John Benjamins. 13–25.

- FitzGerald, G. (2003) 'Irish-speaking in the pre-famine period: a study based on the 1911 census data for people born before 1851 and still alive in 1911.' *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature*, 103(5). 191–283.
- Fitzpatrick, D. (1980) 'The disappearance of the Irish agricultural labourer 1841–1912.' *Irish economic and social history* 7(1). 66–92.
- Garvin, T. (1986) 'Priests and patriots: Irish separatism and fear of the modern, 1890–1914.' *Irish Historical Studies* 25(97). 67–81.
- Grant, K. (1999) *Ideology and Ireland in the Nineteenth Century*. Four Courts Press. 79–92.
- Hutchinson, J. (2010) 'Diaspora dilemmas and shifting allegiances: the Irish in London between nationalism, Catholicism and labourism (1900–22).' *Studies in Ethnicity and Nationalism*, 10(1). 107–25.
- Lane, F. (2005) 'Politics and the Irish working class, 1830–1945.' Lane, F., & Ó Drisceoil, D., (ed.) *Politics and the Irish working class 1830–1945* Basingstoke: Palgrave Macmillan. 113–9.
- Leabhar na Midhe*, (1944) BÁC: Falcon Press.
- Mac Donagh, O. (1983) *States of mind*. Allen & Unwin.
- McCoy, G.W., (1997) *Protestants and the Irish language in Northern Ireland*. Doctoral dissertation, Queen's University of Belfast.
- McMahon, T.G. (2008) *Grand opportunity: the Gaelic revival and Irish society, 1893–1910*. NY: Syracuse University Press.
- Moore-Cherry, N.M., Connor, D., Mills, G. & Moore-Cherry, N. (2011) 'The 1911 Census and Dublin city: A spatial analysis.' *Irish Geography*, 44. 22–3, 245–63.
- Murphy, J.H., (2008) 'Grand Opportunity: The Gaelic Revival and Irish Society 1893–1910.' *New Review*. 12(4). 153–7. <https://www.jstor.org/tc/>
- Neuman, L.W. (2000). *Social research methods*, 4/E. India: Pearson Education.

- Ní Mhungaile, L., (2015) 'The Irish language in County Meath 1700-1900' Crampsie A., & Ludlow F., (eds.) *Meath History & Society*. BÁC: Geography Publications. 524-47
- Nolan, W., (2015) 'The migration policy of the Irish Land Commission in County Meath: Theory and Practice' Crampsie A., & Ludlow F., (eds.) *Meath History & Society*. BÁC: Geography Publications. 764-87.
- Ó Cíosáin, N. (1997) *Print and popular culture in Ireland, 1750-1850*. MacMillan.
- Ó Cuív, B. (1951, 1993) *Irish dialects and Irish-speaking districts*. BÁC: DIAS.
- Ó Cuív, S. (1973) 'Caradas nár Mhair: Peadar Ua Laoghaire agus Eóin Mac Néill.' Martin, FX., & Byrne, FJ., (eds) *The Scholar Revolutionary*. Shannon: Irish University Press. 49-74
- Ó Gráda, C., (2006) The 1901 and 1911 Irish Censuses: A Unique Source for the Historian. *Library and Archives Canada*.
- Ó Riagáin, P. (1997) *Language policy and social reproduction: Ireland 1893-1993*. Clarendon Press.
- Ó Tuathaigh, G. (2015) *I mBéal an Bháis: The Great Famine & the Language Shift in Nineteenth-century Ireland*. Quinnipiac University Press
- O'Neill, C. (2014) *Catholics of Consequence: Transnational Education, Social Mobility, and the Irish Catholic Elite 1850-1900*. Oxford: OUP
- Parkes, S.M. (1984) *Kildare Place: the history of the Church of Ireland Training College, 1811-1969*. CICE.
- Rynne, C. (2022) 'The Linen and Wool Industries in Britain and Ireland.' Casella E. *et al* (ed.) *The Oxford Handbook of Industrial Archaeology*. OUP. 188-209
- Walsh, B. (ed.) (2016) *Essays in the History of Irish Education*. London: Palgrave Macmillan.
- Walsh, B. (2021) 'Schooling, the Gaelic League, and the Irish language revival in Ireland 1831-1922.' *Paedagogica Historica*, 59:6. 1161-77. DOI: 10.1080/00309230.2021.1991400.

Wolf, N., (2017) 'The national school system and the language in the 19th century.'
 Kelly J. & Hegarty S. (ed.) *Schools & Schooling*. Dublin: Four Courts Press. 72–91.

Foinsí Príomha Digiteacha

<https://www.census.nationalarchives.ie/help/about19011911census.html>

<https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-1916/1916irl/people/population/#:~:text=The%20population%20of%20Ireland%20grew,2011%20were%20all%20in%20Leinster>

<https://digital.library.universityofgalway.ie/p/ms/categories?collection=502&q=G60/24/6/3;G60/4/8>.

<https://archive.org/details/op1252919-1001>. *Returns relating to national education in Ireland showing the number of pupils on roll, average daily attendance*

[https://hansard.parliament.uk/commons/1905-05-29/debates/797d44fi-5443-4b24-990a-75d6f5805988/IntermediateEducation\(Ireland\)](https://hansard.parliament.uk/commons/1905-05-29/debates/797d44fi-5443-4b24-990a-75d6f5805988/IntermediateEducation(Ireland))
Report of Messers FH Dale & TA Stephens: His Majesty: Inspector of Schools, Board of Education on Intermediate Education in Ireland 1905.

<https://researchrepository.universityofgalway.ie/bitstream/handle/10379/2586CnaGReport.pdf>

Foinsí digiteacha eile

<https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=517&AspxAutoDetectCookieSupport=1>

<https://www.ulsterfolkmuseum.org/languages-ulsterchromeextension://efaidnbmnnnibpajpcglclefindmkaj/https://collections.nationalmuseumsni.org/download?id=425801>

<https://collections.nationalmuseumsni.org/download?id=425801>



Stummaduriò hir, An TPR agus dúshlán an athshealbhaíthe teanga don fhoghlaim fosta

Eva Ní Mhealláin

<https://doi.org/10.13025/29628>

Réamhrá

Is í an tsuim mhór i gcultúr na tíre a spreagann foghlaim fosta le clárú i ranganna Gaeilge timpeall na tíre. Spreagtar foghlaim fosta a mhothaíonn go láidir faoina bhféiniúlacht Ghaelach agus faoina ndualgas leis an teanga a chaomhnú ar bhealach ar féidir leo (Wright & McGrory, 2005: 191). Is baic mhóra iad san fhoghlaim an t-am a ghlactar agus minicíocht úsáid na teanga, rud a fhágann go dtabharfaí cás an fhoghlaim suas aici/aige go luath (COGG, 2020). Fágтар an fhoghlaim ag an chéad ghlúin eile, páistí Gaelscoile is minic, leis an dóchas go mbeidh an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh faoi athuair (ESRI, 2017). Is ard é líon na ndaoine in Éirinn a bhfuil toil iontu an teanga a fhoghlaim, 67% sa phoblacht agus 45% sna sé chontae (ESRI, 2015). Cuir i gcás an toil sin a chomhtháthú le modhanna seachadta nuálacha do dhaoine fosta leis an bhearna de dhaoine os cionn 20 bliain d’aois (24.4% le Gaeilge idir 20—85+) nach bhfuil Gaeilge acu a líonadh (CSO, 2023). Is é sin an cur chuige atá sa Bhriotáin. San alt seo, cuirfear cás-staidéar i láthair de scoileanna teanga do dhaoine fosta, go sonrach don Bhriotáinis sa Bhriotáin, chomh maith le húsáid an mhodha teagaisc *Total Physical Response — TPR posthac*— iontu le hoideachas níos éifeachtaí a chur ar fáil dírithe ar bhuntáistí na teanga labhartha. Is í aidhm an ailt seo ná argóint a chur chun tosaigh ar son ról féideartha an mhodha seo do theagasc na Gaeilge do dhaoine fosta in Éirinn, cúrsaí 6 mhí agus 9 mí leis an sprioc líofacht labhartha sa teanga a bhaint amach

gan baic choitianta na scolaíochta, mar atá sa Bhriotáin le cur le leanúnachas an tseachadta teaghlaigh. Is éard is ciall le *TPR* ná modh teagaisc ina n-úsáidtear orduithe díreacha agus gníomhartha fisiciúla go príomha, ag díriú ar ionchur go mór seachas ar ionchur/aischur láithreach mar atá i dteagasc iondúil teangacha (Audic, 2025). Baintear úsáid as an teanga labhartha lena nascadh go láidir agus go nádúrtha leis an ghníomh fhisiciúil ar an bhealach chéanna a sealbhaíonn páistí teanga. Míneofar cúrsa oiliúna Briotáinise do dhaoine fásta agus an modh teagaisc *TPR* nó *Total Physical Response*, mar a chuireann an tOllamh James Asher síos air, (Asher, 1977) agus na buntáistí agus na dúshláin bhunúsacha faoina theagasc go beacht agus a acmhainneacht fhéideartha don Ghaeilge sa chéad chuid den alt. Lena chois sin, pléifear an t-athshealbhú teanga mar choincheap agus bainfear conclúidí amach as an mhachnamh a rinneadh ar an chomparáid idir dhá chás na dteangacha seo.


Stummaduriòù

Sna 1990idí, tháinig athrú mór ar an bhealach a bhoghlaimíonn daoine fásta an Bhriotáinis nuair a cruthaíodh dianchúrsaí oiliúna sé mhí (Grimault, 2023: 1, 3). Is tumoideachas do dhaoine fásta é an *Stummadur*, nó dianchúrsa oiliúna, a bhfuil mar phríomhaidhm aige an Bhriotáinis a mhúineadh ar luas níos gasta agus le modh níos éifeachtaí ná modhanna clasaiceacha (Audic, 2025). *Stummadur Hir* (dianchúrsa oiliúna fada) a thugtar ar chúrsa sé mhí, agus *Stummadur Uhel* (ardchúrsa oiliúna gairid) a thugtar ar chúrsa 3 mhí, a dhéantar de ghnáth mar thacaíocht líofachta i ndiaidh chúrsa 6 mhí. Is é an rud a thairgtear ná oiliúint neamhchéime. Is mar gheall ar an *Diplôme de Compétance en Langue (DCL, DBY sa Bhriotáinis)*, a chuimsíonn an Bhriotáinis sna teangacha ar a ndéantar measúnú orthu ó bhí 2010 ann, is féidir le hoiliúnaigh teastas cáilíochta agus leibhéal teanga Eorpach Teanga oifigiúil a bheith acu (OPAB, 2011: 29). Is cur chuige é seo atá fréamhaithe i gcoincheap na foghlama gníomhaí agus úsáid leanúnach na teanga sa tsaol laethúil (Féach Aguisíní – sampla den chlár). Is é an tumoideachas príomhghné na *Stummaduriòù*. Is coincheap iad na *Stummaduriòù* atá inchomparáide le h*Ulpan* na Eabhraise, ‘Ar fhágáil an *Ulpan* dóibh, bíonn go leor Eabhraise acu chun obair a gceard nó a ngairm a dhéanamh go sásúil. Lena chois sin, bíonn tuigse acu do spiorad an Stáit agus eolas acu ar a stair agus a chultúr’ (Ó Canainn, 1963: 12). Tugann an cur chuige seo deis d’fhoghlaimoirí a bheith báite sa teanga ar feadh tréimhsí fada gan tacaíocht na Fraincise, gné a chiallaíonn gur féidir le daoine a bhfuil teangacha dúchais dhifriúla acu *Stummadur* a dhéanamh fosta. Bunaítear an tumoideachas ar an choincheap nach mór d’fhoghlaimoirí fásta an sprioctheanga a úsáid i dtimpeallacht nádúrtha agus i gcásanna praiticiúla le barr feabhais a bhaint amach. Spreagann sé foghlaimoirí an teanga a mheas mar chuid lárnach de shaol sóisialta an ionaid oiliúna agus tugann sé breis muiníne dóibh í a úsáid.

Tá an clár dírithe ar dhaoine fásta ar mian leo an Bhriotáinis a fhoghlaim go tapa, go háirithe iad siúd atá ag iarraidh an teanga a úsáid go laethúil ina saol pearsanta nó ina gcuid oibre. Mealltar daoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu, idir mhúinteoirí, ghníomhaithe teanga, thuismitheoirí atá ag iarraidh an teanga a sheachadadh dá bpáistí, agus dhaoine a bhfuil spéis ghinearálta acu i gcultúr na Briotáine agus araile. Is spriocghrúpa oiriúnach iad daoine fásta do na haidhmeanna thuasluaite mar gheall go mbíonn cúrsaí taistil, cúrsaí caidrimh agus cúrsaí gairmiúla níos cobhsaí ag an tráth sin den tsaol. Deir Grimault (2023: 9,36–40): *‘L’apprentissage du breton résonne avec une volonté d’ancrage géographique ou professionnel. Il est même un motif pour trouver un emploi en Bretagne ou obtenir des mutations dans l’enseignement public.’*

Tá tábhacht faoi leith leis an teagasc seo i gcomhthéacs na Briotáine, áit a bhfuil athbheochan na Briotáinise ag brath go mór ar fhoghlaimeoirí fásta leis an laghdú mór ar sheachadadh teaghlaigh ó ghlúin go glúin (OPAB, 2007: 17). Is í sin an aidhm is tábhachtaí ag *Ofis Publik ar Brezhoneg* (Oifis phoiblí na Briotáinise), eagraíocht arb ionann í le Foras na Gaeilge in Éirinn. Tá an-tábhacht leis seo maidir le pleanáil teanga, mar go dtugann sé deis do dhaoine fásta an teanga a athshealbhú agus a chur ar aghaidh chuig an chéad ghlúin eile, dar leis an OPAB. Dar le Audic (2025), áfach, bheadh ar na *Kreizennoù Stummañ* (na hionaid oiliúna) seo na mílte daoine a theagasc achán bhliain le bearna na ndaoine idir 18–49 gan An Bhriotáinis a laghdú (amharc léaráid a 1) gan trácht ar chaighdeán teanga na ndaoine i ndiaidh na gcúrsaí (amharc léaráid a 4). Idir 2010 agus 2023 tháinig ardú 133.1% ar líon na bhfoghlaimeoirí ar *Stummadurioù* (amharc léaráid a 1, a dó & a trí. OPAB). Is ar dchuspóir é, tús a chur le hathbheochan ar sheachadadh teaghlaigh, nach bhfuil réalaíoch agus cúrsaí maoinithe, suim an phobail á gcur san áireamh dar le Audic mar sin féin. Cé go maíonn Grimault ‘gur mó an seans go seachadann thuismitheoirí a d’fhoghlaim agus iad fásta (43%) an Bhriotáinis dá bpáistí ná iad siúd a d’fhoghlaim ar scoil amháin (27.7%)’ (2023: 10, 44). Ina theannta sin, is gan líon na bhfoghlaimeoirí ó ranganna oíche san áireamh é seo go fiú. (Aistriúcháin ar fáil i Liosta na Léaráidí)

Dasparzh ar vrezhonegerien dre rumm oad



Léaráid a 1: OPAB, 2018: 5

An niver a stajidi er stummadurioù hir dre vro –*bloavezh 2010/2011*

	Stajoù hir	Kresk bloaziek
B.Brest	49	5
B.an Oriant	42	-20
B.Gerne	19	12
B.Roazhon	25	3
B.Kornôg Kreiz Breizh	6	-6
B.Gwengamp	19	15
BREIZH	160	9
		6%

Léaráid a 2: OPAB, 2012: 29


An niver a stajidi er stummadurioù hir dre vro – *bloavezh 2022/2023*

	Stajoù hir (6 ha 3 miz) 2022/2023	Emdroadur bloaziek
B.Gerne	78	20
B.Brest	78	-16
B.Roazhon	57	0
B.an Oriant	34	11
B.Gwengamp	31	5
B.Kornôg Kreiz Breizh	26	-13
B.Kêr-Wened	24	8
B.Dreger	17	1
B.Naoned	14	-1
B.Montroulez	14	-9
BREIZH	373	6

■ Kresk
 ■ Digresk
 ■ Stabîl


Léaráid a 3: OPAB, 2024: 8

Dasparzh diplomidi an DBY diouzh al live tizhet e 2023



Léaráid a 4: OPAB, 2024: 10

Is iomaí dúshlán a bhaineann leis na *Stummadurioù*, mar a luann Audic (2023), easpa áiteanna an teanga a úsáid sa phobal cuir i gcás (amharc léaráid a 4 do na figiúirí is déanaí). Ar cheann de na príomhdhúshlán, tá an gá le hacmhainní cuí sa phobal féin nuair a chríochnaítear cúrsa oiliúna. Is oide agus bainisteoir oideachais í Morwena Audic in *Skol an Emsav* sa chathair *Roazhon (Rennes)*, scoil atá ar cheann de na príomhionaid oiliúna don Bhriotáinis sa Bhriotáin. Deir sí go bhfuil ‘géarghá le háiteanna nó gnólachtaí ina labhraítear An Bhriotáinis a d’fhéadfadh tacú lena bhfuil foghlamtha ag na mic léinn i ndiaidh an chúrsa.’ (2025) Is gné í seo a thacaíonn Grimault, ‘sa Bhriotáin, níl aon fáil againn ar ghnéithe a thacódh le húsáid na teanga’ [*nous ne disposons pas en Bretagne d’éléments de réponse sur cet usage*] (2023: 9,37), bíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí an Bhriotáinis a úsáid lasmuigh den tseomra ranga, as siocair nach bhfuil sí á labhairt go forleathan i ngach réimse den tsaol phoiblí. Léiríonn roinnt staidéar (Grimault, 2023) go bhfuil na *Stummadurioù* ag cur le hathbheochan na teanga agus go bhfuil go leor de na rannpháirtithe ábalta an Bhriotáinis a úsáid go cumasach tar éis tamall áirithe tumtha sa teanga. Ina theannta sin, beidh córas pleanála teanga níos leithne sa phobal lasmuigh den tseomra ranga ar aon: don ghnó, don fhostaíocht nach bhfuil múinteoireacht i gceist, agus don tseachadadh teaghlaigh (Audic, 2025). Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil maoiniú ar fáil lena leithéid de chúrsa a dhéanamh ach dóibh siúd sa mhúinteoireacht nó do dhaoine atá dífhostaithe. Tá an cumas ag cláir ar nós na *Stummadurioù* a bheith mar chuid de ghluaiseacht níos leithne leis an Bhriotáinis a dhéanamh níos infheicthe agus níos úsáidí arís. Dá gcuirfí tuilleadh infheistíochta ar fáil don chóras seo, atá faoi lán seoil cheana féin le 12 ionad sa bhreis ó bhí 2004 ann (amharc Léaráid a 5), d’fhéadfadh sé a bheith ina mhúnla d’athbheochan teanga ar fud na hEorpa.



Léaráid a 5: OPAB, 2024: 7.Comparáid idir na hionaid oiliúna idir 2004 & 2023

Total Physical Response

Níl amhras gurb iontach an rud é leibhéal chomh hard le B2 nó C1 a bhaint amach, rud a bhain 32% d'fhoghlaimoirí na gcúrsaí amach sa bhliain 2023 (amharc léaráid a 4). Spreagann sé ceist, áfach, faoin bhealach ar féidir sin a bhaint amach a ghasa le sé mhí. Is iontach an t-éacht é, go háirithe leis an oiread a mhaígh Asher sa mheá, *'less than 5% of adult second language learners gain satisfactory final attainment.'* (Bui, 2018: 1) Is cinnte go mbíonn ról ollmhór ag an tumaideachas i gcaighdeán teanga na bhfoghlaimoirí ag deireadh an chúrsa mar a luadh cheana féin. Is iomaí modh teagaisc ar an tsaol le teangacha a theagasc, ach dar le Radić-Bojanić (2020: 73), *'one of the methods of foreign language learning that (falls) in line with both neurolinguistic principles and naturalness is called Total Physical Response.'* D'fhorbair an tOllamh James Asher an cur chuige seo agus é mar aidhm aige go n-aithneofaí foghlaimoirí teanga trí nasc a dhéanamh idir gluaiseacht choirp agus tuiscint ar an chomhthéacs leis an

teanga a shealbhú. Cuireadh i láthair é mar *'stress-free model for language acquisition'* (Asher: 1993, 16) agus cuirtear béim ar scileanna éisteachta, cainte agus nádúrthacht na teanga. Creidtear gurb éifeachtach an modh é le gnáthfhadhbanna foghlama nó fadhbanna scolaíochta a sheachaint agus aird na bhfoghlaimoirí ar an ábhar a mhéadú (Sumarni *et al*, 2022: 29). Is dócha go bhfuil an *TPR* inchurtha leis an Mhodh Dhíreach a úsáideadh go forleathan i scolaíocht an 20ú haois. Cuir i gcás:

*... Make the Direct Method, as we have said, more truly **direct** by presenting to the child many things of which he need acquire **only the Irish name**. And it begins a perfectly reliable, but almost insensible, approach to the teaching of other subjects through the medium of the Gaelic. Our chief aim is to impart to children between the ages of four and eight a vernacular command of the language. But we desire also to enable pupils to make an adequate response to our teaching, later, of other subjects. (O'Connor Duffy, 1933: 134)*

Don *TPR*, áfach, *'(it) avoids production by students in the first 10 or more hours of teaching...'* i gcomparáid leis an Mhodh Dhíreach, *'a production-oriented method, (that) encourages production at earlier levels'* (Jarrell, 1990: 201). Cloíonn na coincheapa seo go daingean le coincheap an tumoideachais, a úsáidtear go mór i gcás na Gaeilge *'(as) an important means...for reversing or halting the process of extinction.'* (Johnson *et al*, 1997: 5) Úsáidtear an *TPR* seo go forleathan i dteagasc teangacha agus tumoideachas nádúrtha i bhfeidhm; sampla mór den úsáid sin is ea athbheochan na hEabhraise, mar gheall ar a tionchar dearfach ar fhoghlaimoir níos sine, mar bhealach nádúrtha teanga a fhoghlaim ar an bhealach céanna a bhfoghlaimíonn páistí – ag éisteacht, ag coimhead, agus freagairt go fisiciúil. Ar ábhar na bpáistí, tugann Hounhanou le fios go *'dtacaíonn an TPR le forbairt chognaíoch páistí; spreagann sé a gcéadfaí, a samhlaíocht agus a gcruthaitheacht'* (2020: 23). In áit na gnáthmhúinteoireachta nuair a bhíonn an múinteoir ag míniú rialacha gramadaí nó foclóra, úsáidtear ordúithe agus gluaiseachtaí leis an teanga nua a theagasc. Mar shampla, tugtar ordúithe d'fhoghlaimoirí – *'seas, suigh, las an solas, taispeáin an chathaoir sin dom'* – ar dtús in éineacht leis an mhúinteoir ach de réir a chéile níos neamhspleáiche agus a dtuiscint ón chomhthéacs agus a stór focal á bhforbairt le tacú na ngníomhartha coirp. Tá sé seo thar a bheith tairbheach d'fhoghlaimoirí cinéistéiseacha go háirithe (Hounhanou, 2020: 23), as siocair go gceanglaíonn siad an fhoghlaim le gluaiseacht choirp. Tá an modh seo difriúil le modhanna traidisiúnta foghlama teanga a bhraitheann ar léamh agus scríobh na teanga, bunaithe ar scrúdú litearthachta.

Oibríonn an *TPR* go háirithe le foghlaimoirí nach bhfuil taithí foghlama teanga acu, toisc go laghdaíonn sé an strus, an imní agus an fhaitíos a bhaineann le teanga nua a fhoghlaim, rud atá coitianta i measc foghlaimoirí fásta (Radić-Bojanić, 2020: 75). Tugann sé deis do rannpháirtithe an teanga a thuiscint go nádúrtha sula mbíonn orthu í a labhairt go gníomhach, rud a leanann coincheap na *'tréimhse ciúine'* i bhfoghlaim teanga, *'when an acquirer's receptive*

language far exceeds his expressive language' (Ray & Seely, 2008: 8). Bíonn éifeacht dhearfach aige seo ar fhoghlaiméoirí fásta agus ar pháistí araon. Tá an TPR an-oiriúnach d'fhoghlaim an dara teanga, mar go n-úsáideann sé próisis nádúrtha na hinchinne le cuimhne agus tuiscint a neartú. Déantar nasc idir an teanga agus na gníomhartha, rud a chabhraíonn le foghlaiméoirí cuimhneamh ar fhocail agus ar struchtúir sa mhodh is nádúrtha dóibh. Spreagann an TPR spraoi agus rannpháirtíocht ghníomhach, rud a ligeann d'fhoghlaiméoirí a bheith ar a suaimhneas agus muinín a bheith acu sa phróiseas foghlama. Dar le Celestino, *'using TPR commands does not result in teacher control but rather empowers students and permits them...to participate successfully'* (1993: 903). D'fhéadfadh sé a bheith deacair do mhúinteoirí taithí a fháil ar an mhodh teagaisc seo mar gheall go bhfuil sé an-difriúil leis an teagasc clasaiceach, agus bíonn sé scanrúil do roinnt múinteoirí a bhfuil de nós acu bearna a chothú eatarthu féin agus a ndaltaí mar a thugann Audic (2025) le fios. Ceann de na príomhbhuntaistí a bhaineann leis an TPR ná go gcuireann sé béim ar an áthas a bhaineann leis an fhoghlaim. In áit ranganna teanga a bheith ina gcúram teibí agus acadúil, bíonn siad spraiúil, idirghníomhach agus fiú greannmhar. Maíonn Celestino *'TPR is to create the kind of environment that will help students learn in a way that is not dry or disconnected from reality'* (1993: 903). Spreagann sé seo dearcadh dearfach i leith na teanga, *'which helps with long-term retention of what has been learned'* (Bui, 2018: 1) agus a spreagann foghlaiméoirí fanacht ar an turas foghlama. Tá an TPR ar cheann de na modhanna is nuálaí i dteagasc teangacha, cé nach modh nua atá ann, níl cáil forleathan bainte amach aige sa ghnáthoideachas. Le tuilleadh taighde agus tacaíochta, d'fhéadfadh sé a bheith mar chuid lárnach de mhodhanna teagaisc teangacha ar fud an domhain.

Ar an lámh eile, bíonn an-fhreagracht ar oidí a bheith lán le fuinneamh agus spreagadh a fhad an teagaisc dar le Audic agus is cinnte go bhfuil *'a lack of any training courses related to TPR'* (Xie, 2021: 301). Is modh an-tuirsiúil é dar le Audic (2025) ina mbíonn ar oidí tuilleadh a ullmhú ná mar a bhíonn i gceist le gnáthmhodhanna oideachais. Is féidir réimse ollmhór gníomhaíochtaí a dhéanamh i mbeagán ama agus cuirtear ualach mór oibre ar oidí ag baint úsáid as an TPR i gcomparáid leis an ghnáth-theagasc. Ina theannta sin, bíonn bac ar fhoghlaiméoirí réimse leathan teanga a fhoghlaim agus castacht ghramadaí, dar le Radić-Bojanić (2020: 80):

In the TPR method, or otherwise, it is fairly difficult to give instructions without using imperatives, so the language input is basically restricted to this single form. This leads to another problem: students are also not generally given the opportunity to express their own thoughts and ideas in a creative way.

Maítear go forleathan nach féidir ardleibhéil teanga a bhaint amach leis an TPR, *'not everything (not even verbs like "need" and "seem") can be performed by physical actions'* (Bui, 2018: 3), agus go mbaineann sé le foghlaim an-bhunúsach ag tús aistear an fhoghlaiméora. Ní aontaíonn Asher (1966: 84) leis an chur amach seo, ag moladh a éifeachtaí atá an modh ó thús deireadh an aistir foghlama: *'When the training is extended for many weeks, acting-out in training seems to have intense motivational power which sustains student interest and effort.'*

Go deimhin, cuireadh fianaise ar fáil gur sháraigh mic léinn a bhí oilte ag úsáid an *TPR* iad siúd a bhí ag freastal ar ghnáthranganna teanga sna ceithre scil úsáide teanga (Asher, 2009). Féach torthaí taighde Gerht ar an ábhar:

Students with no or very little literacy appeared to learn vocabulary taught via TPR more quickly than peers with more developed literacy skills. In addition, students who were not yet literate appeared to be especially proficient in recalling and executing in order a long string of TPR commands. . . There were numerous instances recorded of students laughing, participating in story creation, helping their fellow classmates, asking questions, initiating discussion and seeking out opportunities to tell their own stories. These students all began the class with very little knowledge of spoken English. It may be that these students benefited from the emphasis on the development of listening and speaking skills that were the core of my implementation of TPR.

In ainneoin na míbhuntáistí a luadh cheana féin, aontaítear go forleathan gurb éifeachtach agus sultmhar an modh teagaisc sa tseomra ranga é an *TPR*.

An *TPR* agus na *Stummaduriòù*

Is dá bhrí sin go mbaintear úsáid as an mhodh teagaisc *TPR* a bunaíodh ar phrionsabal na foghlama trí ghníomhaíochtaí fisiciúla in *Skol an Emsav* agus in *Roudour* ach go háirithe. Cé nach bhfuil clár staidéir oifigiúil don teanga leis an *OPAB*, tá cláir phearsanta ag achan ionad féin; a bheag nó a mhór níl éagsúlacht eatarthu seachas i dtaobh modh seachadta. (Sampla de chlár staidéir *Skol an Emsav* san Aguisín). I gcomhthéacs na Briotáine, úsáidtear an *TPR* ó thús na 2000í le linn chúrsaí na bhfoghlaimoirí fásta leis an Bhriotáinis a shealbhú ar bhealach níos nádúrtha agus níos taitneamhaí (Audic, 2025). Deir Audic go ndírítear ar an ionchur ar an chéad dul síos seachas ag iarraidh ‘aschur’ ón chéad lá mar a dhéantar le gnáthmhodhanna foghlama. Tá an cur chuige seo bunaithe ar an néareolaíocht, a thugann le fios go mbíonn idirghníomhaíocht fhisiciúil agus eispéiris phraiticiúla níos éifeachtaí le cuimhne fhadtéarmach a fheabhsú (Asher: 1977). Is é sin le rá go gcaitear an-chuid ama, trí mhí i gcas *Skol an Emsav*, le forbairt scileanna éisteachta agus tuisceana na bhfoghlaimoirí sula n-iarrtar orthu féin an teanga a labhairt nó a scríobh i gcomhthéacsanna éagsúla. Tá an tacaíocht i bhfad níos teoranta sa Bhriotáin don *TPR* ná mar a shílfeá. Is díol suntais nó ‘important development’ (Van der Schaaf *et al*, 2003) iad na *Stummaduriòù* de chuid *Stumdi*, *Skol an Emsav* agus *Roudour* i dteagasc na Briotáinise. Ní bhíonn mórán comhoibrithe idir na hionaid oiliúna – *Kelenn*, *Mervent*, *Roudour*, *Stumdi* agus *Skol an Emsav* – rud a chiallaíonn go mothaíonn mic léinn na gcúrsaí seo nach bhfuil nasc ná pobal idir foghlaimoirí úra agus lucht labhartha na teanga. (Mic léinn SAE, 2025) Is léir go bhfuil an treocht seo le hathrú agus comhoibriú níos coitianta le tionscadail nua éagsúla idir *Stumdi* agus *Skol an Emsav* ar na saolta seo. Is féidir, áfach, an easpa pobail seo teorainn a chur le húsáid na teanga chomh maith le heaspa áiseanna pobail nó ‘breathing spaces’ (O’Rourke & Dayán-Fernández, 2024) do lucht na Briotáinise.

An tAthshealbhú Teanga

Is coincheap lárnach sa teangeolaíocht agus san athbheochan teanga é an t-athshealbhú teanga. Tagraíonn sé don phróiseas ina ndéantar iarracht teanga a fhoghlaim, a athbheochan agus ciall shoch-chultúrtha a thabhairt di i measc an phobail ina ndeachaigh sí in éag go háirithe mar gheall ar impleachtaí coilíneacha (Leonard, 2017: 15). Go minic, is iad na daoine a bhfuil ceangal cultúir acu leis an teanga, ach nach bhfuair an deis í a fhoghlaim mar theanga dhúchais, is mó a bhíonn páirteach san athshealbhú. Tá an Ghaeilge, agus an Bhriotáinis i lár phróiseas athbheochana i gcomhthéacsanna éagsúla. In Éirinn, cé go bhfuil stádas oifigiúil ag an Ghaeilge, tá dúshlán mhóra roimpi maidir leis an tseachadadh teaghlaigh agus a húsáid laethúil. Cé go bhfuil líon na nGaelscoileanna agus na gclár foghlama do dhaoine fásta ag méadú (ESRI, 2022), tá gá le straitéisí níos éifeachtaí le húsáid na teanga taobh amuigh den chóras oideachais a leathnú. Sa Bhriotáin, tá an Bhriotáinis i mbaol suntasach mar gheall ar stair fhada imeallaithe agus ar an bhéim ar an bhFraincis. Tá athshealbhú teanga riachtanach le teangacha mionlaigh atá i mbaol báis a chaomhnú. Is minic a chruthaíonn teangacha atá faoi bhrú timpeallacht neamhfhabhrach dóibh féin – mura labhraítear an teanga go nádúrtha sa phobal, bíonn sé deacair í a sheachadadh chuig na glúnta atá le teacht. Tá ról lárnach ag teaghlaigh sa phróiseas seo, go háirithe iad siúd nach bhfuil an teanga mar ghnáth-theanga labhartha acu ach ar mian leo í a thabhairt dá gcuid páistí (Ó hIfearnáin, 2007). Is minic, áfach, nach mbíonn muinín ag tuismitheoirí astu féin mar chainteoirí, rud a chuireann bac ar an athshealbhú (Comer, 2007). Is amhlaidh an dá chás pé teanga atá i gceist, tá modhanna fearacht an *TPR*, de dhíth le foghlaimeoirí fásta agus teaghlaigh a mhealladh agus oideachas a chur orthu go gasta. *‘In language acquisition, it happens spontaneously and unconsciously. Meanwhile, language learning refers to the processes which occur when a certain language is introduced.’* (Mariyam & Musfiroh, 2019: 257). B’aidhm Asher, áfach, ná nádúrthacht an tsealbhaithe teanga a chumasc le foghlaim na teanga. Le tacaíocht chuí agus le modhanna teagaisc a oireann don fhoghlaimeoir, is féidir leis an athshealbhú cur go mór le hathbheochan na dteangacha seo agus lena n-úsáid mar theangacha pobail in athuir.

Cás na Gaeilge

Le blianta beaga anuas, tá laghdú tagtha ar líon na gcainteoirí Gaeilge, go háirithe i measc daoine fásta (CSO, 2022). Ina ainneoin sin, tá an Ghaeilge ag fáil tacaíochta mar chuid de bheartais phleanála teanga, agus déantar iarracht foghlaimeoirí nua a mhealladh agus an teanga a chothú i measc pobail éagsúla. Creideann OBAP na Briotáine go láidir gurb é oideachas foghlaimeoirí fásta agus tuismitheoirí is tábhachtaí leis an bhearna sa tseachadadh teaghlaigh idirghlúine (Broek, 2020: 7) a dhruidim. Agus laghdú tagtha ar mhéid an tseachadta teaghlaigh, (Ó hIfearnáin, 2007) d’fhéadfaí *Stummadurioù* a chur i bhfeidhm le haghaidh foghlaim neamhfhoirmiúil, ina mbeadh daoine ag foghlaim na teanga go lánaimseartha ar chúrsa 6–9

mí do dhaoine fásta agus do ghrúpaí teaghlaigh. D'fhéadfadh tumoideachas i suíomhanna pobalbhunaithe cur le feidhmiúlacht an mhodha seo, ag cruthú taithí fheidhmiúil don teanga lasmuigh den tseomra ranga, mar a fheictear i gcultúrlanna na tíre. Luaitear go minic an líofacht a bhaineann foghlaiméoirí fásta amach, fearacht tuairim Flynn (2020: 1992): *'any significant contribution by adult learners to the revitalization of Irish depends on them achieving a level of proficiency which would allow them to interact with other proficient speakers'*.

Tabharfar suntas anseo do thaighde pleanála teanga an Charn, i measc an phobail Ghaeilge, inar cíoradh ceisteanna foghlama do dhaoine fásta chomh maith. Is sampla breá é gníomhaíocht Choiste Forbartha Charn Tóchair atá dírithe ar fhoghlaim na Gaeilge do dhaoine fásta ar aon leis an óige ar bhealach nuálach, niamhrach. Is minic a lochtaítear, áfach méid an ama foghlama i gcomparáid le leibhéal na líofachta don mheánaois. Luaigh rannpháirtí amháin de taighde Choiste Forbartha Charn Tóchair: *'I do not want to give the amount of time necessary to become fluent in a language'* (Comer, 2015: 69). Is dearcadh é seo a roinntear go láidir i measc an phobail (ESRI, 2025). Ina theannta sin, tá brú ollmhór ar an chóras scolaíochta in Éirinn tacaíocht aonarach a thabhairt do Ghaeilge na nglúnta atá le teacht. Deir Broek (2020: 16): *'promoting the use of the language at home by advising both adults and parents, ensures that children take the acquired home language with them to school and relieves some of the pressure of schools having to act as the prime Múinteoir of the language'*. Má spreagtar daoine fásta an Ghaeilge a fhoghlaim, líonfaidh sé bearna eile in 'éiceachóras' (Romane, 2013) na Gaeilge. Dá gcuirfí cúrsaí oiliúna ar nós na *Stummaduriou* ar fáil in Éirinn, tá seans ann go bhfaighfí réiteach na faidhbe seo, le héifeachtacht agus luas na gcúrsaí mar dhíol suntais. Ceann de na dúshláin is mó d'fhoghlaiméoirí fásta is ea na modhanna teagaisc traidisiúnta, a bhíonn dírithe go príomha ar an ghramadach agus ar an fhoghlaim fhoirmiúil. D'fhéadfadh cur chuige oiliúna na *Stummaduriou* agus cleachtas eile tacaíocht bhreise a thabhairt do dhaoine a bhfuil fonn orthu an Ghaeilge a shealbhú ach nach bhfuil bealaí feidhmiúla acu leis sin a dhéanamh. Le go mbeadh an TPR agus modhanna teagaisc eile rathúil i dteagasc na Gaeilge, caithfear infheistiú i gcúrsaí oiliúna do mhúinteoirí agus i bhforbairt modhanna oideachais níos ilghnéithí a chumascadh le modhanna traidisiúnta. D'fhéadfaí cás-staidéir a scrúdú ó theangacha eile, mar shampla ón Bhriotáinis, agus modhanna oideachais a fheabhsú agus a chur in oiriúint do riachtanais fhoghlaiméoirí Gaeilge. Tá buntáiste againn in Éirinn, nach roinntear leis an Bhriotáin, áfach, is é an aithne mhaith agus an t-ardmheas atá ag pobal na hÉireann ar an teanga. Dar le Barry (2023: 262) *"relearning" Irish could and should be reframed as a process of reactivating existing reserves of Irish language knowledge.'*

As siocair an ardstádais agus an t-aitheantas atá ag an Ghaeilge sa tír, (ESRI, 2022) agus an bunús eolais fúithi atá ag formhór na tíre, is réalaíoch an cur chuige é *Stummaduriou* a bhunú le tacaíocht stáit agus le scéimeanna éagsúla ar nós pleanáil áitiúil don teanga. Tá an Ghaeilge ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin mhóra maidir lena sealbhú i measc daoine fásta. Mar sin féin, tá deiseanna agus féidearthachta ann fosta le cur chuige cruthaitheach, amhail

Stummadurioù, a chur i bhfeidhm. Is réimse taighde arbh fhiú tuilleadh suim a chur ann sa todhchaí, cuir i gcás grúpa tástála, anailís ar úsáid an mhodha *TPR* trí mheán na Gaeilge le héifeacht na *Stummadurioù* agus an *TPR* a thaispeáint go sonrach i gcás na Gaeilge.

Conclúid

Mar fhocal scoir, d'fhéadfaí roinnt ceachtanna a fhoghlaim ó chás na Briotáine maidir le cur chun cinn na Gaeilge. Is córas rathúil é an *Stummadur* a chuidíonn le hathbheochan na Briotáinise, cé gur léir go bhfuil tuilleadh tacaíochta agus infheistíochta riachtanach lena thionchar a leathnú, agus le cinntiú go mairfidh úsáid na teanga sa phobal. Cé go bhfuil tacaíocht pholaitiúil ann agus pobal báúil don Ghaeilge, ní minic a bhíonn an bhéim a láidre céanna ar fhoghlaim na ndaoine fásta, ná ar mhodhanna nuálacha teagasc dóibh. D'fhéadfadh cur chuige níos praiticiúla cosúil leis an *TPR* cuidiú le foghlaimeoirí fásta muinín agus líofacht a bhaint amach níos tapa (Asher: 1977). Dar le Audic (2025), áfach, níl luas na foghlama ina dhíol suntais ach éifeachtacht an mhodha sa líofacht chainte agus sa bhuaime chuimhne. Is modh thar a bheith éifeachtach an *TPR* le foghlaimeoirí a spreagadh, strus a laghdú, agus sealbhú nádúrtha teanga a éascú. In ainneoin go maítear go bhfuil easnaimh ann maidir le castacht ghramadaí agus léiriú cruthaitheach na bhfoghlaimeoirí, úsáidtear an *TPR* go rathúil in *Stummadurioù* na Briotáine. Tá easpa comhoibrithe idir na hionaid oiliúna ann, rud a threoraíonn nascadh pobail agus úsáid na teanga, is féidir linn foghlaim ón mhéid seo. Is riachtanach é an t-athshealbhú teanga i measc daoine fásta na tíre seo leis an Ghaeilge a neartú. Cé gur léir a éifeachtacht i gcásanna eile, tá an *TPR* fós réasúnta neamhfhorleathan i dteagasc na dteangacha mionlaigh (Duran, 1993: 136). D'fhéadfadh an *TPR* a bheith tairbheach go háirithe in ionaid tumoideachais do dhaoine fásta, cosúil le Gaelchultúr nó Coláiste na Rinne. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh taighde agus forbartha ar an dóigh ar féidir é a chur in oiriúint go héifeachtach d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge. Tá sampla an-mhaith sa Bhriotáin maidir le húsáid an mhodha seo agus sa teagasc do dhaoine fásta. Tá an deis ann fós do mhionteangacha eile, an Ghaeilge ina measc, ceacht a fhoghlaim ón tsampla seo agus a lochtanna fosta: easpa saoil sa teanga taobh amuigh den tseomra ranga, easpa fostaíochta agus araile. Mar a luann *Straitéis Fiche Bliain na Gaeilge*, 'The goal is to create more opportunities for adults interested in the Irish language' (Broek, 2020: 12), go gcruthaí muid iad mar sin de. Tá gá le cur chuige difriúil agus tumoideachas struchtúrtha, cosúil le *Stummadurioù*, le foghlaim na Gaeilge i measc daoine fásta a fhorbairt, a chothú agus a fheabhsú in Éirinn.

Tagairtí

- Adam, C. (2020) 'Bilinguisme scolaire: Familles, écoles, identités en Bretagne' *Langue, multilinguisme et changement social*. Berlin: Peter Lang.
- Adam, C. (2022) 'Des 'bilingues scolaires' dans le paysage sociolinguistique breton?' *La Bretagne Linguistique*, 24. 83–96.
- Adam, C., & Larvol, G. (2019) 'Scolarisation bilingue et appropriation d'une langue (minoritaire)' *Travaux de didactique du français langue étrangère*. 1.
- Adamson, B. (2004) 'Fashions in language teaching methodology', A. Davies & C. Elder (Eds.). *Handbook of Applied Linguistics*. Oxford: Blackwell, 604–22.
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), 2020. *An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtais*. Dublin: COGG. <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/An-Tumoideachas-Deiseanna-agus-Dea-chleachtais.pdf>.
- An Roinn Oideachais & Scileanna. (2013) 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030. <https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/20-Year-Strategy-for-theIrish-Language-2010-2030.pdf>
- Asher, J. (1966) 'The Learning Strategy of the Total Physical Response: A Review'. *The Modern Language Journal*, 50 (2). 79–84.
- Asher, J. (1969a) 'The Total Physical Response Approach to Second Language Learning'. *The Modern Language Journal*, 53 (1). 3–17.
- Asher, J. (1969b) 'The Total Physical Response Technique of Learning'. *The Journal of Special Education*. 3 (3). 253–62.
- Asher, J. (1977) *Learning Another Language Through Actions: The Complete Teacher's Guidebook*. Los Gatos, California: Sky Oaks Publications.
- Asher, J. (1993) *Learning another language through actions*. Los Gatos, California: Sky Oaks Productions.
- Asher, J. (2001) *Brainswitching: Learning on the Right Side of the Brain*. Los Gatos, California: Sky Oaks Publications.

- Asher, J. (2009) 'The total physical response: Review of evidence.' TPR-world.com
- Au, C., & Entwistle, N. (1999). 'Memorization with understanding in approaches to studying: cultural variant or response to assessment demands'. European Association on Learning and Instruction Conference. Gothenburg.
- Baker, C., Andrews, H., Gruffydd, I., & Lewis, G. (2010) 'Adult language learning: a survey of Welsh for Adults in the context of language planning'. *Evaluation & Research in Education*, 24(1). 41–59.
- Barry, S. (2023) 'The Irish question an investigation into Irish language self-efficacy beliefs in adults'. Limerick: Mary Immaculate College/UL.
- Baxter, R.N. (2021) 'Réflexions sur la dichotomie entre néolocuteurs et locuteurs natifs/traditionnels dans le cadre de la revitalisation des langues minoritaires: vers un nouveau discours inclusif'. *Lengas*. 89.
- Breton, H. (2017). 'Expériences du temps et récit de soi au cours de l'activité biographique en formation d'adultes'. *Chemins de formation*, 21. 45–57.
- Broek, N.M. (2020) 'Irish Language Revival Policies in Education Immersion education and adult education as a link to intergenerational language transmission'. Utrecht, Netherlands: Utrecht University.
- Carragher, L., & Golding, B. (2015) 'Older Men as Learners: Irish Men's Sheds as an Intervention'. *Adult Education Quarterly*. 152–68.
- Celestino, W.J. (1993) 'Total Physical Response: Commands, not Control'. *Hispania*, 76 (4). 902–3.
- Comer, N. (Eag.) (2015). 'An Phleanáil Teanga: I dtreo na gníomhaíochta' Carn Tóchair. Cumann Forbartha Charn Tochair.
- Corcoran, T. (1923). 'How the Irish Language Can Be Revived'. *The Irish Monthly*, 51(595). 26–30.
- Deuxième rapport général sur l'état de la langue bretonne. Observatoire de la langue bretonne: 2002-2007*'. Karaez: Ofis Publik ar Brezhoneg.

- Duran, E., (1993) Effective Communication Programming for Language Minority Students with Severe Disabilities. *Topic Papers, Reader's Guide & Videotape.*, 135–45.
- Edwards, R., Sieminski, S. & Zeldin, D. (2014) *Adult learners, education and training.* Routledge.
- ESRI & Foras na Gaeilge. (2017) 'Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge.' Leagan Gaeilge. BÁC: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.
- ESRI (2022) 'Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland.' BÁC: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.
- Flynn, C.J. (2020) *Adult minority language learning: motivation, identity and target variety.* Blue Ridge Summit, PA: Multilingual Matters.
- Gehrt, Ann, (2023) 'Implementing TPR and TPRS in the Adult ESL Classroom with SLIFE Learners: A Teacher's Diary Study.' School of Education and Leadership Student Capstone Theses & Dissertations. 4585.
- Grimault, G. (2023) 'Est-il préférable d'apprendre les langues minoritaires à l'âge adulte ?: L'exemple du breton.' *Lengas.* 93.
- Hamon, M., Peton, D.A., Gourvenec, N., Kermorvan, G. & Palud, C., (2018) 'Le breton, un outil au service du prendre soin.' *L'Aide-Soignante*, 32(199). 29–30.
- Hounhanou, A.J.V. (2020) 'Promoting TPR (Total Physical Response) Method in Teaching Vocabulary for EFL Beginners in Benin Secondary Schools.' *International Journal of Applied Linguistics & English Literature.* 9 (6). 23–31.
- Jana, P. & Anna, S., (2019) 'Language maintenance and language death: the case of the Irish language.' *Russian Journal of Linguistics*, 23(1). 40–61.
- Jarrell, D. (1990) 'A Comparison Between The Total Physical Response and The Direct Method.' *Journal of Nagoya Women's University. Humanities Social Science*, 36. 193–202.
- Johnson, R.K., & Swain, M. (1997) *Immersion Education.* Cambridge: Cambridge University Press.

- Jouitteau, M. (2009) 'Mélania Jouitteau a ergerzh Bed al lavar'. *Kazetenn Ya. Keit Vimp* Bev: Karaez.
- Kersch, M.T. (2016) *'Publish or perish: linguistic policies and the Picard language of France.'* Graduate Research Theses & Dissertations, Illinois: Northern Illinois University.
- Krashen, S.D. (1984) 'Immersion: Why it works and what it has taught us.' *Language and society*, 12(1), 61–4.
- Kroskirty, P. V. (2009) 'Language renewal as sites of language ideological struggle: The need for 'ideological clarification'', Reyhner, J. & Lockard, L. (eag.) *Indigenous language revitalization: Encouragement, guidance & lessons learned*. Flagstaff, AZ: Northern Arizona University, 71–83.
- Larsen-Freeman, D. (1986) *Techniques and Principles in Language Teaching*. Oxford: Oxford University Press.
- Leonard, W.Y. (2017) 'Producing language reclamation by decolonising 'language''. Leonard, W.Y., & De Korne, H. (eag.) *Language Documentation and Description*, 14. London: EL Publishing. 15–36.
- Lindsey, J.F. (1975). 'Irish Language Teaching: A Survey of Teacher Perceptions', *The Irish Journal of Education / Iris Eireannach an Oideachais*, 9(2). 97–107.
- Long, D. (2024). 'Gaedhilg Chúige Uladh a shábhailt': An phleanáil teanga in *An tUltach* ['Gaedhilg Chúige Uladh a shábhailt': Language planning in *An tUltach*]. *TEANGA: the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 31. 162–80.
- Mac Giolla Chríost, D., Carlin, P., Sioned Davies, S., Fitzpatrick, T., Jones, A.P., Heath-Davies, R., Marshall, J., Morris, S., Price, A., Vanderplank, R., Walter, C., & Wray, A. (2012) 'Welsh for Adults teaching and learning approaches, methodologies and resources: a comprehensive research study and critical review of the way forward.' Caerdydd, Cymru: Llywodraeth Cymru/Welsh Government.
- Mahon, Á. (2017). 'Derrida and the school: language loss and language learning in Ireland.' *Ethics and Education*, 12(2). 259–71.

- Mariyam, S.N., Musfiroh, T. (2019) 'Total Physical Response (TPR) Method in Improving English Vocabulary Acquisition of 5-6 Years Old Children.' *Tadris: Jurnal Keguruan dan Ilmu Tarbiyah*, 4(2). 257-64.
- Newcombe, L. P. (2007) *Social Context and Fluency in L2 Learners: The Case of Wales*. Clevedon, UK: Multilingual Matters Ltd.
- Ó Canainn, T. (1963) 'Athbheochan Na hEabhraise.' *Comhar*, 22(3). 11-4.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O'Brien, M., (2007) *Comprehensive Linguistic study of the use of Irish in the Gaeltacht: Principal Findings and Recommendations*. BÁC: DCRGA.
- Ó hIfeárnáin, T. (2007) 'Raising Children to be Bilingual in the Gaeltacht: Language Preference and Practice.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10(4) 510-28. doi.org/10.2167/beb457.0.
- Ó Laoire, M. (1999) *Athbheochan na hEabhraise: Ceacht don Ghaeilge?* BÁC: An Clóchomhar Tta.
- Ó Riagáin, P. (1997) *Language Policy and Social Reproduction: Ireland 1893-1993*. Oxford, United Kingdom: Clarendon Press.
- O'Rourke, B. & Dayán-Fernández, A., (2024). 'Sowing the seeds at Semente: Urban Breathing Spaces and New Speaker Agency.' *Agency in the Peripheries of Language Revitalisation*. De Gruyter Brill: Multilingual Matters. doi.org/10.21832/9781800416277-005.
- Ofis Publik ar Brezhoneg. (2012) 'Kelenn d'an oadourien bilañs 2011.' Pol Studi ha Diorren, Arsellva implij ar yezhoù 2012., Karaez: Ofis Publik ar Brezhoneg.
- Ofis Publik ar Brezhoneg. (2017) '*La langue bretonne à la croisée des chemins. Deuxième rapport général sur l'état de la langue bretonne. Observatoire de la langue bretonne: 2002-2007.*' Karaez: Ofis Publik ar Brezhoneg.
- Ofis Publik ar Brezhoneg. (2018) 'Enklask Sokioyezhoniel 2018: Roadennoù ha Dielfennadenn' Karaez: Ofis Publik ar Brezhoneg.

- Ofis Publik ar Brezhoneg. (2020) 'Kelell d'an oadourien bilañs 2019.' Pol Studi ha Diorren, Arsellva implij ar yezhoù 2020., Karaez: Ofis Publik ar Brezhoneg.
- Ofis Publik ar Brezhoneg. (2021) 'Kelell d'an oadourien bilañs 2020.' Pol Studi ha Diorren, Arsellva implij ar yezhoù 2021., Karaez: Ofis Publik ar Brezhoneg.
- Ofis Publik ar Brezhoneg. (2024) 'Kelell d'an oadourien bilañs 2023.' Pol Studi ha diorren, Arsellva implij ar yezhoù 2024., Karaez: Ofis Publik ar Brezhoneg.
- Pentecouteau, H. (2002). *Devenir bretonnant* (1-). Presses universitaires de Rennes.
- Radić-Bojanić, B. (2020) 'Total Physical Response: Theoretical frameworks and general principles.' *Pedagoška Stvarnost*. 66 (1). 72–83.
- Response in Teaching Vocabulary Integrated With Meaningful Classroom Interaction', *JOLLS: Journal of Language and Literature Studies*, 2(1). 23–32.
- Richards, J. C., & Rodgers, T. S. (1986). *Approaches and Methods in Language Teaching*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Romaine, S., 2013. 'Environment: Language ecology and language death,' *The language phenomenon: Human communication from milliseconds to millennia*. Berlin, Heidelberg: Springer Berlin Heidelberg., 217–34.
- Saito, A. (2020) Strategy Use, Self-Efficacy Beliefs, and Self-Regulatedness in Adult Foreign Language Learning', *Australian Journal of Applied Linguistics*, 3. 152–67.
- Smith, L. T. (2012) *Decolonizing methodologies: Research and Indigenous peoples*. 2nd ed. New York: Zed Books.
- Spolsky, B. (1995) 'Conditions for Language Revitalization: A Comparison of the Cases of Hebrew and Maori', *Current Issues in Language & Society*, 2(3). 177–201.
- Sumarni, B., Dev Bhatta, D., & Fung Chien Kho, S. (2022) 'The Use of Total Physical Urban breathing spaces and new speaker agency.' *Agency in the peripheries of language revitalisation: Examining European practices on the ground. Multilingual Matters*.

- Van der Schaaf, A. (Eag.), ar Mogn, O., & Hicks, D. (2003). 'Breton: The Breton language in education in France'. (Regional dossiers series). Mercator European Research Centre on Multilingualism and Language Learning.
- Walsh, T. (2016) '100 years of primary curriculum development and implementation in Ireland: a tale of a swinging pendulum'. *Irish Educational Studies*, 35. 1–16.
- Wright, M., & McGrory, O. (2005) 'Motivation and the adult Irish language learner'. *Educational Research*, 47(2). 191–204.
- Xie, R. (2021) 'The Effectiveness of Total Physical Response (TPR) on Teaching English to Young Learners'. *Journal of Language Teaching and Research*, 12(2). 293–303.

Fóinsí Eile:

- An Príomh-Oifig Staidrimh. (2023) 'Daonáireamh 2022 Próifíl 8 - An Ghaeilge agus Oideachas' (17 Nollaig 2024) Ar fáil ag: <https://www.cso.ie/en/baile/eisiuinti/epi/p-cpp8/daonaireamh2022proifil8-anghaeilgeagusoidiachas/gaeilgeagusanghaeltacht/>
- Asher, J., Suíomh an Dr. Asher don TPR, Ar fáil ag: <http://www.tpr-world.com> (3 Nollaig 2024)
- Audic, M. [BA, MA, MSc.²] Agallamh an Eanáir 2025.
- Fócasghrúpa, Márta 2025, Grúpa foghlaimoirí de chuid Skol an Emsav ón bhliain 2022/2023.
- Tús Maith. (2020) *Irish / Bilingualism*. 17 Nollaig 2024, Ar fáil ag: <http://tusmaithocd.ie/irish-bilingualism/>.
- Ofis Publik ar Brezhoneg. (2025) 'Stummadurioù Hir', <https://www.brezhoneg.bzh/64-stummaduriou-hir.htm>.
- Ofis Publik ar Brezhoneg. (2025) 'Studiadennoù sokioyezhoñiel', <https://www.brezhoneg.bzh/97-studiadennoù-sokio-yezhoñiel.htm>.

Liosta na Léaráidí

Léaráid a 1: Dáileadh na ndaoine a bhfuil An Bhriotáinis acu de réir aoisghrúpa (15/24 bliain d'aois 3%, 25/39 bliain d'aois 2%, 40/59 bliain d'aois 16%, 60/69 bliain d'aois 22%, 70 bliain d'aois agus os cionn 57%)

Léaráid a dó: líon na bhfoghlaimeoirí ar chúrsaí oiliúna fada de réir contaetha – bliain 2010/2011

	Cúrsaí oiliúna fada	Fás ó anuraidh
Contae Brest	49	5
Contae an Oriant	42	-20
Contae Kerne	19	12
Contae Roazhon	25	3
Iarthar Lár na Briotáine	6	-15
Contae Gwengamp	19	15
An Bhriotáin	160	9
		6%

Léaráid a trí: Dáileadh céimithe DCL de réir leibhéal a baineadh amach in 2023

	Cúrsaí oiliúna (6 agus 9 mí) 2022/2023	Athrú ó bhliain seo caite
Contae Kerne	78	20
Contae Brest	78	-16
Contae Roazhon	57	0
Contae an Oriant	34	11
Contae Gwengamp	31	5
Iarthar Lár na Briotáine	26	-13
Contae Baile Gwened	24	8
Contae Treger	17	1
Contae Naoned	14	-1
Contae Montroulez	14	-9
An Bhriotáin	373	6

Kresk – Fás; *Digresk* – Laghdú; *Stabil* – Seasmhach

Léaráid a 4: Dáileadh leibheál teanga Eorpach na gCéimí don *Diplôme de Compétance en Langue (DCL/DBY)* in 2023. (A2 4%, B1.1 9%, B1.2 25%, B2 36%, C1 26%)

Léaráid a 5: Comparáid ar na hionaid oiliúna atá ar fáil idir 2004/2005 agus 2022/2023.

2004/2005:

Áiteanna le cúrsaí oiliúna fada: Landerne, Plañvour

Contaetha ina gcuirtear ar fáil.

2022/2023:

Áiteanna le cúrsaí oiliúna fada: Brest, Landerne, Lesneven, Montroulez, Lannuon, Gwengamp, Pleiben, Karaez-Plouger, Kemper, Henbont, Plañvour, Gwened, Roazhon, Sant-Ervlan

Áiteanna nua: Pleiben

Contaetha ina gcuirtear ar fáil.

Aguisíní

Aguisín a 1

Sampla de rang ar chúrsa oiliúna 6 mhí i gclár staidéir *Skol an Emsav*.

Tras-scríbhinn ar choda den chéad rang teagaisc sa chúrsa oiliúna sé mhí de chuid *Skol an Emsav*.

Torthaí Foghlama:

- Briathra:
 - ▷ *Sevel* – Éirigh
 - ▷ *Azezañ* – Suigh
 - ▷ *Kerzhout* – Siúil
 - ▷ *Chom a-sav* – Stad

- Téarmaíocht:
 - ▷ *Taolenn* – Clár bán/dubh
 - ▷ *Kador* – Cathaoir
 - ▷ *Dor* – Doras

- Gramadach:
 - ▷ Modh Ordaitheach
 - ▷ Athruithe Tosaigh (*an daolenn, ar gador, an nor*)

Pointe eolais: Dar leis an mhúinteoir teagasctar an modh ordaitheach ar dtús in *Skol an Emsav*, mar gheall gurb í fréamh an bhriathair an modh ordaitheach sa dara pearsa uatha sa Bhriotáinis.

Cuir i gcás: Infinideach an bhriathair: *Sevel* (éirigh/seas)
 Fréamh an bhriathair: *Sav*-
 Modh Ordaitheach (2ú Pearsa Uatha): *Sav*!
 Briatha réimnithe:

	Aimsir Láithreach	Aimsir Fháistineach	M. Coinníollach
1ú Pearsa Uatha	Savan	Savin	Savfen
2ú Pearsa Uatha	Savez	Savi	Savfes
3ú Pearsa Uatha	Sav	Savo	Savfe
1ú Pearsa Iolra	Savomp	Savimp	Savfemp

2ú Pearsa Iolra	Savit	Savoc'h	Savfec'h
3ú Pearsa Iolra	Savont	Savint	Savfent
Saorbhriathair	Saver	Savor	Savfed

Timpeallacht an tSeomra Ranga: 16 mac léinn agus múinteoir amháin.

*Scríobhadh uimhreacha in áit na n-aimneacha ar mhaithe leis an anaithnideacht.

Múinteoir: Prest oc'h? (An bhfuil sibh réidh?) Savomp! (Seasaimis)

[*Sheas cách, múinteoir san áireamh.*]

Azezomp! (Suímis!) [*Shuigh cách.*]

Savomp! (Seasaimis) [*Sheas cách.*]

Azezomp! (Suímis!) [*Shuigh cách.*]

Savomp! (Seasaimis) [*Sheas cách.*]

Azezomp! (Suímis!) [*Shuigh cách.*]

*'1', sav! (1, seas!) [*Sheas mac léinn 1.*]

'4', sav! (4, seas!) [*Sheas mac léinn 4.*]

'7', sav! (7, seas!) [*Sheas mac léinn 7.*]

Azezomp! (Suímis!) [*Shuigh cách, múinteoir san áireamh.*]

Savomp! (Seasaimis) [*Sheas cách.*]

'8', Azez! (8, seas!) [*Shuigh mac léinn 8.*]

'12', Azez! (2, seas!) [*Shuigh mac léinn 12.*]

'10', Azez! (10, seas!) [*Shuigh mac léinn 10.*]

Azezit! (Suigí) [*Shuigh cách, gan an mhúinteoir an uair seo*]

Savit! (Seasaigí!) [*Sheas cách.*]

Mat tre, bremañ, azezomp! (Iontach maith, anois, suímis!) [*Shuigh cách, leis an mhúinteoir.*]

Savit! (Seasaigí!) [*Sheas cách.*]

16, azez! (16, suí!) [*Shuigh mac léinn 16.*]

Azezit! (Suigí!) [*Shuigh cách.*]

Mat tre! (Iontach maith!)

Leantar ar an tslí seo.

Múinteoir: Bremañ, e kerzhomp! (Anois, Siúlaimis!)

Kerzhomp! (Siúlaimis!) [*Thosaigh cách ag siúl thart, an múinteoir ar dtús.*]

Chomit a-sav! (Stopaigí!) [*Stop cách.*]

Kerzhomp! (Siúlaimis!) [*Thosaigh cách ag siúl thart*]

Kerzhit! (Siúlaigí!) [*Thosaigh cách ag siúl thart gan an múinteoir.*]

Chomit a-sav! (Stopaigí!) [*Stop cách.*]

5, kerzh! (5, siúil!) [*Thosaigh mac léinn 5 ag siúl thart.*]

8, kerzh! (8, siúil!) [*Thosaigh mac léinn 8 ag siúl thart.*]

Chomit a-sav! (Stopaigí!) [*Stop cách.*]
 10, kerzh! (10, siúil!) [*Thosaigh mac léinn 10 ag siúl thart.*]
 15, kerzh! (15, siúil!) [*Thosaigh mac léinn 15 ag siúl thart.*]
 Kerzhomp! (Siúlaimis!) [*Thosaigh cách ag siúl thart*]
 Chomomp a-sav! (Stopaimis!) [*Stop cách.*]
 2, Kerzh! (15, siúil!) [*Thosaigh mac léinn 2 ag siúl thart.*]
 Chom a-sav! (Stop!) [*Stop mac léinn 2 ag siúl.*]

Leantar ar an tslí seo.

Múinteoir: Kerzhomp betek an daolenn! (Siúlaimis chuig an chláir!) [*Thosaigh cách ag siúl chuig an chláir, an múinteoir ar dtús.*]
 Chomit a-sav! (Stopaigí!) [*Stop cách.*]
 9, kerzh betek an daolenn! (9, siúil chuig an chláir!) [*Thosaigh mac léinn 10 ag siúl chuig an chláir.*]
 4, kerzh betek an daolenn! (4, siúil!) [*Thosaigh mac léinn 15 ag siúl chuig an chláir.*]
 Chom a-sav! (Stop!) [*Stop cách.*]
 9, 4, kerzhomp betek ar gador! (9, 4, siúlaimis chuig an chathaoir!) [*Thosaigh mac léinn 9 agus a 4 ag siúl chuig an chathaoir leis an mhúinteoir.*]
 Chomomp a-sav! (Stopaimis!) [*Stop cách.*]
 Azezit! (Suigí!) [*Shuigh cách.*]
 Savit! (Seasaigí!) [*Sheas cách.*]
 Azezit! (Suigí!) [*Shuigh cách.*]
 3, kerzhomp betek an nor! (3, Siúlaimis chuig an doras!) [*Thosaigh 3 ag siúl chuig an doras, an múinteoir ar dtús.*]
 3, azez! (3, suí) [*Chuaigh 3 ina s(h)uí*]
 Savit! (Seasaigí!) [*Sheas cách.*]
 Kerzhit betek an nor! (Siúlaigí chuig an doras!) [*Thosaigh cách ag siúl chuig an doras, gan an mhúinteoir.*]
 Kerzhit betek ar gador! (Siúlaigí chuig an chathaoir!) [*Thosaigh cách ag siúl chuig an chathaoir, gan an mhúinteoir.*]
 Kerzhit betek an daolenn! (Siúlaigí chuig an chláir!) [*Thosaigh cách ag siúl chuig an chláir, gan an mhúinteoir.*]
 Azezit! (Suigí!) [*Shuigh cách.*]

Leantar ar an tslí seo.

Aguisín a 2

Téamaí ar chláir staidéir *Skol an Emsav* & samplaí de ghníomhaíochtaí ranga leis an *TPR* a dhéantar:

Téama / Ábhar	Gníomhaíochtaí ranga
Téarmaíocht an ranga	<ul style="list-style-type: none"> • An doras a oscailt / a dhruideadh • An solas a lasadh / a mhúchadh • Na fuinneoga a oscailt / a dhruideadh • Peann a thógáil / a chur síos • Scríobh ar an chláir / an scríobhneoireacht a scriosadh • Bruscar a chur sa bhosca bruscair • Leabhar a aimsiú i dtaisceadán • Do lámh a leagan ar an radaitheoir
An Chistin	<ul style="list-style-type: none"> • Uisce a lorg ón doirteal • An citeal a chur síos • Mála tae a chur i gcupán • Uisce a dhoirteadh i gcupán • Forc, scian agus spunóg a chur amach ar an tábla • Pláta a lorg sa chófra • An cuisneoir a oscailt / a dhruideadh • An reoiteoir a oscailt / a dhruideadh
Bia & Deoch	<ul style="list-style-type: none"> • An bia ceart a aimsiú i measc na luaschártaí • An deoch ceart a aimsiú i measc na luaschártaí • An cárta a chur in áit eile sa tseomra (ar an tábla, ar an fhuinneog, sa taisceadán srl.)
An Corp	<ul style="list-style-type: none"> • An ball coirp ceart a aimsiú agus do lámh a leagan air • Ball coirp ar leith a mhuirniú / a bhualadh / a chigilt / a chuimilt
An Nádúr	<ul style="list-style-type: none"> • An crann / na bláthanna a aimsiú sa pháirc • Do lámh a leagan ar an chrann cheart • Do lámh a leagan ar an bhláth cheart • An t-ainmhí ceart a aimsiú i measc na luaschártaí / sa pháirc
An Teicneolaíocht	<ul style="list-style-type: none"> • An ríomhaire a lasadh / a mhúchadh • An ríomhaire a phlugáil isteach • Cáipéis / feidhmchlár a oscailt / a dhruideadh ar an ríomhaire • An t-osteilgeoir a lasadh / a mhúchadh • Clóscríobh • Físeán a chur ar siúl / a mhúchadh



Athbhreithniú Scóipe ar Inspreagadh Fhoghlaim na Gaeilge

Méabh Ní Shluáin

<https://doi.org/10.13025/29627>

Réamhrá

Ba líonmhaire cainteoirí Gaeilge, a raibh an Ghaeilge mar dhara teanga (T₂) acu, ná líon na gcainteoirí dúchais sna daonáirimh a rinneadh thuaidh agus theas in 2016 agus in 2011 (Walsh, 2019). D'fhéadfaí a thomhas, ag breathnú ar an mhéadú atá tar éis teacht ar líon na gcainteoirí T₂ ó shin (CSO, 2022; NISRA, 2021), gurb amhlaidh an scéal fós. Shealbhaigh formhór na gcainteoirí seo a gcumas teanga tríd an chóras oideachais ach thosaigh cuid acu ar an Ghaeilge agus iad ina bhfoghlaimeoirí fásta. Braitheann sealbhú na Gaeilge, a bheag nó a mhór, ar chomhthéacs na scoile agus, in ainneoin díospóireachtaí amhail stádas éigeantach na teanga, bronnadh na ndíolúintí nó an fhoghlaim de ghlanmheabhair, leanann neart daltaí ar aghaidh léi fós go leibhéal na hollscoile (Ní Fhrighil & Nic Eoin, 2009). Cibé cúrsa a bhíonn ar siúl ag na mic léinn, mar aon le daoine fásta a fhilleann ar fhoghlaim na Gaeilge nó a thosaíonn uirthi ó bhonn, tá siad tar éis cinneadh comhfhiosach a dhéanamh cur lena gcuid foghlama sa teanga. Is ábhar spéise é na cúiseanna a bhaineann leis an chinneadh sin a fheidhmíonn mar inspreagadh tosaigh na bhfoghlaimeoirí. Is tábhachtaí fós na cúiseanna nuair a smaoinítear ar an inspreagadh mar cheann de na gnéithe is suntasaí den phróiseas foghlama a chuireann le rath an tsealbhaite teanga (Dörnyei & Ushioda, 2021).

Tuigtear castacht an inspreagtha mar ghné lárnach den aistear foghlama teanga, gné a thagann faoi thionchar na mílte athróg eile san aistear céanna. Forbraíodh neart teoriciú chun tuiscint a fháil ar struchtúr an inspreagtha ach bunaíodh formhór acu ar fhoghlaim an

Bhéarla. Mar thoradh ar easnamh na múnláí sin leagadh níos mó béime ar theangacha eile seachas an Béarla, na teangacha mionlaithe ina measc (Rosiak, 2023). Tá neart taighde déanta cheana féin ar cheist an inspreagtha ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de ach tá gá le hachóimre ar an taighde agus ar an bhaint atá aige le forbairtí sa chomhthéacs idirnáisiúnta. Is modh éifeachtach é an t-athbhreithniú scóipe d'fhonn léargas a fháil ar ghort taighde agus coimriú á dhéanamh ar réimse na dtorthaí a bhaineann leis (Arskey & O'Malley, 2005). San alt seo déantar léirmheas ar fhliúirse na litríochta faoi shealbhú na Gaeilge i measc foghlaimeoirí fásta, nuachainteoírí agus mac léinn ar an tríú leibhéal¹ d'fhonn solas a chaitheamh ar cheangail an taighde ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Cúlra Litríochta: Inspreagadh T₂

Aithnítear tábhacht an inspreagtha do shealbhú an dara teanga le roinnt blianta anuas agus é ag feidhmiú mar chúis a chuireann tús leis an fhoghlaim, mar threallús chun leanúint ar aghaidh léi agus mar chuidiú i gcoinne laigí i gcumas an fhoghlaimeora (Dörnyei, 2005). Rinneadh neart iarrachtaí síos trí na blianta chun míniú a thabhairt air agus ar an ról atá aige i sealbhú teangacha, iarrachtaí a thiteann faoi na ceithre thréimhse seo a leanas (Dörnyei & Ushioda, 2011):

1. Tréimhse na Síceolaíochta Sóisialta (*The Social Psychological Period*) (1959–1990)
2. Tréimhse na Cognáíochta Suite (*The Cognitive-Situated Period*) (le linn na 90í)
3. An Tréimhse Dírithe ar Phróiseas (*The Process-Oriented Period*) (casadh na haoise)
4. An Tréimhse Shochdhdinimiciúil (*The Sociodynamic Period*) (faoi láthair)

Ba le linn Thréimhse na Síceolaíochta Sóisialta a díriodh den chéad uair ar thionchar an inspreagtha ar shealbhú teangacha trí bhéim a leagan ar dhearthaí an fhoghlaimeora i leith phobal an dara teanga. Rinneadh idirdhealú ar an inspreagadh imeasctha, nuair atá spéis ag an fhoghlaimeoir i muintir agus i gcultúr an dara teanga, agus an t-inspreagadh pragmatach, nuair a bhíonn siad níos dírithe ar bhuanna praiticiúla na foghlama (Gardner & Lambert, 1972). Díriodh ar thábhacht na féinmhuiníne fosta mar dhifriocht indibhidiúil a ndéantar forbairt uirthi trí theagmháil dhíreach nó indíreach leis an phobal T₂ (Clément *et al.*, 1994). Baineadh leas as teoiricí cognaíochta i dTréimhse na Cognáíochta Suite d'fhonn nasc a chruthú le forbairtí i bpríomhréimse na síceolaíochta. De réir ceann amháin de na teoiricí seo, teoiric an fhéinchinntiúcháin (*self-determination*) (Deci & Ryan, 1985), déantar inspreagadh an

¹ Chun críche an léirmheasa áirithe seo, is ionann foghlaimeoirí fásta agus daoine a thosaíonn ar fhoghlaim na Gaeilge mar dhara teanga nó a fhilleann uirthi i ndiaidh na scoile. Is cainteoirí cumasacha iad nuachainteoírí nach raibh an teanga ó chliabhán acu agus a bhaineann leas rialta as a gcuid Gaeilge (Walsh *et al.*, 2015). Is éard atá i gceist le mic léinn ná daoine atá ag tabhairt faoi chúrsa Gaeilge ar an tríú leibhéal nó, i gcás staidéir amháin, a bhfuil cúrsa eile idir lámha acu ach atá páirteach sa Chumann Gaelach.

fhoghlaiméora a rangú thar speictream ón inspreagadh eistreach, nuair a thagann spreagadh an fhoghlaiméora ó fhoinsé sheachtrach, go dtí an t-inspreagadh intreach, nuair a bhíonn spéis acu san fhoghlaim féin, agus roinnt foinsí eile idir eatarthu. Baineadh úsáid as teoiric na haitreabúideachta (*attribution*) (Weiner, 1985) chomh maith a dhíríonn ar an mhíniú a thugann foghlaiméoirí ar rath nó ar theip le linn an phróisis foghlama agus tionchar ag an mhíniú sin ar a n-inspreagadh. Caitheadh béim ar thaobh teamparála an inspreagtha sa Tréimhse a bhí Dírithe ar Phróiseas agus múnla á chruthú ag Dörnyei & Ottó (1998) inar leagadh amach céimeanna an inspreagtha mar mhianta réamhghnímh, spriocanna an fhoghlaiméora agus iad ag tabhairt faoin ghníomh agus ceachtanna a bhfoghlaímítear uaidh. Níor cuireadh san áireamh, áfach, tionchar na ngnéithe eile i saol an fhoghlaiméora ar na céimeanna seo, tionchar atá mar dhlúthchuid den chur chuige coibhneasta (Ushioda, 2009) ina bhfreastalaítear ar chomhthéacs agus ar chúlra iomlán acu. Le teacht na Tréimhse Sochdhinimiciúla tugadh aitheantas do chastacht shuite agus d'fhorbairt orgánach an inspreagtha agus é ag feidhmiú, de réir theoiric na gcóras casta dinimiciúil, mar réimse athróg idirspiléach a bhíonn de shíor ag athrú i dteannta a chéile (Larsen-Freeman & Cameron, 2008). Tosaíodh ag baint úsáid as teoiricí nuálacha an fhéin agus na féiniúlachta agus ar cheann de na teoiricí ba mhó a d'eascair ón úsáid sin bhí Córas an Fhéin Inspreagtha T₂ (Dörnyei, 2005). Léirítear sa trí chuid den teoiric seo, an féin idéalach T₂, an féin ba chóir T₂ agus an taithí foghlama T₂², an dóigh a dtagann inspreagadh ar fhoghlaiméoirí nuair is mian leo aon bhearna idir an staid ag a bhfuil siad agus staid shamhlaithe eile a shárú.

Deimhníodh téagar na dteoiricí thuas i réimse suíomhanna éagsúla ach dhírigh an deimhniú sin den chuid is mó ar fhoghlaim an Bhéarla sa seomra ranga iasachta (Boo *et al.*, 2015). De bharr dhomhandú an lae inniu agus na saindifríochta idir foghlaim an Bhéarla mar dhara teanga agus mar theanga iasachta, bhí gá le coincheapadh úr ar chaidreamh agus ar chumarsáid na bhfoghlaimeoirí iasachta le lucht an Bhéarla mar phobal idirnáisiúnta (Yashima, 2002; Lamb, 2004). Tá tionchar nach beag ag an domhandú seo fosta ar an luach a cheanglaítear le teangacha eile agus cuireadh spéis le tamall anuas san inspreagadh a bhaineann le hiad a fhoghlaim (Rosiak, 2023). Ceistítear oiriúnacht na dteoiricí do chomhthéacs na dteangacha seo (Dörnyei & Al-Hoorie, 2017), oiriúnacht a éiríonn níos casta i gcás foghlaim na dteangacha mionlaithe³ nuair is annamh a bhíonn spriocanna praiticiúla i gceist (Belmar *et*

² Baineann an féin idéalach T₂ leis na tréithe ar mhaith leis an fhoghlaiméoir a bhaint amach mar chainteoir teanga, an féin ba chóir T₂ leis na tréithe gur cheart dóibh a bhaint amach agus an taithí foghlama T₂ le gnéithe an chomhthéacs foghlama féin.

³ Bíodh is nach dtiteann sé faoi scóip an ailt léirmheas a dhéanamh ar an mhéid taighde atá déanta cheana féin ar inspreagadh na dteangacha mionlaithe, ní mór solas a chaitheamh sa phlé ar na ceangail a mhaireann idir inspreagadh na Gaeilge agus inspreagadh na dteangacha eile seo.

al., 2019). Is í an oiriúnacht seo ó thaobh na Gaeilge de, agus stádas níos fearr aici ná teangacha mionlaithe eile (Ó Ceallaigh & Ní Dhonnabháin, 2015), a dtugtar aghaidh uirthi le linn an ailt trí litríocht ábhartha a chíoradh go mion.

Modheolaíocht Taighde: Athbhreithniú Scóipe

Cuireadh cur chuige an athbhreithnithe scóipe i bhfeidhm d'fhonn léirmheas a dhéanamh ar litríocht chúlra an ailt. Cé go mbaintear úsáid fhorleathan as mar mhodh athbhreithnithe, tá éiginnteacht ann ó thaobh sainmhínte agus feidhme de (Levac *et al.*, 2010). Is mór an cuidiú é, mar sin, tuiscint a fháil ar an athbhreithniú scóipe trí chomparáid le cur chuige eile atá cosúil leis, is é sin an t-athbhreithniú córasach. Baintear leas as athbhreithniú córasach nuair is gá fianaise a bhailiú faoi cheist ar leith agus eolas á dhéanamh do pholasáí nó do chleachtas ach is leor athbhreithniú scóipe nuair nach bhfuil ag teastáil ach léargas ar an litríocht (Munn *et al.*, 2018). Leagadh amach modheolaíocht an athbhreithnithe scóipe den chéad uair in alt le Arskey & O'Malley (2005) mar phróiseas cúig chéim. Déantar plé san alt seo ar an fhorbairt a ndearnadh ar na céimeanna ó shin in éineacht leis an dóigh ar cuireadh iad i bhfeidhm chun teacht ar ábhar faoi inspreagadh fhoghlaím na Gaeilge.

Ceist taighde a chruthú

Baineann an chéad chéim den athbhreithniú scóipe le ceist taighde a fhorbairt. Tá gá le ceist leathan chun teacht ar réimse fairsing litríochta (Arskey & O'Malley, 2005) ach moltar scóip dhíríte a cheangal léi agus cuspóir an athbhreithnithe á chur san áireamh (Levac *et al.*, 2010). Baineann cuspóir an athbhreithnithe seo le hiniúchadh ar an mhéid litríochta atá ar fáil faoin ábhar taighde agus le hachóimre a thabhairt ar phríomhthorthaí na litríochta sin. Ba í an cheist taighde ná '*Cad atá ar eolas againn faoi inspreagadh fhoghlaimeoirí na Gaeilge?*' Is éard atá i gceist le 'foghlaimeoirí' anseo ná mic léinn ollscoile, foghlaimeoirí fásta agus nuachainteoirí nó, i bhfocail eile, daoine a dhéanann an cinneadh chun tabhairt faoin fhoghlaím⁴. Mar iarracht scóip an athbhreithnithe a nascadh le hinspreagadh an dara teanga, breathnaíodh ar bhunús na litríochta i dteoiricí an chomhthéacs idirnáisiúnta.

Staidéir ábhartha a aimsiú

Sula ndéantar straitéis chuardaigh a bhunú ar an cheist taighde, moltar cinneadh a dhéanamh faoi theanga, faoi thréimhse agus faoi fhoinsé na n-alt a roghnófar (Arskey & O'Malley, 2005). Cé go mbraitheann na cinntí seo ar na hacmhainní, idir dhaonna agus ama, atá ar fáil, níor cheart dóibh cur isteach ar éifeachtacht an athbhreithnithe leis an cheist taighde a fhreagairt

⁴ Aithnítear gur minic a dhéanann daltaí ó thuaidh an rogha chun tabhairt faoin Ghaeilge mar ábhar do Theastas Ginearálta an Mheánoideachais agus do scrúduithe na nA-leibhéal ach mar iarracht scóip an athbhreithnithe seo a shainiú, ní dhírítear ach ar fhoghlaím na Gaeilge i ndiaidh na scoile.

(Levac *et al.*, 2010). Baineadh leas as trí fhoinsé éagsúla chun teacht ar ailt don athbhreithniú seo, is iad sin irisí acadúla na Gaeilge, bunachair shonraí ar líne agus leabharliostaí na n-alt a aimsíodh ar an bhealach. Breathnaíodh ar liosta na n-alt a foilsíodh go dtí seo in *TEANGA, Léann Teanga: An Reiviú, Irisleabhar Mhá Nuad, COMHARTaighde* agus *Studia Hibernica*, agus aimsíodh 18 n-alt a bhí bainteach leis an cheist taighde. Baineadh úsáid as an teaghrán cuardaigh thíos i gcás na mbunachar sonraí amhail Scopus, Jstor, Science Direct agus ERIC, agus aimsíodh 12 alt eile. Aimsíodh 2 alt sa bhreis nuair a cuireadh ‘*new speaker*’ in aonad ‘*learner*’, agus bailíodh 47 gceann eile ó leabharliostaí na n-alt féin.

motivation AND learner AND “Irish language”

Figiúr 1: An teaghrán cuardaigh

Staidéir a roghnú

Déantar na hailt is oiriúnaí a roghnú trí chritéir chuimsithe agus eisiaimh a chur i bhfeidhm. Is próiseas atriallach a bhíonn i gceist agus is minic a thagann athrú ar na critéir agus ailt á roghnú. Moltar foireann ildisciplíneach a úsáid don chéim seo nuair is féidir (Levac *et al.*, 2010) agus d’fhéadfaí ailt nach raibh roghnaithe a chur ar fáil i bhfoirm aguisín (Arskey & O’Malley, 2005). Toisc nach raibh foireann ar fáil don athbhreithniú seo, bunaíodh roghnú na n-alt ar chur amach an taighdeora ar litríocht an réimse agus ar fheidhm an athbhreithnithe. Dar le critéir chuimsithe an athbhreithnithe ba cheart go raibh:

- an t-alt scríofa i nGaeilge nó i mBéarla,
- foghlaimoírí fásta, nuachaintoírí nó mic léinn ollscoile á bplé,
- trácht á dhéanamh ar thorthaí taighde, agus
- an t-alt ar fáil go hoscailte nó trí institiúid an taighdeora.

Nuair a cuireadh na critéir thuas i bhfeidhm, aimsíodh 35 alt a shásaigh gach uile cheann acu ach cuirtear liosta ar fáil de na cinn nár roghnaíodh in aguisín an ailt.

Na sonraí a rianú

Nuair atá na hailt roghnaithe, leagtar amach an príomheolas a bhaineann leo i bhfoirm asbhainte sonraí. Cé gur féidir leas a bhaint as teicnící anailíse cáilíochtúla d’aon choincheap atá casta (Levac *et al.*, 2010), braitheann an modh anailíse ar fheidhm an athbhreithnithe (Peters *et al.*, 2020). Cuirtear foirm asbhainte sonraí an athbhreithnithe seo, a cruthaíodh ar Excel, in iúl sa tábla thíos.

Údair	Bliain	Teideal	Teoiricí	Foghlaimoirí Fásta in Éirinn	Fríomhthorthaí
Wright & McGroarty	2005	Motivation and the adult Irish language learner.	Inspireadh intréach eistreach & inaeascacha pragmatach, socio-educational model (Gardner, 2007)	10% cleachtadh lasmuigh den suíomh foghlama ach ag 84% le caidre, le teaghlach & trí na meáin 55% inspreagadh intréach: spairt na foghlama & an t-ábairt sóisialta de Tuiscint á lorg ar chultúr na hÉireann & ar a bhfeinilíocht, speis i stair & i bhfiúaimní na teanga Éireannaigh: dualgas ceangal a chur in, neamhÉireannaigh: speis i dtéanga, sa chultúr nó oideachas a bpaisti Tuairimí éagsúla ó thaobh ábhairacht tascama cultúrtha	
Flynn	2013	The role of culture in minority language learning: The case of adult learners of Irish	Inspireadh intréach eistreach & inaeascacha pragmatach, socio-educational model, L2MSS	Ag iarraidh cumas (95%) nó blas (86%) ar chomhleibéal na gcainteoirí dúchais Tabhairtacht canúintí a chaomnú (67%), lú le canúint ar leith (80%) mar gheall le dháimh le cainteoirí nó le ceantar (48%) Cumas labhartha a bhaint amach (10) ach easpa cleachtais lasmuigh den chomhthéacs foghlama Feidhm chultúrtha (ó Éireannach) no ceangal teaghlach (3 ó thírortha eile) Ag iarraidh cuidiú le hoidéachas a bpaisti & bunstait don ionad oibre Luach oidhreacht ag baint leis an Ghaeilge ach easpa deiseanna úsáide Féinféachtilíocht íosal & easpa foimn deiseanna úsáide a thapú, iad a chur chuig daoine eile san oifig	
Murphy & Flynn	2013	Common ground between minority and majority languages: The case of identity	Canúintí teanga	Dea-thionchar ag caidre & comhghéaraíthe ach drochthionchar nuair a tionspáir ar an Bhéarla Inimí Gaeilge a lábhairt go háirithe mar gheall ar sheiceálacha náta san ionad oibre	
Flynn & Harris	2015	Motivational diversity among adult minority language learners: are current theoretical constructs adequate?	Inspireadh intréach eistreach & inaeascacha pragmatach, cultúrtha & oidhreacht	Claonadh inaeascacha ach easpa úsáid Gaeilge lasmuigh den chomhthéacs foghlama, foghlaimoirí ag feidhmiú mar phobal T2 Fein idéalach: cumas ar chomhghéim na gcainteoirí dúchais uathu & i gcanúint ar leith Fein ba chóir: dualgas an Ghaeilge a shealbhú ach fáilte roimhe	
Barry	2020	Irish language self-efficacy beliefs and the Official Languages Act 2003.	Teoiric na féin-éifeachtúlachta (Bandura, 1997)	Taithí T2: dea-thionchar ag muinteoirí & ag caidre ar speis sa Ghaeilge nó i gcanúint ar leith	
Flynn	2020	Adult Minority Language Learning Motivation, Identity and Target Variety	Inspireadh inaeascacha pragmatach, féinbháimín, L2MSS		

Foghlaimoirí Fásta Thar Lear

Garland	2008	The importance of being Irish: National Identity, Cultural Authenticity, and Linguistic Authority in an Irish Language Class in the United States	Barántúlacht chultúrtha & tórnás teangeolaíoch	Ceangal le hoidhreacht a dhúisimtheoirí, speis i bhfiúaimní na teanga & i gcultúr na tíre nó plean cuairt a thabhairt ar an Ghaeilgeach Dífrochtai i gcur chuige teagaisc an mhúinteora i gós an t-aon Éireannach sa rang	
McMonagle	2012	Gaeilgeach Thuaisceart an Ollsáin Uir: Post-territorial Irishness and Canadian multiculturalism.	Eirpéreas an diaspóra	Diaspóra: cúlra Éireannach, oideachas & tairteal, suit as an phróiseas foghlama & baint na Gaeilge leis an ilteangachas i gCeanada Inneirigh Éireannacha: cultúr & oidhreacht na Gaeilge & an teanga a tteagasc do dhaoine eile anáit páistí Daoine gan cheangal: speis sa chteol & dáimhsa Gaelach nó ceangal le cirsat eile a bhí ar siúl acu	
Vaughan	2014	Discourses of belonging and resistance: Irish-language maintenance in Ireland and the diaspora	Inspireadh inaeascacha pragmatach, cruthú féinilíochta & pobail	Eire Theas: méadú ar úsáid & ar stádas na Gaeilge, ach buairt mar blas Eire Thuaidh: stádas roghnach na teanga mar spreagadh, an teanga mar fhoinse oidhreacht do chách Thar Lear: ginealach teanga & ceangal shóisialta mar inspreagadh	
Vaughan	2016	Landscapes of the Irish language: Discursive Constructions of Authenticity in the Irish Diaspora	Barántúlacht chultúrtha	Spróccanna: forbairt ar chumas, speis sa Ghaeilge nó i bhfoghlaim teanacha, cultúr & oidhreacht na hÉireann, idé-eolaíochtaí polaitiúla & ballraíochtaí i ngrúpaí sóisialta	
Walsh & Ni Dhúda	2015	'New speakers' of Irish in the United States: practices and motivations	Inspireadh intréach eistreach,	Míotás ar an Ghaeilge mar gheall ar fhad ón phobal T2 in Éirinn & níos lú tráchtairaithe déanta uirthi ná gaeilthe eile den chultúr Gaeilge mar dháthchuid den féinilíochta áitiúil, Éire & tíortha an diaspóra mar chuid de phobal na Gaeilge.	
Giles	2016	'No, it is a hobby for me': Examining the motivations of non-Irish learners of the Irish language in North America	Inspireadh chun teangacha eile a fhoghlaim (Gardner, 2007)	Spreagadh: cultúr & cursaí féinilíochta do na Gaeil-Mheiriceanagh, Gael seachas Éireannach in úsáid acu, ach ceol & bealoideas i gCiechtas: difríocht idir úsáid theoranta & spás lámach ag an Ghaeilge sa saol pearsanta & profaisiúnta	
Giles	2022	It creates a whole linkage with your ancestral line': language socialisation, family lineage, and language choice at diasporic Irish immersion events in Ontario	Sóisialta teanga	Ag feidhmiú mar bhail den phobal teanga mar gheall ar chumas teanga, bhua ceoil, chur amach ar chomhthéacs na Gaeilge Gaeilge a fhoghlaim chun nasa: a chomhúil le háit dhúchais a sinair ach ní rabh úsáid na teanga chomh tábhachtach céanna Speis ag duine anáit sa Ghaeilge ach buairt nach rabh ceangal áige leis an tír Iarrachtair cainteora anáit an Ghaeilge a choimneáil mar mhóth cumarsáide ach tugtar tosáid d'fhorbairt féinilíochta & d'imeascadh sóisialta	

		Foghlaiméoirí Fásta ar Líne	
Mac Lochlainn et al.	2019	Culture Vultures: How Open is Open? Back: Feedback and Reflection as Key Elements in MOOC re-Design	Oscailteacht na foghlama ar líne & an foghlaim chultúrtha Foghlaim chun ollscaitha (Ames & Archer, 1988), inspreagadh intréach ó thaobh saothúilachta (Noels et al., 2000)
Mac Lochlainn et al.	2019	Curiouser and Curiouser: The Wonderland of Emotion in LMOOCs	Control-value theory of achievement emotions (Pekrun, 2006)
Berme et al.	2019	What a Feeling! A Multistage, Multimethod Investigation of Emotions and their Antecedents in an Irish Language MOOC	Control-value theory of achievement emotions (Pekrun, 2006)
Berme	2021	The soul behind the screen: understanding cultural enrichment as a motivation of informal MOOC learning	Oscailteacht & cóir shóisialta chomh maith le hinspreagadh an chothaibhe chultúir
Mac Lochlainn et al.	2020	Diversity, exclusion and inclusion: a case study of welcome online & minority language representation in MOOCs	Inspreagadh intréach & cultúrtha
Mac Lochlainn et al.	2023	Learning to express, learning as self-expression: a multimethod investigation of the L2 selves of distance adult Irish L2 learners	L2MSS, cur chuige coibhneasaithe (Ushioda, 2009)
Mac Lochlainn	2023		
Nuachaintéoirí			
Walsh et al.	2015	Research report on new speakers of Irish.	Mudes: tréimhí sa Ghaeilteacht, cainteoirí cumasacha ar an ollcoil & tuiscont ar chúrsaí polaitiúchá & féiniúlachta Cumas: doime a bhí sa na teanga & doime eile nach raibh, cainteoirí dúchais mar eiseamláirí teanga ce gur fhearr leo leaganacha neamhtráidisiúnta teanga Usáid: suothanna sóisialta, corcaí chomhra, gníomhaíochtaí cultúrtha & baill teaghlach, cearta & seirbhísí á n-éileamh acu nó sásta diriú ar usáid shóisialta & neamhhoirmiúil, mothadh nach raibh an úinéireacht teanga chéanna acu
O'Rourke & Walsh	2015	New speakers of Irish: Shifting boundaries across time and space.	Idé-eolaíochtaí: cuid acu a chloígh le leaganacha cumasacha nó cuid eile a dhíúltaigh dóibh, athleanas á long acu do nuachaintéoirí a chuireann le coimhinn na Gaeilge Céachas: féiniúlacht a bunú ar chumas & gnóimint ar leith, ar archumas sa teanga, ar nasc teaghlach le pobal Gaeilteacha nó ar bhailteacht de ghrúpa nua úsáideoirí teanga i ndiaidh drochthairní sa Ghaeilteacht & Béarla á labhairt ag cainteoirí dúchais Usáid rialta i scoilteanna T1 nó dearcadh dearfach ag doime eile i scoilteanna T2
Walsh & O'Rourke	2015	Mudes teangeolaíochta agus nuachaintéoirí na Gaeilge	Forbairt ar scileanna teanga, idé-eolaíochtaí, cleachtas & feasacht i ndiaidh tréimhí sa Ghaeilteacht Cainteoirí cumasacha ar an ollcoil & usáid shóisialta na teanga, lagúit ar chumas mar spreagadh chun filleadh uirthi Forbairt ar féiniúlacht & ar feasacht a chuireann le buaine na n-athruithe
Walsh	2017	The role of emotions and positionality in the trajectories of 'new speakers' of Irish.	Mothúcháin dhearfacha: coibhneas ó féiniúlacht mar chainteoirí Gaeilge & nase le cultúr na hÉireann nó le cainteoirí ar leith, bród as a gcumas Mothúcháin dhúilacha: dualgas cur le líon na n-úsáideoirí teanga, fuirstreachas nó díomá i gcomparáid le saibhreas na gcainteoirí dúchais nó nuair nár labhairt stad Gaeilge leo, náire nár tógadh trí mhéin sa Gaeilge ach spreagtha chun an easnamh sin a sháru

Seoighe	2018	"Is íbhse an chathair" – Pop Up Gaeltacht agus nuachtaneoirí na Gaeilge"	Mudes teangeolaíochta & idé-eolaíochta teanga ó thaobh barántúlachta & dlíreanachta de	Easpá Fómhuime i gcomparáid le cainteoirí dúchais ach ar a suaimheas de bharr neamhfoirmlíochta na himeachta Sult as an Ghaeilge a úsáid mar mhodh cumarsáide seachas mar ábhar na canne & an-bhuíoch as an deis úsáide Spás sabháite mar fáidir leo a bifeimilíochta a dhearbáil & arfhas a chur ar chainteoirí eile Cainteoirí eile mar muid sóisialta a thugann spreagadh dóibh le húsáid níos gníomhaí a bhaint as an teanga
O'Rourke & Brennan	2018	Regimenting the Gaeltacht: authenticity, anonymity, and expectation in contemporary Ireland.	Barántúlacht, anarbhúdeacht chomh maith le huiméireacht & le dlíreanacht teanga	Ceantar Ghaelachta & cainteoirí dúchais mar acmhainn luachmar ach díomá i ndiaidh tathí dhúilíochta a fháil sna ceantair sin Tréimhí sa Ghaelacht a mbeadh ar aon bhábais a dhéanar, fíneacht chéama i gcás chleachtas teanga na ndéagóirí Coméidiaschas baite ag cainteoirí níos sine nó acu siúd a rabh tathí acu le homafóibe, nasc leis an Ghaeilge bunaithe ar chumas an cainteora féin seachas ar idé-eolaíochtaí seanaimeachta
Walsh	2019	National identity and belonging among gay new speakers of Irish	Dlíreanacht & uiméireacht teanga, barántúlacht, anarbhúdeacht & nádúrthas, trasnúsáinúacht an aiteachais	Deacair feimilíoch teanga & feimilíoch gineála a thabhairt lena chéile & tosúicéit tughtha do cheann amháin thar cheann eile Téarmaí cur fíon ginealachóid ar eolas acu & b'annamh a bhí an Ghaeilge in úsáid i suíomhanna mar sin
Walsh & O'Rourke	2020	New Speakers of Irish in the Global Context: New Revival?	Instití feimilíochta & soghlúiseacht trasnúsáinúchta (Coads, 2018), uiméireacht teanga	Dáimh níos láidre le lucht na Gaeilge na lucht na hÉireann, canúint thraidisiúnta nó legán comhaimseartha a labhairt ach aithneas a éileann do roil na nuachtaneoirí
Foghlaimseoirí Tríú Leibhéal				
O'Rourke	2011b	Whose Language Is It? Struggles for Language Ownership in an Irish Language Classroom	Uiméireacht teanga & coincheap an chainteora dhúchais	Diomá & fuistrachas ar cainteoirí T2 nuair nár labhair cainteoirí dúchais Gaeilge leo Droigall ar cainteoirí T2 Gaeilge a labhairt leis na cainteoirí dúchais de bharr espa cleachtaidh Bród ar cainteoirí T2 mar gheall ar chumas maith sa teanga ach laghmiseach i gcomparáid le sábhreas na gcainteoirí dúchais, stóras mar cainteoirí maíthe cailte acu
Ní Chualáin	2013	An Tumoidéachas Tríú Leibhéal agus an Ollscoláic tri Ghaeilge: Eispéireas Foghlama na Músc Léinn	Eispéireas & rianachas foghlama i dtíaca leis an tumoidéachas	Céad tathí den tumoidéachas (30%) ach cumas maith sa Ghaeilge roimh ré (70%) cainteoirí maíthe nó líofa ó thosaigh an cúrsa (97%) de bharr teagascóirí & leachtóirí (79%), léachtaí & raunganna (76%), úsáid rialta na teanga (73%) & a gcomhfhoghlaimseoirí (58%)
McHale & Ní Fhlatharta	2015	Tionchar Phróifíil an Fhoghlaimseora Teanga ar Shealbhú na Gaeilge	Hipiréis an scagaire mhobhainíocht (Krashen, 1982), feimeacht teanga (Ehrman), aschur teanga (Swain, 1985), & hipiréis na hidirghníomhaíochta (Long, 1983; 1996)	Sum sa teanga (79%) & san ábhar (73%) nó an cur chuge tumoidéachais (79%) mar chúis roghnaíthe, am ag teastáil chun dul i dtathí ar chaimúint na gcainteoirí dúchais & chaim na dtéagascóirí Níor cuireadh fáilte roimh chearnúcháin cé go rabh críneas scríofa (100%) & labhartha (91%) ag teastáil uafahu Moladh gné phraiticiúil an chúrsa & spreagadh na dtéagascóirí leis an teanga a úsáid & an dlíthchaidreamh leo
Petit	2016	Successful Learners of Irish as an L2: Motivation, Identity and Linguistic Mudes	LMSS & mudes teangeolaíochta	Mic léinn eisdírítheacha sásta dul sa seans ach am ag teastáil ó na daoine indírítheacha leis an eolas a phróiseáil Tuiscint ar thabhairt an inspreagtha, na muime & an chompoird sa seomra ranga & é mar fhreagracht an teagascóra spreagadh & tacachta a chur ar fáil, cailíreann dhéarfach a chloibh & aiseolas ceartaítheach a chur ar fáil Sult a bhaint as gníomhaíochta cumarsáide an chúrsa & dochar féideartha ag idirtheanga na mac léinn eile
Ní Chlochasaigh	2014	Staidéar ar Fhoghlaimseoirí Eifeachta na Gaeilge ar an Dara Agus ar an Tríú Leibhéal	Inspregadh imeasachta pragmatach, LMSS, treithe foghlaimseoirí eifeachta (Náman et al., 1928)	An féin idéalach T2, an pobal teanga idéalach & na bunáitirí maídir leis an Ghaeilge a fhoghlaim mar spreagadh Plean an Ghaeilge a úsáid amach anseo le canúid, comhghleacath nó ball teaghlá & tim bhunáite chun post a bhaint amach Spreagadh ó chultúr scoile, dearcadh dearcach t duimhseoirí, réimhí & gcoláitir samairtídh
Ní Chlochasaigh	2016	Foghlaimseoirí Eifeachta na Gaeilge: Taid amh ach Taid gann. Ról na Foghlama Comhthaitte Teanga agus Abhair i gcothú na Dea-foghlama i gcás na Gaeilge	Inspregadh imeasachta pragmatach, LMSS, treithe foghlaimseoirí eifeachta (Náman et al., 1928)	Dearcadh fíordhearfach i leith na teanga, an chultúr & na foghlama, fonn orthu páirt a ghlacadh in imeachtaí sóisialta ach ganntas na ndéiseanna mar thionse díspregtha Fáilte roimh chearnúcháin & aiseolas chun fis idéalach mar úsáideoirí neamhpléacha a bhaint amach Tuiscint mhaith orthu féin mar fhoghlaimseoirí & ar iarracht thaidéarmach na foghlama & straitéisí i gcoime mothúchán diúltach Cur chuge gníomhach in úsáid acu & log na foghlama féimíartha
Ní Dhonnchadhla et al.	2024	Dianchonnair Fhéideartha an Inspregtha in Oideachas Múinteoirí an Tumoidéachais	Sruth Inspregtha Diríthe (Muir & Donnve, 2013; Donnve et al., 2014a)	Tabhairt faoi deara an straitéis foghlama ba mhó a bhí in úsáid acu & an-spéis acu sna minithe gramadaí Bhí siad i gconat sa tóir ar dhéiseanna úsáide teanga ina saol pearsanta féin chuide féin & freasal ar rianachas a gnuid dalta Uisáid riatha as an Ghaeilge lamúigh de chomhthéacs na hollcoile / na scoile Múinteoirí an-áidriú i leith na Gaeilge a bhí ceangailte le cursaí cultúrtha & feimilíochta & an-tionchar ag míniú teangeolaíochta chomh maith leis an phobal cleachtas

Tabla 1: An fhoirm asbhainte sonraí

Na sonraí a thiomsú, a achoimriú agus a thuairisciú

Déantar tuairisciú ar deireadh ar na sonraí go léir cé nár cheart measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na n-alt (Arskey & O'Malley, 2005). D'fhéadfaí an chéim seo a roinnt ina trí fho-chuid, is iad sin anailís uimhriúil agus / nó téamúil, cur in iúl na sonraí ar bhealach a thagann le cuspóir an athbhreithnithe agus plé ar impleachtaí na sonraí don chomhthéacs taighde (Levac *et al.*, 2010).

Torthaí an Chuardaigh: Inspreagadh na Gaeilge

Mar a léirítear sa tábla atá thuas, déantar na hailt roghnaithe a rangú de réir dhaonra an taighde, is é sin foghlaimoirí fásta in Éirinn, thar lear nó ar líne, nuachaintoirí agus mic léinn ollscoile. Déanfar torthaí an taighde a phlé sna catagóirí seo ar mhaithe le súil a chaitheamh ar aon chosúlacht idir cuspóirí agus cleachtas na gcineálacha foghlaimoirí éagsúla.

Foghlaimoirí Fásta in Éirinn

I measc na gcúiseanna a raibh foghlaimoirí in Éirinn, idir dhaoine de bhunadh na tíre iad agus dhaoine eile nach raibh, ag tabhairt faoi shealbhú na Gaeilge bhí stádas cultúrtha nó oidhreacht na teanga agus cuid acu ag iarraidh cur lena bhféiniúlacht mar Éireannaigh, ceangail teaghlaihléi, chun cuidiú le hoideachas a bpáistí nó buntáistí gairme. Léiríodh gur mhothaigh roinnt Éireannach go raibh sé de dhualgas orthu an Ghaeilge a fhoghlaim ach gur minic a chuir siad fáilte roimhe. Ba iad spéiseanna na bhfoghlaimoirí stair agus fuaimniú na teanga, cúrsaí teanga go ginearálta, seanleaganacha na Gaeilge, an tionchar a bhí aici ar Bhéarla na hÉireann, cúrsaí canúna chomh maith le spraoi agus sóisialtacht na foghlama. Bhí spéis ag foghlaimoirí in amanna i gcanúint ar leith de bharr ceangail le cainteoirí nó le ceantar na canúna sin. Bhí roinnt acu ag iarraidh cumas labhartha nó cumas ar chomhleibhéal na gcainteoirí dúchais a bhaint amach. Ní i gcónaí, áfach, go raibh a gcur chuige ag teacht leis na spriocanna foghlama sin go háirithe nuair nár baineadh úsáid as an Ghaeilge lasmuigh den chomhthéacs foghlama. Pléadh an dea-thionchar a bhí ag daoine eile amhail cairde, comhghleacaithe nó múinteoirí ar fhoghlaim agus ar spéis na bhfoghlaimoirí agus cé go raibh claonadh imeasctha ag cuid acu, d'fheidhmigh an lucht foghlama féin uaireanta mar phobal an dara teanga. Luadh fosta an drochthionchar a bhí ag daoine a d'iompaigh ar an Bhéarla i gcuideachta na bhfoghlaimoirí ar fhéinifeachtúlacht agus ar dheiseanna úsáide dá gcuid chomh maith le heaspa spreagtha an ionaid oibre nuair ab fhéidir tascanna teanga a chur chuig comhghleacaí eile.

Foghlaimoirí Fásta Thar Lear

Cé go raibh foghlaimoirí in Éirinn agus foghlaimoirí a bhí díreach tar éis bogadh uaithi páirteach i gcuid de na staidéir faoi fhoghlaim na Gaeilge thar lear, bhí roinnt cosúlachtaí idir mianta na ndaoine seo agus daoine eile nach raibh ach nasc teaghlaigh acu leis an tír. Bhain mianta foghlama dá gcuid le hoidhreacht agus le cultúr na teanga, cúrsaí taistil agus oideachais, ceangail shóisialta, teagasc na teanga do dhaoine eile, páistí ina measc, idé-eolaíochtaí polaitiúla nó stádas na Gaeilge sa tír nua. Bhí spéis acu i bhfuaimniú na Gaeilge, sa phróiseas foghlama nó i gcúrsaí teanga trí chéile agus bhí ceist na féiniúlachta chomh láidir gur cuireadh síos orthu in amanna mar Ghaeil seachas mar Éireannaigh⁵. D'éascair spéis na bhfoghlaimoirí nach raibh ceangal acu leis an tír ó cheol agus damhsa Gaelach, amhránaíocht thraidisiúnta agus béaloideas nó stair na teanga. Bronnadh stádas orthu mar bhaill den phobal teanga mar gheall ar a gcumas sa teanga agus sa cheol nó cur amach ar chomhthéacs na Gaeilge. Bhí codarsnacht láidir idir úsáid theoranta na Gaeilge agus an spás lárnach a bhí aici i saol pearsanta agus proifisiúnta foghlaimoirí áirithe. Cé nach raibh an úsáid sin i gcónaí chomh tábhachtach le himeascadh sóisialta agus le cruthú féiniúlachta, pléadh iarrachtaí leis an Ghaeilge a choinneáil mar mhodh cumarsáide ag imeachtaí an diaspóra.

Foghlaimoirí Fásta ar Líne

Ba iad cúiseanna foghlama na ndaoine a bhí ag tabhairt faoin Ghaeilge ar líne ná spéis sa chultúr agus sa teanga, nascanna cairde nó teaghlaigh, an sult a bhaineann le rudaí nua a fhoghlaim agus nasc na Gaeilge le hobair eile nó lena n-oidhreacht. Ba mhinic a chuir spéis i gcúrsaí teanga, spraoi na foghlama agus cumarsáid le foghlaimoirí agus le múinteoirí an chúrsa le hinspreagadh na ndaoine seo. Bhí difríocht le sonrú i spriocanna na bhfoghlaimoirí idir ardchumas sa Ghaeilge, tuiscint shimplí uirthi nó tuiscint níos fearr orthu féin a bhaint amach. Léiríodh go raibh mothúcháin dhearfacha na bhfoghlaimoirí ní ba láidre ná na cinn dhiúltacha a bhí acu seans toisc gur roghnaigh siad féin chun an cúrsa a dhéanamh. Rinneadh níos mó iarrachta an Ghaeilge a fhoghlaim ná a labhairt agus bhí deacrachtaí ag tromlach acu le deiseanna úsáide a aimsiú. Cé gur chuir easpa doimhneachta na ndeiseanna sin frustrachas ar roinnt acu d'fheidhmigh glúnta a tháinig rompu nó glúnta a bhí fós le teacht mar phobal inmheánach dá gcuid. Aimsíodh ceangal idir féintreoirí agus iarracht foghlama na bhfoghlaimoirí ach tháinig laghdú ar an cheangal sin de réir mar a tháinig feabhas ar a gcumas de cheal deiseanna leis an chumas sin a mheas. D'fheidhmigh deacracht na foghlama mar bhac nó mar threallús agus ba mhinic a tháinig díomá nó lagmhisneach orthu siúd nár thuig iarracht fhadtéarmach na foghlama teanga nó nach raibh in ann féinrialachán a chleachtadh.

⁵ Is minic a bhaintear úsáid as an lipéad 'Éireannach' mar thagairt do dhaoine gurb as Éirinn iad, ach ní hé go labhraíonn siad an Ghaeilge, agus cuirtear 'Gael' ar dhaoine eile, in amanna, a bhaineann úsáid as an teanga (Walsh, 2020). Úsáidtear 'Gael' sa chomhthéacs seo chun béim a leagan ar cheangal an duine leis an teanga i féin.

Nuachainteoirí

D'fheidhmigh cúrsaí oidhreacht agus féiniúlachta mar inspreagadh láidir do na nuachainteoirí agus féiniúlacht an chainteora Gaeilge mar fhoinsé áthais agus bróid. Bunaíodh an fhéiniúlacht sin ar chumas teanga nó canúna, nasc teaghlaigh le ceantar Gaeltachta nó ballraíocht i ngrúpa nua d'úsáideoirí teanga. Bhí deacrachtaí ag cuid acu a bhféiniúlacht teanga agus a bhféiniúlacht ghnéis a chomhnascadh lena chéile agus tosaíocht á tabhairt dá bharr do thaobh amháin thar thaobh eile. Rinneadh idirdhealú orthu féin agus ar fhoghlaimeoirí a bhí níos luaithe san aistear teanga ach níor mhothaigh roinnt nuachainteoirí go raibh nasc láidir acu leis an Ghaeilge de bharr cumais níos airde sa Bhéarla nó easpa úinéireachta teanga i gcomparáid le cainteoirí dúchais. Chuir an chomparáid sin díomá, frustrachas agus lagmhisneach orthu agus cé go raibh taithí dhiúltach ag cuid acu sna ceantair Ghaeltachta, breathnaíodh ar na ceantair sin agus ar chainteoirí dúchais fós mar acmhainní foghlama agus eiseamláirí teanga. Mhothaigh cainteoirí áirithe go raibh dáimh níos láidre acu le lucht na Gaeilge seachas le lucht na tíre féin. Bhí neart deiseanna úsáide acu agus léiríodh gur spás sábháilte iad imeachtaí sóisialta chun an teanga a chleachtadh, aithne a chur ar chainteoirí eile agus féiniúlacht mar chainteoir Gaeilge a dheimhniú. Ó thaobh spreagthóirí tábhachtacha de bhí úsáid rialta na Gaeilge agus dearcadh dearfach ar scoil, forbairt ar chumas agus ar chleachtas i ndiaidh tréimhsí sa Ghaeltacht, cainteoirí cumasacha agus úsáid shóisialta na teanga ar an ollscoil, agus labhairt na Gaeilge le baill teaghlaigh agus le cairde mar chéim pholaitiúil nó chultúrtha. D'fheidhmigh náire faoi chúltra nó faoi chumas na gcainteoirí in amanna mar spreagadh chun leanúint leis an Ghaeilge agus aon easnamh a shárú.

Mic Léinn Ollscoile

In ainneoin na héagsúlachta ó thaobh bhéim na staidéar ag leibhéal na hollscoile bhí cosúlachtaí fós sna torthaí taighde. Rinneadh comparáid idir drogall na gcainteoirí dúchais Gaeilge a labhairt le foghlaimeoirí T2 agus deacrachtaí cumarsáide an dara grúpa de bharr easpa cleachtaidh agus rudaí a fhoghlaim de ghlanmheabhair. Bhí am ag teastáil ag na foghlaimeoirí T2 chun dul i dtraith ar chúrsaí canúna agus chuir cailliúint an stádaí a bhí acu mar chainteoirí maithe ar scoil lagmhisneach orthu. Bhí tábhacht ag baint le cúrsaí cruinnis agus d'aithin cuid de na rannpháirtithe, a chuir fáilte roimh cheartúcháin, tairbhe an aiseolais lena bhfís mar úsáideoirí neamhspleácha a bhaint amach. Bhí dearcadh fíordhearfach acu i leith na Gaeilge, chultúr na teanga agus an phróisis foghlama agus fuair siad spreagadh agus tacaíocht ón lucht teagaisc, ábhar an chúrsa, an cur chuige tumoideachais, úsáid rialta na teanga, na comhfhoghlaimeoirí, an fhís agus an pobal idéalach a bhí acu, agus buntáistí fhoghlaim na Gaeilge. Cé gur thuig siad iarracht fhadtéarmach na foghlama ní i gcónaí go raibh siad sásta lena gcumas de bharr na n-ionchas ard a bhí leagtha amach acu. Tuigeadh tábhacht an inspreagtha, na muiníne agus an chompoird sa seomra ranga agus rinneadh tagairt do thionchar na scoile, do dhearcadh dearfach a dtuismitheoirí agus don tairbhe a bhain le

tréimhsí sa Ghaeltacht. Bhí baint láidir ag an teanga lena saol agus cé go ndeachaigh siad sa tóir ar dheiseanna úsáide, ba mhinic a chuir ganntanas na ndeiseanna sin díspreagadh orthu. Bhí siad ag súil go mbeadh an bhaint sin ag an Ghaeilge go deo agus go gcuideoidh sí leo le post a bhaint amach. Bhí spriocanna soiléire acu siúd a bhí i mbun bunchéim agus iarchéim san oideachas trí mheán na Gaeilge maidir lena gcumas féin agus le teagasc na teanga. Bhain siad úsáid rialta aisti ina saol pearsanta féin agus bhí mothúcháin láidre acu ó thaobh cúrsaí cultúrtha agus féiniúlachta de.

Plé: Impleachtaí don Chomhthéacs (Idir)náisiúnta

In ainneoin éagsúlacht na gcomhthéacsanna foghlama san athbhreithniú scóipe seo, ba iad na cúiseanna foghlama céanna a bhí ag teacht chun cinn arís agus arís eile, cúiseanna a d'fhéadfaí a rangú thar speictream an inspreagtha (Ryan & Deci, 2000). De réir na teoirice seo, is é an t-inspreagadh intreach an ceann is éifeachtaí ach seasann dhá chlaonadh eile taobh leis, an t-inspreagadh aitheanta agus an t-inspreagadh imeasctha. Bíonn na claontaí seo i gceist nuair a thugtar faoin fhoghlaim ar chúiseanna pearsanta nó féiniúlachta, cúiseanna a bhí le feiceáil sna tagairtí d'oideachas páistí, cúrsaí taistil agus ceist na hoidhreachta. Tagann méadú ar thábhacht na gcúiseanna seo nuair a aithnítear nach leor an t-inspreagadh intreach d'fhonn iarrachtaí foghlama a chothú, tábhacht a chaitheann béim ar thuiscint na bhfoghlaimoirí ar luach pearsanta a gcuid spriocanna (Noels *et al.*, 2000) agus ar inmheánú na spriocanna céanna (Yu, 2022). Bíonn feidhm fosta ag na cineálacha inspreagtha go léir fiú na cinn atá níos seachtraí, amhail cúrsaí gairme, a d'fhéadfadh cur le dianseasmhacht an fhoghlaimora teanga (Howard *et al.*, 2021).

Is inspreagadh seachtrach ar leith é dualgas na bhfoghlaimoirí leis an Ghaeilge a shealbhú, dualgas a bhaineann go sonrach le teangacha oidhreachta. Cé go dtiteann an oibleagáid seo faoin fhéin ba chóir T2, is minic, mar a léirítear san athbhreithniú seo, a ghlacann foghlaimoirí léi mar 'a welcomed obligation' (Dörnyei & Al-Hoorie, 2017). Bhí an féin idéalach T2 le haimsiú sna tagairtí a rinneadh d'fhís na bhfoghlaimoirí díobh féin mar chainteoirí a bhí neamhspleách nó a bhí ar chomhleibhéal na gcainteoirí dúchais. Is spéisiúil, áfach, gur tháinig frustrachas, díomá nó lagmhisneach ar fhoghlaimoirí áirithe nuair a chuir siad iad féin i gcomparáid leis na heiseamláirí teanga seo. Is spéisiúla fós gurbh iad na mothúcháin chéanna a tháinig chun cinn nuair a tugadh iarracht fhadtéarmach na foghlama teanga faoi deara nó nuair nár baineadh spriocanna uailmhianacha foghlama amach. Rachadh sé chun tairbhe na bhfoghlaimoirí seo, mar sin, spriocanna níos réadúla a leagan amach (Baker *et al.*, 2011) agus plé a dhéanamh ar thaobh mothaitheach an tsealbhathe teanga agus ar thábhacht na héirime mothúchánaí dá bharr (Taherkhani & Moradi, 2022).

Ó thaobh cheist na himeascaitheachta de, áitítear go bhfuil teagmháil leis an phobal teanga i bhfad níos tábhachtaí i gcás teangacha eile seachas an Béarla, teangacha mionlathaithe ina measc (Nakamura, 2019). Is iomaí pobal teanga a bhí ar fáil do lucht an athbhreithnithe seo agus iad ag iarraidh ballraíocht a ghlacadh i bpobal an diaspóra, sa ghrúpa foghlama, i líonra na nuachainteoirí nó i lucht na Gaeilge féin. Ba mhínic fosta a bhí baint láidir ag pobal inmheánach nó ag féin fréamhaithe an fhoghlaimeora (MacIntyre *et al.*, 2017), de réir dhlúthcheangal na teanga le stair agus le toadhchá a muintire agus a gceantair araon. Cé gur mínic nach mbíonn spriocanna pragmatacha ag baint le foghlaim na dteangacha mionlathaithe (Belmar *et al.*, 2019; O'Rourke & Ramallo, 2018; McEwan-Fujita, 2010), ní amhlaidh an scéal i gcónaí (Ortega *et al.*, 2015; Pujolar & Puigdevall, 2015; Ning, 2014). Is fíor gur féidir an easpa áisiúlachta a bhaineann le teangacha áirithe drochthionchar a imirt ar inspreagadh an fhoghlaimeora chun iad a shealbhú (Albury, 2018; Rosiak, 2023), ach ní hionann úsáid na dteangacha san ionad oibre agus baint a bheith acu le saol pearsanta an chainteora ach an oiread (Dunmore, 2018).

D'fhéadfaí idirdhealú eile a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí an athbhreithnithe seo, mar sin, idir cainteoirí agus cainteoirí féideartha ag brath ar rialtacht a n-úsáide teanga (Carty, 2018). Cé go mbíonn orthu dul i ngleic le ceist na húinéireachta teanga agus le heaspa deiseanna úsáide, d'éirigh le cainteoirí na staidéar seo féiniúlacht mar úsáideoir Gaeilge a fhorbairt trí phobal agus trí imeachtaí teanga ar leith. Is léiriú atá san fhéiniúlacht seo ar an tábhacht a bhaineann le húsáid shóisialta na dteangacha mionlathaithe (Pujolar & Puigdevall, 2015) agus ar an ghá le foghlaimeoirí a spreagadh chun pobal cleachtais a aimsiú (Ortega *et al.*, 2015). Is í an úsáid seo in éineacht le tuiscint ar a spriocanna féin agus ar an phróiseas foghlama trí chéile a chuirfeadh le hinbhuanaitheacht iarrachtaí an fhoghlaimeora Gaeilge agus le stádas na teanga dá bharr.

Tagairtí

- Albury, N.J. (2018) “‘If We Lose Their Language We Lose Our History’”: Knowledge and Disposition in Māori Language Acquisition Policy.’ *Journal of Language, Identity & Education*, 17(2). 69–84. <https://doi.org/10.1080/15348458.2017.1389281>
- Arksey, H. & O’Malley, L. (2005) ‘Scoping studies: towards a methodological framework.’ *International Journal of Social Research Methodology*, 8(1). 19–32. <https://doi.org/10.1080/1364557032000119616>
- Baker, C., Andrews, H., Gruffydd, I. & Lewis, G. (2011) ‘Adult language learning: a survey of Welsh for Adults in the context of language planning.’ *Evaluation & Research in Education*, 24(1). 41–59. <https://doi.org/10.1080/09500790.2010.526204>
- Belmar, G., van Boven, C. & Pinho, S. (2019) ‘Why Do Adults Decide to Learn a Minority Language? A Study of the Motivation(S) of Potential New Speakers of West Frisian.’ *Sustainable Multilingualism*, 14(1). 138–59. <https://doi.org/10.2478/sm-2019-0007>
- Boo, Z., Dörnyei, Z. & Ryan, S. (2015) ‘L2 motivation research 2005–2014: Understanding a publication surge and a changing landscape.’ *System*, 55. 145–57. <https://doi.org/10.1016/j.system.2015.10.006>
- Carty, N. (2018). ‘New Speakers, Potential New Speakers, and Their Experiences and Abilities in Scottish Gaelic.’ Smith-Christmas, C., Ó Murchadha, N., Hornsby, M., Moriarty, M. (eds) *New Speakers of Minority Languages*. London: Palgrave Macmillan. 253–70. https://doi.org/10.1057/978-1-137-57558-6_13
- Central Statistics Office. (2022) *Census 2022 Profile 8 – The Irish Language and Education*. <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpp8/census2022profile8-theirishlanguageandeducation/>
- Ó Ceallaigh, T.J. & Dhonnabhain, Á.N. (2017) ‘Reawakening the Irish language through the Irish education system: Challenges and priorities.’ *International Electronic Journal of Elementary Education*, 8(2). 179–98. <https://www.iejee.com/index.php/IEJEE/article/view/107>
- Clément, R., Dörnyei, Z. & Noels, K.A. (1994) ‘Motivation, Self-confidence, and Group Cohesion in the Foreign Language Classroom.’ *Language Learning*, 44. 417–48. <https://doi.org/10.1111/j.1467-1770.1994.tb01113.x>

- Deci, E.L. & Ryan, R.M. (1985) *Intrinsic Motivation and Self-Determination in Human Behavior*. Berlin: Springer Science & Business Media.
- Dörnyei, Z. (2005) *The Psychology of the Language Learner: Individual Differences in Second Language Acquisition*. Mahwar, NJ: Lawrence Erlbaum Associates Publishers.
- Dörnyei, Z. & Otto, I. (1998) 'Motivation in Action: A Process Model of L2 Motivation.' *Working Papers in Applied Linguistics*, 4. 43–69.
- Dörnyei, Z. & Ushioda, E. (2021) *Teaching and Researching Motivation*. 3rd ed. New York: Routledge / Taylor & Francis Group.
- Dörnyei, Z. & Al-Hoorie, A.H. (2017) 'The Motivational Foundation of Learning Languages Other than Global English: Theoretical Issues and Research Directions.' *The Modern Language Journal*, 101. 455–68. <https://doi.org/10.1111/modl.12408>
- Dunmore, S. (2018) 'New Gaelic speakers, new Gaels? Ideologies and ethnolinguistic continuity in contemporary Scotland.' Smith-Christmas, C., Ó Murchadha, N., Hornsby, M., Moriarty, M. (eds) *New Speakers of Minority Languages*. London: Palgrave Macmillan. https://doi.org/10.1057/978-1-137-57558-6_2
- Gardner, R.C. & Lambert, W.E. (1972) *Attitudes and Motivation in Second Language Learning*. Rowley, MA: Newbury House Publishers.
- Howard, J.L., Bureau, J., Guay, F., Chong, J.X.Y., & Ryan, R.M. (2021). 'Student Motivation and Associated Outcomes: A Meta-Analysis From Self-Determination Theory.' *Perspectives on psychological science : a journal of the Association for Psychological Science*, 16(6). 1300–23. <https://doi.org/10.1177/1745691620966789>
- Larsen-Freeman, D. & Cameron, L. (2008) *Complex Systems and Applied Linguistics*. Oxford: Oxford University Press.
- Lamb, M. (2004) 'Integrative motivation in a globalizing world.' *System*, 32. 3–19. <https://doi.org/10.1016/j.system.2003.04.002>
- Levac, D., Colquhoun, H. & O'Brien, K.K. (2010) 'Scoping studies: advancing the methodology.' *Implementation Science*, 5(1), 69. <https://doi.org/10.1186/1748-5908-5-69>

- Macintyre, P. D., Baker, S.C. & Sparling, H. (2017) 'Heritage Passions, Heritage Convictions, and the Rooted L2 Self: Music and Gaelic Language Learning in Cape Breton, Nova Scotia.' *The Modern Language Journal*, 101(3). 501–16.
<https://doi.org/10.1111/modl.12417>
- McEwan-Fujita, E. (2010) 'Ideology, affect, and socialization in language shift and revitalization: The experiences of adults learning Gaelic in the Western Isles of Scotland.' *Language in Society*, 39(1). 27–64. <https://doi.org/10.1017/S0047404509990649>
- Munn, Z., Peters, M. D. J., Stern, C., Tufanaru, C., McArthur, A. & Aromataris, E. (2018) 'Systematic review or scoping review? Guidance for authors when choosing between a systematic or scoping review approach.' *BMC Medical Research Methodology*, 18(143). <https://doi.org/10.1186/s12874-018-0611-x>
- Nakamura, T. (2019) *Language Acquisition and the Multilingual Ideal: Exploring Japanese Language Learning Motivation*. London: Bloomsbury Academic.
- Ní Fhrighil, R. & Nic Eoin, M. (eds) (2009) *Teagasc nó Sealbhú? Múineadh agus Foghlaim na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal Teagasc nó Sealbhú? Múineadh agus Foghlaim na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal*. BÁC: Cois Life.
- Ning, R. (2024) 'Chinese graduate students in Catalonia: motivation to learn Catalan in a bilingual society.' *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 45(2). 475–88.
<https://doi.org/10.1080/01434632.2021.1902335>
- Noels, K.A., Pelletier, L.G., Clement, R., & Vallerand, R.J. (2000) 'Why are you learning a second language? Motivational orientations and self-determination theory.' *Language Learning*, 50. 57–85.
- Northern Ireland Statistics and Research Agency. (2022) 2021 Census Data, Table MS-B12: Main Language [uasdátaithe] <https://www.nisra.gov.uk/publications/census-2021-main-statistics-language-tables>
- Ortega, A., Urla, J., Amorrortu, E., Goirigolzarri, J. & Uranga, B. (2015) 'Linguistic identity among new speakers of Basque', *International Journal of the Sociology of Language*, 2015(231), 85–105. <https://doi.org/10.1515/ijsl-2014-0033>.

- O'Rourke, B. & Ramallo, F. (2018) 'Identities and New Speakers of Minority Languages: A Focus on Galician.' Smith-Christmas, C., Ó Murchadha, N., Hornsby, M., Moriarty, M. (eds) *New Speakers of Minority Languages*. London: Palgrave Macmillan. 91–109. https://doi.org/10.1057/978-1-137-57558-6_5.
- Peters, M.D.J., Marnie, C., Tricco, A.C., Pollock, D., Munn, Z., Alexander, L., McInerney, P., Godfrey, C. M. & Khalil, H. (2020) 'Updated methodological guidance for the conduct of scoping reviews.' *JBI evidence synthesis*, 18(10). 2119–26. <https://doi.org/10.11124/JBIES-20-00167>
- Pujolar, J. & Puigdevall, M. (2015) 'Linguistic mudes: how to become a new speaker in Catalonia.' *International Journal of the Sociology of Language*, 2015(231). 167–87. <https://doi.org/10.1515/ijsl-2014-0037>
- Rosiak, K. (2023) 'The role of language attitudes and ideologies in minority language learning motivation: A case study of Polish migrants' (de)motivation to learn Welsh.' *European Journal of Applied Linguistics*, 11(1). 26–52. <https://doi.org/10.1515/eujal-2021-0018>
- Ryan, R.M. & Deci, E.L. (2000) 'Self-determination theory and the facilitation of intrinsic motivation, social development, and well-being.' *American Psychologist*, 55(1). 68–78. <https://doi.org/10.1037/0003-066X.55.1.68>
- Taherkhani, R. & Moradi, R. (2022) 'The relationships among self-regulation, emotional intelligence, willingness to communicate, and reading comprehension of Persian foreign language learners: Structural equation modelling.' *Foreign Language Annals*, 55. 742–68. <https://doi.org/10.1111/flan.12610>
- Ushioda, E. (2009) 'A Person-in-Context Relational View of Emergent Motivation, Self and Identity.' Dörnyei, Z. & Ushioda, E. (eds) *Motivation, Language Identity and the L2 Self*. Bristol: Blue Ridge Summit: Multilingual Matters. 215–28.
- Weiner, B. (1985) 'An attributional theory of achievement, motivation and emotion.' *Psychological Review*, 92(4). 548–73. <https://doi.org/10.1037/0033-295X.92.4.548>
- Walsh, J. (2019) 'The role of emotions and positionality in the trajectories of “new speakers” of Irish.' *International Journal of Bilingualism*, 23(1). 221–35. <https://doi.org/10.1177/1367006917720545>.

- Walsh, J. (2020) 'The Irish language and contemporary Irish identity.' Hickey, R. & Amador-Moreno, C. (eds) *Irish Identities: Sociolinguistic Perspectives*. Berlin, Boston: De Gruyter Mouton. 21–44. <https://doi-org.dcu.idm.oclc.org/10.1515/9781501507687-002>
- Yashima, T. (2002) 'Willingness to Communicate in a Second Language: The Japanese EFL Context.' *The Modern Language Journal*, 86. 54–66. <https://doi.org/10.1111/1540-4781.00136>
- Yu, J. (2020) 'Existence of Integrated Regulation and Its Implication on Foreign Language Teaching: A Survey Study', *Innovation in Language Learning and Teaching*, 14(1). 67–82. <https://doi.org/10.1080/17501229.2018.1488855>.

Aguisíní

Aguisín 1: Ailt a cuireadh san áireamh san athbhreithniú

- Barry, S. (2020) 'Irish language self-efficacy beliefs and the Official Languages Act 2003.' *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 27. <https://doi.org/10.35903/teanga.v27i.213>.
- Beirne, E., Nic Giolla Mhichíl, M. & Mac Lochlainn, C. (2019) 'Curiouser and Curiouser: The Wonderland of Emotion in LMOOCs.' Calise, M. *et al.* (eds) *Digital Education: At the MOOC Crossroads Where the Interests of Academia and Business Converge*. Cham: Springer International Publishing (Lecture Notes in Computer Science). 13–20. https://doi.org/10.1007/978-3-030-19875-6_2.
- Beirne, E. (2020) *What a feeling! A multistage, multimethod Investigation of emotions and their antecedents in an Irish language MOOC*. PhD thesis, Dublin City University.
- Flynn, C.J. (2013) 'The role of culture in minority language learning: The case of adult learners of Irish.' Farr, F. & Moriarty, M. (Eds.), *Language, learning and teaching: Irish research perspectives*. 41–64. Oxford: Peter Lang.

- Flynn, C.J., & Harris, J. (2016) 'Motivational diversity among adult minority language learners: are current theoretical constructs adequate?' *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 37(4). 371–84. <https://doi.org/10.1080/01434632.2015.1072204>.
- Flynn, C.J. (2020) *Adult minority language learning: Motivation, identity and target variety*. Bristol, UK: Multilingual Matters.
- Garland, J.N. (2022) 'The importance of being Irish: National identity, cultural authenticity, and linguistic authority in an Irish language class in the United States.' *Pragmatics. Quarterly Publication of the International Pragmatics Association (IPrA)*. 253–76. <https://doi.org/10.1075/prag.18.2.04gar>.
- Giles, J. (2016) "No, it is a hobby for me": Examining the motivations of non-Irish learners of the Irish language in North America.' *Language & Communication*, 47. 135–43. <https://doi.org/10.1016/j.langcom.2015.06.001>.
- Giles, J. (2022) "It creates a whole linkage with your ancestral line": language socialisation, family lineage, and language choice at diasporic Irish immersion events in Ontario.' *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 43(3). 243–52. <https://doi.org/10.1080/01434632.2022.2039676>.
- Mac Lochlainn, C., Nic Giolla Mhichíl, M., Beirne, E. & Brown, M. (2019a) 'Back to the Future, the Learner Strikes Back: Feedback and Reflection as Key Elements in MOOC re-Design.' *EDEN Conference Proceedings*. 374–81. [10.38069/edenconf-2019-ac-0041](https://doi.org/10.38069/edenconf-2019-ac-0041).
- Mac Lochlainn, C., Nic Giolla Mhichíl, M., Beirne, E. & Brown, M. (2019b) 'Culture Vultures: How Open is Open?' Brown, M., Nic Giolla Mhichil, M., Beirne, E., & Costello, E. (eds.). *Proceedings of the 2019 ICDE World Conference on Online Learning*, Volume. Dublin City University, Dublin. <http://dx.doi.org/10.5281/zenodo.3804014>.
- Mac Lochlainn, C., Nic Giolla Mhichíl, M., Beirne, E. & Brown, M. (2020) 'The soul behind the screen: understanding cultural enrichment as a motivation of informal MOOC learning.' *Distance Education*, 41(2). 201–15. <https://doi.org/10.1080/01587919.2020.1757408>.

- Mac Lochlainn, C., Nic Giolla Mhichíl, M. & Beirne, E. (2023) 'Diversity, exclusion and inclusion: a case study of welcome online & minority language representation in MOOCs', *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 44(5), 359–69. <https://doi.org/10.1080/01434632.2020.1823988>.
- Mac Lochlainn, C. (2023) *Learning to express, learning as self-expression: a multimethod investigation of the L2 selves of distance adult Irish L2 learners*. PhD thesis, Dublin City University.
- McHale, B. & Ní Fhlatharta, L. (2015) 'Tionchar Phróifil an Fhoghlaimora Teanga ar Shealbhú na Gaeilge.' *Léann Teanga: An Reiviú*. <https://doi.org/10.13025/2gyw-ak60>.
- McMonagle, S. (2012) 'Gaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir: post-territorial Irishness and Canadian multiculturalism.' *Irish Studies Review*, 20(4). 407–25. <https://doi.org/10.1080/09670882.2012.731265>.
- Murphy, D. & Flynn, C.J. (2013) 'Common ground between minority and majority languages: The case of identity.' Archibald, A.N. (Ed.) *Multilingual theory and practice in applied linguistics: Proceedings of the 43th annual meeting of the British Association for Applied Linguistics*. 175–9. London: Scitsiugnill Press.
- Ní Chlochasaigh, K. (2014) *Staidéar ar fhoghlaimoirí éifeachtacha na Gaeilge ar an dara agus ar an tríú leibhéal*. Doctoral Thesis in Applied Linguistics, Institute of Technology, Tralee.
- Ní Chlochasaigh, K. (2016) 'Foghlaimoirí Éifeachtacha na Gaeilge: Táid ann ach Táid gann. Ról na Foghlama Comhtháite Teanga agus Ábhair i gcothú na Dea-foghlama i gcás na Gaeilge.' Ó Ceallaigh, T. & Ó Laoire, M. (2016) *An Chéad Chomhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas – Páipéir Chomhdhála*.
- Ní Chualáin, F. (2013) 'An Tumoideachas Tríú Leibhéal agus an Ollscolaíocht trí Ghaeilge: Eispéireas Foghlama na Mac Léinn.' *Léann Teanga: An Reiviú*. <https://doi.org/10.13025/39sh-b889>

- Ní Dhonnchadha, C., Ní Chlochasaigh, K. & Ó Ceallaigh, T.J. (2024) 'Dianchonnair Fhéideartha an Inspreagtha in Oideachas Múinteoirí an Tumoideachais [Potential Powerful Pathways of Motivation in Immersion Teacher Education].' *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 31. 206–30. <https://doi.org/10.35903/teanga.v31i.7546>.
- O'Rourke, B. (2011) 'Whose Language Is It? Struggles for Language Ownership in an Irish Language Classroom.' *Journal of Language, Identity & Education*, 10(5). 327–45. <https://doi.org/10.1080/15348458.2011.614545>.
- O'Rourke, B. & Brennan, S.C. (2019) 'Regimenting the Gaeltacht: Authenticity, anonymity, and expectation in contemporary Ireland.' *Language & Communication*, 66. 20–8. <https://doi.org/10.1016/j.langcom.2018.10.006>.
- O'Rourke, B. & Walsh, J. (2015) 'New Speakers of Irish: shifting boundaries across time and space.' *International Journal of the Sociology of Language*, 2015(231). 63–83.
- Petit K. (2016) 'Successful Learners of Irish as an L2: Motivation, Identity and Linguistic Mudes.' *Studia Celtica Posnaniensia*, Vol.1 (Issue 1). 39–56. <https://doi.org/10.1515/scp-2016-0003>.
- Seoighe, S. (2018) "Is libhse an chathair" — Pop Up Gaeltacht agus nuachaintoirí na Gaeilge.' *COMHARTaighde*, (4). <https://doi.org/10.18669/ct.2018.05>.
- Vaughan, J. (2014) *Discourses of belonging and resistance: Irish-language maintenance in Ireland and the diaspora*. PhD thesis. Edited by J. Mulder. The University of Melbourne.
- Vaughan, J. (2016) 'Landscapes of the Irish Language: Discursive Constructions of Authenticity in the Irish Diaspora.' *Irish Journal of Applied Social Studies*, 16(1), Article 4. <https://arrow.tudublin.ie/ijass/vol16/iss1/4>.
- Walsh, J. & O'Rourke, B. (2015) 'Mudes teangeolaíochá agus nuachaintoirí na Gaeilge.' *COMHARTaighde*, (1). [10.18669/ct.2015.09](https://doi.org/10.18669/ct.2015.09).
- Walsh, J, O'Rourke, B., & Rowland, H. (2015) *Research Report on New Speakers of Irish*. BÁC: Foras na Gaeilge.

- Walsh, J. (2019a) 'National identity and belonging among gay "new speakers" of Irish.' *Journal of Language and Sexuality*, 8(1). 53–81. <https://doi.org/10.1075/jls.18008.wal>.
- Walsh, J. (2019b) 'The role of emotions and positionality in the trajectories of "new speakers" of Irish.' *International Journal of Bilingualism*, 23(1). 221–35. <https://doi.org/10.1177/1367006917720545>.
- O'Rourke, B. & Walsh, J. (2020) *New Speakers of Irish in the Global Context: New Revival?* Routledge. <https://doi.org/10.4324/9781315277325>.
- Walsh, J. & Ní Dhúda, L. (2015) "'New speakers" of Irish in the United States: practices and motivations.' *Applied Linguistics Review*, 6(2). 173–93. <https://doi.org/10.1515/applirev-2015-0009>.
- Wright, M. & McGrory, O. (2005) 'Motivation and the adult Irish language learner.' *Educational Research*, 47. 191–204. [10.1080/00131880500104317](https://doi.org/10.1080/00131880500104317).

Aguisín 2: Ailt nár cuireadh san áireamh san athbhreithniú

- Armstrong, T. (2012) 'Establishing new norms of language use: the circulation of linguistic ideology in three new Irish-language communities.' *Language Policy*, 11. 145–168.
- Darmody, M. & Daly, T. (2015) *Attitudes towards the Irish language on the island of Ireland. Dublin: Economic and Social Research Institute.* <https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2015/09/Attitudes-towards-Irish2015.pdf>.
- Day, R. & Walsh, J. (2020) 'Building a language community through radio in the age of social media: The case of Raidió na Life', *Radio Journal: International Studies in Broadcast & Audio Media*, 18(1). 79–94.
- de Bléine, P. & Hanratty, B. (2024) 'Foghlaim na filíochta ag an tríú leibhéal: éisteacht ghníomhach agus féidearthachtaí maidir le fonn agus fiosracht a spreagadh i measc na mac léinn.' *Léann Teanga: An Reiviú*.

- Devitt, S. M., Little, D. G., Ó Conchúir, S. P. & Singleton, D. M. (1982) 'Learning Irish with Anois is Arís.' *CLCS Occasional Paper 6*. Dublin: Trinity College in association with Raidió Teilifís Éireann.
- Doyle, D. (2015) *Míle míle i gCéin: The Irish Language in Canada*. Napean: Borealis Book Publishers.
- Duran, J.J. (1995) 'Dialects, Speech communities, and Applied Linguistics: A Realistic Approach to the Teaching of Irish in Non-Irish Speaking Areas.' *Journal of Celtic Language Learning*, 1. 21–37.
- Dunne, C.M. & Ní Aogáin, S. (2024) 'Dea-chuimhní ar Fhoghlaim na Gaeilge: Léargais ó Dhaoine a Bhain Ardchumas Amach sa Teanga.' *COMHARTaighde*, 10 <https://comhartaighde.ie/ailt-taighde/dea-chuimhni-ar-fhoghlaim-na-gaeilge-leargais-o-dhaoine-a-bhain-ardchumas-amach-sa-teanga/>.
- Engman, M., McGurk, Ó. & MacKenzie, A. (2023) 'Teanga sa Chistin: A Qualitative Study of Bilingual Families, Baking Bread, and Reclaiming Irish in the Home.' *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 30(1). 169–200. <https://journal.iraal.ie/index.php/teanga/article/view/5460>.
- Forde, S. (2021) 'An Náisiúin Gaelach: Questions of Identity and Nationalism in the Irish Language.' *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 28. 306–30. <https://doi.org/10.35903/teanga.v28i.611>.
- Mac Corraidh, S. (2021) 'Grinnléitheoireacht á meas ag mic léinn ar chúrsaí Gaeilge (BA agus BEd) mar mhodh múinte le bheith ag foghlaim faoin scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge.' *Léann Teanga: An Reiviú*. <https://doi.org/10.13025/00e7-a797>.
- Maguire, G. (1991) *Our own language: an Irish initiative*. Clevedon, OH: Multilingual Matters.
- McCloskey, J. (2008) 'Irish as a world language.' Ó Conchubhair, B. (ed.), *Why Irish? Irish language and literature in academia*. Galway: Arlen House. 71–89.
- McCoy, G. W. (1997) *Protestants and the Irish language in Northern Ireland*. Unpublished PhD thesis, Queen's University Belfast.

- Moal, S., Ó Murchadha, N.P. & Walsh, J. (2018) 'New Speakers and Language in the Media: Audience Design in Breton and Irish Broadcast Media.' Smith-Christmas, C., Ó Murchadha, N., Hornsby, M., Moriarty, M. (eds) *New Speakers of Minority Languages*. London: Palgrave Macmillan. 189–212. https://doi.org/10.1057/978-1-137-57558-6_10.
- Ní Chathasaigh, C. & Ó Ceallaigh, T.J. (2021) 'Feasacht teanga an mhúinteora ábhair iarbhunscoile sa tumoideachas: dearcthaí, eispéiris agus tuairimí múinteoirí ábhair i nGaelcholáistí.' *COMHARTaighde*, 7. [10.18669/ct.2021.03](https://doi.org/10.18669/ct.2021.03)
- Ní Chonchubhair, H., Ó Ceallaigh, T.J. & Dennehy, N. (2024) 'An tumoideachas déanach: bac nó buntáiste?' *Léann Teanga: An Reiviú*.
- Ní Ghallachair, A. (2008) 'Teaching and Learning Irish Today.' Nic Pháidín, C. & Ó Cearnaigh, S. (eds) *A New View of the Irish Language*. BÁC: Cois Life. 191–201.
- Ní Loingsigh, D. (2015) *Minority language advising in the workplace: contextual practices, relational knowing, mandate, and change* (EdD thesis, National University of Ireland Maynooth). Maynooth University Research Archive Library. <http://mural.maynoothuniversity.ie/6422/>.
- Ní Loingsigh, D., & Mozzon-McPherson, M. (2020) 'Advising in Language Learning in a new speaker context: Facilitating linguistic shifts.' *System*, 95, Article 102363. <https://doi.org/10.1016/j.system.2020.102363>.
- Ní Mhuirthile, Á. (2009) 'Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.' Ní Fhrighil, R. & Nic Eoin, M. (eag). Ó *Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga*. BÁC: Cois Life. 40–5.
- Nic Eoin, M. (2018) 'Re-Imagining Academic and Professional Irish Language Programmes in Initial Teacher Education: Implications of a New Third Level Irish Language Syllabus.' *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 24. 20–33. <https://doi.org/10.35903/teanga.v24i0.40>.
- Ó Ceallaigh, T.J., Hourigan, M. & Leavy, A. (2019) 'Comhtháthú an ábhair agus na teanga i gcomhthéacs an tumoideachais: múinteoirí faoi oiliúint i mbun éabhlóide tríd an Staidéar Ceachta.' *COMHARTaighde*. [doi:10.18669/ct.2019.03](https://doi.org/10.18669/ct.2019.03).

- Ó Conchubhair, B. (2008) 'The Global Diaspora and the 'New' Irish (Language).' Nic Pháidín, C. & Ó Cearnaigh, S. (eds) *A New View of the Irish Language*. BÁC: Cois Life. 224–48.
- Ó hAdhmaill, F. (1985) *A survey on the Irish language in West Belfast*. Belfast: Glór na nGael.
- Ó Laoire, M. & Ní Chlochasaigh, K. (2010). 'Dea-fhoghlaimoirí teanga i mbun foghlama: Cad iad na bealaí éifeachtacha foghlama a bhíonn acu?' Ó Laoire, M., Davitt, A., Ní Laoire, M. & Ó Máirtín, M. (eag.) *Teagasc na Gaeilge 9*. BÁC: Comhar na Múinteoirí Gaeilge. 47–58.
- Ó Laoire, M. (2000) 'Learning Irish for Participation in the Irish Language Speech Community outside the Gaeltacht.' *Journal of Celtic Language Learning*, 5. 20–33.
- Ó Laoire, M. (2018) 'An Tumfoghlaime sa Ghaeltacht: Féidearthachtaí agus Dúshláin d'Ábhair.' *Léann Teanga: An Reiviú*.
- Ó Loideáin, C. (2008) *Próifíl Teanga na Mac Léinn Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*. Tráchtas MA neamhfhoilsithe. Gaillimh: Ollscoil na Gaillimhe.
- Ó Murchadha, N. (2018) *An Ghaeilge sa Nua-Aoiseacht Dhéanach: an meon i leith éagsúlacht teanga sa Ghaeilge*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Murchadha, N. (2020) 'Múnlaí teanga na Gaeilge agus an idé-eolaíocht teanga: Language models and language ideologies in relation to Irish.' *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 27, 44–64. <https://doi.org/10.35903/teanga.v27i.487>.
- Ó Murchadha, N. & Flynn, C.J. (2018) 'Educators' Target Language Varieties for Language Learners: Orientation Toward "Native" and "Nonnative" Norms in a Minority Language Context.' *The Modern Language Journal*, 102(4). 797–813. <http://www.jstor.org/stable/44981307>.
- Ó Riagáin, P. (2007) 'Relationships between Attitudes to Irish, Social Class, Religion and National Identity in the Republic of Ireland and Northern Ireland.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10(4). 369–93.

- Ó Tuathaigh, G. (2011), 'An stát, an féiniúlacht [sic] náisiúnta agus an teanga: Cás na hÉireann.' Mac Cormaic, B. (eag.), *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe*. BÁC: Coiscéim. 76–112.
- O'Reilly, C. (1999) *The Irish language in Northern Ireland: the politics of culture and identity*. London: Macmillan.
- O'Rourke, B. (2011a) *Galician and Irish in the European Context: Attitudes towards Weak and Strong Minority Languages*. Basingstoke: Palgrave.
- O'Rourke, B. (2015) 'Language Revitalisation Models in Minority Language Contexts: Tensions between Ideologies of Authenticity and Anonymity.' *Anthropological Journal of European Cultures*, 24(1). 63–82. <https://www.jstor.org/stable/26355935>
- O'Rourke, B. & Brennan, S.C. (2019) 'Regimenting the Gaeltacht: Authenticity, Anonymity, and Expectation in Contemporary Ireland.' *Language and Communication*, 66. 20–8. <https://doi.org/10.1016/j.langcom.2018.10.006>.
- O'Rourke, B. & Ramallo, F. (2011) 'The native-non-native dichotomy in minority language contexts: Comparisons between Irish and Galician.' *Language Problems and Language Planning*, 35(2), 139e159. <https://doi.org/10.1075/lplp.35.2.03oro>.
- Singleton, D. (1987) 'Communicative Needs: The Case of Irish.' *Proceedings from the Symposium on the Evaluation of Foreign Language Proficiency*. 79–83. Bloomington, IN: Indiana University.
- Singleton, D. (2007) 'Globalization, Language, and National Identity: The Case of Ireland.' *CLCS Occasional Paper* 68. Dublin: Trinity College Dublin.
- Stancombe-Taylor, F. (2019) 'Linguistic Identities in Post-Conflict Societies: Current Issues and Developments in Northern Ireland.' *Anthropological Journal of European Cultures*, 28(2). 86–92. <https://www.jstor.org/stable/27095356>.
- Sullivan, T. (2012) "I want to be all I can Irish": The role of performance and performativity in the construction of ethnicity.' *Social & Cultural Geography*, 5. 429–43.
- Zenker, O. (2013) *Irish/Ness is All Around Us: Language Revivalism and the Culture of Ethnic Identity in Northern Ireland*. Berghahn Books.



An t-ómós áite i saothar léinn agus litríochta an Ollaimh Breandán S. Mac Aodha

Dorothy Ní Uigín

<https://doi.org/10.13025/29626>

(Cuireadh leagan den pháipéar seo i láthair ag an gComhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na Gaeilge, Roinn na Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe, 3–4 Deireadh Fómhair 2024)

Bhí Breandán S. Mac Aodha (1934–2001) ar dhuine de na scoláirí ba thábhachtaí a rinne staidéar ar logainmneacha na hÉireann san 20ú haois. Bhí sé ina chéad ollamh le tíreolaíocht in Ollscoil na Gaillimhe agus ina chomhbhunaitheoir roimhe sin ar *Studia Hibernica* i gColáiste Phádraig, Baile Átha Cliath. Bhí sé ina stiúrthóir ar *An tSuirbhéireacht ar Ghaeltacht na Gaillimhe Gaillimhe* (1969 & 1971), agus d’ullmhaigh sé roinnt foclóirí a bhain le réimse na tíreolaíochta – *Foclóir Tíreolaíochta* (1972) agus *Tíreolaíocht agus Pleanáil* (1981), mar shampla, chomh maith le *Sráidainmneacha na hÉireann* (1992) i gcomhar le scríbhneoirí eile, agus faoi choimirce an Choimisiúin Logainmneacha. Chaith sé féin roinnt mhaith blianta ina bhall den Choimisiún freisin. Pléifear a oidhreacht i réimse léinn na háitainmníochta agus na tíreolaíochta san alt thíos, ach chomh maith leis sin, breathnófar ar ról na logainmneacha i bhfilíocht Bhreandáin Mhic Aodha. Chleacht sé ceird na filíochta i gcaitheamh a shaoil, agus scagfar go sonrach na dánta ina chnuasach filíochta *Uaimheolaíocht* a d’fhoilsigh sé in 2000 – bliain sular bhásaigh sé – agus ina bhfuil tábhacht an ómóis áite le feiceáil go soiléir.

Cúlra

Is i mBéal Feirste a rugadh Breandán S. Mac Aodha, agus is in Ollscoil na Ríona a bhain sé amach cáilíochtaí fochéime agus iarchéime. Chaith sé tréimhse ag teagasc i gColáiste Phádraig ina dhiaidh sin agus tháinig sé go hOllscoil na Gaillimhe in 1962; is san ollscoil sin a chaith sé a shaol acadúil ina dhiaidh sin go dtí go ndeachaigh sé ar scor sa bhliain 1999.

A chur chuige i gcás léann na tíreolaíochta

Tá tromlach a chuid foilseachán i réimse na háitainmníochta liostaithe in innéacs de chuid Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath agus léiríonn siad mioneolas ar réimse leathan gnéithe áitainmníochta, ní hamháin in Éirinn, ach ar Leithinis na hIbéire freisin ('Some Major Elements in Spanish Place-names' [*Geography*, 1979], mar shampla, agus 'Póvoa and Related Settlement Terms' [*Boletín de Sociedade de Geografia de Lisboa*, 1985]). Is thart ar sheasca alt atá luaite leis in innéacs na hInstitiúide, agus iad sin anuas ar an iliomad leabhar agus tuarascálacha a d'fhoilsigh sé freisin.

Mhínigh a dheartháir, an tOllamh Martin McHugh, (a bhí ina ollamh le síceolaíocht in Ollscoil na Gaillimhe), an cur chuige a bhí ag Mac Aodha i gcás léann na tíreolaíochta; dúirt sé an méid a leanas in alt iarbháis faoi Mhac Aodha a foilsíodh in *Names: A Journal of Onomastics* (2002: 292): 'He was much influenced by Evans' approach to historical geography through an examination of cultural landscapes, folklore and customs, but he supplemented this with a linguistic/literary route featuring the study of place names.' Estyn Evans atá i gceist anseo ar ndóigh, agus is faoina stiúir siúd a rinne Mac Aodha a thráchtas MA in Ollscoil na Ríona. *The Pattern of farming in Co. Tyrone* teideal a thráchtas MA, ábhar a léiríonn an tsuim a bhí aige san ionramháil a dhéanann an duine lena t(h)impeallacht.

Deirtear faoi Bhreandán Mac Aodha ar www.ainm.ie:

In aon staidéar geografach a bhí á dhéanamh aige níor mhiste leis riamh dul ar iontaoibh an bhéaloidis, na litríochta, na logainmníochta agus cúrsaí teanga. An dearcadh a bhí aige ar an ngeografaíocht gur droichead is ea í idir an sruithléann agus an eolaíocht; thugadh sé tacaíocht don staidéar idirdhisciplíneach.

Bhain tábhacht mhór leis an idirdhisciplíneachas ina ábhar léinn i gcónaí ach tá roinnt de na gnéithe seo cíortha ina chuid filíochta chomh maith, mar a fheicfeas muid ar ball.

I gcuntas iarbháis ar *The Irish Times* (2001), maítear faoi Mhac Aodha gur: 'The study of place names and their value in the understanding of geography was a vital element in his methodology and in time came to dominate his research.' Blianta roimhe sin, ar ndóigh, mhínigh Mac Aodha féin an tuiscint a bhí aige ar an tíreolaíocht in alt luath dá chuid, 'Tábhacht na Tíreolaíochta', a foilsíodh ar *Studia Hibernica* sa bhliain 1966; dúirt sé ansin (100):

Ins an Tíreolaíocht déantar staidéar ar an Duine agus ar áit chónaí an Duine, sé sin le rá a thimpeallacht... Iníúchann an tíreolaí na slite éagsúla ina múnlaíonn an Duine a thimpeallacht, ach ní lú a spéis ins na slite éagsúla ina gcuireann an timpeallacht isteach ar shaol an Duine.

Is léir, mar sin go raibh an t-ómós áite ina chroí-phrionsabal ag Mac Aodha ina chuid taighde agus ina chuid oibre i léann na tíreolaíochta. Níos faide anonn san alt céanna sin, dúirt sé (102–3):

An gaol atá ann idir muintir na hÉireann agus a dtimpeallacht ins an lá inniu, ní hionann é agus an gaol a bhí ann céad bliain ó shoin. Tá gaol an lae inniu do-thuigthe gan na hidircheangailtí go

léir a bhí i bhfeidhm ins an aimsir chaite a chur ins an áireamh. Téann an Tíreolaíocht Stairiúil i bhfeidhm ar gach brainse eile den ábhar mar gheall ar thionchar seo na n-iar-idircheangailtí ar na gréasáin chomhaimseartha.

Mar sin, ní mór dúinn an t-am atá caite a scagadh chun tuiscint chruinn a aimsiú ar an am i láthair, agus ní beag tábhacht na teanga in obair an tíreolaí ach oiread, dar leis (104):

... is gné bhunúsach den chultúr spioradálta an teanga féin, agus is í an ghné seo thar aon ghné eile a idirdhealaíos cultúr amháin ó chultúr eile. Is í an teanga fuil gach chultúir. D'fhéadfaí a rá go múnlaíonn an tsaintréith seo modhanna smaointe an chomhluidair (*sic*) agus leagann sí síos ní hamháin tréithe an chultúir i gcoitinne ach an bhéim a chuirtear ar gach brainse de...

D'aithin Mac Aodha freisin tionchar cultúir éagsúla ar a chéile. Mhaígh sé nár leor (104) '... don Tíreolaí na dáilithe atá ann a oibriú amach: caithfidh sé iad a mhíniú. Ní leor dó an cheist "Cá háit?" a fhreagairt: caithfidh sé ceist bhreise a fhreagairt agus is í an cheist sin ná "Cad chuige ins an áit áirithe sin?" Maidir leis na huirlisí a theastaíonn ón tíreolaí leis an obair fiosrúcháin seo a dhéanamh, is í an léarscáil is luachmhaire, dar leis; is féidir '...leis an léarscáil mám an-mhór de fhírící (*sic*) a chur ós chomhair súil an Duine, ach is tábhachtaí fós an dara bua, .i. gur féidir le léarscáil mhaith aird an Duine a dhíriú ar na hidircheangailtí lán-bhríocha idir na fírící úd.' (106)

Ar cheann de na foilseacháin ba thábhachtaí a tháinig ó pheann Bhreandáin S. Mhic Aodha, agus a gcuireann cainteoirí Gaeilge suim fós ann, tá *An tSuirbhéireacht ar Ghaeltacht na Gaillimhe* (1969 & 1971). Cuireadh síos air sin san *Irish Times*, (i dtuairisc a scríobhadh ar 4 Lúnasa, 2001), mar

Perhaps the most impressive single piece of work to emerge from the geography department (UCG) in its early years ... Breandán Mac Aodha directed the compilation of this monumental work which was by far the most comprehensive survey of a Gaeltacht region ever undertaken.

I mBrollach na *Suirbhéireachta* féin, luann Mac Aodha go: 'Luíonn croí na Tuarascála ins na léarscáileanna: is beag más gá aon ghluais a thabhairt orthu, ach le cuidiú Dé scrúdófar roinnt dena ceisteanna go mion i bpáipéir taighde ar leith amach anseo.'

An Fhilíocht

Má bhí an léarscáil mar uirlis luachmhar ag Mac Aodha ina chuid oibre acadúla, bhí an taisteal féin – agus na léarscáileanna a rinne éascaíocht air sin – ina ghné an-tábhachtach dá shaol freisin. Chaith sé tréimhsí sabóideacha ag taisteal ar fud na hEorpa, go háirithe ar Leithinis na hIbéire, anuas ar an taisteal fairsing a rinne sé go rialta go háiteanna ar fud an oileáin seo. Bhí sé seo lárnaigh san fhilíocht a scríobh sé.

Foilsíodh dánta de chuid Mhic Aodha ar *Comhar*, *Feasta*, *Nuafhíli*, *An tUltach*, *Fearsaid*, *An Timire* agus *Dóchas*. Le linn an ama a chaith sé sa Spáinn ar bhlianta sabóideacha agus eile, chuir sé suim ar leith i bhfilí na tíre sin. Rinne sé cur síos ar shaol agus ar shaothar na bhfilí Lorca, Becquer agus Machado, agus d'fhoilsigh sé aistriúchán Gaeilge ar 120 dán dá gcuid ar *An tUltach* idir 1978 agus 1982. Scríobh sé freisin faoi thábhacht na logaimneacha i saothar W.B. Yeats in 1984 – ‘Place-names in Yeats’s Poetry and Plays’ (*Gaelianna de l’Universite de Caen*). Chuir sé eagar ar dhá chnuasach filíochta agus gearrscéalaíochta le scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge sna 1960í – *Cnuasach* sa bhliain 1966 agus *Cnuasach 2* sa bhliain 1968. Faoi choimirce an Chomhchaidrimh – eagraíocht idir-ollscoile a bhunaigh Máirtín Ó Flathartaigh sa bhliain 1935 chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc mic léinn ollscoile – a rinneadh an obair seo. I Réamhrá *Cnuasach 2*, dúirt sé nach raibh ‘forbairt chóir i ndán don nualitríocht go dtí go mbeidh líon mór de scríbhneoirí ghairmiúla (*sic*) ag saothrú leo go lánaimseartha, .i. go dtí go mbeidh sé ar chumas na scríbhneoirí iad féin a chothú tréna scríbhneoireacht amháin. Is fiú an t-oibrí a thuarastal!’ Tá scríbhneoirí agus filí na Gaeilge fós ag fanacht ar an lá sin, ar ndóigh.

Uaimheolaíocht

Deir Gearóid Denvir (2005: 109):

...when one considers much Irish writing in both languages in modern times...there is no doubt but that the land itself, both in a physical and a political sense, and also in a psychological, cultural, and aesthetic sense, is a fundamental theme in much Irish writing.

Agus is amhlaidh atá sa chnuasach filíochta *Uaimheolaíocht* a d’fhoilsigh Breandán S. Mac Aodha sa bhliain 2000.




Fig. 1. Clúdach *Uaimheolaíocht*; is Pádraic Reaney a dhear agus a rinne na pictiúir eile sa chnuasach

‘Speleology’ a thugtar ar an bhfocal ‘uaimheolaíocht’ sa Bhéarla, focal a bhfuil a bhunús sa tSean-Ghréigis (σπήλαιον (*spélaion*) ‘cave’ / pluais and -λογία (-logía) ‘study of’ / staidéar ar). Staidéar eolaíochtúil ar phluaiseanna atá i gceist, mar sin – ar a gcomhdhéanamh, ar a struchtúr, a stair, an próiseas trína gcruthaítear iad agus an chaoi a n-athraíonn siad in imeacht ama. Ní haon iontas é gné tíreolaíochta in úsáid mar theideal ar leabhar le tíreolaí, ar ndóigh, agus is ‘Uaimheolaíocht’ is ainm do chéad-dán an chnuasaigh freisin.

Ar an gcéad amharc, tá cuma na simplíochta ar na dánta sa chnuasach seo, ach mar a deir Máire Mhac an tSaoi i réamhrá an chnuasaigh (v):

Níl aon rud is deacaire ‘ionramháil sa bhfilíocht ná an tsimplíocht thréfhicseach, ach is éachtach an t-arm í i láimh oilte. Tá an bua neamhghnách so ag Breandán Mac Aodha. Pé acu i dtíortha i gcéin dó nó ag dul siar dó ina chuimhne, breacann sé an radharc is mian leis gan cur leis ná baint uaidh, nochtann sé coraíl an chroí agus na mianta i nGaeilge chórach, shothuigte, chúí, le cruinneas ná dallann is ná tuirsíonn.

Tá an t-ómós áite fud fad an chnuasaigh. Ag leibhéal an-dromchlach, tá an t-ómós áite le feiceáil sa chaoi a luaitear ag a ndeireadh an áit ar scríobhadh na dánta go minic, nó an áit inar tharla eachtraí na ndánta. Déanann Mac Aodha na dánta a lonnú dúinn – an dán ‘Imeacht’ in Setubal na Phortaingéile, mar shampla; ‘Pá na Mara’ in Cadiz na Spáinne; ‘Nefertítí’ in Amara na hÉigipte; ‘Baois an tSaoil’ i nGleann na Ríthe, Lucsor, agus níos gaire do bhaile, ‘Coinicéar, 1897’ i nGaillimh; ‘An Stáisiún Tréigthe’ i mBaile Easa Dara; ‘Léargas 1’ agus ‘Léargas 2’ i gCoill Bhearna, Co. na Gaillimhe. Tá tábhacht á leagan ag Mac Aodha ar *shuíomh* na n-eachtraí, chomh maith le hábhar na n-eachtraí féin anseo.

Dán gonta atá i dteidealán an chnuasaigh – ‘Uaimheolaíocht’:

Is uaimh í m’intinn:

Taibhsí tostacha i bhfolach sna scéilí,

Taisí na gcuimhní ar crochadh ón díon.

Buaileann sciatháin na mianta in éadan na bhfallaí dubha.

Nochtann iolar an chumha aníos as an cheo.

Cuireann an dán seo Allagóire na hUaimhe de chuid Phlatóin i gcuimhne don léitheoir, fáthscéal a chuir an fealsúnaí Platón i láthair ina shaothar *An Phoblacht*. San Allagóire seo (féach [anseo](#) le haghaidh leagan Gaeilge den scéal) tá daoine ag cónaí i bpluais dhorcha ó rugadh iad. Tá slabhraí ar a lámha, ar a gcosa agus ar a gcloigne, rud a fhágann nach féidir leo casadh timpeall lena bhfuil timpeall orthu a fheiceáil. Tá tine taobh thiar díobh, áfach, agus feiceann siad ar an mballa os a gcomhair amach scáil rudaí atá ag tarlú taobh thiar díobh, agus ainmníonn siad na rudaí sin. Ní thuigeann siad, áfach, nach bhfuil sna rudaí a fheiceann siad ach scáileanna. Dóibhsean is an réaltacht féin atá sna scáileanna seo. Éiríonn le duine acu seo eálú ón bpluais, áfach, agus feiceann seisean an fíorshaol den chéad uair.

Ar a fhilleadh ar an uaimh dó, déanann sé iarracht míniú do na daoine atá fós ansin nach bhfuil sna híomhánna a fheiceann siad ar an mballa ach scáil den réaltacht. Ní éiríonn leis dul i bhfeidhm ar na daoine eile, áfach. Níl ar chumas na ndaoine glacadh leis go bhfuil saol iomlán éagsúil ann taobh amuigh den uaimh. I saothar Phlatóin, is siombail den fhealsúnaí sa tsochaí é an duine a éalaíonn ón bpluais agus a fheiceann an saol taobh amuigh. Ní léir go mbreathnaíonn Mac Aodha air féin mar fhealsúnaí sa chás seo, ach is cinnte go n-aithníonn sé a intinn féin mar phluais, pluais ina bhfuil leathscéalta, leathchuímhíní, agus mianta nár comhlíonadh ina shaol, b'fhéidir, agus iad sin a réiteach leis an saol mar atá i ndáiríre is téama do chuid mhór dánta sa chnuasach seo.

Tá tábhacht na háite agus rian den ómós áite le feiceáil go láidir in 'An Tír Anois' (26), dán ina luann Mac Aodha go 'Léimeann cuimhní chugam ó gach claí is crann / Insíonn gach cloch a shainscéal féin'. Spreagann an áit nó gné éigin fhisiciúil cuimhní i bpluais na hintinne ag Mac Aodha. Is léir an bheocht sa timpeallacht don fhile i gcónaí – an 't-idircheangal' láidir sin a luaigh sé féin nuair a phléigh sé tábhacht na tíreolaíochta, an nasc sin idir an duine agus a (h)áit chónaithe.

Tagann dánta Mháirtín Uí Dhireáin, file mór an ómóis áite, chun cuimhne agus roinnt de dhánta Mhic Aodha a léamh – macalláí 'Coinnle ar Lasadh' le feiceáil in 'Coinnle Muire' (12), mar shampla, áit a bhfeicimid an faoiseamh a thugann lasadh na gcoinnle, agus na cuimhní ar an ngníomh sin don bheirt fhilí:

'Coinnle ar Lasadh' le Máirtín Ó Direáin

In oileán beag i gcéin san Iarthar
Beidh coinne ar lasadh anocht
I dtithe cean tuí,
is i dtithe ceann slinne
Dhá cheann déag de choinnle geala a
bheas ar lasadh anocht
Mo chaoibheannacht siar leis na
coinne geala
A bheas ar lasadh anocht
Is céad beannacht faoi dhó
Le láimh amháin a lasfas coinne anocht

'Coinnle Muire' le Breandán S. Mac Aodha

Coinnle Muire
Ag cur as lasadh
Gruanna na gcnoc
Screadaíl easa
Is scréachadh faoileann
Thar shleasa na mbeann.
Gróigeáin mhóna
Is sinn 'nár n-óige
Ag rith ina measc:
Áiteacha, fuaimeanna
Ag spíonadh mo chumhne,
Ag tarraingt na ndeor.

Ach Coinnle Muire
Ag síorthiontú go háthas –
Dubhléin mo chroí.

Tugann Louis de Paor (2018: 95) file ‘a bhunaigh a chuid filíochta ar mhúnla idéalach den saol traidisiúnta tuaithe a bhí ag imeacht i léig lena linn féin fé bhrú an tsaoil nua-aimseartha chathraigh’ ar Mháirtín Ó Direáin, agus is léir an t-idéalachas céanna seo i bhfilíocht Mhic Aodha freisin. Tá macallaí láidre de ‘An tEarrach Thiar’ leis an Direánach le feiceáil in ‘Oighearchaidhp an Ama’ (27), ach seans go gceistíonn an léitheoir cuimhne na bhfilí ar a n-óige agus iontaofacht na gcuimhní céanna.

‘An tEarrach Thiar’ le Máirtín Ó Direáin

Fear ag glanadh cré
De ghimseán spáide
Sa gciúnas shéimh
I mbrothall lae:
Binn am fhuaim
San Earrach thiar.

Fear ag caitheamh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin.
Niamhrach an radharc
San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
Támh-radharc síothach
San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
San Earrach thiar.

‘Oighearchaidhp an Ama’
le Breandán S. Mac Aodha

Ghearr mé fuinneog
In oighearchaidhp an ama
Is thug mé spléachadh
Ar shamhradh fadó...
Brothall ardráthnóna
Ar bhruach na habhann,
Cumhracht an fhéir bhainte,
Is monabhar an tsrutha.
Dordán na snáthad mór
Is siosarnach na gcrann,
Teitheadh na gcearc uisce,
Scleondar na duántachta.
Bagairt na báistí,
Ciapadh na gcreabhar,
Tuirse na gcos,
Tocht luí na gréine...
Réab an fhuinneog
I smionagar dorcha:
Athcheileadh an samhradh
Faoi bhrat tiubh an ama.

Tugann ‘Oighearchaidhp an Ama’ léargas cumhachtach ar phluais chuimhní Mhic Aodha, ach léiríonn na ceithre líne ag an deireadh an easpa iontaofachta a bhaineann le cuimhní. An bhfuil na cuimhní cruinn? Nó an cosúla leis na scáileanna ar bhalla uaimh Phlatóin iad? Dar le Alan Tittley (2010: 89) i gcás Uí Dhireáin, gur ‘íomhá de chailliúint na hóige ab ea Árainn, agus ní féidir breith ar íomhá ar ais mar is féidir breith ar dhos feamainne.’ Airítear an tuiscint chéanna seo i gcás Mhic Aodha. Is minic iarrachtaí ar bun breith ar an am atá caite, breith ar chuimhní phluais na hintinne, ach ní rud é sin ar féidir é a dhéanamh go héasca. Deir Breandán Ó Doibhlin (g.d.: 73) faoin Direánach agus na radhairc a chruthaíonn sé d’Árainn dúinn ‘Is é fírinne an scéil gur tírdhreach agus aeráid samhlaíochta atá ann, domhan de dhéantús na cuimhne a bhfuil achar fada idir é féin agus an domhan réalta mar a gcaitheann an file a shaol.’ Tá an méid céanna fíor faoi chuimhní Mhic Aodha ar an saol atá caite aige.

Bíonn tarraingt láidir ag fothracha ar Mhac Aodha, áiteanna nach bhfuil daoine ag cónaí iontu a thuilleadh. Spreagann foirgintí agus gnéithe eile den timpeallacht thógtha é ina bhfuil rian na ndaoine a chónaigh iontu le feiceáil fós. Sa dán ‘Seansaol’ (20), meabhraíonn fothrach de theach don údar go bhfuil an seansaol imithe: ‘Ach tá cumha i mo chroí-se / i ndiaidh linbh a ba mé é / Is sracfhéachaint a fuairesas tráth / Ar shaol – / marbh anois mar an toigh.’ Feictear an rud céanna sa dán ‘Cruacheisteanna’ (21) – ‘An teach úd agus ar mhair ann, / Táid imithe gan tuairisc gan rian. / Nach maireann den tsaol ach an phian?’ Féach freisin ‘Baile Beag, Iarthar na hÉireann, Samhradh 1949’ (32) ina bhfaighimid: ‘Laistiar de na ráillí meirgeacha teach mór ina fhothrach, / Ina sheasacmh mar chreatlach i lár fiántais de gharraí, agus sa dán ‘An Stáisiún Tréigthe’ (33): ‘Stánaim romham trín cheo, mé ag dúil lena theacht, / Ach ní airím chugam ach traein mhall liath an Bhais.’

Má fhillimid ar theideal agus ar theidealdán an chnuasaigh ar feadh nóiméid, áfach, cuireann Daniel R. DeNicola an cheist, agus é ag tagairt d’Allagóire Phlatóin:

So, are we like Plato’s Cave dwellers — not just in infancy, but throughout our adult lives? It seems we are, at least in one important way: I refer to the unsettling fact that we too are haunted by things we do not know we do not know; and we cannot imagine how drastically those unknowns would alter our lives and our view of the world.

Is léir an inní seo i roinnt de dhánta Mhic Aodha chomh maith, agus éiginnteacht faoi imeachtaí a luathshaoil agus faoin saol tar éis an bháis. I roinnt de na dánta sa chnuasach d’aimsigh Mac Aodha faoiseamh ón nádúr, ach in ‘Léargas’ (45), agus é ag siúl i gCoill Bhearna ‘Rinne mé mionscrúdú / Ar an tsiúlóir aonair / Agus nochtadh dom pearsa / Laistiar den íomhá. / Níor thaitnigh a chló liom – / A aduaine is a bhí sé – / Agus theith mé go mear /

Go háit taithí an phobail.' Agus in 'Léargas II' (46) 'Shiúil mé ar maidin faoin choill. / Bhí na crainn faoi cheilt ag an cheo / Is an ithir faoi bhrat an duilliúir. / Chuartaigh mé an fear laistigh / Ach níor aimsíos ach an masc poiblí'

Tá tuirse nó diúltachas le sonrú ó thráth go chéile, agus inní faoin mbás, in 'Oighearchaidhp an Ama', cuir i gcás (27) nó in 'Buaicphointe' (41):

I ngan fhios dom féin
Shiúil mé thar barr an chnoic.
Níl romham anois
Ach fana ghéar na haoise
Ag síneadh síos
Go ceantar ceomhar an Bháis
Agus créafóg thais na huaighe...

Déantar scagadh ar rúndiamhra intinn an fhile sna dánta seo, agus an chaoi a gceanglaíonn sé an tuiscint atá aige ar an saol leis an domhan fisiciúil thart timpeall air. An bhfuil an domhan fisiciúil sin, agus na cuimhní a spreagann sé ag teacht leis an domhan faoi scáil i bpluais a intinne, áfach? An féidir brath ar na cuimhní céanna? Is cosúil nach féidir, rud a chothaíonn inní don fhile freisin.

'It is a well-nigh truism that Irishness and a sense of place go together' a dúirt Patrick Sheeran in 1988 (191), agus luann Piotr Stalmaszczyk (102) ina alt 'The Permanence of Place: Placenames and their names in Irish Literature' gur mhaigh an stiúrthóir iarchéime a bhí ag Breandán Mac Aodha, '...the geographer and ethnographer E. Estyn Evans...there was always a strong sense of geographical personality in the older Irish literature connected with a sense of the harmony and mystery of man's place in nature'. Tá an rúndiamhracht seo ina tréith láidir sna dánta atá ag Mac Aodha sa chnuasach *Uaimheolaíocht*.

Tá na príomhtheicnící filíochta – comhuaim, uaim etc – in úsáid go fairsing ag Mac Aodha in *Uaimheolaíocht*; go minic agus cur síos á dhéanamh ar ghnéithe tíreolaíochta den nádúr aige. Feiceann muid na gnéithe tíreolaíochta seo, cloisimid an fharraige agus an ghaoth, faighimid blas den uisce mara. Sa dán 'Imeacht' (5), cur i gcás, faighimid cur síos cumhachtach, lán uaim ar an Aigéan Atlantach: 'Laistiar den fhuinneog, síneann an t-aigéan liath, / A dhromchla á lascadh ag gaoth gharbh aniar aneas / A ruaigeann na caiple bána go fíochmhar i dtreo an chladaigh'. Tá na teicnící céanna le feiceáil in 'Nefertítí' (7, Véarsa 3), áit a luaitear '...gligíneacht na gcailíní i gcoimhlint leis an chiúnas / Iad ag spórtáil leo go lomnocht sa loch Ionrach.'

Tá boige agus leochaileacht le feiceáil i roinnt de dhánta an chnuasaigh nach bhfeictear ar ndóigh i scríbhinní acadúla Mhic Aodha – agus ní bheifí ag súil lena mhalairt i ndairíre. Léiríonn dhá dhán ar leith an bhoige é seo ar bhealach cumhachtach – péire comhdhánta. Is dán a scríobh sé dá iníon, Aifric, atá sa chéad dán ‘Deoraíocht’ (38).

Deoraíocht – do Aifric

Imím, agus nuair a fhillfidh mé ar ball,
Beidh athrú tagtha ort:
Slis de d’óige imithe i nganfios dom,
Blúire de d’fhás faoi cheilt orm,
Cuid de do ghrá imithe amú orm...

Ní dheontar míniú dúinn ar rún an tsaoil
Is ní léirítear an ceann scríbe ar aon léarscáil.

In ainneoinn a thábhachtaí is a bhí na léarscáileanna i saol an fhile, mar a luadh thuas, teipeann orthu, mar sin féin, freagraí a sholáthar ar dhúshláin agus ar rúndiamhra an tsaoil uaireanta, ar imeachtaí phluais na hintinne.

Ní Breandán S. Mac Aodha féin a scríobh an dara dán de chuid na gcomhdhánta seo, ach a iníon, Aifric, atá ina file aitheanta Gaeilge í féin. Ina dán siúd, ‘Athair agus Iníon,’ feicfimid an bhoige agus an leochaileacht a luadh thuas go han-soiléir:

athair agus iníon
x-agus o-anna
Ina suí dóibh sa charr,
Iad sáite sa tranglam,
Bhreacadar a n-eangacha
Ar cheochlár na gloine.
Ba rúndiamhair dise
I bhforthús a hóige
An tslí gur theip air
An líne a ghnóthú
’S gurb aicise an bua,
Gan dícheall, gan dua.

- Mac Aodha, A. (g.d.) 'Athair agus Iníon.' *Poetry Ireland Review*, Eagrán 82. 50. <https://www.poetryireland.ie/publications/poetry-ireland-review/online-archive/view/athair-agus-inon>.
- Mac Aodha, B.S. (1966) 'Tábhacht na Tíreolaíochta.' *Studia Hibernica*, 6. 99–112. Liverpool University Press: <https://www.jstor.org/stable/20495841>.
- Mac Aodha, B.S. (1969) *An tSuirbhéireacht ar Ghaeltacht na Gaillimhe*. An tIonad Taighde in Eolaíocht Shóisialta, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh.
- Mac Aodha, B.S. (1984) 'Ríocht na hAitainmníochta in Éirinn.' *Irish Geography 1934–1938*. 167–85.
- Mac Aodha, B.S. (2000) *Uaimheolaíocht*. BÁC: Coiscéim.
- Mac Eoin, G. (2011) 'Mar a bunaíodh "Studia Hibernica"?' *Studia Hibernica* 37. 211–4. Liverpool University Press: <https://www.jstor.org/stable/23645645>.
- McHugh, M.F. (2002) 'In Memoriam Breándan S. Mac Aodha, 1934–2001.' *Names* 50:4. 292–3. <https://doi.org/10.1179/nam.2002.50.4.292>.
- Ní Fhrighil, R. (eag.) (2010) *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*. BÁC: Cois Life Teoranta.
- Ó Doibhlin, B. (g.d.) *Aistí Critice agus Cultúir*. BÁC: FNT.
- Plato & Lane, M. (2007) *The Republic*. 2ú heagrán. London: Penguin.
- Sheeran, P. (1988) 'Genius Fabulae: The Irish Sense of Place.' *Irish University Review* 18(2). 191–206. <http://www.jstor.org/stable/25484245>
- Stalmaszczyk, P. (2009) 'The Permanence of Place: Places and Their Names in Irish Literature.' *Studia Celto-Slavica* 2. 93–109. <https://doi.org/10.54586/BCBF2160>
- Titley, A. (2010) *Scríbhneoirí faoi Chaibidil*. BÁC: Cois Life Teoranta.



Breandán Ó hEithir, Reg Hindley agus a gcuid tuartha teangeolaíochta: foinsí agus cartlanna

Dónall Ó Braonáin

<https://doi.org/10.13025/29625>



(Cuireadh leagan den pháipéar seo i láthair ag comhdháil CARTLANN – ‘Gníomhaíochas, an Ghaeilge agus na Meáin’ in Ollscoil na Gaillimhe ar 13 Aibreán, 2024. An tÚdarás um Ard-Oideachas, faoin gClár Taighde Thuaidh-Theas, a mhaoinigh CARTLANN.)

Tháinig dhá chonspóid phoiblí chun cinn maidir le bisiúlacht na Gaeilge sa nGaeltacht le linn na mblianta 1990 agus 1991. Foilsíodh *The Death of the Irish Language: A Qualified Obituary* le Reg Hindley (1929–2017) in 1990. Bliain ina dhiaidh sin, sceitheadh tuarascáil phríobháideach le Raidió na Gaeltachta a bhí scríofa ag Breandán Ó hEithir (1930–1990) maidir le Staid Láithreach na Gaeltachta a bhí coimisiúnaithe ag Cathaoirleach Bhord na Gaeilge, Proinsias Mac Aonghusa (1933–2003). Féachfaidh an páipéar gairid seo le léiriú a dhéanamh ar an gcaoi a ndearnadh seachadadh agus glacadh ar na teachtaireachtaí dioscúrsa a bhain leis an dá chonspóid i measc an phobail teanga.

Baineann foinsí an pháipéir seo le tréimhse shonrach idir samhradh na bliana 1987 agus 1991, tréimhse ghairid ach spéisiúil maidir leis an stair pholaitiúil. Bhí Cathal Ó hEochaidh (1925–2006) ina Thaoiseach idir an 10 Márta 1987 agus an 11 Feabhra 1992, idir rialtas mionlaigh agus chomhrialtas leis an bPáirtí Daonlathach. Shocraigh sé freisin a bheith mar Aire na Gaeltachta i gcaitheamh na tréimhse céanna agus ba é Donncha Ó Gallchóir (1922–2001) as Acaill a bhí ina Aire Stáit Gaeltachta nó gur éirigh sé as roimh olltoghchán 1989. Ceapadh Ó Gallchóir ina chathaoirleach ar Údarás na Gaeltachta ina dhiaidh sin agus d'éirigh seisean as an gcúram úd in 1991. Toghadh Proinsias Mac Aonghusa ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge don tríú huair as a chéile ag Ard-fheis an Chonartha a bhí i gCaisleán an Bharraigh i dtús na

Bealtaine 1991. Tháinig Mac Aonghusa i gcomharbacht ar Helen Ó Murchú mar chathaoirleach ar Bhord na Gaeilge i mí Aibreáin 1990 agus ba é a rinne coimisiúnú ar thuarascáil cháiliúil Uí Eithir maidir le staid láithreach na Gaeilge sa nGaeltacht. Cuireadh an tuarascáil seo ar fáil do Bhord na Gaeilge achar gairid míonna ina dhiaidh sin, faoi Mheitheamh na bliana 1990. Toghadh Máire Mhic Róibín mar Uachtarán na hÉireann i mí na Samhna 1990, an bhliain chéanna inar foilsíodh leabhar Reg Hindley maidir le bás na Gaeilge sa nGaeltacht, mar a chonacthas dósan é.

Tarraingeoidh mise ar cheithre cinn de chineálacha foinsí sa bpáipéar seo: cartlanna nuachtán, cartlanna fuaim, cartlanna irisí agus beidh cartlanna eagraíochtúla á lua agam freisin ach ní bheidh grinniniúchadh ar bun ar ábhar astu siúd. Is iad cartlanna Chonradh na Gaeilge agus cartlann Phléaráca Chonamara is mó atá i gceist leo siúd. Maidir le fuaim, tabharfaidh mé tús áite do shraith raidió a craoladh ar RTÉ Raidió 1 ar feadh seacht seachtaine as a chéile ó dheireadh mhí Iúil 1987 go dtí tús Mheán Fómhair 1987 – *An Ghaeltacht Inniu*. Ba é Cathal Goan léiritheoir na sraithe agus ba é Breandán Ó hEithir an láithreoir/tuairisceoir.

Clár 40 nóiméad nó mar sin a bhí i gceist a craoladh ar sceideal samhraidh RTÉ Raidió 1 agus atá ar fáil i gCartlann Fuaim RTÉ. Scrúdaíodh na téamaí seo a leanas le linn na sraithe: An Ghaeltacht mar a bhí; Gaeltachtaí Chúige Mumhan; Conamara agus Árainn; Gaelscoileanna; Gaeltacht Dhún na nGall; Gaeltacht Mhaigh Eo agus Gaeltacht na Mí; Athbheochan na Gaeilge. Baineann an tsraith seo le traidisiún agus ré léiriúcháin ar leith in RTÉ Raidió 1 nuair a tuigeadh gurbh fhiú clár mhóréisteachta i nGaeilge a chraoladh ar an stáisiún sin le linn buaicuaireanta craolta.

Is sraith faisnéise ar leith é *An Ghaeltacht Inniu*. Tá an-slacht ar an gcaoi a bhfuil na míreanna agallaimh curtha i ndiaidh a chéile agus baintear úsáid spéisiúil indéreach as ceol sna clár ar fad, beagnach. Tá líon mór cuiditheoirí spéisiúla le cloisteáil le linn na sraithe, go leor acu anois ar shlí na fírinne, trócaire orthu. Is é Ó hEithir is mó a chuireann na ceisteanna le linn na n-agallamh ach cloistear glór Chathail Goan corruair. Déanann Ó hEithir láithriú ar script neodrach go maith ar feadh na sraithe nó go mbaintear an clár deireanach amach agus déantar suimiú ar chomharthaí sóirt dóchais agus éadóchais na sraithe go dtí sin, fionnachtana nó torthaí taighde más maith leat:

Ós rud é gur guthanna na hoifigiúlachta is mó a bheas le cloisteáil sa gclár deiridh seo sa tsraith, mheasamar go mb'fhearr tosaí trí shuimiú a dhéanamh ar a bhfaca mé féin agus an léiritheoir Cathal Goan de chomharthaí dóchais agus éadóchais le linn ár dturais.

Ar dtús, mar a deirtear, an drochscéal: donacht na mbóithre sna Gaeltachtaí go léir; easpa seirbhísí trí mheán na Gaeilge ó ionadaithe stáit, eaglasta agus comhlachtaí státurraithe; tuismitheoirí ag labhairt Bhéarla lena gclann amhail is nach raibh Béarla ina ábhar éigeantach sna bunscoileanna; dá thoradh sin agus tosaí eile, Béarla le coimhlint le Gaeilge i gclós na scoile sna Gaeltachtaí anois; imirce ag dul i méid arís; donacht na meán cumarsáide, RTÉ, na nuachtáin idir laethúil is áitiúil mar thacaí don teanga, agus a laghad éilimh atá ar an

nuachtán *Anois*; deireadh nach mór le hoideachas tríú leibhéal in Ollscoil na Gaillimhe áit ar cothaíodh é; agus an rud is measa ar fad b'fhéidir, tacaíocht chlaon rialtais i ndiaidh rialtais leis an mbréag-Ghaeltacht agus an soiniciúlacht a chothaíonn sé mar gur eol do chách nach bhfuil de bhun leis ach ceannacht vótaí le hairgead poiblí.

Ach anois an chuid den ghloine atá fós lán agus b'fhéidir i gcásanna áirithe dá hathlónadh: Raidió na Gaeltachta a bhfuil éirithe thar barr leis agus neart talaimh báin le treabhadh fós aige; na gaelscoileanna in ainneoin na ndeacrachtaí atá le sárú ag tuismitheoirí ina bplé le húdarais stáit, eaglasta agus Cumann na mBunmhúinteoirí; gaelú follasach an Daingin agus chomh nádúrtha is a ghlactar leis an teanga anois i gcathair na Gaillimhe; féinmhuinín nua a bhraitear go háirithe i bpáirteanna de Chonamara agus go sonrach i Ráth Chairn; oideachas den dara leibhéal a bheith ar fáil i nGaeltacht Thír Chonaill trí mheán na Gaeilge; agus thar aon rud eile b'fhéidir, tuiscint nua fhorleathan ar pháirt an aonaid is lú sa bpobal, an lánúin atá ag tógáil clainne, i mbuanú na teanga labhartha. *An Ghaeltacht Inniu* (1987) RTÉ Raidió 1, 3 Meán Fómhair.

Bhíodh colún rialta ag Ó hEithir ar an *Irish Times* le linn an ama seo chomh maith agus déantar corrrthagairt don obair raidió ann. Tamall gairid seachtainí i ndiaidh na sraithe scríobhann sé píosa ar fíodmhagadh i ndeireadh na cúise é, i riocht tuairisc oifigiúil d'Aire na Gaeltachta. An t-ábhar spéise domsa ná an cur síos a dhéanann sé ar mhodh oibre na sraithe:

Chaith mé féin agus an té a bhí ag léiriú na gcláracha (agus a chuimhnigh ar an sraith (*sic*) cláracha i dtús ama), Cathal Goan, píosa den samhradh ag dul trí Ghaeltachtaí na hÉireann d'fhonn a staid láithreach a chur i láthair éisteoirí raidió. Craoladh an sraith (*sic*) agus measaim go bhfuil na cláracha le hathchraoladh go gairid. Barúla ó dhaoine éagsúla agus tuairimí uainn féin ar an méid adúradh agus ar a bhfacamar féin a bhí sna cláracha agus beidh sé thar a bheith suimiúil éisteacht leo faoi cheann fiche bliain eile. (Ó hEithir, 1987c)

Leagtar cuid mhaith béime sa tsraith trí chéile agus sa gclár deireanach go háirithe ar an nGaeilge mar theanga tí agus ar an teaghlach mar phríomhláthair sheachadta teanga. Amach sa tsraith agus é i lár agallaimh, tagraíonn Ó hEithir do 'fhianaise na cluaise' cé go gcuireann sé cáilíocht leis láithreach – 'fianaise den dara grád'. Cuirtear na fionnachtana nó an forléargas eagarthóireachta i láthair ar bhealach cothrom, neamhchlaonta. I measc ghuthanna na hoifigiúlachta sa gclár deireanach, tá Donncha Ó Gallchóir ann ina cháilíocht mar Aire Stáit na Gaeltachta. Fiafraítear de cé mar a fheiceann sé féin a bhfuil i ndán don Ghaeltacht go mór mór i bhfianaise an bhail atá ar cheantair Ghaeltachta i gContae Mhaigh Eo:

Ní fheicimse go mbeidh sé furasta acu a theacht slán. Ag dul chun donachta atá sé agus ní maith liom a bheith á rá seo ach sin é an chaoi a bhfuil an scéal. Caithfidh duine a bheith fírinneach agus labhairt faoi rudaí go díreach mar atá siad. *An Ghaeltacht Inniu*, Donncha Ó Gallchóir, RTÉ Raidió 1, 03.09.1987.

Bhí an-ómós i measc phobal na Gaeltachta féin do Dhonncha Ó Gallchóir agus ní raibh gar á shéanadh go raibh scéal na Gaeltachta in Acaill ina chiseach ó rinne Paddy Lindsay (1914–1993) atarraingt shoiniciúil ar na teorainneacha le linn dó siúd a bheith ina Aire Gaeltachta idir Deireadh Fómhair 1956 agus Márta 1957. Admháil de chineál ar an ngéarchéim inti féin. Maidir le foinsí, feiceann muid cé mar a shaibhríonn foinsí meáin a chéile, idir fhuaim agus nuachtáin, ach i dtéarmaí sheachadadh teachtaireachtaí níorbh ionann fionnachtana na sraithe agus tuar éadóchais amach is amach.

Scaitheamh beag blianta ina dhiaidh sin, foilsíodh *The Death of the Irish Language: A Qualified Obituary*, saothar acadúil taighde a rinne dealú áirithe ar staidrimh dhaonáirimh. 8751 an líon cainteoirí dúchais Gaeilge a bhí ann, de réir bhreithiúnas Hindley, a bhí ag teacht ar thurais taighde páirce chun na Gaeltachta le tamall maith blianta cé nach raibh an Ghaeilge ar a thoil aige.

Budding linguistic statisticians should note that 8751 is the figure finally preferred as the most likely residual of native Irish speakers living in communities with sufficient attachment to Irish to transmit it to a substantial majority of their children as language of the home and community. They alone are living in circumstances in which continued transmission seems possible or even probable in the light of experience. (Hindley, 1990: 251)

De réir shonraí bibleagrafaíochta na bhfoilsitheoirí Routledge, foilsíodh an leabhar ar an 7 Márta 1990. Bunaithe ar na tagairtí comhaimseartha déanaim amach gur cuireadh an leabhar ar an margadh am éigin sa dara ráithe de 1990 agus gach seans go raibh sé le fáil ó mhí Aibreáin amach. Ní mór a mheabhrú go raibh Institiúid Teangeolaíochta Éireann ar an bhfód go fóill agus go raibh anailís agus foilseacháin ag teacht ó fhoireann taighdeoirí na hInstitiúide go tráthrialta maidir le meon an phobail i leith na teanga agus an inniúlacht teanga sa gcóras oideachais. Idir 1973 agus 1993 bhí tacaíocht an mhóraithe i measc an phobail le polasaithe Gaeltachta, craoladh Gaeilge ar stáisiúin chraolta náisiúnta, le comharthaí agus fógraí poiblí i nGaeilge, le hoifigigh a raibh Gaeilge acu sa Státseirbhís agus le gníomhaireachtaí stáit agus eagraíochtaí deonacha na teanga. Tá Pádraig Ó Riagáin den tuairim go raibh méadú tagtha ar an tacaíocht seo fiú:

Successive surveys have shown that a majority of the public support policies to maintain Irish in the Gaeltacht, to provide Irish language services on the national television channels, to use Irish on public notices, to provide state services in Irish and officials who can speak Irish, and to support the voluntary Irish language organizations. In all of these matters, there was an increase in public support between 1973 and 1993. (Ó Riagáin, 1997: 279)

I mbeagán focal, bhí traidisiún dioscúrsúil socheolaíochta aibí ann maidir le staid na teanga. A shliocht sin ar an bhfoilseachán *Why Irish? Language and Identity in Ireland Today* a scríobh foireann socheolaithe – Hilary Tovey, Hal Abramson agus Damian Hannan – ar

choimisiún ó Bhord na Gaeilge, leabhar dátheangach a tháinig amach in 1989. Tamall gairid ina dhiaidh sin d'fhoilsigh Institiúid Teangeolaíochta Éireann páipéar ócáideach le Gearóid Ó Tuathaigh – *The Development of the Gaeltacht as a Bilingual Entity* – ina ndéantar cúram ar leith de thosca na Gaeltachta:

In conclusion we do not propose to give a balance sheet on the current state of bilingualism in the Gaeltacht. It would be difficult to find an informed commentator who takes an optimistic view of the prospects for the continued vitality of Irish as the main community language even in the core areas of the Gaeltacht, if present policies and trends continue very much longer. (Ó Tuathaigh, 1990: 16)

Ba dheacair easaontú le hanailís mheáite Uí Thuathaigh agus is léir go raibh an fhírinne lom á saothrú sa dioscúrsa acadúil tríd is tríd. San am céanna, ba iad teachtaireachtaí Hindley ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar dhioscúrsa na meán.

Níl ach 8751 duine sna ceantracha a áiríonn sé mar fhíor-Ghaeltacht, áit a thabharfaidh na tuistí Gaeilge mar ghnáth-theanga an bhaile do na páistí, agus is í an teilifís is mó atá ciontach as drochstad seo na teanga, deir sé. (Mag Cuill, 1990)

It could be argued that the book is misnamed and would be more accurately titled 'The Death of the Gaeltacht'. (de Bréadún, 1990)

Seo iad an dream a d'fháiltigh chomh croíúil roimh leabhar Reg Hindley 'The Death of the Irish Language' (gur foilsíodh léirmheas an-mhaith air sa nuachtán seo coicíos ó shin) mar gur mheasadar go raibh toradh scrúdaithe iar-bháis le fáil ann. Níl, mar a tharlaíonn. Tá fianaise go leor ann gur féidir an Ghaeilge a tharrtháil fós ach an toil chuige sin a bheith ann. (Ó hEithir, 1990a)

It is this Irish unwillingness to cast aside symbols, while ignoring them in practice, that has given us an aspirational constitution and an impractical language policy. Unattainable objectives promote a sense of failure. This leads to inertia. A realistic language policy, with more limited cultural, rather than revivalist objectives, might actually get somewhere. (Bruton 1990)

Is léiriú ionadaíoch go maith iad na sleachta seo ar chineál na tráchtairachta atá le fáil sna cartlanna éagsúla meán. Is fiú a lua arís gur scríobhadh Tuarascáil Uí Eithir ar Staid Láithreach na Gaeilge sa nGaeltacht idir Aibreán agus Meitheamh 1990 i ndiaidh cheapachán Mhic Aonghusa mar chathaoirleach ar Bhord na Gaeilge. Is é an t-aon tagairt do leabhar Hindley ar éirigh liomsa a theacht air i gcartlann Raidió na Gaeltachta ná tuairisc a rinne Máiréad Uí Dhomhnaill do Raidió na Gaeltachta ar Adhmhaidin ar an 19 Meitheamh 1991 – bliain

mhór fhada i ndiaidh a fhoilsithe. An lá roimhe bhí díospóireacht i dtigh Bewley ar Shráid Grafton i mBaile Átha Cliath idir Reg Hindley agus Éamon Ó Ciosáin a raibh paimfléad fada anailíse scríofa aige ar leabhar Hindley – *Buried Alive* (Ó Ciosáin, 1991). Gearóid Ó Tuathaigh a bhí mar chathaoirleach ar an ócáid agus tuairiscíodh ar an *Irish Times* go raibh ‘suas le 200 duine’ i láthair ann:

Suas le 200 duine a tháinig le chéile i gcaife Bewley, Baile Átha Cliath an tseachtain seo caite chun leabhar Reg Hindley, ‘The Death of the Irish Language: A Qualified Obituary’ agus freagra Éamon Uí Chiosáin ar an leabhar, ‘Buried Alive’ a phlé. [...] Deir ár dtuairisceoir go raibh beocht agus fuinneamh san ócáid nach raibh le mothú ag cruinniú faoin teanga i mBaile Átha Cliath le tamall fada – ná ag ard-fheis Chonradh na Gaeilge i gCaisleán an Bharraigh níos luaithe i mbliana – agus ba léir go raibh formhór na ndaoine a bhí i láthair buartha i ndáiríre faoina bhfuil i ndán don teanga.’ (de Bréadún, 1991a)

Seoladh paimfléad Uí Chiosáin trí mhí roimhe sin ag seimineár dátheangach faoin nGaeilge in Óstán an Clarence i mBaile Átha Cliath ar an 6 Márta 1991, ócáid a bhí eagraithe ag Dáil Uí Chadhain – ‘An Ghaeilge sa Dioscúrsa Poiblí: The Irish Language in the National Consciousness’ téama an lae. Bhí an grúpa stocaireachta Dáil Uí Chadhain i ndiaidh a bheith gníomhach ar an ábhar seo cheana óir eagraíodh seimineár lae faoina choimirice i mBéal Feirste ar oíche Shamhna 1990. Craoladh eagrán de *Dhialann Gheimhridh* ar Raidió na Gaeltachta an lá ina dhiaidh sin – 1 Samhain 1990 – ina ndéantar plé ar dhán na Gaeilge agus páirteach sa gclár bhí Albert Fry (1940–2021), Gearóid Ó Cairealláin (1957–2024), Éamon Ó Ciosáin, Liam Ó Cuinneagáin agus Tomás Mac Síomóin (1938–2022). Maidir leis an bpaimfléad, freagra criticiúil ar mhodheolaíochtaí agus cur chuige anailíse Reg Hindley atá in *Buried Alive* agus aithníonn Ó Ciosáin goilliúnacht an phobail maidir le ceisteanna staidrimh:

The fact that the truth about language statistics in Gaeltacht areas has been told in this book may make people loath to criticise it, as it is fairly sound in its local information in general (with notable exceptions mentioned above). (Ó Ciosáin 1991: 25)

Roimhe sin fós, bhí Reg Hindley agus an tOllamh Tomás de Bhaldraithe i ndiaidh labhairt ar ábhair an leabhair ag cruinniú den Philosophical Society i gColáiste na Tríonóide ar an 19 Feabhra 1991. Tuairiscíonn Dave Duggan gur fhreastail 200 duine ar ócáid a d’eagraigh seisean i Leabharlann Dhoire a raibh Reg Hindley agus Alan Titley mar chainteoirí ann i gcaitheamh na tréimhse céanna seo (Duggan 2022). Is léir go mba chás go mór leis an bpobal teanga taobh amuigh den Ghaeltacht éirim na teachtaireachta go raibh an bás i ndán do lucht a labhartha sa nGaeltacht féin.

Is fiú a thabhairt faoi deara leagan amach Uí Eithir i mí Iúil na bliana roimhe sin – 1990 – agus tuarascáil Bhord na Gaeilge curtha i gcrích go raibh ‘fianaise go leor ann gur féidir an Ghaeilge a tharrtháil fós ach an toil chuige a bheith ann’, téad smaointeoireachta a bhí saothraithe aige sa tuarascáil. Trí shaothar a bhí in ainm is a bheith faoi chaibidil ag Ó hEithir i léirmheas a foilsíodh ar *Comhar* i mí Mheán Fómhair 1990: *The Death of the Irish Language* le Hindley, *Language Shift among Schoolchildren in Gaeltacht Areas* idir 1974–1984 le Mícheál Ó Gliasáin agus páipéar Ghearóid Uí Thuathaigh maidir le forbairt na Gaeltachta mar eintiteas dátheangach. Is plé sách ginearálta a dhéantar sa léirmheas céanna ach tugann sé aird ar phatuaire an phobail:

‘Dúirt scríbhneoir Éireannach go ngéaraíonn cinnteacht a chrochta oibreacha intinne an té atá le crochadh. An t-aon seans atá ag an nGaeilge go músclódh an gábh ina bhfuil sí sciar maith éigin den phobal atá patfhuar ina taobh faoi láthair.’ (Ó hEithir, 1990b: 19)

Ba léir go raibh éirim theachtaireacht Hindley go háirithe tar éis dul i bhfeidhm ar an bpobal teanga i mBaile Átha Cliath idir Márta 1990 agus Meitheamh 1991, tráth a raibh cruinniú mór Bewleys ann. Nuair a chuartáítear an Irish Newspaper Archive tagann muid ar roinnt tagairtí ina ndéantar trácht gairid de chineál éigin ar fhoilseachán Hindley san *Irish Independent*, sa *Sunday Independent*, ar *Scéala Éireann* agus, mar atá feicthe againn, ar an *Irish Times* le linn mhí na Bealtaine agus mí an Mheithimh 1990. Is cinnte go bhféadfaí tuilleadh ransaithe fós a dhéanamh ar Chartlann Fuaim RTÉ agus míreanna cláir irise a aimsiú ar chraoladh RTÉ Raidió 1 ach ní hé léamh phobal an Bhéarla ar an scéal is ábharthaí don phlé seo.

Cailleadh Breandán Ó hEithir ar an 26 Deireadh Fómhair 1990. Tá cuntas ag Liam Mac Con Iomaire (1937–2019) i mbeathaisnéis Uí Eithir faoin gcaoi a ndearna cóip den tuarascáil a bealach go barr uisce ar *Adhmhaidin* ar an 1 Bealtaine 1991 (2000: 658, 670). Ba iad Tomás Mac Con Iomaire agus Pól Mac Donncha a d’fhéach le gach a raibh sa tuarascáil a thabhairt amach in achar 7 nóiméad nó mar sin. Ní fhoilseofaí cóip iomlán den tuarascáil féin go dtí mí an Mheithimh nuair a chuir Tomás Mac Síomóin i gcló ina hiomláine ar *Comhar* é:

Níl sa 10,000 nó mar sin cainteoirí dúchais atá fanta sa tír ach an gnáth-thinreamh ag cluiche ceannais contae bhig agus níl sé ach beagán níos mó ná ballraíocht láithreach Pháirtí Cumannach na Breataine. Níos measa fós, ó thaobh a bhfuil i ndán don teanga, tá cónaí ar cuid mhaith de na cainteoirí seo i bpócaí scáinte atá go dearfa ar an leabhar ag an bhfiach agus gur deacair pobail Gaeilge a thabhairt orthu ar chor ar bith m.sh. Béal Átha an Ghaorthaigh, Uíbh Ráthach fré chéile agus formhór na mBréag-Ghaeltachta i dTuaisceart Mhaigh Eo. (Ó hEithir, 1991: 8)

Ba léir go ndeachaigh figiúr Uí Eithir – 10000 cainteoir dúchais, figiúr a bhí rud beag níos airde ná figiúr Hindley – go mór i bhfeidhm ar phobal na Gaeltachta agus pobal Chonamara agus Árann go háirithe. Taobh leis an tuairisceoireacht bhéil ar Raidió na Gaeltachta a bhí coistí pobail ar fud Chonamara Theas a tháinig le chéile agus a phléigh ábhar na tuarascála seo ag cruinniú ar an gCeathrú Rua. Eisíodh ráiteas mar thoradh ar an gcruinniú agus ba é Colm Ó Cinnseala a bhí faoi agallamh thar ceann na gCoistí Pobail ag Tomás Ó Ceallaigh ar *Adhmhaidin* trí seachtaine i ndiaidh don scéal a theacht chun solais.

Tá muid ag smaoineamh ar fhéile mhór Ghaeltachta a eagrú ag deireadh an samhradh agus is dóigh liom go mbeidh chuile dhuine anseo i gConamara agus beidh fáilte roimh chuile dhuine ó na Gaeltachtaí eile ag teacht aniar, aneas agus aduaidh chugainn agus feicfidh muid...beidh sé soiléir go bhfuil na mílte daoine anseo i gConamara gur féidir leo saol iomlán a chaitheamh i nGaeilge agus gur Gaeltacht beo bríomhar muid anseo i gcónaí.

Tá muide ag rá go bhfuil an Ghaeilge...an Ghaeltacht slán faoi láthair, is cuma céard a deireann an tuarascáil sin. Tá sí faoi bhrú, maith go leor, agus aontaíonn chuile dhuine leis sin ach ní ghlacann muid leis go bhfuil an Ghaeilge caite. Tá sé beagáinín róluath agus tá sé seo ag tarlú le blianta. Chuile bhliain a thagann tuarascáil nua amach le rá go bhfuil an Ghaeltacht caite ach tá sé soiléir do chuile dhuine atá ag éisteacht leis seo go bhfuil an Ghaeilge beo beathaitheach timpeall orthu. So, sin an rud ba mhó a ghoill orainn, go bhfuil an cónra á chur i dtalamh arís. Agus tá muide ag rá go bhfuil sé róluath agus go bhfuil beocht agus beatha anseo i gcónaí. *Adhmhaidin* (1991) Raidió na Gaeltachta, 21 Bealtaine.

Iarrann Colm Ó Cinnseala san agallamh chomh maith go bhfoilseofaí an tuarascáil ina hiomláine nó go bhfeicfí an raibh bunús eolaíochtúil leis an anailís. An deireadh seachtaine díreach roimhe sin, sa gcolún rialta a bhíodh aige ar *Anois*, admhaíonn Proinsias Mac Aonghusa go mba é a rinne coimisiúnú air agus nach raibh an tuairisc cóirithe don phobal. ‘Is de bharr na gclár raidió a rinne sé féin agus Cathal Goan faoi na Gaeltachtaí roinnt blianta roimhe sin a thuig mé gurbh eisean an té ab fherr le fíricí faoi na Gaeltachtaí a chur ar phár.’ (Mac Con Iomaire, 2000: 671)

Leanadh den ábhar i dTeach Laighean ar an 29 Bealtaine 1991 agus craoladh freagraí ar cheisteanna Dála ar *Adhmhaidin* an lá ina dhiaidh. Bhí an Taoiseach agus Aire na Gaeltachta go láidir den bharúil go raibh ‘cúram speisialta’ á dhéanamh den Ghaeltacht agus freagra á thabhairt aige ar Cheist Pharlaiminte ó Phroinsias de Rossa TD faoina raibh i ndán don Ghaeltacht:

‘Ní raibh cúrsaí na Gaeltachta faoi chúram chomh speisialta agus atá siad sa lá atá inniu ann. Tá mé féin agus an tAire Stáit (Pat the Cope Ó Gallchóir) díograiseach ar fad ag cur cúrsaí

na Gaeilge ar aghaidh i ngach aon slí agus is féidir.' *Adhmhaidin* (1991) Raidió na Gaeltachta, 30 Bealtaine.

Is deacair linne sprioc chinnte a shamhlú le Tuarascáil Uí Eithir ag an bpointe seo (seachas mar tuairisc phríobháideach a coimisiúnaíodh do Bhord na Gaeilge) ach níl aon amhras ach gur cuireadh olc ar choistí pobail i gConamara Theas go háirithe:

Tá dúshlán Bhord na Gaeilge tugtha ag grúpa coistí pobail agus forbartha i nGaeltacht Chonamara. I measc rudaí eile atá ag cur as dóibh, tá an ráiteas nach bhfuil níos mó ná '10,000 cainteoirí dúchais fágtha sa tír'. [...] Deich gcoiste atá ag gearán faoi thuairimí Bhreandáin Uí Eithir dar leis an bpreasráiteas: Coiste Forbartha Chois Fharraige; Comhchoiste na bhForbacha; Cósta Chonamara; Coiste Pobail Ros a' Mhíl/Casla; Muintearas; Fiontar na nOileán; Meitheal Oibre Theilifís na Gaeltachta; Coiste Pobail Chamuis; Coiste Forbartha Charna; Comharchumann Shailearna.' (de Bréadún 1991b)

Chairperson of the Festival Donncha Ó hÉallaithe said that the idea for the festival was born following Bord na Gaeilge's publication of a specially commissioned report in which the vibrant Irish speaking community of Conamara was written off. It also suggested that they had no pride in their own language. 'Pléaráca Chonamara 91' was the community's answer arising out of a public meeting which was attended by representatives from a number of organisations based in the Gaeltacht, according to Mr Ó hÉallaithe. (An Curadh Connachtach, 1991)

Tá pobal Dheisceart Chonamara dúisithe. Níl muid sásta níos mó le easpa seirbhísí, droch bhóithre, easpa fostaíochta sa mbaile. Níl muid sásta ach oiread go ndéanfadh tuarascáil, a scríobhadh le haghaidh Bhord na Gaeilge, muid a mhaslú mar a rinne tuarascáil Uí Eithir. (*Iris an Phléaráca*, 1991: 2)

Níl sa sliocht gairid thuas ó eagarfhocal *Iris an Phléaráca* ach barr an bhainne. *Tour de force* atá san alt agus léiríonn an chaint thréan fhorránach go raibh faoi phobal Chonamara agus Árann dúshlán na tuarascála a thabhairt. Nuair a tháinig an raic chun cinn i mí na Bealtaine, bhí léamh níos caolchúisí ag Donncha Ó Gallchóir a bhí éirithe as mar Theachta Dála faoi seo agus a bhí ina chathaoirleach ar Údarás na Gaeltachta:

B'fhéidir go bhfuil buntáiste amháin sa mhéid atá ráite ag Breandán Ó hEithir cé go bhfuil... cé nach nglacaimse go hiomlán leis an méid atá ráite aige. B'fhéidir go raibh Breandán ina bhealach féin, beannacht Dé lena anam, ag iarraidh scéal a chur chuig muintir na Gaeltachta agus chuig pobal na Gaeltachta agus ag iarraidh inseacht dóibh tá sé thar am agaibh, thar

am againn b'fhéidir cur le chéile níos fearr agus ár n-aignthe a dhíriú ar céard atá i ndán don Ghaeilge sna blianta atá romhainn. *Adhmhaidin* (1991) Raidió na Gaeltachta, 23 Bealtaine.

In ainneoin nach raibh cóip iomlán den tuarascáil ar fáil go dtí mí Mheithimh 1990 tá tagairtí fánacha do cheannlínte thuarascáil Uí Eithir sna nuachtáin náisiúnta agus réigiúnacha seo a leanas i mí na Bealtaine, mí an Mheithimh den chuid is mó: *Andersonstown News*, *Anglo-Celt*, *Donegal Democrat*, *Evening Herald*, *Irish Independent*, *Scéala Éireann*, *Nenagh Guardian*, *Sunday Independent*, *Sunday Press* agus an *Western People*.

Dé Céadaoin an 1 Bealtaine 1991 a cuireadh an scéal os ard ar *Adhmhaidin* ar Raidió na Gaeltachta. Bhí Ard-fheis Chonradh na Gaeilge le réachtáil i gCaisleán an Bharraigh Dé hAoine 3 Bealtaine go dtí Dé Domhnaigh an 6 Bealtaine. Ba í Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Róibín, a d'oscail an Ard-fheis agus labhair Peadar Ó Coinn, Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael le toscairí chomh maith céanna faoi chomhpháirtíocht mhór a bhí beartaithe idir an dá eagra. Bhí atoghadh déanta ar Phroinsias Mac Aonghusa mar Uachtarán ar an gConradh agus chraol Seán Ó hÉalaí as Acaill (1938–2017) óráid an Uachtaráin ina hiomláine ar *Seo Mhaigh Eo* ar an 4 Bealtaine. Isteach is amach le ceithre nóiméad ó thús na cainte a dhéantar an chéad phíosa tráchtairachta ar an nGaeltacht. Is é an freagra atá ag Mac Aonghusa ar chruachás na Gaeltachta ná seirbhís neamhspleách teilifíse Gaeilge den scoth:

Ní hionann fadhbanna teangan, fadhbanna cultúrtha agus fadhbanna náisiúnachais an lae inniu agus fadhbanna an chéid seo caite nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge mar tá dul chun cinn mór déanta ar a lán slite faoi bhrat an Chonartha. Agus faraor géar tá titim ar gcúl tarlaidhe ar bhealaí móra freisin agus go háirithe in sna ceantair Ghaeltachta. Seans gur mó daoine sa tír seo anois ná céad bliain ó shin a bhfuil Gaeilge labhartha agus scríofa acu ach is lú go mór fada an méid daoine a labhraíonn an Ghaeilge mar ghnáth-theanga teaghlaigh. Is léir gá práinneach a bheith ann le tacaíocht fheiceálach leanúnach a thabhairt don Ghaeilge sa nGaeltacht féin agus ar fud na tíre. Agus níl slí is fearr leis seo a dhéanamh ná seirbhís teilifíse Gaeilge den scoth a thionsclú go luath. (Mac Aonghusa, 1991)

Is fiú cuimhneamh go raibh Proinsias Mac Aonghusa agus Pádraig Ó Muircheartaigh nó Paddy Moriarty (1926-1997) ar bhuíon bheag saoithe nó saineolaithe, mar a tugadh orthu ag an am, a bhí ag cur comhairle ar Chathal Ó hEochaidh faoi bhunú stáisiúin teilifíse Gaeltachta, seirbhís a bhí geallta go poiblí ag Ó hEochaidh an bhliain roimhe sin ag Ard-fheis Fhianna Fáil. Díreach roimh chríoch na hóráide, fiche nóiméad ina dhiaidh sin, a dhéantar an dara mír thráchtairachta ar an nGaeltacht:

Tá súil agam gur i Ros Muc i ndeireadh Iúil na bliana seo a bheas an chéad Tionól Gaeltachta ag Conradh na Gaeilge agus go mbeidh tarraingt mhaith Conraitheoirí ar an áit. Creidim tábhacht

ar leith a bheith in ócáid Ghaeltachta bhliantúil do Chonraitheoirí faoi scáth Chonradh na Gaeilge féin. (Mac Aonghusa, 1991)

D'fhéadfadh cuid mhaith ábhair eile a bheith tarraingthe isteach agam sa bplé seo ar fhóinsí agus mé ag féachaint le hinsint scéalaíoch a chur ar sheachadadh agus glacadh na dteachtaireachtaí éagsúla a bhain le tuartha teangeolaíochta Hindley agus Uí Eithir. I gcás Hindley, is léir go ndeachaigh foilseachán agus scagadh an leabhair i bhfeidhm ar an dioscúrsa náisiúnta agus ar an bpobal teanga sna mórcheantair uirbeacha (m.sh. Baile Átha Cliath, Béal Feirste, Doire). Ní léir domsa, bunaithe ar an ransú cartlainne atá déanta agam ar chatalóg chartlann Raidió na Gaeltachta idir 1990-1991g o bhfuil aon tuairisc ar fáil maidir le caibidil faoin saothar ar mhórchlár irise ná nuachta Raidió na Gaeltachta. Os a choinne sin, rinneadh leagan béil de thuarascáil Uí Eithir – a raibh a bheag nó a mhór den anailís chéanna inti – a scaoileadh amach ar an aer ar an 1 Bealtaine ar *Adhmhaidin* agus faoin 21 Bealtaine bhí coistí pobail tagtha le chéile agus dlús curtha le féile agus eagraíocht láidir phobail – Pléaráca Chonamara – a mhair idir 1991 agus 2014.

Bhí dea-thionchar fadtréimhseach ag bunú an Phléaráca ar fhorbairt an dioscúrsa chultúrtha agus sóisialta, idir imeachtaí ealaíne agus iarrachtaí stocaireachta, maidir le bisiúlacht agus inbhuanaitheacht an phobail teanga i gConamara Theas agus Árann. Tá a shliocht ar na heagrán uile d'fhoilseachán bliantúil na heagraíochta atá ar fáil ar Chartlann Ghaeltacht Chonamara www.cartlann.ie. Is ábhar fiosraithe eile é toradh na stocaireachta a rinne Pléaráca ach is fiú suntas a thabhairt do chinneadh Rialtas na hÉireann an dara Coimisiún Gaeltachta a bhunú, coimisiún stáit a d'fheidhmigh idir Aibreán 2000 agus Márta 2002. Nuair a foilsíodh tuarascáil an Choimisiúin (2002), foilsíodh alt anailíse ar *Iris an Phléaráca*:

Rinne an eagraíocht Pléaráca stocaireacht leanúnach sna blianta 1997 go 1999 ar an Aire Éamon Ó Cuív ag iarraidh air tascfhórsa a bhunú a dhéanadh scrúdú eolaíoch fuarchúiseach ar staid reatha na Gaeilge sa Ghaeltacht agus a thiocfadh aníos le straitéis chuimsitheach réadúil leis an nGaeilge a shlánú sna ceantacha sin ina raibh sí fós in úsáid mar ghnáth-theanga phobail. (Ó hÉallaithe, 2002: 13)

Rinneadh cáineadh an-ghéar san alt ar thuarascáil an Choimisiúin agus lochtaíodh beagnach na moltaí ar fad as éadan ach tugadh aitheantas do thátal suntasach amháin de chuid an Choimisiúin mar sin féin: 'Tá rud amháin maith faoin tuarascáil. Deireann sé go neamhbhalbh go dtiocfaidh deireadh leis an nGaeltacht má leanann an creimeadh leanúnach, atá ar bun ó bhunú an Stáit.' (Ó hÉallaithe, 2002: 15)

Ní tátal é seo atá i bhfad ón léargas duairc a bhain le tuartha teangeolaíochta Hindley agus Uí Eithir faoi seach ach go raibh deich mbliana eile caite agus gan dé ar idirghabháil mhór stáit a shlánódh seachadadh idirghlúine na Gaeilge sa nGaeltacht. Ina dhiaidh sin féin,

d'fheidhmigh tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta (2002) mar ionstraim éifeachtach bheartais sa gcaoi is gur foilsíodh sraith staidéar taighde a bhí prámhaithe i dtraidisiún intleachtúil na n-eolaíochtaí sóisialta maidir leis an nGaeilge sa nGaeltacht le linn imeachtaí breithnithe Choimisiún na Gaeltachta (Ó Cinnéide *et al*, 2001) agus sna blianta beaga ina dhiaidh (Mac Donnacha *et al*, 2004; Ó Flatharta, 2007; Ó Giollagáin *et al*, 2007). Níl gar a shéanadh gur bunaíodh cuid mhór den mheatanailís seo ar dhealú staitistiúil sonraí daonáirimh. Is de bhun na hanailíse céanna seo a beartaíodh coincheap na Limistéar Pleanála Teanga atá le fáil in Acht na Gaeltachta, 2012.

Má táthar ag féachaint le tatal nó léargais a bhaint as ábhar na gcartlann éagsúil meán ar leagan amach agus meon phobal na teanga i ndeireadh na 1980idí agus ar chasadh na 1990idí – sa nGaeltacht agus taobh amuigh di – céard is fearr dúinn a dhéanamh? Mar a míníodh cheana, is é an modh oibre a chleacht Breandán Ó hEithir agus Cathal Goan ná ‘barúla ó dhaoine éagsúla agus tuairimí uainn féin ar an méid adúradh agus ar a bhfacamar féin a bhí sna cláracha...’ (*An Ghaeltacht Inniu*, 1987). Ghlacadar féin páirt ghníomhach sa bhfaireoireacht agus mar a léiríodh i ndeireadh na sraithe níorbh iad ab fhaillí maidir le géarchúis agus an chamchuart curtha i gcrích acu. B’fhéidir go mba é samhail na heitneagrafaíochta nó na hantraipeolaíochta teanga is fóintí i gcásanna den sórt seo nuair a dhéantar scaipeadh agus comhshamlú ar theachtaireacht ó bhéal bunaithe ar thuarascáil scríofa a bhfuil cúrsaíocht an-teoranta léi. Sin é atá i gceist ag Alessandro Duranti a bheag nó a mhór: ‘...a dialogue between different viewpoints and voices, including those of the people studied, of the ethnographer, and of his disciplinary and theoretical preferences.’ (Duranti, 1997: 87)

Ach ní mór toise bhreise an traidisiúin bhéil a chur leis chomh maith. Maidir le hanailís ar ábhair mheán a bhaineann le teanga agus le cultúr, is deacair gan dul thar an scrúdú oilte a rinne Stiofán Ó Cadhla ar iriseoireacht Sheáin Uí Ríordáin. Tráchtann seisean ar an ‘dioscúrsa criticiúil freasúrach’ (Ó Cadhla, 1999: 39) a bhí ag an Ríordánach sa bprós agus tá an dearcadh saoil a nochtáitear san iriseoireacht thar a bheith scóipiúil agus prámhaithe go láidir i gcreidimh áirithe teanga agus luachanna cultúrtha. Ní fearacht Hindley é a shaothraigh traidisiún áirithe léinn a bhí bunaithe ar mhodhanna oibre páirce na tíreolaíochta, ba mar sin a bhí an scéal ag Ó hEithir agus ag pobal Gaeilge Uí Eithir, bídís thoir i mBaile Átha Cliath nó thiar i gConamara agus Árainn. Ní raibh úire thar na bearta ag baint leis an teachtaireacht bhunaidh féin. Tá cuimse samplaí ar fáil dúinn den anailís dhuaire ar chor na teanga sa nGaeltacht – Ó Tuathaigh, Ó Gliasáin, Tovey *et al* srl – ach bhí glacadh na dteachtaireachtaí úd taobh le dioscúrsa liteartha, oifigiúil agus/nó acadúil. Níorbh fhéidir na teachtaireachtaí dioscúrsúla seo a dhíleá chomh réidh céanna. Abraíonn Ó Cadhla freisin nach mór don traidisiún scríofa:

... dul siar arís is arís eile ar an am agus ar an spás céanna de réir na peirspeictíochta is déanaí a d’fhág an cuan; ní mar sin don traidisiún béil nó don chuimhne shóisialta a chuireann de

blaghanna áirithe de réir mar a oireann di féin. De réir mar a mhéadaíonn ar an stair scríofa tagann sí tiubh agus iompaíonn sí ina constaic ar an tuiscint.’

‘Eadarnaí is ea é [an traidisiún béil] a scagann a bhfuil ann tríd an gcuimhne aige féin, coinníonn sé seo agus cartann sé siúd, próiseas díleáite sóisialta is ea é. (Ó Cadhla, 1999: 46–7)

Ní raibh constaic dá laghad roimh choistí pobail Chonamara éirim cheannlíne thuarascáil Uí Eithir a thabhairt leo bunaithe ar an bplé ar Raidió na Gaeltachta, dá laghad é, agus bhíodar fós ar fiuchadh faoin am ar scríobhadh eagarfhocal *Iris an Phléaráca* i mí Mheán Fómhair 1991. Cheisteoinn ar tháinig an tuarascáil féin ‘tiubh’ orthu faoin am go raibh fáil uirthi i mí an Mheithimh agus an raibh an priocadh nó an bearrán chomh géar inti agus a síleadh i dtosach. Ceist thánaisteach í sin ina dhiaidh sin agus uile. Is é an tátal a bhainimse as an gcaoi a ndearnadh na teachtaireachtaí a sheachadadh agus a shreabhadh tríd na cartlanna éagsúla ná nár mhiste dúinn gan frámaí tagartha líneacha agus díreacha a úsáid i gcaitheamh an ama ach slata tomhais atá i bhfeiliúint don ábhar cartlainne féin.

Tá saothar spéisiúil curtha ar fáil ag Dáithí de Mórdha maidir le cartlann Raidió na Gaeltachta agus samhlaítear craoladh an Raidió féin (taifeadadh > léiriú) i dtéarmaí an bhéaloidis (taifeadadh > caomhnú). Is samhail spéisiúil agus tharraingteach é agus áitíonn sé go bhfuil ábhar cartlainne Raidió na Gaeltachta: ‘... mar a bheadh idir eatarthu idir ‘céad saol’ an bhéaloidis agus a ‘dhara saol’’. (de Mórdha, 2022: 349)

Tá an scagadh seo bunaithe ar theoiricí Lauri Honko (2013: 39, 48). Is é an chéad saol a bhíonn ag ábhar béaloidis ná an insint agus taifeadadh bunaidh. Is é an t-athshaol nó an dara saol a bhíonn aige ná cibé cén earraíocht a bhaintear as arís eile i measc an phobail. Tráchtann Ó Tuairisg et al (2017) ar an ‘úsáid threallach’ a bhaintear as ábhar cartlainne Raidió na Gaeltachta agus téann Dáithí de Mórdha céim eile fós nuair a mhaíonn sé go bhfuil: ‘...na cartlanna is mó ina bhfuil tuairisc ar eolas dúchasach na muintire in íoslach ollscoile (CBÉ) agus in áiteanna nach bhfuil aon tarrac orthu (cartlann RnaG). Tá siombalachas millteach ag baint leis.’ (de Mórdha, 2022: 351)

Níl aon dabht ach go léiríonn na conspóidí a bhain le tuartha teangeolaíochta Hindley agus Uí Eithir cén saibhreas eolais atá i bhfoinsí iontaofa príomha na gcartlann éagsúla meán. Is ann freisin sna cartlanna céanna do léargais thairbheacha ar dhinimicí seachadta dioscúrsa sainphobail freisin ach glas na hanailíse a scaoileadh.

Tagairtí

- Adhmhaidin* (1991) Raidió na Gaeltachta. 21 Bealtaine. [Colm Ó Cinnseala (thar ceann na gCoistí Pobail) faoi agallamh ag Tomás Ó Ceallaigh]
- Adhmhaidin* (1991) Raidió na Gaeltachta. 23 Bealtaine. [Donncha Ó Gallchóir, Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta faoi agallamh ag Tomás Ó Ceallaigh]
- Adhmhaidin* (1991) Raidió na Gaeltachta. 30 Bealtaine. [Ceist pharlaiminte á freagairt ag an Taoiseach agus Aire na Gaeltachta, Cathal Ó hEochaidh TD]
- An Curadh Connachtach* (1991) 'De Danann and Macnas at Pléaráca.' 29 Lúnasa, 22.
- Bruton, J. (1990) 'The Death of the Irish Language.' *Irish Independent*. 11 Lúnasa, 15.
- Coimisiún na Gaeltachta (2002) *Tuarascáil | Report*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- de Bréadún, D. (1990) 'Irish is dead, long live Irish.' *Irish Times*. 23 Meitheamh, 30.
- de Bréadún, D. (1991a) 'Ciúnas na hUaighe.' *Irish Times*. 26 Meitheamh, 10.
- de Bréadún, D. (1991b) 'Coistí corraithe faoi thodhchaí na Gaeltachta.' *Irish Times*. 29 Bealtaine, 11.
- de Mórdha, D. (2022) *Raidió na Gaeltachta: Cultúr & Pobal*. An Spidéal: Cló Iar-Chonnacht.
- Dialann Gheimhridh* (1990) Raidió na Gaeltachta. 1 Samhain. [Arna láithriú ag Timlín Ó Cearnaigh & arna léiriú ag Áine Ní Churráin.]
- Duggan, D. (2022) 'Not Dead Yet.' Dublin Review of Books, Márta. <https://drb.ie/not-dead-yet/>.
- Duranti, A. (1997) *Linguistic anthropology*. Nua-Eabhrac: Cambridge University Press (Cambridge textbooks in linguistics).
- Hindley, R. (1990) *The Death of the Irish Language: A Qualified Obituary*, Londain: Routledge.

- Hakamies, P., & Honko, A., (eag.) (2013) *Theoretical Milestones, Selected Writings of Lauri Honko*. Helsinki: Folklore Fellows' Communications 304.
- Iris an Phléaráca* (1991) 'Eagarfhocal na hIrise.' Meán Fómhair, 2.
- Mac Aonghusa, P. (1991) 'Óráid an Uachtaráin ag Ard-fheis Chonradh na Gaeilge.' *Seo Mhaigh Eo*, Raidió na Gaeltachta, 4 Bealtaine. [Arna léiriú ag Seán Ó Héalaí]
- Mac Con Iomaire, L. (2000) *Breandán Ó hEithir: Iomramh Aonair*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Mac Donnacha, S., et al (2004) *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.
- Mag Cuill, D. (1990) 'An Ghaeilge – ar tí bás a fháil.' *Irish Times*. 2 Bealtaine, 8.
- Ó Cadhla, S. (1998) *Cá bhfuil Éire?: Guth an Ghaisce i bPrós Sheáin Uí Ríordáin*. BÁC: An Clóchomhar.
- Ó Cinnéide, M., et al (2001) *Polasaithe agus Cleachtais Eagraíochtaí Éagsúla le Feidhm sa Ghaeltacht : Tuarascáil Chríochnaitheach*. Gaillimh: An tIonad Taighde sna hEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil na hÉireann i gcomhar le Brian de Bairéad, de Bairéad & Co., Gaillimh.
- Ó Ciosáin, É. (1991) *Buried Alive: a reply to The Death of the Irish Language*. BÁC: Dáil Uí Chadhain.
- Ó Flatharta, P. (2007) *Struchtúr Oideachais na Gaeltachta*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.
- Ó Giollagáin, C., et al (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Ó Gliasáin, M. (1990) *Language shift among schoolchildren in Gaeltacht areas, 1974–1984: an analysis of the distribution of £10 grant qualifiers*. BÁC: Institiúid Teangeolaíochta Éireann (Tuarascáil Taighde 16).

- Ó hÉallaithe, D. (2002) 'Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta – Trumba gan Teanga.' *Iris an Phléaráca*. 13–5.
- Ó hEithir, B. (1987a) 'Teilifís nó Bóithre don Ghaeltacht?' *Irish Times*. 20 Lúnasa, 10.
- Ó hEithir, B. (1987b) *An Ghaeltacht Inniu*. RTÉ Raidió 1. 3 Meán Fómhair.
- Ó hEithir, B. (1987c) 'Tuairisc do Aire na Gaeltachta.' *Irish Times*. 22 Deireadh Fómhair, 12.
- Ó hEithir, B. (1990a) 'Ar ais i dTír na Mailíse.' *Irish Times*. 5 Iúil, 8.
- Ó hEithir, B. (1990b) 'The Death of the Irish Language: Fáilteoidh lucht tórraimh roimh Hindley.' *Comhar Meán Fómhair* 49(9). 19.
- Ó Riagáin, P. (1997) *Language policy and social reproduction : Ireland, 1893–1993*. Oxford: Oxford University Press (Oxford studies in language contact).
- Ó Tuairisg, S., Ó Comhraí, C., & Nic Dhonncha, B. (2017) 'Ag Saothrú Cartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta mar acmhainn taighde.' *Léann Teanga: An Reiviú*, DOI: <https://doi.org/10.13025/hm1q-2fo5>
- Ó Tuathaigh, G. (1990) *The development of the Gaeltacht as a bilingual entity*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann (Páipéar Ócáideach 8).
- Tovey, H. et al. (1989) *Why Irish?: language and identity in Ireland today*. Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge.



‘Aidiacht chanúnach iseadh “Wuthering”’: Seán Ó Ciosáin faoi Chuing an Chanúnachais agus *Wuthering Heights* á Aistriú Aige

Pádraig Ó Briain

<https://doi.org/10.13025/29624>

Cíorfar san alt seo faillí a rinne Seán Ó Ciosáin le linn *Wuthering Heights* a aistriú go Gaeilge: is é sin, ba bheag iarracht a rinne sé an t-idirdhealú idir ardréim agus ísealréim chainte (ar a mbraitheann scaoileadh shnaidhm an scéil sa bhunleagan) a thabhairt slán sa spriocthéacs. Áiteofar thíos nach raibh neart aige air sin go pointe agus é dulta in abar i ngné de nuatheanga a bhí fós ag teacht i gcruth: is é sin, buntéacs roghnaithe aige le haistriú inar chiúta inste í aicmíocht chainte ach é ag aistriú go teanga a bhí aonchineálach ó thaobh aicmí sóisialta de.

Blas Dífriúil ar Chaint Chanúnach sa Bhunteanga agus sa Sprioctheanga

Na Gaeilgeoirí a léigh *Árda Wuthering* tráth a fhoilsithe in 1933, seans gur bhioraigh na cluasa orthu a chloisteáil gur focal ‘canúnach’ é ‘wuthering’ óir teanga thar a bheith canúnach í an Ghaeilge an uair sin. Ní fhéadfadh sí a bheith ar a athrach de dhóigh agus cúig bliana fichead le dul fós sula bhfoilseofaí *An Caighdeán Oifigiúil* in 1958 (Mac Amhlaigh, 2008: 113). An blúirín téacs i dteideal an ailt seo, cuid é de chuntas an reacaire, Mr Lockwood, ar an radharc a tháinig faoina shúil nuair a chonaic sé an teach clúiteach úd den chéad uair:

Árda Wuthering an ainm atá ar áitreabh Mhr. Heathcliff. Aidiacht chanúnach iseadh ‘Wuthering’ a chuireann i n-úil go bríoghmhar an saghas aimsire anródhaighe a bhíonn san áit áird neamh-fhothanúil seo nuair a bhíonn an doineann ann. (*ÁW*, 1933: 8)

Wuthering Heights is the name of Mr. Heathcliff's dwelling, 'Wuthering' being a significant provincial adjective, descriptive of the atmospheric tumult to which its station is exposed in stormy weather.
(WH, 1847: 2)

Is bleadrachán é Mr Lockwood, rud is léir ón ródhúil atá aige san fhaí chéasta – ‘*descriptive of . . . station is exposed*’ – agus ón drochnós atá aige focail eolaíocha, ‘*atmospheric*’, nó léannta, ‘*tumult*’, a tharraingt isteach sa scéal gan ghá sa chaoi go n-éiríonn a chuid cainte doiléir. Le hais na bunabairte, tá abairt aistriithe Uí Chiosáin níos slachtmhaire: is fearrde an abairt Ghaeilge na briathra a chur san fhaí ghníomhach agus tá blas tuathúil ar ‘doineann ann’ a oireann do chur síos ar áit faoin tuath. Fós féin, más aistriúchán dílis a dhéanamh ar an mbuntéacs an tslat tomhais lena ndéantar *Árda Wuthering* a mheas, is laigeacht agus ní bua í seo i bhfianaise a thugtha agus a bhí an bunúdar, Emily Brontë, do leas a bhaint as ‘*sociolect*’ nó urlabhra aicme le carachtair a thréithriú. Mar shampla, i gcás Lockwood, tá sé le léamh air ón mBéarla caighdeánach a labhraíonn sé (agus an t-uafás focal teibí Laidine ann) nach de bhunadh na háite é fad is atá a shliocht ar an oibrí feirme Joseph nár imigh sé rófhada ón mbaile riamh go labhraíonn sé an leagan is canúnaí amuigh de chanúint Yorkshire (Wiltshire, 2005: 19).

Níor mhiste díriú ar an bhfocal sin ‘*provincial*’ a luaitear le ‘*wuthering*’ óir ní dócha gur gach léitheoir na linne seo a thuigfeadh é. Bunbhí atá ag ‘*provincial*’ de réir an *OED*:

‘5.a. Of or relating to a province . . . as distinguished from the capital or chief seat of government . . . local or regional, as opposed to national’.

Tá fochiall dhíspeagúil ag ‘*provincial*’ freisin:

6. the outlook, tastes, character, etc., associated with . . . inhabitants of a province or the provinces; esp. (depreciative) parochial or narrow-minded; lacking in education, culture, or sophistication (OED).

Ach cén fáth a samhlaítear lucht cónaithe cúige le daoine caolaigeanta ar bheagán cultúir? Seans toisc go gceaptar go mbíonn borradh faoin gcultúr san ardchathair ós ann atá an rialtas agus lucht rachmais lonnaithe. Má ghlactar leis gurb í an ardchathair croílár an chultúir, luíonn sé le réasún go dtógfadh sé tamall ar chultúr a chumtar ann dul chomh fada leis na cúigí. Is é sin, má bhaineann sé fíorimeall an chúige amach in aon chor. Cá hionadh duit mar sin gur dual do lucht cónaithe cúige a bheith ar bheagán cultúir?

‘Cúigeachas’ an Ghaeilge ar ‘*provincialism (in language)*’ de réir *Foclóir Uí Dhuinnín* (1927: 283) agus is cosúil gurbh in an focal ba thúisce chuig Ó Ciosáin freisin:

...bhí cúrsaí cúigeachais maidir le príomhchanúintí na Gaeilge go láidir i gceist i measc lucht Chonradh na Gaeilge. Ní mór dom a admháil gur i gCúige Mumhan a thosaigh an chaol-aigeantacht seo i dtosach, agus is dócha gurbh é an tAthair Peadar Ó Laoghaire ba

bhun lena borradh...cheap a lán de na Gaeilgeoirí ó dhúchas sa Mhumhain...gur acu féin a bhí scoth na teanga, agus bhí saghas lagmheasa acu ar an dá chanúint eile (IAMS, 1973: 53).

‘*Provincialism*’ an rosc catha i mbéal an Athar Peadar i litir uaidh a foilsíodh ar *An Claidheamh Soluis* in 1900:

The same cries are ringing in our ears. ‘Avoid Provincialisms.’ Not I! I am determined to write down most carefully every provincialism I can get hold of. Then I shall be sure to have the people’s language at least in that province... ‘But your ear can answer only for one province.’ Exactly so. But it can answer for that one. Let some other ear answer in the same manner for each of the provinces, and then we shall know where we are.

Gach seans go dtaitneodh cur chuige Emily Brontë leis mar sin óir bhain sí leas chomh mór sin as litriú foghraíochta chun caint Joseph a thréithriú gur chuir léirmheastóir amháin ina leith: ‘*Here authenticity meets incomprehensibility: a fully phonetic transcription so accurate as to be impenetrable to anyone outside of Yorkshire*’ (Baena, 2023: 112).

Daoine d’Aon Mhianach an tÚdar agus an tAistritheoir

Dúil Emily i gcanúint Yorkshire, seans gur eascair sí ón gcion a bhí aici ar Tabitha Aykroyd, searbhónta a bhí ar aimsir ag muintir Brontë ó bhí Emily sé bliana d’aois. Tabitha ina ‘*thorough specimen of a Yorkshire woman*’ (Gaskell, 1857: 70) a labhair ‘*pure dialect, used outlandish words and broadened every vowel in the alphabet, so that people from another county understood not a single word she spoke*’ (Dean, 1960: 76). Tugtar éachtaint ar a gcaidreamh in iontráil dialainne a scríobh Emily:

Tabby said just now come Anne pilloputate... Aunt has come into the kitchen just now and said where are your feet, Anne? On the floor Aunt... Tabby said, on my putting a pen in her face ya pitter pottering there instead of pilling a potato I answered, O Dear, O Dear, O dear, I will directly With that I get up, take a knife and begin pilling (O’Callaghan, 2022: 121).

Pilloputate: blas aduain air mar fhocal go dtí gur léir, ar é a léamh arís, gur sraith d’fhocail fhíorshimplí atá ann ach iad a thógáil as a chéile: *peel a potatoe*. Ba dheacair teacht ar chaint níos comónta ná sin – ‘bain an craiceann de phráta’ – ach, i mbéal Tabby Aykroyd, bhí blas andúchasach air, amhail is nach Béarla a bhí á labhairt aici in aon chor. Ba léir ón aird a thug sí uirthi gur thaitin caint cheolmhar Tabby – ‘*ya pitter pottering*’ – le Emily.

Gach seans go raibh tuin andúchasach ar an nGaeilge an chéad uair a chuala Ó Ciosáin í i bhfianaise a ghallda agus a bhí a cheantar dúchais – an Linn Dubh i gcathair Chorcaí – más aon chomhartha seoladh baile a theaghlaigh in 1901, ‘45 Great Britain Street’ (Breathnach & Ní Mhurchú 2025). Ach rinne sé tréaniarracht dúchas na Gaeilge a shealbhú. A oiread agus

gur ghlac sé rún ‘gan leabhar Béarla a léamh go dtí go mbeadh a raibh ar fáil de na leabhair Ghaeilge a foilsíodh ó cuireadh Conradh na Gaeilge ar bun léite agam’ (CLS, 1970: 127). Leathbhreac Brontë é sa dúil a léirigh sé i mblas:

Chaithinn na huaireanta fada gach aon lá ag léamh leabhair Ghaeilge... Uaireanta léinn píosaí os ord agus ba cheolmhar liom fuaimeanna agus rithim na Gaeilge... Uair éigin eile déanfaidh mé iarracht ar a léiriú níos fearr an greim a rug fuaimeanna agus rithim urlabhraíocht na Gaeilge orm... Na blianta fada ina dhiaidh sin cheap mé abairt a sháraigh mé féin ar aon slí chun blas na Gaeilge a léiriú; thug mé ‘ceol na cainte’ air (CLS, 1970: 124–5).

Ní thógfaí ar Ó Ciosáin mar sin é má chreid sé gurb eisean sás a dhéanta é chun Gaeilge dhúchasach a chur ar *Wuthering Heights*.

Samhlaíodh an Ghaeilge le Saol na Tuaithe in Aimsir Uí Chiosáin

Nó, de réir a chuntais féin ar ar spreag é lena aistriú:

Lá dá raibh mé ag caint le Dónall Ó Corcora dúirt mé leis gur mhaith liom leabhar bunúsach eile a aistriú. Mhol sé dom *Wuthering Heights* le Emily Brontë a aistriú. Mheas sé go n-oirfeadh an Ghaeilge d’atmasféar an bhunleabhair (IAMS, 1973: 77).

Is dócha gurbh é an mianach dul i gcion ar an léitheoir a bhí i gceist aige le ‘atmaisféar’ ach cad faoi *Wuthering Heights* a chuirfeadh ‘*Irish sensibility*’ / spiorad Gaelach i gcuimhne do dhuine? An amhlaidh gurb éasca na heachtraí ann a shamhlú ag titim amach in Éirinn agus é suite faoin tuath? Seans gurbh ea i bhfianaise ailt le Ó Ciosáin san *Irish Press* in 1932. Agus é ag fiafraí de féin ‘Cad iad na leabhair mar sin gur cheart iad a d’aistriú?’, dúirt sé:

Sgéalta simplidhe tuatha go bhfuil caint bhríoghmhar dhíreach ionnta agus plot oireamhach. Má tá sprid Ghaodhalach ionnta... is amhlaidh is fearr é. Tá muinntir na tuaithe puinn mar a chéile ins gach tír agus mar sin tuigfean an leitrídheacht a cheapfar na dtaobh in aon tír talmhaíochta.

An cinneadh a rinneadh an Nua-Ghaeilge a bhunú ar urlabhra mhuintir na tuaithe (Ó Torna, 2005: 124) – is é sin, Gaeilge na Gaeltachta – is ródhócha gurbh in a bhí taobh thiar de thuairim Uí Chiosáin gur daoine d’aon mhianach iad muinntir na tuaithe agus lucht na Gaeilge. Ach bhí breall air, dar liom, má cheap sé gurbh éasca scéal a cheaptar i dtír talmhaíochta amháin a chur in oiriúint do léitheoirí i dtír talmhaíochta eile ar an mbonn go bhfuil ‘muinntir na tuaithe puinn mar a chéile ins gach tír’. Ní fíor sin i gcás Gaeilgeoirí in aimsir Uí Chiosáin chomh fada agus a bhain sé lena ndearcadh ar chaint chanúnach.

Athrú ó Lagmheas go hArdmheas

Is léir sin ó nós Brontë béim a leagan ar a aite agus atá caint chanúnach (Ferguson, 1998: 10). Í ag teacht le meon a linne sa mhéid sin óir creideadh go forleathan san Eoraip sa 19ú haois nach raibh in ‘provincialism’ ach ‘patois’ a thug le fios ‘go raibh an teanga ag teip agus ag titim as a chéile’ (Ó Conchubhair, 2009: 194). B’amhlaidh an cás in Éirinn, áit inarbh ‘eiriceacht ghlan...é canúnachas a chur i leith na Gaeilge roimh bhunú Chonradh na Gaeilge’ (Ó Conchubhair, 2009: 200). Léiríodh an tuiscint sin go raibh nasc ‘idir meath teanga agus forbairt chanúna sa tréanchosaint a dhein an tAthair Uilic de Búrca ar an nGaeilge nuair a shéan sé go raibh an canúnachas le sonrú go forleathan sa teanga’ (Ó Conchubhair, 2009: 199). Ba léir an leigheas ar an scéal do dhaoine dá leithéid: ‘Gaeilge Chéitinn, caighdeán an seachtú haois déag, an buaicphointe a raibh sláinte iomlán na teanga agus an náisiúin le sonrú inti. Is i dtéarmaí tinnis...a thuig de Búrca an canúnachas’.

Orthu sin a chreid gur cheart filleadh ar Ghaeilge chlasaiceach bhí Tomás Ó Néill Ruiséal, fear a leag béim ar chontúirt na gcanúintí (Ó Conchubhair, 2009: 197). Seans gur ait le Gaeilgeoirí na linne seo maíomh an Rúiseálaigh nach raibh aige féin ach Gaeilge na leabhar:

He only professes to speak the Irish of books, and his freedom from dialect and clear enunciation makes him a most welcome orator to the patient students who long to understand the spoken Gaelic.

Ach chuir lucht bunaithe Chonradh na Gaeilge an tuiscint sin bunoscionn nuair a mhaígh siad gur:

chomhartha fuinnimh an canúnachas, murarbh ionann agus saorgacht na Gaeilge clasaicí. Dhiúltaigh an grúpa óg seo do Ghaeilge Chéitinn agus thug siad go bródúil faoi, ní hamháin canúint amháin, ach trí mhórchanúint na Gaeilge a fhorbairt. (Ó Conchubhair, 2009: 206)

Ní hIonann Uaschanúint don Ghall agus don Ghael

Glacadh leis sa 19ú haois gur ‘bhain canúintí le bochtáin, le ceantair bheaga iargúlta ar an imeall i bhfad ón Lár’ (Ó Conchubhair, 2009: 195), dearcadh a chuireann Tabby Aykroyd i gcuimhne dom óir caithfidh gur bhraith sí faoi chuing a ceantair dúchais murabh fhéidir léi dul go contae eile gan eagla nach dtuigfí í. Go deimhin, thuigfeá di dá mbeadh sí in éad le Sasanaigh eile a raibh ‘Received Pronunciation’ (RP) ar a dtoil acu óir is tuin chainte ‘regionless’ nó ‘trasréigiunach’ é RP sa mhéid is nach fios ó thuin chainte cainteoirí RP cad as dóibh ach is ríléir cén aicme lena mbaineann siad: an mheánaicme nó an uasaicme (McArthur *et al.*, 2018). Is ar ‘educated speech in southern England’ atá RP bunaithe (OED) agus uaidh sin is dócha a thugann an Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge ‘uaschanúint Bhéarla

Shasana' air. Bhí a mhacasamhail i measc Gaeilgeoirí in aimsir Uí Chiosáin ach amháin nach ar urlabhra na n-uaisle a bhí sí bunaithe. Dar le Phillip O'Leary, bhí aird Athbheochanóirí na Gaeilge: 'siar in the dual sense of the Irish word, back to a... past where that tradition was most vibrant, and to the West, where it had maintained itself most tenaciously' (1994: 15). Siar i ré Uí Chiosáin, is léir go raibh 'an lár' agus 'an t-imeall' tar éis ionad a mhalartú lena chéile óir ba ar an imeall amháin – na ceantair Ghaeltachta cois cósta – a tháinig an Ghaeilge slán mar theanga bheo. An meas ar bhlas 'cúigeach' a bheith ar Ghaeilge duine, cuireann sé scéal an *shibboleth* i gcuimhne dom. Is é sin, an scéal Bíobla ina bhfiafraíonn fir Ghileád d'Eafráimigh agus iad ar a dteitheadh:

'An as Eafráim duit?' Nuair a deireadh sé: 'Ní hea,' deiridís leis: 'Abair *sibolet* más ea,' agus deireadh sé: '*Suibolet*,' mar nach bhféadfadh sé an focal a fhoghrú i gceart' (*Breithiúna*, 12: 5–6)

Uaidh sin an fhochiall a luaitear le *shibboleth*: '**2.a** A word or sound which a person is unable to pronounce correctly; a word used as a test for detecting foreigners, or persons from another district, by their pronunciation' (*OED*). Bás ar an toirt an pionós a ghearrtaí ar na hEafráimigh ar theip orthu sa tástáil foghraíochta. Díbirt go himeall an phobail teanga an pionós a ghearrtaí ar Ghaeilgeoirí in aimsir an Chiosánaigh agus ba é rian an Bhéarla ar Ghaeilge duine an siobaileat lenar nochtadh eachtrannaigh (na daoine nach raibh ach Gaeilge lag acu) ina measc. Nó mar a mhíníonn Brian Ó Conchubhair an scéal: 'Ba é an Béarlachas an namhaid ba mhó a bhí le cloí i rith na hAthbheochana ag lucht léirmheastóireachta agus cháintí a leithéid go tréan' (2009: 99). Pobal Brontë agus pobal Uí Chiosáin ar aon iúl le chéile mar sin sa mhéid is gur trína dtuin chainte a chuir Sasanaigh agus Gaeilgeoirí a stádas sóisialta in iúl. Ach ní hionann an fhoirm ardghradaim teanga sa dá phobal teanga beag ná mór: b'amhlaidh gur chuir Gaeilgeoirí blas na cosmhuintire ar a gcuid cainte le cur in iúl dá chéile gur den scothaicme (is é sin, na cainteoirí líofa) iad. Fad is a bhí na Sasanaigh ar a ndícheall ag iarraidh urlabhra lucht gustail ó dheas a chur ar a dtoil acu le go mbeadh a fhios ag an saol gur de na huaisle (nó den mheánaicme ar a laghad) iad.

Ba ag Ó Ciosáin a bhí a fhios an ceann faoi a bhain lena bheith i mbaol na díbeartha go himeall an phobail teanga. Is léir sin ó eachtra a tharla nuair a thug sé léacht Ghaeilge agus 'duine as Cúil Aodha a raibh cáil mhór air mar Ghaeilgeoir' (*CLS*, 1970: 136) sa lucht éisteachta. Mhol an fear Gaeltachta sin go hard é as a chuid léanntachta ach ar seisean go borb: 'an fear a mhúin foghraíocht na Gaeilge dó ba cheart é a chrochadh!' (*CLS*, 1970: 136) Ghoill an chaint seo go mór ar Ó Ciosáin, cé go ndearna sé iarracht glacadh léi i bpáirt mhaitheasa:

...rinne sé maitheas mhór dom. Mar an oíche sin ghlac mé rún docht daingean nach stadfaínn choíche ná go deo go mbeadh blas ceart na Gaeilge ar mo chuid cainte. Ar feadh an chuid eile den bhliain sin go háirithe nuair a bhínn ag siúl i m'aonar féin bhínn ag labhairt os ard

agus mé ag fuaimniú gach focail go soiléir agus b'fhéidir ag cur leis. B'obair chrua thuirsiúil í ach tuigeadh dom go gcaithfí í a dhéanamh dá dteastódh uaim a bheith i mo chainteoir líofa Gaeilge (CLS, 1970: 136–7).

Seans maith gurbh ait le Emily Brontë pobal teanga ina raibh gradam ag baint le blas na cosmhuintire a bheith ar chaint duine nuair ba chomhartha uirisle ina pobal féin é. Ní hin le rá nach raibh daoine sa phobal inar fhás sí aníos a bhí mórtasach as canúint na háite. Cuir i gcás, sa staidéar a rinne G.L. Brook ar chanúintí Shasana in 1963 (a bhfuil meas fós air), tharraing sé aird ar mheon áirithe i measc mhuintir thuaisceart Shasana:

The attitude of many northcountrymen to Southern Speech, including that variety of it known as Standard English, is that expressed by Mr Yorke in Charlotte Brontë's Shirley: If he usually expressed himself in the Yorkshire dialect, it was because he chose to do so, preferring his native Doric to a more refined vocabulary. 'A Yorkshire burr', he affirmed, was as much better than a Cockney's lisp, as a bull's bellow than a ratton's squeak. (Brook, 1963: 28)

Fiú agus an sampla seo á lua aige, áfach, is díol spéise é gur bhraith Brook go mb'éigean dó an *caveat* seo a chur le mórtas canúna Mr Yorke: *'It is necessary to distinguish between tolerating dialect in others and using it oneself. It is doubtful whether it is worth while for anyone to try to acquire a regional dialect'* (1963: 28). Fiú i measc Sasanach arbh é a meon 'ceart dom, ceart duit' mar sin, is léir go raibh rud éigin nach inmholta ag baint le canúint a labhairt i gcomhthéacsanna sóisialta áirithe.

D'fhág an ghnáth-thuiscint sin Hareton Earnshaw ar an bhfaraor géar agus gan ach Béarla canúnach ar a thoil aige. Gan an dara rogha aige ach cur suas le maslaí leithéid seo a chaitheann an buachaill usaicmeach Linton Heathcliff leis in *Wuthering Heights*:

'There's nothing the matter, but laziness, is there, Earnshaw?' he said. 'My cousin fancies you are an idiot. There you experience the consequence of scorning "book-larning," as you would say. Have you noticed, Catherine, his frightful Yorkshire pronunciation?' (1847: 189–90).

'Is í an leisce is bun leis go léir, nach í, a Earnshaw?' ar seisean. 'Ceapann mo cholceathar gur simpleoir tú. Sin é a thagann as an ndroch-mheas atá agat ar "léigheann na leabhar" mar a deireann tú féin – An dtugais fé ndeara, a Chatherine – a uathbhásaighe atá canúint Yorkshire ar a chainnt' (ÁW 1933: 263).

Deartháir don aineolas canúint a labhairt i súile Linton Heathcliff, is léir. Ach fiú más mar mhasla a deir sé é, fós féin tá réiteach na faidhbe sa sáiteán sin aige faoi 'book-larning'. Cuimhnigh gur ar 'educated speech' (OED) a bhí uaschanúint Bhéarla Shasana bunaithe,

rud a d'fhág go mbeadh ar Hareton luí isteach ar 'léann na leabhar' má bhí uaidh 'Received Pronunciation' a chur ar a thoil aige agus fáil réidh le blas gránna chanúint na háite ar a chuid cainte ar an gcaoi sin. Agus sin é go díreach an rud a dhéanann sé go dtí, faoi dheireadh an úrscéil: 'he is speaking standard English... [having] cast off his regional speech almost entirely' (Wiltshire, 2005: 23). Ní go dtí sin atá sé ina chéile cuí do Cathy agus réidh do 'a life of gentility at the Grange' (Wiltshire, 2005: 23). Ach sa sliocht aistrithe thuas, is é íoróin an scéil é go bhfuil blas canúnach ar chaint Linton Heathcliff fiú agus é ag caitheamh anuas ar Hareton as blas 'uafásach' Yorkshire a bheith ar a chuid cainte. Is é sin, is sainchomharthaí chanúint Chorca Dhuibhne iad briathra a chur san fhoirm tháite (Ó Sé, 1995: 42) agus 'faoi' a litriú ina 'fé' (24). Blas láidir Chiarraí ar an abairtín 'an dtugais fé ndeara' de chuid Linton Heathcliff dá réir. Is follasaí fós an neamhréir sin i gcomhrá idir Isabella Linton agus Hareton:

*I approached, and, attempting to take his chubby fist, said—
 'How do you do, my dear?'
 He replied in a jargon I did not comprehend
 ... An oath, and a threat to set Throtter on me if I did not 'frame off' rewarded my perseverance.
 'Hey, Throtter, lad!' whispered the little wretch, rousing a halfbred bull-dog from its lair in a corner.
 'Now, wilt tuh be ganging?' he asked authoritatively (WH 1847: 118).*

Do dhruideas leis agus mé san am gcéadna ag iarraidh breith ar a dhorn reamhar, agus dubhart,—
 'Cionnus taoi, a chroidhe?'
 Do thug sé freagra orm i mbéarlagar éigin nár thuigeas
 ... Ní bhfuairas de bharr mo chuid muinnteardhais ach mionn agus a bhagairt Throtter do chur liom muna leiginn dó.
 'Seo, a Throtter, a gharsúin!' adubhairt an dailtín de chogar agus é ag múscailt maistín de bhulldog ó n-a chlúid sa chúinne. 'Anois an mbeir ag bogadh leat?' d'fhiafruigh sé go hughdarásach (ÁW 1933: 168).

Mar is dual d'iníon an Tí Mhóir, is léir ó thuin ghalánta Isabella – 'How do you do, my dear?' – gur cuireadh oideachas maith uirthi. Rian ar bith den tréithriú sin ní thagann slán san aistriú, áfach, sa chaoi a n-aistrítear a cuid cainte amhail is gur bean tuaithe as Iarthar Duibhneach í: 'Cionnus taoi, a chroidhe?' Maidir le Hareton, is léir óna chuid cainte sa bhuntéacs – 'Now, wilt tuh be ganging?' – gur canúint gharbh na háite atá ina phluc aige. Bheadh ciall ag an gcaoi chanúnach ina n-aistriú Ó Ciosáin é sin mar 'Anois an mbeir ag bogadh leat?' ach amháin gur fianaise é an briathar táite sin, 'an mbeir', gurb í an chanúint chéanna, canúint na Mumhan, atá á labhairt ag Hareton agus ag Isabella araon. Níl bun ná barr lena ráiteas 'Do thug sé freagra orm i mbéarlagar éigin nár thuigeas' sa leagan Gaeilge mar sin

óir, ón nós sin aici an mhír bhriathartha ‘do’ a chur roimh bhriathar san aimsir chaite, ‘do thug’, gan trácht ar bhriathar eile aici san fhoirm tháite, ‘thuigeas’, ba cheart go dtuigfeadh sí é go feillbhinn.

Scáth an Ghaeilgeora nár Tógadh le Gaeilge

An fhaillí a dhéantar thuas in idirdhealú a dhéanamh idir ardréim agus ísealréim chainte, is ar lucht leagtha na norm teanga le linn don Nua-Ghaeilge a theacht i gcruth cuid mhaith den locht. Cuir i gcás, nuair a mhol an tAthair Peadar d’aistritheoirí in 1902: ‘*we must go to our model, the native Irish speaker, and express those thoughts in Irish, exactly as that Irish speaker would express them if they were his own thoughts*’ (Ó Torna, 2009: 469), b’éard a bhí á rá aige i ndáiríre nach raibh ach aon aicme amháin ann sa Ghaeilge: an chosmhuintir. Óir ba ghnáthdhuine tuaithe gach cainteoir dúchais Gaeilge an uair sin.

Ach an ganntanas sainréimeanna teanga sa Nua-Ghaeilge, níor leor é mar mhíniú, dar liom, ar an leisce a léirigh Ó Cíosáin ar shainréim de shaghas éigin a sheiftiú sa Ghaeilge chun ionadaíocht a dhéanamh do chaint uasaicmeach an bhuntéacs. Seans gur eascair an leisce seo as straitéis teanga a luann Máirín Nic Eoin (2005: 73) le daoine nár tógadh le Gaeilge: ‘Ar cheann de na straitéisí teanga is coitianta a bhíonn ag scríbhneoirí Gaeilge nach scríbhneoirí Gaeltachta iad tá nasc láidir canúnach a shnaidhmeadh le ceantar Gaeltachta ar leith’.

Go deimhin, siar ag tús an 20ú haois, ba iad léirmheastóirí nár chainteoirí dúchais Gaeilge iad ba mholtaí go minic faoi údair Ghaeltachta a dhiúltaigh aon fhoirm nár dhual dá gcanúint féin a úsáid ina saothar (Nic Eoin, 2005: 59). ‘Díograis agus díocas an duine arbh éigean dó athshealbhú a dhéanamh ar theanga a mhuintire’ léamh Nic Eoin air seo (2005: 59) agus cuireann sé an feiniméan teanga ‘*hypercorrection*’ i gcuimhne dom. Is é sin, an fonn a bhíonn ar ‘*upwardly mobile speakers... to speak like those whose status they wish to achieve*’ (Macaulay, 2006: 132). Tarlaíonn hipircheartú nuair a théann na cainteoirí seo thar cailc ‘*with the result that their speech becomes “more correct” than that of the group they wish to emulate*’ (132). D’fhéadfadh Ronald Macaulay a bheith ag caint faoi Ó Cíosáin nuair a deir sé ‘*All kinds of hypercorrection come from feelings of insecurity and are most likely to be found among those on the middle rungs of the social ladder*’ (132–3) óir, mar fhoghlaimoír Gaeilge a bhain ardlíofacht amach, ba ar ‘mheán-runga an dréimire’ a bhí Ó Cíosáin i bpobal Gaeilge a linne. Go deimhin, ba dhóigh le duine ón eachtra sin inar cháin fear Gaeltachta a fhoghraíocht go géar gur chothaigh sé ‘nasc láidir canúnach...le ceantar Gaeltachta ar leith’ mar sciath chosanta ar Ghaeilge lag a chur ina leith. Seans gur bhraith sé faoi bhrú a líofacht a chruthú arís agus arís eile óir, dá mbeadh sé de threallús aige tuin Ghallda a chur ar a chuid Gaeilge d’fhonn caint uasaicmeach sa bhunleabhar a aistriú, caolseans go dtabharfaí sochar an amhrais dó gur rogha ealaíonta a bhí ann.

Conclúid

Agus b'in an neamhréir chultúrtha a tháinig salach ar Sheán Ó Ciosáin san aistriú, dar liom: dream amháin, Sasanaigh in aimsir Brontë, ag iarraidh blas áite ar a gcuid cainte a cheilt ach an tuin chainte trasréigiúnach sin is 'Received Pronunciation' a chur ar a dtoil acu, fad is a bhí an dream eile, Gaeilgeoirí in aimsir an Chiosánaigh, ar a ndícheall ag iarraidh cur leis an mblas áitiúil ar a gcuid cainte sa tsúil go n-áireofaí iad i measc scoth na gcainteoirí Gaeilge. Agus é suite faoin tuath, focal canúnach ina theideal fiú, bhí údar ag Ó Ciosáin lena chreidiúint go n-oirfeadh *Wuthering Heights* lena aistriú go Gaeilge. Ach ba cheart go mbeadh an chríoch a chuir Brontë ar scéal Hareton – Béarla réigiúnach caite i dtraipisí aige d'fhonn Béarla caighdeánach a labhairt – ina ábhar imní dó agus é ina chomhartha nach ionann an ghnáth-thuisctint ar bhlas sa bhunteanga agus sa sprioctheanga beag ná mór.

Liosta Giorrúchán

CLS: *Cois Laoi na Sreabh*

IAMS: *Is Ait an Mac an Saol*

OED: *Oxford English Dictionary*

Tagairtí

An Bíobla Naofa (1981) Arna aistriú ag an Athair Pádraig Ó Fiannachta *et al.* Maigh Nuad: An Sagart.

Baena, V. (2023) 'History's Borrowed Languages: Emily Brontë, Karl Marx, and the Novel Of 1848.' *ELH* (90). 107–35. <https://muse.jhu.edu/article/883607>

Breathnach, D. & M. Ní Mhurchú (2025) 'Ó CIOSÁIN, Seán (c.1896–1982).' *ainm.ie*. <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=701&AspxAutoDetectCookieSupport=1>

Brontë, E. (1847) *Wuthering Heights*. New York: Nelson Doubleday.

Brook, G. L. (1963) *English Dialects*. Oxford: Oxford University Press.

Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge (2025) <https://www.tearma.ie/q/received%20pronunciation/>

- Dean, C. (1960) 'Joseph's Speech in "Wuthering Heights"'. *Notes and Queries*: 73–6.
- Dineen, P.S. (1927) *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*. BÁC: Irish Texts Society.
- Ferguson, S.L. (1998) 'Drawing Fictional Lines: Dialect and Narrative in the Victorian Novel.' *Style* 32(1). 1–17.
- Gaskell, E. (1857) *The Life of Charlotte Bronte, Volume I*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Mac Amhlaigh, L. (2008) *Foclóirí agus Foclóirithe na Gaeilge*. BÁC: Cois Life.
- Macaulay, R. (2006) *The Social Art: Language and Its Uses*. Oxford: Oxford University Press.
- McArthur, T., Lam-McArthur, J. & Fontaine, L. (2018) 2ú heagrán. *Oxford Companion to the English Language*. Oxford: Oxford University Press.
- Nic Eoin, M. (2005) *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge*. BÁC: Cois Life.
- O'Callaghan, C. (2022) *Emily Brontë: Reappraised*. Glasgow: Saraband.
- Ó Ciosáin, S. (1933) *Árda Wuthering*. BÁC: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.
- Ó Ciosáin, S. (1970) *Cois Laoi na Sreabh*. BÁC: Foilseacháin Náisiúnta Tta.
- Ó Ciosáin, S. (1932) 'Cúrsaí Aistriucháin sa Ghaedhilg.' *The Irish Press*. 19 Márta, 4. <https://archive.irishnewsarchive.com/Olive/APA/INA/default.aspx?action=tab&tab=browse&pub=IPR#panel=document>
- Ó Ciosáin, S. (1973) *Is Ait an Mac an Saol*. BÁC: Foilseacháin Náisiúnta Tta.
- Ó Conchubhair, B. (2009) *Fin de Siècle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*. Co. na Gaillimhe: Cló Iar-Chonnacht.

- O'Leary, P. (1900) [an tAthair Peadar] 'Rosg Catha Bhriain.' *An Claidheamh Soluis*, 13 Eanáir. 701. <https://archive.irishnewsarchive.com/olive/APA/INA/Default.aspx#panel=document>
- O'Leary, P. (1994) *The Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881–1921: Ideology and Innovation*. Pennsylvania: Penn State University Press.
- Ó Sé, D. (1995) *An Teanga Bheo: Corca Dhuibhne*. BÁC: Institiúid Teangeolaíochta na hÉireann.
- Ó Torna, C. (2009) 'An tAthair Peadar: An Aigne Ghaelach agus Caint na nDaoine.' Mac Craith, M. & Ó Héalaí, P. (eag.). *Diasa díograise: aistí i gcuimhne ar Mháirtín Ó Briain*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht. 459–71.
- Ó Torna, C. (2005) *Cruthú na Gaeltachta 1893–1922: Samhlú agus buanú chonstráid na Gaeltachta i rith na hAthbheochana*. BÁC: Cois Life.
- Oxford English Dictionary* (2023) 3ú heagrán. Oxford: Oxford University Press.
https://www.oed.com/dictionary/provincial_adj?tab=meaning_and_use#28003116
https://www.oed.com/dictionary/received-pronunciation_n?tab=meaning_and_use#26548465
https://www.oed.com/dictionary/shibboleth_n?tab=meaning_and_use#22880115
- Wiltshire, I. (2005) 'Speech in *Wuthering Heights*: Joseph's Dialect and Charlotte's Emendations.' *Bronte Studies* (30). 19–29.



An bhfuil éinne fós ag iarraidh freastal ar léachtaí? Tuairimí mac léinn faoi thodhchaí léachtaí in ollscoileanna in Éirinn

Éamon Ó Cofaigh & Ornaith Rodgers

<https://doi.org/10.13025/29623>

Foilsíodh leagan Béarla den alt seo in *Irish Educational Studies*, 1–19.
<https://doi.org/10.1080/03323315.2025.2453737>

Réamhrá

Tá léachtaí mar chuid de thraidisiún na hollscoile le breis is ocht gcéad bliain (Friesen, 2014), agus is gné lárnach den chur chuige teagasc iad san ollscoil i nach mór chuile dhisciplín. Cé go mbíonn bealaí éagsúla ag léachtóirí chun léacht a reáchtáil, go traidisiúnta, is cineál cumarsáide aontreo a bhíonn i gceist le léachtaí, de ghnáth, ina mbíonn caint gan bhriseadh ó léachtóir agus lucht éisteachta éighníomhach (Bligh, 2000; Twigg, 1999). Sa mheánaois, d'úsáidít léachtaí mar mhodh teagasc coitianta, mar go mbíodh leabhair gann agus costasach (Evans, 2022). Mar sin féin, tá an léacht ar cheann de na cuir chuige is mó úsáide san ardoideachas in ainneoin theacht chun cinn teicneolaíochtaí nua agus athruithe ar oideolaíochtaí. Ach, le blianta beaga anuas tá treocht ag fás in ollscoileanna i dtreo na foghlama cumaisc agus teagasc ar an gcampas tacaíthe ag Timpeallachtaí Fíorúla Foghlama (TFF), uirlisí amhail taifeadadh ar léachtaí agus córais bhainistíochta foghlama (Robson *et al.*, 2022). Bhrostaigh an phaindéim Covid-19 luas an athraithe seo nuair a cuireadh iallach ar ollscoileanna teagasc a dhéanamh ar líne. I ndiaidh na paindéime, tá go leor Institiúidí Ardoideachais ag ceistiú arís áit na léachta ar an gcampas san oideachas Tríú Leibhéal, agus tá go leor institiúidí ag roghnú curaclaim chumaisc agus léachtaí ar líne. Go deimhin, sa ré iar-Covid, tá fianaise ann ar laghdú ar thinreamh agus ar rannpháirtíocht i léachtaí móra (Uekusa, 2023; Wyatt, 2023).

Mar oideachasóirí, tá dualgas orainn inmhianaitheacht agus tairbhe léachtaí sa todhchaí a cheistiú. Chomh maith leis sin, caithfear an cheist a chur: an bhfeiceann mic léinn féin aon luach sa ghné seo dá n-oideachas?

Tá an staidéar seo bunaithe ar thuairimí mac léinn maidir le todhchaí na léachta i gcomhthéacs an Ardoideachais in Éirinn agus go háirithe i réimse na nDán, céim atá fós ina rogha an-choitianta in Éirinn. Is é aidhm an staidéir ná a fháil amach ar dtús, an bhfuil mic léinn fós ag iarraidh freastal ar léachtaí ar an láthair agus an gceapann siad go bhfuil siad úsáideach, agus ar an dara dul síos, cén chaoi ar féidir an taithí foghlama seo a fheabhsú dóibh? Pléifear an léacht hibrideach chomh maith, mar rogha eile atá ag mic léinn sa lá atá inniu ann. Is éard atá i gceist le léacht hibrideach sa staidéar seo ná léacht a ndéantar é a beoshruthú.

Cúlra

Tá díospóireacht fhorleathan déanta ar úsáid agus éifeachtacht na léachta i litríocht acadúil le blianta fada (Bligh, 2000; Friesen, 2014). Cé go gceistíonn roinnt staidéar luach na léachta mar thaithí teagaisc agus foghlama, cuireann cinn eile béim ar acmhainneacht dhearfach na léachtaí agus bealaí a aimsiú chun an taithí foghlama a chuireann léachtaí ar fáil a fheabhsú. Tá na staidéir seo go léir bunaithe ar an smaoineamh gur cineál spáis í an léacht inar féidir foghlaim fhiúntach a chothú. Tá coincheap an spáis coitianta i ndisciplíní amhail ailtireacht, tíreolaíocht agus fealsúnacht, ach cuireann Wong (2024) béim ar an tábhacht a bhaineann le spás a mheas i gcomhthéacs an Ardoideachais. Míníonn sé nach dtagraíonn spás do spásanna fisiciúla agus campais amháin, ach freisin do spásanna digiteacha, líonraí sóisialta agus cleachtais chultúrtha laistigh d'institiúidí Ardoideachais. Nuair a labhraítear faoin léacht mar spás, táthar, mar sin, ag smaoineamh ní hamháin ar an spás fisiciúil ina dtarlaíonn sé, ach freisin ar conas a oibríonn sé mar spás ina dtarlaíonn foghlaim agus idirghníomhú sóisialta.

Díospóireachtaí maidir le tairbhe na léachta

Cé go luaitear go minic gur buntáiste é nádúr costéifeachtach an teagaisc i ngrúpaí móra (Roberts 2019), ceistíonn staidéir amhaill ceann Wieman (2017), mar shampla, an gá atá le hallaí léachtaí sa chéad áit. Déantar cáineadh go minic ar an bhformáid teagaisc seo mar go gcruthaíonn sé mothúcháin dínasctha agus anaithnideachta i measc na mac léinn. Maíonn Bligh (2000) agus Wieman (2017) gur timpeallacht foghlama neamhéifeachtach í an léacht thraidisiúnta, a spreagann freagairt éighníomhach ó fhoghlaiméoirí. Dar le Bligh (2000), cé go bhfuil léachtaí éifeachtach chun eolas a scaipeadh, níl siad éifeachtach chun mic léinn a spreagadh chun smaoinimh. Léiríonn staidéir amhail ceann Lawrence (2019) go mothaíonn mic léinn go minic anaithnid i gcomhthéacsanna le grúpaí móra, rud is féidir a bheith ina chúis leis an dínascadh, easpa spreagtha agus tinreamh íseal. Feictear na saincheisteanna céanna seo i staidéir ar thuairimí teagascóirí a bhíonn ag streachailt le freastal ar riachtanais éagsúla

na mac léinn i ranganna móra (Bligh, 2000). Is féidir le nádúr neamhphearsanta na léachtaí móra cur isteach ar chumas teagascóirí mic léinn atá ag streachailt a aithint agus cabhrú leo. Is féidir leis an easpa idirghníomhaithe idir teagascóirí agus mic léinn a bheith mar chúis le baic rannpháirtíochta mar gur féidir le líon mór daoine sa rang cosc a chur ar rannpháirtíocht na mac léinn mar gheall ar eagla labhairt os comhair lucht féachana mhóir nó an tuairim nach bhfuil an méid atá le rá acu luachmhar (Meguid & Collins 2017). Is feiniméan é seo a mhéadaítear nuair a thugtar léachtaí sa sprioctheanga i modúil teanga iasachta.

Maítear freisin go dtugann léachtaí móra torthaí acadúla éagsúla. Molann Biggs & Tang (2003) agus Zimmerman (2002) araon go bhféadfadh teagasc grúpa mhóir a bheith níos oiriúnaí d'fhoghlaim neamhspleách, féinstiúrtha, agus go mbeadh deacrachtaí ag mic léinn nach mbeadh chomh spreagtha céanna. Go deimhin, is minic a fheictear gurb é méid an ranga an príomhbhac ar an bhfoghlaim. Tá nasc idir na deiseanna laghdaithe chun aiseolas agus idirghníomhú a chur ar fáil mar gheall ar mhéid an ranga agus feidhmíocht acadúil níos ísle (Hattie, 2008). Cé go bhfuil sé lasmuigh de scóip an staidéir seo scrúdú a dhéanamh ar an nasc idir feidhmíocht acadúil agus léachtaí móra, tá sé tábhachtach mar sin féin a admháil go bhfuil taighde ann a thugann le tuiscint gur féidir rang mór a cheangal le torthaí acadúla níos ísle.

Acmhainneacht dhearfach léachtaí ar an láthair

In ainneoin díospóireachtaí forleathana mar a phléitear thuas, áfach, maireann an léacht thraidisiúnta go fóill. Glacann go leor léachtóirí leis an ngá a bhaineann le léachtaí mar gheall ar líon mór mac léinn agus srianta airgeadais (Bligh, 2000). Mar sin féin, áitíonn Ashwin *et al.* (2020) gur féidir linn déanamh níos fearr trí mhachnamh a dhéanamh ar an acmhainneacht dhearfach atá ag na ranganna móra seo. Ní mór dúinn a mheas go dtairgeann siad cineál difriúil idirphlé agus foghlama, seachas foirm níos laige foghlama (McArthur & Huxham, 2013).

Le blianta beaga anuas, tá corpas suntasach taighde ar an bhfoghlaim mac léinn-lárnach a théann i ngleic le héighníomhaíocht na mac léinn trí bhealaí a aimsiú le mic léinn a bheith rannpháirteach go gníomhach ina bhfoghlaim, chomh maith le bealaí do mhúinteoirí próiseas foghlama níos fiúntaí a dheardh agus a chur chun cinn (Hoidn, 2017; Weimar, 2013; Wright, 2011). Thar aon rud eile, cuireann taighde ar an bhfoghlaim mac léinn-lárnach béim ar thábhacht ról na mac léinn maidir le cleachtas, curaclam, agus ábhar (Lee & Hannafin, 2016). Tá teicnící amhail teagasc piaraí, tascanna aonair agus grúpa sa rang, measúnú foirmitheach, tráthanna na gceist, foghlaim fadhb-bhunaithe, 'smaoinigh-péireáil-roinn', malairt foghlama agus córais freagartha lucht féachana mar bhunús le roinnt staidéar, a thugann le tuiscint gur féidir leo rannpháirtíocht mac léinn a mhéadú agus an taithí foghlama laistigh den léacht a fheabhsú. Mar shampla, tá ailt foilsithe ag an bhfisiceoir, Mazur, san oideachas eolaíochta ar theicnící chun mic léinn a spreagadh le linn léachtaí, ina measc úsáid teagasc piaraí agus clicirí (Mazur, 1997; 2009). Tá obair déanta ag Tormey & Henchy (2008) freisin

chun léachtaí a athshamhlú ag úsáid fiseáin ghearra ag tús an ranga chun smaointe a chur i láthair agus an chuid eile den am a chaitheamh ar thascanna aonair agus grúpa. Is minic a mholtar foirmeacha foghlama gníomhaí, cosúil le foghlaim bunaithe ar fhadhbanna agus ‘smaoinigh-péireáil-roinn’ mar bhealaí chun mic léinn a spreagadh le páirt ghníomhach a ghlacadh sa rang, agus ag an am céanna a dtuiscint ar shaincheisteanna níos casta a fheabhsú. Ina theannta sin, moladh malairt foghlama mar chur chuige. Is samhail oideolaíoch é seo ina dtugtar teagasc díreach lasmuigh den seomra ranga, rud a chiallaíonn go bhfuil níos mó ama ar fáil do phlé níos doimhne agus comhoibriú piaraí sa rang féin (Francl, 2014). Ina theannta sin, léiríonn Entwistle (2018) go soiléir go bhfuil tionchar domhain ag an measúnú ar na bealaí a dtéann mic léinn i ngleic lena bhfoghlaim agus moltar measúnú foirmitheach rialta i ngrúpaí móra mar bhealach éifeachtach chun rannpháirtíocht a chothú (Black & Wiliam, 1998). Mar sin féin, léiríonn Evans (2013) go gcaithfidh measúnú, bíodh sé foirmitheach nó suimitheach, mic léinn a spreagadh agus a chumasú chun dul i ngleic leis an bhfoghlaim, agus áitíonn Man Sze Lau (2016) go gcaithfidh an measúnú suimitheach agus foirmitheach a bheith nasctha lena chéile, agus leis an timpeallacht foghlama agus teagaisc iomlán. Ina theannta sin, áitíonn sí go gcaithfidh mic léinn a bheith rannpháirteach go gníomhach ina gcuid foghlama féin agus gurb é ról na n-oideachasóirí ná timpeallacht mar sin a chruthú leis an measúnú suimitheach agus foirmitheach araon ag imirt ról lárnach.

Tá na teicnící thuasluaite bunaithe ar úsáid uirlisí nó gníomhaíochtaí éagsúla chun idirghníomhaíocht a spreagadh laistigh den léacht, idir na mic léinn féin nó leis an léachtóir. Cuireann Ashwin *et al.* (2020, 161) béim ar an tslí ina dtacaíonn cuid mhór den smaointeoireacht chomhaimseartha i dteoiric oideachais leis an smaoinneamh gur gníomhaíocht shóisialta í an fhoghlaim, go dtarlaíonn na heispéiris foghlama is éifeachtaí trí idirghníomhú le daoine eile. Cé gur féidir a áitiú gur spás deacair í an léacht chun idirghníomhaíocht a spreagadh, is cinnte gur féidearthacht í, mar a léiríonn na staidéir thuas. Má bhíonn gníomh sóisialta bainteach leis an bhfoghlaim, is spás tábhachtach é an léacht, spás ina gcothaítear an idirghníomhaíocht, is spás sóisialta é. Cuireann Ludvigsen *et al.* (2019) béim ar an ngá seo le breathnú ar an léacht mar spás sóisialta, chun spásanna idirphlé a oscailt i léachtaí chun idirghníomhaíocht idir mic léinn féin agus léachtóirí a éascú.

Chun rannpháirtíocht mac léinn a éascú, a spreagadh agus chun timpeallachtaí foghlama a chruthú, ba cheart don seomra ranga a bheith ina spás sábháilte (William & Quaid, 2023). Go deimhin, tá aird nach beag léirithe ar an seomra ranga ollscoile mar ‘spás sábháilte’ don fhoghlaim i litríocht oideolaíoch le déanaí a mhaíonn go bhfuil ‘sábháilteacht’ riachtanach don fhoghlaim is fearr (Callan, 2016; Harless, 2018; Holley & Steiner, 2005; Russell & Jarvis, 2019). Cé go bhfuil sé deacair coincheap an ‘spáis shábháilte’ a shainmhíniú, míníonn Holley & Steiner (2005) go léiríonn seomra ranga sábháilte áit inar féidir le mic léinn iad féin a chur in iúl gan bhac, páirt a ghlacadh agus smaointe a roinnt. Tagann an smaoinneamh faoin léacht mar spás sóisialta agus spás sábháilte chun cinn go minic inár n-anailís.

Córais freagartha lucht féachana (ARS) agus Vevox

Is cur chuige teicneolaíoch eile iad córais freagartha lucht féachana nó clicirí, mar a thugtar orthu go coitianta, faoina maítear go gcuireann siad go mór le rannpháirtíocht na mac léinn i léachtaí móra. I dtosach, ba ghléasanna meicniúla simplí iad seo a dáileadh ar mhic léinn sa halla léachta, nó ar feadh tréimhse modúil, agus ní raibh siad in ann ach raon freagraí bunúsacha a chur ar fáil. Úsáideadh iad chun pobalbhreith nó vótáil agus ceisteanna simplí den chineál tá/níl a dhéanamh. Rinneadh forbairt orthu de réir a chéile le bheith comhtháite go fisiciúil i hallaí léachta áirithe, agus anois le teacht teicneolaíochtaí na bhfón cliste is féidir iad a úsáid go héasca chun ligean do mhic léinn aiseolas fíor-ama a thabhairt agus dul i ngleic leis an ábhar ar bhealach níos idirghníomhaí. Ciallaíonn sé seo freisin nach bhfuil costas i gceist chun ‘clicirí’ fisiciúla a cheannach, cé go gcaithfear an bogearra a cheannach fós. Tá raon cumais na gcóras freagartha lucht féachana nua-aimseartha leathnaithe go mór agus anois cuimsíonn sé i bhfad níos mó solúbthachta don teagascóir in ullmhú agus múineadh ranga.

Tá roinnt torthaí dearfacha maidir le húsáid na gcóras seo léirithe sa litríocht (Dean *et al.*, 2016; Mantai & Huber, 2021; Hunsu *et al.*, 2015; Kay & LeSage, 2009; Quinlan, 2019; Shapiro *et al.*, 2017). Tá sé seo úsáideach chun go leor de na gníomhaíochtaí foghlama a luadh níos luaithe a chur i bhfeidhm go háirithe, amhail an measúnú foirmitheach agus ‘smaoinigh-péireáil-roinn’ (Wood, 2020). Ligeann an t-aiseolas láithreach a fhaigheann an teagascóir do choigeartú deacrachta ranga bunaithe ar fheidhmíocht, is féidir le mic léinn ábhair imní a ardú nó ceisteanna faoi shaincheisteanna níos casta a chur go hanaithnid, is féidir na saincheisteanna seo a phlé tuilleadh agus mar sin tuiscint níos fearr a chur chun cinn. Léiríonn staidéir gur spreag úsáid ARS (Córais freagartha lucht féachana) rannpháirtíocht mac léinn, mar go raibh siad in ann páirt a ghlacadh gan eagla breithiúnais, gné atá cumasaithe ag anaithnideacht an chórais. Léiríodh freisin gur chuir an córas leis an spreagadh mar gur aistríodh mic léinn ó ról éighníomhach go ról gníomhach sa seomra ranga. Mar shampla, léiríonn Ashwin *et al.* (2020: 264) nuair a fhéachaimid, mar léachtóirí, timpeall ar amharclann léachta, go bhfeicimid go leor mac léinn atá gníomhach, ní hé sin le rá go bhfuil siad ag éisteacht leis an léachtóir. Déanann siad cur síos ar fhorleithne fóin phóca agus gléasanna eile mar rud a chruthaíonn saghas ‘crónán faoi thalamh gníomhaíochta’ le foirmeacha éagsúla malartaithe shóisialta agus idirphlé ag tarlú sa seomra. Is acmhainneacht é seo ar féidir í a úsáid trí ligean do mhic léinn páirt a ghlacadh ar bhealaí éagsúla ag baint úsáid as bogearraí amhail Vevox, atá ar fáil le blianta beaga anuas. Mar shampla, ceadaíonn córais vótála áirithe anaithnideacht i suíomhanna móra ach spreagann siad féinmhachnamh agus idirphlé le piaraí (Game & Metcalf, 2009; Mazur, 1997).

Go dtí le déanaí, bhí an costas ar cheann de phríomh-mhíbhuntáistí an chórais, ach tá sé seo imithe le teacht theicneolaíocht na bhfón cliste. Baineann an dara ceist le húsáid éifeachtach ARS, mar go dteastaíonn comhtháthú machnamhach sa léacht le bheith rathúil. Tá sé maoithe gur féidir leis a bheith am-íditheach do theagascóirí ceisteanna a dheardh a

spreagann smaointeoireacht chriticiúil, agus atá ailínithe le cuspóirí foghlama (Marty *et al.*, 2022). Cuireadh an méid seo san áireamh agus úsáideadh Vevox go cúramach sa staidéar seo, ag baint úsáid as ceisteanna a dhearadh chun mic léinn a spreagadh le machnamh criticiúil a dhéanamh ar ábhar an mhodúil (i mBlianta a Dó agus a Trí) nó chun dul i ngleic le gnéithe praiticiúla den fhoghlaim teanga (Bliain a hAon).


Cé go léiríonn an taighde na fadhbanna éagsúla a bhaineann le léachtaí agus a dteorainneacha mar thaithí foghlama, tá saibhreas taighde ann freisin, a fhéachann le hathshainiú a dhéanamh ar an léacht thraidisiúnta, le gníomhaíochtaí agus teicneolaíochtaí a úsáid, a chuireann rannpháirtíocht mac léinn chun cinn chun coincheap na léachta a leasú do churaclam nua-aimseartha. An féidir mar sin leis an léacht thraidisiúnta ról leanúnach a imirt san ardoideachas? Tá sé mar aidhm ag an staidéar seo fáil amach, ar an gcéad dul síos, an mian le mic léinn fós léachtaí a bheith mar chuid dá dtaithí foghlama san ardoideachas agus, ar an dara dul síos, cén chaoi, dar leo, ar féidir linn mar léachtóirí an taithí léachta a fheabhsú dóibh? Is é cleachtas inár n-ollscoil féin sa todhchaí a threorú aidhm an staidéir seo agus tá súil againn, freisin, go gcabhróidh foilsíú an ailt seo le cleachtais teagaisc in institiúidí Ardoideachais eile in Éirinn.

Ábhair agus Modhanna

Rinneadh an staidéar le linn na bliana acadúla 2023 agus sular tosaíodh an staidéar seo, lorgaíodh agus bronnadh cead ó Choiste Eitice Ollscoil na Gaillimhe. Níor tástáladh uirlisí taighde mar gur measadh go raibh na treoirlíní a leag an coiste amach soiléir go leor chun ligean dúinn staidéar comhleanúnach agus eiticiúil a dhéanamh. Cloíodh go docht le gach treoirlíne a leag an coiste amach le linn an staidéir.

Chomhlánaigh seachtó a seacht mac léinn fochéime sna Dána in Ollscoil na Gaillimhe a bhí ag foghlaim na Fraincise an ceistneoir. Bhí daichead is a haon de na rannpháirtithe seo sa Chéad Bhliain, fiche sa Dara Bliain agus sé déag sa Bhliain Deiridh (féach Graf 1). Ó tharla go raibh dhá chéad is a trí mac léinn ag staidéar na Fraincise ag an am, léiríonn na torthaí 38% den chohórt seo de mhic léinn sna Dána. Thairg trí mhac léinn déag páirt a ghlacadh sa ghrúpa fócais. Bhí taithí dhifriúil ag na mic léinn seo ar léachtaí. Ag brath ar an mbliain staidéir, bhí idir 50 agus 100 mac léinn sa seomra léachta. Ag brath ar an dara agus an tríú hábhar a bhí acu, bhí taithí ag cuid acu ar sheimineáir / ranganna teagaisc chomh maith. Den

chuid is mó, is léachtaí ar an láthair a bhí acu. Bhí taithí ag cuid de na mic léinn ar léachtaí hibrideacha, ach níor bhain eispéireas gníomhach leo siúd. Dhírigh na taighdeoirí ar an eispéireas a bhí ag mic léinn ar an léacht ar an láthair den chuid is mó.



Graf 1: An líon rannpháirtithe a chomhlánaigh an ceistneoir, agus an briseadh síos de réir bliana

Cur chuige modhanna measctha

Don staidéar seo, úsáideadh cur chuige modhanna measctha, ag meascadh ceistneoirí mac léinn le ceisteanna dúnta agus oscailte, mar aon le grúpa fócais chun sonraí a bhailiú agus a mheas. Measadh go gcuirfeadh an cur chuige seo ar ár gcumas sonraí treochtaí leathana a fháil maidir le todhchaí na léachta móire, ach freisin mionsonraí taighde cáilíochtúil chun tuairimí na mac léinn a scrúdú agus a dhearbú. Is é príomhbhuntaíste an mhodha seo ná tuiscint níos doimhne agus dearbhú fhreagraí na mac léinn a éascú (Johnson *et al.*, 2007), agus bailíocht na sonraí a bailíodh a mhéadú (Zohrabi, 2013). I gcur chuige modhanna measctha, is féidir leis an ualú a thugtar do chur chuige cainníochtúil agus cáilíochtúil athrú (Lund, 2012) agus sa staidéar seo, tá ualú níos láidre ag modhanna cáilíochtúla ná cainníochtúla chun an deis is mó a thabhairt do rannpháirtithe a gcuid tuairimí a mhíniú. Mar sin, táthar ag súil go dtugann ár n-anailís léargas cuimsitheach ar na smaointe a chuir na rannpháirtithe in iúl.

Rannpháirtithe

Is mic léinn sna Dána ón gCéad go dtí an Bhliain Deiridh atá ag staidéar na Fraincise le hábhair Dán eile atá sa chohórt mac léinn sa sampla staidéir seo. Roghnaíodh na mic léinn seo mar go raibh an bheirt phríomhthaighdeoirí ag múineadh na ngrúpaí seo agus mar sin bhí rochtain acu ar an gcohort. Ina theannta sin, d'úsáid an bheirt phríomhthaighdeoirí Vevox leo i rith na bliana acadúla. Tugadh cuireadh trí ríomhphost mar sin do gach mac léinn a bhí ag staidéar na Fraincise mar chuid dá gcéim sna Dána ceistneoirí anaithnide a chomhlánú tar éis an ranga agus páirt a ghlacadh i ngrúpa fócais 30 nóiméad ar bhonn deonach. Tugadh foirmeacha toilithe agus ráitis i dteanga shimplí do gach mac léinn a chomhlánaigh an ceistneoir, agus dáileadh foirmeacha toilithe agus ráitis teanga shimplí ar an gcaoi chéanna ar gach mac léinn a ghlac páirt sa ghrúpa fócais. Is i mBéarla a bhí na foirmeacha go léir agus i mBéarla a réachtáladh an grúpa fócais; mar sin, is aistriúcháin a rinneadh chun críche an ailt seo atá in aon aiseolas a phléitear anseo.

Bailiú Sonraí

Dearadh Cuid a hAon den cheistneoir chun eolas cúlra a bhailiú maidir le taithí na mac léinn ar an léacht grúpa mhóir. Iarradh orthu an fhormáid is fearr leo le haghaidh léachtaí a rangú ar scála óna haon go dtí a trí agus ansin iarradh orthu i gceist oscailte cúis a thabhairt leis an rogha seo. D'iarr Cuid a Dó den cheistneoir ar mhic léinn cur síos a dhéanamh ar a dtinreamh ar léachtaí ar an láthair ar scála rangaithe cúig phointe ó 0–29% go 90–100%. Tugadh cuireadh dóibh freisin aon chúiseanna a bhain le teagasc agus foghlaim a mhínigh a leibhéal tinrimh ar léachtaí ar an láthair a roinnt i gceist oscailte. Dhírigh Cuid a Trí ar an mbogearra Vevox, ag iarraidh orthu a léiriú ar scála Likert ceithre phointe ó 'gan a bheith cabhrach ar chor ar bith' go 'an-chabhrach' a mhéid a mhothaigh siad gur chuir/nár chuir an bogearra seo lena dtaithí ar léachtaí. D'iarr ceist oscailte a lean orthu a bhfreagra a mhíniú agus d'iarr ceist oscailte deiridh orthu an raibh gníomhaíochtaí/teicnící foghlama eile ann, a tháinig siad trasna orthu ina léachtaí, a mhothaigh siad, a chuir lena dtaithí. Thug cuid deiridh an cheistneora cuireadh do rannpháirtithe liosta a dhéanamh de na príomhbhuntaistí agus míbhuntaistí a mheas siad a bhain le léachtaí ar an láthair, agus d'fhiafraigh sí dóibh freisin an raibh siad den tuairim gur cheart don léacht ar an láthair leanúint ar aghaidh mar chuid den ardoideachas trí thic a chur le 'Tá', 'Ní' nó 'Níl mé cinnte' i gceist rogha seasta. Mar fhocal scoir, tugadh cuireadh do mhic léinn i gceist oscailte moltaí a thabhairt maidir le conas a d'fhéadfadh léachtóirí a dtaithí ar an léacht thraidisiúnta a fheabhsú.

Cé go raibh ceisteanna dúnta agus oscailte sa cheistneoir, an cleachtas is fearr, a mheastar, chun ligean do cheisteanna feidhmiú níos fearr le chéile (Zohrabi, 2013), ba cheisteanna oscailte iad formhór na gceisteanna a cuireadh. Cé gur féidir a rá go spreagann ceisteanna oscailte sonraí atá níos deacra a chainníochtú agus a anailísiú (Alderson & Scott, 1996), tá sé cinnte go léiríonn siad níos cruinne an méid atá le rá ag an bhfreagróir (Nunan, 1999) agus

cuireann Harland & Holey (2011) béim ar chumas na gceisteanna oscailte sraith bhreise sonraí níos saibhre a sholáthar. Ós rud é go bhfuil an staidéar seo bunaithe ar thaithí na mac léinn ar an léacht thraidisiúnta, theastaigh uainn gach deis a thabhairt dóibh a bpeirspictíochtaí féin a sholáthar seachas freagra a thabhairt ar shraith roghanna réamhchinntithe. Bhraitheamar go nochtadh an cur chuige seo gnéithe dá n-eispéireas foghlama nár clúdaíodh le roghanna seasta agus ligfeadh sé dúinn chomh maith réimsí spéise a aithint le hiniúchadh sa ghrúpa fócais.

Riaradh an ceistneoir i bhfoirm páipéir sa seomra léachta. Tugadh cuireadh do mhic léinn a bhí sásta páirt a ghlacadh sa staidéar fanacht ag deireadh a léachta chun an ceistneoir a chomhlánú. Níor leagadh aon teorainn ama ar chomhlánú an cheistneora, ach chaith formhór na mac léinn thart ar 15 nóiméad ag comhlánú a bhfreagraí. Tionóladh an grúpa fócais le linn seisiún 30 nóiméad le duine de phríomhthaighdeoirí an staidéir seo. Tugadh cuireadh do mhic léinn a dtuairimí a roinnt faoin léacht thraidisiúnta in agallamh grúpa leathstruchtúrtha. Roghnaíodh an fhormáid seo mar nach bhfuil an t-agallamh leathstruchtúrtha ródhocht ná ró-oscailte agus ligeann sé do shonraí ábhartha a fháil ó na hagallaithe (Zohrabi, 2013). Bhí sé mar aidhm ag an seisiún seo roinnt de na pointí a aithníodh i réamhanailís an cheistneora a iniúchadh níos doimhne agus roinnt de na torthaí tosaigh seo a dhearbhu. Ag tús an tseisiúin, tugadh cuireadh do mhic léinn labhairt go saor agus a bheith oscailte agus macánta. Níor cuireadh aon ceisteanna iolracha ná treoracha, chun mearbhall a sheachaint agus gan na hagallaithe a threorú (Merriam, 1998). Ina áit sin, iarradh ar an ngrúpa a dtuairimí a roinnt maidir lena dtaithí ar an léacht thraidisiúnta, conas a bhraith siad a d'fhéadfaí an t-eispéireas foghlama a fheabhsú agus ar bhraith siad gur chuid lárnach dá n-oideachas ollscoile í. De réir mar a ardaíodh pointí nó saincheisteanna éagsúla, tugadh cuireadh do mhic léinn forbairt a dhéanamh orthu. Ceapadh na ceisteanna go cúramach chun claontacht a sheachaint. D'fhorbair an plé ar bhealach nádúrtha agus neamhfhoirmiúil agus bhí an t-éascitheoir cúramach gan aon tuairim a nochtadh faoi na tráchtanna a rinneadh. Rinneadh taifeadadh fuaime ar an seisiún le toiliú na mac léinn.

Anailís Sonraí

Rinneadh anailís ar dtús ar na sonraí cainníochtúla ón gceistneoir chun an fhormáid is fearr leis na rannpháirtithe do léachtaí, leibhéal tinrimh ag léachtaí, a mhéid a bhraith siad gur chuir an bogearra Vevox feabhas ar a n-eispéireas agus ar bhraith siad gur cheart don léacht leanúint ar aghaidh mar chuid den ardoideachas a aithint. Úsáidtear céatadáin agus graif chun na sonraí ó na ceisteanna dúnta a chur i láthair. Rinneadh staidéar cúramach ansin ar na sonraí cáilíochtúla ó na ceisteanna oscailte sa cheistneoir agus ón ngrúpa fócais agus roinneadh iad ina gceithre rannóg sa chuid thíos bunaithe ar théamaí leathana a d'escair as an anailís. Cuirtear sonraí cáilíochtúla i láthair i bhformáid níos tuairisciúla, ag léiriú treochtaí i bhfreagraí rannpháirtithe agus ag úsáid samplaí ó na sonraí a gineadh.


Torthaí agus Plé

Tá na torthaí a chuirtear i láthair agus a phléitear thíos bunaithe ar sna sonraí cainníochtúla a bailíodh ón gceistneoir agus na sonraí cáilíochtúla a bailíodh ón gceistneoir agus ón ngrúpa fócais araon. Cuireann an chéad chuid na torthaí ó na sonraí cainníochtúla a bailíodh i láthair, agus déanann an dara cuid iniúchadh ar na torthaí ó na sonraí cáilíochtúla a ndearnadh anailís orthu.

Sonraí Cainníochtúla


Dearadh ceithre cheist sa cheistneoir chun sonraí cainníochtúla a fháil bunaithe ar cheithre phríomhghné sa staidéar.

Mar a léiríonn an tábla thíos, cuireann na torthaí an léacht ar an láthair chomh maith leis an léacht hibrideach chun tosaigh go mór mar an rogha is fearr leis na mic léinn. Ós rud é go bhfuil an léacht thraidisiúnta mar chuid den léacht hibrideach le rogha sruthaithe, is léir láithreach go bhfuil léachtaí ar an lathair an-tarraingteach i measc na mac léinn. Chomh maith leis sin, tá sé spéisiúil nár roghnaigh oiread agus mac léinn amháin an léacht ar líne.




Graf 2: An fhoirmáid is fearr le mic léinn le haghaidh léachtaí

In ainneoin go léiríonn siad tosaíocht do léachtaí hibrídeacha, taispeánann Graf 3 go raibhos cionn 77% de mhic léinn ag freastal ar níos mó ná 70% dá gcuid léachtaí ar an láthair.



Graf 3: Tinreamh ar léachtaí ar an láthair

Bhí na freagraí maidir le húsáid an bhogearra Vevox dearfach chomh maith, agus níor léirigh ach 1% de na mic léinn nár bhain siad tairbhe as.



Graf 4: Torthaí dearfacha maidir le húsáid an bhogearra Vevox

Ar deireadh, nuair a fiafraíodh de mhic léinn ar bhraith siad gur cheart don léacht thraidisiúnta leanúint ina cuid den ardoideachas, ba é ‘sea’ an freagra dearfach, agus 100% de na mic léinn ag ticéail an bhosca seo.

Mar sin, léiríonn na sonraí cainníochtúla a gineadh an léacht thraidisiúnta mar eispéireas a bhfuil luach ag mic léinn air agus léiríonn sé chomh maith go bhfuil tionchar dearfach ag bogearraí ar nós Vevox ar eispéireas foghlama na mac léinn. Déanann na sonraí cáilíochtúla a bailíodh tríd an gceistneoir agus an grúpa fócais araon scrúdú ar na cúiseanna is bunús le rogha na mac léinn maidir leis an léacht thraidisiúnta agus déanann sé iniúchadh níos doimhne ar conas is féidir an t-eispéireas foghlama seo a fheabhsú dóibh.

Sonraí Cáilíochtúla

Tá torthaí ó na sonraí cáilíochtúla roinnte sna ceithre rannóg seo a leanas bunaithe ar na téamaí leathana a d’eascair ón anailís: dearthaí dearfacha ar an léacht thraidisiúnta; gnéithe diúltacha den léacht thraidisiúnta; tionchar bhogearraí ar eispéireas foghlama na mac léinn; conas is féidir an t-eispéireas foghlama a fheabhsú sa todhchaí.

Dearthaí dearfacha ar an léacht thraidisiúnta: an léacht mar spás sóisialta

Chuir na chéad torthaí ó na sonraí cainníochtúla an léacht hibrídeach agus thraidisiúnta chun tosaigh go mór mar an rogha is fearr ag na mic léinn agus an léacht thraidisiúnta mar eispéireas ar mhian le mic léinn a choinneáil sa todhchaí. Nuair a rinneadh iniúchadh ar na cúiseanna leis an bhfreagra seo, tháinig dhá phríomhghné chun cinn; bhain an chéad cheann leis an léacht mar spás sóisialta, agus an dara ceann leis an léacht mar spás foghlama.

An léacht mar spás sóisialta

I gcuid deiridh an cheistneora, úsáideadh ceiseanna oscailte chun iarraidh ar mhic léinn liosta a dhéanamh de na buntáistí agus míbhuntáistí a bhraith siad a bhain le léachtaí ar an láthair.



Graf 5: Na príomhbhuntaistí a bhaineann le léachtaí aghaidh ar aghaidh

Maidir leis na buntáistí, bhain an buntáiste is minice a luadh leis an léacht mar spás sóisialta. Luaigh tríocha is ceathrar as seachtó is seachtar mac léinn a ndearnadh suirbhé orthu an deis a bheith lena bpiaraí agus comhrá a dhéanamh leo mar bhuntáiste leis an léacht thraidisiúnta. Measann 44% mar sin gurb é a bheith sa spás céanna lena bpiaraí an buntáiste is mó leis an léacht thraidisiúnta. Luaigh seacht mac léinn déag eile (22%) go sonrach an halla léachtaí mar spás chun cairde a dhéanamh agus aithne a chur ar a gcomhscoláirí, ag treisiú arís an smaoinimh faoin léacht mar áit teagmhála. Bhraith fiche mac léinn (26%) freisin gur thug an léacht deis dóibh caidreamh a fhorbairt lena léachtóir agus teagmháil a bheith acu leo. Is léir mar sin gur buntáistí suntasacha do mhic léinn iad na deiseanna a thugann an léacht thraidisiúnta ceangal le léachtóirí agus piaraí. Luaigh seisear mac léinn go raibh freastal ar léachtaí tábhachtach dá meabhairshláinte agus mhínigh triúr eile gur laghdaíodh ar a gcuid uaignis nuair a d'fhreastail siad ar léachtaí. Bhí an ghné shóisialta den léacht thraidisiúnta feiceálach freisin sa phlé sa ghrúpa fócais le go leor mac léinn ag cur síos ar an mothú pobail a bhraitheann siad nuair a shuíonn siad síos i léacht mhór lena bpiaraí, an deis a thug an léacht cairde a dhéanamh agus ábhar an mhodúil a phlé lena bpiaraí. Tagann an dearcadh seo salach ar na hargóintí atá déanta ag Lawrence (2019) agus Bligh (2000), a léiríonn léachtaí mar spásanna anaithnide le beagán idirghníomhaíochta. Is cosúil go gcuireann mic léinn luach ar pé idirghníomhaíocht a thugann an léacht mhór, mar a phléann Ashwin *et al.* (2020) a chuireann béim ar an bhfíric go dtacaíonn formhór den smaointeoireacht chomhaimseartha i dteoiric an oideachais leis an smaoinimh ar an bhfoghlaim mar ghníomhaíocht shóisialta. Is cosúil go bhfuil rannpháirtithe an staidéir seo ag baint tairbhe as leibhéal idirghníomhaíochta a gcuireann siad luach air, idir a bpiaraí agus lena léachtóirí le linn léachtaí.

An léacht mar spás foghlama

Nuair a iarradh ar mhic léinn i gCuid a hAon den cheistneoir an fhormáid léachtaí is fearr leo a mhíniú, i measc na ndaoine a luaigh an léacht thraidisiúnta mar a gcéad rogha, ba é an chúis is minice a tugadh ná an deacracht díriú i gceart ar léachtaí ar líne. Mhínigh mic léinn go raibh sé níos éasca a n-aird a chailliúint agus go raibh seans ní ba mhó a bheith ag brionglóideach ar rudaí eile le linn léachtaí ar líne. Luadh deacrachtaí teicniúla agus idirlín le linn léachtaí ar líne mar bhac ar an gcineál seo foghlama freisin. Ba iad na cúiseanna eile is minice a tugadh (ar scála aistritheach ón gcúis is coitianta go dtí an ceann is neamhchoitianta) ná go raibh léachtaí ar an láthair níos tarraingtí, níos éasca le leanúint agus gur thug siad taithí foghlama níos fearr, ag ligean do mhic léinn páirt a ghlacadh agus ceisteanna a chur go héasca. Cé gur aimsigh Meguid & Collins (2017) ina staidéar gur chuir an léacht mhór cosc ar rannpháirtíocht mac léinn, is cosúil nach bhfuil sé amhlaidh do gach mac léinn.

Aimsíodh an toradh céanna, nuair a iarradh ar mhic léinn cúiseanna a bhain le teagasc agus foghlaim a thabhairt, a mhínigh an leibhéal tinrimh a léiríodh; ba iad na príomhchúiseanna a tugadh le freastal ná ar dtús go ndúirt mic léinn go simplí gur fhoghlaim siad níos mó trí

fhreastal agus go raibh sé níos éasca coinneáil suas le hábhar an chúrsa. Chomh maith leis seo, luaigh roinnt mac léinn eagla go mbeadh siad fágtha ar lár nó go dtitfidh siad siar mar chúis le freastal agus dúirt beirt mhac léinn gur sna léachtaí bhí seans ann go dtabharfaí leideanna do scrúduithe.

Sa cheist oscailte i gcuid dheireanach an cheistneora, áit ar tugadh cuireadh do mhic léinn buntáistí na léachtaí a liostú, cé gur bhain an chéad tacar buntáistí a tugadh leis an léacht mar spás sóisialta, bhain an chéad tacar eile le buntáistí a luadh go coitianta leis an léacht mar spás foghlama. Thug ocht mac léinn is fiche (36%) faoi deara go raibh sé níos éasca aird a thabhairt agus fanacht dírithe le linn léachtaí, agus bhraith triúr mac léinn is fiche (30%) go raibh tuiscint níos fearr acu ar an ábhar trí fhreastal ar léacht thraidisiúnta. Fuair fiche mac léinn (26%) léachtaí níos tarraingtí agus luaigh ochtar eile go raibh níos lú rudaí ag cur isteach orthu i léacht. Ina theannta sin, liostaigh triúr mac léinn is tríocha (43%) an fhéidearthacht ceisteanna a chur agus freagra láithreach a fháil mar bhuntáiste. I measc na mbuntáistí eile a luaigh líon níos lú mac léinn bhí tábhacht an tinrimh léachta chun gnáthamh a choinneáil, an fhéidearthacht a thug léachtaí do léachtóirí an seomra a léamh agus luas agus leibhéal deacrachta a leasú más gá agus go raibh sé go deas a bheith ar an gcampas.

Léiríonn sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon dearcadh dearfach i measc mac léinn i leith léachtaí. Mar sin féin, nuair a dhéantar scrúdú ar na bunchúiseanna leis an dearcadh seo, is cosúil gurb í an phríomhghné dhearfach ná an léacht mar spás sóisialta chun ceangal le piaraí agus léachtóirí. Cé go luaitear an taithí dhearfach foghlama a thugann léachtaí freisin, tá an ghné seo tánaisteach i gcomparáid leis an ngné shóisialta a bhaineann le freastal ar léachtaí ar an láthair.

Na gnéithe diúltacha a bhaineann le léachtaí ar an láthair: easpa solúbthachta agus léachtaí ‘úsáideacha’ i gcomparáid le léachtaí ‘neamhúsáideacha’


Fuair an ceistneoir agus an grúpa fócais tuairimí na mac léinn faoi na míbhuntáistí a bhaineann le léachtaí ar an láthair. Is féidir torthaí ón gcuid seo den anailís a ghrúpáil go leathan i dtrí chatagóir: an easpa solúbthachta a bhaineann le léachtaí ar an láthair; deacracht le díriú isteach, agus ant-idirdhealú a rinne mic léinn idir léachtaí ‘úsáideacha’ agus ‘neamhúsáideacha’.

Easpa solúbthachta

Nuair a iarradh ar mhic léinn an cineál léachta ab fhearr leo a phiocadh, phioc beagnach gach mac léinn an léacht hibrideach. Cé gurbh fhearr leo an taithí aghaidh ar aghaidh, thug an léacht hibrideach solúbthacht luachmhar dóibh trí rogha a thabhairt dóibh freastal más rud é nach raibh siad in ann teacht go dtí an léacht fhísiciúil ar chúis éigin. Tugadh roinnt factóirí suimiúla mar chúiseanna nach mbeadh siad in ann freastal, cúiseanna a thugann léargas ar na dúshláin deacra atá os comhair go leor dár gcuid mac léinn in am seo na hiar-phaindéime. Luaigh go leor mac léinn an ghéarchéim tithíochta agus an deacracht áit chónaithe a aimsiú

mar chúis a raibh orthu turais fhada a dhéanamh go dtí an ollscoil. Mar sin, luadh an rogha freastal ar líne ar lá nuair nach raibh ach léacht nó dhó acu mar bhuntáiste leis an bhformáid hibrideach. I measc na bhfachtóirí eile a luadh, bhí dualgais teaghlaigh agus oibre, drochaimsir, córas iompair lag, míchumais mac léinn agus brú airgeadais. Dúirt beagnach gach mac léinn anseo gurb í an fhoghlaim aghaidh ar aghaidh ab fhearr leo, ach gur thug an cur chuige hibrideach solúbthacht dóibh.

Chomh maith leis seo, nuair a iarradh orthu sa cheist oscailte ag deireadh an cheistneora míbhuntáistí na léachtaí ar an láthair a liostáil, ba é an príomh-mhíbhuntáiste a luadh ná an deacracht freastal de bharr cúiseanna éagsúla agus mar thoradh air sin a bheith fágtha ar lár. Luaigh 42 mac léinn (55%) an deacracht seo.



Graf 6: Na príomh-mhíbhuntáistí a bhaineann le léachtaí traidisiúnta

Luadh réimse leathan cúiseanna mar fhachtóirí a chuir bac ar fhreastal ar léachtaí ar an láthair, lena n-áirítear tinneas, córas iompair lochtach, taisteal achair fhada (trí mhac léinn déag) agus inní. Luaigh 12% de na mic léinn deacrachtaí taistil freisin mar bhac ar a gcumas freastal ar léachtaí ar an láthair.

Is ceist thábhachtach do mhic léinn mar sin í neamhsolúbthacht na léachtaí ar an láthair. In ainneoin gur fearr leo an cur chuige seo, ní thagann sé gan bhaic.

Cur isteach agus díriú

Ba é an dara míbhuntáiste a luadh sa cheist oscailte ná go raibh sé éasca dul ar strae i léacht mhór, díriú agus aird a chailleadh (23%) go háirithe má bhí daoine eile ag caint. Cé gur luaigh 43% de na mic léinn an deis ceisteanna a chur mar bhuntáiste sa chuid roimhe seo, anseo dúirt 21% de na mic léinn go raibh sé deacair/imeaglach ceisteanna a chur i suíomh grúpa mhóir. I measc na míbhuntáistí eile a luadh dúradh go bhféadfadh léachtaí a bheith leadránach (10%) agus go bhfágann amchláir na mac léinn uaireanta go mbíonn barraíocht léachtaí le chéile acu, nó an iomarca bearnaí idir léachtaí (8%). Ina theannta sin, thug 9% de na mic léinn faoi deara go bhféadfadh léachtaí móra a bheith neamhphearsanta. Sa ghrúpa fócais, treisíodh go leor de na torthaí seo. Luaigh beagnach gach mac léinn go bhféadfadh léachtaí a bheith leadránach, go raibh sé deacair orthu díreach suí agus éisteacht ar feadh caoga nóiméad agus gur tharla sé gur chaill siad aird sa chás seo.

Léachtaí ‘úsáideacha’ i gcomparáid le léachtaí ‘neamhúsáideacha’

Nuair a iarradh orthu a bhfreagraí ar an gceist faoi thinreamh ar léachtaí a mhíniú, ba í an phríomhchúis a tugadh gan freastal ná go raibh léachtaí áirithe ann nach raibh siad ag freastal orthu mar nach raibh siad úsáideach, dar leo. Mar sin, ba chosúil go raibh siad ag déanamh idirdhealú idir ‘léachtaí úsáideacha’ agus ‘léachtaí neamhúsáideacha.’ Mar shampla, luaigh seisear mac léinn má bhí léachtóirí díreach ag léamh ó shleamhnáin, gur bhraith siad go raibh sé níos tairbhí an t-am a úsáid ag dul trí na sleamhnáin léachta a postáladh ar an TFF iad féin sa bhaile. Léirigh triúr mac léinn murar bhraith siad go raibh ábhar na léachta bainteach lena raibh ag teastáil uathu don scrúdú/measúnú, ní dheachaigh siad ann, agus dúirt beirt mhac léinn nach ndeachaigh siad ach chuig léachtaí nuair a bhí ‘gá le rudaí a mhíniú.’

Tháinig an t-idirdhealú idir léachtaí ‘úsáideacha’ agus ‘neamhúsáideacha’ chun cinn sa ghrúpa fócais freisin le roinnt mac léinn ag míniú má fuair siad amach go raibh léachtóirí i modúl ar leith ag léamh sleamhnán, nach ndeachaigh siad chucu agus go ndeachaigh siad trí na sleamhnáin iad féin sa bhaile. Léiríonn na tuairimí seo, is cosúil, go mbaineann ‘léacht úsáideach’ le taithí i bhfad níos tarraingtí ná sleamhnáin a bheith á léamh, go bhfuil gné den mhíniú tábhachtach mar atá ábhar na léachta le haghaidh mheasúnú an mhodúil. Treisíonn na tuairimí seo argóint Bligh (2000) agus Wieman (2017) go bhfuil an léacht thraidisiúnta, a spreagann éighníomhach ó fhoghlaimoírí, ina timpeallacht foghlama neamhéifeachtach.

Vevox: ag feabhsú rannpháirtíochta agus idirghníomhaíochta

Dearadh cuid a trí den cheistneoir chun meastóireacht a dhéanamh ar thaithí na mac léinn ar Vevox a úsáid sa léacht thraidisiúnta. Úsáideadh Vevox chun tuairimí na mac léinn a fháil ar réimse leathan ceisteanna. Ba í an príomhsprioc a bhain leis ná idirghníomhú i measc na mac léinn a spreagadh. Léirigh sonraí cainníochtúla freagra dearfach láithreach ar úsáid na huirlise seo.

Nuair a iarradh orthu a bhfreagra a mhíniú, leag mic léinn béim ar fhachtóirí luachmhara maidir le conas a oibríonn an uirlis seo chun rannpháirtíocht agus idirghníomhaíocht a spreagadh ar bhealach ar leith laistigh den léacht. Dúirt ceithre mhac léinn déag freisin gur lig Vevox dóibh cur leis an rang gan labhairt os ard, agus chuir trí mhac léinn déag béim ar an gcaoi a n-éascaíonn Vevox idirghníomhaíocht laistigh den rang agus a gcruthaíonn sé comhráite i measc na mac léinn. Léirigh trí mhac léinn déag eile gur lig Vevox dóibh tuairimí agus smaointe daoine eile a fheiceáil. Mar sin, is cosúil gurb é an buntáiste is mó a bhraitheann mic léinn ná an ról a imríonn Vevox i gcruthú spáis inar féidir smaointe agus tuairimí a roinnt ar bhealach sábháilte, agus inar féidir le mic léinn idirghníomhú le hábhar léachta agus lena chéile mar a thuairiscigh Kay & LeSage (2009). Is cosúil gurb é an buntáiste eile ná go ndéanann Vevox léachtaí níos tarraingtí (cúig mhac léinn déag) mar a d'áitigh Hunsu *et al.* (2015) agus freisin go mbriseann sé suas an léacht (aon mhac léinn déag). Ar an nóta seo, rinne cúigear mac léinn cur síos ar Vevox mar rud 'spráiuil' agus luaigh beirt eile go ndearna sé an léacht 'níos spéisiúla'. Is suimiúil go mbaineann na príomhchúiseanna a tugadh maidir le conas a fheabhsaíonn an uirlis seo taithí an mhic léinn ar an léacht leis an spás sóisialta laistigh den léacht le chéile agus a chumas leadrán léachta mar thaithí foghlama a bhriseadh. Pléann Quinlan (2019), Dean *et al.* (2016), Mantai & Huber (2021) agus Voelkel & Bennett (2014) go léir an fachtóir seo tuilleadh. Níor luaigh ach ceathrar mac léinn gur fheabhsaigh Vevox a gcuid foghlama, agus chuir beirt leis go raibh sé cabhrach don tuiscint. Mhínigh triúr mac léinn cé nár chabhraigh Vevox leis an bhfoghlaim, gur chruthaigh sé atmaisféar deas laistigh den rang. Mar sin, ó dhearcadh na mac léinn, ní luíonn luach Vevox lena chumas foghlaim nó tuiscint a fheabhsú, ach ina áit sin ina chumas rannpháirtíocht, idirghníomhaíocht, agus malartú smaointe a fheabhsú. Mar sin, b'fhéidir nach bhfuil aidhm Vevox riachtanach chun sealbhú agus tuiscint ábhar léachta a fheabhsú ach chun an timpeallacht shóisialta ina dtarlaíonn an fhoghlaim a fheabhsú.

Conas is féidir an taithí a fheabhsú?: timpeallacht shóisialta shábháilte

I gCuid a Dó den cheistneoir, tugadh cuireadh do mhic léinn aon ghníomhaíochtaí nó teicnící foghlama eile ar tháinig siad trasna orthu ina léachtaí a roinnt, a bhraith siad a d'fheabhsaigh a dtaithí. Anseo bhí muid ag iarraidh na teicnící, teicneolaíochtaí agus gníomhaíochtaí a aithint a bhraitheann mic léinn gur féidir leo cabhrú. An rud a tháinig chun cinn ón gceist seo ná mian ollmhór i measc na mac léinn le haghaidh idirghníomhaíocht le daoine eile le linn léachtaí. Luaigh dhá mhac léinn is fiche plé i ngrúpaí beaga, liostaigh seacht mac léinn déag obair ghrúpa agus labhair sé mhac léinn is fiche oibriú i mbeirteanna. D'fhorbair roinnt mac léinn é seo tuilleadh trína rá gur lig na gníomhaíochtaí seo dóibh smaointe daoine eile a chloisteáil, agus freisin bualadh le daoine agus cairde, fachtóirí a chuireann an fhoghlaim i láthair dúinn arís mar spás, nach mbaineann léacht leis an bhfoghlaim amháin, ach freisin le bheith le daoine agus idirghníomhú leo. I measc na nithe eile a luadh bhí tráthanna na gceist,

Padlet, pobalbhreitheanna, suirbhéanna, ransú smaointe agus malairt foghlama ach luadh na nithe seo i bhfad níos lú ná obair ghrúpa agus obair i mbeirteanna. Is cosúil go dtugann na torthaí seo, i gcomhar leis na freagraí ar na ceisteanna faoi Vevox le tuiscint gurb é an rud is mó a theastaíonn ó mhic léinn le linn léachtaí ná a bheith in ann idirghníomhú le hábhar na léachta agus lena chéile, ar bhealach sábháilte agus neamhbhagarthach, mar atá pléite ag McArthur & Huxham (2013: 99) a mholann go dtugann léachtaí réimse taithí foghlama do mhic léinn ar bhealach sábháilte agus inrochtana. B'fhéidir gur féidir le Vevox agus córais ARS eile a bheith ina n-uirlisí luachmhara agus sábháilte do mhic léinn é seo a dhéanamh. Sa ghrúpa fócais, dhearbhaigh roinnt mac léinn nár thaitin sé leo a bheith curtha ar an spota trí cheisteanna a chur orthu. Mar sin, is cosúil go soláthraíonn Vevox bealach dóibh páirt a ghlacadh go sábháilte mar léiríonn torthaí ón gceistneoir agus ón ngrúpa fócais go bhfuil mic léinn ag iarraidh smaointe a roinnt, aithne a chur ar a gcomhscóláirí agus tuairimí agus smaointe a bpiaraí a fheiceáil. Treisíonn na torthaí seo an smaoineamh ar an bhfoghlaim mar ghníomhaíocht shóisialta agus an gá atá leis an seomra ranga a bheith ina 'spás sábháilte' chun an fhoghlaim is fearr a éascú.

D'iarr an cheist dheireanach sa cheistneoir moltaí faoi conas a d'fhéadfadh léachtóirí a dtaithí ar an léacht thraidisiúnta a fheabhsú. Níor fhreagair ach 58% de na mic léinn an cheist seo. Ba iad na moltaí ba mhinice a tháinig chun cinn (agus a cuireadh i láthair ar scála aistritheach ón gcúis is coitianta go dtí an ceann is neamhchoitianta) ná níos mó gníomhaíochtaí grúpa a thabhairt isteach, Vevox agus bogearraí pobalbhreithe eile a úsáid níos minice, níos mó gníomhaíochtaí idirghníomhacha a úsáid agus níos mó idirghníomhaíochta a dhéanamh leis na mic léinn. I measc na moltaí eile a luadh bhí níos mó cluichí a úsáid, gníomhaíochtaí spráíúla, gan léamh ó shleamhnáin, agus ainmneacha na mac léinn a úsáid níos minice.

Ar an gcaoi chéanna, ag deireadh an ghrúpa fócais, tugadh cuireadh do mhic léinn moltaí a thabhairt faoi conas an taithí léachta a fheabhsú. Mar ghrúpa, mheas siad gurbh é an ghné ba thábhachtaí ná an léacht a bhriseadh suas, an leadrán éisteachta a bhriseadh suas, gné a léirigh Price (2022). Mhol siad gníomhaíochtaí ar nós pobalbhreitheanna, ceistneoirí gearra, plé. Mar sin féin, d'aontaigh siad go léir go raibh sé tábhachtach gan daoine a chur ar an spota, bealaí a aimsiú chun mic léinn a mhealladh gan é a bheith imeaglach, rud a dearbhaíodh arís in Wood (2020). Tá litríocht ann faoi conas is féidir le clicirí inní sa seomra ranga a laghdú (Stowell & Nelson, 2007; Aljaloud *et al.*, 2019; Barr, 2017; Florenthal, 2018) agus tugann ár dtorthaí le tuiscint go bhfuil laghdú ar inní agus timpeallacht shóisialta shábháilte a chruthú ríthábhachtach agus muid ag smaoineamh ar an léacht thraidisiúnta na todhchaí.

Conclúid

Cé go bhfuil léachtaí ina ngné sheanbhunaithe de thraidisiún na hollscoile, tá ceist ardaithe faoi thairbhe na léachta ar an láthair le blianta beaga anuas. Dearbhaíonn an staidéar seo áit na léachta ar an láthair san ardoideachas mar léiríonn na torthaí go bhfuil ardmheas ag na mic léinn a ghlac páirt sa taighde seo ar léachtaí (idir léachtaí ar an láthair agus léachtaí hibrideacha), agus go dteastaíonn uathu iad a fheiceáil ina bpríomhghné i dtírdhreach an ardoideachais sa todhchaí. Ó dhearcadh na mac léinn, tá luach na léachta go príomha sna deiseanna a thugann sí mar spás sóisialta: an deis a thugann sé do mhic léinn a bheith lena bpiaraí, comhrá a dhéanamh leo, cairde a dhéanamh, aithne a chur ar a gcomhscóláirí agus caidreamh a fhorbairt lena léachtóirí. Dearbhaíonn an staidéar coincheap na foghlama mar eispéireas sóisialta agus léiríonn sé chomh maith go gcaithfidh taighde amach anseo díriú ar an bpríomhghné seo den taithí léachta.

Athshocraíonn an staidéar, mar sin, luach na léachta ar an láthair san ardoideachas ó dhearcadh na mac léinn, agus comhdhlúthaíonn sé taighde a léiríonn acmhainneacht dhearfach na léachtaí agus an gá le dul i ngleic le héighníomhaíocht na mac léinn. Mar sin féin, tugann sé an taighde seo céim amháin níos faide trí scagadh a dhéanamh ar an gcineál léachta atá ag teastáil ó mhic léinn. Léiríonn na torthaí gur léirigh mic léinn mianach láidir a bheith in ann idirghníomhú laistigh den léacht mhór, páirt a ghlacadh agus smaointe agus tuairimí a chéile a chloisteáil, ach ar bhealach ‘sábháilte’, ag baint úsáid as teicneolaíochtaí agus gníomhaíochtaí a lig dóibh a dtuairimí agus a smaointe féin a roinnt go compordach, ach a chuir ar a gcumas freisin tuairimí agus smaointe a bpiaraí a chloisteáil.

Ní mór do thaighde amach anseo níos mó teicnící a fhiosrú chun an t-idirghníomhú sóisialta sábháilte a theastaíonn uathu a sholáthar do mhic léinn laistigh de léachtaí. Cé go dtugann an staidéar chun suntais an acmhainneacht a thugann uirlisí cosúil le Vevox chun cur le forbairt an spáis shóisialta idirghníomhaigh shábháilte seo laistigh den léacht, ní hé sin an t-aon mheicníocht lenar féidir é seo a dhéanamh. Mar a léiríodh sa chéad abairt den alt seo, tá léachtaí mar chuid de thraidisiún na hollscoile le breis agus ocht gcéad bliain. Más féidir linn an léacht a mhúnlú ina háit shóisialta shábháilte ach bhríomhar, níl aon chúis nach féidir a n-úsáid leanúint go ceann ocht gcéad bliain eile.

Tagairtí

- Alderson, J.C. & Scott, M. (1996) 'Insiders, outsiders and participatory evaluation.' J.C. Alderson & A. Beretta (eds.). *Evaluating second language education*. Cambridge: CUP: 25–60.
- Aljaloud, A. S., Gromik, N., Kwan, P., & Billingsley, W. (2019) 'Saudi undergraduate students' perceptions of the use of smartphone clicker apps on learning performance.' *Australasian Journal of Educational Technology* 35(1). 85–99.
- Ashwin, P., Boud, D., Calkins, S. Coate, K., Hallett, F., Light, G., Lockett, K., MacLaren, I., Mårtensson, K., McArthur, J., McCune, V., McLean, M. and Tooher, M. (eds.) (2020) *Reflective Teaching in Higher Education*. London; New York; Oxford; New Delhi; Sydney: Bloomsbury Academic.
- Barr, M.L. (2017) 'Encouraging college student active engagement in learning: Student response methods and anonymity.' *Journal of Computer Assisted Learning* 33(6). 621–32.
- Biggs, J. & Tang, C. (2003) *Teaching for Quality Learning at University*. Maidenhead: McGraw-Hill Education.
- Black, P., & Wiliam, D. (1998) 'Assessment and classroom learning.' *Assessment in Education: principles, policy & practice* 5(1). 7–74.
- Bligh, D. (2000) *What's the Use of Lectures?* Bristol: Intellect Books.
- Callan, E. (2016) 'Education in safe and unsafe spaces.' *Philosophical Inquiry in Education* 24(1). 64–78.
- Dean, T., Lee-Post, A., & Hapke, H. (2017) 'Universal design for learning in teaching large lecture classes.' *Journal of Marketing Education* 39(1). 5–16.
- Entwhistle, N. (2018) *Student Learning and Academic Understanding: A Research Perspective with Implications for Teaching*. London: Academic Press.
- Evans, D.J.R. (2022) 'Has pedagogy, technology, and Covid-19 killed the face-to-face lecture?' *Anatomical Sciences Education* 15(6). 1145–51.
- Evans, C. (2013) 'Making sense of assessment feedback in Higher Education.' *Review of Educational Research* 83. 70–120.

- Florenthal, B. (2018) 'Student perceptions of and satisfaction with mobile polling technology: An exploratory study.' *Journal for Advancement of Marketing Education* 26(2). 44–57.
- Freeman, S., Eddy, S. L., McDonough, M., Smith, M. K., Okoroafor, N., Jordt, H., & Wenderoth, M. P. (2010) 'Active learning increases student performance in science, engineering, and mathematics.' *Proceedings of the national academy of sciences* 111(23). 8410–15.
- Francl, T.J. (2014) 'Is flipped learning appropriate.' *Journal of Research in Innovative Teaching* 71. 119– 28.
- Friesen, N. (2014) 'A brief history of the lecture: a multi-media analysis.' *Educational Media Ecologies*: 135–53.
- Game, A. & Metcalfe, A. (2009) 'Dialogue and team teaching.' *Higher Education Research and Development* 28. 45–57.
- Harland, N. & Holeyk, E. (2011) 'Including open-ended questions in quantitative questionnaires – theory and practice.' *International Journal of Therapy and Rehabilitation* 18(9). 482–6.
- Harless, J. (2018) 'Safe space in the college classroom: contact, dignity and a kind of publicness.' *Ethics and Education* 13(3). 329–45.
- Hattie, J. (2008) *Visible learning: A synthesis of over 800 meta-analyses relating to achievement*. Routledge.
- Hoidn, S. (2017) *Student-Centered Learning Environments in Higher Education Classrooms*. New York: Palgrave Macmillan.
- Holley, L.C. & Steiner, S. (2005) 'Safe space: student perspectives on classroom environment.' *Journal of Social Work Education* 1. 49–64.
- Hunsu, N. J., Adesope, O., & Bayly, D.J. (2021) 'A meta-analysis of the effects of audience response systems (clicker-based technologies) on cognition and affect.' *Computers & Education* 94. 102–19.
- Johnson, R.B., Onwuegbuzie, A.J. and Turner, L.A. 2007. 'Toward a definition of mixed methods research.' *Journal of Mixed Methods Research* 1. 112–33.

- Lawrence, J. E. 2019. 'Teaching large classes: Engaging students through active learning practice and interactive lecture.' *International Journal of Teacher Education and Professional Development (IJTEPD)* 2(1). 66–80.
- Lee, E., and Hannafin, M.J. 2016. 'A design framework for enhancing engagement in student-centered learning: Own it, learn it, and share it.' *Educational Technology Research and Development* 64(4). 707–34.
- Ludvigsen, K., Nessb, I.J., Timmisc, S. (2019) 'Writing on the wall: How the use of technology can open dialogical spaces in lectures.' *Thinking Skills and Creativity*. 34. 1–18.
- Lund, T. (2012) 'Combining Qualitative and Quantitative Approaches: Some Arguments for Mixed Methods Research.' *Scandinavian Journal of Educational Research*, 56(2). 155–65.
- Man Sze Lau, A. 2016 'Formative good, summative bad?' – A review of the dichotomy in assessment literature.' *Journal of Further and Higher Education*, 40(4). 509–25.
- Mantai, L., & Huber, E. (2021) 'Networked teaching: Overcoming the barriers to teaching experiential learning in large classes.' *Journal of Management Education* 45(5). 715–38.
- Marty, M., Joniot, S., Pomar, P., Bailleul-Forestier, I. & Monsarrat, P. (2022) 'Perception of smartphone use as clicker in lectures: a student-teacher perspective.' *Technology, Pedagogy and Education*, 31(1). 35–44.
- Mazur, E. (1997) *Peer Instruction: A User's Manual*. Englewood Cliffs, CA: Prentice Hall.
- Mazur, E. (2009) 'Farewell lecture.' *Science* 323. 50–1.
- McArthur, J. & Huxham, M. (2013) 'Feedback unbound: From master to usher.' Merry, S., Carless, D., Price, M. & Tara, M. (eds). *Reconceptualising Feedback in Higher Education*. London: Routledge.
- Meguid, E.A. & Collins, M. (2017) 'Students' perceptions of lecturing approaches: traditional versus interactive teaching.' *Advances in Medical Education and Practice*. 229–41.
- Merriam, S.B. (1998) *Qualitative Research and Case Study Applications in Education*. San Francisco: Jossey-Bass.
- Ní Uigín, D., & Ó Cofaigh, É. (2021) 'Blending learning – from niche to norm.' *Irish Educational Studies*, 40(2). 227–33.

- Nunan, D. (1999) *Research methods in language learning*. Eighth printing. Cambridge: CUP.
- Price, T.J. (2022) 'Real-time polling to help corral university-learners' wandering minds.' *Journal of Research in Innovative Teaching & Learning* 15 (1). 98–109.
- Pritchard, D. (2010) 'Where learning starts? A framework for thinking about lectures in university mathematics.' *International Journal of Mathematical Education in Science and Technology* 41. 609–23.
- Quinlan, K.M. (2019) 'What triggers students' interest during higher education lectures? Personal and situational variables associated with situational interest.' *Studies in Higher Education* 44(10). 1781–92.
- Roberts, D. (2019). 'Higher education lectures: from passive to active learning via imagery?' *Active Learning in Higher Education* 20 (1). 63–77.
- Robson, L., Gardner, B. & Dommett E.J. (2022) 'The post-pandemic lecture: views from academic staff across the UK.' *Education Sciences* 12. 123.
- Russell, L. & Jarvis, C. (2019) 'Student withdrawal, retention and their sense of belonging: their experience in their words.' *Research in Educational Administration and Leadership* 4(3). 494–525.
- Shapiro, A. M., Sims-Knight, J., O'Rielly, G. V., Capaldo, P., Pedlow, T., Gordon, L., & Monteiro, K. (2017) 'Clickers can promote fact retention but impede conceptual understanding: The effect of the interaction between clicker use and pedagogy on learning.' *Computers & Education* 111. 44–59.
- Stowell, J.R. & Nelson, J.M. (2007) 'Benefits of electronic audience response systems on student participation, learning, and emotion.' *Teaching of psychology* 34(4). 253-258.
- Thesen, L. (2009) 'Researching ideological becoming in lectures: Challenges for knowing differently.' *Studies in Higher Education* 34. 391–402.
- Tormey, R. & Henchy, D. (2008) 'Re-imagining the traditional lecture: An action research approach to teaching student teachers to do philosophy.' *Teaching in Higher Education* 13. 303–14.

- Twigg, CA. (1999) *Improving Learning and Reducing Cost: Redesigning Large-Enrollment Courses*. 1st Ed. New York: Center for Academic Transformation, Rensselaer Polytechnic Institute.
- Uekusa, S. (2023) 'Reflections on post-pandemic university teaching, the corresponding digitalisation of education and the lecture attendance crisis.' *New Zealand Geographer*, 79(1). 33–8.
- Voelkel, S. & Bennett, D. (2014) 'New uses for a familiar technology: introducing mobile phone polling in large classes.' *Innovations in Education and Teaching International*, 51(1). 46–58.
- Weimar, M. (2013) *Learner-Centered Teaching: Five Key Changes to Practice*. 2nd Ed. San Francisco: Jossey-Bass.
- Wieman, C. (2017) *Improving How Universities Teach Science: Lessons from the Science Education Initiative*. Harvard, CT: Harvard University Press.
- Wong, B. (2024) 'Exploring the spatial belonging of students in higher education.' *Studies in Higher Education*, 49 (3). 546–48.
- Wood, A. (2020) 'Utilizing technology-enhanced learning in geography: testing student response systems in large lectures.' *Journal of Geography in Higher Education*, 44 (1). 160–70.
- Wright, G.B. (2011) 'Student-centered learning in higher education.' *International journal of Teaching and Learning in Higher Education*, 23(1). 92–7.
- Wyatt, P. (2023) 'Encouraging student attendance and engagement in lectures and workshops in the pre- and post-Covid world.' *CHIMIA* 77(10). 663–7.
- Zimmerman, B.J. (2002) 'Becoming a self-regulated learner: An overview.' *Theory into practice*, 41(2). 64–70.
- Zohrabi, M. (2013) 'Mixed method research: instruments, validity, reliability and reporting findings.' *Theory and Practice in Language Studies* 3(2). 254–62.



An grúpa amharclainne na Fánaithe agus a bhfuil le foghlaim óna gcartlann faoin drámaíocht a bhain leo

Aodh Ó Coileáin

<https://doi.org/10.13025/29622>



(Cuireadh leagan den pháipéar seo i láthair ag comhdháil
CARTLANN – ‘Gníomhaíochas, an Ghaeilge agus
na Meáin’ in Ollscoil na Gaillimhe ar 13 Aibreán,
2024. An tÚdarás um Ard-Oideachas, faoin gClár
Taighde Thuaidh-Theas, a mhaoinigh CARTLANN.)



**Figiúr 1: Aodh Ó Coileáin i mbun puipéadóireachta
ag Expo '92 in Sevilla, Lúnasa 1992**

Tá tuairisc anseo ar chartlann a bhaineann leis an ngrúpa amharclainne Na Fánaithe (1987–1993). Cuimsíonn an chartlann foinsí éagsúla: cuimhní pearsanta, gearrthóga ó nuachtáin éagsúla, ábhar clóite eile, clár faisnéise agus píosaí físe. Áitítear go dtugann cartlann na bhFánaithe léargas áirithe ar an amharclannaíocht, ar chúrsaí gníomhaíochais agus ar an luach oidhreachta agus staire a bhaineann le hábhar na cartlainne áirithe seo. Cíortar chomh maith cuid de na deiseanna a sholáthraíonn teicneolaíochtaí digiteacha don chartlannaíocht.

Ba in 1938 a foilsíodh den gcéad uair an leabhar *Cladaí Chonamara*. Bhí an t-údar Séamus Mac an Iomaire ó Mhaínis, Carna, Conamara ar fhleasc a dhroma leis an eitinn, in ospidéal i Nua-Eabhrac nuair a chuir sé an lámhscríbhinn i dtoll a chéile. Cur síos atá sa leabhar ar iascáin trá, iasc farraige agus plandaí farraige a cheantair dhúchais féin i gConamara agus ar chúrsaí bádóireachta agus iascaireachta mar a bhí siad le linn dó a bheith ag éirí aníos. Bhí cartlannaíocht ar leith ar bun ag Séamus. Is mar seo a chuireann sé síos ar an bpróiseas a bhain le teacht ar an eolas, trína óige a thabhairt chun cuimhne:

Bhí orm a ghabháil siar sna blianta go dtí an t-am a raibh mé deich mbliana nó mar sin; is ea, ansin bhí mé mar a bheinn ag féachaint isteach i scáthán le súile m'intinne. Bhreac mé síos, ansin, chomh mionchruinn is ab fhéidir liom na pictiúir ab fhacthas dom a chonaic mé sa ngloine sin. Is minic a bhínn chomh domhain ar chosán na smaointí mianúla sin is go ndéanfainn dearmad glan go raibh mé i dtír choimhthíoch i mo luí ar shlat mo dhroma leis an eitinn. (Mac an Iomaire, 1985: viii)

Is sampla de chartlann phearsanta an duine atá anseo. D'éirigh leis an údar a chuid smaointe a bhailiú ar bhealach físiúil agus ansin iad a bhreacadh ar phár. Bhíodh sé, mar a deir sé féin: ‘...ag féachaint isteach i scáthán le súile a intinne agus cuntas a scríobh ar na pictiúir a chonaic sé ansan istigh’.

Eascraíonn an cuntas thíos faoi chúrsaí cartlannaíochta as caint a thug mé ag comhdháil in Ollscoil na Gaillimhe, *Gníomhaíochas, an Ghaeilge agus na Meáin*, i mí Aibreáin 2024. Tá an cur síos bunaithe ar ábhar cartlainne ar leith a théann siar chomh fada le 1987 agus atá coinnithe slán, a bhuíochas do dhuine aonair. Cuimsíonn an chartlann sin agus le mo chuimhní pearsanta, an amharclannaíocht, an gníomhaíochas, na meáin, an Ghaeilge agus ról na cartlannaíochta i solas a chaitheamh ar na nithe seo ar fad a thit amach beagnach dhá fhichead bliain ó shin. Léirigh Scothógfise (ainm corpraithe na cuideachta nach ann di níos mó), comhlacht léiriúcháin teilifíse de mo chuid, clár faisnéise faoi na Fánaithe a chraol RTÉ i mí Lúnasa 1993.

Baineann an t-ábhar cartlainne leis an ngrúpa amharclainne Na Fánaithe (1987–1993), a d'eascair as Cumann Drámaíochta Ollscoil na Gaillimhe. Baineann sé freisin leis an mbealach ar féidir an chartlann a úsáid chun obair gníomhaíochais agus tionchar an chompántais a mheas. Tríd an gcartlannaíocht seo cruthaítear naisc idir an amharclannaíocht Ghaeilge agus

sochaí chomhaimseartha na hÉireann. Déantar an cás do bhealaí áirithe ina bhféadfaí, le cúnaimh teicneolaíochtaí digiteacha, réimse luachmhar acmhainní a chur ar fáil don phobal, acmhainní ar féidir teacht orthu ag am ar bith in áit ar bith.

Ba chomhaimsirigh iad Séamas Mac an Iomaire a rugadh i gConamara in 1891 agus an scríbhneoir Spáinneach Federico García Lorca a saolaíodh san Andalúis sa bhliain 1898. Ar ndóigh, mhair fear Mháinse go dtí go raibh sé bliana déag is trí fichead slán aige, dúnmharaíodh Lorca in 1936 agus gan é ach ocht mbliana déag ar fhichead.

Bhí baint ag na Fánaithe le cuid de shaothar drámaíochta Lorca agus thug an grúpa cuairt ar an Andalúis sa Spáinn in 1992. Ar ndóigh, cuireann cartlann ar bith ar ár gcumas filleadh ar thréimhse agus ar eachtraí atá faoi cheilt in imeacht na mblianta.

An Drámaíocht san Ollscoil

Tháinig mé go dtí an Ollscoil mar mhac léinn i bhfómhar na bliana 1986 nuair ba Choláiste na hOllscoile, Gaillimh nó UCG a bhíodh mar ainm air. Bhí an Cumann Éigse is Seanchais láidir ag an am agus díospóireacht gach oíche Dé Máirt. Má bhí, ba láidre arís an Cumann Drámaíochta agus fosc ar mhic léinn spás féilire a aimsiú thíos staighre san Aula Maxima sa Chearnóg d'fhonn a gcuid léiriúchán a chur ar stáitse. Ar ndóigh, ba as an Ollscoil a tháinig Amharclann an Druid, beagán le cois deich mbliana roimhe sin nuair a bhunaigh Garry Hynes, Mick Lally agus Marie Mullen an compántas i gcathair na Gaillimhe in 1975. Faoin mbliain 1986 bhí Druid tar éis drámaí a thabhairt ó Chathair na d'Treabh go háiteanna fearacht West End London.

Bhí grúpa láidir cainteoirí Gaeilge ag plé leis an gCumann Drámaíochta arbh í an Ghaeilge an teanga nádúrtha a bhíodh á labhairt eatarthu. Tharla sé ar shlí orgánach gur nascadh ealaíon na hamharclainne agus an Ghaeilge le chéile ar Champas na hOllscoile. Ní bhíodh scrúduithe faoi dhó sa bhliain, rud a d'fhág go raibh aga ag mic léinn iad féin a eagrú agus taispeántais a chur ar stáitse. Tá an bhliain acadúil reatha bunaithe ar dhá sheimeastar, dhá sheachtain déag an ceann agus scrúduithe ag deireadh gach seimeastair.

An bhliain chéanna, 1986, osclaíodh Club-Áras na nGael, Conradh na Gaeilge, 45 Sráid Dominic, sa bhfoirgneamh ina mbíodh duine de bhunaitheoirí Amharclann na Mainistreach, Lady Gregory nuair a thagadh sí ó Pháirc an Chúil go dtí an baile mór. I ndáiríre, is mar gheall ar an nasc a bhí ag na Fánaithe le 45 Sráid Dominic an uair úd a coinníodh an t-ábhar cartlainne slán agus a bhfuil trácht inniu ar ghníomhaíochas an ghrúpa.

Na Fánaithe: grúpa amharclainne

In aimsir na Cásca, 1987, bhunaigh Trevor Ó Clochartaigh, mac léinn le tráchtáil as an Aird Mhóir in Iorras Aithneach agus mé féin an grúpa na Fánaithe. Is cúigear a bhí rannpháirteach an chéad bhliain sin. Ar shlí, do bhain iarrachtaí an ghrúpa leis an obair a bhí ar bun ag an gCumann Drámaíochta san Ollscoil. Mhair na Fánaithe ar fhuinneamh na hóige agus ar bheagán maoinithe ó 1987 go 1993. Le linn na tréimhse sin, léirigh Na Fánaithe naoi ndrámá fhada, ceithre ghearrdhráma, dráma suíomhoiriúnaithe amháin agus seó sráide amháin. Chomh maith leis sin cuireadh ocht sraith ceardlann ar fáil i scoileanna as a léiríodh 40 dráma féinchumtha. Cuireadh ceardlanna aonair ar fáil i scoileanna ar fud na tíre freisin.

D'fhás dhá chomhléiriú le Pléaráca Chonamara as an ngrúpa, agus dhá scéim chónaitheacha traenála drámaíochta: ceann i mBaile Chonaill ar an bhFál Carrach, agus ceann in Ullapool ar chósta thiar na hAlban. (Ní Mhuircheartaigh *et al*, 2021: 299). Féile Ealaíon Phobail na Gaeltachta ab ea Pléaráca Chonamara a thosnaigh in 1991 agus a lean go dtí 2015.

Bhí trí aidhm ar leith fite fuaite leis an bhfís a bhí an na Fánaithe:


1. Léirithe proifisiúnta a dhéanamh (is é sin, daoine a bheith ag obair go lánaimseartha ar na léirithe agus na léirithe a bheith ar a laghad ar bith ar chomhchéim le rud ar bith a bhí le fáil i mBéarla).
2. Na léirithe agus an obair ar fad a bhain leo a dhéanamh trí Ghaeilge.
3. Freastal a dhéanamh ar phobal iomlán Gaeilge na tíre idir Ghaeltacht agus Ghalltacht. (Ní Mhuircheartaigh *et al*, 2021: 142)

Ón mbliain 1988 ar aghaidh bhí oifig ag na Fánaithe i bhfoirgneamh Chonradh na Gaeilge, 45 Sráid Dominic i gcathair na Gaillimhe. I samhradh na bliana sin cóiríodh amharclann bheag i gceann de na seomraí thíos staighre ina mbíodh seomra suí Lady Gregory tráth dá raibh. Ní raibh baill an ghrúpa dall ar an nasc le Augusta Gregory (1852–1932) agus an obair cheannródaíoch a rinne sí i mbunú na hAmharclainne Náisiúnta, ceithre fichead bliain roimhe sin.

An Chartlann

I ngan fhios dúinn, ó 1988 ar aghaidh, choinnigh Peadar Mac Fhlannchadha, a bhí i bhfeighil Chonradh na Gaeilge i gcathair na Gaillimhe sna blianta úd, gach ar bhain leis na Fánaithe: póstaer, na cláir le haghaidh na ndrámáí, píosaí ón bpreas, grianghraif, comhfhreagras. Cartlann phointeáilte atá ann – nár tuigeadh a luach i gceart go dtí gur tháinig an grúpa ar ais le chéile in Áras na nGael i mí Mheán an Fhómhair 2017 chun 30 bliain ó bunaíodh na Fánaithe a chomóradh agus a cheiliúradh. A bhuíochas don gcartlann a chuir Peadar Mac Fhlannchadha le chéile, tá na seanphóstaer ar fáil, an seó a chuaigh go Sevilla in 1992: *Misiún*

ar Muir ar cheann acu. Tá póstaer de *Páidín Mháire*, *Páidín Mire* ann, leagan stáitse den ngearrscéal *Páidín Mháire* le Pádraic Ó Conaire cóirithe don amharclann ag Charlie McBride agus Conor Maguire agus a léiríodh sa Taibhdhearc i mí Feabhra 1992.



Figiúr 2: Misiún ar Muir '92

Tá comhfhreagras de chuid an ghrúpa thar thréimhse cheithre nó cúig bliana coinnithe slán – na hiarrachtaí móra a déanadh maoiniú a aimsiú do na tograí, an Chomhairle Ealaíon go láidir ina measc. Maireann bailiúchán grianghraf agus píosaí ó na nuachtáin áitiúla agus náisiúnta. Níor éirigh leis na Fánaithe maoiniú ceart a bhaint amach riamh. Tháinig an Chomhairle Ealaíon ar bord in 1990 le deontas £6000 ach ba ag brath ar urraíocht a bhí an grúpa den chuid ba mhó: Telecom Éireann, Bus Éireann, ISPG (Cumann Tairgreoirí Éisc na hÉireann a bhí lonnaithe i gCill Chiaráin i gConamara), comharchumainn agus comhlachtaí áitiúla. Ba mhór an cúnaimh na scéimeanna fostaíochta Teamwork de chuid na heagraíochta FÁS agus fuarthas deontais áirithe ó Bhord na Gaeilge freisin.

Tá spéis nua in obair an ghrúpa le tamall, go mór mór ó foilsíodh dhá leabhar le blianta beaga anuas. Chaith an t-údar agus an tOllamh Emeritus le Béarla in Ollscoil na Gaillimhe Lionel Pilkington súil siar ar obair na bhFánaithe in *Hardiman & Beyond: The Arts & Culture of Galway since 1820*. Bhain roinnt caibidil de leabhar a foilsíodh in 2021 leis na Fánaithe: *Ó Chleamairí Go Ceamaráí: Drámaíocht agus Taibhealaíona na Gaeilge faoi chaibidil*. Tá caibidil ag iarbhall de na Fánaithe, Diarmuid de Faoite, san fhoilseachán sin a chaitheann solas ar iarrachtaí an ghrúpa. Tá cuntas gearr agam féin ar bhunú an ghrúpa chomh maith céanna.

Bhain na Fánaithe le fuinneamh óige, le fíis uailmhianach agus leis an mborradh a bhí faoi na healaíona i gcathair na Gaillimhe i lár na n-ochtóidí. Tháinig Macnas ar an saol sa bhliain 1986, taca an ama céanna leis na Fánaithe.

Cuireadh tús le Fleadh Scannán na Gaillimhe in 1989 an bhliain chéanna a thosnaigh Údarás na Gaeltachta ag eagrú cúrsaí i léiriú teilifíse do dhaoine ó cheantair Ghaeltachta. Bhí mé féin i measc dháréag a ghlac páirt sa chéad chúrsa dá leithéid a cuireadh ar bun i gConamara i mí na Samhna 1989.

Má bhí borradh ag teacht faoi scannánaíocht na Gaeilge, bhí fuinneamh faoin amharclannaíocht agus an bhliain chéanna, léirigh na Fánaithe i bpáirt leis an gcomhlacht Deilt ó Bhaile Átha Cliath *Bullaí Mharthain*, cóiriú le Seán McCarthy ar scéalta le Donnacha Ó Chéilleachair agus a deirfiúr Síle Ní Chéilleachair ó Chúil Aodha i nGaeltacht Mhúscraí. Tugadh stiúrthóir as an bPolainn a bhí lonnaithe i Nua-Eabhrac ag an am, Kazimierz Braun, chun an obair seo a stáitsiú. Tharraing an léiriú aird an phobail agus na léirmheastóirí ar na Fánaithe.

Most reviewers hope for a play which they can honestly say only a fool would miss – and with this play my chance came. (The Irish Times, 24 Samhain 1989)

This delightful company of players... convey with great body language, wonderful facial expression and control of voice that theatre is indeed a universal tongue. (Cork Examiner, 6 Feabhra 1990)

It left an indelible imprint on the minds of the onlookers, who are screaming for innovation in theatrical forms, having been satiated with too much realism on stage and television set.’ (Southern Star, 24 Feabhra 1990) (Ní Mhuircheartaigh et al, 2021: 302).

Bhí aird na meán go láidir anois ar an ngrúpa, d’oibrigh na Fánaithe go dlúth ó 1987 leis na meáin d’fhonn poiblíocht agus aitheantas a bhaint amach dá gcuid léiriúchán.

Faoin am a léirigh an compántas an dráma *Yerma* le Federico García Lorca ag Féile Idirnáisiúnta Ealaíne na Gaillimhe i mí Iúil 1991, bhí comhlacht beag scannánaíochta neamhspleách curtha ar bun agam féin agus fonn orm obair an ghrúpa a thairfead don scáileán.

Ó 1991 ar aghaidh bhí Pat Bracken (1951–2010), puipéadóir ó Bhaile Átha Cliath ag obair leis na Fánaithe, chuir obair Phat go mór le stíl amharclainne an ghrúpa. D'oibrigh sé ar an léiriú de *Yerma*. Leis an dráma seo de chuid duine de mhórscribhneoirí na Spáinne, bhain an grúpa a thuilleadh aitheantais amach. Ag scríobh dó i gclár an léiriúcháin, leag an scannánóir Bob Quinn síos an bunús ealaíne a bhí lena leithéid de dhráma a léiriú i gCathair na d'Treabh:

Ar bhreathnú dhuit san éadan ar Ghaillimhigh agus ar mhuintir Chonamara, agus ar thuiscint a bheith agat ar an gcóras treibheach a bhí chomh mór chun cinn sa gcuid sin den tír, is ansin a thuigfidh tú i gceart nach é amháin go bhfuil an t-aistriúchán seo ar dhráma Lorca gan locht ach go bhfuil sé, ó thaobh na drámaíochta de, dosheachanta agus cinniúnach.



**Figiúr 3: Pat Bracken (1951–2010),
Puipéadóir leis na Fánaithe in Sevilla**

Bhí an ceangal idir an Spáinn agus Gaillimh follasach agus le tabhairt faoi ndeara i sráideanna na cathrach, in ainmneacha fiú: Paráid na Spáinneach, an Póirse Caoch nó *Spanish Arch* mar a thugtar air i mBéarla. Ar ndóigh bhí trádáil idir Gaillimh agus mór-roinn na hEorpa ag dul ar aghaidh sa cheathrú agus sa chúigiú haois déag:

The Galway merchants traded with counterparts in Spanish, Portuguese and French ports, with the great medieval English ports of Chester, Bristol, Southampton and London, and with the North Sea and Baltic ports at least as far as Lübeck, linking the town to the far-flung networks of the Hanseatic League. (Prunty & Walsh, 2016: 2)

Scríobh taistealaí darbh ainm H.D. Inglis an méid seo a leanas sa bhliain 1834:

Galway, the capital of the wild west, is a large and on many accounts an extremely interesting town. I had heard that I should find some traces of its Spanish origin; but I was not prepared to find so much to remind me of that land of romance. At every second step I saw something to recall Spain to my recollection. I found the wild entries and broad stairs of Cádiz and Málaga; the arched gateways with the inner and outer railings and the court within – needing only the fountains and flower vases to emulate Seville. (Inglis, 1835: 22)

Léiríodh Yerma in ollphuball i bPáirc an Athar de Búrca lámh leis an gCladach i gcathair na Gaillimhe. Chuir an seó – le ceol nuachumtha ó fhear an bhosca Máirtín O’Connor agus puipéid déanta ag Pat Bracken na léirmheastóirí i mbun pinn an athuair:

However na Fánaithe’s main strength lies in a core cast which has developed over the last four years to a remarkable level. In Marina Ní Dhubháin (Yerma), Diarmuid de Faoite (Juan), and Audrey Ní Fhearghail (Dolores/Old Woman) one finds acting which is expressive confident and, on occasion, dazzling. (*Galway Advertiser*, 25/7/91)

Na Fánaithe have transformed Irish language theatre to such an extent that no longer can it be considered to be only a poor relation of plays in the King’s English. (City Tribune, 19 Iúil 1991)
(Ní Mhuircheartaigh *et al*, 2021: 304)

Bhí an tAonach Mór Domhanda Expo ’92 le bheith in Sevilla an bhliain dar gcionn agus tháinig Denis Rafter, Coimisinéir Expo ’92 thar ceann Rialtas na hÉireann chuig Yerma i mí Iúil 1991. Tugadh cuireadh chun na Spáinne do na Fánaithe mar chuid den chomóradh a bhí beartaithe sna Andalúis ar chúig chéad bliain ó bhain Críostóir Columbus an tOileán Úr amach.

Beartaíodh obair áitiúil a thabhairt chun na Spáinne in áit a n-údar féin Lorca a thabhairt as Éirinn ó dheas go dtí Sevilla. Déanadh cóiriú ar nóibhille den teideal *Misiún ar Muir* a scríobh Dara Ó Conaola as Inis Meáin ach a chónaíonn anois in Inis Oírr. Bhain an scéal le hionmramh farraige ina raibh cuid mhaith neamhchinnteachta, corraíola agus clampair ach a thug scóip do na Fánaithe a mbranda féin amharclannaíochta a chur air. Scríobh Lionel Pilkington, ollamh emeritus le Béarla in Ollscoil na Gaillimhe an méid seo a leanas:

Na Fánaithe must be counted as one of Ireland’s most intellectually exciting, activist-oriented and theatrically adventurous theatre groups. That it was not able to continue after 1993 is an indictment both of the inflexibility of state bodies and, from the mid-1980s, the Irish theatre sector’s disastrous over-reliance on funding from private businesses. (Cunningham & McDonough, 2023:229)



Figiúr 4: Misiún ar Muir – an seó a thug na Fánaithe go Expo '92 in Sevilla, Lúnasa 1992

Na Fánaithe agus a nDán

Cad a tharla do na Fánaithe? Níor éirigh leis an gcompántas foinsé maoinithe le dealramh a bhaint amach riamh. Is dócha gur tairne ina gcónra ab ea an cinneadh in 1993 amharclann Ghaeilge a mhaoiniú san ardchathair. Ach roinnt blianta in dhiaidh theip Amharclann de hÍde, mheas stiúrthóir na hamharclainne sin gur cheart an maoiniú a bheith tugtha do na Fánaithe:

Overall, however, if you ask Ní Anluain about Amharclann de hÍde, she says she wouldn't have started from there. The company was set up by its co-funders, Bord Na Gaeilge and the Arts Council. The fact that Amharclann de hÍde wasn't the initiative of artists was, she says, 'a shadow' over it. Looking back, she says, the two state agencies should have just have given the money to Na Fánaithe: 'They thought it was great that I had a room in Bord na Gaeilge. The first thing on my agenda was to get out of the place. (Ní Anluain, 2010)

Léiríonn an t-ábhar cartlainne atá ar fáil cuid de na dúshláin, na buaicphointí a bhain le gluaiseacht ealaíne trí mheán na Gaeilge sna hochtóidí agus sna naochadaí.

Tá an t-ábhar scannánaíochta ar fad a déanadh ag Expo '92 in Sevilla mar chuid de mo chartlann phearsanta féin. Bliain díreach tar éis do na Fánaithe filleadh ón Spáinn, chraol RTÉ clár faisnéise faoina dturas den teideal NA FÁNAITHE – EXPOSÉ, blaiseadh den scannánaíocht a déanadh san Andalúis i samhradh na bliana 1992.



Figiúr 5: Na Fánaithe in Sevilla, Lúnasa 1992

Cartlann na bhFánaithe, Gníomhachas agus an Ghaeilge

Tá spreagadh ar fáil sa chartlann áirithe seo do ghluaiseachtaí ealaíne ár linne. Tá an t-ábhar a bhaineann leis na Fánaithe coinnithe slán a bhuíochas do Pheadar Mac Fhlannchadha i gConradh na Gaeilge, Gaillimh. Níl rochtain poiblí ar an ábhar cartlainne seo agus níl cóiriú déanta ar sa ghnáthchiall a bhaineann le cartlannaíocht:

All actions taken to retard deterioration of or prevent damage to cultural material. It involves controlling the environment and conditions of use, and may include treatment in order to maintain an object as nearly as possible in an unchanging state. In the case of archival material, moving image and sound, this may include transfer to another medium. (Bettington et al, 2008: 87)

Is léiriú é an caomhnú a déanadh ar an ábhar seo ar fad ar thábhacht na cartlannaíochta pearsanta. Baineann suntas inniu leis an gcartlann a chuir Peadar Mac Fhlannchadha i dtoll a chéile breis is 35 bliain ó shin.

The development of personal digital archives will affect the long-term preservation of cultural heritage, the future of cultural and scientific production, and freedom of expression. It will change the balance between commercial and non-commercial efforts to ensure open long-term access to information, and change the relationship between institutions and individuals concerned with preservation. And on our best days, personal archiving may even help us fulfil the Confucian responsibility of being good ancestors to our descendants. (Hawkins, 2013: 9)

Tá cuntas ar fáil i gcartlann na bhFánaithe ar thréimhse a bhí tábhachtach i mo shaol féin agus dar ndóigh i saol an dá chéad duine eile a d'oibrigh leis an gcompántas ar shlí amháin nó eile sna blianta úd.

Cartlannú Digiteach

B'fhéidir gur fánach an áit a gcasfaí blúire de chartlann na bhFánaithe ort agus béim inniu ar an digitiú agus ar an gcaomhnú digiteach. D'oscail cartlannú digiteach caibidil eile ar fad, soláthraíonn teicneolaíochtaí digiteacha deiseanna úra. Tá sé níos saoráidí ábhar cultúrtha a chaomhnú agus an oidhreacht chultúrtha a dhéanamh níos inrochtana d'úsáideoirí. Tá athrú tagtha ar ról an duine aonair agus ar ról na hinstitiúide i gcaomhnú ábhair:

Jean Monnet, the founding father of the European Union, once said, 'Nothing is possible without individuals. Nothing is lasting without institutions.' Individuals instigate new technologies: some technology lasts and some technology dies, but all of it changes. In some ways, digital media is the antithesis of the institution and of the very intent of cultural heritage. Institutions are designed to stand the test of time and thus, create multi-year digital strategies and assemble large task forces to oversee digital technology with the same intent. Unfortunately, technology changes far too rapidly for any plan to fully anticipate all of your institutional needs. (Din & Wu, 2015: 49)

Tá ról níos mó ag an duine aonair i leas na hoidhreachta digití a chur chun cinn. Tá deis foilsitheoireachta ag aon duine a bhfuil fón cliste ina seilbh, níl aon teorann leis na hardáin atá ar fáil:

Now social media platforms enable you to make thousands, if not millions, of new friends who can learn about your exhibitions, collections, and programs no matter whether they are down the street or

halfway around the world in a yurt. Social media is shockingly powerful – it changes governments; it changes lives. This is communication on steroids, and most importantly, it is fundamental to the way people under 25 engage with each other and with culture. Being able to share, discuss, and interact with digital content is a way that people connect. (Din & Wu, 2015: 49)

Tá claochlú tagtha ar an gcoincheap ‘poiblí’ agus laghdú ar an eispéireas grúpa; tugann deiseanna teicneolaíochta rochtain gan teorainn don duine aonair. D’fhéadfaí rochtain ar líne ar ábhar a bhaineann leis na Fánaithe a chur ar fáil, mar shampla, ar an suíomh idirlín: Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) (<https://dri.ie/ie/home-gaeilge/>). Is taisclann dhigiteach í DRI, a sholáthraíonn caomhnú fadtéarmach agus rochtain ar shonraí daonnachtaí, oidhreachta cultúrtha agus eolaíochtaí sóisialta na hÉireann. Bealach eile chun a leithéid a dhéanamh is ea nasc a chur ar fáil ar shuíomh idirlín a bhaineann le réimse na hamharclannaíochta. Mar shampla, tá cuntas ar léiriúcháin na bhFánaithe ar fáil cheana féin ar an suíomh *Playography na Gaeilge* suíomh a bhaineann le hInstitiúid Téatair na hÉireann (<https://www.irishtheatreinstitute.ie/>) arna mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon. Thabharfadh nasc breise ar an suíomh seo úsáideoirí chomh fada le leathanach ina mbeadh eolas faoi chartlann na bhFánaithe. Bheadh rochtain ar ábhar Gaeilge an ghrúpa agus an fhaisnéis in áit ina bhfuil eolas níos fairsinge faoi amharclann, faoi dhrámaíocht agus faoi thaibhealaíon na hÉireann. Bheadh sé ina acmhainn do scoláirí drámaíochta idir chainteoirí Gaeilge agus chainteoirí Béarla.

Conclúid

D’fhéach mé le gnéithe den chuimhne, den ghníomhaíochas agus den ról atá ag an gcartlann i meabhair a bhaint as miotais ó ré eile i stair na tíre a léiriú. Déantar áibhéil uaireanta d’eachtraí a thit amach i bhfad ó shin, léirítear na heachtraí úd faoi sholas na rómánsaíochta, mar shampla; sin é nádúr an duine. Is féidir le cartlann ar bith solas níos fírinne a chaitheamh ar an aimsir atá thart. Chuimsigh aistear gearr an ghrúpa amharclainne, Na Fánaithe, idir 1987 agus 1993 gnéithe de na taibhealaíona atá mar chuid de dhioscúrsa ár linne: teanga, foirm, stíl, maoiniú, lucht féachana. Tá luach foghlama i gcuid den taithí a chas an saol le baill an ghrúpa agus tá léargas ar na heachtraí seo i gcartlann a tháinig slán ó thionchar míthrócaireach na mblianta.

D’fhéadfaí an trasnú idir an oidhreacht chultúrtha agus an oidhreacht dhigiteach a scrúdú chun ábhar cartlainne ar chuid de stair na hamharclainne in Éirinn é a chur ar fáil do lucht taighde agus don phobal i gcoitinne. Déanadh tagairt cheana d’Institiúid Téatair na hÉireann agus an ról a d’fhéadfadh a bheith aici rochtain ar chartlann na bhFánaithe a sholáthar do dhaoine a chuireann spéis sa drámaíocht, sa taibhealaíon agus san amharclannaíocht. Ar ndóigh, chaithfí aitheantas cuí a thabhairt don gcartlannaí Peadar Mac Fhlannchadha.

Coimeádaithe iad lucht cartlainne a chosnaíonn agus a chaomhnaíonn ár gcuimhní cultúrtha dúinne agus do dhaoine a thiofadh inár ndiaidh. Roinn George Orwell dearcadh ar leith ina úrscéal 1984: *'Who controls the past controls the future: who controls the present controls the past.'* (Orwell, 2008: 37)



Figiúr 6: Na Fánaithe in 1987, ó chlé: Marina Ní Dhubháin, Trevor Ó Clochartaigh, Columba Tierney, Aodh Ó Coileáin, Jacqueline Ní Fhearghusa

Tagairtí

Bettington, J., Eberhard, K., Loo, R., & Smith, C. (eds) (2008) *Keeping Archives*. Canberra: Australian Society of Archivists Inc.

Cunningham, J. & McDonough, C. (eds) (2023) *Hardiman & Beyond: The Arts and Culture of Galway since 1820*. Melbourne: Arden.

Din, H. & Wu, S. (eds) (2015) *Digital Heritage and Culture*. Singapore: World Scientific Publishing Co. Pte. Ltd.

Hawkins, Donald T. (2013) *Personal Archiving: Preserving Our Digital Heritage*. Medford, New Jersey: Information Today, Inc., 2013. Print. Gale eBooks.

Inglis, H.D. (1835) *A Journey Throughout Ireland Vol II*. London: Whittaker & Co.

Mac an Iomaire, S. (1985) *Cladaí Chonamara*. BÁC: An Gúm.

Ní Anluain, C. (2010) athfhríotal in 'Fiche bliain ag fás' le Victoria White, foilsithe san *Irish Theatre Magazine*. 15 Meán Fómhair.

Ní Mhuircheartaigh, É., Ní Ghairbhí, R., & Ó Liatháin, P. (eag) (2021) *Ó Chleamaraí go Ceamaraí: Drámaíocht agus Taibhealaíona na Gaeilge faoi Chaibidil*. BÁC: Cló Léann na Gaeilge.

Orwell, G. (2008) *1984*. London: Penguin Books.

Prunty, J. & Walsh, P. (2016) *Galway/Gaillimh: Irish Historic Towns Atlas No.28*. BÁC: Royal Irish Academy.

Suíomhanna Idirlín:

<https://www.irishtheatreinstitute.ie/>

Eolas faoi Phléaráca Chonamara ar fáil ag: <http://amuigh.ie/>

Taisclann Dhigiteach na hÉireann: <https://dri.ie/ie/home-gaeilge/>

Liosta Drámaí a léirigh na Fánaithe:

Clog – 1987, cumtha ag an bhfoireann.

Tá Cuma Nua ar an Sléibhte – 1988, Micheál Mac Liammóir.

Seó Sráide – 1988, cumtha ag an bhfoireann.

Cóta Bán Chríost – 1989, Críostóir Ó Floinn.

Bullaí Mhárthain – 1989, cóirithe don stáitse ag Seán McCarthy.

My Girl – 1990, Barrie Keeffe.

Clann Lir – 1990, cumtha ag an bhfoireann.

Bábóga – 1990, ceithre dhráma aon ghníomh:

Oiliúint Skinny Spew – Howard Brenton

Bar agus Ger – Geraldine Aron

Seó Puipead Don Criostóbal – Federico García Lorca

Portráid Ceithre Mháthair – Arnold Wesker

Yerma – 1991, Federico García Lorca.

Aingeal an Chladaigh – 1991, bunaithe ar ghearrscéal le Gabriel García Márquez.

Páidín Mháire, Páidín Míre – 1992, bunaithe ar ghearrscéal le Pádraic Ó Conaire.

Misiún ar Muir – 1992, bunaithe ar nóibhille le Dara Ó Conaola.

Do Phléaráca Chonamara:

Micí Mallaithe – 1991, le Diarmuid de Faoite agus Marina Ní Dhubháin.

Cóilín Cantalach – 1992, le Diarmuid de Faoite agus Síle Nic Chonaonaigh.

Clár Faisnéise don teilifís:

Exposé: Na Fánaithe i Sevilla – 1993, Scothógfise Teo., An Daingean, Co. Chiarraí, RTÉ/
Údarás na Gaeltachta.

Leabhair eile a bhaineann le hábhar:

O’Leary, P. (2017) *An Underground Theatre: Major Playwrights in the Irish Language 1930–80*. Dublin: UCD Press.

Mao Óg (2022) *The Little Green Book of Irish Drama*. Gaillimh: Bean Sí Publishing.

Ó Siadhail, P. (1993) *Stair Dhrámaíocht na Gaeilge: 1900–1970*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Lonergan, P. (2019) *Irish Drama and Theatre since 1950*. London: Bloomsbury Publishing.

Jordan, E & Weitz, E. (eds) (2018) *The Palgrave Handbook of Contemporary Irish Theatre and Performance*. London: Palgrave Macmillan

Greene, N. & Morash, C. (eds) (2016) *The Oxford Handbook of Modern Irish Theatre*. Oxford: Oxford University Press.



Craobh na Cásca de chuid Chonradh na Gaeilge sna 1960í: Allagar, Athbhreithniú agus Athnuachan

Hugh Rowland

<https://doi.org/10.13025/29621>



(Scríobhadh an t-alt seo mar chuid den tionscadal CARTLANN – ‘Gníomhaíochas, an Ghaeilge agus na Meáin’. Reáchtáladh comhdháil faoin ábhar sin in Ollscoil na Gaillimhe ar 13 Aibreán, 2024. An tÚdarás um Ard-Oideachas, faoin gClár Taighde Thuaidh-Theas, a mhaoinigh CARTLANN.)

Réamhrá

Ina leabhar, *Ireland: A social and cultural history, 1922–2002*, is é ‘the decades of debate’ an cur síos a thugann Terence Brown (2004: 254–96) ar thréimhse ghuagach mórathruithe na 1960í agus na 1970í in Éirinn. De dheasca na heisimirce as éadan a tharla in imeacht na 1950í, áitíonn Brown (2004: 199) gur tháinig luachanna cultúrtha na tíre, chomh maith leis an tsamhail gheilleagrach, faoi athbhreithniú i gcomhthéacs ceistitheach na 1960í go háirithe. Leagann Ciara Meehan agus Mary E. Daly cuid den chomhthéacs sin amach:

The 1960s were a period of change in Ireland. Political, economic and social thought was revised as a result of Vatican II, the arrival of television and the potential of EEC (European Economic Community) membership. That decade also marked the passing of the revolutionary generation from power (Meehan, 2013: 1).

One of the recurrent themes in 1960s was that Ireland had abandoned its preoccupation with the past to focus on the present, redirecting its energies towards economic and social development instead of the previous fixation on national sovereignty. National pride and national commitment were increasingly linked with economic success and Ireland's greater involvement in world affairs (Daly, 2016: 362).

Le bunú Theilifís Éireann in 1961, áitíonn John Bowman (2011: 224) go raibh cinnteachtaí seanbhunaithe ‘Éire de Valera’ á gceistiú ag an meán cumarsáide úrnua sin gan trácht ar an meánaicme uirbeach a bhí ag bailiú nirt ag an am, agus í teanntásach muiníneach á cur féin i láthair (Bowman, 2011: 227). I bhfianaise an cheistiúcháin sin sa tsochaí trí chéile, is éard a chuirim romham féin san aiste seo ná cur síos a dhéanamh ar chuid bheag den allagar a bhí ar siúl laistigh de Chonradh na Gaeilge i dtréimhse mórathruithe sin na 1960í. Ba mar thoradh ar an allagar sin, i gCraobh na Cásca i mBaile Átha Cliath go háirithe, a tarraingíodh ceisteanna anuas faoina éifeachtaí is a bhí modhanna gníomhaíochta an Chonartha ag an am chomh maith leis an bhfealsúnacht a bhí ina cloch choirnéil faoin ngluaiseacht.

Breis agus dhá scór bliain ó bunaíodh an stát, bhí Craobh na Cásca ag iarraidh athnuachan a dhéanamh ar Chonradh na Gaeilge mar ghluaiseacht shóisialta sa chaoi is go mbeifí faoi réir chun dul i ngleic leis an iliomad dúshlán úr a bhí le sárú aige i gcomhthéacs na 1960í: cúlú an stáit i réimse an bheartais teanga (Walsh, 2022; Ó Giollagáin, 2014; Ó hÍfearnáin, 2009); bunú Misneach in 1963 agus na síteáin a thugtaí do Chonradh na Gaeilge agus dá mhodhanna gníomhaíochta (Ó Cathasaigh, 2002); bunú an *Language Freedom Movement* (LFM) in 1965 (Rowland, 2016). San aiste seo, pléifear na nithe sin a spreag Conradh na Gaeilge chun athnuachan a dhéanamh air féin sna 1960í chomh maith le feacht bhaill óga Chraobh na Cásca a bheith á múscailt i dtaobh réimse léinn nua na sochtheangeolaíochta ag an am. Cuirfear an taighde seo i gcrích trí anailís a dhéanamh ar ábhar cartlainne atá i dtaisce i Leabharlann Shéamais Uí Argadáin in Ollscoil na Gaillimhe: bailiúchán Chonradh na Gaeilge (G60) agus bailiúchán an LFM (G44). Mar aon leis an ábhar foilsithe agus leis na scríbhinní sa dá bhailiúchán sin, cuirfear faisnéis agallaimh sa mheá.

Comhthéacs

Bhí sochaí na hÉireann ag athrú ar luas mire sna 1960idí agus béim á leagan ag an aos polaitiúil ar an bhforbairt gheilleagrach feasta, go mór mór ó foilsíodh an Páipéar Bán *The Programme for Economic Expansion*, ó pheann T.K. Whitaker, sa bhliain 1958 (Murphy, 2009: 162). Léirigh sin an chaoi a raibh tosaíochtaí an stáit ag athrú ó bhonn; bhí luachanna traidisiúnta luathbhlianta an stáit – athbheochan na Gaeilge – á ligean i ndearmad ar mhaithe le luachanna úra na tionsclaíochta, na forbartha agus an ábharachais a chur chun cinn (Ó Tuathaigh, 2011: 86).

Bíodh sin mar atá, ba le linn 1958, chomh maith, a bhunaigh an Taoiseach ag an am, Éamon de Valera, an Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge chun taighde a dhéanamh ar staid na Gaeilge agus chun moltaí a chur faoi bhráid an rialtais maidir leis na bealaí ab éifeachtaí chun athbheochan na Gaeilge a chur i gcrích. Foilsíodh an tuarascáil deiridh i mí Eanáir 1964. Fad is a bhí freagra an rialtais á ullmhú i bhfoirm páipéir bháin, shocraigh na heagrais Ghaeilge feachtas síniúchán a réachtáil. Faoin mana *Let the Language Live*, deir Maolsheachlainn Ó Caollaí, uachtarán ar Chonradh na Gaeilge (1968–1974), gur bailíodh suas is anuas le ceithre chéad míle síniú mar chuid den fheachtas le himpí ar an rialtas glacadh le beartais dhearfacha a chuirfeadh an athbheochan chun cinn (Ó Caollaí, 2013: 17).

Ní raibh fuacht ná faitíos ar an scríbhneoir aitheanta agus an tOllamh le Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, Máirtín Ó Cadhain (1906–1970), spíd a fháil ar fheachtas na síniúchán. Ba mhodh agóidíochta é feachtas na síniúchán a bhí rómheasúil róshéimh rómhánla, dar leis an gCadhach. Ag scríobh dó ina phaimfléad cáiliúil *Gluaiseacht na Gaeilge: Gluaiseacht ar Strae*:

Cuimhníonn cuid agaibh b'fhéidir ar na táinte síniúchán a cruinníodh ón bpobal ar son na Gaeilge. Is feasach dom gur síos le fána i leithreas a tligedh na mílte acu. Dúirt cuid againn gur leibideach an mhaise dhóibh na múrtha fáilte a chuir said roimh Pháipéar Bán na Gaeilge nárbh fhiú do sheacht mallacht é. Tá na fáinní ag dul i líonmhaireacht ar chostas na ndaoine in aghaidh an lae – agus an Ghaeilge ag dul chun laige (c.1970: 3).

Mar fhreagra ar thuarascáil an Choimisiúin, d'fhoilsigh rialtas Sheáin Lemass, comharba de Valera mar Thaoiseach, an Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge sa bhliain 1965. Sa pháipéar úd, fógraíodh beartas úr an stáit i leith na Gaeilge agus, beag beann ar achainí na n-eagrais Gaeilge, tugadh le fios den chéad uair gur bh é an dátheangachas, seachas athbheochan, bunaidhm an stáit feasta (Walsh 2012: 44). Dá dheasca sin, ba riléir do ghluaiseacht na Gaeilge nach raibh an stát dáiríre faoi athbheochan na Gaeilge ní ba mhó agus gur ar an ngluaiseacht a thitfeadh cúram na Gaeilge feasta (Ó Caollaí, 2013: 17). Mar sin de, den chéad uair ó bunaíodh an stát in 1922, bhí sprioc athbheochan na Gaeilge á scuabadh i leataobh óir ba í an fhorbairt gheilleagrach rosc catha na tíre feasta (Ó Tuathaigh, 2011: 91). Chuir sin abhaile ar an gConradh gur mhithid atheagar a chur air féin mar ghluaiseacht shóisialta a d'fhéadfadh bunathruithe a spreagadh sa tsochaí, seachas glacadh gan cheist leis an status quo maidir le cúlú an stáit i réimse na Gaeilge sna 1960í (Ó Caollaí, 1973).

D'fhéadfaí a rá, mar sin de, gur le linn na 1960í agus na 1970í a thosaigh an stát ag seasamh siar ó chur chun cinn na Gaeilge sna réimsí ba mhó a mbíodh lámh acu iontu ó bunaíodh an stát; ba iad sin réimsí an oideachais agus an riaracháin phoiblí go háirithe (Ó Giollagáin, 2014: 27). Agus an cúlú institiúideach sin faoi lán seoil, ba thréimhse thráthúil iad na 1960í ina bhféadfadh gluaiseachtaí sóisialta, amhail an LFM agus Misneach, teacht chun cinn chun ceisteanna a tharraingt anuas faoi bheartas teanga an stáit agus faoina thiomanta, nó a mhalairt, is a bhí an stát do sprioc na hathbheochana.

Language Freedom Movement

Gluaiseacht shóisialta uirbeach ba ea an LFM a bunaíodh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1965. Chuir an LFM roimhe féin solas a chaitheamh ar an ‘éagóir’ a d’fhulaing daoine áirithe de dheasca an bheartais athbheochana teanga a bhí ag an stát go dtí sin. Ar an gcaoi sin, díríodh an mhéar, go háirithe, ar an nGaeilge éigeantach don Ardteistiméireacht chomh maith leis an nGaeilge mar riachtanas cáilíochta do phoist sa Stáitchóras. De réir Bhunreacht an LFM: *‘The objects of the organisation shall be to promote a realistic approach towards the Gaelic language and to remove compulsion, discrimination, and other objectionable practices from the State language policy.’* (LFM, c.1966a).

Ba éard a bhí á mholadh ag an LFM ná go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar roghnach feasta, seachas ina hábhar éigeantach, i gcás na scrúduithe stáit (LFM, c.1966b). Ina theannta sin, ba cheart go ndéanfaí earcaíocht sa tseirbhís phoiblí bunaithe ar fheabhas an iarrthóra, seachas ar chumas Gaeilge an té sin. É sin ráite, díol spéise is ea an chaoi a n-aithnítear go bhféadfadh cumas teanga a bheith de dhíth i gcásanna áirithe, go mór mór más ceapacháin ‘in Irish-speaking areas’ atá i gceist (LFM, c.1966b).

Ba é an cur chuige feachtasaíochta a chleacht an LFM ná go ndearnadh stocaireacht ar an rialtas agus gur músclaíodh feachtas an phobail trí óráidí a thabhairt le linn cruinnithe poiblí chomh maith le preaseisiúintí agus litreacha a sheoladh chuig eagarthóirí nuachtán. Chomh maith leis sin, cuireadh póstaer, duillíní eolais agus ábhar gearrshaolach eile i dtoll a chéile d’fhonn teachtaireacht agus cnámha spairne na heagraíochta a chur abhaile ar an bpobal.



Figiúr 1: Cartlann an LFM (G44) in Ollscoil na Gaillimhe

Máirtín Ó Cadhain agus Misneach

Bhí leas phobal na Gaeltachta ina chloch choirnél faoi fhealsúnacht pholaitiúil Mháirtín Uí Chadhain ó na 1930í i leith; ba é sin ó thug sé a óráid cháiliúil, ‘Claidhe na Muice Duibhe ar Mhuinntir na Gaedhealtachta’, ar an gCeathrú Rua i mí Lúnasa 1934 (Mac Con Iomaire, 2024: 62). Deir Denvir (1997: 99) go raibh Ó Cadhain thar a bheith dílis do bhunteagasc na hóráide sin i gcaitheamh a shaoil ar fad agus bhí a lorg sin fós le tabhairt faoi deara i dteachtairacht Uí Chadhain sna 1960í.

Faoin am sin, bhí an Cadhnach fós mífhoighneach le neamhshuim an rialtais agus le neamhéifeacht ghluaiseacht ‘oifigiúil’ na Gaeilge, mar a chonacthas dósan é, chun cás na Gaeilge agus na Gaeltachta a chur chun cinn sa saol poiblí (féach: Breathnach & Ní Mhurchú, 2024a). Ag tagairt dó do scríbhinní polaitiúla Uí Chadhain ó na 1960í, deir Ó Braonáin (2020: 549) gur theastaigh ón gCadhnach solas a chaitheamh ar fhaill an rialtais sa bheartas teanga ó bunaíodh an stát. Ba iad neart agus géire a chuid reitric an uirlis chatha ab éifeachtaí a bhí aige chun a theachtairacht a chur abhaile ar a spriocphobal agus chun an lasair dhíograise a chur faoi lucht a leanta dá réir:

Ní teanga thuarascálach thur a chleacht Ó Cadhain i scríbhinní aighneasóireachta na 1960í ach reitric thréan bhearránach a d’fhéach le spior spear a dhéanamh de leagan amach an Stáit i leith na teanga. Aird seachas neamhaird, conspóid seachas tost an cuspóir a bhí le cuid mhaith den scríbhneoireacht a chuir sé de i dtús an 1960í. Cliseadh, faill agus siléig an tsamhail a bhí aige de pholasaí rialtas na Sé Chontae is Fiche ó aimsir an Chonartha anall (Ó Braonáin, 2020: 549).

Bhí Ó Cadhain chomh géar céanna ina bhreithiúnas ar Chonradh na Gaeilge; bhí sé go láidir den tuairim go raibh an Conradh i ‘suan siamsaíochta’ ó bunaíodh an stát. D’áitigh sé go raibh easpa ceistiúcháin agus díospóireachta ar an gConradh toisc, a dúirt sé, gur ‘*milieu* sóisialta’ é a raibh an ‘mheasúlacht’ agus an luí leis an mbunaíocht sa nádúr ann:

Ní bhíonn daoine easaontach le chéile ag cruinniú Gaeilge! Fianna Fáil ar fad a bhí sna daoine sin. Ní smaoinoidís go bhféadfadh duine a bheith ar a mhalairt, ní hé amháin ansin ach in aon áit eile. Is scata beag daoine iad agus ghetto den chineál is measa déanta acu diobh féin, ghetto na hintinne. Measaim gurb sheo é atá déanta ag an gConra ar fad dhe féin (Ó Cadhain, c.1970: 7).

Mar fhreagra ar an gcineál smaointeoireachta sin, a bhí thar a bheith easnamhach neamhéifeachtach i súile an Chadhnaigh, bunaíodh an brúghrúpa radacach Misneach in 1963 agus Ó Cadhain ina ina cheann feadhna air. Ba mhian le Misneach briseadh amach as

sean-iomaire na n-eagraíochtaí Gaeilge d'fhonn 'réabhlóid' agus 'athrú bunúsach' a spreagadh sa tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar mheath na Gaeltachta agus ar neamhshuim na gceannairí polaitíochta agus eaglasta ina leith sin (Rowland, 2016).

Ar an gcaoi sin, chuir Misneach fimíneacht agus béalchráifeacht i leith an stáit, agus i leith Fhianna Fáil go háirithe, mar gheall ar an idéalú agus ar an rómánsú a dhéantaí 'ar shaol eilimintiúil iartharach' (Nic Eoin, 2018: 2) na Gaeltachta. Ó ré na hathbheochana anall, eiseamláir chultúrtha agus theangeolaíoch a bhí sa Ghaeltacht '*from which the rest of the country could continue to draw sustenance*' (Ó Tuathaigh, 1990: 11). In ainneoin an ardstádais sin a bhronntaí ar an nGaeltacht in insint oifigiúil an stáit, agus in insint na gluaiseachta oifigiúla go deimhin, chonacthas do bhaill Misneach gur bheag a bhí ar bun chun aisling na hathbheochana a bhaint amach le fírinne agus gurbh é pobal na Gaeltachta a bhí siar leis an easpa gnímh sin. Chreid Misneach gur 'pobal' beo beathach a bhí sa Ghaeltacht a raibh riachtanais shóisialta agus gheilleagracha acu, murab ionann agus an íomhá shiombalach 'statach' den Ghaeltacht a cruthaíodh faoi idé-eolaíocht rómánsúil ghlúin na hathbheochana (Nic Eoin, 2020: 242).

Deir beirt a raibh baint acu le Miseach, Séamus Ó Tuathail (2013) agus Mícheál Mac Aonghusa (2013), go raibh na heagraíochtaí fadbhunaithe, Conradh na Gaeilge mar shampla, ródhílis do cheannaireacht an stáit agus go raibh faitíos orthu olc a chur ar Fhianna Fáil go háirithe. Ba í sin an chúis ar mhian le Misneach tarraingt siar as gluaiseacht 'oifigiúil na Gaeilge,' rud a threisióinn an argóint go mbíodh coimhlintí idé-eolaíochta le haireachtáil laistigh de ghluaiseacht na Gaeilge riamh anall agus nár ghluaiseacht aonchineálach í dá bharr (Rowland, 2021: 125). Bhí modhanna gníomhaíochta Misneach fréamhaithe san easumhláocht shibhialta agus bhí siad ag teacht faoi anáil Saunders Lewis, gníomhaí polaitíochta agus teanga sa Bhreatain Bheag a raibh baint aige leis an bpáirtí polaitíochta *Plaid Cymru* agus le Cumann na Breataine araon (Rowland, 2021: 108). Thug na modhanna nua sin, agus an gníomh díreach go háirithe, dóchas do go leor daoine óga i gConradh na Gaeilge a raibh imní orthu faoi dhíchéimniú na Gaeilge sa chóras oideachais (Mac Aonghusa, 1993: 348).

Athnuachan á déanamh ar Chonradh na Gaeilge

Cé is moite de shaothair leis an Ollamh Dónal Ó Corcora agus leis an Athair Donncha Ó Floinn, deir Ó Tuathaigh gur bheag machnamh úr, agus forbairt dá réir, a rinneadh ar bhunfhealsúnacht na hathbheochana ó bunaíodh an Conradh an chéad lá riamh:

Maidir le bunfhealsúnacht nó bonn idé-eolaíoch na hathbheochana, ní raibh aon smaointe nua ag teacht chun cinn i 'ngluaiseacht' na Gaeilge. An bheirt ba mhó a bhíodh ag scríobh

go rialta faoi riachtanas na Gaeilge don fhéiniúlacht Éireannach (agus don ‘phearsantacht fhírinneach Éireannach’) ná Dónal Ó Corcora (a d’fhoilsigh *The Philosophy of the Gaelic League* sa bhliain 1943) agus an tAthair Donncha Ó Floinn ó Mhá Nuad. Bhí cumas sa bheirt seo – mar bholscairí agus mar shoiscéalaithe do chúis na teanga – ach ní raibh rud ar bith úrnua i leith fealsúnacht nó *raison d’être* na hathbheochana le rá ag ceachtar acu. Macalla ar theachtaireacht bhunaidh Hyde, Moran agus MacNéill ab ea cuid mhaith dá raibh le rá acu (2011: 84).

Ba ríghá an easpa sin a leigheas sa chaoi is go bhféadfaí teachtaireacht na hathbheochana a chur in oiriúint do chomhthéacs nua-aimseartha na 1960í. I gcomhthéacs na linne, agus tar éis an Dara Cogadh Domhanda go háirithe, tháinig borradh faoin taighde sna heolaíochtaí sóisialta ar mhaithe le tuiscint a fháil ar an iompar daonna, iompar teanga san áireamh, san idirghníomhaíocht shóisialta (Ó Murchadha, 2018: 74–80; Walsh, 2022: 8–11). Bhí fíorbheagán den taighde feidhmeach úd, gona bhéim ar dheartháir agus ar chleachtais an phobail, á chur i bhfeidhm ar chás na Gaeilge sna 1960í (Ó Caollaí, 2013: 25). Ba ríghá fuascailt a fháil ar an scéal sin láithreach agus ba chuige sin a bunaíodh Craobh na Cásca an athuir in 1966.

Craobh na Cásca

Bhí dlús le ballraíocht óg an Chonartha ag an am mar gheall ar an scéim timireachta a chuir Cathal Ó Finneadha (1928–2015) ar bun sa bhliain 1965, le linn dó a bheith ina uachtarán ar Chonradh na Gaeilge (Mac Aonghusa, 1993: 311). Tháinig cuid den ghlúin óg seo le chéile i gCraobh na Cásca, craobh a athbhunaíodh i mBaile Átha Cliath in 1966 mar chuid den chomóradh leathchéad bliain ar Éirí Amach na Cásca (Mac Aonghusa, 1993: 348). D’áitigh Tomás Mac Ruairí (1939–2023), athbhunaitheoir Chraobh na Cásca, gur tháinig sé le bunteachtaireacht Misneach ach amháin nár cheap sé gur ghá eagrais eile a bheith ann (Mac Ruairí, 2013). Tháinig Aodh Ó Domhnaill (1947–2018) leis seo freisin (féach: Ní Anluain, 2024):

[...] Bhí lucht Misneach agus glúin óg an Chonartha más féidir linn é sin a ghlaoch orainne ag déanamh na hanailíse céanna, ag teacht cuid éigin ag na conclúidí céanna ach nach rabhamar aontaithe ar conas tabhairt faoi agus go rabhamarna ag iarraidh é a dhéanamh laistigh den Chonradh (Ó Domhnaill, 2013).

Áitíonn Maolsheachlainn Ó Caollaí, a bhí ina chathaoirleach ar Chraobh na Cásca, gur mhian leis grúpa intleachtóirí a chruinniú le chéile i gCraobh na Cásca, dream a d'fhéadfadh ceist na Gaeilge a chur i láthair an phobail trí earraíocht a bhaint as friotal sothuigte socheolaíoch a mbeadh téagar agus iontaoibh ag baint leis. Is é seo mar a dhéanann sé cur síos ar mhodhanna oibre na Craoibhe:

Dhéanfaí iarracht ar leith na baill a oiliúint agus chuige seo d'iarramar ar Sheán de Fréine roinnt léachtaí oiliúna a thabhairt don chraobh. Uaidh sin, rinneadh teagmháil le Mícheál Mac Gréil (1931-2023) a bhí tagtha ar ais go hÉirinn ó Mheiriceá, áit a raibh máistreacht sa tsocheolaíocht déanta aige. Ag an am sin bhí sé ag réiteach le PhD a dhéanamh. D'iarramar air sraith léachtaí bunúsacha sa tsocheolaíocht a thabhairt dúinn, rud a rinneadh. Chuir sé nótaí ar fáil dúinn chomh maith. I ngeall air sin arís chuireamar eolas ar roinnt mhaith leabhar a bhain leis an ábhar agus le hábhair ghaolmhara agus bhíothas in ann iadsan a úsáid mar chuid den oiliúint ghinearálta. Chuireamar leabharlann ar fáil do na baill agus bhí ar chuide dhuine bheith ag staidéar. Leabhair a bhain leis na heolaíochtaí comhdhaonnacha, le heagraíocht, le teangeolaíocht a bhí sa leabharlann (Ó Caollaí, 2011).

Measann Walsh (2022: 264) go raibh Ó Caollaí ar thús cadhnaíochta maidir le hathruithe a spreagadh i modhanna oibre agus i bhfealsúnacht an Chonartha sna 1960í. Tugtar aitheantas d'Ó Caollaí as scéal na Gaeilge a chur i láthair mar chuid de ghluaiseacht ní ba leithne idirnáisiúnta ar chás léi cinniúint mionteangacha, agus cearta lucht a labhartha: '*Ó Caollaí had spearheaded reforms in Conradh na Gaeilge from the 1960s and internationalised the debates about Irish by linking them with social and linguistic issues in other countries.*' (2022: 264).

Sa chaoi is nach mbeifí ag dul i muinín 'teoiricí gan taca' (de Fréine, 1960: 10) gan trácht ar na nathanna beaga Píarsacha 'tír gan teanga tír gan anam' (Ó Domhnaill, 2013), deir Ó Caollaí (2011) go mbíodh saothair le leithéidí Joshua Fishman, an sochtheangeolaí clúiteach, á léamh acu go rialta. Mar chuid eile den athbhreithniú fealsúnachta a bhí ar bun ag Ó Caollaí, theastaigh uaidh go mbeadh obair an Chonartha fréamhaithe i dteoiricí de chuid na ngluaiseachtaí sóisialta sa chaoi is go n-éireodh ní b'fhearr le stocaireacht agus le bearta na heagraíochta (Ó Caollaí, 1973):

Maidir le modhanna oibre, bhí an-spéis againn briseadh leis an seanmhúnla craoibhe a mbíodh caitheamh aimsire mar chroílár ann. Chuireamar romhainn ár modhanna a bhunú roinnt mhaith ar mhodhanna gluaiseachta seachas ar mhodhanna institiúide – míshásamh le staid na Gaeilge a chothú, na baill a oiliúint, an teagasc a fhorbairt, iobairtí a iarraidh ar gach ball ón uair a tháinig siad isteach sa chraobh, corraíl a chur ar bun trí fhíordhearcadh agus

easpa gníomhaíochta an stáit a nochtadh agus a ionsaí, na hionsaithe sin a chur chun cinn trí bholscaireacht agus agóidí, feachtais ar leith a cheapadh agus a fhorbairt agus a throid, an tosaíocht a ghlacadh, meanma agus *esprit de corps* a chothú tríd an bhfealsúnacht a chur á plé agus trí chomhimeachtaí (2011).

Is ar ardán sin na hathnuachana a d'éirigh le Maolsheachlainn Ó Caollaí uachtaránacht an Chonartha a bhaint amach ag an Ard-Fheis i Mainistir na Féile i mBealtaine na bliana 1968 (Mac Aonghusa, 1993: 343).

Bunú Pobail Náisiúnta

Mar dhlúthchuid den athnuachan sin, ba mhian le Ó Caollaí seantuisicintí i leith an náisiúin a mhúnlú an athuair laistigh de dhioscúrsa na socheolaíochta. Ba ghá é sin a dhéanamh, a deir sé, le go mbeadh sé ar chumas ag náisiúntacht na hÉireann an fód a sheasamh i gcoinne an chomhshamlaithe chultúrtha a bhí ag déanamh ionraidh ar an tír. Sampla den chomhshamlú sin, dar leis, ba ea an Comhaontú Saothrádála idir Éire agus an Bhreatain a socraíodh sa bhliain 1965 (Ó Caollaí, 2011). Gné lárnach i sochaí ar bith is ea an geilleagar, agus dá réir sin, má bhí geilleagair an dá thír le bheith comhtháite faoin gComhaontú Saothrádála, d'fhág sin go mbeadh cultúr na hÉireann á inmhéanú le cultúr Shasana, dar leis. Gné eile den chomhshamlú cultúrtha sin a bhíodh ag dó na geirbe ag an gConradh sna 1960í ba ea an teilifís, go háirithe ón uair a bunaíodh Teilifís Éireann in 1961. Ba é an faitíos a bhí ar an gConradh ná, mura mbeadh soláthar ceart Gaeilge ar Theilifís Éireann, go mbeadh an teilifís 'á húsáid i gcoinne mian chroí an Náisiúin' agus gurbh iad 'buanú an Bhéarla agus buanú an choncais ghallda chultúrtha' an oidhreacht a d'fhágfadh an teilifís ina diaidh (Conradh na Gaeilge, 1962: 3–4).

D'fhéadfaí a rá gurbh í an cheist cheannann chéanna, is iad sin an comhshamlú agus an tiarnas cultúir, ba chúis le codanna de Chonradh na Gaeilge a bheith fuar patuar i leith an tionscnaimh Eorpaigh lá níos faide anonn (Mac Aonghusa, 1993: 357). Ar an ábhar sin, thapaigh an iris aoire, *Dublin Opinion*, an deis chun fonóid a dhéanamh faoin mbaol a shamhlaití a bheith i ndán don Ghaeilge, agus don fhéiniúlacht náisiúnta, de dheasca Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (Kelly, 1967: 105):



Figiúr 2: Cartún ón iris *Dublin Opinion*

Mar leigheas ar bhaol damanta an chomhshamhlaithe, theastaigh ón gConradh coincheap an ‘phobail náisiúnta’ a chur chun cinn mar fhál cosanta, mar a mhíníonn Ó Caollaí:

I go leor den litríocht náisiúnach a bhí á scríobh agus á léamh ó dheireadh na 19ú haoise anall, luaití ‘náisiún’ amhail is go mba neach éigin spioradálta é, rud éigin teibí, rud a bhí deacair a mhíniú nó cur síos air, rud éigin a bhí taobh amuigh den ghnáthshaol. Ba ghá tuiscint ní b’fhéarr a fháil ar ‘náisiún’ – cur síos ní b’fhéarr agus ní ba shoiléire a chur ar fáil. Chuir fealsamh Francach síos ar an náisiún mar ‘comhlúadar de chomhlúadair.’ Bhí sé níos fusa baint a bheith agat leis sin ná le neach éigin a bhí ar foluain in áit éigin. Bhí brí shoiléir shocheolaíoch le ‘Pobal Náisiúnta’, brí atá le fáil ach go háirithe sa chur síos a dhéantar ar ‘group’ (2011).

Ní raibh coincheap ‘an phobail náisiúnta’ luaite go sonrath i mBunreacht an Chonartha nuair a toghadh Ó Caollaí ina uachtarán ar an gConradh in 1968: ‘Conradh na Gaeilge is ainm don eagraíocht, agus is é is cuspóir dó an teanga Ghaeilge a chur faoi athréim ar fuaid na hÉireann uile ionas go mba thír shaor Ghaelach í athuair.’ Leasaíodh an bunreacht in 1972 d’fhonn tagairt don ‘Phobal Náisiúnta’ a fhí isteach ann den chéad uair: ‘Is é Conradh na Gaeilge ainm an eagrais. Sé cuspóir an eagrais *Pobal Náisiúnta* saor Gaelach a chothú’ [liomsa

an cló Iodálach] (Conradh na Gaeilge, 1973: 9). B'athrú caolchúiseach é sin i bhfoclaíocht an bhunreachta ach ba í an aidhm a bhí leis ná a léiriú gurbh í an Ghaeilge an comhchultúr agus an comhchleachtas a cheanglaíonn 'pobal náisiúnta' na hÉireann le chéile. D'fhéadfaí a rá, mar sin de, gurbh é an pobal náisiúnta 'an ceann scríbe' a rachfaí i dtír air trí thinfeadh na teanga agus an chultúir dhúchais. Ar an gcaoi sin, bhainfí saoirse pholaitiúil, eacnamúil, shóisialta agus cultúir amach sa phobal náisiúnta trí bhíthin na Gaeilge agus trí chleachtadh an chultúir (Conradh na Gaeilge, 1973: 10). Is éard a bheadh sa phobal náisiúnta sin, dar le Ó Caollaí, ná 'gasra' daoine a bheadh nasctha le chéile ag an gcomhchultúr:

[...] is féidir le socheolaíocht cur síos ar cad is brí le gasra nó le *group* agus is *group* é an náisiún, an ceann is mó dá bhfuil ann i ndáiríre agus an tuiscint agus an bhraistint seo go bhfuil tú i do bhall de sin, sin náisiún agus tagann sé sin ón gcultúr agus ón teanga. Ní thagann sé ó chiníochas nó aon rud mar sin, is cuma céard a bhí i d'athair nó i do mháthair nó aon rud, braitheann sé ar an gcultúr atá tú ag cleachtadh agus an teanga. (Ó Caollaí, 2011)

Léiríonn sé seo go bhfuil Ó Caollaí (1976: 8) ag diúltú don eitneanáisiúnachas a shamhlaítear le deireadh an 19ú haois faoina gceanglaí an náisiúntacht le pobal tíreolaíoch ar leith. Ina áit sin, áitíonn sé gurb iarmhairt í an náisiúntacht ar phróisis shóisialta agus chultúrtha, rud a chiallaíonn, a deir sé, nach bhfuil aon bhaint ag tréithe bitheolaíochta le seachadadh na náisiúntachta: *'From this it follows that any person whatever their physical characteristics and descent may become a member of a nation through cultural process'*.

Is sampla é seo den náisiúnachas sibhialta, ar foirm chuimsitheach den náisiúnachas é a aithníonn uathúlacht shainiúil chomh maith le cearta agus féin-achtáil an duine aonair (Woolard, 2016: 15). Is í an Ghaeilge, dar le Ó Caollaí, an t-aon chloch choirnéil faoina bhféadfaí bealach maireachtála mar sin a chruthú in Éirinn. Ceapann sé gurb í an teanga bunchloch na náisiúntachta óir is í an teanga a idirdhealaíonn an pobal náisiúnta ó phobail náisiúnta eile, mar a dúirt sé ag an Ard-Fheis in 1969:

Múnlaíonn teanga an *bealach* ina smaoiníonn daoine. Foghlaimimid conas smaoineamh a dhéanamh, conas mothú, conas rogha a dhéanamh, le cabhair fhocail, chora cainte agus chomhréir ár dteanga agus faoin srian a chuireann siad orainn. Sa teanga atá caomhnaithe taithí, eachtraí, eolas agus aislingí na nglúnta atá imithe. Trí theanga cuidíonn na mairbh le forbairt na mbeo. Dá bharr seo ar fad is í a gcomhtheanga a dhéanann pobal ar leith de dhream daoine is a chuireann ar a gcumas cultúr ar leith a chruthú agus é a chur ó ghlúin go glúin. Idirdhealaíonn sí pobal náisiúnta ó phobail náisiúnta eile. (Ó Caollaí, 1969: 3)

Athdhearbhú is ea an méid sin ar fhealsúnacht na hathbheochana gur meán í an teanga chun eolas soch-chultúrtha a sheachadadh ó ghlúin go glúin agus gurb í an teanga an eochair chun díchódú a dhéanamh ar chuimhní stairiúla (Ó Conchubhair, 2009: 16–9). Ina dhiaidh sin féin, cuireann Ó Caollaí go hinniúil le tuiscintí na hathbheochana tríd an bpobal náisiúnta a shainmhíniú i dtéarmaí socheolaíochta le léiriú go mbaineann tábhacht shóisialta leis an nGaeilge i gcomhluadar sa mhullach ar thábhacht ‘mhaoithneach’ na teanga. Éiríonn leis, mar sin, fealsúnacht na hathbheochana a phósadh leis an náisiúnachas sibhialta.

Ceist na gceart

De dheasca chúlú an stáit i gcaitheamh na 1960í, músclaíodh ceistiúchán sa Chonradh faoin athbheochan agus na baill in amhras an éireodh léi ar chor ar bith. Dá bharr sin, deir Ó Caollaí gur mhithid an athbheochan a chur i láthair faoi fheistias nua agus ba í sin an chúis ar socraíodh an ‘t-athréimniú’ a thabhairt isteach sa dioscúrsa in áit na hathbheochana (Ó Caollaí, 2013: 52). Mar chuid de seo, deir Aodh Ó Domhnaill gur shocraigh lucht na Gaeilge, in aon turas, ceist na Gaeilge a phlé agus a chur i láthair i dtéarmaí na gceart sibhialta feasta seachas i dtéarmaí athbheochana, rud a thug spreagadh dóibh dul ar mhórshiúltaí agus ar phicéid, fearacht nós na linne sin:

[...] do bhain sé sin le dearcadh na 1960idí ar fud an domhain, *civil rights* ‘we shall overcome,’ bhí Vietnam ar siúl, bhí cearta sibhialta i Meiriceá in 1968 agus i bPáras, bhaineamar leis an nglúin sin, ba chuid den saol é a bheith i mbun círéibe. (Ó Domhnaill, 2013)

Is cinnte gur baineadh earraíocht fhóna as an dioscúrsa sin chun ‘naimhde na teanga’ (Mac Aonghusa, 1993: 347) sa chóras oideachais a chloí, an LFM cuir i gcás. Bhí ceist an oideachais dháttheangaigh ina cnámh spairne i lár na 1960í mar gheall ar an tuarascáil taighde *Bilingualism and Primary Education* a scríobh an tAthair John Mac Namara. Ba é phríomhthoradh an taighde sin gur caitheadh 42% den am teagaisc sa bhunscoil ar an nGaeilge le hais 22% den am ag plé leis an mBéarla in ainneoin gurbh é an Béarla gnáth-theanga an teaghlaigh ag formhór na ndaltaí (MacNamara, 1966: 135). Dioscúrsa ba ea é seo ar tharraing an LFM agus Fine Gael air le cur ina luí ar an bpobal nach raibh an córas oideachais ag teacht le mianta tuismitheoirí ar mhaith leo gurbh ionann teanga an teaghlaigh agus meán teagaisc na scoile. Bíodh is gur tarraingíodh ceisteanna anuas faoin modheolaíocht a chleacht MacNamara, agus faoina iontaofa is a bhí na torthaí taighde (Williams, 1967; Lambert & Tucker, 1973; Cummins, 1977), deir Ó hIfearnáin (2009: 565) go raibh an-drochthionchar ag an taighde seo ar chúis an tumoideachais, agus ar chluí an oideachais dháttheangaigh trí chéile, i súile an phobail sna 1960í.

Ceapadh Eoghan Ó Néill ina Stiúrthóir ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge in 1966 (féach: Breathnach & Ní Mhurchú, 2024b). Go gairid ina dhiaidh sin, thug sé cuireadh don Ollamh Jac L. Williams teacht go hÉirinn chun léacht dar teideal *Bilingualism Today* a thabhairt in 1967. Saineolaí san oideachas agus sa dátheangachas in Ollscoil Aberystwyth ba ea Williams. Níos faide anonn sa bhliain 1973, d'fhoilsigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge leabhrán dar teideal *The Benefits of Bilingualism*, a scríobh beirt ollúna as Ceanada, Lambert agus Tucker. B'iarrachtaí comhfhiosacha agus eagraithe iad seo chun fianaise eolaíochtúil a chur ar fáil a thabharfadh dúshlán théiseanna Mac Namara agus an LFM. Léiriú is ea é freisin ar fheasacht ghluaiseacht na Gaeilge a bheith á múscailt i dtaobh chúrsaí oideachais agus cearta teanga sa Bhreatain Bheag agus i gCeanada araon. Ag eascairt as sin, agus chun teacht i dtír ar chúlú an stáit, bunaíodh feachtas na réamhscolaíochta agus na Gaelscolaíochta (Mac Aonghusa, 1993: 362; Walsh, 2022: 147), chomh maith leis an bhfeachtas ar son reachtaíocht teanga (Walsh, 2022: 213–4) gan trácht ar an bhfeachtas craolacháin sna 1970í.

Conclúid

Ba rílér do ghluaiseacht na Gaeilge faoi na 1960í go raibh an stát ag loiceadh ar a gcuid dualgas chomh fada agus a bhain sé le hathréimniú na Gaeilge. Dá dheasca sin, agus mar thionchar ar bhunú an LFM in 1965, thuig Conradh na Gaeilge gur orthusan a thitfeadh cúram na Gaeilge feasta, rud a thug spreagadh dóibh atheagar a chur air féin mar ghluaiseacht shóisialta (Ó Caollaí, 1972: 13). Ba mhalairt ghlan é seo ar ghníomhartha an Chonartha sna 1920í, tráth ar tháinig lagtrá ar an ngluaiseacht le bunú an stáit nua agus fágadh cúram na hathbheochana i lámha an stáit nuabhunaithe dá réir sin (Denvir, 1997: 352).

Agus an athnuachan faoi lán seoil, ba mhian le baill Chraobh na Cásca, go háirithe, tuiscintí úra a chruthú chun tábhacht na Gaeilge i saol an náisiúin a léirmhíniú. Chuige sin, thug na baill faoi léitheoireacht sa tsochtheangeolaíocht agus i dteoiricí na ngluaiseachtaí sóisialta sa chaoi is go mbeadh sé ar a gcumas tábhacht na teanga a chur in iúl i bhfriotail iontaofa socheolaíochta a d'fheil do chomhthéacs nua-aimseartha na 1960í, murab ionann agus an seanchur chuige a bhí fréamhaithe sa mhaoithneachas amháin. Mar gheall ar an gcomhbhallraíocht le Misneach gan trácht ar shaineolas na mball i dteoiricí na ngluaiseachtaí sóisialta, bhí modhanna nua gníomhaíochta á gcleachtadh ag Conradh na Gaeilge a d'fheil go paiteanta do chultúr na 1960í: léirsithe, picéid, mórshiúltaí, agóidíocht agus easumhlaíocht shibhialta.

Mar fhreagra ar an gcomhshamhlú cultúrtha agus ar an tomhaltas a bhí á mbrú ar Éirinn, dá buíochas, bhí Conradh na Gaeilge den tuairim go rachadh sé chun tairbhe don náisiún dá mbunófaí 'pobal náisiúnta' a chuimseodh cách, beag beann ar phór agus ar ghéinte, agus a mbeadh an Ghaeilge ina cloch choirnéil faoi. Faoin bhfealsúnacht úd, cuireadh in iúl go

raibh an Ghaeilge ‘riachtanach’ (murab ionann agus ‘éigeantach’) mar ghléas cuimsitheach féiniúlachta chun náisiúntacht bhuan Éireannach a chur chun cinn. Thug sé sin uchtach do Chonradh na Gaeilge chun scéal agus dán na teanga a phlé trí dhioscúrsa na gceart feasta, go háirithe le linn uachtarántacht Mhaolsheachlainn Uí Chaollaí (Mac Con Iomaire, 2024: 20). D’fhág sé sin go raibh sé ar chumas an Chonartha feachtas na réamhscolaíochta, an feachtas ar son reachtaíocht teanga mar aon leis an bhfeachtas craolacháin a chur ar siúl sna 1970í. Athrú straitéiseach ba ea é sin i modhanna oibre agus i bhfealsúnacht an Chonartha a chinntigh gur mhair gníomhaíochas na heagraíochta i bhfad i ndiaidh don LFM a bheith ar an dé deiridh. Ba í Craobh na Cásca an bhunfhoinsé a spreag an athnuachan sin a rinneadh ar mhodhanna gníomhaíochta agus ar fhealsúnacht Chonradh na Gaeilge ag druidim le deireadh na 1960í.

Tagairtí

Agallaimh

- Mac Aonghusa, M. (2013) Agallamh le Mícheál Mac Aonghusa (ball den eagraíocht Misneach), Baile Átha Cliath. 5 Feabhra.
- Mac Ruairí, P.T. (2013) Agallamh le Tomás Mac Ruairí, ball de Chonradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath. 13 Márta.
- Ó Caollaí, M. (2011) Agallamh le Maolsheachlainn Ó Caollaí, iar-Uachtarán an Chonartha 1968–74, Baile Átha Cliath, 13 Aibreán.
- Ó Domhnaill, A. (2013) Agallamh le hAodh Ó Domhnaill (ball de Chonradh na Gaeilge), Baile Átha Cliath, 13 Márta.
- Ó Tuathail, S. (2013) Agallamh le Séamas Ó Tuathail (ball den eagraíocht Misneach), Baile Átha Cliath, 4 Feabhra.

Ábhar Cartlainne

- Conradh na Gaeilge. (1962) *Meamram: Telefís Éireann*. Bailiúchán Chonradh na Gaeilge (G60), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na Gaillimhe.
- Conradh na Gaeilge. (1973) *Conradh na Gaeilge: Ard–Fheis 1973*. Bailiúchán Chonradh na Gaeilge (G60), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na Gaillimhe.
- Kelly, C.E. (1967) ‘Common Market, How Are Yeh?’ *Dublin Opinion*. Meitheamh.
- LFM (c.1966a) *Constitution of the Language Freedom Movement*. Bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na Gaillimhe.
- LFM (c.1966b) *Language Freedom Movement: Revised Statement of Policy*. Bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na Gaillimhe.

Leabhair agus Ailt

- Bowman, J. (2011) *Window and mirror: RTÉ television – 1961–2011*. Cork: Collins.
- Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (2024a) ‘Ó Cadhain, Máirtín (1906–1970).’ www.ainm.ie (Idirlíon). Ar fáil ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=413> (06.08.24).
- Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (2024b) ‘Ó Néill, Eoghan (1919–2007).’ www.ainm.ie (Idirlíon). Ar fáil ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=3022> (06.08.24).
- Brown, T. (2004) *Ireland: A social and cultural history, 1922–2002*. London: Harper Perennial.
- Cummins, J. (1977) ‘Immersion education in Ireland: A critical review of Macnamara’s findings.’ *Working Papers on Bilingualism* 13: 121–9.
- Daly, M.E. (2016) *Sixties Ireland: Reshaping the Economy, State and Society, 1957–1973*. Cambridge: Cambridge University Press.
- de Fréine, S. (1960) *Saoirse gan Só*. BÁC: FNT.
- Denvir, G. (1997) *Litríocht agus Pobal*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Lambert, W.E. & Tucker, G.R. (1973) *The Benefits of Bilingualism*. Baile Átha Cliath: Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.
- Mac Aonghusa, P. (1993) *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893–1997, Stair Sheanchais*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.
- Mac Con Iomaire, R. (2024) *An Ghluaiseacht: Scéal Chearta Sibhialta na Gaeltachta*. An Spidéal: Cló Iar-Chonnacht.
- MacNamara, J. (1966) *Bilingualism and Primary Education: A Study of Irish Experience*. Edinburgh: Edinburgh University Press.
- Meehan, C. (2013) *A Just Society for Ireland*. London: Palgrave/Macmillan.
- Murphy, G. (2009) *In Search of the Promised Land*. Cork: Mercier Press.

- Ní Anluain, É. (2024) 'Ó Domhnaill, Aodh (1947–2018).' www.ainm.ie (Idirlíon). Ar fáil ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=5038> (17.09.24).
- Nic Eoin, M. (2018) 'Imeachall agus Iltíreach? Pointí féachána nualitriocht na Gaeilge.' *Léann: Iris Chumann Léann na Litríochta* 5.
- Nic Eoin, M. (2020) 'State, Space and Experiment in Irish-Language Prose Writing.' *Irish Literature in Transition, 1940–1980*. Cambridge University Press. 235–54.
- Ó Braonáin, D. (2020) 'Gaeltacht Uí Chadhain: Fís agus Tuairisc.' Mac Amhlaigh, L. agus Mac Giolla Léith, C. (eag.) *Léachtaí Uí Chadhain: Mórchnuasach in ómós do Mháirtín Ó Cadhain (1906–1970)*. BÁC: Cló Léann na Gaeilge. 539–58.
- Ó Cadhain, M. (c.1970). *Gluaiseacht na Gaeilge: Gluaiseacht ar Strae*. BÁC: Misneach.
- Ó Caollaí, M. (1969) 'Múnlú na hAthbheochana do Shaol na Linne seo: Óráid Uachtaráin an Chonartha.' *Feasta*, 22 (3), 5–9.
- Ó Caollaí, M. (1972) 'Athnuachan: Óráid Uachtarán Chonradh na Gaeilge.' *Feasta*, 25 (2), 13–8.
- Ó Caollaí, M. (1973) 'Timthriall Ghluaiseachta.' *Social Studies: Irish Journal of Sociology*, 2 (2), 101–26.
- Ó Caollaí, M. (1976) 'LFM and the Language.' *Irish Press*. 1 Meitheamh. 8.
- Ó Caollaí, M. (2013) *Garret FitzGerald agus Paddy Hillery: Beirt a chuir an Ghaeilge dá boinn*. BÁC: Coiscéim.
- Ó Cathasaigh, A. (2002) *Ag Samhlú Troda: Máirtín Ó Cadhain, 1905–1970*. BÁC: Coiscéim.
- Ó Conchubhair, B. (2009) *Fin de Siècle na Gaeilge*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Giollagain, C. (2014) 'Unfirm ground: a re-assessment of language policy in Ireland since Independence.' *Language Problems and Language Planning* 38:1.

- Ó hIfearnáin, T. (2009) 'Irish speaking society and the state.' Ball, M.J. & Müller, N. (eag.) *The Celtic languages* (2nd ed., Routledge language family series). New York: Routledge. 539–86.
- Ó Murchadha, N. (2018). 'Iniúchadh ar dhearcadh cainteoirí Gaeltachta ar éagsúlacht na Gaeilge comhaimseartha.' Ó hIfearnáin, T. & Walsh J. (eag.). *An Meon Folaithé: Idé-eolaíochtaí agus iompar lucht labhartha na Gaeilge in Éirinn agus in Albain*. BÁC: Cois Life. 74–102.
- Ó Tuathaigh, G. (1990) *The Development of the Gaeltacht as a Bilingual Entity*. BÁC: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Tuathaigh, G. (2011) 'An Stát, an Fhéiniúlacht Náisiúnta agus an Teanga: Cás na hÉireann.' Mac Cormaic, B. (eag.) *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe*. BÁC: Coiscéim. 76–112.
- Rowland, H. (2016) 'An choimhlint idé-eolaíochta idir Misneach agus an LFM le linn chomóradh 50 bliain an Éirí Amach.' *COMHARTaighde 2*.
- Rowland, H. (2021) 'Saunders Lewis agus an tionchar a bhí aige ar Mháirtín Ó Cadhain agus ar ghluaiseacht na Gaeilge sna 1960idí.' *Studia Hibernica* 47(1).
- Walsh, J. (2012) *Contests and Contexts: The Irish language and Ireland's Socio-Economic Development*. Bern: Peter Lang.
- Walsh, J. (2022) *One Hundred Years of Irish Language Policy, 1922–2022*. Peter Lang Group: Peter Lang Ltd, International Academic.
- Williams, J.L. (1967) *Bilingualism Today*. Baile Átha Cliath: Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.
- Woolard, K.A. (2016) *Singular and Plural: Ideologies of Linguistic Authority in 21st Century Catalonia*. New York: Oxford University Press.



Dathú Éadaigh

Feena Tóibín

<https://doi.org/10.13025/29620>

Pléifear dathú éadaigh san aiste seo, le béim speisialta ar dhathanna nádúrtha. Pléitear gnéithe den phróiseas ina ndéantaí éadach a dhathú go traidisiúnta. Pléifear cuid de na dathanna éagsúla agus conas mar a cruthaíodh iad. Baineadh úsáid as ábhar nádúrtha cosúil le glasraí agus plandaí agus ábhair eile nach iad mar chuid den phróiseas seo. Cuirfear san áireamh réimse leathan foinsí ó bhailiúcháin bhéaloidis go leabhair ar an ábhar.

Ní gá brath ar lámhdhéantúsaíocht chun sinn féin a ghléasadh sa lá atá inniu ann, ar ndóigh. Ba ghné den saol laethúil an obair seo tráth, áfach. Faoi mar a mhínigh Donnchadh Ó Céileachair: ‘Sa tseana-shaoghal nuair ná biodh aon éadach le fáil isna siopaithe, bhíodh ar ga’h aon lín-tighe a gcuid éadaigh féin a dhéanamh sa bhaile.’ (1944: 280).

Sa tseanaimsir in Éirinn, cé gur oileadh fir mar tháilliúirí (tá tuilleadh faoi seo san alt ‘An táilliúireacht trí shúile na bprintíseach: dhá chuntas ón naoú haois déag’ le Síle de Cléir) agus mar fhíodóirí, ba mhínic gur ar na mná a thit sé an t-éadach féin a dhéanamh. Má théimid siar chomh fada leis an 15ú haois fiú, go dtí ‘Beatha Ciarain Cluana Mac Nois’ ó Leabhar Leasa Móir, leabhar a cuireadh le chéile do Fhínghean Mac Cárthaigh, Tiarna Chairbre *circa* 1480, luaitear ann an mí-ádh a bhain le fir a bheith ag plé le dathú:

On a certain day, Ciarán’s mother was making blue dye, and she was on the point of putting cloth into it. Whereupon his mother said to him: ‘Out with you, Ciarán! It is not considered auspicious to have men present for the process of dyeing cloth.’ (Herbert, 1994: 1)

Tá fáil againn ar go leor cuntas ar cheird an dathaithe, mar a bhíodh, i leabhair agus sa bhéaloideas. Dá bhrí sin, déanfar tagairt do thuairiscí faoin saothar seo ó fhoinsí éagsúla. Is léir go raibh an cheird seo fós á cleachtadh aimsir Bhailiúchán na Scol, mar tá ualach mór tagairtí, os cionn 100, do ‘*dyeing*’ agus ‘dathú éadaí’ sa bhailiúchán céanna, ó na 1930í. Bhí gá

leis an dathú toisc go ndéantaí na héadaí as olann go príomha, agus ar ndóigh ní raibh ach caora bhán, nó corrchaora dhubh ar fáil. Ní raibh sa dathú féin ach cuid bheag de phróiseas fada, le go leor céimeanna, ón gcaora go dtí an gculaith, d'fhéadfá a rá! Is deas an ráiteas a thug seanbhean do Kevin Danaher: *“Those who knew the herbs and the plants,” said she, pointing to the bright landscape of hill and sea and sky, “could pick any colour you like out of that scene and put it in the wool”*. (1984: 83). Céim shuimiúil amháin sa phróiseas dathaithe ab ea an ruaim, nó ábhar a úsáideadh mar bhuanaitheoir nó *mordant*. Míníonn Danaher an fheidhm a bhí leis an stuif seo: *‘to bite into the fibres of the wool and so give the dye-colour a grip on the material and prevent it from being washed off.’* (1984: 83) Seo míniú eile ar ruaim ó Charraig Uí Leidhin i gCorcaigh i mBailiúchán na Scol: *‘In order to “rime” the clothes that is to make the dye stick they were first boiled with sorrel.’* (CBÉS 357: 47). Cosúil leis na dathanna iad féin, is liosta le háireamh iad na nithe atá luaite le ruaim.

Is cosúil go mbraitheann na ‘comhábhair’ sa dath ar an áit ina bhfuil tú, agus rogha na mná féin. Tá alt ríspéisiúil ag Vernon Hull, *‘Irish Ruaim’*, ina gceistíonn sé Seán Ó Dálaigh,

‘What is ruaim?’ Faoi mar a léiríodh faoi na ról inscne sa scéal faoi Naomh Ciarán thuas, ní raibh cur amach ag an Dálach féin ar an bpróiseas. Chuaigh sé i gcomhairle le seanmhána an cheantair chun é a fhiosrú do Hull. Seo a méid a chuireann *‘Master Seán O’Daly’* ar fáil ina *chomposition* (mar a thug Hull air) deiridh: *‘Dath crón is eadh ruaim. Do-bhaineadh na mná tighé ruaim as préamh-achaibh sceach agus as sméara dubha a bhíodh ag fás ar na sceachaibh insa bhfóghmhar. Do-bhainidís barraidheacha na sceach leis chuinn na ruama do dhéanamh.’* (1951: 371)

Míníonn Hull ansin:

A comparison of the foregoing account by Sean O’Daly with the account by Eugene O’Curry in his work entitled ‘On the Manners and Customs of the Ancient Irish’, taken together with the supplementary remarks thereto in the introduction by W.K. Sullivan, indicates that both accounts at least agree in defining ruaim as a term which is strictly applicable only to the first dye stuff. They disagree markedly, however, with respect to the substances from which this base was produced. According to O’Daly, the base was extracted from the roots and the tops of briars, as well as from the blackberries growing on the briars. So, too, according to O’Curry and Sullivan the base was concocted from various materials. Yet apart from the roots of the bramble, which apparently are equivalent to O’Daly’s roots of the briar, they do not refer to the tops of briars or to the blackberries growing on these briars as sources for ruaim. On the other hand, they do refer to other sources, namely, the twigs of the alder tree, the buck bean, and even the common sorrel, none of which O’Daly mentions... each district in Ireland made use of those natural resources which were immediately available. (1951: 374)

Ar aghaidh ansin chuig na hábhair a úsáideadh chun an dath féin a chur san éadach. Ceann de na hábhair is mó a luaitear le dathú éadaigh ná an crotal nó scaith chloch – *lichen*. Tá réimse leathan den ábhar seo ann ach ba mhó úsáide a baineadh as *Parmelia saxatilis* agus *Parmelia omphalodes* in Éirinn toisc iad a bheith ar fáil go forleathan (Mahon, 1982). Faighimid cuntas cuimsitheach ar an bpróiseas seo sa leabhar *Cuimhní Cinn Cháit Ní Mhainín*, a bhaineann lena saol ag fás aníos i Ros Muc. Seo mar a scríobh sí:

Scaith chloch is mó a d'úsáidís leis an olann bhán a dhathú. Céard é scaith chloch, arsa tusa. Fásann sé ar ailltreacha agus ar mhulláin eibhir, áit ar bith a mbíonn cloch eibhir – fiú amháin claíocha, fásann scaith chloch orthu... Is minic a chonaic mé bean lá bradáin báistí, a buicéad agus a scian aici agus í ag scríobadh an stuif seo de na clocha. Bhí sé níos éasca é a bhaint nuair a bhíodh sé fliuch. Bhíodh an bhean ag baint léi go mbíodh slám mór bainte aici, leath de mhála dhá chéad bran, b'fhéidir. Abhaile léi ansin agus d'fhadaíodh sí tine i gcoirnéal sciobóil nó sráide. Dhéanadh sí frapa cloch timpeall uirthi. Chuireadh sí pota mór iarainn anuas ar an bhfrapa cloch. Chuireadh uisce ann. Slám ola ansin, agus slám scaith chloch os cionn na holann. Slám eile ola agus slám scaith chloch agus mar sin ó shlám go slám go mbíodh an pota gar dá bheith lán. Bhuaileadh sí clár ar an bpota ansin nó chuireadh sí cloch réasúnta trom ar an stuif a bhíodh ann lena choinneáil síos nuair a bhíodh an pota ar fiuchadh. Lasadh sí an tine ansin agus d'fhágadh an pota ar fiuchadh go mbíodh sí sásta leis an dath a bhíodh tógtha ag an olann. Chaitheadh sí an olann suas ar chlaí ansin go dtriomaíodh sí. Ar a bheith tirim di, chraitheadh aisti an scaith chloch agus réitíodh amach í le tabhairt chuig an bhfíodóir. Dath rua a thugadh an scaith chloch ar an olann bhán... (2000: 21–2)

Chímid sa sampla seo ná luaitear an ruaim, arís ag léiriú na héagsúlachta a bhain leis na ceantracha agus na hábhair dhifriúla. Ní i gcónaí go mbíonn ruaim ag teastáil, ach tá sé tuiscint óm' léitheoireacht ghinearálta (*Vegetable Dyes*, Ethel Mairet [Londain, 1952], *The Use of Vegetable Dyes*, Violetta Thurstan [Leicester, 1957], *Natural Dyeing: Learn How to Create Colour and Dye Textiles Naturally*, Kathryn Davey [Londain, 2022]) go mbíonn torthaí níos fearr léi de ghnáth. Tá liosta suimiúil ón mbaile fearainn Droim Slaoid i gContae Mhaigh Eo ar an gceann is cuimsithí atá ar fáil i mBailiúchán na Scol. Tugtar go leor 'Luibheanna a dathuigheanns' ar an liosta seo, thar dhá leathanach. Seo hiad na plandaí, agus na dathanna

a bhaineann leo, a luaitear ann (údar an ailt seo a chuir ainmneacha Laidine na bplandaí leis an liosta thíos agus tá an litriú caighdeánach ó Fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill tugtha idir lúibíní leis na samplaí seo):

neantóga – *Urtica dioica* – glas
driseoga – *Rubus fruticosus* – dubh ‘iad do ruamú le *logwood* [vód]’ (importáilte de ghnáth)
silistreach [seileastrach] – *Iris pseudacorus* – gorm agus dubh
bláth an aitinn – *Ulex europaeus* – buidhe
cupóg [copóg] – *Rumex obtusifolius* – glas
raithneach – *Pteridium aquilinum* – dubh ‘a ruamu le *logwood*’ agus donn
craiceann oinniún – buidhe geal
crotal – *brown*
cabáiste – *bottle green*
fraoch – *Calluna Vulgaris* - donn
cnádán – *Arctium minus* - donn
fearbhán [fearbán] – *Ranunculus acris* – *indigo blue*
samhaidh – *Rumex acetosa* – glas agus donn
‘meachna a fásann san loch’ – ‘dath dubh breag’
madraí [madar] – dearg
donn samhaidh – *Rumex acetosella* – donn
féar tirim – ‘a ruamu le *logwood* agus ailím [ailím] dathuigheann sé dubh’. (CBÉS 129: 242).

Tá cuntas breá eile ar dhathú ar fáil sa leabhar *A Mhuintir Dhú Chaocháin, Labhraí Gí Feasta!* (1987: 135) chomh maith:

Tá go leor luibheanna ann chun dath a dhéanamh agus seo cuid acu: crotal na gcloch, bun na ndriseachaí, bun na bhfeá, an ruileogach.

Cuireann siad na luibheanna seo síos i bpota uisce; cuireann siad ar an tine iad go ‘bhfiuchantar’ go maith iad. Ansin nuair a bhíonn siad fiuchta tógann siad na luibheanna as an uisce. Cuireann siad an t-éadach síos ins an uisce agus cuireann siad ar an tine arís é. Nuair a thóigeann siad an t-éadach as an uisce bíonn sé dathaithe.

Seo é an chaoi a ndéanadh seanmhná éadaí a dhathú fadó. Bhaineadh siad bun na capóige. Ghlanadh siad é, agus ansin scríobadh siad é. Bhruitheadh siad é i bpota uisce agus chuireadh siad isteach an olann agus cnapán goirm. Nuair a bhíodh an méid sin dathaithe, chuireadh siad síos tuilleadh. Ansin thriomaíodh siad é.

Tá éagsúlacht mhór le feiceáil idir na dathanna a luaitear leis na plandaí difriúla sna cuntais dhifriúla, rud atá suimiúil ann féin. In alt Danaher (1984: 84) pléann sé an cur chuige seo:

There are many other plants from which colour can be derived, but long practice showed which were best. Many dyers had secret formulae - the addition of a little vitriol, tartar, vinegar or salt, or a quantity of this or that herb, to produce a particular shade. The really expert made an exact science of dyeing, with most careful measurements of exact quantities, times and processes, so as to be sure of obtaining the exact shade required. Others, less careful, worked on a hit and miss system, in which the final colour was somewhat of a mystery until the work was finished. But, what matter, as long as it was a nice colour?

Ceann de na cúiseanna go mbaintear úsáid as ceimicí i ndathú sa lá atá inniu ann ná chun seasmhacht sa phróiseas a chinntiú. Tháinig na ceimicí isteach in Éirinn sa 19ú haois agus tháinig meath ar dhathú nádúrtha dá bhrí sin. Ceird bhaile a bhí ann go fóill, áfach, mar a mhínigh Seán Ó Dálaigh in 1932:

Tá sé suas le trí fichid bliadhán anois ó stad na daoine insan áit seo ar fad ó bheith ag baint aon phréamheacha sceach nó sméara ná barraidh-eacha sceach chuinn ruama do dhéanamh. Nuair a theastuigheann ó sna mná tighe aon phíosáí plainnín do dhathughadh in sa lá atá indiu ann chuinn cótaí dubha do dhéanamh de, is amhlaidh a cheannuigheann siad coparós¹ agus bhód² insa Daingean chuinn go mbeadh cótaí dubha aca á chaitheamh. Níl aon eolas riamh aca ar aon ruaim a bhaint as na sceacha. Níor chualadar riamh aoinní mar gheall air, agus ní dheineann siad ach sádhadh go dtí an siopa agus díol as an coparós agus as an bhód chomh maith. (1951: 372)

Is suimiúil mar a chímíid fás agus forbairt ar dhathú ó na meánaoiseanna ar aghaidh, agus arís an saibhreas nádúrtha atá sa domhan mórtimpeall orainn. Chímíid an úsáid chliste a baineadh as an ábhar a bhí ar fáil go háitiúil. Is iontach an áis dúinn na cuntais atá ar fáil sna leabhair agus sna bailiúcháin bhéaloidis.

Cé nach gá dúinn éadaí a dhéanamh nó a dhathú ar an mbealach traidisiúnta seo a thuilleadh, tá ceardaithe ag gabháil don obair seo i gcónaí agus tá eagraíocht náisiúnta ann darb ainm *Irish Guild of Spinners, Weavers and Dyers*. Tá spéis as an nua á cur sa dathú féin agus géarghá anois le slite nádúrtha maireachtála ná déanann dochar don timpeallacht. Is féidir le dathanna sintéiseacha a bheith níos saoire agus níos tapúla le húsáid, ach tocsaineach chomh maith. Fós féin, is mór an difríocht idir an cheird sa lá atá inniu ann, atá ina caitheamh aimsire, agus an gá a bhí le héadach a dhathú sa bhaile san am a caitheadh.

Tagairtí

- Danaher, K. (1984) 'The Irish Way of Dyeing.' *Books Ireland*, Uimh.83. 83–4.
- Herbert, M. (1994) 'An Infancy Narrative of Saint Ciarán.' *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium*, Iml. 14. 1–8.
- Hull, V. (1951) 'Irish Ruaim.' *Modern Language Notes*. June Iml. 66, Uimh.6. 370–5.
- Mahon, B. (1982) 'Traditional Dyestuffs in Ireland.' Gailey, A. & Ó hÓgáin, D. (eag.) *Gold Under the Furze: studies in folk tradition presented to Caoimhín Ó Danachair*. BÁC: Glendale Press. 115–28.
- Ní Mhainnín, C. (2000) *Cuimhní Cinn Cháit Ní Mhainnín*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Catháin, S., & Uí Sheighin, C. (eag.) (1987) *A Mhuintir Dhú Chaocháin, Labhraí Gí Feasta!* Indreabhán, Co. na Gaillimhe: Cló Chonamara.
- Ó Céileachair, D. (1944) 'Conas a Deintí Éadach sa tSeana-shaoghal.' *Béaloidias*, Iml. 14, Uimh.1/2. 280–6.

Bailiúcháin Béaloidis ar líne

- CBÉS 0357: 047. 'Dyeing' Mrs Mary Twomey, Inches, Ráth Mhór, Co.Chorcaí.
Múinteoir: Eibhlín, Bean Mhic Conchoille. <https://www.duchas.ie/en/cbes/4921760/4904184?HighlightText=rime&Route=stories&SearchLanguage=ga>.
- CBÉS 129: 242–3. 'Luibheanna a Dhathaíonnns.' Scoil: Droim Slaoid, Co. Mhaigh Eo. Múinteoir: Máire, Bean Mhic Suibhne. <https://www.duchas.ie/en/cbes/4427982/4363723?HighlightText=luibheanna&Route=stories&SearchLanguage=ga>.

Suíomhanna Idirlín

- Bunachar Logainmneacha na hÉireann: <https://www.logainm.ie/ga/>.
- Flóra Chois Fharraige: <https://www.florachoisfharraige.ie/>.
- Irish Script On Screen: <https://www.isos.dias.ie/index.html>.
- Leabharlann Teanga agus Foclóireachta: <https://www.teanglann.ie/ga/>.
- Tionscadal Digitithe Chnuasach Bhéaloidias Éireann UCD: www.duchas.ie/ga.



Rannóg na bhFochéimithe

An Mhuc Dhraíochta

Aistriúchán ar shliocht as *The Enchanted Pig*

Maitilde Warsop a d'aistrigh

<https://doi.org/10.13025/29619>

Bhí Rí ann tráth a raibh triúr iníonacha aige. Tháinig an lá a raibh ar an Rí dul chun troda, mar sin chuir sé fios ar a iníonacha agus dúirt sé leo:

‘A chailíní, caithfidh mé dul chun cogaidh. Tá arm mór an namhad ar an mbealach. Is údar mór bróin dom é sibh a fhágáil, ach tabharfaidh sibh aire díobh féin agus mé imithe. Bíg go maith, agus tugaigí aire don teach. Féadfaidh sibh dul ag siúl sa ghairdín agus beidh cead bhur gcoise agaibh sa phárlás, seachas an t-aon seomra amháin ar chúl ar an taobh thuaidh. Ná téigí isteach ansin ar bhur mbeo; ní fios cén dochar a dhéanfaí daoibh.’

‘Ná bí buartha, a athair,’ arsa na hiníonacha. ‘Tugaimid aird ort i gcónaí, agus ní stopfaimid anois. Ar aghaidh leat chun troda, agus go bhfaighe tú an lámh in uachtar ar an namhad gan mhoill!’

Agus é réidh le himeacht, bhronn an Rí eochracha na seomraí ar na hiníonacha agus chuir sé fainic orthu arís maidir leis an seomra ó thuaidh. Phóg a iníonacha a lámha agus deora ina súile. Ghuigh siad gach rath air agus shín sé na heochracha chuig an iníon ba shine.

Fágadh na hiníonacha leo féin ansin, agus iad trína chéile ar fad. Bhí siad díomhaoin ar dtús gan an rí, ach sa deireadh tháinig siad ar bhealach chun an t-am a líonadh. Shocraigh siad cuid den lá a chaitheamh ag obair, cuid eile ag léamh, agus cuid eile amuigh faoin aer sa

ghairdín. D'imigh an t-am agus iad ina bhun sin, agus d'éirigh siad cleachtach ar an saol gan an Rí. Ach bhí na hiníonacha fiosrach i gcónaí.

'A dheirfiúracha,' arsa an Banphrionsa ba shine, 'ní dhéanaimid tada ach fuáil, sníomh, agus léamh. Táimid linn féin le cúpla lá anuas anois, agus níl sa ghairdín ach na seanphlandaí céanna. Táimid tar éis chuile chearn den phálás a fheiceáil, agus staidéar a dhéanamh ar gach cathaoir ornáideach agus gach taipéis ghalánta. Níl fágtha anois ach an t-aon seomra amháin: an seomra nach bhfuil cead againn dul isteach ann. Cén fáth nach rachaimis isteach?'

'A dheirfiúr,' arsa an iníon ab óige, 'ní fhéadfaimid smaoineamh ar dhul isteach ansin fiú. Is cinnte go bhfuil cúis leis an méid a dúirt ár n-athair. Dúirt sé linn fanacht glan ar an seomra, agus ní fhéadfaimid neamhaird a dhéanamh de.'

'Ní fhéadfadh sé go bhfuil aon rud ró-olc istigh ansin,' arsa an dara banphrionsa. 'Ní bheadh aon rud a ghortódh muid ann cosúil le harracht nó le hainsprid. Agus má théimid isteach, cén chaoi a mbeadh a fhios ag ár n-athair ar aon nós?'

Lean na hiníonacha orthu ag cur agus ag cúiteamh go dtí gur shroich siad an seomra. Faoin am sin bhí siad spreagtha chun misnigh, agus chuir an iníon ba shine an eochair sa doras. D'oscail an doras le díoscán ard agus isteach leis na cailíní.

Seomra folamh a bhí os a gcomhair. Ní raibh breáthán ná ornáid ann, agus bhí an seomra lom, seachas bord mór trom i lár an tseomra. Bhí éadach gréasach galánta ar an mbord, agus ar a bharr sin bhí leabhar mór ar oscailt.

Mhúscail an leabhar spéis na gcailíní fiosracha, agus thosaigh an iníon ba shine ag léamh a raibh scríofa ann.

'An iníon is sine atá ag an rí, pósfar le prionsa ón Oirthear í.'

Anonn leis an dara hiníon, agus chas sí an leathanach.

'An dara hiníon atá ag an rí, pósfar le prionsa ón Iarthar í.'

Chuir an tairngreacht gliondar agus lúcháir ar an mbeirt ba shine, ach ní raibh fonn ar an mbanphrionsa ab óige dul i bhfoisceacht urchar méaróige den bhord ná den leabhar. Ach ní raibh na hiníonacha ba shine sásta an seomra a fhágáil gan deireadh an tuair a chloisteáil. Tharraing siad an iníon ab óige anonn chuig an mbord i gcoinne a tola. Chas sí an leathanach arís agus scanradh a hanama uirthi. Is éard a bhí scríofa ann:

'An iníon is óige atá an rí, pósfar le muc ón Tuaisceart í.'

Thug an iníon ab óige deirge ar bháine agus eagla a croí uirthi. Ba bheag nár thit sí ina laige, murach gur choinnigh a deirfiúracha ina seasamh í.

Nuair a tháinig sí chuici féin arís tar éis an drochscéala a fháil, rinne a deirfiúracha iarracht sólas a thabhairt di.

'Seafóid amach is amach atá ansin,' arsa deirfiúr amháin, 'Ní phósann banphrionsaí muca.'

'Ná creid an raiméis sin,' arsa an deirfiúr eile, 'is iomaí saighdiúir atá ag ár n-athair a chosnódh thú ó thruán mar sin ar aon nós.'

Bhí an banphrionsa ab óige ag iarraidh an méid a dúirt a deirfúracha a chreidiúint, ach ghoill sé go mór uirthi. Rinne an leabhar buairt di, agus í ag smaoineamh go mbeadh a deirfúracha sona sásta agus míchinniúint roimpi féin nár chualathas a leithéid fúithi riamh.

Bhí sé ag dó na geirbe aici chomh maith nach ndearna sí beart de réir a briathair nuair nár lean sí teoracha a hathar. Buaileadh tinn í, agus tar éis cúpla lá bhí sí athraithe as cuimse. Bhíodh sí gealgháireach greadhnach, ach de réir a chéile d'éirigh sí míltheach meirtneach. D'éirigh sí as an spraoi sa ghairdín, stop sí ag cur bláthanna ina gruaig, agus stad sí den cheol binn agus í ag sníomh agus ag fuáil lena deirfúracha.

Idir an dá linn, d'éirigh leis an Rí an ceann is fearr a fháil ar an namhaid, agus é tar éis slad agus marú a dhéanamh ar an arm. Ní raibh sé tar éis a iníonacha a fheiceáil le ceithre mhí anuas, mar sin bhí sé ag tnúth go mór le filleadh ar an bpálás. Cuireadh fáilte agus fiche roimhe, agus bhí ceiliúradh mór ann ar feadh na hoíche, le ceol, bia agus iontlas. Ar fhilleadh dó, ghabh an Rí buíochas mór le Dia go raibh an bua aige, agus go raibh sé slán sábháilte arís. Isteach leis sa phálas ansin, agus tháinig an triúr banphrionsaí chun fáilte a chur roimhe. Rinne an iníon ab óige a seacht ndícheall cuma shona fholláin a chur uirthi féin, agus bhí lúcháir ar an Rí a fheiceáil go raibh a iníonacha i mbarr a sláinte.

In ainneoin chur i gcéill na hiníne ab óige, ba ghearr gur thug an Rí faoi deara go raibh sí ag éirí fiorthanaí agus brónach. Rith sé leis go tobann gur dócha go raibh sí tar éis an leabhar a fheiceáil, agus nár lean sí a threoracha. Is beag nach raibh sé cinnte dearfa de, ach chun go mbeadh sé iomlán cinnte, ghlaoigh sé ar a iníonacha, cheistigh sé iad, agus dúirt sé leo an fhírinne a insint dó. D'inis siad an scéal ar fad dó, ach níor admhaigh siad dó cé acu a spreag an cathú sa bheirt eile.

Bhí an Rí trína chéile ar fad faoin am go raibh an scéal ar fad inste acu. Baineadh suaitheadh mór as. Mar sin féin, chuir sé guaim air féin agus rinne sé iarracht sólas a thabhairt dá iníonacha. Bhí eagla a gcroí orthu, ach thuig an Rí go raibh siad tar éis an leabhar a fheiceáil, agus nach ndéanfadh sé aon mhaith pionós a chur orthu ná tabhairt amach dóibh.

Le himeacht ama rinne gach duine dearmad ar an scéal. Ach ansin, lá amháin tháinig prionsa ón Oirthear chuig an bpálás. D'fhiafraigh sé den Rí an bhféadfadh sé an iníon ba shine a phósadh. Ní raibh drogall dá laghad ar an Rí cead a thabhairt dó. Réitigh siad i gcomhair ceiliúradh mór a mhair ar feadh trí lá, agus tar éis na bainise tugadh an lánúin chomh fada leis an teorainn agus gliondar orthu.



Léirmheas ar *An Ghaeilge sa Dlí* le Dáithí Mac Cárthaigh

(Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe 2020, €30)

Léirmheas le: Bróna Nic Dhiarmada

<https://doi.org/10.13025/29618>

Is iniúchadh atá sa leabhar *An Ghaeilge sa Dlí* le Dáithí Mac Cárthaigh ar stádas na Gaeilge in Éirinn de réir an dlí. Déantar cur síos ar an reachtaíocht agus ar an gcásdlí a bhaineann leis an nGaeilge go stairiúil agus sa lá atá inniu ann. D'fhoilsigh Leabhar Breac sa bhliain 2020 é, agus mar sin rithfeadh cúpla bearna leis an léitheoir, mar shampla, Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 chomh maith leis an Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022. Mar abhcóide é féin, éiríonn leis an údar leagan amach soiléir, loighciúil a chur i bhfeidhm ar an ábhar. Leanann an leabhar forbairt stádas na Gaeilge ó bhunú an tSaorstáit go dtí an lá atá inniu ann, dírithe ar phleanáil teanga agus na státseirbhísí.

Ní breithiúnas go díreach é an leabhar seo ar chur chun cinn na Gaeilge i ndlí na hÉireann, ach is léir go úsáid Mac Cárthaigh a chuid eolais mar abhcóide ina anailís. Tá tuairimí ó thús deireadh an leabhair, go háirithe iad siúd atá ag cáineadh laigí an Stáit as an nGaeilge a chur chun cinn tríd an reachtaíocht. Feictear an anailís is cáintí i réamhrá agus i mbrollach an leabhair, ina ndéantar tagairt do cheann de na pointí is láidre a fheictear sa leabhar; 'I dTeach Laighean, áfach, leantar den drochnós Billí a fhoilsiú agus a reáchtú as Béarla amháin... agus cuirtear amach tiontú oifigiúil Gaeilge orthu tamall ina dhiaidh sin, má chuirtear.' (14). Léiríonn an friotal san alt seo – úsáid na bhfocal 'áfach' agus 'drochnós' – réim breithiúnach an bhrollaigh nach bhfeictear sa chuid eile den leabhar mar gheall ar an réim acadúil, oideachasúil a úsáidtear. Is struchtúr éifeachtach é seo mar léirítear tuairimí an údair ón tús, ach is féidir teacht ar eolas gan bhac.

Osclaíonn príomhthéacs an leabhair le cur síos ar an gcomhthéacs stairiúil a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge sa dlí in Éirinn. Déantar cur síos cruinn ar ról na teanga sna gluaiseachtaí náisiúnachais. Is caibidil thábhachtach í seo chun ábhar an leabhair a chur i gcomhthéacs, go háirithe mura bhfuil eolas staire ag an léitheoir. Mar sin féin, tá easpa comhthéacs idirnáisiúnta sa leabhar. Chonacthas gluaiseachtaí náisiúnachais ar fud an domhain sa 19ú agus san 20ú haois, go háirithe mar thoradh ar scaipeadh na teoirice Marxáí, agus ní féidir gluaiseachtaí na hÉireann a scaradh ón gcomhthéacs seo. Is fíor go bhfuil an leabhar seo bunaithe ar stair na hÉireann, ach ní rithfeadh an easpa comhthéacs idirnáisiúnta leis an léitheoir mura raibh tagairtí go minic do thíortha eile níos déanaí sa leabhar chun comhthéacs reachtaíocht an dátheangachais a léiriú.

Cuireann an leabhar seo béim ollmhór ar an dátheangachas i reachtaíocht na hÉireann, go háirithe maidir le stádas na Gaeilge faoin mBunreacht – ‘Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í...Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.’ (Bunreacht na hÉireann 1937, Airteagal 8.1). Déanann Mac Cárthaigh comparáid idir chur i bhfeidhm an stádais seo in Éirinn agus i dtíortha eile an Chomhlathais (go háirithe i gcomhthéacs an tSaorstáit). Is iad Ceanada agus An Afraic Theas na tíortha a roghnaítear, maidir le Béarla agus an Fhraincis agus Béarla agus an Ísiltírís faoi seach. Is léir nach comparáidí cruinne iad seo. Sna tíortha sin is teangacha coilíneacha eile na teangacha sa reachtaíocht; is miontheangacha iad an Fhraincis agus an Ísiltírís mar gheall ar dhíospóidí coilíneacha idir na chéad choilínithe agus na Sasanaigh a tháinig ina ndiaidh. In Éirinn, is í an Ghaeilge an teanga dhúchais, ní teanga choilíneach í, agus mar sin tá tábhacht agus comhthéacs an stádais a bronnadh uirthi mar theanga oifigiúil na tíre éagsúil. Is féidir comparáid níos sláine a chruthú idir stádas na Gaeilge in Éirinn agus stádas na Maoraise sa Nua-Shéalainn. Déantar tagairtí do Cheanada go minic sa leabhar ach níl tagairt ar bith don phointe follasach seo. Feictear an fhadhb chéanna sa reachtaíocht a ndearnadh tagairt di sa leabhar seo; ní fheictear an focal ‘dúchas’ ná ‘*indigenous*’ in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ná sa Leasú a foilsíodh in 2021. Níl tagairt sa reachtaíocht seo don *fháth* ar cuireadh na rialacha seo chun cinn, agus is fadhb mhór í seo nuair atá miontheanga dhúchais i gceist i gcomhthéacs iarchoilíneach. I gcodarsnacht leis seo, tá a mhalairt le feiceáil sa Nua-Shéalainn. In *Te Ture mō Te Reo Māori* 2016, macasamhail Acht na dTeangacha Oifigiúla, cuirtear feidhm an achta chun cinn ag tús an achta; ‘*The purpose of this Act is...to affirm the status of the Māori language as...the indigenous language of New Zealand...*’. Mar sin, is léir go mbainfeadh an leabhar seo tairbhe as comparáid a dhéanamh idir an Nua-Shéalainn agus Éire in ionad Cheanada, mar a rinneadh.

Deirtear go bhfuil an leabhar dírithe ar mhic léinn agus ar dhlíodóirí cleachtacha araon (Blurba ar chúil an leabhair). Is fíor é seo, ach léirítear go mbeadh an leabhar seo an-úsáideach do mhic léinn dlí go háirithe mar gheall ar an gcur síos sonrath ar chóras dlí an Aontais Eorpaigh. Tá beagnach 20 leathanach sa chaibidil seo agus is cinnte gur achoimre an-chruinn é. Tá seans ann nach bhfeilfeadh an mionchuntas seo do gach léitheoir mar is achoimre

dírithhe ar thosaitheoirí é seo ina bhfuil go leor sonraí. D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil an chuid seo den leabhar rófhada mar níl tagairtí do chásdlí an Aontais Eorpaigh rómhínic sa leabhar, agus mar sin níl gá leis an leibhéal saineolais atá ann.

Mar sin, is leabhar maith do mhic léinn an dlí é. Ar an lámh eile, mar gheall ar an mbéim ar mhionsonraí agus ar shaineolas, is saghas almanaig é an leabhar seo ar ábhar na Gaeilge sa dlí. Níl sé riachtanach eolas dlí a bheith ag an léitheoir toisc go bhfuil an t-eolas leagtha amach go sothuigthe, ach b'fhéidir go mbeadh sé deacair na sonraí cruinne, go háirithe maidir leis an gcásdlí, a thuiscint. Cuireann na fonótaí go mór leis an eolas sa leabhar, agus críochnaíonn gach caibidil le críoch shoiléir agus láidir.

Mar fhocal scoir, is leabhar dea-eagraithe agus léirsteaneach é seo. Ar an drochuair, tá easpa tagairtí don iarchoilíneachas, rud atá ábhartha d'aon phlé ar thopaic na Gaeilge. Ní féidir stádas na Gaeilge in Éirinn agus an t-iarchoilíneachas a phlé go neamhspleách ar a chéile. Mar a dúradh, tá easpa tagairtí do Thuaisceart na hÉireann sa leabhar seo chomh maith, ach is léir go bhfuil an leabhar dírithe ar reachtaíocht an tSaorstáit agus na Poblachta. Dá scríobhfaí an leabhar i mbliana ní fhéadfaí cearta teanga an Tuaiscirt a sheachaint. Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil na fadhbanna céanna a aimsíodh i reachtaíocht na hÉireann le feiceáil san Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022, maidir le heaspa tagartha don iarchoilíneachas. San acht seo, ní dhearnadh tagairt don Ghaeilge mar theanga dhúchais na tíre. Bronnadh an stádas céanna ar theanga na hUltaise gan admháil do stair leatromach an stáit i gcás na Gaeilge, mar a rinneadh i rialtas na Nua-Shéalainne. Ina ainneoin seo, is leabhar lán de saineolas é *An Ghaeilge sa Dlí* atá oiriúnach do mhic léinn agus do dhlíodóirí cleachtacha araon. Tá struchtúr an leabhair soiléir agus ciallmhar agus is ciclipéid iontach é do dhaoine i réimse an dlí.



**Léirmheas ar *Ag cur chun fóinimh:*
Údarás na Gaeltachta ó 1980 i leith
á chur in eagar ag Gearóid Ó Tuathaigh & Breandán
Mac Suibhne (Cló Iar-Chonnacht 2023, €20)**

Léirmheas le: Honoria Ní Mháille

<https://doi.org/10.13025/29617>

Is cnuasach aistí atá sa leabhar *Ag cur chun fóinimh: Údarás na Gaeltachta ó 1980 i leith*, a chuir Gearóid Ó Tuathaigh agus Breandán Mac Suibhne in eagar agus a d'fhoilsigh Cló Iar-Chonnacht, agus léiríonn an leabhar stair Údarás na Gaeltachta óna bhunú sa bhliain 1980. Ceann de na buntaistí is mó a bhaineann le leagan amach an leabhair ná an chodarsnacht idir ailt atá dírithe ar pholasaithe agus scéimeanna a bhí agus atá ag an Údarás agus ailt a thugann cuntas pearsanta dúinn ó bhéal daoine a raibh tionchar ag na scéimeanna nó na polasaithe seo orthu. Is féidir leis an leitheoir iomhá iomlán a fháil ar thionchar obair an Údaráis.

Tá an leabhar dírithe go príomha ar lucht labhartha na Gaeilge a bhfuil suim acu sa stair agus ar lucht léinn a bhfuil foinse ar stair na heagraíochta uathu. Clúdaíonn na haistí réimse leathan ábhar, stair an stáit, an eacnamaíocht, an fhorbairt pobail, cúrsaí gnó, an tsochtheangeolaíocht agus an phleanáil teanga ina measc.

Tá cúig aiste is fiche ann san iomlán agus i measc na scríbhneoirí tá Éamon Ó Ciosáin, Donncha Ó hÉallaithe, Proinsias Breathnach, Máirtín Ó Conghaile, Máire Seó Breathnach, Tadhg Ó Cuinn, Páidí Ó Lionáird, Emer Ní Bhrádaigh, Áine Ní Chonghaile, Mícheál Ó Domhnaill, Peadar Mac an Iomaire, Máire Mhic Niallais, Pádraig Firtéar, Pádraic Mac Donncha, Seán Ó Coistealbha, Mícheál Ó Cinnéide, Breandán Mac Suibhne, Áine Ní Chiaráin, Seosamh Ó Cuaig, Máirín Ní Ghadhra, Carmel Ní Bhriain, Pádraic Ó Ciardha,

Fionnbarra Ó Muirí, John Walsh agus Finbarr Bradley. Is féidir leis an léitheoir dearcthaí an-difriúil a fháil ar chuid de na heachtraí stairiúla céanna in ailt éagsúla, rud atá an-suimiúil agus cabhrach chun léargas iomlán a fháil ar stair na heagraíochta.

Déantar plé ar cheann de na fadhbanna is mó atá i mbéal an phobail faoi láthair, is í sin fadhb na tithíochta sa nGaeltacht sa chnuasach. San alt leis an Dr John Walsh ‘Ón bhforbairt thionsclaíoch go dtí an phleanáil teanga’, léiríonn sé go raibh iarrachtaí ar bun ag Údarás na Gaeltachta tithíocht shóisialta a sholáthar sa nGaeltacht chomh fada siar le 2004 agus gur cuireadh stop leis na hiarrachtaí seo mar gheall ar shrianta reachtaíochta (367). Tá sé seo suntasach mar gheall ar an léargas a thugann sé dúinn ar an bpleanáil fhadtéarmach a bhíodh ar bun ag an Údarás. Tá sé mar aidhm ag an mBille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2024 cumhacht reachtaíochta a thabhairt d’Údarás na Gaeltachta talamh a cheannach le haghaidh tithíochta, agus tá ábhar an ailt seo tráthúil dá bharr.

Tugann an leabhar léargas iontach ar an mbaint láidir a bhí ag an Údarás le réimse na forbartha poiblí. Mar a léiríonn Peadar Mac an Iomaire – a bhfuil go leor oibre déanta aige féin sa réimsde seo i gCois Fharraige – san alt ‘Údarás na Gaeltachta agus an Fhorbairt Pobail’, thosaigh an fhorbairt pobail ag teacht chun cinn in Éirinn ag tús na seascaidí i measc daoine óga a raibh dearcadh nua acu: ‘D’fhéach an ghlúin óg ar an bhforbairt pobail mar chur chuige ina mbeidh iarrachtaí an stáit i bpáirt le hiarrachtaí na ndaoine ag oibriú ar mhaithe le saol agus bealaí maireachtála an phobail a fheabhsú’ (190). Cé nach raibh cumhacht ag an Údarás i leith na forbartha pobail go dtí lár na seachtóidí, léiríonn Mac an Iomaire go raibh muinín an phobail iontu ina cúnamh mór dóibh.

Déantar plé sa leabhar freisin ar na bealaí a dtugann an tÚdarás cúnamh do mhuintir na Gaeltachta lena ngnólachtaí féin a fhorbairt agus ar an gcaoi ar thug siad faoi cheist na fostaíochta thar na blianta. Déanann an Dr Emer Ní Bhraidaigh cur síos cuimsitheach air seo san alt s’aici ‘Fiontraíocht na Gaeltachta’. Léirítear roinnt eolais faoi na tionscadail chlosamhairc agus faoi na tionscail mhara agus faoi mhúnla na fiontraíochta sóisialta anseo (127–50). Chomh maith leis sin, faightear léargas ar an gcaoi a gcaitear leis na heagraíochtaí a fuair cúnamh ón Údarás san alt ó pheann Áine Ní Chonghaile – duine de bhunaitheoirí Chomhlacht Aistriúcháin Europais ina halt siúd darb ainm ‘Lámh an Charad’ (151–7).

I dtaca leis na tionscadail chlosamhairc, déanann Carmel Ní Bhriain cur síos cuimsitheach air seo ina halt ‘Údarás na Gaeltachta agus laetha tosaigh thionscal closamhairc na Gaeltachta (1987–1996)’. Tagraíonn sí do bhunú TG4 agus don ról tábhachtach a bhí ag an Údarás le cinntiú go mbeadh na scileanna cuí ag muintir na Gaeltachta chun an deis iontach seo a thapú (308). Bhí sé de chiall ag an Údarás cúrsaí oiliúna i scileanna teilifíse a chur ar fáil agus thuig siad ‘go raibh sé riachtanach daoine Gaeltachta a oileadh i gcúrsaí léirithe clár má bhíothas chun sprioc na teilifíse a bhaint amach’ (309). Tá sampla maith den dea-éifeacht a bhí aige seo le feiceáil in alt Mháire Seó Breathnach ‘Údarás na Gaeltachta agus Gaeltacht

na nDéise' freisin. Déanann Máire tagairt don chomhlacht léirithe 'Nemeton', comhlacht a fuair 'infheistíocht shuntasach' ón Údarás agus dar léi 'le tacaíocht ón Údarás, tá timpeall is caoga duine fostaithe acu anois ar bhonn lánaimseartha' (103).

Is cúis iontais é, seans, nach bhfuil níos mó ábhair sa leabhar seo maidir leis an bpleanáil teanga – ceann de na freagrachtaí is mó atá ar an Údarás le blianta beaga anuas, ach is dóigh nach bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeacht na bpleananna teanga fós.

Mar sin féin, tá an-chuid eolas luachmhar ann faoin obair a bhí agus a bhíonn ar siúl ag Údarás na Gaeltachta. Chomh maith leis sin, is leabhar úsáideach é le comhthéacs a fháil ar obair an Údaráis thar na blianta agus an chaoi a bhfuil freagrachtaí na heagraíochta athraithe ó bunaíodh é.

Bheadh an leabhar an-fheiliúnach do dhaoine nach mbeadh mórán ar eolas acu faoi stair na Gaeilge sa 20ú haois. Tugtar go leor eolais faoin gcúlra eacnamaíochta, sóisialta agus polaitíochta a bhfuil tionchar acu fós ar stádas na teanga agus na Gaeltachta sa lá atá inniu ann. Léiríonn an leabhar an tionchar a bhí ag Údarás na Gaeltachta ar mhuintir na Gaeltachta ar bhealach atá cuimsitheach ach pearsanta ag an am céanna agus stíl scríbhneoireachta éagsúil ag 'chuile scríbhneoir. Coinníonn sé seo aird an léitheora agus fágann an leagan amach gur féidir na haistí a léamh neamhspleách ar a chéile.



Drámaí Bunscoile – Ceol agus Amhráin
le Fil Uí Dhubhghaill, Micheál Ó
Dubhghaill & Jane Shimizu

(Cló Iar-Chonnacht, 2023, €20)

Léirmheas le: Dónal Ó Síocháin

<https://doi.org/10.13025/29616>

Is bailiúchán drámaí é an leabhar *Drámaí Bunscoile* le Fil Uí Dhubhghaill, Micheál Ó Dubhghaill agus Jane Shimizu a bheadh an-oiriúnach do ranganna Naíonán go Rang a Dó i mbunscoileanna agus i nGaelscoileanna. Tá deich ndrámaí bunscoile nuascríofa sa leabhar. Roinntear na caibidlí ina dtéamaí agus ina scéalta agus cabhraíonn an leagan amach seo leis an eispéireas léitheoireachta, mar cuireann sé scéalta agus drámaí suimiúla le carachtair agus téamaí éagsúla ar fáil. Tá an ceol agus na hamhráin a théann leis na drámaí sa leabhar *Drámaí Bunscoile* ar fáil ar leathanach Soundcloud Chló Iar-Chonnacht. Tá an Ghaeilge a úsáidtear sna drámaí an-bhunúsach le go leor athrá, rud a fhágann go bhfuil siad an-oiriúnach do pháistí nach labhraíonn Gaeilge sa bhaile lena dtuismitheoirí. Chomh maith leis sin, áfach, beidh múinteoirí sna scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna in ann an teanga a dhéanamh níos deacra chun cur le caighdeán teanga na bpáistí, tríd an teanga a athrú beagán agus í a dhéanamh níos casta do pháistí a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu.

In *Cairde Learaí*, téann Learaí ‘ar strae’ (11) an t-am ar fad agus is cosúil go bhfuil sé an-uaigneach agus go mbíonn imní air i gcónaí. Baintear úsáid as Gaeilge shimplí agus a lán athrá. Is breá le páistí athrá i leabhair agus cabhraíonn sé leo foghlaim níos éasca. Is léir go bhfuil béim mhór ar na séasúir agus ar an gcaoi a dtugann gach séasúr cineálacha éagsúla aimsire dúinn: ‘An samhradh atá ann, tá duilleoga ar na crainn, tá an ghrian sa spéir, tá sé te’

(11). Filleann Learaí abhaile nuair a thagann an t-earrach agus bíonn sé sásta faoi dheireadh. Léiríonn sé go dtugann an t-earrach dóchas dúinn go léir. Múineann sé freisin do na páistí tábhacht na séasúr agus cé chomh difriúil is atá gach séasúr.

Is iomaí téama atá sa dráma *An Fear Bréige Sona*, mar shampla, cairdeas, brón agus cineáltas. Bíonn Laoire, an Fear Bréige, an-sásta, fiú sa drochaimsir. ‘Níl mise fuar ar chor ar bith. Is breá liom an sneachta’ (17). Oíche amháin tosaíonn an ghaoth ag séideadh mar bhí stoirm mhór ag teacht. Tar éis na stoirme, níl fágtha den Fhear Bréige anois ach géag. Is cosúil go ndearna an feirmeoir Fear Bréige nua agus is crann álainn é Laoire ag deireadh an dráma. Glactar leis gur faoi chiorcal an tsaol, agus a thábhacht ar an bhfeirm an chuid seo den dráma. Tugann sé seo le fios go n-oibreodh na téamaí agus an teanga sa dráma seo go maith sna Naíonáin Shinsearacha, toisc go bhfuil an teanga simplí agus go mbeadh na téamaí ag teacht le go leor de na topaicí ar an gcuraclam. Tagann sé seo le cur chuige na Roinne Oideachais i gCreatchuraclam na Luath-Óige *Aistear* maidir leis an bhfiosracht in oideachas na naíonán.

Léiríonn an dráma *An Froghrionsa* scéal faoi Phrionsa leithleach, agus níl meas ar bith aige ar éinne. Is cosúil gur chaith sé go dona le cailleach lá amháin agus chuir sí faoi dhraíocht é. Glactar leis gur athraigh sí ina fhrog é. Buailteann sé le Banphrionsa agus pógann sé í. Fágann sé seo go n-athraíonn an frog ar ais ina Phrionsa arís. Ina dhiaidh sin, titeann siad i ngrá agus pósann an Prionsa agus an Banphrionsa. Is féidir a mhaíomh gurb é an príomhcheacht sa dráma seo ná a bheith diongbháilte. Úsáidtear Gaeilge shimplí sa dráma seo chun téamaí an chineáltais agus an ghrá a phlé. Tá na téamaí seo níos oiriúnaí do Rang a hAon nó Rang a Dó toisc go múintear iad ar bhealach níos doimhne i Rang a hAon ná i ranganna na Naíonán. Is é an chúis atá leis ná go mbeadh tuiscint níos fearr ag na páistí seo ar chastacht na dtéamaí seo.

Is dráma Nollag é *Aindí Leisciúil*. Is aoire é Aindí ach tá cuma an-leisciúil air, agus díríonn an príomhthéama air seo. Ba chosúil gur thug aingeal cuairt ar Aindí agus dúirt sé leis dul go Beithil. Mar sin, nuair a deir Aindí leis na haoirí eile cad a fheiceann sé, ceapann na haoirí eile go raibh Aindí ag magadh. Ní chreideann na haoirí eile Aindí agus imíonn sé go Beithil leis féin. Buailteann Aindí le Muire, Seosamh agus Íosa. Ansin tagann na haoirí eile isteach agus deir siad ‘Tá brón orainn nár chreid muid tú!’. Feicimid go dtugann Aindí maithiúnas dóibh. D’fhéadfaí a mhaíomh go scrúdaíonn an dráma seo muinín agus maithiúnas, agus mar sin, bheadh sé níos oiriúnaí do Rang a Dó. Bheadh go leor de na páistí seo ag ullmhú dá gcéad fhaoistin agus a gcéad chomaoineach agus bheadh go leor téamaí coitianta ann.

Is léir go bhfuil Daidí na Nollag ag iarraidh gach duine a eagrú don Nollaig sa dráma *Panic i dTeach Dhaidí Na Nollag*, ach níl daoine eagraithe. Mar gheall air seo, tá Daidí na Nollag ag éirí mífhóighneach ‘Shíl mé go ndúirt sibh go raibh sibh réidh!’ (44). Is cosúil go bhfuil gach rud ag obair ar deireadh ach tá fadhb eile ann, tá na fianna ag caint ar dul ar stailc. Fágann sé seo go gcuireann Rudolf ceist ar Dhaidí na Nollaig an féidir leis é a thabhairt timpeall an domhain. Dá bharr seo, tá áthas ar Dhaidí na Nollag ‘Rudolf le do shrón ghlé, an

rachaidh tú ós comhair mo shlé?’ (46). Léiríonn sé seo ceacht an dráma, is é sin an tábhacht a bhaineann le bheith ag obair le chéile fiú nuair a thagann constaicí i do shlí. Is féidir é a athrú chun freastal ar aon rang idir na Naíonáin Shóisearacha agus Rang a Dó.

Is mór na cosúlachtaí idir an dráma *An Bhanríon Chliste* agus an síscéal *An Banphrionsa agus an Pis*. Oíche amháin, tarlaíonn stoirm agus cloiseann an Bhanríon cnag ar an doras. Feicimid bean óg ag an doras ‘Is banphrionsa mé. Tá mé ar strae / imithe amú, tá mé buartha, tá mé fuar’ (51). Tugann an Bhanríon leaba don Bhanphrionsa. Is cosúil go bhfuil trua aici di, mar ní chodlaíonn an Bhanphrionsa go maith. Mar sin fáin, tá an Bhanríon sásta ‘Ha Ha! Is banphrionsa í go deimhin!’ (52). Tugann sé seo le fios gurb é an ceacht atá le foghlaim ón scéal ná nach féidir leat rud a mheas ar a dhealamh. B’fhéidir go mbeadh an dráma go maith i Rang a Dó, mar tá brí níos doimhne leis i gcomparáid leis na drámaí eile.

Is léir go bhfuil ceacht tábhachtach le foghlaim ag páistí sa dráma *An Teach a Bhí Róbheag* – ní mór duit a bheith buíoch as a bhfuil agat. Mar a deir an seanfhocal, *níl aon tintéan mar do thintéan féin*. Is dráma faoi Mhamaí agus Dhaidí atá ann agus ceapann siad go bhfuil a dteach róbheag. Táthar ag gearán agus ag iarraidh comhairle a fháil ó dhaoine éagsúla faoin teach. Mar sin féin, ceapann na daoine eile go bhfuil an teach go hálainn, agus de réir a chéile tuigeann siad go bhfuil an t-ádh orthu. Ina theannta sin, tá a lán athrá agus Gaeilge shimplí ann. Mar sin, bheadh an dráma oiriúnach do Rang na Naíonán.

Déantar tagairt don seanfhocal Gaeilge *Tír gan teanga, Tír gan anam*, sa dráma *Tír Gan Sorchas Tír Gan Anam*. Is léir go bhfuil an t-údar ag iarraidh cur in iúl dúinn go gcaithfidh daoine spraoi agus taitneamh a bheith acu ina saol. Is ceacht tábhachtach é seo do pháistí. Is iomaí téama deas atá sa dráma agus is féidir mothúcháin eagsúla a fheiceáil anseo. Tá an dráma seo oiriúnach do Rang a Dó, mar go bhfuil teanga níos casta agus brí níos doimhne leis.

Is dráma faoi ollphéist a bhfuil an chuma air gur duine olc é agus atá an-uaigneach é *An Ollphéist*. Arís bíonn ceacht tábhachtach le foghlaim anseo, agus is léir go bhfuil sé cosúil leis an seanfhocal ní mar a shíltear a bhítear. Is cosúil go bhfuil an ollphéist an-uaigneach mar ceapann daoine go bhfuil sé dainséarach. Feicimid ag deireadh an dráma go ndéanann an ollphéist cairdeas le páiste agus sa deireadh leis muintir an bhaie ar fad. Tugann sé seo le fios an tábhacht a bhaineann le cairdeas. Tá an teanga agus na téamaí níos deacra anseo ná sna drámaí eile. Mar sin, bheadh an dráma seo oiriúnach do Rang a hAon nó Rang a Dó.

Tá a lán téamaí agus mothúchán sa dráma *An Patrún Saileach*. Léiríonn an dráma gur féidir leis an ngrá constaicí a shárú. Insítear dúinn gur mhaith leis an Impire go bpósfadh a iníon, Li Chi, fear saibhir ach titeann sí i ngrá le seirbhíseach, Chang. Mar sin, caithfidh siad éalú ón Impire. Deirtear linn go gcuireann an tImpire an droichead trí thine agus faigheann Li Chi agus Chang bás. Gan dabht, is críoch bhrónach í seo, ach críochnaíonn an dráma le roinnt dóchais. Is taibhsí Li Chi agus Chang an dá éan a eitlíonn thar an droichead. Tugann sé seo le fios go mbeidh siad le chéile go deo. Is ceacht tábhachtach é, go háirithe nuair a smaoinimid ar an ngrá agus ar an mbás. Bheadh an dráma seo oiriúnach do Rang a Dó.

Mar fhocal scoir, b'fiú go mór an leabhar *Drámaí Bunscoile* a léamh. Tá múinteoirí ag gearán le fada faoi easpa drámaí / leabhar i nGaeilge do dhaoine óga. (Pléadh é seo i bhfoilseachán De Brún 'Leabhair Ghaeilge do Pháistí', áit a ndearna sí suirbhé ar chomh fada siar le 2007.) Is acmhainn iontach é *Drámaí Bunscoile* d'aon mhúinteoir bunscoile. Tá an Ghaeilge simplí, tá go leor athrá ann agus clúdaítear go leor téamaí. Bheadh sé an-úsáideach i suíomh na Naíonán Sóisearacha go Rang a Dó, agus do pháistí nach bhfuil Gaeilge líofa acu ach ag an am céanna is féidir é a dhéanamh níos dúshlánaí más gá. Is féidir leis an múinteoir úsáid a bhaint as an leabhar seo nuair a bhíonn gnéithe eile de churaclam na bunscoile á ndéanamh acu, mar shampla na séasúir, na huimhreacha, fiú amháin na briathra. Tá ardmholadh tuillte ag na húdair as an mbailiúchán sármaith seo de dhrámaí Gaeilge. Ní fhéadfadh sé ach cur le saibhreas Gaeilge na nglún óg.



Léirmheas ar *Máirtín Ó Cadhain 2020* in eagar ag Eoin Mac Cárthaigh & Pádraig de Paor

**Cló Léann na Gaeilge: Comhar, 47 Sráid Harrington, Baile Átha
Cliath 8. 2023, Cló Iar-Chonnacht, €25**

Léirmheas le: Joanne Uí Loingsigh

<https://doi.org/10.13025/29615>

Tá an cur síos a dhéantar ar shaothar an Chadhnaigh sa leabhar seo bunaithe ar pháipéir a léadh ag comhdháil a d’eagraigh Roinn Gaeilge Choláiste na Tríonóide, ar an 20 Samhain 2020. Deich gcinn d’ailt atá sa leabhar leis na húdair seo leanas: Cathal Ó Háinle, Máirín Nic Eoin, Micheál Briody, Gearóid Denvir, Máire Ní Annracháin, Caitlín Nic Íomhair, Ian Ó Caoimh, Alan Titley, Colm Ó Cuaig & Charles Dillon agus Pádraig de Paor. Is léir go ndeachaigh saothar an Chadhnaigh i bhfeidhm go mór orthu ar fad. Scríbhneoir den scoth a bhí i Máirtín Ó Cadhain agus é ábalta léargas chruinn a thabhairt ar shaol agus ar phobal Chois Fharraige. B’fhear Gaeltachta a bhí ann, ach chomh maith leis sin, ba phoblachtach é a bhí saite i gcúrsaí feachtais agus oideachais. Bhí baint ag an gCadhach le Coláiste an Tríonóide ón tréimhse a chaith sé ag teagasc ann, agus tá an chuid is mó de pháipéir phearsanta Mháirtín Uí Chadhain lonnaithe i seomra na lámhscríbhinní san ollscoil sin.

Ba é Seán Ó Cadhain, mac dearthár le Máirtín Ó Cadhain a sheol an chomhdháil in 2020. Thug sé léargas iontach ar a uncail i dtús an leabhair seo. Tugann sé spléachadh ar na cuimhní cinn atá aige ar Mháirtín agus é ag meabhrú dúinn

...gurb é aithne an ghasúra agus an déagóra a bhí aige air. Is léir go mbíodh faitis agus scátha acu roimh Mháirtín i dtús ama agus iad ina ngasúir óga, nó go ndeachaigh siad i dtaithí air.

Agus é ag trácht ar Mháirtín ar lá a shochraide, deir Cian Ó hÉigearthaigh an méid seo; ‘dúirt gurbh é... an fear ba mhó a fáisceadh as an nGaeltacht ó bhí Éire fré chéile ina Gaeltacht’ (IX)

Is é Cathal Ó hÁinle a scríobh an chéad alt sa leabhar – ‘Litreacha Mháirtín Uí Chadhain chuig Eoghan Ó hAodha.’ Tá bailiúchán díobh seo le fáil i leabharlann Choláiste na Tríonóide. B’uncail do Chathal é Eoghan Ó hAodha agus tá samplaí ó na litreacha le feiceáil san alt seo. Tá saibhreas teanga le feiceáil iontu chomh maith le nathanna áirithe cainte nach bhfuil le fáil i gcaint an lae inniu. Litreacha pearsanta is ea iad ina ndéanann Máirtín trácht ar chúrsaí pearsanta agus socruithe cruinnithe ó thaobh a chuid oibre de – eolas nach raibh fáil ar a leithéid i scríbhinní eile an Chadhnaigh. Tá greann le feiceáil sna píosaí seo chomh maith.

De réir mar a bhogann an leabhar ar aghaidh, tugtar léargas ar fhoghlaim agus ar mháistreacht teanga an Chadhnaigh. Tugann Máirín Nic Eoin léargas cuimsitheach air seo ina halt féin. Déanann sí cur síos ar thriúr scríbhneoirí cumasacha, sin iad Máirtín Ó Cadhain, Máirtín Ó Direáin agus Eoghan Ó Tuairisc: ‘daoine a ndeachaigh an Dara Cogadh Domhanda i bhfeidhm go mór ar a saol agus ar a saothar.’ (19). Chaith an Cadhnach seal i bpríosún le linn aimsir an chogaidh. Bhí sé mar bhall d’Óglaigh na hÉireann ag an am. Ba léir gur mhothaigh an Stát gur bagairt a bhí ina leithéid a bheith saor le linn an ama seo. Bhí an príosún mar shaghas ollscoile aige, áit ar léigh sé an t-uafás leabhar agus a ndeachaigh scríbhneoirí Rúiseacha i gcion go mór air. Is léir go raibh tionchar ar leith ag na scríbhneoirí seo air agus go deimhin gur spreag siad é.

I gcomparáid le hÓ Direáin agus Ó Tuairisc, a bhí ag feidhmiú thar ceann an Stáit sna blianta corracha sin, chaith Ó Cadhain an chuid is mó de bhlianta an chogaidh i gcampa géibhinn an Churraigh, mar dhuine de bhuíon cimí ar braitheadh mar bhagairt ar an stát iad de bharr a mballraíochta san IRA. (27)

Luann Máirín Nic Eoin freisin gur chosúil go raibh Ó Cadhain ar an eolas maidir leis an gcumhacht a bhí ag tíortha áirithe agus iad ag réiteach le haghaidh cogaidh. An rud is spéisiúla ná na hiarrachtaí a bhí arm Shasana ag déanamh chun ionaid a fháil ionas go mbeadh siad ábalta pléascáin a chur ag obair. Bhí siad ag aimsiú ceantair amuigh faoin tuath, áiteanna iargúlta. Níor thaitin seo le Tiarnaí Talún áirithe agus eagraíodh feachtais ina choinne. Ar deireadh thiar roghnaíodh an Bhreatain Bheag, ceantar ina raibh an Bhreatnais níos láidre ann ná in aon áit eile. (35).

Déanann Micheál Briody cur síos ar shaol pearsanta agus liteartha Uí Chadhain, roinneann sé eolas ar a mhórshaothair, ina measc *Cré na Cille*, an t-úrséal is cáiliúla dá chuid. Léiríonn sé ina alt freisin, teicnící liteartha Uí Chadhain agus tugann sé cuntas ar an tionchar a bhí ag Ó Cadhain ar litríocht agus ar chultúr na hÉireann. Tugann Gearóid Denvir le fios dúinn go

mbaineann sé leis an gcéad ghlúin iar-Chadhnach, pléann sé na cuimhní pearsanta atá aige ar an gCadhnach agus an tslí a ndeachaigh a litríocht siúd i bhfeidhm go mór air féin agus ar scoláirí eile na linne sin.

In alt Mháire Ní Anracháin, maítear go bhfuil rian an Bhíobla le haithint ar shaothar liteartha Mháirtín Uí Chadhain. ‘Tá an Chríostaíocht ina hábhar leanúnach ag an gCadhnach’ dar léi, agus ar cheann de na clocha is mó ar a phaidrín (96). Déanann Máire scúdú ar ‘An Seanfhear’ as *Cois Caolaire* le Ó Cadhain mar shampla de scéal a thugann athinsint ar thitim an duine agus ar aishfhreagairt na Críostaíochta tríd an mbaisteadh.

Tugann Caitlín Nic Íomhair aghaidh ina halt féin ar ‘Bró mhuilinn an tsaoil’: an fáinne fí i luathscéalta Mháirtín Uí Chadhain, seo sampla de na móitífeanna is coitianta i scéalta Uí Chadhain dar léi, is é sin an ghluaiseacht chiorclach i saol an duine. Aimsíonn Caitlín na codarsnachtaí céanna sna cnuasaigh *An Braon Broghach* agus *Cois Caolaire*. Luann sí an chaoi ar fhorbair an Cadhnach agus ‘De réir a chéile, feictear maoithneas an luathshaothair á chur di ag an údar, ach gan an géilleadh don áiféis agus don áibhéil a d’fheicfí ar ball’ (107).

Díríonn alt Ian Uí Chaoimh ‘Athnuachán: téacs, paraitéacs, caitheamh aimsire agus tórraimh’ ar théacsanna le Ó Cadhain nach bhfuil an oiread sin plé acadúil déanta orthu go fóill. Tugann anailís Uí Chaoimh léargas luachmhara dúinn ar theicnící liteartha an údair, rud a dhoimhníonn ár dtuiscint ar na sraitheanna casta i saothair Uí Chadhain.

Téann Alan Titley i ngleic le focail agus nathanna cainte Uí Chadhain san alt ‘Máirtín Ó Cadhain: an dúshlán aistriúcháin’. Déanann sé cur síos ar *Cré na Cille* ag díriú ar an stíl agus ar na nathanna cainte atá ann nach bhfuil le feiceáil i gcaint an lae inniu. Bhunaigh Máirtín Ó Cadhain an t-úrscéal ar phobal beag tuaithe i gcroílár na Gaeltachta agus tá saibhreas breá teanga le fáil ann. Admhaíonn Titley ‘nach focal ar fhocal ná abairt ar abairt ba chóir aistriúcháin a dhéanamh’ (139) ar shaothar an Chadhnaigh. agus déanann sé iniúchadh ar na dúshláin a bhain le haistriú ábhar Uí Chadhain – ‘Fearann samhlaíochta agus ceirde is ea an t-aistriúcháin, agus ní hionann an rud a dhéanfadh lámh amháin seachas lámh eile dá mbeadh fhios aice. Is é an gátaí ná go ndéanfaí é’ (141).

Tugann Colm Ó Cuaig agus Charles Dillon léargas ina n-alt féin ar an bpáirt lárnach a bhí agus atá fós ag an gCadhnach i saol na Gaeilge. Tugann siad cúlra ar mhórobair an Chadhnaigh agus é ag bailiú ábhar foclóra don Ghúm idir 1937 agus 1946 – bailiúcháin de suas le milliún focal (146).

San alt deiridh le Pádraig de Paor, ‘Cré na Cille: sna críocha deiridh’, deir an Paorach go n-éiríonn le Ó Cadhain scéal a insint faoi bheatha an duine i saol gan chríoch (*‘teloi’*) (166). Déanann sé comparáid idir an Cadhnach agus Jean-Paul Sartre agus leitheidí Quentin Tarantino; léiríonn sé go bhfuil na tréithe céanna ag an gCadhnach leo de bharr na nuálaíochta atá le feiceáil laistigh ina shaothar (158).

Léirítear i ngach alt gur fear cumasach, polaitiúil ab ea Máirtín Ó Cadhain. Bhí a ómós don Ghaeilge fáiscthe go smior ann. Tá a scéal féin le hinsint ag na húdair ar fad agus déanann an leabhar cur síos ar chúrsaí staire, litríochta, aistriúcháin, polaitíochta chomh maith le cúrsaí mionteangacha. Faightear léargas stairiúil ar shaol an Chadhnaigh. Éiríonn leis na scríbhneoirí léargas a thabhairt dúinn ar an aithne agus eolas a bhí acusan ar Mháirtín Ó Cadhain. Is fiú, dá bharr, d'éinne a bhfuil suim acu i gcúrsaí staire, litríochta agus sochtheangeolaíochta an leabhar seo a léamh. B'fhear mór polaitíochta agus feachtais a bhí ann agus labhair sé amach go láidir i gcónaí ar mhaithe le cearta sibhialta na Gaeltachta. Is léir nár scaoil sé riamh lena chuid tuairimí agus bhí an fhealsúnacht, an chruthaitheacht agus an mháistreacht le feiceáil go paiteanta ina chuid scríbhneoireachta.



Ekphrasis Spioradálta don Aos Óg: Alt Léirmheasa ar Iontas na nIontas le Gabriel Rosenstock

**Foilsithe ag Foilseacháin Ábhair Spioradálta, Baile Átha Cliath, 2023
(71 leathanach, clúdach bog, ISBN: 978-1-906982-81-2)**

Léirmheastóir: Marie Whelton

<https://doi.org/10.13025/29614>

Réamhrá

Is teach foilsitheoireachta é Foilseacháin Ábhair Spioradálta a bunaíodh sa bhliain 1956 ‘faoi choimirce Ord na nÍosánach, chun leabhair a sholáthar i nGaeilge ar ábhair a bhaineann le creideamh agus leis an gcultúr Críostaí’ (2025) agus is cinnte go dtagann ábhar an ailt léirmheasa seo – *Iontas na nIontas* – leis na haidhmeanna sin. Cnuasach de véarsaí nuachumtha is ea é don aos óg leis an scríbhneoir bisiúil, Gabriel Rosenstock, scríbhneoir a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta bainte amach aige dá shaothar turgnamhach filíochta agus próis do pháistí agus do dhaoine fásta araon. Is cnuasach suaithinseach é *Iontas na nIontas* toisc na véarsaí ann a bheith curtha i láthair in éineacht le foinsí a n-inspiráide – píosaí ealaíne ón bhFearann Poiblí. ‘*Ekphrasis*’ a thugann Rosenstock (2024: 13) ar an stíl atá á cleachtadh aige sa cnuasach agus ar an ábhar sin, sa léirmheas seo, tabharfar sainmhíniú ar dtús ar an téarma *ekphrasis* agus luafar cuid de na ceisteanna eiticíúla is gá do chriticeoirí liteartha dul i ngleic leo agus *ekphrasis* á mheas acu. Féachfar ansin ar an tslí a gcuireann Rosenstock *ekphrasis* i láthair an léitheora óig in *Iontas na nIontas* agus léireofar gur freagairt spioradálta ar an ealaín é saothar Rosenstock atá ag iarraidh freagairt spioradálta a spreagadh sa léitheoir óg.

***Ekphrasis*: Sainmhíthe agus Ceisteanna Eitice**

Téarma Gréigise is ea an téarma *ekphrasis* agus faightear sainmhíthe éagsúla ar an téarma sa scoláireacht liteartha. Is é an sainmhíniú a chuir James Heffernan chun cinn sa bhliain 1993 ná: ‘the verbal representation of visual representation’ (Brosch, 2018: 226) ach glactar leis anois gur sainmhíniú teoranta é sin agus b’fhearr sainmhíniú ina dtugtar suntas do na híomhánna go léir a bhíonn ar fáil sa lá atá inniu ann d’*ekphrasis* agus ina dtagraítear, freisin, do fhreagairt agus do thuiscint an scríbhneora. Ar an gcúis sin, is é an sainmhíniú a mholann Renate Brosch ar *ekphrasis* ná: ‘a literary response to a visual image or visual images’ (Brosch, 2018: 227). Molann criticeoirí eile sainmhíniú níos cuimsithí a chuireann córais chomharthaíochta agus freagairtí cruthaitheacha éagsúla san áireamh. I bhfocail Manana Rusieshvili-Cartledge agus Dolidze Rusudan, mar shampla: ‘*Ekphrasis* is the verbalization, quotation, dramatization of or allusion to real or fictitious texts composed in another sign system’ (2015: 1, 6).

Pé sainmhíniú a úsáidtear, spreagann *ekphrasis* ceisteanna eiticiúla agus polaitiúla do chriticeoirí liteartha. Ceann de na ceisteanna sin ná ceist na cothromaíochta idir an focal scríofa agus an píosa ealaíne. Seo mar a chuireann Brosch síos ar an gceist:

Historically, the word was ennobled by its association with scripture as opposed to the inherently deceptive image. . . Ekphrastic writing, especially when it engages with canonical art objects, often reinstates the traditional hierarchies between the verbal and the visual in order to question or criticize the value-laden beliefs associated with them. (Brosch, 2018: 233)

Ceist eile a spreagtar, baineann sí leis an deighilt ama agus comhthéacs a bhíonn ann idir an t-ealaíontóir agus an scríbhneoir. Mar gheall ar an deighilt sin, bíonn baol ann go gcuirfidh scríbhneoirí údair imní agus cláir pholaitiúla a n-aoise féin i bhfeidhm ar phíosaí ealaíne a cumadh in aois eile. Ar an taobh eile de, aithnítear, freisin, gur féidir le *ekphrasis* teorainneacha ama agus staire a shárú chun tairbhe na healaíne agus na scríbhneoireachta araon. I bhfocail Brosch arís: ‘in the global interconnectedness of the digital age, *ekphrasis* can transcend the limited boundaries of nation or social group.’ (Brosch, 2018: 241)

Is díol spéise é sa chomhthéacs sin, go n-áitíonn Pádraig de Paor go bhfuil ómós ‘do mhisteachas. . . na healaíne ina chomhartha sóirt d’fhillíocht Rosenstock’ (de Paor, 2023:102). Dar le de Paor, tarraingíonn Rosenstock ar an ealaín chun dul i ngleic le ‘dídhraíochtú’ an chultúir chomhaimseartha agus chun dul i ngleic go háirithe le fadhb an ama (de Paor, 2023: 100). Seachas cláir agus sainfhadhbanna na haoise seo a chur i bhfeidhm ar an ealaín, déanann Rosenstock iarracht teagmháil a dhéanamh le foinse inspioráide ealaíontóirí eile ó

thréimhsí staire éagsúla agus cabhraíonn an ealaín leis gnó ionchuimsitheach spioradálta a chur i gcrích (de Paor, 2023:107). Luann Gabriel Rosenstock an tairbhe spioradálta sin freisin agus an teagmháil a dhéanann sé le tobar síoraí na cruthaitheachta le cúnaimh *ekphrasis*:

Tá *ekphrasis* tar éis mo shaol liteartha a athrú [...] Féachaim ar phictiúr. Uaireanta is leor breathnú ar an bpictiúr ar feadh soicind. Uaireanta eile is féidir stánadh go machnamhach ar an bpictiúr agus súitear isteach ann thú. As an bpróiseas sin a thagann an dán [...].

Creidimse gur féidir tairbhe spioradálta a bhaint as an ealaín agus nach díreach sásamh mothúchánach nó sásamh don tsúil amháin é. Is mar seo a thuigimse an scéal: nuair a fhéachann tú ar shaothar ealaíne, do chroí agus d'aighe lánoscailte agat, tá tú ag dul i dteagmháil le foinse na cruthaitheachta sa duine eile agus, ar shlí, níl ach aon fhoinsé amháin inspioráide agus cruthaitheachta sa chruinne. Is é gnó agus dualgas an ealaíontóra a bheith i dtiúin leis sin, ag triall ar an tobar sin go síoraí seasta. (Rosenstock, 2024: 13; feic 2023b, freisin)

Lámhleabhar *Ekphrasis*: Freagairt Spioradálta a Spreagann Nóiméad Machnamhach

In *Iontas na nIontas* tugann Rosenstock treoir don aos óg, agus dóibh siúd a bhíonn ag déileáil leis an aos óg, maidir le dul i ngleic le *ekphrasis*. Tá tréithe an lámhleabhair oideachasúil le feiceáil ar a struchtúr. Sa chéad chuid, tá ‘Nóta d’Oidí is do Thuismitheoirí’ áit a molann Rosenstock modheolaíocht chun dul i ngleic le hábhar an leabhair agus áit a dtugann sé le fios gurb é an aidhm atá aige ná ‘nóiméad machnamhach’ (6) a chruthú in aighe an léitheora / an bhreathnóra d’fhonn tairbhe spioradálta (sólás, séimhe, iontas, grásta) a bhaint amach. Sa dara cuid (corp an leabhair), cuirtear trí ábhar machnaimh san iomlán os comhair an léitheora / an bhreathnóra ar gach leathanach: 1) an píosa ealaíne le healaíontóir ainmnithe; 2) haiku Rosenstock ar freagairt spioradálta é ar an bpíosa ealaíne; agus 3) an cumasc den ealaín agus den fhilíocht le chéile. Sa tríú cuid den leabhar, faightear gluais d’fhoghlaimoirí teanga ina gcuirtear na haikuanna i láthair leo féin i nGaeilge agus i mBéarla. Sa cheathrú cuid, tá nóta mínitheach ón údar dar teideal: ‘Siombailí san Ealaín Chríostaí’ agus sa chuid dheireanach tugtar liosta de na healaíontóirí a bhfuil ealaín leo san áireamh sa leabhar.

Meascán de mhósáicí, de phictiúir ó leabhair agus de phíosaí ealaíne iad na híomhánna a chuirtear i láthair sa dara cuid den leabhar – ealaín i stíleanna éagsúla ó thréimhsí staire éagsúla. Cé gurb íomhánna Críostaí iad cuid mhaith de na híomhánna, cuireann Rosenstock béim ar nádúr uileghabhálach na healaíne agus áitíonn sé gur féidir leis an ealaín ‘na baic chreidimh agus chultúir a dhéanann daoine a dheighilt óna chéile rómhínic’ (5) a thrasnú. Tá teideal na híomhá, ainm an ealaíontóra mar aon le foinse an phictiúir tugtha i gcló beag

taobh le gach íomhá agus tugtar freagairt fhileata Rosenstock don phictiúr faoi bhun gach pictiúir. Seasann caighdeán ard an chló agus na ndathanna sna híomhánna féin amach agus níl amhras faoi ach go bhfuil an píosa ealaíne agus an focal scríofa ar chomhchéim lena chéile sa leabhar seo.

Is tairbheach cúig shampla éagsúla a phlé ó chorp sin an leabhair chun blaiseadh a thabhairt do léitheoirí d'*ekphrasis* Rosenstock. Faoi bhun 'Naomh Froinsias ag Seanmóireacht leis na hÉin' le Giotto, mar shampla, tá an *haiku* seo:

Froinsias . . .
an té a labhraíonn
leis an éanlaith (Rosenstock 2023a: 16).

Tá plé déanta ag Pádraig de Paor (2023: 112-113) ar thábhacht na teanga agus na gcréatúr mar mhóitífeanna i saothar Rosenstock agus is léir go spreagann an píosa ealaíne le Giotto an file chun an dá mhóitíf sin a thabhairt le chéile arís sa *haiku* seo. Féachtar ar Naomh Froinsias mar dhuine a bhfuil de bhua míorúilteach aige labhairt leis na héin. In ainneoin nach bhfuil cumas teanga ag na héin, glacann Rosenstock le spiorad an iontais agus cruthaíonn sé nóiméad machnamhach urnaitheach ar an míorúilt anseo. Spreagann sé an léitheoir chun machnamh a dhéanamh ar Naomh Froinsias mar naomh a raibh draíocht chumarsáideach éigin ag baint leis agus mar naomh a bhí báúil leis an nádúr.

Is é an *haiku* atá faoi bhun an phíosca ealaíne, 'Breith Chríost' le Giovanni da Milano Duccio, ná:

saolaítear leanbh . . .
nach teolaí í
anáil an asail (19).

Leis an *haiku* ceisteach seo, éiríonn le Rosenstock an léitheoir a tharraingt isteach i suíomh an phictiúir. Glacann Rosenstock leis go bhfuil an léitheoir in ann teas anáil an asail a aireachtáil. Is é an toradh ná go spreagtar an léitheoir óg chun é / í féin a shamhlú i láthair ag breith Chríost. Tá na buntáistí spioradálta a bhaineann leis an gcleachtas sin pléite ag go leor scríbhneoirí eile (feic Ó Dúshláine, 1987: 173-9, mar shampla). Tríd an ealaín, agus a fhreagairt féin don ealaín, a chur i láthair le chéile, déanann Rosenstock iarracht freagairt spioradálta mhachnamhach a spreagadh sa léitheoir / sa bhreathnóir.

Haiku ó pheirspectíocht na todhchaí atá faoin bpictiúr, ‘Gabháil Chríost’ ó Leabhar Cheanannais:

Lochlannaigh ag treabhadh na dtonn...
nóir chualadar trácht fós
ar shíth Dé (20).

Déanann Rosenstock comparáid idir ‘Gabháil Chríost’ agus an creachadh a rinne na Lochlannaigh ar na mainistreacha in Éirinn. Tá tuiscint agus míniú sa *haiku* ar neamh-Chríostaíocht na Lochlannach agus ar an easpa taithí a bhí acu ar shíocháin agus ar mhaithiúnas Dé. Is féidir go spreagann an cumasc den ealaín agus de fhreagairt Rosenstock don ealaín an léitheoir / breathnóir chun machnamh a dhéanamh ar an gceangal spioradálta atá ann idir tréimhsí staire éagsúla, ar oidhreacht shuaitheinseach ealaíne na mainistreacha, ar an ionannú is féidir a dhéanamh idir Críost agus Críostaithe agus ar an tuiscint a thagann le gaois na staire.

Faoi ‘Túr Bháibil,’ le Pieter Mór Bruegel, tá an *haiku* seo:

Túr Bháibil...
murach é
ní bheadh aon fhocal Gaeilge againn (32).

Is léir ón *ekphrasis* áirithe seo faoi ‘Túr Bháibil,’ gur ábhar ceiliúrtha don fhile é go bhfuil go leor teangacha sa domhan agus go bhfuil an Ghaeilge ina measc. Tá mínithe ag Pádraig de Paor go bhfuil ‘an-mhórán dánta leis an fhile a chíorann ceisteanna teanga go fealsúnach...’ (de Paor 2023: 112) agus gur uirlis í an teanga chun ‘focail a chur ar eispéireas na beatha, chun cuntas a thabhairt air, chun freagairt dó’ (113). San *ekphrasis* thuas, spreagann Rosenstock an léitheoir / breathnóir chun machnamh a dhéanamh ar thábhacht shainiúil iontach na Gaeilge i measc theangacha uile an domhain. Is féidir, freisin, go spreagfaidh an ceann áirithe seo léitheoirí / breathnóirí chun machnamh a dhéanamh ar ‘Túr Bháibil’ i dtraidisiún liteartha na Gaeilge i gcoitinne, traidisiún a bhfuil tagairtí ann do ‘Túr Bháibil’ chomh fada siar le *Lebor Gabála Éirenn*.

‘An Tuama Folamh,’ le Julia Stankova, a spreag an *haiku* seo:

tuama folamh...
a líon
gach croí (55).

Is é an t-imeartas agus an tslí a mbíonn Rosenstock ag súgradh agus ag spraoi leis an teanga a thagann chun cinn sa *haiku*. ‘Súgradh dáiríre’ (de Paor, 2006: 199) a thugann Pádraig de Paor ar an nós a bhíonn ag Rosenstock dul i ngleic le tragóid agus le lúcháir na beatha ag an am céanna. Tá an t-imeartas sa *haiku* thuas bunaithe ar an gcodarsnacht idir an fhoilmhe agus an lámhhaireacht. Tógtha le chéile, spreagann an ealaín, agus freagairt scríofa Rosenstock don ealaín, machnamh ar an lúcháir agus ar an ngliondar a thugann aiséirí Chríost ón mbás do dhaoine.

Conclúid

Is léir ón gcúig shampla sin go dtuilleann *ekphrasis* Gabriel Rosenstock tuilleadh taighde agus anailíse. Sna samplaí a scrúdaíodh thuas, tugann an t-údar cothromaíocht don íomhá agus do théacs an *haiku* ina chur i láthair agus iompraíonn sé an léitheoir / breathnóir go spás machnamhach cruthaitheach ina sáraítear teorainneacha ama agus staire. Is lámhleabhar é *Iontas na nIontas* ina gcuirtear freagairt spioradálta Rosenstock ar an ealaín i láthair ar bhealach a lorgaíonn freagairt spioradálta ón léitheoir óg. Ar an ábhar sin, is cuireadh chuig an machnamh spioradálta é agus is cinnte go bhfuil ‘cothú anseo don anam agus don tsúil’ (6). D’fhéadfadh múinteoirí úsáid a bhaint as an leabhar le déagóirí i ranganna ealaíne agus i ranganna i léann an reiligiúin araon. Bheadh sé spéisíúil, sa chomhthéacs oideachasúil sin, cás staidéir a dhéanamh ar an tairbhe spioradálta a bhaineann déagóirí as an modheolaíocht atá molta ann le fáil amach an gcomhlíonann an leabhar an fheidhm a chuireann sé roimhe maidir leis an aos óg. Níl amhras faoi ach go soláthraíonn doimhneacht spioradálta an leabhair álainn spreagúil seo deiseanna éagsúla d’oideachasóirí agus do thaighdeoirí araon. Tá ardmholadh tuillte, freisin, ag na foilsitheoirí, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, as caighdeán na clódóireachta san ealaín, as an dua a caitheadh le creidiúintí iomláine a thabhairt do na healaíontóirí agus as tabhairt faoi thionscnamh atá chomh húr turgnamhach.

Leabharliosta

- Brosch, Renate (2018) 'Ekphrasis in the Digital Age: Responses to Image.' *Poetics Today* 39(2). 225-43.
- de Paor, Pádraig (2006) *Na Buachaillí Dána*. BÁC: An Clóchomhar.
- de Paor, Pádraig (2023) 'Gabriel Rosenstock, Cleasaí.' Ní Ghearbhuigh, Ailbhe agus Rosenstock, Tristan (eag.) *Inside Innti: A new wave in Irish poetry*. Cork: Cork University Press: 99-115.
- Foilseacháin Ábhair Spioradálta (2025) 'Eolas Fúinn.' <https://www.timire.ie/>
- Ó Dúshláine, Tadhg (1987) *An Eoraip agus Litríocht na Gaeilge 1600-1650: Gnéithe den Bharócachas Eorpach i Litríocht na Gaeilge*. BÁC: An Clóchomhar Tta.
- Rosenstock, G. (2023a) *Iontas na nIontas*. BÁC: Foilseacháin Ábhair Spioradálta.
- Rosenstock, G. (2023b) *Bláth Draíochta: 100 Dán Don Aos Óg*. Nua-Eabhrac: Cross-Cultural Communications.
- Rosenstock, G. (2024) 'Foinse na Cruthaitheachta.' *Inis: The Children's Books Ireland Magazine*, 70, Eanáir. 13-5.
- Rusieshvili-Cartledge, M. & Rusudan, D. (2015) 'Ekphrasis and Its Multifaceted Nature: Ways of Its Usage in Literature and Cinematography.' In: *The International Journal of Literary Humanities* 13(3). 1-8.



Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí

Bróna Nic Dhiarmada

Is as Contae Mhaigh Eo ó dhúchas í Bróna. Bhain sí céim amach sna Dána agus sna Cearta Daonna ó Ollscoil na Gaillimhe in 2024, dírithe ar an stair agus ar an nGaeilge. Bronnadh Duais Ghearóid Mhic Niocaill sa stair uirthi sa bhliain 2024. Tá spéis aici i réimse na pleanála teanga agus sa tsochtheangeolaíocht. Tá Bróna ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga in Ollscoil na Gaillimhe faoi láthair.

Honorí Ní Mháille

Is as Baile an Tobair i gContae Mhaigh Eo do Honorí agus tá sí ag cur fúithi i mBaile Átha Cliath faoi láthair. Bhain sí céim amach sa nGaeilge agus i Leann an Aistriúcháin in Ollscoil na Gaillimhe. Tá sí ag obair mar chúntóir teagaisc in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath faoi láthair. Bronnadh Scoláireacht Mhic Dhonncha uirthi don bhliain acadúil 2024/25 mar thoradh ar a cuid torthaí forchéime. Tá spéis aici sa bpleanáil teanga agus tá sí ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga in Ollscoil na Gaillimhe faoi láthair.

Dónal Ó Síocháin

Is as Cill Airne, Contae Chiarraí ó dhúchas é Dónal Ó Síocháin. Is múinteoir bunscoile i gCill Airne é. Bhain sé céim thráchtála amach ar dtús i gColaiste na hOllscoile, Corcaigh. Ansin, rinne sé iarchéim sa bhunmhúinteoireacht. Tá sé ag múineadh ó 2013 i leith. Tá suim mhór aige i gcúrsaí oideachais agus tá sé ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga faoi láthair.

Joanne Uí Loingsigh

Is as Ceantar na nOileán i gConamara í Joanne Uí Loingsigh. Tá sí ag plé le hearnáil na Gaeilge le os cionn trí bliana déag anois, agus faoi láthair tá sí fostaithe le Comhar Naíonraí na Gaeltachta mar Fheidhmeannach Teanga. Bhain sí diplóma chéadonóracha amach sa Ghaeilge in 2008. Tá suim mhór aici i gcúrsaí pleanála teanga, sa luathoideachas, agus tá sí ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga faoi láthair.



Nótaí Beathaisnéise na Scríbhneoirí

Ellen Corbett

Is as Contae Thír Eoghain do Ellen Corbett. Sa bhliain 2019, bhain sí céim sa Ghearmáinis agus i Léann an Aistriúcháin amach as Ollscoil na Gaillimhe. Bhain sí céim mháistreachta san aistriúchán amach as Ollscoil na Banríona, Béal Feirste in 2021. Sa bhliain 2024, bronnadh Duais Stephen Spender uirthi as a haistriúchán Béarla ar an dán ‘Scrúdú’ le Laoighseach Ní Choistealbha. Is taighdeoir PhD in Ollscoil Uladh anois í Ellen agus í ag díriú ar aistriúchán filíochta Gaeilge–Béarla san 20ú agus san 21ú hAois.

Rosie Day

Ollamh Comhlach agus Ceann Roinne Léann na Meán i gColáiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh is ea an Dr Rosemary Day. Tá ocht leabhar agus neart alt scríofa aici ar chúrsaí raidió, na meáin shóisialta, meáin na mionlach, meáin phobail, rannpháirtíocht sna meáin agus na meáin agus an daonlathas. Is í príomh-iniúchóir na hÉireann ar thionscnamh tras-Eorpach ar na meáin agus an daonlathas, MeDeMap, maoinithe trí HORIZON agus ba í an príomh-iniúchóir ar an tionscnamh taighde IREN, maoinithe trí CORDIS roimhe seo. Ceapadh mar bhall den Údarás um Ard-Oideachas í in 2023 agus mar Chathaoirleach ar Choiste Taighde an Údaráis in 2025. Is iarrbhall d’Údarás Craolacháin na hÉireann í. I gcomhpháirt le daoine eile, bhunaigh sí Raidió na Life, Wired Fm agus Wired Luimnigh agus bhunaigh agus stiúir sí an t-eagrais ollscoile um taighde sna meáin, MURFI, an t-aonad um taighde raidió in ECREA agus an t-ionad náisiúnta um taighde raidió agus fuaime (ARC).

Padaí de Bléine

Tá Padaí de Bléine ina Léachtóir Sinsearach i Roinn na Gaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste. Tá taithí aige ar theagasc na Gaeilge agus na litríochta ag an dara agus ag an tríú leibhéal. Tá spéis mhór aige i litríocht na nGriannach, Seosamh agus Séamas agus tá ailt foilsithe aige ar *An tUltach* agus ar *An Reiviú* orthu. Tá suim mhór aige fosta i gcúrsaí aistriúcháin agus chuige sin tá úrscealta do pháiste aistrithe go Gaeilge aige. Ina measc siúd tá: *Capall Cogaidh*, *An Cheist Faoi Mozart*, *Kaspar Prionsa na gCat*, *Tá na hEitleoga in Airde sa Spéir*, *Toro! Toro!*, *An Fáth ar tháinig na Míolta Móra* agus *Cúláilte* – le Michael Morpuogo aistrithe aige. Chomh maith leis sin, tá *An Gasúr a Chaith Pitseamaí Stríocacha* le John Boyne, *Anne Frank*; *Dialann Cailín Óig* agus *Is Mise David* le Anne Holm aistrithe go Gaeilge aige. Tá filíocht foilsithe aige in *Aneas* agus bhain sé Comórtas Filíochta ag an Oireachtas sa bhliain 2024.

Orna Farrell

Is Ollamh Comhlach í An Dr Orna Farrell a bhfuil saineolas leathan aici i gcúrsaí oideachas digiteach agus í lonnaithe i Scoil an Pholasaí agus an Chleachtais in Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU). Cuireann Orna spéis san fhoghlaim ar líne, i rath agus rannpháirtíocht foghlaimoirí ar líne, ríomhphunanna agus cleachtas maidir leis an oideachas oscailte. Tá go leor foilsithe aici ina réimsí spéise, lena n-áirítear caibidlí leabhar, ailt i bhfoilseacháin acadúla, cuir i láthair ar cuireadh agus páipéir chomhdhála. D'fhoilsigh sí ailt in irisí ar nós *Distance Education*, *The Journal of Interactive Media in Education*, *Research in Learning Technology*, agus *The International Journal of Educational Technology in Higher Education*. Is í Orna cathaoirleach choiste EDEN (European Distance and E-learning Network) Network of Academics and Professionals (NAP) agus is comhalta de chuid EDEN í. Is eagarthóir í Orna ar an *Irish Journal of Technology Enhanced Learning (IJTEL)*.

<https://orcid.org/0000-0001-9519-2380>

Shane Grant

Tá Shane ina Léachtóir sa Ghaeilge in Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), Port Láirge. Bronnadh dochtúireacht sa Nua-Ghaeilge air sa bhliain 2020 ó Choláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach mar thoradh ar thráchtas a bhain le cothú filí comhaimseartha Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh. Tá dioplóma iarchéime san Aistriúchán agus MA sa Teangeolaíocht Fheidhmeach aige chomh maith.

Duane Long

Léachtóir le Gaeilge in Ollscoil Uladh é Duane Long. Bhí sé ina chomhalta taighde le CARTLANN agus d'oibrigh sé mar chúntoir taighde le Bunachar Bhéaloideas na Féinne. Tá suim aige i mbéaloideas, i litríocht agus i dtraidisún na lámhscríbhinní. Roimhe seo, theagasc sé Gaeilge nó gné dá cultúr in Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Uppsala, Uniwersytet Im. Adama Mickiewicza, agus Ollscoile Teicneolaíochta an Atlantaigh. Dhírigh sé a thaighde PhD ar ról na Fiannaíochta i sochaí na hÉireann.

<https://orcid.org/0009-0009-8715-702X>

Fearghal Mac Bhloscaidh

Is léachtóir sinsearach sa stair i gColáiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste é Fearghal Mac Bhloscaidh, a scríobh *Fenians and Ribbonmen* (2011) agus ‘The Irish Revolution 1912-23: Tyrone’ (2014), an chéad mhiontaighde cuimsitheach a rinneadh ar Thír Eoghain i rith thréimhse na Réabhlóide. Tá roinnt alt idir Ghaeilge agus Bhéarla foilsithe aige le deich mbliana anuas a bhaineann go formhór leis an stair agus leis an tumoideachas agus é mar chomheagarthóir chomh maith ar dhá bhailiúchán, *The Men will Talk to Me* (2018) agus *Bread not Profits* (2022). Beidh a chéad mhonagraf eile, *Red Triangle*, a phléann le gluaiseacht na gceardchumann agus an pogram in Ultaibh 1916–1926, ag teacht amach le Verso sa bhliain 2026.

Seán Mac Corraidh

Is léachtóir sinsearach i Roinn na Gaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste é an Dr Seán Mac Corraidh, ag plé le gramadach, canúintí agus litríocht na Gaeilge. Tá sé mar stiúrthóir ar an Chúrsa Feabhsúcháin sa Ghaeilge do mhic léinn PGCE ar ollscoileanna na Banríona agus Uladh. Tá spéis ar leith aige sa stílíocht agus tá leabhar á scríobh san am i láthair aige, ar stíl liteartha Shéamuis Uí Ghrianna, é bunaithe ar a mhiontráchtas do chúrsa máistreachta a chuir sé i gcrích cúpla bliain ó shin. Tá spéis aige fosta ó thaobh taighde de, san amhránaíocht ar an tsean-nós, sa logainmníocht, sa bhéaloideas agus san oideachas dátheangach.

Colm Mac Gearailt

Tá an Dr Colm Mac Gearailt ag obair le Fiontar agus Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), ar an tionscadal cartlainne raidió Gaeilge RTÉ, Canúint.ie. Bhain a thaighde dochtúireachta, (maoinithe ag Scoláireacht Rialtais na hÉireann/Comhairle Taighde na hÉireann) le Múineadh Stair na hÉireann sna Meánscoileanna ó 1924 go 1969 (TCD). Chríochnaigh sé taighde iardhochtúireachta in Ollscoil na Gaillimhe (2023–24) ar an tionscnamh

‘CARTLANN: Gníomhaíochas, teanga agus na meáin’ (maoinithe ag an HEA/Clár Taighde Thuaidh Theas), inar bhain sé úsáid as cartlann Chonradh na Gaeilge le díriú ach go háirithe ar stair na bhfeachtas craolacháin sna 1970idí is na 1980idí. I measc na spéiseanna taighde atá aige tá stair theilifís Ghaeilge, stair na Meán, an nasc idir féiniúlacht náisiúnta agus teanga, stair mhúineadh na staire, agus taighde ar thógáil náisiún agus ar an iarchoilíneachas.

<https://orcid.org/0000-0002-7437-6006>

Seán Mac Risteaird

Ollamh Cúnta le Gaeilge é an Dr Seán Mac Risteaird in Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. Tá spéis mhór aige i léann na haiteachta (*queer studies*), i gcúrsaí inscne, agus sa chritic chultúrtha agus liteartha. Anuas ar na príomhspéiseanna taighde seo, cuireann Seán spéis i dteicneolaíochtaí an oideachais agus san oideolaíocht teanga. Tá ailt agus caibidlí leabhar foilsithe aige in *Léann Teanga: An Reiviú*, *Irisleabhar Mhá Nuad*, *Léachtaí Cholm Cille*, *Review of Irish Studies in Europe (RISE)*, in iris *Comhar*, agus in *Stuði irlandesi. A Journal of Irish Studies*. Foilsíodh a chéad mhonagraf *Teanga don Tost* (Arlen House) sa bhliain 2024 agus bronnadh duais Leabhar Taighde na Bliana de chuid An Chomhdháil Mheiriceánach do Léann na hÉireann (ACIS) air in 2025. Tá sé ag obair faoi láthair ar an dara leabhar, ar cnuasach aistí é, bunaithe ar shaol agus ar shaothar Mhichíl Uí Chonghaile.

<https://orcid.org/0000-0002-7683-5456>

Máire McCafferty

Is Léachtóir Cúnta sa Ghaeilge í Máire McCafferty in Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Port Láirge. Díríonn taighde Mháire ar stair na gColáistí Gaeilge, agus in 2024 chuir sí tráchtas PhD i gcrích dar teideal: *Ag teacht in inmhe: na Coláistí Gaeilge agus cruthú an chultúir náisiúnta Éireannaigh, 1904–1940*. Tá tréimhsí caite aici ag obair mar theagascóir Gaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, mar phrofléitheoir Gaeilge san Aontas Eorpach, agus mar Oifigeach Gaeilge sa Roinn Cosanta. Tá spéis ar leith aici i stair na hAthbheochana, na hiar-Athbheochana, an náisiúnachais, agus i gcúrsaí aistriúcháin.

Kate Murphy

Is as Loch Garman do Kate Murphy agus is iarscoláire de chuid Mheánscoil Gharman í. Bhain Kate a céim B.Oid amach i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach, agus speisialachas aici i dteagasc agus foghlaim i suíomhanna lán-Ghaeilge. D'oibrigh sí mar mhúinteoir bunscoile i nGaelscoileanna i Loch Garman agus i gCill Mhantáin araon. Chuir sí suim in FCÁT agus i gcúrsaí tumoideachais agus í ag múineadh. Bronnadh máistreacht i Léann na Gaeilge le déanaí

uirthi in Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Rinneadh an taighde san alt seo mar chuid den chúrsa máistreachta sin. Tá Kate ag obair mar chuntóir taighde leis an ngrúpa taighde Gaois in Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus tá tús curtha léi leis a cuid taighde doctúrachta i réimse na logainmníochta i mbliana.

Margarita Neothallaigh

Is as Contae na Mí ó dhúchas do Margarita ach tá sí lonnaithe i gContae na hIarmhí. Tá MA sa stair agus MA sa Léann Teanga aici. Múineann sí anois is arís agus tá suim aici sa taighde acadúil, sa Luath-Chríostaíocht agus ábhair theanga.

Mícheáilín Nic Sheoin

Iar-fhísiceoir cáithníní atá anois ina hEolaí Sonraí í Mícheáilín Nic Sheoin. Tá níos mó ná deich mbliana caite aici mar theagascóir, ag cruthú curaclam ar an teanga códúcháin Python do pháistí agus do thosaitheoirí, agus ar Eolaíocht Sonraí. Tairgeann sí ranganna ar na topaicí siúd agus ar mhata, ar eolaíocht, agus mar ullmhúchán do scrúduithe caighdeánacha i dtíortha éagsúla. Chomh maith leis sin, tá sí ina comhordaitheoir ar ghrúpa piarfhoghlama na Gaeilge, Club an Fháinne. Tá suim aici san oideolaíocht, sa ríomhtheangeolaíocht, agus sa mheaisínfhoghlaim.

Eva Ní Mhealláin

Is teagascóir Gaeilge í Eva in Ollscoil Iarthar na Briotáine agus tá spéis mhór aici san aistriúchán, sa litríocht, agus sa tsochtheangeolaíocht. Is céimí céadonóracha í sa Ghaeilge agus sa Fhraincis ó Ollscoil na Gaillimhe, agus tá sí ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga faoi láthair. Is ball í de *Skol an Emsav*, áit ar fhoghlaim sí a cuid Briotánise, agus eagraíocht a throideann ar son chearta teanga na mBriotáinach.

Méabh Ní Shluáin

Is mac léinn dochtúireachta í Méabh Ní Shluáin in Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil sí ag tabhairt faoi thaighde atá maoinithe ag Taighde Éireann faoi thaithí foghlama teanga fhochéimithe na Gaeilge ar an tríd leibhéal. Is teagascóir agus saoraistritheoir í chomh maith a bhfuil bunchéim sa cheol, sa Ghaeilge agus sa Fhraincis bainte amach aici ó Ollscoil Mhá Nuad in éineacht le Máistreacht i Léann an Aistriúcháin ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá spéis ar leith aici in inspreagadh shealbhú an dara teanga, i síceolaíocht na foghlama agus an teagaisc teanga, agus sa teangeolaíocht fheidhmeach trí chéile.

<https://orcid.org/0000-0002-7999-1489>

Dorothy Ní Uigín

Is í Riarthóir Theagasc na Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe, í an Dr. Dorothy Ní Uigín. Tá suim aici i dteagasc agus i sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge. Is as cathair na Gaillimhe di.

Dónall Ó Braonáin

Is eagarthóir forbartha in Ionad Charna, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe é Dónall Ó Braonáin.

Pádraig Ó Briain

Is as Corcaigh ó dhúchas do Phádraig Ó Briain agus bunchéim sa Ghaeilge agus sa Bhéarla aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Thug sé aghaidh ar an ngealchathair ansin chun dochtúireacht i Litríocht Bhéarla Ré na Meánaoise a dhéanamh sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ach ní dheachaigh a dhúil sa Ghaeilge riamh i léig agus tharla gur fhill sé ar ghort na Gaeilge cúpla bliain ó shin chun obair aistriúcháin a dhéanamh. Tá sé ag gabháil don aistriúchán go lánaimseartha anois agus a dhintiúirí mar aistritheoir aige ó bhain sé Máistreacht i Léann an Aistriúcháin amach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, in 2024. Ba bhreá leis tuilleadh alt a fhoilsiú faoi chúrsaí aistriúcháin amach anseo.

<https://orcid.org/0009-0006-0609-9111>

Éamon Ó Cofaigh

Is léachtóir le Francis é an Dr Éamon Ó Cofaigh in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe. Áirítear i measc a chuid spéiseanna taighde: cultúr na Fraince sa 20ú haois, an Chanson agus Cinema na Fraince. Is údar é ar *A Vehicle for Change: Popular Representations of the automobile in 20th-century France* (Liverpool University Press, 2022). Tá spéis ar leith aige i sealbhú teanga, go háirithe i réimse na foghlama ar líne.

Aodh Ó Coileáin

Múineann Aodh Ó Coileáin cúrsaí trí Ghaeilge agus trí Bhéarla i réimse na meán in Ollscoil na Gaillimhe. Bhain sé BA sa pholaitíocht agus socheolaíocht agus sa dlí amach, chomh maith le LLB agus LLM in Ollscoil na Gaillimhe. Rinne sé scrúduithe an dlíodóra i gCumann DLí na hÉireann ach níor chleacht sé dlí riamh. Tá sé ina chathaoirleach ar an gcomhlacht neamhbhrabúis Tearmann Dúlra Loch Gréine atá ag iarraidh ceantar in oirthear Chontae an

Chláir, a luaitear leis an bhfile Brian Merriman, a chaomhnú trí thailte a cheannach d'fhonn an bhithéagsúlacht a chur chun cinn. Idir 2016 agus 2021, tráth a cuireadh athruithe suntasacha i gcrích, d'fheidhmigh sé mar stiúrthóir agus mar chathaoirleach ar an Taibhdhearc. Bhunaigh Ó Coileáin an grúpa amharclainne 'Na Fánaithe' (1987–1993) i bpáirt le daoine eile a bhí i gCumann Drámaíochta Ollscoil na Gaillimhe. Tá gradaim idirnáisiúnta bainte amach aige dá chuid obair scannánaíochta. Chaith sé tréimhsí ina iriseoir agus ag saothrú san amharclann. Thug sé beagnach deich mbliana ina eagarthóir nuachta in RTÉ.

Ornaith Rodgers

Is léachtóir i Roinn na Fraincise in Ollscoil na Gaillimhe í an Dr Ornaith Rodgers. Tá spéis ar leith aici sa Teangeolaíocht Fheidhmeach, sa nasc idir inscne agus teanga, agus san anailís dioscúrsa. Tá suim aici freisin i sealbhú teanga agus in oideolaíochtaí an Ardoideachais.

Hugh Rowland

Is as Co. Mhaigh Eo ó dhúchas do Hugh Rowland. Is Léachtóir é in Aonad na Gaeilge Feidhmí in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe. Ar na hábhair thaighde is spéis leis, tá an idé-eolaíocht teanga, an beartas teanga, an náisiúnachas agus ról na Gaeilge sa saol poiblí, go mór mór san fhichiú haois. Tá sé ina phríomhthaighdeoir ar an tionscadal 'CARTLANN: Gníomhaíochas, teanga agus na meáin' a mhaoinigh an tÚdarás um Ard-Oideachas faoin gClár Taighde Thuaidh-Theas.

Alan Titley

Ollamh emeritus le Nua-Ghaeilge in UCC é Alan Titley agus bhí roimhe sin ina Cheann ar Roinn na Gaeilge i gColáiste Phádraig (NUI/DCU). hOileadh ina bhunmhúinteoir é agus chaith tamall ag múineadh is ag taisteal san Afraic. Tá úrscéalta, gearrscéalta, fabhalscéalta, drámaí, filíocht, scríoptanna teilifíse, aistriúcháin, colúin nuachtáin agus scoláireacht liteartha scríbe aige. Chuir cláir raidió agus teilifíse i láthair chomh maith. Suim mhór aige i ngach gné de litríocht na Gaeilge in Éirinn agus in Albain. Ceapann sé go bhfuil Manainnis aige chomh maith. É ina chomheagarthóir ar *The History of the Irish Book, imleabhar II* (OUP) atá ag teacht le fada, agus ar *Dúchan*, cnuasach d'fhoclóir a bhailigh an Cadhnach a bheidh le foilsiú go luath ag an RIA. Gealt iomána Chorcaí é, óir is de bhunadh na cathrach sin é, agus is dona leis an lagtrá sealadach i dtéarmaí na staire ina bhfuil an chontae faoi láthair ach ní fada go mbeidh an t-athaoibhneas ann. Bíonn leabhar nua le teacht uaidh go minic.

Feena Tóibín

Is Corcaíoch í an Dr Feena Tóibín atá ag obair mar léachtóir i Roinn na Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile Corcaigh.

Maitilde Warsop

Is mac léinn fochéime í Maitilde Warsop atá ag tabhairt faoi chéim sa Fhraincis agus i Léann an Aistriúcháin. Is as Conamara i gContae na Gaillimhe di agus tá suim ar leith aici i ngnéithe den chanúint sin.

Marie Whelton

As Iarthar Chorcaí ó dhúchas do Marie Whelton. Is léachtóir le Gaeilge í in Institiúid Oideachais Marino agus i measc na bhfoilseachán a raibh sí ina húdar orthu tá: *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge* (An Sagart, 2008); *Nuair a Stadann an Ceol: Úrscéal don Fhoghlaimoír Fásta* (LeabhairCOMHAR, 2013 & 2015); *Leathbhádóirí: Úrscéal don Fhoghlaimoír Fásta* (LeabhairCOMHAR 2017); *Giolcaireacht sa Ghairdín: Pictiúrleabhar do Pháistí* (LeabhairCOMHAR, 2018); *Dún do Shúile: Pictiúrleabhar do Pháistí* (LeabhairCOMHAR, 2021), *Oíche Shamhna: Pictiúrleabhar do Pháistí* (LeabhairCOMHAR, 2024) agus *Doirse an Teampaill: Dánta ó Spioradáltacht Chríostaí* (Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 2024). Sa bhliain 2018, ba bhall í d'fhoireann a scríobh tairiscint ar éirigh léi maoiniú a ghnóthú ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun Baitsiléireacht san Oideachas trí Mheán na Gaeilge a sholáthar in Institiúid Oideachais Marino agus sa bhliain 2020, rinne sí comheagarthóireacht ar eagrán speisialta den iris phiarmheasta, COMHARTaighde.

